



An Bhruiséil, 5 Feabhra 2024
(OR. en)

6073/24

SOC 74
EMPL 44
EDUC 32
ECOFIN 114

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15438/23 + ADD 1 - COM(2023) 904 final
Ábhar:	An Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht - Glacadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, mar a chuir an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch uirthi ag an gcruinniú comhpháirteach a bhí acu an 24 go dtí an 25 Eanáir 2024.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dréacht-tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (EPSCO) lena glacadh.

Clár Ábhar

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ	4
CAIBIDIL 1. FORLÉARGAS AR THREOCHTAÍ AN MHARGAIDH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA, DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA 2030, AGUS PRÍOMHTHORTHÁÍ COTHROMÁNACHA MAIDIR LEIS AN gCÓINEASÚ SÓISIALTA	42
1.1 Príomhthreochtaí an mhargaidh saothair	42
1.2 Príomhthreochtaí sóisialta	46
1.3 Dul chun cinn maidir le príomhspríocanna 2030 an Aontais agus spriocanna 2030 náisiúnta ...	50
1.4 An tEolas is Déanaí faoin Scórchlár Sóisialta	57
1.5 Príomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéad chéime maidir leis an gcóineasú sóisialta	60
CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT	67
2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar	67
2.1.1 Príomhtháscairí	67
2.1.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	87
2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí	93
2.2.1 Príomhtháscairí	94
2.2.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	133
2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta	152
2.3.1 Príomhtháscairí	153
2.3.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	179
2.4: Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac	192
2.4.1 Príomhtháscairí	193
2.4.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit	228
CAIBIDIL 3. ANAILÍS TÍRE CHÉAD CHÉIME	242
An Bheilg	244
An Danmhairg	250
An Ghearmáin	252
An Eastóin	254
Éire	256
An Ghréig	258
An Spáinn	260
An Fhrainc	262

An Chróit.....	264
An Iodáil	266
An Chipir.....	268
An Laitvia	270
An Liotuáin	272
Lucsamburg.....	274
An Ungáir.....	276
Málta.....	278
An Ísiltír.....	280
An Ostair	282
An Pholainn.....	284
An Phortaingéil	286
An Rómáin	288
An tSlóivéin	290
An tSlóvaic.....	292
An Fhionlainn	294
An tSualainn.....	296

PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ

Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle, déantar faireachán ar an staid fostaíochta san Aontas agus ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 148 CFAE. Soláthraítear forbhreathnú bliantúil sa Tuarascáil ar phríomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas Eorpach, agus ar bhearta beartais na mBallstát le déanaí, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Beartais Fostaíochta na mBallstát¹. Sainaithnítear réimsí tosaíochta gaolmhara i gcomhair gníomhaíocht beartais sa tuarascáil freisin. Le Caibidil 1 den tuarascáil, cuirtear forléargas i láthair ar na príomhthreochtaí fostaíochta agus sóisialta agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le príomhspríocanna 2030 an Aontais agus spriocanna náisiúnta, mar aon leis na torthaí cothrománacha bunaithe ar ghnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta (SCF) mar a thugtar tuairisc orthu i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus sa Tuarascáil fholuiteach ó Mheitheal chomhpháirteach EMCO-SPC². Déantar anailís i gCaibidil 2 ar dhúshláin agus ar fhreagairtí beartais sna Ballstáit i gcás gach ceann de na ceithre threoirlíne maidir le fostaíocht. Le Caibidil 3 soláthraítear anailís thírshonrach i gcás na mBallstát uile i gcomhréir le prionsabail SCF. Bunaithe ar thogra an Choimisiúin, agus tar éis malartuithe sna coistí comhairleacha ábhartha de chuid na Comhairle, glacfaidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an téacs críochnaitheach. Ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa tuarascáil, rannchuideofar leis an gcóineasú sóisialta aníos a bhaint amach, neartófar iarracht an Aontais i dtreo an aistrithe glais chóir agus an aistrithe dhigitigh chóir agus rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, mar aon leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach agus Straitéisí Aontas an Chomhionannais a chur chun feidhme³.

¹ Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an nuashonrú deireanach ar na Treoirlínte Fostaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2023 ([IO L 2023/2528, 14.11.2023](#)).

² Féach an Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta ([9481/23/ADD-1](#)) mar aon leis na Príomhtheachtaireachtaí arna bhformhuiniú ag EMCO-SPC bunaithe ar an tuarascáil ([9481/23](#)).

³ An Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchinióchas 2020-2025, Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030, An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ, agus an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

Dírítear go láidir i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ar thacaigh ceannairí an Aontais leis ag

an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto; d’aithin siad go dtugann an Plean Gníomhaíochta, a thíolaic an Coimisiún, treoir úsáideach maidir le cur chun feidhme an Cholúin. Déantar sin go háirithe trí bhoscaí téamacha lena gcumhdaítear príomhdhúshláin sna réimsí seo, i bhfianaise an onchais shocheacnamaíoch agus na dtionscnamh beartais is déanaí. Déantar faireachán leis an tuarascáil ar dhul chun cinn i dtreo phríomhspríocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, spriocanna ar chuir ceannairí an Aontais fáilte rompu in Porto agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Den chéad uair, tuairiscítear san eagrán seo ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta 2030 a chuir na Ballstáit ar aghaidh, mar a cuireadh i láthair agus a pléadh i gComhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2022.

Spriocanna maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030, is iad atá ag spreagadh gníomhaíochtaí beartais ar fud na réimsí beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit. Le fás láidir na fostaíochta, 1,7 % in aghaidh na bliana ar an meán le 2 bhliain anuas, tá an tAontas píosá maith síos an bóthar ceart i dtreo a phríomhspríoc fostaíochta a bhaint amach faoi 2030 (ó leibhéal 74,6 % in 2022, is gá don ráta fostaíochta dul in airde 3,4 pointe céatadáin eile san Aontas go dtí 2030 chun an sprioc 78 % a bhaint amach), cé go dtugann na sonraí ráithiúla is déanaí le fios go bhfuil ráta an dul chun cinn níos moille.

- Agus an téarnamh iar-COVID sa chúlra mar aon leis na dea-fhorbairtí sa mhargadh saothair, faoi 2022, bhí dul chun cinn déanta ag na Ballstáit uile i dtreo a spriocanna fostaíochta. I bhformhór mór na mBallstát, is gá tuilleadh iarrachtaí i dtéarmaí beartais fostaíochta agus scileanna go dtí 2030 chun a spriocanna a bhaint amach. I líon suntasach de na Ballstáit, is le rátaí fostaíochta na ndaoine a bhfuil leibhéal cáilíochta níos ísle acu a bhaineann an deis is mó ar mhaithe le feabhsú, agus dá éis sin, is le rátaí fostaíochta na mban scothaosta (55-64) agus rátaí sin na ndaoine óga (20-29) i roinnt mhaith tíortha a bhain an deis chéanna.

- San am céanna, is gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh chun príomhspríoc an Aontais a shroicheadh, is é sin, go mbeidh 60 % de dhaoine fásta i mbun na foghlama gach bliain san Aontas faoi 2030, ó leibhéal íseal 37,4 % a bhí ann in 2016, i gcomhréir leis an uailmhian go mbeidh an Eoraip iomaíoch, nuálach agus ionchuimsitheach fós, i gcomhthéacs na gclaochluithe glasa agus digiteacha freisin.
- Ar deireadh, i bhfianaise dhúshláin an chomhthéacs shocheacnamaíoch le 3 bliana anuas, agus a bhuí leis an ngníomhaíocht bheartais chinntitheach ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, bhí an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas fós (laghdú 279 000 in 2022). Cé gur chláraigh tromlach na mBallstát dul chun cinn áirithe i dtreo a spriocanna náisiúnta um laghdú na bochtaineachta ó bhí 2019 ann, bhain athruithe do Bhallstáit eile a bhí ag dul sa treo mhalartach. Dá bhrí sin beidh gá le tuilleadh iarrachtaí suntasacha agus le faireachán leanúnach a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar na huailmhianta náisiúnta atá socraithe chun go mbainfear príomhspríoc an Aontais amach gur laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad a dhéanfar ar an líon daoine a bheidh i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta faoi 2030, i gcomparáid le 2019.

In éineacht le cistí an bheartais chomhtháthaithe, tacaíonn cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát le fás cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe. Taobh leis an tacaíocht a sholáthraítear d'idirghabhálacha beartais sna réimsí beartais faoi seach le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus an Ionstraim um thacaíocht theicniúil (IUTT), cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais chun cinn trí fheabhas a chur ar an athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe, agus acmhainneacht fáis na mBallstát agus cothaíonn an tSaoráid cruthú na bpost ardcháilíochta trí athchóirithe agus trí infheistíocht ábhartha. Ar an mbealach sin, rannchuidíonn an tSaoráid freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta⁴. Cuireann thart ar EUR 139,6 billiún san iomlán arna leithdháileadh ar na Ballstáit le caiteachas sóisialta, ar thart ar 28 % den chaiteachas measta iomlán atá ann⁵. Go dtí seo, rinne an Coimisiún thart faoi EUR 175 bhilliún a eisíoc faoi STA i ndeontais agus in iasachtaí araon mar aon le réamh-mhaoiniú. As na 6266 gharsprioc agus sprioc a áirítear sna 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta, meastar go rannchuideoidh 2045 díobh le beartais shóisialta agus as na 808 ngarsprioc agus sprioc a comhlíonadh faoin 13 Samhain, cuirtear beartais shóisialta chun cinn le 243 díobh, rud a chomhfhreagraíonn do thart ar 30 % den líon iomlán garspriocanna agus spriocanna atá comhlíonta, agus do nach mór 12 % de na garspriocanna agus spriocanna atá nasctha le beartais shóisialta a chuimsítear sna 27 bplean téarnaimh agus athléimneachta. Mar chuid den anailís ar an bhfreagairt bheartais, áirítear leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht freisin rogha beart a bhfuil a fhaigheann tacaíocht ó chistiú ón Aontas, go háirithe ó STA, CSE+, CFRE, CUAC agus IUTT. Tacóidh siad sin uile le hionchais fáis agus fostaíochta mar aon leis an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an athléimneacht san Aontas.

⁴ Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

⁵ Déantar catagóirí caiteachais sóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i Rialachán Tarmilghe 2021/2105.

Tá fócas tírshonrach níos láidre ag Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024

bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear

i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach

Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC, agus tar éis an phlé a rinneadh i gComhairle EPSCO

i mí an Mheithimh 2023⁶. Ba cheart breathnú air sin mar phiólóta a ndéanfar measúnú air. Ag brath

ar uirlisí atá ann cheana (an Scórchlár Sóisialta agus modheolaíocht soilse tráchta chomhaontaithe

na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht), déantar anailís ar dhúshlán na mBallstát maidir leis

an margadh saothair, scileanna agus a ndúshlán shóisialta ar mhaithe le sainaithint na nithe

a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol agus nach mór anailís dara céim níos

doimhne a dhéanamh orthu. I dtaca leis sin de, treisíonn an anailís tírshonrach an faireachán

a dhéantar ar na réimsí beartais fostaíochta, scileanna agus sóisialta sa Seimeastar Eorpach,

i gcomhréir le hAirteagal 148 de CFAE. Tá anailís tíre chéad chéime sa

Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, arb anailís í a bhfuil an chuid is mó di bunaithe ar

phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta. Tríd is tríd, is é seo a leanas a thugtar le fios san anailís


chéad chéime ar SCF:

- i. Na Ballstáit a raibh torthaí foriomlána fostaíochta agus dífhostaíochta acu a bhí níos measa ar dtús in 2021, ar bhonn coibhneasta, tháinig feabhas ní ba shubstaintiúla ar na torthaí sin acu in 2022, rud a léiríonn cóineasú maidir leis na gnéithe sin;
- ii. tá nithe ann a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol maidir le scileanna, d'ainneoin na bhforbairtí dearfacha le déanaí, agus d'fhéadfaidís a bheith ina ndúshlán ó thaobh na hinfhostaitheachta agus cur le neamhionannais mura gcuirfear dlús suntasach le gníomhaíocht bheartais;
- iii. torthaí sóisialta atá cobhsaí a bheag nó a mhór ar an iomlán in 2022 d'ainneoin na ngéarchéimeanna iomadúla, ach ba cheart faireachán grinn a dhéanamh orthu i bhfianaise an ardchostais mhaireachtála.

Anailís dara céim níos mionsonraithe (lena n-úsáidtear tacar níos leithne fianaise cainníochtúla agus cáilíochtúla, lena n-áirítear ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta 2030), déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an anailís sin i ndáil leis na tíortha dá sainaithnítear nithe sa chéad chéim a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol (an Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Rómáin agus an Spáinn), bunaithe ar an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo).

⁶ Féach an Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta ([9481/23/ADD-1](#)) mar aon leis na Príomhtheachtaireachtaí arna bhformhuiniú ag EMCO-SPC bunaithe ar an tuarascáil ([9481/23](#)).

Dúshlán fostaíochta, scileanna agus shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta



Tabhair faoi deara: 1) Níl sonraí le haghaidh an táscaire i leith rannpháirtíocht daoine fása san fhoghlaim ar fáil fós. 2) Tá sonraí ar iarraidh i gcás táscairí áirithe le haghaidh tíortha áirithe – féach Tábla 1.4.1 i roinn 1.4. Cuirtear na heochracha eolais le haghaidh gach táscaire i láthair san Iarscríbhinn.

Ar an iomlán, bhí torthaí mhargadh an tsaothair láidir ar an meán in 2022 agus in 2023, d'ainneoin na dturraingí eisceachtúla a bhí ann, agus sháraigh na torthaí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i mórán cásanna. Cé gur moillíodh ar gheilleagar an Aontais le déanaí, léirigh an margadh saothair athléimneacht fós tar éis na dturraingí a bhain leis an tsláinte, slabhraí soláthair, fuinneamh agus praghsanna bia, tubaistí nádúrtha agus an éagobhsaíocht gheopholaitiúil. Na bearta eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i gcomhthéacs socheacnamaíoch deacair na 3 bliana go nuige seo, chuir siad leis an bhfeidhmíocht sin⁷. Ar an iomlán, shroich an ráta fostaíochta 74,6 % san Aontas in 2022, agus chuaigh sé in airde a thuilleadh go dtí 75,4 % in R2-2023, rud atá 2,5 pointe céatadáin os cionn na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim (R4-2019). San am céanna, shroich na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí na leibhéil is ísle dár bhain leo, is é sin, 6,2 % agus 2,4 %, faoi seach, in 2022 san Aontas (síos a thuilleadh go dtí 6 % agus 2,1 % in R2-2023). Tuairiscíodh difríochtaí mar sin féin ó Bhallstát agus réigiún go chéile, agus idir earnálacha chomh maith. Brúdh an fás fostaíochta síos de thoradh na géarchéime fuinnimh in earnálacha dianfhuinnimh, agus chonacthas an fás fostaíochta ab airde san earnáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus breis is 1 mhilliún post á gcur leis an margadh saothair idir R4-2019 agus R2-2023.

⁷ SURE, i measc cinn eile: de EUR 122 bhilliún de chaiteachas poiblí iomlán ar bhearta incháilithe i gcaitheamh ré iomlán SURE, caitheadh 49 % ar scéimeanna oibre gearr-ama, 31 % ar 'bhearta comhchosúla' le haghaidh na ndaoine féinfhostaithe agus 9 % ar scéimeanna fóirdheontais pá. Féach [SURE after its sunset – final bi-annual report](#) [SURE tar éis di dul in éag - tuarascáil deiridh leathbhliantúil]; COM(2023) 291 final.

Margadh saothair láidir d'ainneoin na dturraingí eisceachtúla a bhí ann

75,4 %

ráta fostaíochta

(20-64) in R2-2023 (+0.7 pointe céatadán bliain ar bhliain)

75 %

ráta

gníomhaíochta

(15-64) in R2-2023 (+0.5 pointe céatadán bliain ar bhliain)

6 %

ráta fostaíochta

(15-74) in R2-2023 (-0.1 pointe céatadán bliain ar bhliain)


14,3 %

ráta

dífhostaíochta

an aosa óig (15-24) in R2-2023 (-0.1 pointe céatadán bliain ar bhliain)

Príomhtháscairí an mhargaidh shaothair in AE-27 (% go ráithiúil)



Foinse : Eurostat [lfsi_emp_q], [une_rt_q], [une_ltu_q] agus [lfsi_neet_q]. Sonraí atá coigeartaithe de réir an tséasúir, seachas de réir na féilire.

Déanann ganntanais saothair agus scileanna nach beag dochar don fhás eacnamaíoch agus is féidir leo na haistrithe glasa agus digiteacha a mhoilliú mura dtugtar aghaidh go leormhaith orthu. Tá ganntanais saothair forleathan i measc gairmeacha agus leibhéil scileanna. D’ainneoin beagán de mhaolú ar an ráta folúntas i gcaitheamh na ráithí le déanaí, is é 2,7 % an ráta a bhí ann in R2-2023 san Aontas, rud atá cuid mhaith os cionn mheánráta 1,7 % le haghaidh na tréimhse 2013-19⁸. Tuairiscíodh ganntanais nach beag in 2022 in earnálacha cosúil le cúram sláinte, ETIM (go háirithe an earnáil TFC), an earnáil tógála agus gairmeacha seirbhíse áirithe. Dúbláíodh ganntanais saothair in earnálacha lena mbaineann príomhthábhacht san aistriú glas ó bhí 2015 ann, agus tá an soláthar oiliúna sna hearnálacha sin fós faoi bhun an mheáin. In 2021, bhí deacrachtaí ag breis agus 60 % d’fhiontair an Aontais a d’earcaigh speisialtóirí TFC nó a rinne iarracht iad a earcú chun na folúntais sin a líonadh. Is é éileamh láidir saothair a spreagann ganntanais saothair fhorleithne d’ainneoin mhoilliú an gheilleagair le déanaí, ach d’fhéadfadh tosca a theorannaíonn an soláthar saothair (mar shampla aosú an daonra agus treocht uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an fhostaí a bheith ag dul i laghad) a bheith i gceist freisin. San am céanna, gné thábhachtach is ea go ngintear ganntanais lucht saothair leis na poist nua a chruthaíonn na claochluithe glasa agus digiteacha agus leis an easpa scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair atá le fáil sa lucht saothair. Léiríonn mapáil a rinneadh le déanaí ar an inbhuanaitheacht iomaíoch réigiúnach go raibh aistrithe ag tarlú san fhostaíocht i dtreo earnálacha atá níos glaise agus níos táirgiúla i gcaitheamh 2008–18, mar aon le difríochtaí suntasacha ó réigiún go chéile (is fearr a d’éirigh leis na réigiúin níos forbartha ina measc san aistriú sin ná na réigiúin nach raibh chomh forbartha céanna nó réigiúin an aistrithe)⁹. Ar deireadh, i gcásanna agus in earnálacha áirithe, baineann ganntanais le drochdhálaí oibre freisin, go háirithe in earnálacha cosúil le cúram sláinte, earnáil an chúraim chónaithe agus earnáil an iompair. Feabhas a chur ar an rochtain ar an margadh saothair, go háirithe trí ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a lánpháirtiú sa mhargadh saothair (mná go háirithe, daoine óga, oibrithe scothaosta, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine atá faoi mhíchumas), d’fhéadfadh sé cuidiú le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh ar an soláthar saothair a fhrithchothromú.

⁸ An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe, Annual review 2023 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

⁹ Féach Anabela Santos, Javier Barbero, Simone Salotti, Olga Diukanova & Dimitrios Pontikakis, *On the road to regional ‘Competitive Environmental Sustainability’: the role of the European structural funds* [Ar an mbóthar i dtreo ‘Inbhuanaitheacht Chomhshaoil Iomaíoch’ ar bhonn réigiúnach: ról Chistí Struchtúracha na hEorpa], *Tionsclaíocht agus Nuálaíocht*, 2023 30:7, 801-823, DOI: [10.1080/13662716.2023.2236048](https://doi.org/10.1080/13662716.2023.2236048)


Tá soláthar leordhóthanach den uas-sciliú agus athsciliú fíor-riachtanach, i gcomhréir leis an gClár Oibre Scileanna don Eoraip. Aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí inscne san oideachas agus san oiliúint, go háirithe sna leibhéil oideachais threasaigh agus i rogha na réimsí staidéir, d'fhéadfadh sé cuidiú le soláthar saothair ardoilte a mhéadú. Tá tús curtha ag roinnt Ballstát lena straitéisí scileanna náisiúnta a fhorbairt, faoin gComhshocrú um Scileanna san áireamh, agus tá tosaíochtaí agus bearta náisiúnta sainithe acu chun an gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) a nuachóiriú agus chun go mbeidh sé slán i bhfad na haimsire. Rud a bheadh ina chuidiú freisin le hoibrithe a mhealladh agus a choinneáil in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe ina bhfuil ganntanais, sin é dálaí oibre a láidriú. Thairis sin, an tsoghluaisteacht laistigh den Aontas, mar aon le hoibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus urramú agus forfheidhmiú na gceart saothair agus um chosaint shóisialta a áirithiú san am céanna, agus an imirce dhleathach a threorú i dtreo gairmeacha a mbaineann ganntanais leo le tacaíocht ó Dhíorma Tallainne an Aontais Eorpaigh, is féidir leis an méid sin rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna freisin, i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as tallanna i dtíortha laistigh den Aontas¹⁰.

Ganntanais saothair nach beag san Aontas

Rátaí folúntais ag nó thar 4 % i gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, faisnéise agus cumarsáide agus tógála in 2022

Is é 30 % níos airde a bhí líon na nganntanas saothair in 2022 i gcomparáid le 2019

Rátaí na bhfolúntas poist san Aontas de réir na gníomhaíochta eacnamaíche (% , sonraí bliantúla)



Tabhair faoi deara: Gníomhaíochtaí NACE 2, B-S (Tionscal, tógáil, agus seirbhísí (seachas gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríche), C (monaraíocht), F (tógáil), G-I (trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, iompar, lóistín, agus seirbhísí bia), J (faisnéis agus cumarsáid), M-N (gníomhaíochtaí gairmiúla, teicniúla agus eolaíocha).

Foinse: Eurostat [[jvs_a_rate_r2](#)]

¹⁰ Seoladh Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh mar chuid den phacáiste Soghluaisteachta Scileanna agus Tallainne a ghlac an Coimisiún an 15 Samhain 2023.

D’ainneoin méaduithe ar phá ainmniúil, thit an fíorphá i mbeagnach na Ballstáit uile in 2022, agus méideanna éagsúla i gceist leis na lagduithe sin, rud a chuireann i dtábhacht thábhacht na sásraí dea-chothromaithe um shocrú tuarastail. Cuireadh brú aníos ar an bpá ainmniúil de thoradh dhálaí teanna an mhargadh saothair agus an bhoilscithe aird. Dá ainneoin sin, ag 4,8 % in 2022 san Aontas, bhí fás an phá ainmniúil faoi bhun an bhoilscithe fós, rud a d’fhág gur thit an fíorphá i mbeagnach na Ballstáit uile, agus is é titim 3,7 % ar an meán a bhí ann san Aontas¹¹. Mar sin féin, i ngeall ar fhás níos láidre an phá agus ar mhaolú an bhoilscithe, moillíodh ar an laghdú ar an bhfíorphá sa chéad leath de 2023. An chumhacht cheannaigh a aisghabháil de réir a chéile agus tuilleadh caillteanas a mhaolú, tá sé sin fíor-riachtanach chun éifeachtaí sóisialta ardchostais na maireachtála, go háirithe ar shaothraithe ar phá íseal, a shrianadh. Tugann forbairtí i gcorrlaigh bhrabúis le fios go bhféadfadh tuilleadh méaduithe ar an bpá a bheith indéanta in earnálacha áirithe, cé go mbeifear ar an airdeall san am céanna faoi éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú. Sa chomhthéacs sin, idirphlé sóisialta láidir agus cómhargáil éifeachtach, i gcomhréir le dlíthe agus/nó cleachtais náisiúnta, tá sé sin ríthábhachtach chun fás foriomlán pá a bhaint amach a thacóidh leis an gcumhacht cheannaigh, go háirithe cumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íseal agus ar phá meánach, ach a thacóidh leis an gcruthú post ar ardchaighdeán agus a dhéanfaidh an t-iomaíochas a choimirciú san am céanna.

¹¹ Le haghaidh forbairtí pá le déanaí, féach An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2023* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023], 2023 (le teacht).


Is féidir le pá íosta leordhóthanach cuidiú le cumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íseal a chosaint agus an bhochtaineacht lucht oibre a laghdú, agus san am céanna dreasachtaí chun dul ag obair a láidriú. Ó mhí Eanáir 2022 go dtí mí Iúil 2023, tháinig méadú suntasach ar an bpá íosta náisiúnta i dtéarmaí ainmniúla sna Ballstáit uile mar a bhfuil siad i bhfeidhm, rud a thug cúiteamh i leith thionchar an bhoilscithe aird ar chumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íosta i leath na mBallstát sin. Léirigh na harduithe sin coigeartuithe innéacsaithe uathoibríocha i gcás ina bhfuil na sásraí sin i bhfeidhm, agus nuashonruithe lánroghnacha. Ag an am céanna, i roinnt Ballstát nach bhfuil pá íosta reachtúil acu, áit a comhaontaíodh pá i dteannta a chéile le haghaidh na ngairmeacha ar phá is ísle, cláraíodh fás íseal, rud a fhágann go mbíonn caillteanais shuntasacha ann i dtéarmaí réadacha¹². Baineann tábhacht ar leith le héifeachtaí an bhoilscithe aird a mhaolú maidir le saothraithe ar phá íseal, dá ndéanann praghsanna fuinnimh agus bia atá ard fós difear neamhréireach. Trasúí na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach¹³ beidh sé ríthábhachtach chun cuidiú le cumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íseal a chosaint agus méaduithe ar an mbochtaineacht lucht oibre a chosc, agus san am céanna dreasachtaí chun dul ag obair a láidriú, agus beidh príomhról ag na comhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme na Treorach. Tá forálacha sa Treoir freisin chun an chómhargáil a chur chun cinn agus chun sásraí forfheidhmiúcháin agus faireacháin a bhreisiú sna Ballstáit uile.

¹² Eurofound, *Pá íosta in 2023: Annual review, Minimum wages in the EU series*, [Athbhreithniú bliantúil, Sraith maidir le pá íosta san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg. 2023.

¹³ [Treoir 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach \(IO L 275, 25.10.2022, lch. 33\).](#)

Laghdaíodh an fíorphá in 2022 agus tá an laghdú ag leanúint ar aghaidh, cé gur moille an ráta atá i gceist

Fíor- ollphá agus fíor- olltuarastail in aghaidh an fhostaí
(athrú % bliantúil; 2021, 2022 agus R2-2023)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Ollphá agus olltuarastail ainmniúla in aghaidh an fhostaí [hwwdw]; díbhóilsceoir: Innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí [zcpib]. Le haghaidh R2-2023: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Pá agus tuarastail [namq_10_gdp], Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e] agus Innéacs comhchuibhithe na bpraghsanna tomhaltóra [prc_hicp_midx].

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí, tháinig méadú 4,8 % air in 2022, agus méadú 6 % in R2-2023 i gcomparáid le R2-2022

Dá ainneoin sin, i gcás an fhíorphá tháinig laghdú 3,7 % air in 2022, agus laghdú 0,8 % air in R2-2023 i gcomparáid le R2-2022

Cé go bhfreastalaítear ar roghanna agus ar riachtanais aonaracha éagsúla le socruithe conarthacha difriúla, rud a chuireann solúbthacht níos mó ar fáil d’oibrithe agus do ghnólachtaí araon, tá deighilt an mhargaidh saothair fós ar cheann de na nithe iomadúla a spreagann an neamhionannas. Is amhlaidh é sin go háirithe i gcás nach céim i dtreo poist bhuana iad na conarthaí sealadacha. Na conarthaí sin (agus go háirithe na conarthaí lena mbaineann fad an-ghearr), is minic a bhíonn siad bainteach le dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna, gan an oiread dreasachtaí iontu chun teacht ar an oideachas leanúnach agus oiliúint phoist ná infheistiú ann ná inti, agus le bearnaí sa chosaint shóisialta i gcomparáid le fostaíocht bhuan¹⁴. In 2022, bhí sciar na ndaoine fostaithe a bhí ar chonarthaí sealadacha i measc na bhfostaithe uile cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas (sciar 12,9 %, agus is in aghaidh a dtola a bhí breis agus an leathchuid ar na conarthaí sin), ach bhí éagsúlacht shubstaintiúil ó Bhallstát go chéile. Bhí an sciar cuid mhaith ní b’airde i measc daoine óga agus imirceach, is minice a bhí mná, ar bhonn coibhneasta, i bhfostaíocht shealadach ná fir. Is airde i gcoitinne freisin na rioscaí go mbainfidh éiginnteacht fostaíochta d’oibrithe féinfhostaithe gan fhostaithe. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh an fhéinfhostaíocht caidreamh fostaíochta spleách a cheilt (féinfhostaíocht ‘bhréagach’), le cois a bheith nasctha le bearnaí marthanacha sa chumhdach cosanta sóisialta¹⁵. Ar bhonn níos leithne, úsáid fhorleathan a bhaint as foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha is féidir leis sin a fhágáil nach mbíonn earnálacha agus gairmeacha chomh tarraingteach céanna d’oibrithe agus cur le ganntanais saothair a spreagadh dá réir sin. Is gá rogha leathan de shocruithe conarthacha a bheith ann in éineacht le rochtain leormhaith ar an gcosaint shóisialta agus ar dheiseanna foghlama agus forbartha, chun oibrithe a ullmhú le haghaidh na gclaochluithe atá amach romhainn freisin.

¹⁴ Eurofound, *Labour market segmentation, Observatory [Deighilt mhargadh an tsaothair], Faireachlann* 2019.

¹⁵ *European Commission report on the implementation of the 2019 Council Recommendation on access to social protection*, [Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme Mholadh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta], COM(2023) 43 final.


Difríochtaí móra in úsáid na gconarthaí sealadacha ó Bhallstát go chéile, agus ráta tarlaithe i bhfad níos mó i measc daoine óga

12,9 %
d'oibrithe
(20-64) ar
chonarthaí
sealadacha
in 2022

50 %
de **dhaoine óga**
(15-24) ar
chonarthaí
sealadacha

7,3 %
d'fhostaithe
(20-64) ar
chonarthaí
sealadacha
ainneonacha

Fostaithe sealadacha mar chéatadán den líon foriomlán fostaithe, de
réir aoise (15-24) (in %, 2022)



Foinse : Eurostat [[lfsa_etpgan](#)] agus [[lfsa_etgar](#)], SFS an Aontais Eorpaigh.

Leis an teacht aniar i margaí saothair an Aontais tar éis na paidéime, láidríodh ról an gheilleagair ardán, rud a chuireann le deiseanna sa mhargadh saothair a chruthú, cé go bhféadfadh dúshlán a bheith i gceist leis freisin ó thaobh dálaí oibre agus na cosanta sóisialta de. Bunaithe ar shonraí suirbhé, sholáthair 2,4 % d'fhreagróirí obair trí ardáin oibre dhigiteacha san Aontas in 2022, agus rinne 1,9 % amhlaidh trí ardáin dhigiteacha ar an láthair, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann ó hallstát go chéile. Is féidir leis an mbainistiú algartamach (AM) rannchuidiú leis an éifeachtúlacht a fheabhsú agus le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na seirbhíse sa gheilleagar ardán. Úsáideann algartaim sonraí ar shuíomh, infhaighteacht, scileanna, agus feidhmíocht oibrithe roimhe chun cúraimí a mheaitseáil leis na hoibrithe is oiriúnaí i bhfíor-am. Fágann AM gur féidir faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-oibrithe trí rátálacha ó thomhaltóirí agus trí mhéadracht eile, rud a dhéanann aiseolas fíor-ama a thairiscint chun caighdeán an ardáin a fhorfheidhmiú. Mar sin féin, d'fhéadfadh úsáid AM ag cuideachtaí a fhágáil, san am céanna, go mbeadh oibrithe neamhchosanta ar leibhéal faireachais agus mheasúnaithe níos airde, rud a d'fhéadfadh srian a chur lena neamhspleáchas agus lena rialú ar chúraimí oibre. Le húsáid AM, tarraingítear anuas na ceisteanna ó thaobh na trédhearcachta, na cuntasachta agus na cothroime de vis-à-vis oibrithe. Thairis sin, baineann rioscaí le lánpháirtiú na hintleachta saorga le AM go ndéanfar claontachtaí agus cleachtais idirdhealaitheacha atá ann cheana a threisiú. Taobh le dúshlán a bhaineann le héifeacht an bhosca dhuibh a bhíonn i gceist le córais AM agus lena dtionchar ar leithdháileadh na gcúraimí, agus ar an tuilleamh d'oibrithe ardán dá réir sin, tá rioscaí ann go ndéanfar mí-aicmiú ar stádas fostaíochta na n-oibrithe sin (a d'fhéadfadh a fháil amach bhfuil siad lipéadaithe go bréagach mar oibrithe féinfhostaithe agus dá bhrí sin, nach bhfuil siad i dteideal cearta ná cosaintí fostaithe). Leis an Treoir atá beartaithe maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú, déanfar na guaiseacha a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith bainteach le halgartaim do dhaoine aonair atá i mbun oibre le hardáin saothair dhigitigh. Molann an Treoir cearta faisnéise comhchoiteanna a leagan síos freisin le haghaidh ionadaithe oibrithe.

Léiríonn staidéir ar an intleacht shaorga (AI) go bhféadfadh tionchar láidir a bheith ag an meaisínfhoghlaím ar mhargaí saothair, agus tá coinne leis gur mó difear a dhéanfar d'oibrithe an bhóna bháin agus do ghairmeacha cruthaitheacha, i gcomparáid le forbairtí teicneolaíochta roimhe seo. Tá an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil rithabhachtach sa chomhthéacs sin chun cur chuige rannpháirteach a áirithiú i leith athruithe i ngeall ar fhorbairtí teicneolaíochta a bhainistiú, agus go dtabharfar aghaidh ar nithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-údair inní, agus oiriúnú na n-oibrithe a chothú san am céanna (lena n-áirítear trí sholáthar scileanna). Beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair, lena n-áirítear córais um uas- sciliú agus athsciliú agus seirbhísí fostaíochta, tá sé fíor- riachtanach go mbeidh siad ag gabháil leis na hathruithe sin agus go soláthróidh siad tacaíocht éifeachtach le haghaidh aistrithe gairmiúla. A mhéid a bhaineann le IS giniúnach, de réir Eurofound, is rud dearfach ar an iomlán é úsáid na meaisínfhoghlaíma dar leis na hoibrithe a d'fhreagair an suirbhé, toisc go bhféadfadh sé am a shaoradh ó ghnáthchúraimí agus ligean dóibh díriú a thuilleadh ar chúraimí lena mbaineann breisluach níos airde¹⁶. D'fhéadfadh an intleacht shaorga tacú freisin le daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair trí thimpeallachtaí níos cuimsithí agus níos cóiríochta a chruthú. Ar an iomlán, cé go mbíonn deiseanna móra ag baint leis an intleacht shaorga (IS) agus samhlacha meaisínfhoghlaíma, go háirithe na samhlacha sin atá bunaithe ar chlaohladáin ghiniúnacha réamhoilte (mar shampla ChatGPT), d'fhéadfadh tionchar láidir a bheith acu ar oibrithe an bhóna bháin amach anseo¹⁷, agus d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do ghairmeacha cruthaitheacha fiú¹⁸. Fágann an dul chun cinn mear sna teicneolaíochtaí sin gur gá formhaoirseacht airdeallach a dhéanamh orthu chun leas a bhaint as a dtairbhí agus coinne a bheith le tionchair dhiúltacha fhéideartha agus freagairtí beartais leormhaithe agus thráthúla a cheapadh san am céanna, lena n-áirítear freagairtí beartais a bhaineann le margaí saothair agus rannpháirtíocht leormhaith na n-oibrithe i ngnóthachain na táirgiúlachta arna nginiúint le IS. Sa chomhthéacs sin, baineann dúshlán le IS i dtéarmaí na trédhearcachta, na cuntasachta, agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar chearta na n-oibrithe, ar dhálaí oibre agus ar ioncaim na n-oibrithe. Mar shampla, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe, má ghlactar é san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, ainmneofar leis córais IS a úsáidtear san earcaíocht agus i mbainistíocht oibrithe mar chórais ardriosca, lena bhforchuirtear ceanglais maidir leis an trédhearcacht, sábháilteacht, cruinneas agus formhaoirseacht dhaonna.

- ¹⁶ Eurofound, *Ethical digitalisation at work: from theory to practice [An digiteáil eiticiúil san áit oibre: ón teoiric go cleachtas]*, 2023; Eurofound, *Ethics in the digital workplace [An Eitic san áit oibre dhigiteach]*, 2022; agus Eurofound, *Digitisation in the workplace [An Digitiú san áit oibre]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.
- ¹⁷ Gmyrek, P., Berg, J., Bescond, D. 2023. *Generative AI and Jobs: A global analysis of potential effects on job quantity and quality*, [An Intleacht Shaorga Ghiniúnach agus Poist: Anailís dhomhanda ar éifeachtaí féideartha ar líon na bpost agus ar a gcáilíocht] Páipéar oibre EIS 96 (An Ghinéiv, EIS), <https://doi.org/10.54394/FHEM8239>.
- ¹⁸ Féach, mar shampla, an comhaontú idir Cuallacht Scríbhneoirí Mheiriceá agus Comhghuaillíocht na Léiritheoirí Scannánaíochta agus Teilifíse chun aghaidh a thabhairt ar údair inní atá ann cheana maidir le tionchar IS ar thionscal na scannán. Tá rialacháin sa chonradh nua maidir le húsáid IS i dtionscadail scannáin agus teilifíse, agus baineadh amach an conradh sin tar éis deireadh a bheith curtha le ceann de na stailceanna ab fhaide dá raibh ann in Hollywood.

D’ainneoin feabhsuithe, tá dúshláin fós roimh dhaoine óga iad féin a lánpháirtíú i margat saothair i mórán Ballstát, rud a fhágann nach mór aird ar leith agus gníomhaíocht bheartais shaincheaptha a thabhairt ar an gceist. Tá dífhostaíocht i measc na hóige tite 3,1 pointe céatadán ó bhí 2020 ann ach, i bhfianaise gur é 14,5 % an ráta a bhí ann in 2022, tá sé fós beagnach trí oiread níos airde ná ráta le haghaidh an daonra fhoriomláin atá in aois oibre san Aontas. Tá difríochtaí réigiúnacha fós ann agus ardleibhéil á dtaifeadadh e.g. sna réigiúin is forimeallaí den Aontas. Ar an gcaoi chéanna, tá sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) dulta i laghad go suntasach go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, agus go príomha mar gheall ar an laghdú atá tagtha ar líon na NEETanna óga dífhostaithe, ach is é ráta 11,1 % a bhí ann fós in R2-2023 san Aontas agus an ráta ard go maith i mBallstáit áirithe, in éineacht le difríochtaí suntasacha laistigh de thíortha freisin. Tá mná agus daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas níos feiceálaí i measc NEETanna. Lánpháirtíú leordhóthanach agus tráthúil na ndaoine óga sa mhargadh saothair, nó sna córais oideachais agus oiliúna, baineann príomhthábhacht leis sin chun go n-éireoidh leo ina ngairmréim amach anseo. Sealanna dífhostaíochta go luath sa saol oibre, is féidir leo díobháil a dhéanamh d’ionchais ghairmréime agus don chumas tuillimh amach anseo tríd an ‘díobháil fhadtéarmach’, agus d’fhéadfadh baol níos mó a bheith i gceist leo freisin ó thaobh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta de, nó fadhbanna sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte i gcásanna níos measa. Leis na claochluithe móra atá amach romhainn agus a bhaineann le glasú agus digiteáil ár ngeilleagar, méadaítear an gá lena áirithiú go mbeidh glúine na ndaoine óga lánpháirtithe go maith sa mhargadh saothair agus sa tsochaí agus go mbeidh siad in ann gabháil le hathruithe agus na claochluithe atá amach romhainn a stiúradh. Agus an méid sin sa chúlra, tá gá le hiarrachtaí marthanacha chun na dúshláin struchtúracha a sháru, ar dúshláin iad a choimeádann daoine óga siar ó thaobh an mhargaidh saothair de, go háirithe i gcomhthéacs ganntanais saothair agus scileanna a bheith forleathan. Is féidir leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg cuidiú le díriú ar NEETanna, agus poist ardhcháilíochta, breisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí, nó cúrsaí oiliúna a thairiscint laistigh de 4 mhí ón tráth a thagann duine chun bheith dífhostaithe nó a fhágann siad an t-oideachas foirmiúil¹⁹. Chun é sin a chomhlánú, cuidíonn an tionscnamh Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh (ALMA) le NEETanna faoi mhíbhuntáiste taithí ghairmiúil a fháil ar an gcoigríoch.


¹⁹ [Moladh ón gComhairle](#) an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

Daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna, is minice a bhíonn siad neamhghníomhach seachas dífhostaithe

In 2022, ní raibh **7,4 %** de dhaoine óga san Aontas i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) agus bhí siad neamhghníomhach

ní raibh **4,3 %** de dhaoine óga i mbun fostaíochta agus b'iad fir ba mhinice a bhí dífhostaithe ná mná

Daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) de réir stádas saothair (15-29, %) 2022



Tabhair faoi deara: Briseadh sa tsraith le haghaidh CZ agus SK araon.
Foinse : Eurostat [edat_lfse_20], SFS an Aontais.

Tá oibrithe scothaosta níos gníomhaí sa mhargadh saothair ná mar a bhí riamh roimhe, ach d'fhéadfaí feabhsuithe a bhaint amach fós, go háirithe le haghaidh na mban. Tá daonra an Aontais ag dul in aois go mear, agus tá coinne leis go mbeidh méadú ó 44.4 bliana in 2022 de bhreis agus 4 bliana ar an meánaois go dtí deireadh an chéid, agus go rachaidh daonra na ndaoine atá in aois oibre i laghad go suntasach. Tá tionchar níos géire ag dúshláin dhéimeagracha ar Bhallstáit agus ar réigiúin áirithe seachas a chéile, agus is baolach go rachaidh na héagothromaíochtaí atá ann cheana i leithead ar fud an Aontais. Chuaigh ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta (55-64) in airde go maith san Aontas ó 44,7 % in 2010 go 62,3 % in 2022, tar éis méadú a bheith tagtha ar a ráta rannpháirtíochta. Bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní don aoisghrúpa sin, bearna 12,5 pointe céatadáin, ní ba mhó dá ainneoin sin ná mar a bhí le haghaidh an lucht saothair iomláin, cé go raibh an bhearna ní ba chúinge ó bhí 2010 ann.

Tá coinne leis go mbeidh tionchar ag aosú an daonra ar an soláthar saothair, ag laghdú an lucht saothair, agus go bhféadfadh sé ganntanais scileanna agus saothair san Aontas a dhéanamh níos measa fós. Sa chomhthéacs sin, baineann tábhacht leis an ról atá ag saol oibre níos faide agus níos folláine chun tacú leis an soláthar saothair chun inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras cosanta sóisialta a áirithiú, agus an comhtháthú sóisialta, an dlúthpháirtíocht agus aistrithe eolais idir na glúine a ráthú san am céanna. Leis an mbosca uirlisí déimeagrafaíochta, a chuir an Coimisiún i láthair le déanaí, leagtar cur chuige cuimsitheach amach i leith an athraithe dhéimeagrafaigh. Iarrtar ar na Ballstáit tacú leis an aosú gníomhach agus sláintiúil, á chur ar chumas do dhaoine smacht a choinneáil ar a saol agus rannchuidiú leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí fós²⁰.

²⁰ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Demographic change in Europe: a toolbox for action*, [An t- Athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta,] COM(2023) 577 final.

Tá neamhionannais inscne sa mhargadh saothair fós forleathan agus léirítear iad i bhfostaíocht na n-inscní agus i mbearnaí pá eatarthu. Cé go ndeachaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní i laghad de bheagán i gcomparáid le 2021, bhí an bhearna fós leathan, bearna 10,7 pointe céatadáin in 2022 san Aontas, agus bhí difríochtaí móra ann ó Bhallstát agus ó réigiún go chéile. Chomh maith leis sin, bhí an bhearna cuid mhaith ní b'airde agus an sciar ní ba mhó d'obair pháirtaimseartha i measc na mban á chur san áireamh (ag ardú go 16 phointe céatadáin in 2022 'i gcoibhéis lánaimseartha'). Thairis sin, bhí an bhearna fostaíochta idir na hinscní i bhfad ní b'airde do dhaoine ag a raibh leanaí ná dóibh siúd nach raibh leanaí acu. Bhí bearnaí pá idir na hinscní leathan i bhformhór na dtíortha freisin (bearna 12,7 % in 2021 san Aontas), d'ainneoin dul chun cinn le deacáid anuas. D'fhéadfaí cuid den bhearna dheiridh sin a nascadh (i) le ró-ionadaíocht na mban i bpoist ar phá íseal, ar bhonn coibhneasta, agus in obair pháirtaimseartha; ii) le gannionadaíocht na mban i bpoist níos sinsearaí; iii) deacrachtaí níos mó do mhná maidir leis an obair a réiteach le freagrachtaí cúraim, agus iv) éagthroime i roinnt freagrachtaí cúraim ag mná agus ag fir. Dá ainneoin sin, níl an chuid is mó den bhearna pá idir na hinscní san Aontas nasctha le saintréithe oibiachtúla agus intomhaiste daoine aonair, rud a thugann le fios gur dócha go gcuireann tosca eile, lena n-áirítear an t-idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha, go suntasach leis an mbearna sin²¹. Cuireann na bearnaí pá sin bac ar neamhspleáchas eacnamaíoch na mban le linn an tsaoil oibre, déanann siad difear diúltach dá rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus cuireann siad le bearnaí pinsin idir na hinscní (bearna 26 % san Aontas in 2022) agus baol bochtaineachta níos mó ann do mhná sa tseanaois. Ag dul i ngleic leis an idirdhealú pá agus neamhionannais bunaithe ar inscne agus feabhas a chur ar fheidhmiú na gcóras cánach, is féidir leo sin dreasachtaí níos mó a sholáthar do mhná chun bheith gníomhach ar bhonn eacnamaíoch, rud atá tábhachtach freisin i bhfianaise na nganntanais nach beag ó thaobh saothair agus scileanna de.

²¹ Eurostat, Statistical Working Papers [Doiciméid Inmheánacha Oibre Staitistiúla], *Gender pay gaps in the European Union – A statistical analysis [Bearnaí pá idir na hinscní san Aontas – Anailís staidrimh]*, 2021.

Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a mhéadú, i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le Comhionannas Inscene 2020-25, leis na Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige, lena n-áirítear spriocanna nua Barcelona, agus maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán²² agus leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí²³. Ar deireadh, idirbhearta maidir leis an trédhearcacht pá, i gcomhréir leis an Treoir um Thrédhearcacht Pá²⁴, tá siad fíor-riachtanach chun an laofacht inscne i struchtúir agus i socrúithe pá a nochtadh agus chun é a chur ar chumas d'oibrithe a gceart chun pá comhionann le haghaidh obair chomhionann nó poist ar luach comhionann a dhearbhu go héifeachtach.


Tá bearnaí leathana pá fós idir na hinscní d'ainneoin feabhsuithe

12,7 % de bhearna phá idir na hinscní in 2021, san Aontas, agus éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile

10,7 pointe céatadán de bhearna fostaíochta idir na hinscní in 2022 san Aontas

26 % de bhearna phinsin idir na hinscní in 2022 san Aontas

An difríocht idir an meán-olltuilleamh a fhaigheann fostaíthe fireanna agus fostaíthe baineanna in aghaidh na huaire mar chéatadán den meán-olltuilleamh a fhaigheann fostaíthe fireanna in aghaidh na huaire (% , 2021 agus 2011)



Tabhair faoi deara: Arna sórtáil de réir luachanna 2021. Tá sonraí ar iarraidh i gcás EL le haghaidh na blianta uile, le haghaidh HR in 2011 agus le haghaidh IE in 2021.
Foinse: Eurostat [earn_gr_gpgr2].

- ²² Féach Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 2022/C 484/01; *Striving for a Union of Equality* [Ag dréim le hAontas an Chomhionannais a bhaint amach], an Straitéis maidir le Comhionannas Inscene 2020-2050 agus Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán 2022/C 476/01.
- ²³ *Council Recommendation (EU) 2021/1004 of 14 June 2021 establishing a European Child Guarantee* [Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí] (IO L 223, 22.6.2021, lgh. 14–23).
- ²⁴ Féach *Directive of the European Parliament and of the Council to strengthen the application of the principle of equal pay for equal work or work of equal value between men and women through pay transparency and enforcement mechanisms* [Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe].

D’ainneoin feabhsuithe le déanaí, tá bacainní suntasacha ar dhaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair fós. In 2022, an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, idir daoine faoi mhíchumas agus daoine gan mhíchumas, is é bearna 21,4 pointe céatadáin a bhí ann san Aontas. Thairis sin, in 2020, bhí ráta dífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas beagnach dhá oiread ní b’airde ná mar a bhí do dhaoine gan mhíchumas. Chomh maith leis sin, ní ghlacann mórán daoine faoi mhíchumas páirt sa mhargadh saothair, mar a léirítear i ráta gníomhaíochta de 60,7 % (i gcomparáid le 83,4 % do dhaoine gan mhíchumas). I gcomhréir le Straitéis 2021-2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, is gá tuilleadh iarrachtaí beartais agus beart spriocdhírthe, ar a dtugtar tuairisc sa Phacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas²⁵, chun feabhas a chur ar chás na ndaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair. Dá bhrí sin, baineann príomhthábhacht le hacmhainneachtaí na seirbhísí fostaíochta agus lánpháirtíochta a threisiú, an t-earcú a chur chun cinn agus steiréitíopaí a chomhrac, agus freastal réasúnta ag an obair a áirithiú, ag brath ar a riachtanais.

²⁵ Féach [Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas..](#)

Tá an inniúlacht léitheoireachta dulta in olcas ar fud an Aontais, agus tá an stádas socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire lena haghaidh, agus cuireann ganntanais múinteoirí nach beag, rud a bhaineann le tarraingteacht íseal na gairme, soláthar an oideachais ar ardchaighdeán i mbaol. Bunaithe ar an Staidéar Progress in International Reading Literacy 2021 (PIRLS), baineann an tearcghnóthachtáil don cheathrú cuid de na daltaí uile i ngrád a ceathair sa léitheoireacht nach mór, agus breathnaítear treocht na gnóthachtála a bheith ag dul in ísle i mbeagnach na Ballstáit rannpháirteacha uile i gcaitheamh 2016-21. Ar an meán, ba shubstaintiúil í difríocht na feidhmíochta idir leanaí ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos airde i gcomparáid leo sin ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal, toradh a bhí comhfhreagrach do 2 bhliain scoile a bheag nó a mhór. Is leid é sin faoi na dúshláin atá roimh an gcóras oideachais chun na bunscileanna is gá go dtiocfaidh siad faoi bhláth sa tsochaí agus sa mhargadh saothair a thabhairt do na daltaí uile agus chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Cé gurb amhlaidh maidir leis an sciar daoine óga arbh é céim mheánscoile íseal an chéim is airde a bhí acu agus a d'fhág an t-oideachas nó an oiliúint roimh am, gur thit an sciar sin (de bheagán) a thuilleadh san Aontas in 2022, bhí éagsúlacht nach beag ann fós ó Bhallstát go chéile, agus de réir inscne, tír bhreithe agus áit chónaithe chomh maith. Baineann dúshláin leis sin i dtéarmaí na hinfhostaitheachta, na foghlama agus na hacmhainneachta oiriúnaithe níos déanaí sa saol. San am céanna, tá deacrachtaí ann i bhformhór na mBallstát maidir le poist múinteoirí a líonadh i ngach roinn den oideachas éigeantach, agus go háirithe in ábhair ETIM, le dóthain múinteoirí faoi oiliúint a mhealladh agus múinteoirí núíosacha a choinneáil sa ghairm. I bhformhór na dtíortha, ní rogha ghairme tharraingteach a thuilleadh do dhaoine óga a bheith ina múinteoirí. Braitheann tarraingteacht ghairm na múinteoireachta ar raon tosca, lena n-áirítear pá agus dálaí oibre. In 2018, níor bhraith ach duine as gach cúigear múinteoirí gur mhór leis an tsochaí a gcuid oibre, agus thuairiscigh mórán múinteoirí strus a bhain leis an obair agus ualach oibre trom²⁶. Baineann príomhthábhacht le tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú chun an tAontas a choimeád ar an mbóthar ceart i dtreo a spriocanna oideachais, a socraíodh mar chuid den Limistéar Eorpach Oideachais,²⁷ agus chun freastal ar an bhfás atá ag teacht ar an éileamh ar scileanna, lena n-áirítear i bhfianaise na gclaochluithe glasa agus digiteacha.

²⁶ ECFE, *TALIS 2018 Results: Teachers and School Leaders as Lifelong Learners [Torthaí TALIS 2018: Múinteoirí agus Ceannairí Scoile mar Fhoghlaiméoirí ar feadh an tSaoil]* OECD Publishing, Páras, 2019.


²⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún 30.09.2020 maidir le *achieving the European Education Area by 2025* [an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025].

Tá an bhunlitearthacht dulta in olcas ar fud an Aontais

Beagnach an ceathrú cuid de na daltaí uile i ngrád a ceathair, baineann tearcghnóthachtaí l dóibh sa léitheoireacht

Tá a gcúlra socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire láidir maidir le feidhmíocht

Cion na ndaltaí i ngrád a ceathair a shroicheann an tagarmharc idirnáisiúnta íseal ar a mhéad sa *Progress in International Reading Literacy Study* [Staidéar maidir Dul chun Cinn sa Bhunlitearthacht] (%).



Tabhair faoi deara: Tagraíonn BE-Fr do phobal Fraincise na Beilge, agus tagraíonn BE-FI don Phobal Pléimeannach. Ní léirítear ach córais oideachais dá mbailítear sonraí ag deireadh ghrád a ceathair, lena n-eisiatar, ar an gcaoi sin, EE, EL, HR, HU, IE, LT, LU, LV agus RO. Níl sonraí ar fáil i gcás BE-FI, na Cipire, Mhálta ná na Polainne in 2011; i gcás na Cipire ná Mhálta in 2016.

Foinse: Ríomhanna AS EAC bunaithe ar PIRLS 2021.

I bhfianaise uirlisí digiteacha a bheith á n-úsáid ag tromlach na n-oibrithe san Aontas ag an obair cheana féin, is gá tuilleadh iarrachtaí suntasacha chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha an daonra, go háirithe le haghaidh na ndaoine atá ar bheagán oiliúna, daoine scothaosta agus náisiúnaigh tríú tír. In 2021, d'úsáid idir 60 % agus 70 % d'oibrithe san Aontas uirlisí digiteacha ag an obair ar ghá bunleibhéil nó leibhéil mheánacha scileanna digiteacha lena n-aghaidh²⁸. Mar sin féin, ní raibh bunscoilanna digiteacha ar a laghad ach ag 53,9 % de dhaoine fásta san Aontas. Tá leibhéal na scileanna digiteacha iontach éagsúil ó Bhallstát go chéile agus ó ghrúpaí daonra go chéile freisin. In 2021, bhí sé níos mó ná dhá oiread ní ba dhóichí go mbeadh bunscoilanna digiteacha ar a laghad ag daoine óga (16-29) ná daoine scothaosta (55-74); bhí rátaí íseal go háirithe i measc na ndaoine ar bheagán oiliúna, na ndaoine dífhostaithe agus na ndaoine neamhghníomhach. Thairis sin, bhí bunscoilanna digiteacha ar a laghad ag sciar cuid mhaith ní ba lú de náisiúnaigh tríú tír i gcomparáid le saoránaigh den Aontas Eorpach. Suirbhé ó 2023 a rinneadh faoi chuimsiú na Bliana Eorpaigh Scileanna, léirigh sé i gcás beagnach leath na FBManna uile a thuairiscigh ganntanais scileanna mar nithe a chuir srian lena ngníomhaíochtaí gnó ginearálta, gur le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha go háirithe a bhain an dúshlán. Le leibhéil ísle scileanna digiteacha i ndeighleoga leathana den daonra, agus difríochtaí fíorshuntasacha sna deiseanna chun na scileanna sin a fhorbairt, baineann an riosca leis sin go dtiocfaidh deighiltí tábhachtacha chun cinn i gcomhthéacs geilleagair agus seirbhísí a bheith á ndigiteáil níos minice anois (lena n-áirítear i ndáil leis an rochtain ar oideachas agus ar oiliúint, seirbhísí fostaíochta poiblí agus seirbhísí digiteacha ar bhonn níos leithne). Chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, tá gá le cláir scileanna digiteacha le haghaidh an daonra i gcoitinne, agus oiliúint spriocdhírithe á gcomhlánú, a shaincheaptar de réir próifíilí scileanna agus cásanna grúpaí sonracha sa mhargadh saothair, agus tá ról ag cuideachtaí maidir leis an oiliúint a sholáthar freisin. Sprioc go mbeadh bunscoilanna digiteacha ar a laghad ag 80 % den daonra faoi 2030, socraíodh le haghaidh an Aontais i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta agus in *Digital Compass for the Digital Decade* [Compás Digiteach na Deacáide Digití]²⁹. Is é an aidhm an líon speisialtóirí TFC a mhéadú go 20 milliún faoi 2030, agus rochtain na mban ar an réimse sin a chur chun cinn (18,9 % de speisialtóirí in 2022) agus an líon céimithe TFC a mhéadú, rud atá rithabhachtach chun iomaíochas na hEorpa a choinneáil ar bun³⁰.

²⁸ Cedefop, *Setting Europe on course for a human digital transition: new evidence from Cedefop's second European skills and jobs survey* [An Eoraip a chur ar chúrsa i dtreo aistriú digiteach daonna: fianaise nua ón dara suirbhé Eorpach ar scileanna agus poist de chuid Cedefop]. Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán. Sraith thagartha Cedefop; Uimh. 123, 2022.

²⁹ Féach CINNEADH (AE) 2022/2481 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach: Deacáid Dhigiteach na hEorpa: spriocanna digiteacha do 2030.


³⁰ Má leanann na treochtaí atá ann faoi láthair ar aghaidh dá ainneoin sin, faoi 2023, tá coinne leis nach mbeidh bunscoilanna digiteacha ar a laghad ach ag 60 % de dhaonra an Aontais agus nach rachadh an líon speisialtóirí TFC in airde ach go dtí thart faoi 12 mhilliún. Féach 2030 *Report on the State of Digital Decade* [Tuarascáil 2023 maidir le Staid na Deacáide Digití], SWD(2023) 571 final.

Tá sé dhá oiread níos dóichí go mbeadh bunscileanna digiteacha ar a laghad ag daoine óga ná ag daoine scothaosta

71 % de dhaoine óga (16-29), agus gan ach 34,6 % de dhaoine scothaosta (55-74), tá bunscileanna digiteacha ar a laghad acu

Daoine ar bheagán oiliúna, daoine dífhostaithe agus daoine neamhghníomhaícha is annaimhe a bhíonn bunscileanna digiteacha acu

Sciar na ndaoine a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (2021, %)



Foinse: Eurostat [edat_lfse_02].

Is gá gníomhaíocht mharthanach chun scileanna an lucht saothair a fhorbairt a thuilleadh, tacú leis an iomaíochas, poist ardcháilíochta a chur chun cinn agus múnla sóisialta an Aontais a chaomhnú, lena n-áirítear i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Sa chomhthéacs seo, agus i bhfianaise ganntanais saothair agus scileanna fhorleathana, baineann príomhthábhacht le córais éifeachtacha dhea-fheidhmiúla oideachais agus oiliúna chun scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a thabhairt do dhaoine óga, agus tá rannpháirtíocht ard san fhoghlaim aosach thar a bheith tábhachtach freisin chun a áirithiú go mbíonn scileanna an lucht saothair á dtabhairt cothrom le dáta de shíor. Leis an bpríomhsprioc maidir leis an bhfoghlaim aosach, ceanglaítear go nglacfaidh 60 % d'aoisigh ar a laghad páirt san fhoghlaim gach bliain san Aontas faoi 2030 (i gcomparáid leis na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil le haghaidh 2016 lena léirítear meánráta rannpháirtíochta i bhfad níos ísle, is é sin 37,4 %) ³¹. Toisc go nglacann aoisigh ar bheagán oiliúna sna Ballstáit uile páirt san oiliúint cuid mhaith níos annaimhe ná daoine meáncháilithe agus na ndaoine ardcháilithe go hiondúil, is gá aird áirithe a dhíriú le beartais ar a rátaí rannpháirtíochta a mhéadú, i gcomhréir leis an Meastóireacht ar Chonairí Uas-scilithe ³². Is minice a ghlacann daoine fásta páirt san fhoghlaim i limistéir uirbeacha freisin ná mar a ghlacann i limistéir thuaithe. Agus an méid sin sa chúlra, leis an Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair, leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais (lena n-áirítear cistiú CSE+) agus tacaíocht neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun na daoine fásta uile a chumasú chun a scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre ar fad ³³. Ina theannta sin, baineann acmhainneacht láidir le micridhintiúir chun an uas-sciliú agus athsciliú gasta agus spriocdhírthe a thairiscint le haghaidh oibrithe agus cuardaitheoirí poist bunaithe ar an Moladh gaolmhar ón gComhairle ³⁴. Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag an mBliain Eorpach um Scileanna, lena gcuirtear le Clár Oibre Scileanna 2020, don Eoraip aistriú meoin a chur chun cinn i dtreo uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh ar feadh an tsaoil ar fad, ag cuidiú le daoine na scileanna cearta a fháil le haghaidh poist ardcháilíochta agus an iomaí deis a thairgeann na claochluithe glasa agus digiteacha a thapú ³⁵.

³¹ Tá sé beartaithe go n-athróidh foinse na sonraí chun faireachán a dhéanamh ar phríomhsprioc 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach ón Suirbhé ar Oideachas Aosach (AES) go dtí Suirbhé an Aontais ar an bhFórsa Saothair (LFS). Tá anailís chuimsitheach á déanamh ar na sonraí ón dá shuirbhé chun dea-cháilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. Táthar ag súil go n-eiseofar na sonraí maidir le foghlaim aosach ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (tréimhse thagartha 12 mhí) in Earrach 2024.

³² Glacadh *Upskilling Pathways Evaluation Package* [Pacáiste na Meastóireachta ar Chonairí Uas-scilithe] i mí Iúil 2023 agus rinneadh meastóireacht leis ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar *Council Recommendation on Upskilling Pathways* [an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas-scilithe].

³³ Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03.

³⁴ Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheachta 2022/C 243/02.

³⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le *Clár Oibre Scileanna don Eoraip* don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, COM(2020)274 final; Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach um Scileanna.

Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) fós cuibheasach cobhsaí san Aontas in 2022, a bhuí le gníomhaíochtaí cinntitheacha beartais a rinneadh le linn ghéarchéim COVID-19 agus na géarchéime fuinnimh. Mar sin féin, bhí thart ar dhuine amháin as gach cúigear san Aontas fós i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2022, tar éis nár tháinig laghdú ach 279 000 ar an líon foriomlán daoine AROPE, agus an líon sin fós gar don luach 2019 a bhain leis. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise na timpeallachta eacnamaíche a bheith ciúin, is gá iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun sprioc 2030 a bhaint amach, is é sin go ndéanfaí laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar an líon duine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcomparáid le 2019. Bhí éagsúlachtaí móra ó Bhallstát agus ó réigiún go chéile freisin, agus ó ghrúpaí daonra go chéile chomh maith (agus ráta tarlaithe níos airde de bhaol na bochtaineachta i gcás leanaí, daoine 65+ d'aois, daoine faoi mhíchumas, daoine nár rugadh san Aontas, na Romach). Tá difríochtaí suntasacha fós ann idir tíortha an Aontais freisin i dtéarmaí thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta. San am céanna, **níor tháinig ach beagán de laghdú ar an meán ar neamhionannais ioncaim in 2022.** De réir thobmheastacháin Eurostat, d'fhan siad mar a bhí nó chuaigh siad i laghad in 2022 mar bhliain ioncaim, rud a léiríonn an fhreagairt bheartais mhear ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun gníomhú in aghaidh thionchar diúltach an bhoilscithe, go háirithe ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Is iad forbairtí ag an gceann níos ísle den dáileadh ioncaim a spreag an laghdú meánach a taifeadadh. Baineann tábhacht ar leith le measúnuithe tionchair dháileacháin córasacha ar bhearta beartais chun a dtionchar ar an neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus chun tacú le beartais a cheapadh.

Is airde riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta le haghaidh leanaí ná mar atá le haghaidh an daonra fhoriomláin i mbeagnach na Ballstáit uile, agus is rud é a dhéanann difear do thart faoi leanbh amháin as gach ceathrar ar an meán. Tháinig méadú ar sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de bheagán in 2022 san Aontas, agus tháinig méadú ar an líon foriomlán leanaí sa chás sin freisin, de thart ar 900 míle ó bhí 2019 ann (in aghaidh na sprice comhlántaí chun laghdú 5 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar a líon faoi 2030), rud a fhágann nach mór iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán. Leanaí a thabhairt amach as an mbochtaineacht agus eisiaimh shóisialta, baineann príomhthábhacht leis chun cuidiú leo iomlán a n-acmhainneachta a fhíorú sa mhargadh saothair agus sa tsochaí agus chun deireadh a chur le tarchur idirghlúine na bochtaineachta. Baineann príomhthábhacht leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí³⁶ a chur chun feidhme sna Ballstáit uile chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.


³⁶ [Council Recommendation \(EU\) 2021/1004 of 14 June 2021 establishing a European Child Guarantee \[Moladh \(AE\) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí\] \(IO L 223, 22.6.2021, lgh. 14–23\).](#)

Tá éagsúlacht shuntasach sa bhochtaineacht agus san eisiaimh sóisialta ó aoisghrúpa go chéile, agus is minic gurb iad leanaí agus daoine scothaosta is mó a bhíonn i mbaol

Bhí duine amháin as cúigear agus leanbh amháin as gach ceathrar leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas in 2022

Is le daoine scothaosta a bhaineann rátaí AROPE níos airde i mórán Ballstát

Rátaí riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta – iomlán agus de réir aoisghrúpaí 0-17, 18-64, 65 agus os a chionn (% , 2022)



Tabhair faoi deara: Briseadh sa tsraith le haghaidh FI, FR agus LU.

Foinse : Eurostat [ilc_peps01n], EU-SILC.

Cé go bhfuil rochtain ag formhór de dhaoine an Aontais ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, bíonn bacainní suntasacha ar dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus ar na daoine is leochailí. Ina leith sin, ní bhíonn 9,3 % de dhaoine an Aontais in ann a n-áit chónaithe a théamh go leordhóthanach (tharla méadú 2,4 pointe céatadain i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus is breis agus dubailt an fhigiúir sin a shroichtear i gcás dhaoine AROPE), níl sé d'acmhainn ag 2,4 % nasc idirlín a bheith acu le haghaidh úsáid phearsanta sa bhaile, níl sé d'acmhainn ag 2,4 % úsáid a bhaint as iompar poiblí go tráthrialta, agus tá 1,5 % ina gcónaí i dteaghlaigh gan folcadán, cithfholcadán ná leithreas is féidir a shruthlú, agus tá éagsúlacht nach beag ann ó thír go chéile³⁷. Caitheann teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta sciar cuid mhaith níos airde dá mbuiséad ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus dá bhrí sin, bíonn siad níos leochailí i leith méaduithe praghsanna. I dteannta na hinacmhainneachta, baineann dúshlán bhreise leis an infhaighteacht agus inrochtaineacht freisin, rud a bhíonn nasctha le gnéithe eile uaireanta, mar shampla easpa scileanna nó tosca geografacha (deighilt uirbeach/tuaithe, réigiúin is forimeallaí agus réigiúin iargúlta agus oileánda eile). Sonraítear le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an ceart do chách chun rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor-riachtanacha ar ardchaighdeán agus iarrtar tacaíocht ina leith sin dóibh siúd atá i ngátar, rud atá tábhachtach chun an dul chun cinn a chothú maidir le sprioc an Aontais chun an bhochtaineacht a laghdú faoi 2030.


³⁷ *Commission Report on access to essential services in the EU [Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas]*, SWD(2023) 213 final/2.

Teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, is teoranta go mór a rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas

In 2022, **sciar na ndaoine nach raibh in ann a n-áit chónaithe a théamh tháinig méadú go 9,3 % ó 6,9 % air in 2019** san Aontas

Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, bíonn bacainní suntasacha orthu chun rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor-riachtanacha

Sciar de dhaonra an Aontais nach bhfuil seirbhísí fíor-riachtanacha d'acmhainn acu (%)




Foinse : Eurostat, [ilc_mdcs01], [ILC_mddu07A], [ilc_mdho05], [ilc_mdcs13a], EU-SILC.

Tá dúshlán na hinacmhainneachta tithíochta ag méadú san Aontas. In 2022, bhí beagnach duine as gach deichniúr san Aontas ina chónaí i dteach inarbh é breis agus 40 % den ioncam indiúscartha iomlán iad na costais tithíochta iomlána, agus taifeadadh méadú suntasach ó bhí 2020 ann. Bíonn deacrachtaí tithíochta níos géire do theaghlaigh ina bhfuil leanaí agus do theaghlaigh aontuismitheora go hiondúil. I gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta, bhí an sciar sin níos mó ná trí oiread níos airde dóibh sin ná don daonra foriomlán. Chomh maith leis sin, le deacáid anuas, is beag dul chun cinn atá déanta maidir leis an líon daoine gan dídean ó Bhallstát go chéile a laghdú. Is féidir éifeachtaí dearfacha a bheith ag beartais an Aontais ar inacmhainneacht, infhaighteacht, agus oiriúnacht na tithíochta, go háirithe dóibh siúd atá i ngátar. Cé gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as tithíocht agus cúnamh tithíochta, is féidir le cistiú ón Aontas agus lena bheartais tacú le hiarrachtaí na n-údarás poiblí náisiúnta agus na n-údarás poiblí fo-náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, i réimsí na mbeartas comhtháthaithe agus forbartha uirbí, fostaíochta agus cosanta sóisialta, tionsclaíochta agus fuinnimh. Seachas sin, tionscnaimh den Aontas mar shampla an Bauhaus Eorpach Nua agus an Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne, is féidir leo cur leis an inbhuanaitheacht agus leis an gcuimsitheacht tithíochta a mhéadú. Is féidir leis an infheistiú sa tithíocht shóisialta feabhas a chur ar an inrochtaineacht agus ar inacmhainneacht na tithíochta le haghaidh grúpaí leochaileacha agus ar ioncam íseal, lena n-áirítear daoine gan dídean. Cistí an Aontais mar shampla CFRE, CSE+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus InvestEU, cumasaíonn siad tuilleadh infheistíochtaí sa tithíocht inacmhainne agus shóisialta agus le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme chun acmhainní a chomhthiomsú agus scéimeanna idirghabhála inbhuanaithe a fhorbairt.

Is mó ró- ualach costais na tithíochta sa chúigiú is neamhrachmasaí den daonra sna Ballstáit uile

Costais tithíochta in ioncam indiúscartha sna chéad trí chúigiú den daonra arna n-ordú de réir ioncaim, 2022 (in %)

In 2022, **bhí an sciar daoine a raibh ró-ualach costais tithíochta orthu dhá oiread ní ba mhó sa chéad chúigiú den daonra ná mar a bhí sa dara cúigiú sa daonra, arna ordú de réir ioncaim** san Aontas



Foinse: Eurostat [[ilc_lvho07b](#)]. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU in 2022.

Tá príomhról ag córais cosanta sóisialta i mBallstáit i dtéarmaí an comhtháthú sóisialta agus an tslándáil ioncaim in aghaidh rioscaí, agus an cobhsú maicreacnamaíoch, a áirithiú, agus dá réir sin, is gá córais a dhéanamh díobh a bheidh oiriúnach do dhúshlán na todhchaí. Ar an bhforiomlán, tá a n-éifeachtacht cruthaithe ag córais cosanta sóisialta maidir le tacú le hathléimneacht shocheacnamaíoch le linn na paindéime COVID agus na géarchéime fuinnimh is déanaí. Dá ainneoin sin, tá brú níos mó ag teacht ar acmhainneacht na gcóras cosanta sóisialta chun fanacht leordhóthanach agus inbhuanaithe ar bhonn fíoscach i ngeall ar aosú an daonra, na hathruithe atá ag teacht ar an saol oibre, agus na haistrithe glasa agus digiteacha. Beidh impleachtaí ag na forbairtí sin ar dhearadh agus raon feidhme na gcóras cosanta sóisialta agus ar a maoiniú. I dtéarmaí coinceíteacha, tugann sé sin le fios an gá le rátaí rannpháirtíochta níos airde i bpoist ardcháilíochta ó ghrúpaí daonra go chéile, saol oibre níos faide, freagairtí leormhaithe ar bhochtaineacht an lucht oibre, cumhdach cosanta sóisialta le haghaidh foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, seirbhísí cosanta sóisialta éifeachtúla a bheith eagraithe ar bhealach níos fearr agus níos infhaighte, lena n-áirítear seirbhísí cúraim, agus córais cosanta sóisialta a oiriúnú do na réaltachtaí nua atá tugtha ar aghaidh leis an oiriúnú don athrú aeráide agus le teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha. Chun córais a dhéanamh de córais cosanta sóisialta a bheidh slán i bhfad na haimsire, tá sé ríthábhachtach peirspictíocht saolré a ghlacadh i leith beartais leasa. Le beartais shóisialta atá dea-cheaptha ag céimeanna difriúla de shaolré an duine, is féidir ‘díbhinní dubailte’ a chruthú, lena laghdófar an caiteachas poiblí amach anseo ar athsholáthar ioncaim a bhuí leis an bhfostaíocht, gnóthachain ó thaobh na folláine agus na sláinte de, agus lena dtacófar leis an bhfás eacnamaíoch ionchuimsitheach agus an bonn cánach a leathnú san am céanna. Athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát sna réimsí sin, tacaíonn roinnt tionscnamh den Aontas leo arb é is aidhm dóibh cosaint a bheidh slán i bhfad na haimsire a dhéanamh den chosaint shóisialta, mar shampla na Moltaí ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta³⁸ d’oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe, maidir le cúram fadtéarmach, maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta, agus maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, mar aon leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach.

³⁸

Council Recommendation of 8 November 2019 on access to social protection for workers and the self-employed 2019/C 387/01 [Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibríthe agus do dhaoine féinfhostaithe 2019/C 387/01] (IO C 387, 15.11.2019, lgh. 1–8).

Bhí an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú fós cobhsaí a bheag nó a mhór ar an meán san Aontas ach bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile, agus tá dúshlán shuntasacha ann maidir le rochtain, inacmhainneacht, agus cáilíocht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh. Is dóichí go dtuairisceoidh daoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal gá le cúram leighis nach riartar, cé go bhfuil leithead na bearna eatarthu agus an daonra foriomlán difriúil ar fud na mBallstát. Tá forbairtí déimeagrafacha, go háirithe ionchas saoil a réamh-mheastar a bheidh níos airde amach anseo, ag cur méadú ar an ngá féideartha le cúram fadtéarmach (LTC) as seo ar aghaidh. Léiríonn na sonraí is déanaí (le haghaidh 2019) maidir le 46,5 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó i ngníomhaíochtaí tí san Aontas, go raibh gá acu nár riaradh le cuidiú i ngníomhaíochtaí mar sin. Bhí sé sin i bhfad ní ba shuntasáí dóibh sin sa chúigil ioncaim ab ísle (51,2 %) i gcomparáid leo siúd sa chúigil ioncaim ab airde (39,9 %). Is é acmhainneacht an chúraim fhadtéarmaigh an phríomhbhacainn roimh inrochtaineacht an chúraim sin. Fiú tar éis sochair maidir le cúram fadtéarmach a fháil, is féidir le costais neamh-in-aisíoctha cúraim a bheith an-ard i mBallstáit áirithe, go háirithe do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh thromchúiseacha acu agus a fhaigheann cúram baile. Déantar dúshlán ó thaobh na hinrochtaineachta de níos measa de thoradh ganntanais saothair agus scileanna shuntasacha san earnáil chúraim, agus spreagann dálaí oibre deacra na ganntanais sin freisin.

Tá príomhról ag comhpháirtithe sóisialta maidir le hathchóirithe agus le beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta a thacóidh leis an bhfostaíocht, le cáilíocht na bpost, forbairt na scileanna agus na cosanta sóisialta. Tá an t-idirphlé sóisialta éifeachtach ina rannchuidiú cinntitheach le dea-fheidhmiú gheilleagar mhargadh sóisialta na hEorpa, rud a áirithíonn torthaí beartais níos fearr agus níos inbhuanaithe, agus a thacaíonn le haistrithe cothroma glasa agus digiteacha freisin. Ar an iomlán, sna Ballstáit ina bhfuil traidisiúin idirphlé shóisialta fhadbhunaithe, is fearr a rangaíodh cáilíocht agus déine rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais ábhartha, i ndáil le comhairliúcháin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh freisin. Chuir na conclúidí ó fhaireachas iltaobhach an Choiste Fostaíochta i dtábhacht go bhfuil sé fíorthábhachtach amach is amach go seachnófar rannpháirtíocht nach mbeidh i gceist leis ach rannpháirtíocht fhoirmiúil agus go n-áiritheofar comhairliúchán tráthúil agus bríoch le comhpháirtithe sóisialta i gcaitheamh an phróisis ceaptha bheartais ar fad sna Ballstáit uile³⁹. Breis agus 2 bhliain tar éis don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a bheith glactha, tá próisis an idirphlé shóisialta i taobh chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta ag dul chun cinn i bhformhór na mBallstát⁴⁰. Faoin Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú, iarrtar ar na Ballstáit timpeallacht chumasúcháin a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear an chómhargáil, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ar na leibhéil uile⁴¹. Cur le traidisiúin, rialacha agus cleachtais náisiúnta atá ann cheana, agus iarrachtaí chun rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta a neartú sa cheapadh beartais ábhartha, baineann príomhthábhacht leo chun léargais luachmhara a sholáthar maidir le dúshláin atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, agus ar éifeachtacht choincréiteach na n-idirghabhálacha beartais go chomh maith.

³⁹ [Tuairim 9955/23](#) ón gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta.

⁴⁰ An Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta](#), COM(2022) 383 final, 2022.

⁴¹ [COM\(2023\) 40 final](#) agus [Comhairle 10542-2023](#).

Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a sainaitheanú sa Tuarascáil Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht. Cuireann an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil roinnt réimsí tosaíochta i dtábhacht maidir le gníomhaíochtaí beartais. I gcomhréir leis na Treoirí Fostaíochta, tugtar cuireadh do na Ballstáit:

- Uas-sciliú agus athsciliú na ndaoine fásta a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, oiriúnú do na hathruithe atá ag teacht ar chás agus ar ionchas an mhargaidh saothair, agus na haistrithe glasa agus digiteacha – a chothú trí úsáid uirlisí faisnéise scileanna a lánpháirtiú chomh maith; soláthar na dteidlíochtaí oiliúna aonair, cosúil le cuntais foghlama aonair, a neartú; agus forbairt, cur chun feidhme agus aithint micridhintiúir a chothú – i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle ar chuntais foghlama aonair agus ar an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúir.
- Na nithe a leanas a neartú: beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair agus acmhainneacht agus éifeachtacht agus na seirbhísí fostaíochta poiblí – lena n-áirítear trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar digiteach, seirbhísí digiteacha, gairmthreoir bhreisithe, seirbhísí comhairleoireachta, faisnéis scileanna agus oiliúint foirne – d’fhonn tacú le cruthú post ardcháilíochta agus le haistrithe idir poist.
- Faireachán a dhéanamh ar thionchar diúltach an bhoilscithe ar chumhacht cheannaigh na dteaghlach leochaileacha a mhaolú trí bhearta tacaíochta spriocdhírithe, agus dreasachtaí a choinneáil ar bun chun ídiú fuinnimh a laghdú, i gcás inarb ábhartha, agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh.
- I gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus/nó cleachtais náisiúnta agus lánurraim á tabhairt do ról agus d’uathriail na gcomhpháirtithe sóisialta, forbairtí pá a chur chun cinn lena maolófar an caillteanas sa chumhacht cheannaigh, go háirithe le haghaidh saothraithe ar phá íseal, agus an cóineasú sóisialta aníos a chur chun cinn san am céanna, agus forbairtí táirgiúlachta a léiriú, fostaíocht a chaomhnú, an t-iomaíochas a choimirciú, agus bheith san airdeall i gcónaí faoi éifeachtaí indéreacha ar an mboilsciú.
- Infhaighteacht na scéimeanna tacaíochta a áirithiú, agus iad deartha ar bhealach chun caipiteal daonna a chaomhnú agus a fhorbairt a thuilleadh trí uas-sciliú agus athsciliú atá bainteach, chun tacú le próisis athstruchtúraithe chóra i gcás inar gá, aistrithe gairmiúla a éascú agus cuidiú le nuachóiriú an gheilleagair.

- Tacaíocht a sholáthar do na hoibrithe agus na teaghlaigh is mó atá thíos leis na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta i ngeall ar an oiriúnú don athrú aeráide agus do theicneolaíochtaí nua glasa agus digiteacha, go háirithe d'oibrithe agus do theaghlaigh leochaileacha – trí sheirbhísí fostaíochta agus bearta oiliúna éifeachtacha; cláir fostaíochta agus dreasachtaí fostaíochta agus aistrithe dea-dheartha, spriocdhírithe agus faoi cheangal ama; slándáil ioncaim leormhaith in éineacht le cur chuige gníomhach i leith an chuimsithe; agus an fhiontraíocht a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú.
- An tsoghluaisteacht laistigh den Aontas a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus urramú agus forfheidhmiú na gceart saothair agus sóisialta a áirithiú san am céanna agus an imirce dhleathach a threorú i dtreo gairmeacha a mbaineann ganntanais leo, i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as tallanna ó thíortha laistigh den Aontas.
- Rialacháin a bhaineann leis an margadh saothair agus córais cánach agus sochar a oiriúnú, chun deighilt an mhargaidh saothair agus bearnaí inscne i margadh an tsaothair a laghdú agus cruthú post ardcháilíochta a chothú, lena n-áirítear laghdú féideartha ar an ding chánach go háirithe do shaothraithe ar phá íseal gan srian a chur ar an aistriú i dtreo poist ar phá níos airde ná ar an aistriú ar shiúl ón gcánachas saothair chuig cánacha comhshaoil.
- Timpeallachtaí oibre sláintiúla sábháilte atá oiriúnaithe go maith don obair a chinntiú.
- Cómhargáil agus idirphlé sóisialta a cur chun cinn, in éineacht le rannpháirtíocht thráthuil agus bhríoch na gcomhpháirtithe sóisialta sa cheapadh beartais ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- Féidearthachtaí daoine óga sa mhargadh saothair a fheabhsú – lena n-áirítear trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus oideachas treasach ionchuimsitheach agus d'ardchaighdeán chomh maith; tacaíocht seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe (lena gcuimsítear meantóireacht, treoraíocht agus comhairleoireacht); agus printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna d'ardchaighdeán i gcomhréir le Ráthaíocht don Aos Óg threisithe.

- An neamh-idirdhealú a áirithiú, an comhionannas inscne a chur chun cinn, feabhas a chur ar an bpríomhshruthú inscne agus rannpháirtíocht na mban agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair a neartú, trí chomhionannas deiseanna agus an dul chun cinn gairmréime a chothú, an trédhearcacht i struchtúir phá a áirithiú, agus réiteach idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a chur chun cinn – lena n-áirítear trí rochtain ar chúram inacmhainne ar ardchaighdeán (oideachas agus cúram na luath-óige, agus cúram fadtéarmach), agus saoire a bhaineann le teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus cúramóirí neamhfhoirmiúla eile, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Chúram.
- Comhdheiseanna a chothú le haghaidh leanaí chun dul i ngleic le hardleibhéil na bochtaineachta leanaí agus an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní an Aontais agus acmhainní náisiúnta. Dlús a chur le cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí trí oideachas agus cúram na luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a sholáthar agus trí fheabhas a chur ar thorthaí foghlama trí aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile agus ar ghanntanais múinteoirí. Tacú le rochtain ar oideachas leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus limistéir chianda agus oiliúint a chur chun cinn ag gach leibhéal cáilíochta.
- Borradh a chur faoi inniúlachtaí digiteacha daltaí agus daoine fásta ar gach aois agus an díorma tallainne digítí sa mhargadh saothair a mhéadú, trí éiceachórais oideachais dhigitigh agus oiliúna digítí a fhorbairt a dtacaíonn príomhchumasóirí leo, mar shampla nascacht ardluais le haghaidh scoileanna, trealamh, agus oiliúint múinteoirí; agus tacú le hinstiúidí a bhfuil fios gnó acu maidir le digitiú agus aird ar leith a dhíriú ar chuimsiú agus ar an mbearna dhigiteach a laghdú.
- Cosaint shóisialta leordhóthanach agus inbhuanaithe a áirithiú do chách, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta; feabhas a chur ar chosaint na ndaoine sin nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad, mar shampla oibrithe i gcásanna oibre neamhghnáthúla lena n-áirítear obair ardáin, agus daoine féinfhostaithe; feabhas a chur ar leordhóthanacht na sochar, inaistritheacht na gceart agus ar an rochtain ar sheirbhísí d'ardchaighdeán agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a choimirciú san am céanna; agus tacú go héifeachtach leis na daoine ar féidir leo oibriú a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.
- Scéimeanna íosioncaim a sholáthraíonn tacaíocht leordhóthanach a fhorbairt agus a neartú agus cur chuige cuimsithe ghníomhaigh a shaothrú, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle ar íosioncam leordhóthanach a áirithiú cuimsiú gníomhach; agus rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a chothú, lena n-áirítear fuinneamh, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha agus ar ioncam íseal.

- Measúnú a dhéanamh ar thionchair dháileacháin athchóirithe agus infheistíochtaí ar ioncam na ngrúpaí éagsúla ar fud an daonra, i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin atá ag beartais na mBallstát.
- Rochtain saor in aisce agus éifeachtach a sholáthar do gach leanbh ar chúram sláinte, oideachas agus cúram na luath-óige, gníomhaíochtaí oideachais agus scoilbhunaithe; mar aon le rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leormhaith; i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta gaolmhara.
- Dul i ngleic leis an easpa dídine mar an gcineál bochtaineachta is tromchúisí; athchóiriú na tithíochta cónaithe agus sóisialta agus seirbhísí sóisialta lánpháirtithe a chur chun cinn; tacú le rochtain ar thithíocht ardchaighdeán agus inacmhainne, tithíocht shóisialta nó cúnamh tithíochta, i gcás inarb iomchuí.
- Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht an chórais cúraim sláinte lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le seirbhísí coisc agus cúraim phríomhúil, mar aon leis an acmhainneacht sláinte phoiblí, comhordú cúraim, foireann cúraim sláinte agus ríomh-Shláinte; íocaíochtaí neamh-in-aisíochta a laghdú i gcás inarb ábhartha; feabhas a chur ar an gcumhdach cúraim sláinte; agus dálaí oibre níos fearr a chur chun cinn chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú oibríthe sláinte.
- Soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inbhuanaithe a neartú, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Chúram.
- Córais phinsin chuimsitheacha agus inbhuanaithe a áirithiú a cheadaíonn d'ioncaim leordhóthanach do dhaoine scothaosta agus cothroime idirghlúine.

Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí CSE+, CFRE, CUAC, IUTT agus STA le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe incháilithe, tacaítear leis na Ballstáit gníomhaíocht beartais sna réimsí sin a mhéadú.

CAIBIDIL 1. FORLÉARGAS AR THREOCHTAÍ AN MHARGAIDH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA, DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA 2030, AGUS PRÍOMHTHORTHAÍ COTHROMÁNACHA MAIDIR LEIS AN gCÓINÉASÚ SÓISIALTA

1.1 Príomhthreochtaí an mhargaidh saothair

Agus an teacht aniar tar éis phaindéim COVID mar chúlra, bhí an fás fostaíochta san Aontas fós láidir in 2023, cé go raibh difríochtaí suntasacha ann idir earnálacha. In R2-2023, shroich líon iomlán na ndaoine a bhí fostaíthe 216,1 milliún, rud atá 6,2 milliún os cionn na buaicphointe a bhí ann in R4-2019⁴². Sa ráithe céanna, ba é 75,4 % an ráta fostaíochta (20-64), i.e. 2,5 pointe céatadán os cionn na leibhéil is airde a bhí ann roimh an bpaindéim (in R4-2019). Ar bhonn bliantúil, ba é 74,6 % an ráta fostaíochta in 2022 (1,9 pointe céatadán os cionn luach 2019). In éineacht leis na forbairtí dearfacha sin ó thaobh na fostaíochta de, bhí ráta gníomhaíochta méadaithe (15-64), a shroich 74,5 % in 2022, agus ráta dífhostaíochta (15-74) a thit go dtí 6,2 % sa bhliain chéanna. Breathnaíodh difríochtaí dá ainneoin sin idir earnálacha i dtéarmaí fhás na fostaíochta. Brúdh an fás fostaíochta síos de thoradh na géarchéime fuinnimh in earnálacha dianfhuinnimh⁴³. Os a choinne sin, chonacthas an fás fostaíochta ab airde san earnáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus méadú 16,9 % ann idir R4-2019 agus R2-2023, rud a chuir breis agus 1 mhilliún post leis an margadh saothair. Tháinig méadú ar an bhfostaíocht san earnáil tógála 6,6 %, ach san earnáil monaraíochta dianfhuinnimh, ní dhearnadh téarnamh chuig leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim fós. Laghdaíodh fostaíocht sa talmhaíocht 4,3 %, i gcomhréir lena treocht fhadtéarmach. Ar an iomlán, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1 % ar an bhfostaíocht in 2023, agus 0,4 % in 2024 agus in 2025, faoi seach⁴⁴.

⁴² Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [namq_10_a10_e], [lfsi_emp_q], [lfsi_emp_a], [une_rt_a], [une_ltu_a].

⁴³ *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2023 [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023]* ón gCoimisiún Eorpach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

⁴⁴ An Coimisiún Eorpach, *European Economic Forecast, Autumn 2023 [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2023]*, Páipéar Institiúideach 258, 2023.

Líon iomlán na n-uaireanta a oibríodh agus na neamhláithreachtaí ón obair, tá siad ag dul ar ais chuig na treochtaí fadtéarmacha a bhain leo. Théarnaigh an líon uaireanta a oibríodh san Aontas go réidh ón luach ab ísle, 72,6 billiún a bhain leis in R2-2020, go dtí 86,7 billiún i R2-2023⁴⁵. Agus fostaíocht níos airde mar chúlra, tá an líon uaireanta a oibríodh in aghaidh an oibrí ag dul air ais chuig an treocht fadtéarmach a bhain leis, is é sin, ag dul i laghad (féach roinn 2.1.1). Tá neamhláithreachtaí ráithiúla ar ais chuig a meánleibhéil fadtéarmacha freisin, agus 9,5 % d'fhostaithe as láthair ón obair in R2-2023. Cuireann luas na n-athchoigeartuithe sin i dtábhacht an ról tábhachtach a bhain le bearta náisiúnta agus bearta ar fud an Aontais i leith an mhargaidh saothair i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, rud a d'fhág go raibh gnólachtaí in ann caipiteal daonna a choinneáil agus rud a chuidigh leis na daoine féinfhostaithe filleadh ar a ngníomhaíochtaí de réir a chéile tar éis deireadh a bheith curtha leis na bearta imshrianaithe (féach Roinn 2.1). Tugtar le fios sa tuarascáil dhébhlíantúil chríochnaitheach maidir le cur chun feidhme SURE gur tacaíodh trí na hionstraimí sin ón Aontas le timpeall 31,5 milliún duine agus 2,5 milliún gnóthas ag buaicphointe an imshrianaithe in 2020⁴⁶.

Bhí an fás pá ainmniúil san Aontas láidir in 2022, ach thit an pá ar an meán i dtéarmaí réadacha san am céanna. Tháinig méadú ar an gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí sna Ballstáit uile, agus ba é 4,8 % meánráta fáis an Aontais, i gcomparáid le thart faoi 1,9 % sa tréimhse a bhí ann roimh an bpaindéim idir 2013-19. Mar sin féin, thit na méaduithe ainmniúla sin chun deiridh ar an mboilsciú den chuid is mó, rud a d'fhág gur tháinig laghdú suntasach 3,7 % ar an bhfíorphá in 2022, agus tionchar ag an laghdú sin ar an gcumhacht cheannaigh, go háirithe cumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íseal a chaitheann cion níos airde dá n-ioncam go hiondúil ar nithe lena mbaineann ardráta boilscithe cosúil le bia (féach roinn 2,1)⁴⁷. Tá coinne leis go gcuirfear dlús leis an bpá ainmniúil in 2023⁴⁸.

⁴⁵ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[namq_10_a10_e](#)], [[lfsi_abt_q](#)].

⁴⁶ An Coimisiún Eorpach, [Tuarascáil maidir leis an ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht Shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gCás Éigeandála \(SURE\) tar éis ráig COVID-19 de bhun Airteagal 14 de Rialachán \(AE\) 2020/672 SURE ón gComhairle tar éis a éagtha: tuarascáil leathbhliantúil deiridh](#) (COM(2023) 291 final).

⁴⁷ Eurofound, [Minimum wages in 2023: Annual review, Minimum wages in the EU series \[Pá íosta in 2023: Athbhreithniú Bliantúil. Sraith maidir le pá íosta san Aontas\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, Lucsamburg, 2023 agus an Coimisiún Eorpach [Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual Review 2023 \[Forbairtí ar Mhargadh an tSaothair agus ar Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

⁴⁸ An Coimisiún Eorpach [European Economic Forecast, Autumn 2023 \[Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2023\]](#), Páipéar Institiúideach 258, Samhain 2023.

Tá ganntanais móra saothair agus scileanna fós ann thar earnálacha agus leibhéil scileanna.

Thosaigh an ráta folúntas san earnáil tionsclaíochta agus tógála agus i seirbhísí ar dhul i laghad go han-mhall ón bpointe ab airde dár bhain leis riamh, is é sin 3 % san Aontas in R2-2022, go dtí 2,7 % in R2-2023, agus ba é luas na gníomhaíochta eacnamaíche a bheith ag moilliú cuid den chúis leis sin. Mar sin féin, tá sé fós cuid mhaith os cionn an mheánleibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, is é sin, 1,7 % le haghaidh na tréimhse 2013-19. Tá ganntanais fíorshuntasach in earnálacha mar shampla an earnáil cúraim sláinte, san earnáil tógála mar aon le ETIM (agus go háirithe TFC) agus i ngairmeacha seirbhíse eile (féach Ranna 2.1 agus 2.2)⁴⁹. As seo ar aghaidh, is féidir coinne a bheith leis go mbeidh tionchar ag athruithe sna riachtanais sa mhargadh saothair ar ghanntanais saothair agus scileanna, athruithe a bhaineann leis na haistrithe glasa agus digiteacha freisin, agus leis an meath atá réamh-mheasta a theacht ar an líon daoine atá in aois oibre⁵⁰.

Cé gur tháinig méadú ar rátaí fostaíochta le haghaidh na mban agus daoine óga agus

scothaosta chomh maith, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós sách mór, mar atá an

sciar daoine óga nach bhfuil fostaíte ná in oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna). Lean ráta gníomhaíochta na mban (15-64) dá threocht fhadtéarmach sheasta in airde (+ 10 bpointe céatadán le 2 dheacáid anuas), ag sroicheadh 70,3 % in R2-2023, rud lenar laghdaíodh de réir a chéile an difríocht sna rátaí gníomhaíochta idir fir agus mná go dtí 9,5 pointe céatadán⁵¹. San am céanna, tháinig méadú ar ráta fostaíochta na mban (20-64) go dtí 69,3 % in 2022, breis agus 2 phointe céatadán os cionn a luach in 2019 (féach Fíor 1.1.1). Mar sin féin, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní suntasach san Aontas fós, ag 10,3 pointe céatadán in R2-2023 (féach Roinn 2.2). A mhéid a bhaineann le daoine óga, shroich a ráta fostaíochta (15-24) 34,7 % in 2022, ag sárú an leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim (ráta 33,5 % in 2019) (féach Fíor 1.1.1). Fós, d'ainneoin feabhsuithe suntasacha, faoi R2-2023, bhí 11,1 % de dhaoine óga (15-29) ina NEETanna, figiúr atá comhfhreagrach do thart faoi 8 milliún duine. Ar cheann eile na haoise, tháinig fás 3,7 % ar fhostaíocht na ndaoine scothaosta (55-64) in 2022, ag sroicheadh 62,3 % (féach Fíor 1.1.1). Taifeadadh fás láidir i ráta gníomhaíochta na ndaoine scothaosta, rud a d'fhág gur thit ráta gníomhaíochta na n-aoisghrúpaí eile uile chun deiridh air le 2 dheacáid anuas (féach Roinn 2.2)⁵².

⁴⁹ Eurostat [[ei_lmiv_q_r2](#)]

⁵⁰ An Coimisiún Eorpach, [Employment and social developments in Europe 2023 \[Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.


⁵¹ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[lfsq_argan](#)], [[lfsi_emp_q](#)], [[lfsi_neet_q](#)], [[lfsi_emp_a](#)].

⁵² [Drivers of rising labour force participation – the role of pension reforms](#) [Spreagthaí na méaduithe rannpháirtíochta sa mhargadh saothair – ról na n-athchóirithe pinsin], Feasachán Eacnamaíoch BCE, 5/2020.

Cé gur tháinig méadú ar an bhfostaíocht i gcas na leibhéal scileanna uile in 2022, tá an bhearna idir daoine ar bheagán oiliúna agus daoine ardoilte fós leathan san Aontas. Sháraigh ráta fostaíochta na ndaoine 25-64 bliana d'aois na hardrátaí a bhí ann roimh an bpaindéim in 2022, i gcás na leibhéal oideachais uile⁵³. I bhfianaise an fháis bhliantúil 2,8 % ar fhostaíocht, is i gcás na n-oibrithe ardoilte a chonacthas an méadú ba láidre in 2022 mar sin féin, ag sroicheadh ráta 87,4 % (ó 86,2 % in 2019); féach Fíor 1.1.1). Bhí an fás ar an bhfostaíocht cuid mhaith ní b'isle i gcás na ndaoine ar bheagán oiliúna agus na ndaoine meánoilte, ag 1,6 % agus 1 %, ag sroicheadh rátaí fostaíochta 57,6 % agus 77,4 % faoi seach in 2022. Ar an iomlán, bhí an bhearna idir rátaí fostaíochta na ndaoine ar bheagán oiliúna agus na ndaoine ardoilte chomh hard le 29,8 pointe céatadáin in 2022 fós (féach roinn 2.2).

Fíor 1.1.1: Lean an fhostaíocht dá fás, agus dinimic ní ba láidre i measc daoine óga, na mban agus na ndaoine ardoilte, ach tá difríochtaí nach beag ann fós ó ghrúpa go chéile

Rátaí fostaíochta in AE-27 de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal oideachais agus áit bhreithe in (%)



Tabhair faoi deara: Sonraí arna gcoigeartú go séasúrach, seachas arna gcoigeartú de réir an fhéilire.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[lfsa_ergaed](#)], [[lfsa_egaed](#)].

⁵³ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[lfsa_ergaed](#)], [[lfsq_ergaed](#)].

D’ainneoin feabhsuithe, bíonn constaicí suntasacha roimh an lánpháirtíú sa mhargadh saothair roimh dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach i gcomparáid le daoine a rugadh san Aontas. Chuaigh ráta fostaíochta (20-64) na ndaoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach in airde arís go dtí 65,9 % in 2022, (i ngeall ar mhéadú 10,3 % ar an bhfostaíocht in 2022), cé go bhfuil an ráta sin 9,8 pointe céatadán faoi bhun ráta fostaíochta na ndaoine a rugadh san Aontas fós⁵⁴. Thit a ráta dífhostaíochta (15-74) go suntasach le deacáid anuas, ag sroicheadh 11,4 % in 2022. Ar na constaicí a bhíonn rompu sin i leith lánpháirtíú sa mhargadh saothair áirítear, i measc constaicí eile, easpa aitheantais na gcáilíochtaí foirmiúla agus bacainní teanga⁵⁵. Ba iad na bacainní teanga sin an chonstaic ba mhó freisin i gcás sonrach na ndaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin⁵⁶. As thart faoi 4,2 milliún duine atá cláraithe san Aontas faoi láthair faoin treoir um chosaint shealadach go dtí mí Lúnasa 2023, bhí thart faoi 60 % díobh in aois oibre (18-64) agus meastar gur aimsigh thart faoi 33 % díobh fostaíocht go dtí seo⁵⁷.

1.2 Príomhthreochtaí sóisialta

Tar éis laghdú in 2022, chuaigh an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) in airde ar leibhéal an Aontais Eorpaigh in R1 agus in R2 de 2023. Cé gur tháinig méadú ar fhíorioncaim theaghlaigh den chuid is mó san Aontas idir 2020 agus 2021, bhí fás na n-ioncam sin síos idir R2-2021 agus R2-2022 de thoradh deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta tacaíochta a bhain le COVID-19. Chuaigh Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh i laghad in R3 agus R4-2022, i ngeall ar thionchar diúltach an bhoilscithe ar an bhfíorphá go príomha. D’fhág cobhsú an phá agus na n-aistrithe sóisialta de réir a chéile gur tháinig méadú de bheagán ar ioncaim teaghlaigh in R1 agus R2 de 2023, tréimhsí a bhfacthas cuidiú dearfach ó chánacha freisin lena linn. Ceileann na meánmhéaduithe sin ar fhíorioncaim difríochtaí ollmhóra ó leibhéal ioncaim go chéile, agus is airde tionchar an (chroí) bhoilscithe, atá fós ard, ná an meántionchar, ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar theaghlaigh áirithe ar mheánioncam a thugann scaireanna níos airde dá gciseáin chaiteachais ar bhia agus dó sin amháin.

⁵⁴ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[lfsa_ergacob](#)], [[lfsa_argacob](#)], [[lfsa_urgacob](#)].


⁵⁵ Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, [Modúl 2021](#).

⁵⁶ Eurofound, [Barriers to employment of displaced Ukrainians \[Bacainní ar fhostú na nÚcránach easáitithe\]](#), 2023.

⁵⁷ An Coimisiún Eorpach [European Economic Forecast, Autumn 2023](#) [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, [Fómhar 2023](#)], Páipéar Institiúideach 258, Samhain 2023.

Fíor 1.2.1: Fás ar fhíorioncam comhiomlán na dteaghlach

Fás ar an bhfíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) agus ar na príomhchomhpháirteanna a bhaineann leis agus fás ar fhíor-OTI, (AE-27, rátaí fáis ráithiúla bliain ar bhliain)



Tabhair faoi deara: Ríomhanna DG EMPL. Rinneadh dibhoilsciú ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh ainmniúil trí úsáid a bhaint as innéacs praghsanna an chaiteachais teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Déantar an fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh le haghaidh an Aontais a mheas mar mheán ualaithe luachanna na mBallstát le haghaidh na mBallstát sin a bhfuil sonraí ráithiúla bunaithe ar ESA2010 ar fáil acu (95 % d'Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh an Aontais ar an iomlán).

Foinse: Eurostat, Cuntais Náisiúnta [[nasq_10_nf_tr](#)] agus [[namq_10_gdp](#)]. Níl coigeartú de réir séasúir déanta air.

Chuaigh an neamhionannas ioncaim i laghad san Aontas in ainneoin phaindéim COVID-19

agus na n-ardchostas maireachtála chomh maith. In 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), chuaigh an cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) i laghad go dtí 4.74, ó 4.99 in 2021 (bunaithe ar ioncaim 2020), agus tá coinne leis go bhfanfaidh sé cobhsaí an bhliain seo chugainn (ar bhonn ioncaim 2022)⁵⁸. Is amhlaidh sin de thoradh na bhfreagairtí beartais cinntitheacha a tugadh ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta diúltacha na paindéime agus iad a chosc, agus níos déanaí freisin, chun ioncaim a chosaint ar an ardú géar ar phraghsanna fuinnimh agus ar na brúnna boilscitheacha níos leithne a tháinig dá éis sin. Toisc go mbíonn tionchar aischéimnitheach ag an mboilsciú ar ioncaim go hiondúil, agus i ngeall ar mhéideanna níos mó, ar bhonn coibhneasta, a bheith á gcaitheamh ar nithe fíor-riachtanacha cosúil le fuinneamh agus bia ag teaghlaigh ar ioncaim níos ísle, bearta tacaíochta ioncaim agus coigeartuithe i sochair shóisialta agus i gcánacha sna Ballstáit, nuair a spriocdhíríodh ar dhaoine leochaileacha iad, rannchuidigh siad le cosc a chur ar ardú na neamhionannas ioncaim (mar aon le baol na bochtaineachta).

⁵⁸ Eurostat [[tessi180](#)] agus [Flash estimates experimental results](#) [Torthaí turgnamhacha na dtobmheastachán] referring to 2022 income year [lena dtagraítear do bhliain ioncaim 2022].

Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas fós cuibheasach cobhsaí. In 2022, bhí ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROE) ag 21,6 % san Aontas, (i gcomparáid le 21,7 % in 2021 agus 21,6 % in 2020). An chobhsaíocht sin a bhí ann a bheag nó a mhór le 3 bliana anuas, chomh maith leis an bpaindéim, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine mar aon leis na hardchostais fuinnimh agus mhaireachtála, tagann an chobhsaíocht sin tar éis laghdú foriomlán ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta le deacáid anuas. Tá an chobhsaíocht sin le déanaí iontach suntasach agus í á cur i gcomparáid leis an méadú gear tar éis ghéarchéimeanna eacnamaíocha agus airgeadais 2008-09⁵⁹. Agus an chobhsaíocht fhoriomlán sin ó thaobh AROPE de á léiriú, léiríodh cobhsaíocht a bheag nó a mhór sna trí fho-chomhpháirteanna de AROPE ar leibhéal comhiomlán freisin i gcás 2022⁶⁰. Chuaigh ráta riosca na bochtaineachta (AROP) i laghad 0,3 pointe céatadáin, agus é ag 16,5 % (bunaithe ar ioncaim 2021). Thairis sin, tobmheastacháin Eurostat lena dtagraítear d'ioncaim 2022 san Aontas, tugann siad le fios go bhfuil ráta AROP cobhsaí ar an iomlán fós. Sciar na ndaoine a mbaineann ráta géardhióthachta ábhartha agus sóisialta dóibh, os a choinne sin, tháinig méadú 0,4 pointe céatadáin air in 2022, agus sciar 6,7 % i gceist. Ar deireadh, de dheasca na bhforbairtí dearfacha sa mhargadh saothair, chuaigh an sciar daoine a chónaíonn i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe i laghad 0,7 pointe céatadáin chuig 8,3 % in 2022 (bunaithe ar ghníomhaíocht 2021) (féach Roinn 2.4).

Tháinig méadú de bheagán ar sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas in 2022 agus bhí sé ní b'airde ná mar a bhí sa daonra iomlán. In 2022, tháinig méadú 0,3 pointe céatadáin ar an sciar go dtí 24,7 % (i gcomparáid le 21,6 % i gcás an daonra iomláin)⁶¹. Cé go bhfuil sé fós faoi bhun leibhéal 2015 (ar sciar 27,4 % a bhí i gceist), bhí méaduithe fíorbheaga ach seasta san Aontas ó 2020 ar sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Bhí ráta na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta cobhsaí a bheag nó a mhór (- 0,2 pointe céatadáin) in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), ráta 19,3 %, ach tháinig méadú 0,9 pointe céatadáin ar sciar na leanaí a raibh géardhiú ábhartha agus shóisialta orthu, ag sroicheadh sciar 8,4 %. Ar deireadh, chuaigh an sciar daoine a chónaíonn i dteaghlaigh (ghar-)dhífhostaithe i laghad 0,7 pointe céatadáin chuig 7,6 % in 2022 (bunaithe ar ghníomhaíocht 2021).

⁵⁹ Eurostat [[ilc_pecs01](#)]. Chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí san Aontas ar feadh tréimhse níos faide, lena n-áirítear ar mhaithe leis an bhfaireachán a dhéantar ar sprioc 2030 an Aontais maidir le laghdú na bochtaineachta, thug Eurostat tuilleadh sonraí faoi shraith gan bhriseadh chun an briseadh mór i sonraí DE in 2020 a chur as an áireamh. Áirítear leis an tsraith atá saor ó bhriseadh luachanna measta le haghaidh 2019 i gcás DE agus EU-27 agus foilsítear ar leithligh í (féach an nasc thuas).

⁶⁰ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[tessi010](#)], [[tepsr_lm420](#)], [[tepsr_lm430](#)].

⁶¹ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[tepsr_lm412](#)], [[tepsr_spi110](#)], [[tepsr_spi120](#)], [[tepsr_spi130](#)].

Thosaigh an bhochtaineacht lucht oibre ar a treocht anuas arís tar éis méadú beag in 2021

ach is dúshlán fós í. An sciar daoine a bhí fostaithe ach i mbaol bochtaineachta san am céanna san Aontas, tháinig laghdú 0,4 pointe céatadán air go dtí 8,5 % in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), díreach ní b'íse ná an sciar a bhí ann 10 mbliana ó shin (8,9 % in 2012)⁶². Bíonn grúpaí sonracha oibrithe i mbaol níos mó ná grúpaí eile fós. Áirítear orthu sin go háirithe daoine ar bheagán oideachais (18,4 %), oibrithe páirtaimseartha (13,5 %), daoine ar chonarthaí sealadacha (12,2 %), daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach (20 %) agus daoine nach saoránaigh den Aontas iad (24,3 %).

Lean an sciar de dhaoine scothaosta (65+) a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta

dá threocht aníos ó bhí 2015 ann. Chuaigh sé in airde 0.7 pointe céatadán ó bhí 2021 ann, agus ba é 20,2 % an sciar sin san Aontas in 2022⁶³. Cé go raibh sé cobhsaí i gcás an daonra iomláin, chuaigh ráta riosca na bochtaineachta (AROP) i measc an daonra scothaosta (ag tagairt d'ioncaim 2021) i méid de bheagán, go dtí 17,3 % in 2022. Ina áit sin, d'fhan sciar na ndaoine scothaosta a raibh géardhíth ábhartha agus shóisialta orthu cobhsaí a bheag nó a mhór, ag sroicheadh 5,5 % in 2022.

Baineann baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta cuid mhaith níos airde do ghrúpaí daonra leochaileacha go hiondúil ná mar is amhlaidh i gcás an daonra fhoriomláin.

D'ainneoin laghdú beag in 2022, bhí ráta AROPE fós an-ard do dhaoine atá faoi mhíchumas (28,8 %) agus do dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas (39,8 %), i gcomparáid leis an daonra iomlán (21,6 %)⁶⁴. Baineann baol bochtaineachta i bhfad níos airde do na Romaigh freisin go hiondúil⁶⁵ (féach roinn 2.4).

⁶² Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[tesov110](#)], [[ilc_iw04](#)], [[ilc_iw07](#)], [[ilc_iw05](#)], [[ilc_iw16](#)], [[ilc_iw15](#)].

⁶³ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[tepsr_lm411](#)], [[ilc_li02](#)], [[ilc_mdsl11](#)].

⁶⁴ Sonraí Eurostat a úsáidtear sa mhír seo: [[hlth_dpe010](#)], [[ilc_peps06n](#)], [[ilc_peps01n](#)].

⁶⁵ [Roma survey 2021](#) [[Suirbhé FRA Romach 2021](#)].

1.3 Dul chun cinn maidir le príomhspríocanna 2030 an Aontais agus spriocanna 2030 náisiúnta

Spriocanna maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, is iad atá ag spreagadh gníomhaíochtaí beartais ar fud na réimsí beartais ábhartha ar leibhéal an Aontais agus sna Ballstáit. Seo a leanas na trí phríomhspríoc atá ag an Aontas do 2030: i) ráta fostaíochta 78 % ar a laghad den daonra in aois oibre; ii) ráta rannpháirtíochta 60 % ar a laghad san fhoghlaím aosach gach bliain; agus iii) laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) i gcomparáid le 2019, ar cheart leanaí a bheith i gceist le 5 mhilliún ar a laghad den líon sin⁶⁶. Chuir an Coimisiún Eorpach príomhspríocanna sin an Aontais ar aghaidh i mí an Mhárta 2021, mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Choluín. Chuir na Ballstát fáilte rompu ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto i mí na Bealtaine 2021, mar a rinne an Chomhairle Eorpach ina conclúidí ó mhí an Mheithimh 2021⁶⁷. Tar éis pléití déthaobhacha le seirbhísí an Choimisiúin agus pléití iltaobhacha sna Coistí Fostaíochta agus um Chosaint Shóisialta, chuir na Ballstáit uile a spriocanna náisiúnta sna trí réimsí ar aghaidh. Phléigh Comhairle EPSCO iad i mí an Mheithimh 2022 (féach Iarscríbhinn 1). Sholáthair Plean Gníomhaíochta an Choluín spriocanna comhlántacha ar leibhéal an Aontais freisin maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, soláthar oideachais agus cúraim na luath-óige fhoirmiúil a mhéadú, laghdú a dhéanamh ar an líon NEETanna óga, sciar na daoine fásta ag a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha a ardú agus luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna a ghearradh. Shocraigh formhór na mBallstát tuilleadh spriocanna náisiúnta comhlántacha sna réimsí sin agus/nó i réimsí breise, de réir mar ba ghá dar leo chun an dul chun cinn a áirithiú maidir leis na trí phríomhspríoc i bhfianaise na gcomhthéacsanna tírshonracha. Déantar faireachán sa roinn seo ar an dul chun cinn go dtí seo i dtreo thrí phríomhspríoc an Aontais agus na spriocanna náisiúnta faoi 2030.

Le fás láidir na fostaíochta, ar an meán le 2 bhliain anuas, tá an tAontas píosa maith síos an bóthar ceart i dtreo a phríomhspríoc fostaíochta a bhaint amach faoi 2030. Tar éis an mhéadaithe go dtí 74,6 % a tháinig ar ráta fostaíochta an Aontais in 2022, ba ghá dó dul in airde 3,4 pointe céatadáin eile go dtí 2030 chun an sprioc 78 % a shroicheadh. Comhfhreagraíonn sé sin d'fhás fostaíochta bliantúil 0,5 % ar an meán, agus na réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha ó Eurostat á gcur san áireamh freisin (féach Fíor 1.3.1), agus cuirtear é sin i gcomparáid le meánráta fáis bliantúil 1,1 % a taifeadadh i gcaitheamh na tréimhse roimhe COVID 2013-19. Fiú tar éis dúinn a chur san áireamh go bhféadfadh rátaí fáis níos moille tarlú agus leibhéil a dtosaithe níos airde, tugann sé sin le fios gur deimhin go bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart i dtreo na sprice atá aige le haghaidh 2030 ó thaobh an ráta fostaíochta de.

⁶⁶ Féach: An Coimisiún Eorpach, [The European pillar of social rights action plan \[Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

⁶⁷ Féach ar líne [Dearbhú Porto](#) agus na [conclúidí](#) ón [gComhairle](#) an 24 go dtí an 25 Meitheamh 2021.


Faoi 2022, bhí dul chun cinn déanta ag na Ballstáit uile i dtreo a spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht, agus an téarnamh iar-COVID sa chúlra mar aon leis na dea-fhorbairtí sa mhargadh saothair. Léiríonn Fíor 1.3.2 go raibh ráta fostaíochta 2022 os cionn leibhéal 2020 i gcás na mBallstát uile, rud a thugann dul chun cinn le fios i dtreo na spriocanna náisiúnta a leag siad síos⁶⁸. I gcás fhormhór na mBallstát is gá tuilleadh iarrachtaí go dtí 2030 chun na bearnaí atá fós ann i leith na spriocanna náisiúnta a dhúnadh, mar a léirítear i bhFíor 1.3.2. I gcás cúig Bhallstát, os a choinne sin, tá an ráta fostaíochta a sroicheadh in 2022 níos airde cheana féin ná sprioc náisiúnta na mBallstát sin do 2030. Is iad sin an Eastóin (+ 0,6 pointe céatadáin i gcomparáid lena sprioc náisiúnta), an Ísiltír (+ 0,4 pointe céatadáin), an tSlóvaic agus an tSualainn (+ 0,2 pointe céatadáin araon), agus an Danmhairg (+ 0,1 pointe céatadáin), agus tá ráta fostaíochta na hÉireann díreach mar an gcéanna lena sprioc do 2030. I ngach ceann de na tíortha sin seachas an tSlóvaic, tá rátaí fostaíochta acu atá os cionn, agus i gcásanna áirithe (an Ísiltír, an tSualainn agus an Eastóin) cuid mhaith níos airde (thart faoi 4 phointe céatadáin nó níos mó), ná an sprioc 78 % ar leibhéal an Aontais in 2030. I measc na dtíortha eile uile dá bhfuil bearna fós ann in 2022 i dtreo a spriocanna náisiúnta do 2030, is í an Iodáil (ag 8,2 pointe céatadáin i gcomparáid lena sprioc do 2030) atá ag díriú ar an méadú is mó, agus an Bheilg (8,1 pointe céatadáin), an Spáinn (6,5 pointe céatadáin) agus an Rómáin (6,2 pointe céatadáin) dá héis sin. Ar an iomlán, in 2022, bhain tromlach na mBallstát fás fostaíochta amach a bhí ní b'airde ná an meánráta a bhí acu féin roimh an bpaindéim (i gcaitheamh thréimhse 2013-19)⁶⁹. Mar sin féin, i gcás naoi mBallstát ina measc (an tSlóvaic, an Phortaingéil, an tSeicia, an Ungáir, Málta, an Chróit, an Pholainn, an tSlóivéin agus Lucsamburg) thit an fás fostaíochta in 2022 ar chúl an mheánfháis chomhfhreagraigh a bhí ann roimh an ngéarchéim (féach Fíor 1.3.3).

-
- ⁶⁸ I mí Dheireadh Fómhair 2022, chomhaontaigh Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta cur chuige modheolaíochta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna náisiúnta maidir leis an bhfostaíocht i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Tá an roinn seo ullmhaithe ar bhonn na modheolaíochta comhaontaithe. Féach ón gCoiste Fostaíochta [Annual Employment Performance Report 2023](#) [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2023] agus an [Employment Performance Monitor 2023](#) [Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023].
- ⁶⁹ I ngeall ar an titim i ndaonra agus i gcás thromlach na mBallstát, suitear gur gá fás fostaíochta íosta bliantúil is ísle ná an fás a bhí ann sa tréimhse roimh an ngéarchéim, chun a spriocanna náisiúnta a shroicheadh. Féach ón gCoiste Fostaíochta [Annual Employment Performance Report](#) [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil] 2023.

Thairis sin, i gcás na hIodáile, na Beilge agus na Fraince, tá an fás fostaíochta íosta bliantúil measta is gá chun a spriocanna náisiúnta do 2030 a shroicheadh níos airde ná an fás comhfhreagrach a bhí ann roimh an ngéarchéim⁷⁰. I líon suntasach Ballstát, is le rátaí fostaíochta na ndaoine ar bheagán oiliúna a bhaineann an deis is mó ar mhaithe le feabhsú, lena n-áirítear, rud atá tábhachtach, tríd an uas-sciliú agus athsciliú mar aon le bearta oideachais agus oiliúna lena bhfreastalaítear ar riachtanais an mhargaidh shaothair⁷¹. Tá deis breá mór ann freisin chun feabhas a chur ar ráta fostaíochta na mban scothaosta (55-64) agus na ndaoine óga (20-29) i gcuid mhaith Ballstát.

Fíor 1.3.1: Tháinig méadú suntasach ar ráta fostaíochta an Aontais tar éis ghéarchéim COVID-19

Ráta fostaíochta san AE-27 agus príomhspríoc 2030 an Aontais (daoine 20-64 bliana d'aois, % den daonra)



• *Tabhair faoi deara:* Tá luachanna le haghaidh 2023, 2024 agus 2025 bunaithe ar réamhaisnéisí an Choimisiúin maidir leis an bhfás fostaíochta ó fhómhar 2023 mar aon le fás réamh-mheasta an daonra agus dhaonra na ndaoine in aois oibre ó réamh-mheastacháin daonra 2023 de chuid Eurostat.


Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)]; réamhaisnéis maidir leis an bhfás fostaíochta, Réamhaisnéis an Fhómhair 2023 ón gCoimisiún Eorpach; [Eurostat population projections, Europop 2023](#) [Réamh-mheastacháin daonra Eurostat, [Europop 2023](#)].

⁷⁰ I gcás Ballstát áirithe, is diúltach é an fás fostaíochta íosta is gá, rud a léiríonn titim réamh-mheasta sa daonra atá in aois oibre agus/nó go bhfuil a spriocanna náisiúnta sroichte cheana féin.

⁷¹ I mí na Nollag 2022, chomhaontaigh Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta cur chuige modheolaíochta chun acmhainneacht grúpaí sonracha daonra a chur i láthair i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo sprioc fostaíochta 2030. Léiríonn an chuid seo den tuarascáil an mhodheolaíocht chomhaontaithe. Féach ón gCoiste Fostaíochta [Annual Employment Performance Report 2023](#) [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2023] agus an [Employment Performance Monitor 2023](#) [Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023].

Fíor 1.3.2: Tháinig méadú ar rátaí fostaíochta sna Ballstáit in 2022, rud atá ina chomhartha dul chun cinn i dtreo a spriocanna náisiúnta


Ráta fostaíochta (2020 agus 2022, daoine 20-64 bliana d'aois, % den daonra) agus spriocanna náisiúnta gaolmhara do 2030



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 mar atá in Iarscríbhinn 1.

Fíor 1.3.3: I mbeagnach na Ballstáit uile bhí an fás fostaíochta in 2022 ní b'airde ná an t-athrú íosta bliantúil is gá chun an sprioc náisiúnta 2030 a shroicheadh

Fás fostaíochta in 2022 i gcomparáid le meánfhás fostaíochta bliantúil i gcaitheamh 2013-19 agus an fás fostaíochta íosta bliantúil is gá chun an sprioc náisiúnta maidir leis an ráta fostaíochta 2030 a shroicheadh




Foinse: [Annual Employment Performance Report 2023](#). [Tuarascáil Feidhmíochta Fostaíochta Bhliantúil 2023].

Spreagann príomhspríoc 2030 an Aontais maidir leis an bhfoghlaim aosach an ghníomhaíocht bheartais i dtreo oibrithe a chumhachtú agus an lucht saothair a oiriúnú d'athruithe atá ag teacht ar riachtanais scileanna, i bhfianaise an aistrithe dhúbailte éiceolaíoch agus dhigitigh agus na ganntanais saothair agus scileanna nach beag atá san Aontas. Déantar príomhspríoc 2030 an Aontais a thomhas mar ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas. Beidh sonraí maidir leis an táscaire sin ar fáil ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair gach dara bliain ó 2023 ar aghaidh⁷². Léiríonn sonraí a bhí ann roimhe agus atá bunaithe ar an Suirbhé ar an Oideachas Aosach (AES) gur ag dul in airde a bhí na rátaí rannpháirtíochta san Aontas ó 2007 go dtí 2016 (an pointe sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil; féach Fíor 1.3.4). Is gá tuilleadh dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun sprioc scileanna 2030 a shroicheadh, i gcomhréir leis an uaillmhian is gá chun go mbeidh an Eoraip iomaíoch, nuálach agus ionchuimsitheach fós, rathúil i gcomhthéacs na n-aistrithe móra atá amach romhainn. Leagann Ballstáit amach a spriocanna náisiúnta do 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach ar leibhéal uaillmhéine éagsúla, i gcomhréir leis an ngá rannchuidiú le príomhspríocanna an Aontais, agus áiteanna tosaithe difriúla á gcur san áireamh (féach Fíor 1.3.5). Cuirfear tús le pléití maidir leis an gcur chuige modheolaíochta chun faireachán a dhéanamh ar an sprioc maidir leis an bhfoghlaim aosach sa Choiste Fostaíochta a luaithe agus a bheidh na sonraí nua ar fáil ó LFS.

Fíor 1.3.4: Bhí treocht rannpháirtíochta daoine fásta ag dul in airde agus is gá tuilleadh iarrachtaí suntasacha chun príomhspríoc 2030 an Aontais a shroicheadh

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas san AE-27 agus príomhspríoc an Aontais do 2030 (daoine atá 25-64 bliana d'aois, %)




Foinse: Ó Eurostat [special extraction of the adults' participation rate in learning during the past 12 months without guided on the job training \(GOJT\), from the Adult Education Survey](#) [eastóscadh speisialta de ráta rannpháirtíochta]

⁷² Bailíodh na luachanna táscaire do 2007, 2011 agus 2016 tríd an Suirbhé ar an Oideachas Aosach (AES). Ó 2023 ar aghaidh (in éineacht le luachanna táscaire le haghaidh 2022), tá sonraí le bheith ar fáil tríd an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (LFS). Fágfaidh an fhoinsé sonraí nua go mbeifear in ann ardleibhéal comhsheasmhachta le táscairí margaidh saothair a sholáthar mar aon le sonraí níos minice. Tá anailís chuimsitheach á déanamh ar na sonraí ón dá fhoinsé suirbhé ag an gCoimisiún agus Eurostat freisin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú.

[daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost \(GOJT\) ón Suirbhé um Oideachas Aosach\].](#)

Fíor 1.3.5: Is gá iarrachtaí substaintiúla i gcoitinne ar leibhéal na mBallstát chun na spriocanna náisiúnta a leagadh síos maidir leis an bhfoghlaim aosach a shroicheadh

Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (2011 agus 2016, daoine 25-64 bliain d'aois, %) agus spriocanna náisiúnta 2030 do Bhallstáit



- *Tabhair faoi deara:* Briseadh sa tsraith le haghaidh IE, LU agus SE in 2016.
- *Foinse:* Ó Eurostat [special extraction of the Adults participation in learning during the past 12 months without guided on the job training \(GOJT\) from the Adult Education Survey](#) [eastócadh speisialta de Rannpháirtíocht Daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach] agus sa tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

In ainneoin chomhthéacs na ndúshlán socheacnamaíoch le 3 bliana anuas, bhí an líon daoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas, tar éis laghdú suntasach le deacáid anuas. In 2022, níor tháinig laghdú ach 279 000 ar líon foriomlán na ndaoine AROPE, agus é fós gar don luach 2019 a bhain leis (féach Fíor 1.3.6). Cé gur chláraigh tromlach na mBallstát dul chun cinn áirithe i dtreo a spriocanna náisiúnta (agus go háirithe an Ghréig, an Pholainn agus an Chróit, mar ar tháinig laghdú 11 % ar an líon daoine AROPE sna tíortha uile sin), is ina mhalairt de threo a bhí an treocht i gcuid mhaith de na Ballstáit eile (an Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Ostair, an Fhionlainn, an Ísiltír, an tSlóvaic, an tSualainn, Éire, an Eastóin, an Danmhairg agus Lucsamburg) (féach Fíor 1.3.7). Níor shroich ach an Chróit a sprioc náisiúnta in 2022⁷³. San am céanna, tháinig méadú 899 000 ar an líon leanaí AROPE san Aontas in 2022, i gcomparáid le 2019, agus ní raibh forbairtí fabhracha ann ach in 11 de na 21 Bhallstát a leag sprioc chomhlántach ghaolmhar mar sin síos (i.e. sa Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Chróit, an Chipir, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an tSualainn)⁷⁴. Beidh gá le tuilleadh iarrachtaí suntasacha agus le faireachán leanúnach


⁷³ [Social Protection Committee Annual Report 2023](#) [Tuarascáil Bhliantúil an Choiste um Chosaint Shóisialta 2023].

⁷⁴ Shocraigh na Ballstáit seo a leanas sprioc maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú: an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an tSualainn.

a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonfar na spriocanna náisiúnta atá leagtha síos ar leibhéal náisiúnta chun go sroichfear príomhspríoc an Aontais faoi 2030.

Fíor 1.3.6: D'fhan ráta AROPE cobhsaí a bheag nó a mhór le blianta beaga anuas, rud a fhágann nach mór iarrachtaí a dhéanamh chun é a chur i dtreo a laghdaithe chun sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach


Athrú i leibhéal AROPE AE-27 agus príomhspríoc 2030 an Aontais (daonra foriomlán, míle duine)



Tabhair faoi deara: Ríomhanna bunaithe ar shraith gan bhriseadh, agus an luach measta le haghaidh 2019 (féach fonóta 29 i roinn 1.2).
Foinse: Eurostat [ilc_pecs01].

Fíor 1.3.7: Léirigh tromlach na mBallstát dul chun cinn áirithe i dtreo a spriocanna náisiúnta, ach is gá tuilleadh iarrachtaí

Athruithe i leibhéal AROPE i gcaitheamh 2019-22 agus spriocanna náisiúnta 2030 (daonra iomlán, míle duine)



Tabhair faoi deara: Briseadh sa tsraith in 2020 le haghaidh FR, IE, DK, LU, in 2021 le haghaidh LU, in 2022 le haghaidh FR agus LU. Cuireann DK agus DE a spriocanna náisiúnta in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoriseal (VLWI) faoi 30 000 agus 1,2 milliún, faoi seach. Cuireann MT a sprioc náisiúnta in iúl mar laghdú sa ráta AROPE faoi 3,1 pointe céatadáin. Cuireann HU a sprioc náisiúnta in iúl mar laghdú ar ráta géardhiúthachta ábhartha agus sóisialta na dteaghlach ag a bhfuil leanaí go dtí 13 %, agus laghdú 292 000 ar an líon daoine AROPE dá réir sin. Cuireann DE a sprioc náisiúnta in iúl i gcomparáid le 2020 mar an bhliain tagartha.
Foinse: Eurostat [ilc_pecs01] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030 in Iarscríbhinn 1.

1.4 An tEolas is Déanaí faoin Scórchlár Sóisialta

Tacaítear sa Scórchlár Sóisialta le faireachán a dhéanamh ar Cholún Eorpach

na gCeart Sóisialta, rud a chuireann le measúnú a dhéanamh ar na príomhdhúshláin

fostaíochta, scileanna agus shóisialta sna Ballstáit agus san Aontas. Mhol an Coimisiún leagan an Scórchláir Shóisialta atá ann faoi láthair, mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Cholúin ó mhí an Mhárta 2021, agus pléadh ina dhiaidh sin é leis an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC). D'fhorhnuigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí EPSCO a phríomhtháscairí an 14 Meitheamh 2021.

Is é an phríomhuirlis chainníochtúil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo phrionsabail an Cholúin a chur chun feidhme i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh (féach Iarscríbhinn 2 chun mionsonraí teicniúla faoina phríomhtháscairí a fháil)⁷⁵. Dá réir sin, tá an Scórchlár Sóisialta mar bhonn freisin don anailís chéad chéime de réir tíre bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC⁷⁶.

⁷⁵ Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat ar leibhéal an [Bhallstáit](#) agus ar an leibhéal [réigiúnach](#). Maidir leis an leibhéal réigiúnach, tá an fhaisnéis réigiúnach sin ar fáil le haghaidh fhormhór na mBallstát agus le haghaidh táscairí roghnaithe. Cumhdaítear sa Scórchlár Sóisialta reatha 18 gcinn de 20 prionsabal an Cholúin, 4 phrionsabal níos mó ná faoin leagan roimhe seo, cé nach bhfuil aon sonra a fuarthas le déanaí ann maidir le táscaire na foghlama aosáí. Is iad prionsabail 7 agus 8, i.e. 'Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás difhostaithe' agus 'Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe' faoi seach, an dá phrionsabal nach gcumhdaítear go fóill. Baineann ceanglais cháilíochta dhochta le príomhtháscairí, ar gá léirmhíniú soiléir, normatach a bheith leo freisin (cé nach bhfuil aon chaidreamh docht aon le haon idir táscairí an scórchláir agus prionsabail an cholúin). Go dtí seo, níorbh fhéidir táscairí mar sin a aimsiú le haghaidh an dá phrionsabal sin, ach déanfaidh an Coimisiún tuilleadh oibre.

⁷⁶ Féach na [Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta](#), bunaithe ar an [Report of the EMCO-SPC Working Group on the introduction of a Social Convergence Framework in the European Semester](#) [Tuarascáil ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach].

Léirítear le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta príomhdhúshláin i mBallstáit an Aontais sna trí réimse, is iad sin comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí córa oibre agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Na príomhtháscairí lena mbaineann an líon is mó de Bhallstáit atá i gcásanna ‘criticiúla’ faoi láthair nó de Bhallstáit a bhfuiltear ‘le breathnú orthu’, sin é sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil, an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta⁷⁷, agus sciar na ndaoine fásta ag a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha (12 Bhallstát i gcás an chéad táscaire, 11 Bhallstát i gcás an dara agus an tríú táscaire, agus 9 mBallstát i gcás an táscaire deiridh, faoi seach; féach Tábla 1.4.1). Cé go bhfuil an líon iomlán ‘cásanna criticiúla’ ó phríomhtháscaire go chéile comhchosúil le líon na bliana anuraidh, tháinig méadú suntasach ar líon na gcásanna ‘le breathnú orthu’ in 2022 (60 i gcomparáid le 49 in 2021). Soláthraíonn Caibidil 3 an anailís tíre chéad chéime, dá soláthraíonn an chéad roinn eile mínithe agus achoimre ar phríomhthorthaí cothrománacha.

⁷⁷

Cé go bhfuil briseadh sa tsraith ann le haghaidh an táscaire sin in 2022 i gcás na mBallstát uile beagnach i ngeall ar athrú modheolaíochta (cuireadh é sin chun feidhme roimhe i gcás EE, FI agus SE), is é an measúnú foriomlán céanna a bheag nó a mhór agus na luachanna foilsithe an toradh atá ar na luachanna táscaire (neamhfhoilsithe) a ríomh Eurostat bunaithe ar an tsean-mhodheolaíocht.

Tábla 1.4.1: Scórchlár Sóisialta: forléargas ar na dúshlán ó Bhallstát go chéile de réir an phríomhtháscaire

		Na gníomhaith e is fearr	Níos fearr ná an meán	Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu	Ar an meán	Lag ach ag feabhsú	Le breathnú orthu	Cásanna criticiúla
Comhdheiseanna	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)	2022	HR, IE, LT, PL	BE, CY, CZ, LU, NL, PT	EL, SI	AT, FI, FR, LV, SE, SK	BG, IT	DK, EE, MT, DE, ES, HU, RO
	Sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d'aois)	2021	DK, FI, IE, NL	AT, ES, HR, LU, SE		BE, CZ, EE, EL, FR, LV, MT, PT, SK		CY, DE, HU, IT, LT, SI, BG, PL, RO
	Ráta NEET an aosa óig (% den daonra foriomlán idir 15-29 mbliana d'aois)	2022	MT, SE	AT, DE, DK, IE, LU, PL, PT	NL, SI	BE, EE, FR, HU, LT, LV, SK	BG, IT	CZ, ES, FI, HR, CY, EL, RO
	An bhearna fostaíochta idir na hinsení (pointí céatadáin)	2022	EE, FI, LT, LV	DK, FR, LU, PT	SE	AT, BE, BG, DE, ES, HR, HU, NL, SI, SK	MT, RO	CY, IE, PL, CZ, EL, IT
	Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)	2022	BE, CZ, SI, SK	DE, DK, FI, HU, IE, NL, PL, PT		AT, CY, FR, HR, LU, MT	EL, ES, RO	EE, IT, SE, BG, LT, LV
Dálai córa oibre	Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois)	2022	CZ, EE, NL, SE	BG, DE, DK, HU, IE, LT, MT		AT, CY, FI, FR, LU, LV, PL, PT, SI, SK	EL	BE, ES, HR, IT, RO
	Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	2022	CZ, DE, MT, PL	AT, BG, DK, HU, IE, NL, SI		BE, CY, EE, FI, HR, LT, LU, LV, PT, RO, SK	EL, ES, IT	FR, SE
	Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	2022	DK	AT, CZ, DE, EE, HU, IE, LU, NL, PL	MT	BE, BG, CY, FI, FR, HR, LT, LV, PT, SE, SI	EL, ES, IT	RO, SK
	Fás per capita ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (2008=100)	2022	HU, LT, PL	HR	EE, LT	DE, DK, FI, FR, LU, LV, NL, PT, SE, SI, SK	AT	BE, CY, CZ, EL, ES, IT
Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta	An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra foriomlán)	2022	CZ, SI	AT, CY, DK, LU, NL, PL, PT, SK	FI	BE, DE, HR, HU, IE, MT	EL, ES	EE, FR, IT, LT, SE, BG, LV, RO
	An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (% den daonra idir 0-17 mbliana d'aois)	2022	CZ, DK, FI, NL, SI	CY, EE, HR, HU, LU, PL		AT, BE, DE, IE, LT, LV, MT, PT, SE	EL	FR, IT, SK, BG, ES, RO
	Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)	2022	BE, DK, IE	AT, CZ, DE, FR, PL, SE	FI	CY, LT, LU, NL	LV, PT	BG, EE, ES, HU, IT, MT, SI, SK, EL, HR, RO
	An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadáin)	2022	DK, ES, IT, LU, PT	DE, FI, SI		AT, CY, CZ, EL, FR, LV, NL, SK		BG, EE, MT, PL, RO, SE, BE, HR, HU, IE, LT
	Ró-ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra iomlán)	2022	CY, SK	EE, HR, IE, LT, MT, PT, SI		AT, BE, CZ, ES, FI, IT, LV, NL, PL, RO, SE	EL	DE, HU, BG, DK, LU
	Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois)	2022	DK, FR, NL, SE	BE, EE, MT, PT, SI	ES, LU	EL, FI, IT, LV		AT, BG, CY, DE, HR, IE, LT, PL, CZ, HU, RO, SK
	Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois)	2022	CY	AT, BE, BG, CZ, DE, ES, HR, LU, MT, NL, SI		DK, FR, HU, IE, IT, LT, PL, PT, SE, SK		RO, EE, EL, FI, LV

Tabhair faoi deara: nuashonrú ó mhí Dheireadh Fómhair 2023. I ngeall ar athruithe suntasacha ar shainmhíniú an táscaire maidir le sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach in 2021, níl luach inchoimparáide le haghaidh 2019 ar fáil, dá bhrí sin is ar luachanna 2021 amháin a bhraitheann an anailís ar an táscaire sin, rud atá eisceachtúil (ag glacadh leis gur cás ‘gan aon athrú ann’ atá i gceist le haghaidh na mBallstát uile, agus le haghaidh mheánluach an Aontais freisin). Níl sonraí fais an Ollioncaim Indiúscartha Teaghlaigh per capita ar fáil i gcás na hÉireann, na Bulgáire ná na Rómáine. Tuairiscítear bristeacha i sraitheanna agus i bhfoláirimh eile in Iarscríbhinní 3 agus 4.

1.5 Príomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéad chéime maidir leis an gcóineasú sóisialta

Leis an anailís tíre chéad chéime, meastar an margadh saothair, scileanna agus forbairtí sóisialta i ngach Ballstát chun nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol a bhrath agus nach mór anailís bhreise a dhéanamh orthu mar pháirt d'anailís dara céim. Tar éis pléití i gComhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2023 maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta (SCF), agus príomhtheachtaireachtaí ó EMCO agus SPC⁷⁸ bunaithe ar an obair a rinne Meitheal chomhpháirteach thiomnaithe EMCO-SPC ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023, cuimsítear fócas tíre níos láidre le heagrán 2024 seo den togra ón gCoimisiún le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (JER). Treisíonn an anailís thírshonrach an faireachán a dhéantar ar na réimsí beartais fostaíochta, scileanna agus shóisialta sa Seimeastar Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 148 de CFAE. Comhlíonann an anailís na gealltanais a rinneadh i bPlean Gníomhaíochta an Cholúin agus ag Cruinniú Mullaigh Porto i dtéarmaí prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme ar bhealach níos láidre. Le gnéithe SCF mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC⁷⁸, beartaítear anailís dhá chéim chun measúnú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh cóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit. Is ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta is mó atá an chéad chéim bunaithe agus sainaithear léi rioscaí féideartha roimh an gcóineasú sóisialta aníos. Chun a chinneadh an ann do dhúshláin iarbhrí roimh an gcóineasú sóisialta aníos agus na príomhthosca a spreagann na dúshláin sin, braithfidh tuilleadh anailíse le linn dara céim ar thacar níos leithne fianaise cainníochtúla agus cáilíochtúla, lena n-áirítear i ndáil le dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta 2030 (féach an bosca modheolaíochta ag deireadh na roinne seo chun míniú níos mionsonraithe ar an modheolaíocht a fháil). Tabharfaidh an anailís bhreise tuairisc ar bhearta atá á ndéanamh ag na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Cuirtear i láthair sa roinn seo achoimre ar phríomhthorthaí cothrománacha ón anailís tíre chéad chéime ar SCF, agus déantar na tíortha ar dócha gur ghá anailís bhreise a dhéanamh orthu mar pháirt den dara céim a thabhairt le fios. Tá príomhthorthaí bunaithe ar an anailís tíre chéad chéime a chuirtear i láthair i gCaibidil 3 den tuarascáil.

⁷⁸ Féach na [Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta](#), bunaithe ar an [Report of the EMCO-SPC Working Group on the introduction of a Social Convergence Framework in the European Semester](#) [Tuarascáil ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach].

Ar an iomlán, agus an Scórchlár Sóisialta san anailís tíre chéad chéime á léamh, cuirtear in iúl go bhfuil feidhmíocht láidir sa mhargadh saothair ó Bhallstát go chéile, cé go bhfuil saintréithe ann lena n-aithnítear dúshlán mharthanacha a bheith ann i gcás grúpaí daonra sonracha, mar aon le roinnt rioscaí sna réimsí beartais scileanna agus sóisialta arbh fhiú grinnscrúdú breise a dhéanamh orthu. Nuair a chuirtear mhodheolaíocht soilse tráchta JER i bhfeidhm maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, táthar in ann dúshlán a shainaithint lena mbaineann ábharthacht ar leith do chur chun feidhme Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta (féach Roinn 1.4). Agus na comharthaí ó tháscairí an Scórchláir Shóisialta á gcomhiomlánú, ar bhonn ‘tír ar thír’, de réir na modheolaíochta pléite (féach an bosca ag deireadh na roinne seo), táthar in ann meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar nithe atá roimh an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit agus a d’fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol. Cuirtear achoimre chothrománach ar phríomhthorthaí cothrománacha i láthair thíos (féach freisin Tábla 1.4.1 agus Fíor 1.5.1):

- **Na Ballstáit a bhí i gcás foriomlán níos measa i dtosach báire ó thaobh an mhargaidh saothair de i dtéarmaí na fostaíochta agus na dífhostaíochta, mar aon lena comhpháirt fhadtéarmach, tháinig feabhas níos suntasaí orthu ná mar a tharla i mBallstáit eile in 2022, rud a thugann le fios go raibh próiseas cóineasaithe i gceist i dtaca leis na gnéithe sin** (féach Roinn 2.1.1, Fíoracha 2.1.1 agus 2.1.5). Dá ainneoin sin, níor éirigh chomh maith céanna leis na grúpaí daonra uile. Tá líon mór cásanna ‘criticiúla’ (dearg) agus ‘le breathnú orthu’ (flannbhuí) le sainaithint ó Bhallstát go chéile (bunaithe ar mhodheolaíocht chomhaontaithe na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht) i ndáil leis an mbearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas (i gcás 11 Bhallstát) agus an bhearna fostaíochta idir na hinscíní (i gcás 6 Bhallstát), gan aon chosúlacht ann go bhfuil treocht an chóineasaithe ag teacht aníos (féach fianaise ó Roinn 2.2.1, Fíoracha 2.2.15 agus 2.2.11 faoi seach), d’ainneoin treocht dhearfach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh (féach Fíor 1.5.1). Os a choinne sin, léirítear feabhas i gcoitinne a bheith i gceist ó thaobh ráta NEET na ndaoine óga de agus treocht an chóineasaithe i measc Bhallstáit an Aontais (féach fianaise ó Roinn 2.2.1, Fíor 2.2.9), cé go bhfuil an ráta, atá fós ard, ina ábhar imní (tuairiscítear seacht gcás ‘chriticiúla’ nó ‘le breathnú orthu’ ó Bhallstát go chéile i gcás an táscaire sin). San am céanna, tháinig méadú an fhíor-ollioncaim indiúscartha teaghlaigh per capita chun stad in 2022 den chéad uair ó bhí 2013 ann, rud a léiríonn éifeacht an bhoilscithe aird a d’fhág gur thit an fás pá chun deiridh air i mórán tíortha, agus sé Bhallstát i gcás ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’ le haghaidh an táscaire sin dá thoradh sin.

- D’ainneoin na bhforbairtí dearfacha le déanaí, tá nithe fós ann a d’fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, rud a bhféadfadh dúshláin infhostaitheachta agus neamhionannais a dhéanamh níos measa mura gcuirfear dlús suntasach le gníomhaíocht bheartais.** Is práinní fós fiú é sin i bhfianaise na nganntanas scileanna agus saothair nach beag san Aontas, rud lena ndéantar dochar don nuálaíocht agus don fhás, i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha chomh maith. Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag dul i laghad i bhformhór na mBallstát, ach d’fhéadfaí feabhas a chur ar an ngné sin fós toisc go bhfuil seacht mBallstát fós i gcásanna ‘criticiúla’ nó ‘le breathnú orthu’ agus nach léir an cóineasú aníos a bheith ag tarlú (féach fianaise ó Roinn 2.2.1, Fíor 2.2.2). Tá sé fós fíor-riachtanach luathfhágáil ón oideachas agus an oiliúint a laghdú chun lucht saothair a chothú ag a mbeidh na scileanna uile is gá chun bheith inoiriúnaithe agus oscailte i gcónaí don fhoghlaím bhreise ar feadh na saolré, i bhfianaise an dá aistriú agus na hábharthachta leis an iomaíochas agus leis an bhfás chomh maith le hathrú déimeagrafach. Tá sciar na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad íseal, agus tá naoi mBallstát i gcásanna ‘criticiúla’ nó ‘le breathnú orthu’. Faoi láthair, níl bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag beagán os cionn leath dhaonra na ndaoine fásta san Aontas, i gcomparáid le sciar de 90 % nach mór de phoist a bhfuil na scileanna digiteacha sin riachtanach dóibh. Léiríonn sé sin fairsinge shuntasach an dúshláin atá le sárú ón oideachas luathóige go dtí an fhoghlaím ar feadh an tsaoil chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair an Aontais in ann oiriúnú do na hathruithe atá ag teacht ar riachtanais scileanna an mhargaidh saothair. Idir an dá linn, chonacthas laghdú fiú i bhformhór na mBallstát ar an sciar leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois a ghlacann páirt sa chúram leanaí foirmiúil, agus tá difríochtaí suntasacha fós ann idir tíortha. Tá cás ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’ in 12 Bhallstát fós faoin ngné sin, agus ní léir aon chomhartha den chóineasú aníos a bheith ag tarlú (féach fianaise ó Roinn 2.2.1, Fíor 2.2.12).

- Tá torthaí sóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór, d’ainneoin na ndúshlán iomadúil atá roimh na Ballstáit. Mar sin féin, tá faireachán grinn le déanamh ar an gcás sóisialta i bhfianaise ardchostas na maireachtála agus na nithe gaolmhara a d’fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, lena n-áirítear i dtéarmaí éifeachtacht na gcóras cosanta sóisialta.** Bhí bearta náisiúnta agus den Aontas chun poist agus ioncaim a chosaint éifeachtach a bheag nó a mhór chun sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a choimeád cuibheasach cobhsaí le linn ghéarchéim COVID-19. Ar an gcaoi chéanna, breathnaíodh cobhsaíocht fhoriomlán i measc méaduithe ar an gcostas maireachtála le déanaí, agus tá ráta AROPE i gcás ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’ in ocht mBallstát in 2022, d’ainneoin comharthaí áirithe den chóineasú aníos a bheith le feiceáil (féach fianaise ó Roinn 2.4.1, Fíor 2.4.2). Níor breathnaíodh aon chomhartha soiléir den chóineasú aníos, os a choinne sin, i gcás sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, gné faoina raibh sé thír i gcás ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’ in 2022 (féach fianaise ó Roinn 2.4.1, Fíor 2.4.4), rud ag a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar fheidhmíocht shocheacnamaíoch an Aontais ar bhonn níos fadtéarmaí. Chuaigh tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta i laghad in 2022 (ag tagairt d’ioncaim 2021) i bhformhór na mBallstát, rud a d’fhág go bhfuil líon an-ard (11 Bhallstát) de chásanna ‘criticiúla’ nó ‘le breathnú orthu’ ann, arb é is cúis le cuid de sin an deireadh a bheith á chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta phaindéim COVID-19. Chomh maith leis sin, ró-ualach chostas na tithíochta agus an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, bhí siad ag dul in airde le déanaí, agus bhí cás ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’ i gcúig Bhallstát in 2022 i gcás an dá tháscaire, agus tá comharthaí láidre dibhéirseachta le feiceáil idir tíortha an Aontais (féach fianaise ó Roinn 2.4.1, Fíoracha 2.4.11 agus 2.4.13 faoi seach).

Sainaithníodh seacht mBallstát i gCaibidil 3 den tuarascáil seo mar Bhallstáit nach mór anailís dara céim níos doimhne a dhéanamh orthu i bhfianaise na ndúshlán a tugadh le fios le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta, ar comhartha é sin go bhfuil nithe ann a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol de réir mhodheolaíocht SCR mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtairí ó EMCO agus SPC agus sa tuarascáil⁷⁸ fholuiteach ón Meitheal (féach an Bosca ag deireadh na roinne seo). Is iad sin an Bhulgáir, an Eastóin, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, an Rómáin agus an Spáinn. I gcás na dtíortha uile sin, sainaithníodh nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol i ndáil le cásanna dúshlánacha a luadh maidir le líon sách mór de réimsí beartais, agus san am céanna i gcás na Liotuáine, bhí príomhról ag an meath a tháinig le himeacht ama ar líon níos lú de réimsí beartais (agus a cuireadh san áireamh san anailís sin). Formhór na nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol i gcás na dtíortha réamhluaite, eascraíonn siad as táscairí mar shampla an sciar den daonra ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad, an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, agus ráta AROPE, agus sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil, sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna, an cóimheas idir cúigilí ioncaim, agus ráta AROPE i gcás leanaí.

I gcás na seacht mBallstát sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin anailís dara céim níos doimhne.

Fíor 1.5.1: Forléargas ar an bhfostaíocht, scileanna agus treochtaí sóisialta agus dúshlán de réir príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta

Meánráta an Aontais, treochtaí agus dáileadh na mBallstát lena ngabhann catagóiríú sonracha na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht i measc na nithe sin uile le haghaidh gach príomhtháscaire, agus iad comhiomlánaithe freisin le haghaidh na dtrí chaibidil den Cholún



Cur chuige modheolaíochta i leith nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol san anailís tíre chéad chéime ar an gcóineasú sóisialta

Braitheann an anailís ar uirlisí atá ann faoi láthair agus a forbraíodh in éineacht leis na Ballstáit le blianta beaga anuas, bunaithe go háirithe ar an Scórchlár Sóisialta agus an rud ar a dtugtar modheolaíocht (soilse trácht) na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht. Agus iad in éineacht le chéile, fónann sé sin chun nithe a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol a shainaithint sna Ballstáit⁷⁹. Tá an anailís tíre chéad chéime bunaithe ar thacar iomlán phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta. Déantar grinnschrúdú ar gach ceann de na táscairí bunaithe ar mhodheolaíocht JER, lena gcinntear seasamh coibhneasta na mBallstát. Sloinntear an seasamh coibhneasta sin i dtéarmaí diallta caighdeánacha ó mheán dhearbh-leibhéal luach an táscaire agus an athraithe a thagann air i gcomparáid leis an mbliain roimhe chomh maith (féach Iarscríbhinn 4 chun mionsonraí níos teicniúla a fháil). Déantar achoimre ar na torthaí i gceann amháin de sheacht gcatagóirí fhéideartha le haghaidh gach táscaire don tír atá i gceist ('an gníomhaí is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'ar an meán', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cás criticiúil'). Comhfhreagraíonn sé sin do scála na ndathanna, ó ghlas go dearg.

Déantar measúnú ar gach ceann de na táscairí faoin Scórchlár Sóisialta leis an modheolaíocht a míníodh thuas, chun a shainaithint an eascraíonn nithe astu a d'fhéadfadh an cóineasú sóisialta aníos a chur i mbaol, agus dá réir sin, más gá tuilleadh anailíse a dhéanamh mar an dara céim.⁷⁹ Tagraíonn an cáiliú mar 'chás criticiúil' do na Ballstáit a bhaineann scóir amach atá i bhfad níos measa ná meánscore an Aontais i dtaca le táscaire sonracha agus ina bhfuil an cás ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas leordhóthanach ag teacht air i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Marcáiltear cás mar 'le breathnú air' in dhá chás: (a) nuair a bhaineann an Ballstát scór amach atá níos measa ná meánscore an Aontais i dtaca le táscaire sonracha agus inarb amhlaidh go bhfuil an cás sa tír ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas sách tapa ag teacht air agus (b) nuair a bhíonn an scór i dtéarmaí na leibhéil i gcomhréir le meánleibhéil an Aontais ach inarb amhlaidh go bhfuil an cás ag meathlú ina leith i bhfad níos tapúla ná meánleibhéil an Aontais.

Meastar go bhfuil údar le tuilleadh anailíse i ndara céim i gcás na mBallstát lena luaitear sé príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta nó níos mó mar chásanna dearga ('cás criticiúil') nó flannbhuí ('le breathnú orthu'). Cúis bhreise chun a mheas nach mór tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcás, bíonn sé i gceist nuair a chuirtear i láthair le táscaire dearg nó flannbhuí dhá mheathlú *as a chéile* ina chatagóirí de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht. Sampla de sin is ea athrú ó 'ar an meán' go dtí 'lag ach ag feabhsú' i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023, agus meathlú breise go dtí 'cás criticiúil' dá éis sin in eagrán 2024. D'áireofaí é sin mar 'bhratach' bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Mar shampla, más amhlaidh i mbliain ar leith *n* go bhfuil bratach dearg nó flannbhuí le cúig príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta ag tír, agus go gcuirtear 2 bhliain as a chéile de mheathluithe i láthair i gcás aon tír amháin i mblianta *n* agus *n-1*, meastar go bhfuil sé bhratach ar an iomlán ag an tír sa bhliain sin *n* (cúig chomhartha dhearga/flannbhuí ó na táscairí sa bhliain ar leith + 1 de na tíortha sin ina bhfuil dhá mheathlú as a chéile). Dá thoradh sin, bheadh sé riachtanach tuilleadh anailíse a dhéanamh air mar dhara céim chomh maith. Aon bhriseadh i sraith agus saincheistanna i ndáil le cáiliú agus le léirmhíniú na sonraí, meastar iad sa mheastóireacht ar an líon iomlán bratach i dtreo na tairsí.

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta agus an mheastóireacht orthu, braitheann siad ar na sonraí is déanaí dá bhfuil ar fáil. I gcás inarb amhlaidh maidir le sonraí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an gcatagóirí de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht, go bhfuil na sonraí sin ar iarraidh i gcás tír ar leith, úsáidtear an catagóirí comhfhreagrach de réir na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht ó eagrán na Tuarascála roimhe (más infhaighte) chun an fhaisnéis atá ar iarraidh a líonadh isteach. Má bhíonn luachanna ar iarraidh i dtaca leis an táscaire le haghaidh an eagráin is déanaí den Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an eagrán roimhe, ní áirítear na catagóirí de réir na Tuarascála i dtreo thairseach tascach na sé bhratach i gcás na hanailíse dara céim.

⁷⁹ Féach na [Príomhtheachtairíochtáil ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta](#), bunaithe ar an [Tuarascáil ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach](#).

CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA mBALLSTÁT

2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 5 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chur ar fáil chun an t-éileamh saothair agus cruthú post a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus 6 (pá) den Chólún. Le roinn 2.1.1, díritear ar phríomhfhorbairtí sa mhargadh saothair, lena léirítear tionchar ghéarchéim COVID-19 freisin agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Le roinn 2.1.2, tuairiscítear ar na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme sna réimsí sin, agus aird ar leith a thabhairt ar na réimsí sin dírithe ar fhostaíocht a chothú agus lena dtacaítear le cruthú post.

2.1.1 Príomhtháscairí

Bhí margadh saothair an Aontais athléimneach in 2022 in ainneoin na héiginnteachta a cruthaíodh le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus tionchar an bhoilscithe aird. Ar bhonn bliantúil, tháinig feabhas 1,5 pointe céatadáin ar an ráta fostaíochta don Aontas (aoisghrúpa 20-64) chuig 74,6 % in 2022, rud a d'fhág go bhfuil príomhspríoc an Aontais, go mbeadh 78 % de dhaoine 20-64 bliana d'aois i bhfostaíocht faoi 2030, breá inbhainte amach. Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta sna Ballstáit uile, agus go láidir go háirithe sa Ghréig, in Éirinn, san Eastóin, sa Bhulgáir, sa tSlóvaic, agus san Iodáil – féach Fíor 2.1.1. Taifeadadh feabhsuithe measartha i Lucsamburg agus sa Fhrainc. De réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta, tá an Iodáil, an Rómáin, an Spáinn, agus an Chróit fós 'i gcásanna criticiúla', agus iad ar leibhéil ísle, ar bhonn coibhneasta, faoi bhun 70 % fós, d'ainneoin méaduithe ar an bhfostaíocht atá thart ar mheánráta an Aontais beagán níos airde ná sin (sa Spáinn agus san Iodáil). Is é cas 'le breathnú air' atá sa Bheilg, tar éis feabhas a bhí faoi bhun an mheánleibhéil agus ó leibhéal íseal, ar bhonn coibhneasta. Ar an taobh eile, is iad an Ísiltír, an tSualainn, an Eastóin agus an tSeicia na 'gníomhaithe is fearr' (le rátaí a bhí os cionn 80 % in 2022). Ar an iomlán, is féidir cóineasú na rátaí fostaíochta a fheiceáil ó Bhallstát go chéile. Ar bhonn ráithiúil, lean an méadú ar an ráta fostaíochta ar aghaidh sa chéad leath de 2023 agus tháinig méadú 0,6 pointe céatadáin air d'ainneoin an mhoillithe sa ghníomhaíocht eacnamaíoch sa dara leath den bhliain roimhe. I bhformhór na mBallstát, is féidir difríochtaí réigiúnacha suntasacha a fheiceáil sa ráta fostaíochta (féach Fíor 5 in Iarscríbhinn 5).


Comhchruinníodh an fás fostaíochta i seirbhísí agus sna hearnálacha den gheilleagar nach raibh chomh dian ar fhuinneamh. Bhí an cruthú fostaíochta láidir go háirithe sna gníomhaíochtaí sin dá ndearna an phaindéim dochar. Spreag an deireadh a cuireadh le srianta borradh faoin éileamh agus chuir le fás fostaíochta láidir i seirbhísí dianteagmhála, mar ar tháinig méadú 1,9 % in 2022 ar an líon daoine fostaíthe (bunaithe ar chuntais náisiúnta), méadú a sháraigh na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim den chéad uair⁸⁰. Taifeadadh gnóthachain fostaíochta láidre i seirbhísí gairmiúla agus i seirbhísí TFC freisin. Os a choinne sin, bhí an cruthú fostaíochta marbhánta sa mhonaraíocht i ngeall ar bhriseadh ar shlabhraí soláthair domhanda le linn an téarnaimh agus méaduithe dá éis sin ar chostais fuinnimh tar éis ionradh míleata na Rúise ar an Úcráin. Chuir turraing an phraghais fuinnimh leis an éileamh saothair i dtionscail dianfhuinnimh a choimeád síos, agus tá fostaíocht sna tionscail sin fós 3,5 % faoi bhun na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Ar bhonn comparáideach, is mó a chuir earnálacha ina bhfuil déine fuinnimh íseal leis an bhfás fostaíochta iomlán, agus bhí an fhostaíocht sna hearnálacha sin 7 % os cionn na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim⁸¹.

⁸⁰ Tagraíonn seirbhísí dianteagmhála do mhórdhíol agus trádáil miondíola, iompar, cóiríocht agus seirbhísí bia chomh maith leis na healaíona agus siamsaíocht.

⁸¹ Féach An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2023* [*Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023*], 2023.

Fíor 2.1.1: Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta sna Ballstáit uile in 2022

Ráta fostaíochta (20-64 bliana d'aois), leibhéal 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], EU-LFS.

I bhformhór na mBallstát, thit an fás ar uaireanta iomlána an chloig a oibríodh chun deiridh ar an bhfás fostaíochta, rud a d'fhág gur thit an meánlíon uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an fhostaí i gcomparáid le 2019. Tháinig an fhostaíocht ar ais go tapa tar éis na paindéime agus sa dara leath de 2023, bhí an fhostaíocht os cionn na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim sna Ballstáit uile seachas an Laitvia, an Rómáin, an tSlóvaic, agus an Bhulgáir, agus bhí 6,4 milliún oibrí breise san Aontas san iomlán – féach Fíor 2.1.2. Tar éis na titime móire le linn na paindéime i ngeall ar úsáid fhorleathan na scéimeanna coinneála poist, tháinig an líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh aniar freisin, cé nach raibh an teacht aniar sin chomh láidir céanna leis an bhfostaíocht i bhformhór na mBallstát. Sa dara ráithe de 2023, bhí sé fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim sa Ghearmáin, sa Phortaingéil, san Ostair, sa Laitvia, sa tSlóvaic, i Lucsamburg, sa Bhulgáir, san Ungáir, agus sa Rómáin. An fás réasúnta íseal ar líon iomlán na n-uaireanta an chloig a oibríodh i gcomparáid leis an bhfostaíocht, tugann sé fios go ndeachaigh meánlíon na n-uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an oibrí i laghad ar an meán i gcomparáid le 2019, agus é ag filleadh ar threocht fhadtéarmach anuas. Is féidir cuid de sin a mhíniú leis an bhfás fostaíochta níos láidre i seirbhísí agus in earnálacha, arb é líon níos ísle ná an meán d'uaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh an oibrí, na saintréithe a bhaineann leo. D'fhéadfadh sé éifeacht luasghéarú an digitithe tar éis na paindéime a léiriú freisin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go raibh 'cnapaireacht saothair' i gceist freisin: is láidre iad na dreasachtaí a bhíonn ag cuideachtaí i gcoitinne an fhoireann atá acu cheana a choinneáil agus uaireanta oibre a laghdú go sealadach san am céanna, i bhfianaise dhoichte leanúnach an mhargaidh saothair agus ganntanais leanúnacha scileanna⁸².

Fíor 2.1.2 Tá na huaireanta an chloig a oibríodh in aghaidh oibríthe ag titim i bhformhór na mBallstát

Athrú ar an bhfostaíocht iomlán agus ar an líon uaireanta an chloig a oibríodh idir R4-2019 agus R2-2023 (%)



Tabhair faoi deara: Sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir agus de réir na féilire. Níl na sonraí maidir le fostaíocht fhoriomlán coigeartaithe de réir séasúir ach le haghaidh CZ, EL, FR, MT, PL, PT. Níl na sonraí maidir le huaireanta an chloig oibríthe coigeartaithe de réir séasúir ach le haghaidh MT agus níl siad ar fáil le haghaidh BE.


Foinse: Eurostat [[namq_10_a10_e](#)], Cuntais náisiúnta.

⁸² Féach Arce et al., *More jobs but fewer working hours [Tuilleadh post ach líon níos lú d'uaireanta oibre]*, Blag BCE, Meitheamh 2023

Is minice a bhreathnaítear ar scéimeanna oibre gearr-ama mar uirlis bheartais éifeachtach chun déileáil le briseadh seachtrach sealadach ar an ngeilleagar. Cruthaíodh go raibh scéimeanna oibre gearr-ama dea-dheartha agus scéimeanna comhchosúla coinneála poist éifeachtach chun poist agus ioncaim a chaomhnú le linn ghéarchéim COVID-19. Leis an gcúnamh airgeadais a soláthraíodh faoin Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE), soláthraíodh dreasachtaí do na Ballstáit freisin chun beartais éifeachtacha coinneála poist a shaothrú trí scéimeanna nua a chur ar bun nó trí shíneadh a chur le scéimeanna a bhí ann cheana. Le linn luath-thréimhse na paindéime, ní fhacthas riamh roimhe úsáid chomh forleathan a bheith á baint as scéimeanna oibre gearr-ama⁸³. Tháinig laghdú géar ar an úsáid dá éis sin i gcomhthéacs an téarnaimh in 2021 nuair a laghdaíodh srianta ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Bhraith roinnt Ballstát, lena n-áirítear an Bheilg agus an Iodáil, ar scéimeanna oibre gearr-ama arís chun tionchar eacnamaíoch chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus turraing an phraghais fuinnimh ina dhiaidh a mhaolú. Mar sin féin, bhí an úsáid a baineadh as scéimeanna oibre gearr-ama sách teoranta, agus níor eascair méadú substaintiúil ar leibhéal comhiomlán aisti – féach Fíor 2.1.3.

Fíor 2.1.3: Tugadh scéimeanna oibre gearr-ama isteach an athuair nó cuireadh síneadh leo i mBallstáit áirithe chun éifeachtaí na méaduithe tobanna agus géara ar phraghas an fhuinnimh a mhaolú

Úsáid na scéimeanna oibre gearr-ama i gcoibhneas le paindéim COVID-19 (2020/04 = 100)



Tabhair faoi deara: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí riaracháin míosúla (an líon oibríthe gearr- ama; an líon uaireanta an chloig i gcás TF) a bhí ar fáil i gcás cúig Bhallstát a raibh scéimeanna oibre gearr- ama acu roimhe. Níl sonraí ar fáil le haghaidh FR ach i gcás na chéad ráithe de 2023.

Foinse: Office national de l'emploi (ONEM), Statistik der Bundesagentur für Arbeit, Seguridad Social: Estadísticas, Ministère du Travail - Direction de l'Animation de la Recherche, des Études et des Statistiques (Dares), Istituto Nazionale della Previdenza Sociale (INPS).

⁸³ De EUR 122 bhilliún de chaiteachas poiblí iomlán ar bhearta incháilithe i gcaitheamh ré iomlán SURE, caitheadh 49 % ar scéimeanna oibre gearr-ama, 31 % ar 'bhearta comhchosúla' le haghaidh na ndaoine féinfhostaithe agus 9 % ar scéimeanna fóirdheontais pá. Caitheadh formhór mór na gcistí le linn na tréimhse ba ghéire den phaindéim. Foinse: [SURE tar éis a éagtha – tuarascáil leathbhliantúil chriochnaitheach](#); [COM\(2023\) 291 final](#).

Treocht anuas atá fós i gceist ó thaobh na féinfhostaíochta de, agus tá difríochtaí áirithe idir tíortha agus earnálacha. Tháinig laghdú beag ar sciar na n-oibrithe féinfhostaithe san fhostaíocht iomlán ó 14,8 % in 2010 go 13,1 % in 2022⁸⁴. Le linn na tréimhse sin, chonacthas na laghduithe ba mhó san fhéinfhostaíocht sa talmhaíocht agus sa tráchtáil, agus breathnaíodh na méaduithe ba shuntasáí sna hearnálacha poiblí agus neaspheiblí (riarachán poiblí, oideachas agus sláinte) agus san earnáil TFC. Aistríodh struchtúr scileanna na ndaoine féinfhostaithe freisin, agus oideachas treasach ag 38 % díobh in 2022 i gcomparáid le 27 % agus gan ach an méid sin in 2010. Le linn na paindéime, chuaigh meánlíon uaireanta oibre na ndaoine féinfhostaithe i laghad ní ba láidre ná meánlíon uaireanta oibre na bhfostaithe (7 % de laghdú i gcomparáid le 1,9 %), arbh é cuid den chúis leis sin níos mó daoine féinfhostaithe a bheith sna hearnálacha ba mhó a bhí thíos leis an bpaindéim⁸⁵. Chuaigh rátaí riosca na bochtaineachta do dhaoine féinfhostaithe in airde ní ba mhó ná mar ab amhlaidh i gcás fostaithe idir 2019 agus 2021 freisin. Is féidir cuid de na difríochtaí sin a chur i leith difríochtaí sa chumhdach cosanta sóisialta agus leibhéal níos ísle na tacaíochta ioncaim a sholáthraítear do dhaoine féinfhostaithe⁸⁶. In 2022, bhí éagsúlacht shuntasach ann maidir le sciar na ndaoine féinfhostaithe i measc na n-oibrithe uile ó Bhallstát go chéile, agus an sciar sin ag sroicheadh gar dó 20 % nó os a chionn san Iodáil agus sa Ghréig agus timpeall 8 % sa Ghearmáin agus sa Danmhairg. Ba iad oibrithe féinchuntais an sciar ba mhó de dhaoine féinfhostaithe san Aontas (thart ar 70 %) agus i bhformhór na mBallstát in 2022.

⁸⁴ Braitheann an mhír sin ar Eurostat [[lfsa_egaps](#)], [[lfsa_esgan2](#)], [[lfsa_esgaed](#)], SFS an Aontais.


⁸⁵ Chun treochtaí atá ann le déanaí san am oibre agus na deitéarmanaint a bhaineann leo a fháil, féach An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe: annual review 2023* [*Forbairtí an mhargaidh saothair agus an phá san Eoraip: athbhreithniú bliantúil 2023*], 2023.

⁸⁶ Eurofound, *Social protection for self-employed: Lessons from the pandemic*, 2024 [Cosaint shóisialta do dhaoine féinfhostaithe: Ceachtanna ón bpaindéim, 2024] (le teacht).

Bhí an athléimneacht fós le feiceáil san éileamh saothair d’ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar ag deireadh 2022, rud a chuir leis an doichte mharthanach sa mhargadh saothair. Ag deireadh na bliana agus d’ainneoin laghdú bog, shroich an ráta folúntais 2,8 %, ráta atá cuid mhaith os cionn an mheánleibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, is é sin, 1,7 % le haghaidh na tréimhse 2013-2019⁸⁷. Sa dara ráithe de 2023, bhí ganntanais saothair mar thoisc a chuir teorainn leis an táirgeadh dar le thart ar 34 % de ghnóthais i seirbhísí, 31 % san earnáil tógála, agus 26 % san earnáil monaraíochta – féach Fíor 2.1.4⁸⁸. Sa ráithe chéanna, tuairiscíodh ganntanais a bhí gar do 50 % nó os a chionn i dtionscal i gcás na Polainne, Mhálta, na Cróite, agus na Slóivéine. I seirbhísí, is i Málta, sa Pholainn, agus san Ísiltír ab airde na ganntanais a tuairiscíodh. Cé go bhfuil comharthaí beaga áirithe ann go bhfuil an doichte sa mhargadh saothair ag maolú, tá coinne leis go mbeidh neamhréireachtaí ann idir scileanna agus ganntanais san aistriú leanúnach i dtreo geilleagar digiteach agus geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de mura mbeidh tacaíocht bheartais leormhaith ann. Dúbláíodh ganntanais saothair in earnálacha lena mbaineann príomhthábhacht san aistriú glas ó bhí 2015 ann, agus tá an soláthar oiliúna sna hearnálacha sin fós faoi bhun an mheáin⁸⁹. Beartaíse éifeachtacha chun cuidiú le hoibrithe na scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a fhorbairt agus a láidriú, baineann tábhacht ar leith fós leo chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais mharthanacha saothair agus scileanna agus chun tacú leis an dá aistriú a bheith cothrom.

Fíor 2.1.4: Tá na ganntanais lucht saothair atá tuairiscithe fós suntasach i bhformhór na mBallstát

Toisc a theorannaíonn táirgeacht is ea an sciar fostóirí a thuairiscíonn infhaighteacht saothair, arna sórtáil de réir luachanna le haghaidh seirbhísí (%), R2-2023)



Foinse: Suirbhé Eorpach Gnó agus Tomhaltóirí (EU-BCS), Eurostat).

⁸⁷ Eurostat [jvs_q_nace2]. Is é an ráta folúntais poist líon foriomlán na bpost atá folamh (i.e. poist íoctha a cruthaíodh as an nua, poist fholmha, nó a bheidh folamh go luath) ina gcéatadán de na poist atá líonta agus folamh.

⁸⁸ I gcás R4-2022, is é 30,8 %, 32,7 % agus 26 % faoi seach ráta folúntais na bpost sin sna catagóirí thuasluaite, ag tagairt do sciar na ngnólaigh sa Aontas a thugann le fios go bhfuil ganntanais lucht saothair ina dtoisc atá ag teorannú a dtáirgthe, mar a thomhaistear sa Suirbhé Gnó agus Tomhaltóra Eorpach (EU-BCS).


⁸⁹ Is gnólaigh tógála, fuinnimh, bainistíochta dramhaíola, iompair agus monaraíochta iad sin, arna n-aicmiú faoi chreat NACE.

Shroich an ráta dífhostaíochta na leibhéil ab ísle dá raibh ann riamh i mórán Ballstát in 2022.

Chuaigh meánráta dífhostaíochta an Aontais (15-74 bliana d'aois) i laghad go dtí 6,2 % (ó ráta 7,1 % in 2021), agus sroicheadh an ráta ab ísle le haghaidh na mblianta dá bhfuil comhiomlán an Aontais ar fáil. Bhí an titim sa dífhostaíocht ní ba mhó i dtíortha ina raibh leibhéil dífhostaíochta ard, ar bhonn coibhneasta, rud a d'fhág cóineasú i leibhéil dífhostaíochta idir na Ballstáit – féach Fíor 2.1.5. In 2022, taifeadadh na laghduithe ba mhó sa Ghréig agus sa Spáinn, is e sin, 2,2 pointe céatadáin agus 1,9 pointe céatadáin faoi seach, san am céanna, níor tháinig aon athrú ar an gcás sa Rómáin agus tháinig feabhas beagán ní ba lú ar an dífhostaíocht san Ungáir, sa Pholainn, agus i Málta (feabhas 0,5 pointe céatadáin). De réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta, tá an cás sa Ghréig, sa Spáinn, agus san Iodáil 'lag ach ag feabhsú' de thoradh a bhfeidhmíocht a bheith os cionn an mheánleibhéil. San am céanna, is é cás 'le breathnú orthu' atá sa Fhrainc agus sa tSualainn d'ainneoin feabhsuithe timpeall nó os cionn mheánleibhéil an Aontais i ngeall ar a rátaí dífhostaíochta atá réasúnta ard. I bhformhór na mBallstát, is féidir difríochtaí réigiúnacha suntasacha sa ráta dífhostaíochta a fheiceáil (féach Fíor 6 in Iarscríbhinn 5).

Fíor 2.1.5: Shroich an ráta dífhostaíochta na leibhéil ab ísle dá taifeadadh i mórán Ballstát in 2022

Ráta dífhostaíochta (idir 15-74 bliana d'aois), leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [une_rt_a], EU-LFS.

Baineann acmhainneacht láidir leis an aistriú glas maidir le poist ardcháilíochta a chruthú agus spreagar ath-leithdháileadh suntasach lucht saothair dá bharr i ngeall ar thionchar difreáilte ó earnáil agus réigiún go chéile. Agus na beartais chearta fostaíochta agus oiliúna ag tacú leo, d'fhéadfaí suas le 1 mhilliún post breise a chruthú san Aontas faoi 2030 le beartais ghlan-nialasachta, agus cruthú post á chothú sna hearnálacha inar dócha go bhfeicfear méadú ar an éileamh, a bheidh nasctha leis an nglasú, agus in earnálacha eile dá ndéantar difear neamhdhíreach chomh maith⁹⁰. In 2020, shroich fostaíocht san éicithionscal 2,5 % den fhostaíocht fhoriomlán san Aontas (i gcomparáid le 2,2 % in 2015), cé go raibh difríochtaí substaintiúla ann ó Bhallstát go chéile. Le tionscnaimh bheartais a bhí ann le déanaí chun na deiseanna atá ag teacht chun cinn i dtionscail ghlasa a thapú, mar shampla Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach agus an Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta, d'fhéadfaí éileamh a chruthú le haghaidh idir 450 000 agus 550 000 post breise chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha a fhorbairt, a mhonarú agus a chur in úsáid⁹¹. Ar na hearnálacha a réamh-mheastar go mbainfidh fás fostaíochta leo, áirítear na hearnálacha tógála, leictreachais agus fuinnimh in-athnuaite, na hearnálacha monaraíochta earraí leictreacha, bainistíochta dramhaíola, agus talmhaíochta. Dá ainneoin sin, ganntanais saothair agus scileanna agus infheistíocht neamh-leordhóthanach i gcomparáid leis an méid is gá, d'fhéadfaidís bac a chur ar ghnóthachain ó thaobh na fostaíochta de. Beartais éifeachtacha chun an t-uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn, dreasachtaí fostaíochta, dálaí oibre leormhaithe agus aistrithe lucht saothair, tá siad ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir leis na hoibrithe uile tairbhiú de na deiseanna poist a thairgtear leis an aistriú glas (féach Bosca Cholún 2 maidir le scileanna agus inniúlachtaí a chothú ar mhaithe le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta).


⁹⁰ Féach an Coimisiún Eorpach, *Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Uaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a ghéarú. Infheistíocht i dtodhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de chun leasa ár ndaoine]*, SWD(2020) 176 final. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar E-QUEST, agus úsáid á baint as cás 'cánachais níos ísle lucht saothair ar bheagán oiliúna'.

⁹¹ Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Thosaigh fás an phá ainmniúil ar an luasghéarú in 2022 agus an boillsciú ard agus dálaí dochta sa mhargadh saothair. Shroich fás i gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí 4,8 % san Aontas in 2022, i bhfad os cionn an mheáin de thimpeall 1,9 % ó 2013 go 2019. Chuaigh sé in airde go dtí 5,5 % bliain ar bhliain sa chéad ráithe de 2023 – féach Fíor 2.1.6. Léiríonn na forbairtí sin boillsciú ard (ag sroicheadh buaicphointe 11,5 % bliain ar bhliain i mí Dheireadh Fómhair 2022) agus dálaí dochta an mhargadh saothair a bheith ag leanúint ar aghaidh. Sa dara leath de 2022 agus i dtús 2023, chláraigh formhór na mBallstát an fás pá ainmniúil ab airde ó bhí 2000 ann. Sa dara ráithe de 2023, tháinig fás de bhreis agus 10 % ar an bpá ainmniúil ar bhonn bliantúil sa Rómáin, san Ungáir, sa Pholainn, sa tSlóivéin, sa Laitvia, sa Liotuáin agus sa Chróit ach ba lú ná 2 % an fás sin i Málta. Réamh-mheastar go gcuirfear tuilleadh dlúis le fás an phá ainmniúil in 2023, sula maolóidh sé de réir a chéile in 2024 agus 2025⁹², d’ainneoin an mhoillithe ar an ngeilleagar, toisc an boillsciú agus ganntanais lucht saothair a bheith fós ard, agus go dtugtar freagairt mhoillithe ó thaobh pá de i ngeall ar thréithe céimnithe na caibidlíochta pá⁹³.

Fíor 2.1.6: Leanadh den fhás ar an bpá ainmniúil in 2022 agus an boillsciú ard agus dálaí dochta sa mhargadh saothair

Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí (% bliantúil d’athrú, 2021, 2022, R2-2023)



Tabhair faoi deara: Nóta:(1) Déantar pá a thomhas leis an táscaire ‘Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí’, a ríomhtar mar chúiteamh foriomlán na bhfostaithe roinnte ar líon foriomlán na bhfostaithe. Sainmhínítear an cúiteamh foriomlán mar an luach saothair foriomlán, in airgead tirim nó in ábhar comhchineáil, atá le hioc ag fostóir le fostaí as obair a dhéanann an fostaí le linn na tréimhse cuntaisíochta agus tá dhá chomhpháirt i gceist leis: (i) Féadfar pá agus tuarastail a íoc le hairgead tirim nó le hábhar comhchineáil; agus ii) Ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag fostóirí. (2) Is ionann sonraí na gcuntas náisiúnta agus gach sonra a úsáidtear. Tá na táscairí bunaithe ar luachanna airgeadra náisiúnta. (3) Rangaítear tíortha de réir ord aníos an fháis ainmniúil ar phá 2022.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí [hwcdw]. Le haghaidh R1 agus R2-2023: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Cúiteamh fostaithe [namq_10_gdp], agus Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e], Cuntais Náisiúnta.

⁹² Féach an Coimisiún Eorpach, *European Economic Forecast, Autumn 2023 [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2023]*, Páipéar Institiúideach 258, Samhain 2023.

⁹³ Bíonn comhaontuithe pá céimnithe sa mhéid go dtarlaíonn athchaibidlíocht ag tráthanna difriúla, agus go mbíonn na cinntí gaolmhara maidir leis an bpá baili ar feadh tréimhse áirithe. San Aontas Eorpach, i gcás thromlach na ngnólaictaí, ní tharlaíonn athchaibidlíocht phá ach uair amháin sa bhliain nó níos annaimhe ná sin. Féach Fabiani, S., Kwapił, C., Rößm, T., Galuscak, K. agus Lamo, A., *Wage rigidities and labor market adjustment in Europe*, Journal of the European Economic Association, Iml. 8, Uimh. 2-3, lgh. 497–505., 2010.

Cuireadh dlús leis an bhfás ar an bpá idirbheartaithe sa limistéar euro in 2022 agus lean an fás sin ar aghaidh ar luas a bhí ní b'airde ná a taifeadadh le fada, sa chéad leath de 2023. Murab ionann agus na forbairtí i gcúiteamh in aghaidh an fhostaí, gabhtar sa táscaire maidir le pá idirbheartaithe toradh na bpróiseas cómhargála sa limistéar euro agus ní bhraitheann an táscaire an líon uaireanta an chloig a oibríodh. In earnálacha áirithe, is é an pá íosta é. Tháinig méadú 4,3 % (ar bhonn bliantúil) ar an bpá caibidlíthe sa chéad agus sa dara ráithe de 2023, ráta a bhí cuid mhaith os cionn na rátaí fáis a breathnaíodh sna ráithí a bhí ann roimhe (rátaí fáis idir 2,6 % agus 3,1 % i gcaitheamh 2022)⁹⁴. Ba iad sin na rátaí ab airde dá raibh ann ó bhí 2009 ann, i gcomhthéacs ina ndearnadh éilimh chun caillteanais na cumhachta ceannaigh a chúiteamh sa caibidlíocht phá. I roinnt mhaith comhaontuithe pá le déanaí, ceanglaíodh méaduithe buana ar an bpá le tairbhí cnapshuime agus le híocaíochtaí aonuaire, rud a chuaigh chun tairbhe saothraithe ar phá íseal den chuid is mó.


D'ainneoin arduithe ainmniúla, thit an fíorphá i mbeagnach na Ballstáit uile in 2022 agus 3,7 % ar an meán san Aontas, agus leanadh den laghdú sa chéad leath de 2023, cé gur mhoille luas an laghdaithe sin (féach Fíor 2.1.7). Bhí ráta fáis an phá ainmniúil ní ba mhoille ná an ráta boilscithe, rud a d'fhág gur thit an fíorphá sna Ballstáit uile beagnach seachas an Bhulgáir, an Ungáir agus an Pholainn in 2022. Is san Eastóin, sa Ghréig, san Ísiltír agus sa Laitvia a breathnaíodh na caillteanais ba mhór (caillteanas 7 % nó níos mó). Mar sin féin, i ngeall ar fhás níos láidre an phá agus ar mhaolú an bhoilscithe, tá an laghdú ar an bhfíorphá tar éis a bheith ag moilliú. Sa dara ráithe de 2023, bhí an fíorphá fós ag dul i laghad ar an meán san Aontas (laghdú 0,8 % bliain ar bhliain) ach d'fhás an fíorphá i mbeagnach leath na mBallstát. An chumhacht cheannaigh a aisghabháil de réir a chéile agus tuilleadh caillteanas a mhaolú, tá sé sin fíor-riachtanach chun éifeachtaí sóisialta ardchostas na maireachtála a imshrianadh go háirithe ar shaothraithe ar phá íseal. Tugann forbairtí i gcorrlaigh bhrabúis le fios go bhféadfadh tuilleadh méaduithe ar an bpá a bheith indéanta in earnálacha áirithe, cé go mbeifear ar an airdeall san am céanna faoi éifeachtaí indéacha ar an mboilsciú⁹⁵. Sa chomhthéacs seo, an chómhargáil éifeachtach, i gcomhréir le dlíthe agus cleachtais náisiúnta, tá sé sin ríthábhachtach chun fás foriomlán pá a bhaint amach a thacóidh leis an gcumhacht cheannaigh, go háirithe cumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íseal agus ar phá meánach, ach a chothóidh an cruthú post agus a dhéanfaidh an t-iomaíochas a choimirciú san am céanna.

⁹⁴ Is táscaire BCE ar phá idirbheartaithe le haghaidh limistéar an euro meán ualaithe ar rátaí fáis náisiúnta bliain ar bhliain de phá a aontaíodh i gcomhpháirt le haghaidh formhór tíortha i limistéar an euro. Foinse: [ECB Statistical Warehouse](#).

⁹⁵ Féach An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2023 [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2023]*, 2023.

Fíor 2.1.7: Laghdaíodh an fíorphá in 2022 agus tá an laghdú ag leanúint ar aghaidh, cé go bhfuil an ráta ag moilliú

Fíor-ollphá agus fíor-olltuarastail in aghaidh an fhostaí, (athrú % bliantúil; 2021, 2022 agus R2-2023)



Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Ollphá agus olltuarastail ainmniúla in aghaidh an fhostaí [hwwdw]; díbhóilsceoir: Innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí [zcpih]. Le haghaidh R2-2023: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Pá agus tuarastail [namq_10_gdp], Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e] agus Innéacs comhchuibhithe na bpraghsanna tomhaltóra [prc_hicp_midx].

Ó mhí Eanáir 2022 go dtí mí Iúil 2023, tháinig méadú suntasach ar an bpá íosta náisiúnta i dtéarmaí ainmniúla, rud a thug cúiteamh i leith thionchar an bhoilscithe aird ar chumhacht cheannaigh na saothraithe ar phá íosta i leath na mBallstát a bhfuil pá íosta náisiúnta acu. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2023, chuaigh an pá íosta náisiúnta in airde de bhreis agus 5 % i dtéarmaí ainmniúla sna Ballstáit uile mar a bhfuil an pá íosta sin i bhfeidhm agus de bhreis agus 10 % i bhformhór na dtíortha sin – féach Fíor 2.1.8. Is de thoradh méaduithe substaintiúla i gcaitheamh 2022 a bhí an fhorbairt sin, mar aon leis na nuashonruithe i mí Eanáir 2023, i gcomhthéacs ina ndearnadh an t-ardchostas maireachtála difear do shaothraithe ar phá íseal go háirithe. Ba léiriú é an méadú in 2022 ar na coigeartuithe a dhéantar ar bhonn rialta (e.g. an Ísiltír), lena n-áirítear freisin innéacsú uathoibríoch i gcás ina mbíonn sásraí mar sin i bhfeidhm (e.g. an Bheilg, an Fhrainc agus Lucsamburg), agus nuashonruithe lánroghnacha eile (e.g. an Ghearmáin agus an Ghréig)⁹⁶. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Iúil 2023, ní fhéadfadh saothraithe ar phá íosta tairbhiú de mhéaduithe substaintiúla i dtéarmaí réadacha (méaduithe de bhreis agus 2 % nó níos mó) ach amháin sa Ghearmáin, sa Bheilg, sa Ghréig, i Lucsamburg, san Ísiltír, agus sa Bhulgáir. Sa Pholainn, sa Rómáin, sa Laitvia, sa Spáinn agus sa Fhrainc, d’fhan an pá íosta náisiúnta mórán mar a bhí i dtéarmaí réadacha, agus an chumhacht cheannaigh á coimirciú fós. Mar sin féin, chuaigh an pá íosta i laghad de bhreis agus 3 % (i dtéarmaí réadacha) i ndeich mBallstát, agus de bhreis agus 10 % sa tSeicia agus san Ungáir, agus thart ar 10 % san Eastóin, i Málta, agus sa tSlóivéin⁹⁷. Ina theannta sin, i roinnt Ballstát gan pá íosta náisiúnta, bhí fás réasúnta íseal i gcás an phá íosta a aontaíodh i gcomhpháirt, rud a d’fhág go raibh caillteanais shuntasacha i dtéarmaí réadacha ann⁹⁸.


⁹⁶ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2022* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip – Athbhreithniú Bliantúil 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.

⁹⁷ Ós rud é go leagtar rátaí ainmniúla síos gach Eanáir agus nach ndéantar athbhreithniú orthu le linn na bliana i bhformhór na dtíortha, ní dhearnadh nuashonruithe ach i mbeagán Ballstát tar éis mhí Eanáir 2023.

⁹⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Eurofound, *Minimum wages in 2023: Annual review, Minimum wages in the EU series, [Pá íosta in 2023: Athbhreithniú bliantúil, sraith maidir le pá íosta san Aontas Eorpach]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023.

Fíor 2.1.8: Thug nuashonruithe ar an bpá íosta náisiúnta cúiteamh i leith thionchar an bhoilscithe aird ar chumhacht cheannaigh i leath na mBallstát

Athrú ar an bpá íosta náisiúnta i dtéarmaí réadacha agus ainmniúla (ráta fáis, %)



Tabhair faoi deara: Rangaítear na Ballstáit de réir ord a méide anuas ó thaobh an mhéadaithe ar an bpá íosta náisiúnta i dtéarmaí réadacha in 2023.

Foinse: Ríomhanna Líonra Comhfhreagrachta Eurofound agus AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat, [\[earn_mw_cur\]](#) agus [\[prc_hicp_midx\]](#).

Is fíor fós nach ráthaíocht é post a bheith ag duine go mbeidh bealach amach as an mbochtaineacht dó. An sciar daoine 18 mbliana d'aois atá fostaithe agus i mbaol na bochtaineachta san Aontas, ba é 8,5 % in 2022 an sciar sin (ag tagairt d'ioncaim 2021) agus bhí sé ní b'íse i gcomparáid le 10 mbliana ó shin, ach chuaigh sé i laghad i líon ba lú ná leath na mBallstát i gcaitheamh na tréimhse sin⁹⁹. Is don Rómáin agus don Ghréig a bhain na laghduithe ba ghéire idir 2012 agus 2022 (4,5 pointe céatadáin an ceann) ach bhí rátaí os cionn mheánráta an Aontais in 2022 acu fós (ráta 14,5 % agus 10,6 % faoi seach). Tá Lucsamburg, an Spáinn, an Iodáil, an Eastóin, an Phortaingéil, an Bhulgáir, agus an Pholainn os cionn mheánráta an Aontais freisin, agus (cé is moite den Pholainn), tá méadú le 10 mbliana anuas le feiceáil sna tíortha sin. D'ainneoin a ghéire a bhí géarchéim COVID-19 ar mhórán oibrithe, d'fhan bochtaineacht an lucht oibre cobhsaí a bheag nó a mhór ó bhí 2019 ann (ag tagairt d'ioncaim 2018) i bhformhór na mBallstát. Idir 2019 agus 2022, níor léiríodh méaduithe móra ach sa tSlóvaic, sa Chipir agus in Éirinn amháin (méaduithe 2,7 pointe céatadáin, 1,2 pointe céatadáin agus 1 phointe céatadáin faoi seach), agus bhí laghduithe de bhreis agus 1 phointe céatadáin san Ungáir, sa Bheilg, sa Rómáin, agus sa Spáinn. De réir luathmheastacháin Eurostat dá dtagraítear do bhliain ioncaim 2022, tá coinne leis go rachaidh bochtaineacht an lucht oibre i laghad san Aontas ar an meán, agus go háirithe sa Chróit, san Ostair, san Eastóin agus san Iodáil, i gcomhréir le méaduithe níos airde ar ioncaim fostaíochta le haghaidh oibrithe ag a bhfuil tuilleamh níos íse¹⁰⁰. Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe, tá bochtaineacht an lucht oibre ar fud an Aontais níos airde i measc daoine ar bheagán oideachais (18,4 %), oibrithe páirtaimseartha (13,5 %), na daoine sin atá ar chonarthaí sealadacha (12,2 %) agus go háirithe daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach (19,9 %) agus daoine nach saoránaigh den Aontas iad (24,3 %).

⁹⁹ Eurostat [[ilc_iw01](#)], EU-SILC.


¹⁰⁰ Féach [Early estimates of income inequalities](#) [Luath-mheastacháin ar neamhionannais ioncaim].

Is féidir tionchar a bheith ag an gcánachas saothair ar dhreasachtaí oibre agus fostaíochta.

Maidir leis an ding chánach le haghaidh duine aonair ar mheánphá, tá sé tar éis dul i laghad 2,2 pointe céatadáin san Aontas ó bhí 2012 ann, ag sroicheadh 39,7 % in 2022¹⁰¹. I gcaitheamh na tréimhse céanna, i 14 Bhallstát bhí laghduithe suntasacha (de bhreis agus 1 phointe céatadáin amháin) ina ndingeanna cánach ar an leibhéal sin, agus is sna tíortha seo a leanas a bhí na laghduithe ba láidre: an Ungáir (8,7 pointe céatadáin), an Rómáin (6,2 pointe céatadáin), an Ghréig (5,7 pointe céatadáin), an Laitvia (3,7 pointe céatadáin), an Ísiltír agus an Fhrainc (3,1 pointe céatadáin). Os a choinne sin, i gcaitheamh na tréimhse céanna, tharla méaduithe suntasacha i sé thír, lena n-áirítear sa Phortaingéil (4,3 pointe céatadáin), Lucsamburg (3,3 pointe céatadáin) agus Málta (2,4 pointe céatadáin). Rud atá tábhachtach, maidir leis an ding chánach le haghaidh duine aonair ar phá íseal (50 % den mheánphá), tá sé tar éis dul i laghad 3,3 pointe céatadáin san Aontas ó bhí 2016 ann, agus 0,4 pointe céatadáin ó bhí 2021 ann. Mar sin féin, bhí an ding chánach iontach éagsúil ó Bhallstát go chéile in 2022 – ó 18 % sa Chipir go 41 % san Ungáir agus sa Ghearmáin – féach Fíor 2.1.9. Tionchar an chánachais saothair, ní ar an meánding chánach amháin a bhraitheann sé, ach ar dheardh an chórais freisin, rud a chinneann dáileadh ualach na cánach idir fostóirí agus fostaithe.

Fíor 2.1.9: Tá an ding chánach níos ísle le haghaidh saothraithe ar phá íseal

Ualach cánach le haghaidh saothraí ar phá íseal (50 % agus 67 % den mheánphá) i gcomparáid leis an meánphá in 2022



Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí an Mhárta 2023).

Tabhair faoi deara: Rangáítear na Ballstáit in ord íslitheach de réir leibhéal na dinge cánach le haghaidh duine aonair ar phá íseal (50 % den mheánphá).

¹⁰¹ Leis an ding chánach, déantar an difríocht a thomhas idir costais saothair na bhfostóirí agus glanphá na bhfostaithe.

Córais fhorchéimnitheacha a bhíonn i gceist le córais chánach ioncaim phearsanta go hiondúil, agus dingearna cánach níos ísle i gceist do dhaoine atá ag tuilleamh níos lú.

Sa Fhrainc, sa Bheilg, i Lucsamburg, tá sé sin an-suntasach, i gcodarsnacht leis an mBeilg agus leis an Ungáir, mar a bhfuil córas cánach cothrom i bhfeidhm – féach Fíor 2.1.9. Ualaí cánach níos ísle ar shaothraithe ar phá íseal, is lú an tionchar saobhach a bhíonn acu sin ar an éileamh agus ar an soláthar saothair agus laghdaíonn siad bacainní ar oibrithe ar bheagán oiliúna a fhostú, ar torthaí níos measa sa mhargadh saothair na saintréithe a bhaineann leo sin i gcoitinne, agus ba cheart bearta a dhearadh ar bhealach chun nach gcuirfear bac ar an aistriú i dtreo poist lena ngabhann pá níos airde. Is féidir leis an mboilsciú a bheith ina chúis le saobhadh i gcórais chánach freisin, lena n-áirítear i dtéarmaí na forásachta agus na cothroime cánach. Is féidir leis an saobhadh i gcórais chánach eascairt as tairseacha a shainítear go hainmniúil mar shampla réimeanna cánach, creidmheasanna cánach, laghdaithe nó díolúintí. I gcoitinne, beidh an boilsciú ina chúis le leathnú réime i gcórais chánach fhorchéimnitheacha ina ndéantar tairseacha a shocrú i dtéarmaí ainmniúla¹⁰². Dá dheasca sin, d'fhéadfadh sciar níos mó de cháiníocóirí a bheith i réimeanna cánach níos airde ar deireadh. D'fhéadfadh ualach cánach níos airde in éineacht le creimeadh creidmheasanna cánach agus sochar a bheith ina údar le baol bochtaineachta a mhéadú mura mbeidh coigeartuithe (uathoibríocha) ar mhaithe le boilsciú ann ná idirghabhálacha beartais eile.

¹⁰² Is é an rud ar a dtugtar tuairisc leis an téarma 'leathnú réime' cás ina méadaítear ualach cánach na dteaghlach toisc go ndéantar méadú ar an bpá ainmniúil (nó ar an ioncam ainmniúil i gcoitinne) i ngeall ar an mboilsciú (toisc innéacsú an phá nó ioncam eile mar shampla). Le hioncaim ainmniúla níos airde, is féidir cáiníocóirí a bhrú aníos i réimeanna ioncaim níos airde, rud a fhágann rátaí cánach corrlaigh agus meánacha níos airde, cé go mbíonn an pá (ioncaim) cobhsaí i dtéarmaí réadacha.

Leis an ualach cánach a aistriú ón saothar chuig bonn cánach comhshaoil, is féidir dreasachtaí feabhsaithe i leith an mhargaidh saothair a fháil mar aon le cothroime níos mó, agus rannchuidiú le spriocanna comhshaoil san am céanna, tríd an gcostas táirgthe comhshaoil a inmheánú¹⁰³. Le Plean REPowerEU, spreagtar na Ballstáit chun bearta cánachais a mheas lena ndéanfar coigiltis fuinnimh a dhreasú agus tomhaltas breoslaí iontaise a laghdú¹⁰⁴. Ar bhearta a d'fhéadfaí a áireamh leis sin, tá bearta cánach mar shampla laghduithe agus díolúintí ó chánachas feithiclí maidir le ceannach agus úsáid feithiclí leictreacha agus feithiclí hidrigine araon, asbhaintí cánach atá nasctha le coigilteas fuinnimh agus deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol. Thairis sin, cuireann na leasuithe atá beartaithe ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh leis an aidhm sin trí chomharthaí praghaís a shocrú lena laghdaítear tomhaltas na mbreoslaí iontaise agus lena gcothaítear caomhnú fuinnimh. Ina theannta sin, leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, cuirtear chun cinn aistriú an ualaigh cánach ar shiúl ón saothar, agus laghdaítear an ding chánach go háirithe le haghaidh grúpaí ísealioncaim agus grúpaí meánioncaim i dtreo foinsí ioncaim lena gcuirtear le cuspóirí aeráide agus comhshaoil¹⁰⁵. Is féidir aistrithe cánach mar sin a chur chun feidhme ar bhealach lena gcoisctear tionchair chúlchéimnitheacha agus lena ndéantar an inbhuanaitheacht fhioscach a choimirciú, lena n-áirítear maoiniú na cosanta sóisialta leordhóthanaí¹⁰⁶. Bearta tacaíochta lena n-áirithítear fuinneamh inacmhainne agus atá spriocdhírithe ar ghrúpaí leochaileacha, go háirithe i gcomhthéacs na bpraghsanna fuinnimh sárarda a chonacthas in 2022, tá na bearta sin i gcomhréir leis na cuspóirí sin.

¹⁰³ Féach Caibidil 4 de *Annual Report on Taxation [Tuarascáil bhliantúil maidir le Cánachas] 2023*, An Coimisiún Eorpach.

¹⁰⁴ Féach an Coimisiún Eorpach, *Plean REPowerEU*, COM(2022) 230 final.

¹⁰⁵ Féach *Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú* 2022/C 243/04.

¹⁰⁶ *Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú* SWD(2021) 452 final.

Bosca Cholún 1: Bearnaí pá idir na hinscní agus freagairtí beartais ábhartha

Tá sé rithábhachtach go ndúnfar bearnaí pá nach bhfuil údar leo idir na hinscní chun an comhionannas inscne a bhaint amach agus chun tacú leis an bhfás ionchuimsitheach agus inbhuanaithe. Cuireann neamhionannais phá le neamhionannais inscne sa mhargadh saothair agus sa tsochaí i gcaitheamh na saolré ar fad. Ar an gcéad dul síos, tuilleamh níos ísle do mhná nach bhfuil údar leo ar bhonn saintréithe difriúla pearsanta nó poist, cuireann siad bac lena neamhspleáchas eacnamaíoch le linn an tsaoil oibre. Déanann siad difear diúltach do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair freisin, rud a thugann le tuiscint go mbíonn caillteanais eacnamaíocha agus shóisialta ann de dheasca nach mbaintear úsáid iomlán as a n-acmhainneacht sa mhargadh saothair. Ar an dara dul síos, fágann bearnaí pá idir na hinscní go mbíonn bearnaí pinsin ann idir na hinscní (26 % ar an meán san Aontas in 2022) agus baol bochtaineachta níos mó ann roimh mhná sa tseanaois. Ag dul i ngleic leis an idirdhealú pá agus le neamhionannais bunaithe ar inscne agus feabhas a chur ar fheidhmiú na gcóras cánach¹⁰⁷, is féidir leis sin dreasachtaí níos mó a sholáthar do mhná chun bheith gníomhach ar bhonn eacnamaíoch. Tá sé sin rithábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na ganntanais saothair agus scileanna nach beag atá ann san Aontas, agus chun leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta a áirithiú chomh maith i bhfianaise aosú an daonra. Dúnadh na mbearnaí pá idir na hinscní nach bhfuil údar leo, cuirfidh sé le cur chun feidhme Phrionsabal 2 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta freisin (maidir leis an gcomhionannas inscne), agus go háirithe leis an gceart chun pá comhionann ar obair arb ionann a luach i gcomhréir le hAirteagal 157 CFAE.

Léiríonn bearnaí marthanacha pá idir na hinscní tosca struchtúracha agus tá tionchar ag an idirdhealú pá agus ag claontaí córasacha i struchtúir phá ar na tosca sin. D’ainneoin dul chun cinn le blianta beaga anuas, is amhlaidh fós go mbíonn mná ag tuilleamh níos lú ná fir ar an meán d’ainneoin a ngnóthachtáil oideachasúil a bheith níos airde ar an meán. Ba é 12,7 % an bhearna phá¹⁰⁸ idir na hinscní san Aontas in 2021, agus éagsúlacht mhór ó thír go chéile, idir -0,2 % i Lucsamburg agus 20,5 % san Eastóin. I bhformhór na mBallstát, chuaigh an bhearna i laghad le 10 mbliana anuas ach bhí luas an laghdaithe sin cuíosach mall i bhfianaise chúngú na ndifríochtaí inscne a bhí ann le fada i rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus i bhfianaise leibhéil oideachais níos airde i measc na mban. Tá cúiseanna na mbearnaí pá sin idir na hinscní casta agus idirghaolmhar. D’fhéadfaí cuid de na bearnaí sin a nascadh (i) le ró-ionadaíocht na mban i bpoist agus in earnálacha lena ngabhann pá réasúnta íseal agus in obair pháirtaimseartha chomh maith; (ii) le gannionadaíocht na mban i bpoist níos sinsearaí; agus (iii) le deacrachtaí níos mó do mhná chun obair a réiteach le freagrachtaí cúraim (agus sosanna gairme mar thoradh air sin freisin). Dá ainneoin sin, níl an chuid is mó den bhearna phá idir na hinscní san Aontas nasctha le saintréithe oibiachtúla agus intomhaiste daoine aonair¹⁰⁹. Tugann sé sin le fios gur dócha go gcuireann tosca eile, lena n-áirítear an t-idirdhealú agus struchtúir phá neamh-thrédhearcacha, go suntasach le bearnaí pá idir na hinscní atá ann cheana.


¹⁰⁷ Féach Roinn 2.2.1.

¹⁰⁸ Sainmhíniú Eurostat (féach an graf). Ní chuirtear san áireamh ann tosca eile lena gcinntear an pá, mar shampla leibhéal poist, sinsearach, oideachas, taithí agus feidhmíocht.

¹⁰⁹ Eurostat, Statistical Working Papers [Doiciméid Inmheánacha Oibre Staitistiúla], *Gender pay gaps in the European Union – A statistical analysis [Bearnaí pá idir na hinscní san Aontas – Anailís staidrimh]*, 2021.

Tá bearnaí leathana pá fós idir na hinscní i bhfoirm neamhchoigeartaithe d'ainneoin feabhsuithe

An difríocht idir an meán-olltuilleamh a fhaigheann fostaithe fireanna agus fostaithe baineanna in aghaidh na huaire mar chéatadán den mheán-olltuilleamh a fhaigheann fostaithe fireanna in aghaidh na huaire (%; 2021, 2016 agus 2011)



Tabhair faoi deara: Arna sórtáil de réir luachanna 2021. Tá sonraí ar iarraidh i gcás EL le haghaidh na mblianta tagartha (EL in 2018: 10,4 %), le haghaidh HR in 2011 agus le haghaidh IE in 2021.

Foinse: Eurostat [[earn_gr_gpgr2](#)]

Tá idirbhearta maidir leis an trédhearcacht pá fíor-riachtanach chun an laofacht inscne i struchtúir agus i socruithe pá a nochtadh agus chun é a chur ar a gcumas d'oibrithe a gceart chun pá comhionann le haghaidh poist ar luach comhionann a dhearbhu go héifeachtach. Tá sé d'aidhm ag an Treoir um Thrédhearcacht Pá (arna glacadh an 10 Bealtaine 2023) an t-idirdhealú a chomhrac agus cur le cúngú na bearna pá idir na hinscní san Aontas trí chórais níos trédhearcaí a dhéanamh de chórais phá agus tríd an bhfeasacht a mhéadú ar dhifríochtaí inscne i leibhéil phá le haghaidh daoine a dhéanann an obair chéanna nó obair ar luach comhionann. Tá 3 bliana ag na Ballstáit leis an Treoir a thrasúiomh i ndlí náisiúnta. Tuairisciú pá mar ionstraim phiarbhrú, á treisiú leis an measúnú pá i gcuideachtaí ag a bhfuil breis agus 100 fostaí i gcás inar braitheadh amhras réasúnach faoin gceart chun pá comhionann a urramú, tá coinne leo aghaidh a thabhairt ar an ngearrluacháil chórasach ar obair na mban ar leibhéal an fhostóra. Leagtar creat agus critéir shoiléire síos leis an Treoir chun an coincheap maidir le 'hobair ar luach comhionann' a chur chun feidhme. Cuireann an Treoir feabhas suntasach ar an rochtain ar an gceartas agus srian le bacainní nós imeachta d'íospartaigh an idirdhealaithe phá. Thairis sin, tá coinne leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas rannchuidiú freisin le laghdú na bearna pá idir na hinscní mar gheall ar ró-ionadaíocht na mban i bpoist le pá íseal.

Le blianta beaga anuas, tá bearta tugtha isteach nó fógartha ag roinnt Ballstát, lena n-áirítear mar chuid dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun feabhas a chur ar an trédhearcacht pá agus ar an tuairisciú ar an mbearna phá idir na hinscní. Sa tSeicia, d'fhorghas an rialtas i mí na Nollag 2022 an Plean Gníomhaíochta ar mhaithe le Pá Comhionann na mBan agus na bhFear 2023-26, plean lena n-áirítear úsáid níos leithne na n-uirlisí chun apailís a dhéanamh ar chórais luach saothair agus chun bearna phá a thuairisciú. I mí Iúil 2021, thug **Eire** an tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní cothrom le dáta, agus cuirtear de cheangal leis ar eagraíochtaí ag a bhfuil breis agus 250 fostaí tuairisc a thabhairt ar na difreálacha pá idir na hinscní, lena n-áirítear bónaís. Mar chuid de chur chun feidhme an Phlean Forbartha Leasa le haghaidh 2023-30 agus a plean téarnaimh agus athléimneachta, d'fhógair **an Eastóin** rolladh amach uirlise digití ar a dtugtar 'Scáthán Pá' chun tacú le fostóirí anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar bhearnaí pá idir na hinscní ina n-eagraíochtaí. Sa **Spáinn**, mar chuid de chur chun feidhme na bhforálacha maidir le pleananna comhionannais, trédhearcacht agus pá comhionann a glacadh in 2020 faoin bPlean téarnaimh agus athléimneachta, d'ullmhaigh an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta sraith uirlisí agus treoirleabhar le haghaidh cuideachtaí agus daoine aonair ag a bhfuil páirt in idirbheartaíocht na bpleananna comhionannais agus na meastóireachta post lena n-éascaítear cur chun feidhme an phrionsabail 'pá comhionann ar obair arb ionann a luach'.

2.1.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

D'fhógair roinnt Ballstát dreasachtaí agus fóirdheontais fostaíochta ar mhaithe le poist a chruthú. In 2022, thug **an Chróit** fóirdheontais isteach chun cuardaitheoirí poist cláraithe a fhostú, agus ar mhaithe le féinhostaíocht cuardaitheoirí poist agus cúrsaí oiliúna dóibh in earnálacha glasa agus digiteacha mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta. Chuir **an Liotuáin** fóirdheontas pá i bhfeidhm le haghaidh dídeanaithe Úcránacha, lena gcumhdaítear 75 % de na costais phá ar feadh 36 mhí ar a mhéad. Sa **Ghréig**, seoladh an clár 'Proto Ensimo' chun tacú le daoine óga agus iad dul isteach den chéad uair sa mhargadh saothair trí fhóirdheontais a chur ar fáil dar luach EUR 600 sa mhí: EUR 300 do na fostaithe óga agus EUR 300 do na fostóirí (nó EUR 150 do pháirtaimseartha) ar feadh suas le 6 mhí. I mí Mheán Fómhair 2023 thug an Ghréig isteach clár oiliúna agus deimhniúcháin cistithe ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta do 15 000 duine dífhostaithe idir 25 agus 45 bliana d'aois a dhíríonn ar scileanna i réimsí ina bhfuil éileamh ard, mar shampla san earnáil ghlas agus san earnáil dhigiteach. Mar chuid d'athchóiriú leathan ar dhreasachtaí fostaíochta faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Spáinn** dlí i mí Eanáir 2023 lena samhlaítear lacáistí slándála sóisialta le haghaidh grúpaí sonracha lena mbaineann infhostaitheacht íseal, mar shampla NEETanna dífhostaithe fadtéarmacha agus NEETanna óga. Leis an gcóras nua dlí, gabhann fócas speisialta ar an bhfostaíocht bhuan a chruthú, lena n-áirítear ré chonartha fosta 3 bliana, agus déantar foráil maidir leis an riail ghinearálta nach féidir suim na lacáistí slándála sóisialta, in éineacht le haon dreasacht fostaíochta eile, a bheith níos mó ná 60 % de chostas pá an chonartha. I mí Eanáir 2023, thug **an Iodáil** dreasachtaí sealadacha isteach ar ráta 60 % den oll-luach saothair míosúil ar feadh tréimhse 12 mhí ar mhaithe le daoine faoi mhíchumas agus daoine óga nach bhfuil ag glacadh páirte i gclár oiliúna a fhostú go buan. I mí Iúil 2023, chuir **an Phortaingéil** clár nua i bhfeidhm ('*Avançar*'), lena ndeonaítear tacaíocht airgeadais d'fhostóirí chun conarthaí fostaíochta neamhiata, lena ngabhann tuarastail atá cothrom le nó níos airde ná an tuarastal tosaigh a bheadh ag céimní ag tosú amach mar oifigeach sinsearach ginearálta sa Riarachán Poiblí, a thairiscint do dhaoine óga atá cláraithe mar dhaoine dífhostaithe agus ag a bhfuil ardcháilíocht acadúil. Mar chuid de leathnú níos leithne, thug an rialtas san **Fhionlainn** fóirdheontas pá isteach chun cuardaitheoirí poist dífhostaithe a fhostú lena gcumhdaítear 50 % de na costais phá (70 % chun daoine faoi mhíchumas a fhostú). Sa t**Slóivéin**, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, seoladh an scéim fostaíochta 'Teacht isteach níos tapúla sa mhargadh saothair do dhaoine óga', lena ndéantar fostaíocht neamhiata a fhóirdheonú le haghaidh 4 000 duine faoi bhun 29 mbliana d'aois ar feadh 18 mí, scéim lena ngabhann luach iomlán EUR 27,36 milliún. Ina theannta sin, seoladh dreasacht fostaíochta phiólótach 'Poist Ghlasa' chun thart ar 300 duine dífhostaithe a chur i bpoist ghlasa, agus fóirdheontais mhíosúla EUR 680 á n-íoc le fostóirí ar feadh bliain amháin.

Níos déanaí ná sin, úsáideadh scéimeanna coinneála poist chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na bhforbairtí comhshaoil foircneacha ar ghnólachtaí áitiúla agus ar an margadh saothair. In 2023, rinne Ballstáit áirithe bearta éigeandála mar fhreagairt dhíreach ar thubaistí comhshaoil mar shampla tinte, tonnta teasa foircneacha agus tuilte. Thug **an Ghréig** scéim fionraíochta conarthaí fostaíochta 3 mhí isteach i mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2023 le haghaidh gnólachtaí dá ndearna tinte foraoise agus tuilte, faoi seach, difear. Thug **an tSlóivéin** scéim cúitimh scoir shealadaigh éigeandála isteach le haghaidh gnólachtaí dá ndearna tuilte difear i mí Lúnasa 2023. Chuir **an Iodáil** scéim cúitimh atá i bhfeidhm cheana i ngnólachtaí talmhaíochta chun dul i ngleic le héifeachtaí tonnta teasa foircneacha ar fáil don earnáil tógála freisin.

Chuir Ballstáit áirithe síneadh lena scéimeanna oibre gearr-ama le linn na chéad leithe de 2023. Sa **Ghearmáin**, chuir an rialtas feidearálach síneadh leis na rialacha scaoilte maidir leis an scéim oibre gearr-ama a úsáid, ar rialacha iad a d’fhan i bhfeidhm go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2023. Oibrithe a bhaineann leas as an obair ghearr-ama, faigheann siad tacaíocht airgeadais arna híoc ag an ngníomhaireacht fostaíochta áitiúil ar feadh 12 mhí ar a mhéad chun caillteanais ioncaim i ngeall ar na huairéanta oibre laghdaithe a chumhdach. Cé nach mbíonn ar chuideachtaí pá le haghaidh na n-oibrithe sin a íoc, faigheann siad 60 % dá nglanioncam (67 % má bhíonn leanaí acu) le haghaidh na n-uairéanta uile nach n-oibrítear. Chomh maith leis sin, ranníocaíochtaí slándála sóisialta a bíonn á n-íoc ag fostóirí de ghnáth, déanann an Gníomhaireacht Fostaíochta Fheidearálach iad a aisíoc go hiomlán. San **Iodáil**, tá scéim oibre gearr-ama 40 seachtain formheasta ag an rialtas le haghaidh cuideachtaí lena mbaineann leas straitéiseach náisiúnta ag a bhfuil breis agus 1 000 fostaí, nach bhfuil na cláir bheartaithe curtha i gcrích acu le haghaidh pleananna atheagrúcháin casta arna gcur chun feidhme trí idirghabhálacha athstruchtúrúcháin corparáideacha sonracha agus trí infheistíochtaí mórsála. Sa **tSlóivéin**, tugadh scéim fóirdheontais gearr-ama isteach chun tionchar moillithe thurraing an phraghais fuinnimh a sheasamh idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2023, mar aon le scéim scoir shealadaigh a bhí teoranta do 30 lá sa chéad leath de 2023. Ina theannta sin, tá idirbheartaíocht ag leanúint ar aghaidh maidir le fóirdheontais scéime oibre gearr-ama éigeandála a chur chun feidhme ar bhonn buan.

Rinne roinnt Ballstát méadú substaintiúil ar a bpá íosta náisiúnta chun cumhacht cheannaigh oibrithe ísealioncaim a chosaint i gcomhthéacs an ardchostais mhaireachtála. Idir mí Eanáir 2022 agus mí Eanáir 2023, bhí na méaduithe ba mhó sa **Laitvia** (24 %), agus dá héis sin sa **Ghearmáin** (22,2 %), sa **Rómáin** (17,6 %), san **Ungáir** (16 %), sa **Bheilg** (15,6 %), agus sa **Liotuáin** (15,1 %). Bhí méaduithe nár bheag freisin, idir 10 % agus 15 % sa **tSeicia**, **san Eastóin**, sa **tSlóivéin**, **san Ísiltír**, sa **Chróit**, agus sa **Pholainn**. I roinnt de na tíortha sin, tugadh isteach na méaduithe trí nuashonruithe lánroghnacha anuas ar ghnáth-idirbheartaíochtaí nó sásraí innéacsaithe. D'fhógair Ballstáit eile méaduithe ar an bpá íosta, nó thug siad fúthu, i rith 2023 freisin. Go sonrach, thug **an Ghréig** agus **an Fhrainc** a bpá íosta náisiúnta cothrom le dáta i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2023, a d'fhág méaduithe 9,4 % agus 2,2 % faoi seach dá thoradh, agus sa **Rómáin**, déanfar méadú 10 % eile ar an bpá íosta i mí Dheireadh Fómhair.

Tá athchóirithe ar a gcreata chun pá íosta a shocrú tugtha isteach ag dornán beag Ballstát le déanaí. Ó mhí Eanáir 2023, thug **an Chipir** pá íosta náisiúnta isteach, a socraíodh ag EUR 885 in aghaidh na míosa ar earcú an oibrí agus a dtiocfaidh méadú go EUR 940 air tar éis 6 mhí d'fhostaíocht leanúnach. Leasaigh **an Bhulgáir** a Cód Saothair chun sásra nua a thabhairt isteach um leibhéal an phá íosta náisiúnta a shocrú ag 50 % den ollphá meánach, ag tagairt do cheann de na luachanna tagartha táscacha a luaitear sa Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas¹¹⁰, rud a d'fhág gur tháinig méadú 19,6 % ar an bpá íosta ó mhí Eanáir 2024. Ar an gcaoi chéanna, chomhaontaigh **an Eastóin** go ndéanfaí an pá íosta a mhéadú de réir a chéile chuig 50 % den mheánphá faoi 2027 agus chomhaontaigh **Éire** go ndéanfaí an pá íosta a mhéadú de réir a chéile chuig 60 % den phá airmheánach faoi 2026. Tá luachanna tagartha táscacha á meas i bpléití faoi athchóirithe féideartha sa **Bheilg**, sa **Spáinn**, agus sa **tSlóvaic**.

¹¹⁰ [Treoir 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach \(IO L 275, 25.10.2022, lch. 33\).](#)

Leasaigh roinnt Ballstát eile gnéithe eile dá gcórais chun pá a shocrú, go háirithe i ndáil leis an gcómhargáil. Ag deireadh 2022, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Rómáin** dlí maidir leis an idirphlé sóisialta, arbh é a bhí mar aidhm aige an chómhargáil agus cumhdach na gcomhaontuithe coiteanna a fheabhsú trí chumhachtaí níos mó a thabhairt do cheardchumann agus trí nós imeachta níos éasca a leagan síos um ionadaíocht a dhéanamh ar fhostaithe. In mí na Samhna 2022, chomhaontaigh **an Bheilg** an córas atá i bhfeidhm faoi láthair, maidir leis an innéacsú pá uathoibríoch bunaithe ar an mboilsciú, a choinneáil ar bun, in éineacht le haon spás breise le haghaidh méaduithe pá a theorannú d'fhorbairtí pá sna tíortha comharsanacha. Mar sin féin, údaraíodh do na comhpháirtithe sóisialta idirbheartaíocht a dhéanamh i leith bónas aonuaire suas le EUR 500 nó EUR 750 in aghaidh an oibrí. Thug **an Chipir** a Liúntas Costais Mhaireachtála cothrom le dáta, ar liúntas é a úsáidtear mar bhonn chun pá a choigeartú, agus an íocaíocht á méadú go dtí 66,7 % den bhoilsciú a taifeadadh sa bhliain roimhe (ó 50 % a tugadh isteach in 2022). In 2023, rith **an Spáinn** 'Comhaontú V' maidir le fostaíocht agus le cómhargáil, dá bhforáiltear, ní hamháin méaduithe pá a mholadh, ach freisin maidir le moltaí oifigiúla chun aonaid idirbheartaíochta a íslíú i dtaca le roinnt saincheisteanna a bhaineann le fostaíocht, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta, oiliúint agus scileanna nó dul ar scor. I mí na Bealtaine 2023, thug **an Phortaingéil** roinnt mhaith athchóirithe ar an gcreat cómhargála isteach a bhain le cumhdach an chreata, an sásra eadrána agus athnuachaintí.

Ghlac roinnt mhaith Ballstát bearta éagsúla freisin a bhaineann le pá na hearnála poiblí.

Rinne **an Spáinn** méadú 1,5 % ar thuarastail na bhfostaithe poiblí go cúlgabhálach ó mhí Eanáir 2022, i dteannta méadú 2 % a formheasadh le haghaidh 2022. Rinneadh méadú 3,5 % ar thuarastail na n-oibríthe poiblí sa **Fhrainc**, tar éis bearta reachtacha eisceachtúla a bheith glactha. Tá **an Chróit** i mbun an phróisis le córas tuarastal a hearnála poiblí a leasú mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta trí bhonn coiteann a thabhairt isteach maidir le pá agus comhéifeachtaí castachta poist ar bhonn tuairiscí poist agus creataí inniúlachta níos comhsheasmhaí, rud lenar cheart tuarastail sa riarachán poiblí a chomhchuiibhiú. Rinneadh méadú 9 % beagnach (in dhá chéim) ar thuarastail na hearnála poiblí sa **tSlóivéin** le haghaidh fhormhór na bhfostaithe san earnáil phoiblí agus tá coinne le tuilleadh athchóirithe ag deireadh 2023.

I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar Sóisialta, d'fhógair Ballstáit áirithe creataí dlíthiúla sonracha, nó d'fhorbair siad iad, le haghaidh eintitis an gheilleagair shóisialta. Sa **Spáinn**, d'fhormheas Comhairle na nAirí dréacht-Dlí Cuimsitheach maidir leis an nGeilleagar Sóisialta i mí Aibreáin 2023, arb é is aidhm dó (i) feabhas a chur ar an éiceachóras dlíthiúil atá ann cheana le leasuithe ar an Dlí maidir le Comharchumainn, an Dlí maidir le Cuideachtaí Ionsá agus an Dlí maidir leis an nGeilleagar Sóisialta; (ii) an sainmhíniú ar an leochaileacht agus ar an eisiámh sóisialta a leathnú; agus (iii) raon feidhme an gheilleagair shóisialta a shoiléiriú, agus eintitis nua mar shampla fiontair shóisialta a chuimsiú. I **Málta**, tá coinne leis ón Acht um Fhiontair Shóisialta a glacadh in 2022, go gcruthófar clárann le haghaidh fiontair shóisialta agus go dtabharfar foirm nua 'de chuideachta chuspóra shóisialta' isteach. Ghlac an **tSualainn** Acht maidir le heagraíochtaí ar smaointe a spreagann iad a chlárú in 2022, rud lenar ceadaíodh do na heintitis chláráithe sin gníomhaíochtaí a chistítear go poiblí a dhéanamh agus chun cóir fhabhrach a fháil faoi nósanna imeachta soláthair phoiblí. Ó glacadh an tAcht maidir leis an nGeilleagar Sóisialta de chuid na **Polainne** i mí Lúnasa 2022 dá bhforáiltear sa Phlean téarnaimh agus athléimneachta, taifeadadh breis agus 420 eintiteas ag a bhfuil stádas fiontair shóisialta.

Tá straitéisí cuimsitheacha le haghaidh an gheilleagair shóisialta tábhachtach chun creatdálaí tacúla a fhorbairt freisin. I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac **an Ghearmáin** a Straitéis Náisiúnta um nuálaíocht agus fiontair shóisialta, tar éis comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara, lena sainaithnítear 11 réimse le gníomhú ina leith. In 2023, mhol **an Ghréig** Plean Gníomhaíochta maidir leis an nGeilleagar Sóisialta agus Nuálaíocht Shóisialta chun éiceachóras an gheilleagair shóisialta a láidriú trí infheistíocht a dhéanamh i gcúig cholún (an creat institiúideach a fhorbairt, ionstraimí airgeadais a fhorbairt, fothú acmhainneachta, comhpháirtíochtaí a láidriú agus múscailt feasachta). Ghlac **an Spáinn** a Straitéis nua um an nGeilleagar Sóisialta 2023-27 i mí Aibreáin 2023 agus d'ainmnigh Coimisinéir Speisialta chun na tionscadail a chomhordú faoin bPlean Infheistíochta Straitéisí le haghaidh an gheilleagair shóisialta agus cúraim. Leis an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt, a glacadh an 27 Samhain 2023, tá coinne leis go gcruthófar tuilleadh feasachta agus go spreagfar na Ballstáit chun dul i mbun creata beartais agus rialála a fhorbairt, rud lena ngríosófar fás an gheilleagair shóisialta¹¹¹.

¹¹¹ [Moladh ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt.](#)

Chuir roinnt Ballstát bearta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chothroime a gcóras cánach agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh. Rinne an **Liotuáin** méadú ar an íostairseach ioncaim neamh-inchánach ó EUR 540 chuig EUR 625 ó 2023 ar aghaidh, rud lenar ndearnadh méadú ar an nglanioncam go príomha do na fostaithe a thuilleann an pá íosta.

Ón 1 Feabhra 2023 ar aghaidh, tháinig beart nua i bhfeidhm sa **tSeicia** lena laghdaítear na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostóirí chuig 19,8 % (ón ráta caighdeánach 24,8 %) le haghaidh grúpaí roghnaithe fostaithe a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha. Is é is aidhm don fhaoiseamh cánach fostú na ndaoine a mhéadú ar daoine iad atá níos leochailí, a bhfuil luathfhágáil an mhargaidh saothair rompu nó a mbaineann deacrachtaí dóibh maidir leis an saol oibre agus teaghlaigh a réiteach le chéile. Sa **Phortaingéil**, leis an gComhaontú Meántéarmach chun Feabhas a Chur ar Ioncam, Pá agus Iomaíochas a shínigh an rialtas agus comhpháirtithe sóisialta, tugadh isteach laghdú breise cánach 50 % ar na speansais uile fostaíochta a bhaineann le méaduithe tuarastail arna leagan síos leis an gcómhargáil. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2023, inar simplíodh an beart agus inar méadaíodh a raon feidhme. Níl feidhm aige sin ach amháin i ndáil le fostaithe a bhfuil a luach saothair méadaithe 5,1 % ar a laghad in 2023 i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus atá os cionn an íostuarastail mhíosúil. Sa **Iodáil**, rinneadh foráil leis an Dlí Buiséid a formheasadh i mí na Nollag 2022 maidir le laghdú 3 phointe céatadáin a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí slándála sóisialta is iníoctha ag fostaithe i gcás ollioncaim suas le EUR 25 000 (agus 2 phointe céatadáin i gcás ollioncaim suas le EUR 35 000). Leis an bhForaithne Saothair a formheasadh an 1 Bealtaine 2023, rinneadh méadú sealadach 4 phointe céatadáin bhreise ar na ciorruithe sa ding chánach le haghaidh fostaithe go dtí deireadh na bliana. Tá a gcórais chánach coigeartaithe ag Ballstáit áirithe freisin chun tionchar an bhoilscithe a chur san áireamh go sonrach. Sa **Ghearmáin**, d'fhormheas an rialtas an tAcht um Chúiteamh an Bhoilscithe, lenar coigeartaíodh tairseacha na réimeanna cánacha ioncaim agus an bunlíntas pearsanta le haghaidh 2023 agus 2024 chun éifeachtaí leathadh na réime cánach a mhaolú. Mar chuid de na bearta sa bhuiséad le haghaidh 2023, in **Éirinn** tá méadú EUR 3 200 déanta ar ráta caighdeánach na réime cánach ioncaim chuig EUR 40 000 le haghaidh duine aonair agus chuig EUR 49 000 le haghaidh lánúineacha pósta ar saothraí duine amháin díobh. Sa **tSlóvaic**, ón 1 Eanáir 2023, tá feidhm ag ranníocaíochtaí slándála sóisialta maidir le hoibrithe séasúracha in earnálacha na talmhaíochta agus na turasóireachta, agus is ionann an méid in-asbhainte agus 50 % den mheánphá le linn an dá bhliain roimhe sin (EUR 605,5 in aghaidh na míosa in 2023).

2.2. Treoirlíne 6 – An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 6 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an soláthar saothair, scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabail 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 2 (comhionannas inscne), 3 (comhdheiseanna), 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 9 (cothromaíocht oibre is saoil), 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) agus 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tuairiscítear i roinn 2.2.1 faoi phríomhfhorbairtí i réimse an oideachais, oiliúna¹¹², agus scileanna, mar aon leis an gcás ó thaobh an mhargaidh saothair de maidir le grúpaí leochaileacha agus tearcionadaithe. Tuairiscítear i roinn 2.2.2 faoi bhearta beartais atá déanta ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

¹¹² Féach An Coimisiún Eorpach, *Education and Training Monitor 2023 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2023]*.

2.2.1 Príomhtháscairí

Tá ráta na rannpháirtíochta san oideachas agus cúram na luath-óige marbhánta. In 2021, ghlac 92,5 % de na leanaí uile idir 3 bliana d'aois agus aois éigeantach an bhunoideachais páirt in oideachas agus cúram na luath-óige (ECEC) san Aontas, rud atá 0,5 pointe céatadáin níos ísle ná mar ab amhlaidh an bhliain roimhe tar éis don ráta a bheith méadaithe in imeacht 2018-20. Le blianta beaga anuas, is i dtreo ráta rannpháirtíochta os cionn 90 % a bhí formhór na mBallstát ag dul, nó ní dheachaigh an ráta in airde mórán ar chor ar bith os a chionn sin (féach Fíor 2.2.1). Tá sprioc leibhéal 2030 an Aontais, 96 %, sroichte ag sé Bhallstát cheana féin (an Fhrainc, an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Spáinn, agus an tSualainn)¹¹³. San am céanna, tá rátaí rannpháirtíochta faoi bhun 80 % i gceithre thír eile fós (an Bhulgáir, an Chróit, an tSlóvaic agus an Rómáin). I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an líon tíortha a bhfuil blianta réamhscoile éigeantacha agus teidlíocht dhlíthiúil ar áit in ECEC roimh an mbunoideachas éigeantach á dtabhairt isteach acu, is dúshlán fós í an rochtain le haghaidh leanaí níos óige agus na leanaí sin ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste. Go sonrach, bhí rannpháirtíocht leanaí Romacha in ECEC fós thart ar leath mheánráta an Aontais (42-44 %), le haghaidh na leanaí uile in 2021 (i gcomparáid le sprioc 2030 de 70 % ar a laghad i gcreat straitéiseach nua an Aontais maidir leis na Romaigh um chomhionannas, um chuimsiú agus um rannpháirtíocht)¹¹⁴. Ina theannta sin, maidir leis an rochtain ar sheirbhísí ECEC d'ardchaighdeán, cuireann srianta acmhainneachta bac ar an rochtain sin i limistéir gheografacha áirithe, rud is measa fós i bhfianaise na nganntanas d'fhoireann cháilithe,¹¹⁵ agus dúshlán a bhaineann leis an inacmhainneacht i gcásanna áirithe.


¹¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún 30.9.2020 dar teideal ‘Achieving the European Education Area by 2025’ [an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025].

¹¹⁴ Bunaithe ar na torthaí is déanaí i [Suirbhé Romach na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha \(FRA\) 2021](#), a foilsíodh in 2022. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach [Creat straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh um chomhionannas, um chuimsiú agus um rannpháirtíocht le haghaidh 2020-2030](#).

¹¹⁵ Cé nach mór cáilíocht ar leibhéal Baitsiléara a bheith ag múinteoirí sa réimse oideachas agus cúram luath-óige i bhformhór na dtíortha (don aoisghrúpa 3+ bliana d'aois), tuilleann siad 22 % níos lú ar an meán ná céimithe treasacha eile. Féach an Bunachar Sonraí ó ECFE: [Teachers’ and school heads’ actual salaries](#) [Tuarastail iarbhir múinteoirí agus ceannairí scoile].

Fíor 2.2.1: Tá ráta na rannpháirtíochta in ECEC marbhánta ar an iomlán

Rannpháirtíocht in ECEC ag leanáí idir 3 bliana d'aois agus an aois a dtosaítear ar an oideachas éigeantach bunscoile (%)



Tabhair faoi deara: 2015: tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh BE, EL, PT. 2020: tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh PT. 2021: tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh PT, AE. Sonraí sealadacha le haghaidh FR in 2020 agus 2021. Níl aon sonraí ar fáil le haghaidh EL.

Foinse: Eurostat, [[educ_uoe_enra21](#)].


Tá sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna ag leanúint de laghdú atá mall ach neamhchothrom ó Bhallstát go chéile, agus tá dúshlán fós ann i dtéarmaí na hinfhostaitheachta, na foghlama agus acmhainneacht oiriúnaithe níos déanaí sa saol. In 2022, bhí céim mheánscoile íseal ar a mhéad ag 9,6 % de na daoine uile san Aontas idir 18 agus 24 bliana d'aois a d'fhág an t-oideachas nó an oiliúint roimh am, ráta atá 0,2 pointe céatadáin níos lú ná mar ab amhlaidh in 2021 (agus 5,1 pointe céatadáin níos lú ná mar ab amhlaidh in 2007). In 2022, bhí ráta luathfhágáil an oideachais agus na hoiliúna faoi bhun 9 % (i.e. sprioc 2030 an Limistéir Eorpaigh Oideachais) in 18 mBallstát. Mar sin féin, sa Rómáin, sa Spáinn, san Ungáir agus sa Ghearmáin, d'fhan an ráta os cionn 12 % (ráta a chuaigh in airde freisin ón mbliain deiridh i gcás na dtrí thír dheireanacha), ar ráta é sin atá 'ina chás criticiúil' (féach Fíor 2.2.2). San Eastóin, sa Danmhairg agus i Málta, bhí rátaí os cionn 10 % agus ní dheachaigh siad in ísle ach d'fhíorbheagán cé go ndeachaigh an ráta in airde fiú san Eastóin agus sa Danmhairg, dá réir sin, is cás 'le breathnú orthu' atá i gceist leo sin. Os a choinne sin, ba iad an Chróit (2,3 %), Éire (3,6 %), an Pholainn agus an Liotuáin (4,8 %) 'na gníomhaithe ab fhearr'. D'ainneoin an treocht a bheith dearfach ar an iomlán, níl aon chomhartha soiléir ann go bhfuil cóineasú aníos ann ó Bhallstát go chéile, agus is suntasach fós iad na héagsúlachtaí de réir inscne, tír bhreithe agus áit chónaithe (e.g. limistéir uirbeacha in aghaidh limistéir thuaithe). Fágann fir óga oideachas agus oiliúint go luath i bhfad níos minice ná mná óga, mar is amhlaidh i gcás daoine faoi mhíchumas i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas¹¹⁶. Tá sé beagnach trí oiread níos dóchúla go bhfágfaidh daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas oideachas go luath ná i gcás a bpiaraí a rugadh san Aontas go dúchasach (21,6 % i gcomparáid le 8,3 %) agus d'fhág 71 % de Romaigh óga (18-24 bliana d'aois) an t-oideachas sular shroich siad an leibhéal meánscoile uachtaraí san Aontas (de réir an tsuirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, FRA, in 2020-21). Thairis sin, in 2022, bhí 8,6 % de luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna i gcathracha an Aontais, i gcomparáid le 10,6 % i mbailte agus i bhfobhailte agus 10 % i limistéir thuaithe¹¹⁷. I mBallstáit áirithe, an Bhulgáir, an Ungáir agus an Spáinn mar shampla, tuairiscítear difríochtaí réigiúnacha suntasacha i sciartha na luathfhágálaithe (féach Fíor 1 in Iarscríbhinn 5).

¹¹⁶ Féach EDE, *European comparative data on persons with disabilities [Sonraí comparáideacha Eorpacha ar dhaoine faoi mhíchumas]*, 2021. An ráta luathfhágála scoile níos airde i measc daoine faoi mhíchumas, d'fhéadfadh sé a bheith i ngeall ar shaincheisteanna inrochtaineachta (e.g. bacainní fisiciúla agus ailtireachta) i measc nithe eile, agus gan cláir oiriúnaithe a bheith ann.

¹¹⁷ Eurostat [[edat_lfse_30](#)].

Fíor 2.2.2: Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag leanúint de laghdú atá mall, agus tá éagsúlachtaí nach beag ann ó Bhallstát go chéile

Luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (18-24 bliana d'aois), leibhéal 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh SK. Sonraí d'iontaofacht íseal le haghaidh SK. *Foinse:* Eurostat [edat_lfse_14], SFS an Aontais.

Tá an acmhainneacht léitheoireachta dulta in olcas ar fud an Aontais, agus tá an stádas socheacnamaíoch fós ina réamhtháscaire lena haghaidh. De réir an Staidéir ‘Progress in International Reading Literacy Study 2021’ [Dul chun Cinn sa Bhunlitearthacht Idirnáisiúnta 2021]¹¹⁸, tá an acmhainneacht léitheoireachta ag daltaí i ngrád a ceathair ag dul in ísle sna Ballstáit uile i gcaitheamh 2016-21, ach amháin sa Fhrainc inar fhan an treocht cobhsaí (féach Fíor 2.2.3). Tá beagnach an ceathrú cuid de na daltaí uile lagchumasach ar scála PIRLS¹¹⁹, agus tá an sciar iontach ard i bPobal Fraincise na Beilge (38 %), sa Chipir (31 %) agus i Málta (30 %). Thairis sin, i gcomparáid le 2016, in éineacht leis an méadú ar an sciar daltaí lagchumasacha, bhí titim le feiceáil i bhformhór na dtíortha ar sciar na ndaltaí ardchumasacha, rud a léiríonn meath ar leibhéal córasach. Athdheimhníodh tionchar láidir an chúlra shocheacnamaíoch ar thorthaí oideachasúla leis an suirbhé. Ar an meán, ba shubstaintiúil difríocht na feidhmíochta idir leanaí ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos airde i gcomparáid leis na leanaí eile (80 pointe scóir), toradh a bhí comhfhreagrach do 2 bhliain scoile a bheag nó a mhór.

Fíor 1.2.3: Tá an bhunlitearthacht dulta in olcas san Aontas

Cion na ndaltaí i ngrád a ceathair a shroicheann an tagarmharc idirnáisiúnta íseal ar a mhéad sa Progress in International Reading Literacy Study (PIRLS) (% 2021).



Tabhair faoi deara: Tagraíonn BE-Fr do phobal Fraincise na Beilge, agus tagraíonn BE-FI don Phobal Pléimeannach. Ní léirítear ach córais oideachais dá mbailítear sonraí ag deireadh ghrád a ceathair. lena n-eisiatar, ar an gcaoi sin, EE, EL, HR, HU, IE, LT, LU, LV agus RO. Níl sonraí ar fáil i gcás na Beilge – an Pobal Pléimeannach, na Cipire, Mhálta ná na Polainne in 2011; i gcás na Cipire ná Mhálta in 2016.

Foinse: Ríomhanna AS EAC bunaithe ar PIRLS 2021.

¹¹⁸ Féach Mullis, I. V. S., von Davier, M., Foy, P., Fishbein, B., Reynolds, K. A., & Wry, E., *PIRLS 2021 International Results in Reading*. Boston College, TIMSS & PIRLS International Study Center, 2023.

¹¹⁹ Sainaithnítear ceithre leibhéal inniúlachta léitheoireachta le PIRLS, ar a dtugtar ‘tagarmharcanna idirnáisiúnta’: íseal, idirmheánach, ard agus fíorard. Is é daltaí ‘lagchumasacha’ a ghairimid de dhaltaí a shroicheann an tagarmharc idirnáisiúnta íseal ar a mhéad.

Sa chomhthéacs seo, tá soláthar an oideachais ar ardchaighdeán á chur i mbaol a thuilleadh i ngeall ar ghanntanais múinteoirí, agus tá fíoréagsúlachtaí idir an earcaíocht, dálaí oibre, ionchais ghairme agus an oiliúint tosaigh múinteoirí ar fud an Aontais. Baineann deacrachtaí d'fhormhór na mBallstát den Aontas Eorpach le poist múinteoirí a líonadh i ngach roinn den oideachas éigeantach, le dóthain múinteoirí faoi oiliúint a mhealladh agus múinteoirí núíosacha a choinneáil sa ghairm. Is éagsúil na ganntanais múinteoirí ó réimsí ábhair go chéile freisin, ach is suntasach iad go háirithe san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (ETIM)¹²⁰. Tá treochtaí déimeagrafacha ar cheann de na cúiseanna le ganntanais múinteoirí; tá thart ar an gceathrú cuid de lucht oibre múinteoireachta na hEorpa (24,5 % ag Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach ar an Oideachas (ISCED) 1-3) os cionn 55 bliana d'aois agus aois scoir á baint amach acu. San Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, agus san Iodáil, tá an sciar múinteoirí atá os cionn 55 bliana os cionn 35 % fiú. I mórán Ballstát, ní rogha ghairme tharraingteach do dhaoine óga a bheith ina múinteoirí. Tá tuarastail múinteoirí ar an leibhéal meánscoile íochtarach 11 % níos ísle ar an meán ná gairmithe a bhfuil oideachas treasach acu¹²¹. Tá an bhearna phá sin níos mó fós i gcás múinteoirí a oibríonn in ECEC agus ar an leibhéal bunscoile. Ní bhraitheann ach duine as gach cúigear múinteoirí sna Ballstáit a ghlacann páirt i suirbhé TALIS gur mór leis an tsochaí a gcuid oibre, agus tuairiscíonn roinnt mhaith múinteoirí go mbaineann strus agus ualach oibre trom leis an obair¹²². D'ainneoin iarrachtaí na mBallstát chun tuilleadh mic léinn a mhealladh chun dul i mbun cláir oiliúna múinteoirí, i roinnt tíortha, tá an líon clárúchán in oiliúint tosaigh múinteoirí ag dul i laghad, agus fágann mórán múinteoirí núíosacha an ghairm laistigh de na chéad 5 bliana.

¹²⁰ Féach an Coimisiún Eorpach, *Education and Training Monitor 2023 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2023]*, 2023.

¹²¹ Bunachair sonraí ECFE: Múinteoirí agus ceannairí scoile; tuarastail iarbhir. Tagraíonn an meánmhéid do mheánlíon Bhallstáit an Aontais ar comhaltaí de ECFE iad.

¹²² ECFE, *TALIS 2018 Results: Teachers and School Leaders as Lifelong Learners [Torthaí TALIS 2018: Múinteoirí agus Ceannairí Scoile mar Fhoghlaimoirí ar feadh an tSaoil]*, OECD Publishing, Páras, 2019.

Bíonn ionchais fostaíochta mhaithe, ar bhonn coibhneasta, ag céimithe ón ngairmoideachas agus ón ngairmoiliúint go hiondúil, go háirithe agus iad ag tairbhiú den fhoghlaím obairbhunaithe.

I measc na ndaltaí agus na scoláirí in oideachas meánleibhéil¹²³, bhí breis agus an leathchuid (52,1 %) cláraithe i gcláir lenar bhain ionductú gairme in 2021 (i.e. cláir ag soláthar scileanna agus ag teagasc eolais a bhaineann le ceird, gairm nó gairm bheatha shonrach). Chomh maith leis sin, i bhfianaise na gcóras oideachais agus oiliúna éagsúla san Aontas, tá an sciar sin idir 17,6 % sa Chipir agus 70 % sa tSlóivéin¹²⁴. In 2022, 60,1 % de nuachéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna san Aontas, thairbhí siad den fhoghlaím obairbhunaithe le linn a n-oideachais agus a n-oiliúna. Tá neamhréireachtaí móra marthanacha ann dá ainneoin sin ó Bhallstát go chéile, idir breis agus 90 % sa Spáinn, sa Ghearmáin, agus san Ísiltír, go dtí níos lú ná 20 % sa Rómáin, sa tSeicia, agus sa Pholainn. Nuachéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a nochtadh don fhoghlaím obairbhunaithe, ba dhóichí go mór go mbeidís fostaithe (82,5 % in 2022 san Aontas) ná na daoine sin nár nochtadh don fhoghlaím obairbhunaithe sin (71,6 %). Mar sin féin, ar an iomlán, cé gur tháinig forbairt fhabhrach ar ráta fostaíochta na nuachéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna ar fud an Aontais le bliain anuas, ag sroicheadh 79,7 % in 2022, tá éagsúlacht leathan idir tíortha, ó 93,9 % i Lucsamburg agus 57,7 % sa Rómáin.


¹²³ Oideachas meánscoile uachtaraí (Leibhéal 3 ISCED) nó oideachas neamhthreasach iar-mheánscoile (Leibhéal 4 ISCED).

¹²⁴ Braitheann an mhír sin ar shonraí Eurostat [[educ_uoe_enra16](#)], [[tps00215](#)], [[edat_lfse_24](#)].

Cé go bhfuil an leibhéal oideachais threasaigh ag méadú go seasta, tá éagothromaíochtaí marthanacha ann fós, agus idir inscní agus réigiúin freisin. In 2022, bhí céim oideachais threasaigh ag 42 % de dhaoine idir 25-34 bliana aois, i gcomparáid le 41,2 % in 2021 agus 36,8 % in 2016. Má leanann treocht dhearfach na deacáide deiridh ar aghaidh, d'fhéadfaí sprioc 45 % an Limistéir Eorpaigh Oideachais a shroicheadh roimh 2030¹²⁵. D'ainneoin an dul chun cinn nach beag ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tá an leibhéal oideachais threasaigh fós faoi bhun 40 % in ocht mBallstát. Cé go raibh an ráta faoi bhun 30 % fiú sa Rómáin agus san Iodáil, bhí sé os cionn 60 % in Éirinn agus i Lucsamburg in 2022 (féach Fíor 2.2.4). Thairis sin, níl sé chomh dóchúil céanna go mbeidh cáilíochtaí ar leibhéal treasach ag fir ná mar atá sé i gcás na mban (36,5 % i gcomparáid le 47,6 %). Tá idir 4,6 pointe céatadáin agus 23,8 pointe céatadáin de bhearnaí idir na hinscní ar fud an Aontais. In 2021, ba é 11,3 pointe céatadáin bearna an oideachais threasaigh idir daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil (idir 30-34 bliana aois), agus ní raibh oideachas treasach nó a choibhéis curtha i gcrích ach ag thart ar an tríú cuid de dhaoine faoi mhíchumas¹²⁶. Thairis sin, tá difríochtaí réigiúnacha láidre marthanacha fós ann agus i gcás réigiúin áirithe ina bhfuil sciarta de dhaoine ag a bhfuil oideachas ar leibhéal treasach acu faoi bhun mheánleibhéal an Aontais, tá na réigiúin sin i mbail titim ar gcúl réigiúin atá níos dinimiciúla, de réir mar a mhéadaítear na bearnaí tallainne agus eacnamaíocha¹²⁷.

Fíor 2.2.4: Is suntasach iad na héagothromaíochtaí inscne i rátaí an oideachais threasaigh

An cion daoine idir 25 agus 34 bliana d'aois a taifeadh sa Suirbhé ar an bhFórsa Saothair arb é an t-oideachas treasach an leibhéal oideachais nó oiliúna is airde dá bhfuil gnóthaithe acu (ISCED 5-8, %, 2022).



Tabhair faoi deara: Rangaítear tíortha de réir ord aníos ráta an oideachais threasaigh iomláine.

Foinse: Eurostat [edat_lfse_03], SFS an Aontais.

¹²⁵ Féach an Coimisiún Eorpach, *Education and Training Monitor 2023 [An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2023]*, 2023.

¹²⁶ EDE, *European comparative data on persons with disabilities* [Sonraí comparáideacha Eorpacha ar dhaoine faoi mhíchumas], sonraí 2021.

¹²⁷ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa* (COM(2023) 32 final).

Tá méadú ag teacht ar sciar na gcéimithe treasacha atá soghluaiste nó a chónaíonn ar an gcoigríoch, agus is amhlaidh i gcás Ballstáit áirithe gur líonmhaire na céimithe a sheolann siad amach ná a mhalairt¹²⁸. Tá éagothromaíochtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile idir an líon céimithe a chónaíonn ar an gcoigríoch agus an líon céimithe ó Bhallstát eile a thagann isteach sa tír. Meánlíon na gcéimithe oideachais threasaigh atá soghluaiste, i.e. na mic léinn sin a chuir oideachas meánscoile i gcrích in áit éigin eile seachas sa Bhallstát den Aontas ina raibh siad i mbun staidéir, tháinig méadú ar an líon sin ó 4,4 % go dtí 4,8 % idir 2017 agus 2021 sin in AE-27, agus an sciar céimithe a chónaíonn ar an gcoigríoch, arna shloinneadh mar chéatadán de chéimithe sa tír sheolta, chuaigh sé in airde ó 3,4 % in 2007 go dtí 5,3 % in 2022¹²⁹. Glanseoltóirí ab ea deich mBallstát in 2022, agus glanghlacadóirí ab ea naoi mBallstát eile. An ghlanchothromaíocht dhiúltach ba mhó i dtearmaí coibhneasta, i gcás na dtíortha ina raibh sonraí ar fáil, taifeadadh í i gcás na Cróite, na Liotuáine, na hEastóine, na hUngáire, agus na Portaingéile, agus is ag an Ostair, Éirinn agus ag an mBeilg a bhí na glanchothromaíochtaí dearfacha ba mhó.

Chun tacú leis an iomaíochas, fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn agus múnla sóisialta an Aontais a chaomhnú, is gá gníomhaíocht mharthanach chun scileanna an lucht saothair a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Agus an méid sin sa chúlra, tá córais éifeachtacha dhea-fheidhmiúla oideachais agus oiliúna ríthábhachtach chun scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair a sholáthar do dhaoine óga, agus tá rannpháirtíocht ard san fhoghlaim aosach thar a bheith tábhachtach chun a áirithiú go mbíonn scileanna an lucht saothair á dtabhairt cothrom le dáta de shíor. Ceanglaítear leis an bpríomhspríoc maidir leis an bhfoghlaim aosach go mbeidh 60 % d'aosaigh, ar a laghad, rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain san Aontas faoi 2030.

¹²⁸ Eurofound, *The role of human capital inequalities in cohesion and convergence* [Ról na neamhionannas caipitil dhaonna sa chomhtháthú agus sa chóineasú], 2024 (le teacht).

¹²⁹ Níl sonraí ar fáil le haghaidh BG, CY, LU, LV, MT, PL, RO, ná SK.

Sainmhínítear sprioc an Aontais agus na spriocanna náisiúnta gaolmhara, i dtéarmaí na rannpháirtíochta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (gan oiliúint faoi threoir le linn na hoibre a áireamh), chun léiriú níos fearr a thabhairt ar fhírinne na hoiliúna leanúnaí, a sholáthraítear de ghnáth trí ghearrchúrsaí spriocdhírthe. Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil ón Suirbhé ar an bhFoghlaim Aosach (AES) gurb é 37,4 % meánráta rannpháirtíochta den daonra fásta don Aontas Eorpach (in 2016), figiúr atá go mór faoi bhun sprioc 2030 (féach Roinn 1.3). Ina leith sin, leis an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair, leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun gach aosach a chumasú chun a scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre ar fad¹³⁰. Ina theannta sin, baineann acmhainneacht láidir le micridhintiúir chun an t-uas-sciliú agus an t-athsciliú spriocdhírthe agus gasta a thairiscint le haghaidh oibrithe agus cuardaitheoirí poist, i bhfianaise na nganntanas scileanna freisin (féach an Moladh ón gComhairle i mí an Mheithimh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir)¹³¹. Tá sé d'aidhm ag an mBliain Eorpach um Scileanna, lena gcuirtear le Clár Oibre Scileanna 2020, don Eoraip aistriú meoin a chur chun cinn i dtreo uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh ar feadh an tsaoil ar fad, ag cuidiú le daoine na scileanna cearta a fháil le haghaidh poist ardcháilíochta agus an iomaí deis a thairgeann na claochluithe glasa agus digiteacha a thapú¹³².

¹³⁰ Chun sonraí a fháil, féach: [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair 2022/C 243/03](#).

¹³¹ Chun sonraí a fháil, féach: [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht \(2022/C 243/02\)](#).

¹³² Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le [Clár Oibre Scileanna don Eoraip](#) don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht, COM(2020)274 final; Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach um Scileanna.

Tá ganntanais saothair agus scileanna forleathan ó ghairmeacha agus leibhéil scileanna go chéile, agus an t-éileamh saothair láidir á spreagadh, ach freisin deitéarmanaint áirithe atá níos struchtúrtha mar shampla treochtaí déimeagrafacha. Is é éileamh láidir saothair a spreagann ganntanais saothair fhorleithne d'ainneoin mhoilliú an gheilleagair le déanaí, ach d'fhéadfadh sé go raibh ról ag laghdú an lucht saothair i ngeall ar athruithe déimeagrafacha freisin. Cé go raibh éifeacht an aosaithe á frithchothromú i gcónaí go dtí seo le rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair, tá coinne leis go rachaidh lucht saothair an Aontais i laghad sna deacáidí atá le teacht. San am céanna, baineann ganntanais saothair in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe leis na poist nua a chruthaítear i gcomhthéacs na gclaochluithe glasa agus digiteacha agus leis na ganntanais scileanna agus neamhréireachtaí sna scileanna atá suntasach sa lucht saothair, i bhfianaise na riachtanas nua scileanna freisin. Ar deireadh, baineann ganntanais i gcásanna áirithe le drochdhálaí oibre, go háirithe in earnálacha mar shampla cúram sláinte, cúram cónaithe agus iompar¹³³. Lánpháirtiú rathúil sa mhargadh saothair a chothú i gcás grúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair faoi láthair (mná, an óige, oibrithe scothaosta, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo nó Romaigh mar shampla), d'fhéadfadh sé sin cuidiú le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh ar an soláthar saothair a fhrithchothromú¹³⁴. Tacú leo scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt agus a úsáid go héifeachtach, ar scileanna agus inniúlachtaí iad atá ábhartha don mhargadh saothair, trí sholáthar leordhóthanach deiseanna uas-scilithe agus athscilithe, tá sé sin fíor-riachtanach chun úsáid éifeachtach a bhaint as a n-acmhainneacht. I ngairmeacha ETIM agus cúraim sláinte, tá ról tábhachtach ag soláthar teoranta na scileanna postsonracha chun ganntanais a mhíniú, mar shampla¹³⁵. Rud a bheadh ina chuidiú le hoibrithe a mhealladh agus a choinneáil in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe ina bhfuil ganntanais, sin é dálaí oibre a láidriú. Thairis sin, an tsoghluaisteacht laistigh den Aontas a chur chun cinn, mar aon le hoibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus urramú agus forfheidhmiú na gceart saothair agus sóisialta san am céanna, agus an imirce dhleathach a threorú i dtreo gairmeacha a mbaineann ganntanais leo, i gcomhlántacht iomlán le leas a bhaint as tallanna i dtíortha laistigh den Aontas, is féidir leis an méid sin rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna araon¹³⁶.

¹³³ An Coimisiún Eorpach, *Addressing labour shortages and skills gaps in the EU, Employment and Social Developments in Europe (ESDE), Annual review [Aghaidh a Thabhairt ar Easpa Lucht Saothair agus ar Bhearnaí i Scileanna san Aontas Eorpach, Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip (ESDE), Athbhreithniú bliantúil]*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

¹³⁴ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Demographic change in Europe: a toolbox for action*, [An t- athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta], COM(2023) 577 final.


¹³⁵ An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

¹³⁶ Go háirithe trí Dhiorma Tallainne an Aontais Eorpaigh a seoladh mar chuid den phacáiste Soghluaisteachta Scileanna agus Tallainne a ghlac an Coimisiún an 15 Samhain 2023.

Tá neamhréireachtaí scileanna maicreacnamaíocha ag dul i laghad san Aontas le 10 mbliana anuas¹³⁷. Tá siad ag laghdú ó bhí 2012 ann ar fud fhormhór na mBallstát den Aontas Eorpach (féach Fíor 2.2.5). Den chuid is mó, is iad na méaduithe ar leibhéil oideachais ó Bhallstát go chéile atá ag spreagadh an laghdaithe sin, agus tá sciar na bpost dá bhfuil leibhéal oideachais mheánscoile ar a laghad riachtanach ag méadú i bhformhór na mBallstát. Rud eile atá á spreagadh, nach bhfuil a thionchar chomh mór céanna, is ea go bhfuil cúngú ag tarlú sa bhearna idir torthaí fostaíochta na ngrúpaí daonra ag a bhfuil cáilíochtaí ísle, meánleibhéil agus ardleibhéil. Mar sin féin, tá neamhréireachtaí scileanna maicreacnamaíocha fós ard, ar bhonn coibhneasta, san Iodáil, sa Bheilg, i Lucsamburg, sa Chróit agus sa Spáinn. D’fhéadfaí cuidiú le neamhréireachtaí scileanna a ísliú ach an fhoghlaím aosach a láidriú, tríd an soláthar agus tríd an éileamh scileanna a ailíniú ar bhealach níos fearr.

Fíor 2.2.5: Tháinig laghdú ar an neamhréir scileanna maicreacnamaíocha le deacáid anuas

Scaipeadh coibhneasta rátaí fostaíochta na n-oibrithe ag a bhfuil leibhéil oideachais dhifriúla, arna ualú de réir sciar gach grúpa sa daonra iomlán atá in aois oibre (20-64)



Tabhair faoi deara: Léiríonn an táscaire sin an deacracht a bheith níos airde, ar bhonn coibhneasta, ag daoine ag a bhfuil leibhéal íseal cáilíochtaí agus meánleibhéal cáilíochtaí chun dul isteach sa mhargadh saothair, i gcomparáid le daoine ardcháilithe.

Foinse: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat, [[lfsq_egaed](#); [lfsq_pgaed](#); [lfsq_agaed](#)], SFS an Aontais.

¹³⁷ Tagann neamhréireachtaí scileanna maicreacnamaíoch chun cinn i gcás inar difriúil an dáileadh scileanna atá idir na hoibrithe atá ar fáil agus na hoibrithe a fhostaítear.

D'fhéadfadh ganntanais scileanna dochar a dhéanamh don fhás eacnamaíoch agus d'fhéadfaí na haistrithe glasa agus digiteacha a mhoilliú dá ndeasca mura dtugtar aghaidh go leormhaith orthu. In 2021, bhí deacrachtaí ag breis agus 60 % d'fhiontair an Aontais a d'earcaigh speisialtóirí TFC nó a rinne iarracht iad a earcú chun na folúntais sin a líonadh¹³⁸. Is minic a luadh easpa iarratasóirí ag a raibh oideachas agus oiliúint nó taithí oibre ábhartha i measc na bpríomhdheacrachtaí. Le suirbhé ó 2023 a rinneadh faoi chreat na Bliana Eorpaí um Scileanna, cuireadh i dtábhacht na ganntanais scileanna fhorleathana in FBManna, agus an-chuid deacrachtaí (52 %) ag 78 % díobh oibrithe ag a raibh na scileanna cearta a lorg, nó é a bheith réasúnta deacair acu (26 %) déanamh amhlaidh¹³⁹. Mheas thart ar dhá thrían de FBManna (63 %), agus i seacht mBallstát thart ar an tríú cuid díobh fiú, go raibh ganntanais scileanna ag teorannú a ngníomhaíochtaí gnó ginearálta. I gcás leath na FBManna beagnach (45 %), is le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha go háirithe a bhain sé sin, agus b'fhadhb do 39 % díobh teorainneacha ó thaobh a ngníomhaíochtaí a ghlású de. Ó thaobh na n-oibrithe de, i measc oibrithe fásta, shonraigh 63 % díobh gur ghá dóibh a n-eolas agus a scileanna a fhorbairt a thuilleadh chun a bpost a dhéanamh níos fearr, agus d'aithin 52 % díobh gá le feabhas a chur ar a scileanna digiteacha¹⁴⁰.

¹³⁸ Eurostat [[isoc_ske_itcrs](#)].

¹³⁹ Eorabharaiméadar 529 *Skills shortages, recruitment and retention strategies in small and medium-sized enterprises* [*Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide*], 2023.

¹⁴⁰ An dara suirbhé Eorpach ar scileanna agus ar phoist ó Cedefop, 2021.

Bosca Cholún 2: Scileanna agus inniúlachtaí a chothú ar mhaithe le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh aistriú glas, rannchuidíonn sé sin le hacmhainneacht nuálaíochta, iomaíochas agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach níos mó. Tacaíonn sé sin le prionsabail 1 (na prionsabail maidir le hoideachas, oiliúint, agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 3 (maidir le comhdheiseanna) agus 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. An t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach, chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus deiseanna na dteicneolaíochtaí agus na bhforbairtí tionsclaíocha glasa a thapú, spreagfaidh sé sin claochlú bunúsach ar fud raon leathan earnálacha. Cruthófar poist nua, agus déanfar poist eile a athsholáthar, agus poist eile fós a athshainiú. Baineann deiseanna suntasacha le haghaidh na bpost ardcháilíochta le glasú gheilleagar an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus d'fhéadfaí suas le milliún post a chruthú leis faoi 2030, agus b'fhéidir méid iolraithe de sin faoi 2050, ach ní mór tacaíocht leordhóthanach agus na beartais chearta a bheith ag gabháil leis sin¹⁴¹. Faoi [Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach](#), tá scileanna sainaitheanta mar cheann de na colúin le haghaidh tionscal glan-nialasachta iomaíoch agus catalaíoch le haghaidh aistriú glas tapa chuig an aeráidneodracht. Ina theannta sin, leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, feabhsófar scileanna le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta trí chlár oiliúna thiomnaithe a chur ar bun trí Acadaimh Ghlan-Nialasachta. Ag cur leis an [gClár Oibre Scileanna don Eoraip](#), is é is aidhm don Chomhshocrú um Scileanna eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha a thabhairt le chéile agus spreagann an Comhshocrú iad chun gealltanais choincréiteacha a dhéanamh chun daoine fásta a uas-sciliú agus a ath-sciliú. Is spreagadh úr í an [Bhliain Eorpach um Scileanna](#) don uas-sciliú agus don ath-sciliú agus is é is aidhm di uailmhianta agus tacaíocht scileanna daoine a mheaitseáil le deiseanna poist, go háirithe le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Ina theannta sin, agus rud a chuirfidh bonn taca níos mó faoi scileanna glasa gairmiúla, beidh sé riachtanach do gach duine inniúlachtaí comhshaoil a fhorbairt chun smaoineamh, pleanáil agus gníomhú agus an inbhuanaithe comhshaoil ar intinn aige chun gur féidir leis an tsochaí ina hiomláine tacú leis an aistriú glas. Ina leith sin, is féidir le clár oideachais agus oiliúna cur leis an gCreat Eorpach um Inniúlacht Inbhuanaithe GreenComp atá comhdhéanta de 12 inniúlacht inbhuanaithe comhshaoil.

¹⁴¹ Féach An Coimisiún Eorpach, Murauskaite-Bull, I., Scapolo, F. Muench, S., et al., [The future of jobs is green \[Poist ghlasa a bheidh ann sa todhchaí\]](#), 2021.


De réir mar a mhéadaítear iarrachtaí dícharbónaithe, is minice a bhíonn scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais riachtanach ó earnáil agus post go chéile. De réir na Tacsanomaíochta Eorpaí Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO), tá beagnach 300 próifíl ghairme san Aontas ar gá scil amháin ar a laghad atá lipéadaithe mar scil ghlas ina leith¹⁴². In 2022, bhí ganntanais roimh Bhallstáit uile an Aontais i ngairmeacha ar ghá scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais dóibh, cé go raibh an-chuid éagsúlachta ann idir tíortha (idir 108 ngairm dá mbaineann ganntanais san Ísiltír agus 3 ghairm dá mbaineann siad dóibh sa Ghréig)¹⁴³. Na hearnálacha tógála agus monaraíochta, ag a bhfuil ról chriticiúla san aistriú glas, thuairiscigh siad ganntanais fhorleathana ar fud na n-earnálacha acu. Ganntanais i ngairmeacha bríceadóirí, cearpantóirí agus siúinéirí, nó pluiméirí agus feisteoirí, sainathnódh iad i mbreis agus dhá thrian de na Ballstáit. Tá ganntanais shuntasacha ann i ngairmeacha eile freisin a bhaineann le slabhraí luacha, imlonnú nó lóistíocht an fhuinnimh inathnuaite, mar shampla tiománaithe trucaí (i 17 mBallstát) nó le teicneoirí innealtóireachta leictirí (in 12 Bhallstát). Baineann príomhthábhacht le haghaidh a thabhairt ar na ganntanais saothair agus scileanna sin chun bheith in ann na cuspóirí maidir leis an aeráidneodracht agus leis an inbhuaine comhshaoil a chomhlíonadh¹⁴⁴.

Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit ar fud réimsí beartais difriúla chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh an aistrithe ghlais a chur chun cinn. Tá a straitéisí náisiúnta um scileanna agus cistiú á dtabhairt cothrom le dáta ag Ballstáit áirithe, mar shampla **an Fhionlainn**, **an Danmhairg** agus **an Ghréig**, chun tosaíocht a thabhairt do scileanna le haghaidh an gheilleagair ghlais. D'fhógair **an Fhrainc** bearta lena ndéantar 'tosaíocht idirdhisciplíneach' d'fhorbairt na n-inniúlachtaí inbhuanaitheachta ar fud na n-ábhar teagaisc uile san oideachas éigeantach, lena n-áirítear creat chun inniúlachtaí inbhuanaitheachta a thomhas agus a fhorbairt bunaithe ar GreenComp. Sa **tSlóvaic**, tá curaclaim oideachais agus oiliúna á dtabhairt cothrom le dáta faoin bPlean téarnaimh agus athléimneachta, chun scileanna glasa atá ábhartha don mhargadh saothair a chur chun cinn, agus sa **Rómáin** gheobhaidh gairmscoileanna tacaíocht chun a gcuraclaim a nuachóiriú agus tabharfar breis agus deich gcinn de na caighdeáin ghairme i liosta na ngairmeacha gairmoideachais agus gairmoiliúna cothrom le dáta. Tá forbairt ghairmiúil leanúnach na múinteoirí agus na n-oiliúnóirí i gceist leis sin freisin, mar aon le bonneagar na seomraí ranga, na n-ionad oiliúna agus na suíomhanna foghlama obairbhunaithe a thabhairt cothrom le dáta, mar chuid den Phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá a mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair coigeartaithe ag **an Spáinn** agus **an Danmhairg**, i measc Ballstáit eile, chun cuardaitheoirí poist a nascadh le deiseanna sa gheilleagar glas ar bhealach níos fearr. Thairis sin, i roinnt tíortha, mar shampla **an Fhrainc**, **Málta**, agus **an tSualainn**, tá a gcóras faisnéise scileanna á bhforbairt nó á n-uasghrádú acu chun na scileanna sonracha is gá le haghaidh an aistrithe ghlais a shainaithint nó a réamh-mheas. Is éard a bhíonn i gceist leis sin go hiondúil dlúthchomhar leis an tionscal, na comhpháirtithe sóisialta, agus na seirbhísí fostaíochta poiblí, ar leibhéal réigiúnach nó áitiúil freisin. Tá ionad oiliúna don aistriú fuinnimh curtha ar bun ag an **bPortaingéil** arb é is aidhm dó dearadh conairí oiliúna agus rannpháirtíocht oibrithe iontu a chur chun cinn, oibrithe a mbeidh cáilíochtaí acu i réimsí an aistrithe fuinnimh agus an ghníomhaithe ar son na haeráide, e.g. fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus soghluaisteacht inbhuanaithe.

- ¹⁴² [An tAicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Tacsanomaíocht \(ESCO\)](#), Cedefop, 2012.
- ¹⁴³ Bunaithe ar an Tuarascáil ón Údarás Eorpach Saothair, *EURES Report on labour shortages and surpluses 2022* [Tuarascáil ó EURES maidir le heasnamh agus barrachais saothair 2022], 2023.
- ¹⁴⁴ Féach: An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023* [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Agus an méid sin sa chúlra, is gá tuilleadh iarrachtaí suntasacha chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha an daonra, go háirithe i measc na ndaoine atá ar bheagán oiliúna, daoine scothaosta agus náisiúnaigh tríú tír. In 2021, d'úsáid idir 60 % agus 70 % d'oibrithe san Aontas uirlisí digiteacha ag an obair ar ghá bunleibhéil nó leibhéil mheánacha scileanna digiteacha lena n-aghaidh¹⁴⁵. Mar sin féin, ní raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad ach ag 53,9 % de dhaoine fásta Eorpacha (16-74), rud a fhágann bearna réasúnta mór ann idir sin agus an sprioc 80 % faoi 2030, mar a shainítear i bPlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gCompás Digiteach na Deacáide Digití¹⁴⁶. Sa Rómáin agus sa Bhulgáir, bhí bunscoileanna digiteacha ar a laghad ag líon ba lú ná an tríú cuid den daonra fásta in 2021, agus is é 'staid chriticiúil' a bhí le feiceáil ag an dá thír sin, in éineacht leis an bPolainn, maidir leis an ngné sin (féach Fíor 2.2.6). Thairis sin, is é cás 'le breathnú orthu' a bhí san Iodáil, sa Ghearmáin, sa Liotuáin, san Ungáir, sa tSlóivéin, agus sa Chipir, i ngeall ar leibhéil a bhí cuid mhaith faoi bhun mheánleibhéil an Aontais. San am céanna, an Ísiltír, an Fhionlainn, Éire agus an Danmhairg, mar 'na tíortha is fearr feidhmíochta', tá leibhéil bainte amach acu atá gar do 80 % cheana féin maidir leis an sciar den daonra fásta ag a bhfuil bunscoileanna digiteacha ar a laghad. Tá éagsúlacht nach beag ann ó ghrúpaí daonra go chéile freisin. Cé go raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad ag 71 % de dhaoine óga (16-29) san Aontas, ní raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad ach ag 34,6 % den daonra scothaosta (55-74). Na rátaí 45 % agus 33 %, baineann siad sin le daoine dífhostaithe agus le daoine neamhghníomhacha faoi seach, ar daoine iad a bhí ní b'fhaide ar gcúl ná an chuid eile den daonra maidir le bunscoileanna digiteacha. Ar deireadh, bhí bunscoileanna digiteacha ar a laghad ag sciar cuid mhaith ní ba lú de náisiúnaigh tríú tír (41,8 %) sa bhliain chéanna.

Fíor 2.2.6: Tá difríochtaí móra ann idir tíortha maidir le scileanna digiteacha daoine fásta
Sciar an daonra a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn (16- 74 bliana d'aois), leibhéil 2021 (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. De bharr athruithe substaintiúla ar shainiú an táscaire in 2021, ní úsáidtear leibhéil ach go heisceachtúil ach amháin chun an táscaire sin a mheasúnú (ag glacadh leis nár tharla 'athrú ar bith' i gcás Ballstát ar bith, meán an Aontais freisin).
Foinse: Eurostat, [tepsr_sp410].

¹⁴⁵ Cedefop, *Setting Europe on course for a human digital transition: new evidence from Cedefop's second European skills and jobs survey [An Eoraip a chur ar chúrsa i dtreo aistriú digiteach daonna: fianaise nua ón dara suirbhé Eorpach ar scileanna agus poist de chuid Cedefop]*. Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán. Sraith thagartha Cedefop; Uimh. 123, 2022.

¹⁴⁶ Is é atá sa Deacáid Dhigiteach fis straitéiseach réamhbhreathnaitheach an Choimisiúin Eorpaigh chun an geilleagar digiteach a fhorbairt agus gnóilachtaí Eorpacha a chlaochlú faoi 2030. Ba é an Coimisiún Eorpach a chuir an plean i láthair i mí an Mhárta 2021. In éineacht leis an sprioc um scileanna digiteacha, shocraigh sé sprioc de 20 milliún gairmí TFC faoi 2030 (i gcomparáid le timpeall 9 milliún in 2021).


Daoine ag a bhfuil leibhéal íseal oideachais, is fiú aird ar leith a thabhairt orthu

i ngníomhaíocht bheartais arb é atá mar aidhm aici rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a

mhéadú. Daoine ag a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí ar a mhéad acu, is iad sin 20,5 % de na daoine atá idir 25-64 bliana d'aois san Aontas, agus sciar mór (15,1 %) de dhaoine óga (25-34) sa líon sin. In 2022, bhí ráta rannpháirtíochta na ndaoine fásta san fhoghlaim sna 4 seachtaine dheireanacha den bhliain breis agus ceithre hoiread níos airde i measc na ndaoine ardoilte (19,8 %) agus beagnach dhá oiread níos airde i measc na ndaoine meánoilte (9 %) faoi seach, i gcomparáid le daoine ar bheagán oiliúna (4,7 %) (féach Fíor 2.2.7). Tá an bhearna sin éagsúil dá hainneoin sin de réir na tíre, ó leibhéal is lú ná dhá oiread níos airde i dtíortha mar shampla an tSualainn, an Danmhairg, agus an Fhionlainn, agus breis agus deich n-oiread níos airde i dtíortha mar shampla an Ghréig, an Chróit, agus an Pholainn. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach sa daonra ar fad, agus go háirithe i measc daoine ar bheagán oiliúna, tá sé ríthábhachtach i gcomhthéacs ina bhfuil ganntanais saothair agus scileanna forleathan, agus i bhfianaise tacaíocht a thabhairt don fhás ionchuimsitheach agus inbhuanaithe. Pacáiste na Meastóireachta ar Chonairí Uas-scilithe, a glacadh le déanaí mar chuid den Bhliain Eorpach um Scileanna, cuireann sé i dtábhacht an gá chun deiseanna a sholáthar do dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí chun bunscileanna nó tacar scileanna níos leithne a fhorbairt, mar rud atá ábhartha chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa mhargadh saothair¹⁴⁷.

Fíor 2.2.7: Tá tionchar láidir ag an leibhéal oideachais ar an rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach

Rannpháirtíocht na ndaoine fásta (25-64 bliana d'aois) san fhoghlaim sna 4 seachtaine dheireanacha de 2022, de réir an leibhéil oideachais (leibhéal íseal, meánleibhéal nó ardleibhéal)



Tabhair faoi deara: Níl aon sonraí ar fáil le haghaidh BG ná LV i gcás daoine ar bheagán oiliúna. Sonraí d'iontaofacht íseal le haghaidh LU. Briseadh sa tsraith le haghaidh SK.

Foinse: Eurostat [trng_lfse_03], SFS an Aontais.

¹⁴⁷

Glacadh *Upskilling Pathways Evaluation Package* [Pacáiste na Meastóireachta ar Chonairí Uas-scilithe] i mí Iúil 2023 agus rinneadh meastóireacht leis ar na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar [Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas-scilithe](#).


Tarlaíonn formhór na hoiliúna aosai i suíomhanna neamhfhoirmiúla. Triúr as gach ceathrar daoine fásta a ghlac páirt san fhoghlaím sna 4 seachtaine dheireanacha den bhliain 2022 san Aontas, is ar bhealach neamhfhoirmiúil a rinne siad amhlaidh, i.e. bealach foghlama struchtúrtha atá lasmuigh d'institiúidí oideachais traidisiúnta foirmiúla. Is iad cúrsaí oiliúna gearra a sholáthraítear laistigh de chuideachtaí nó a sholáthraíonn lárionaid speisialaithe is mó atá i gceist leis sin. In 20 Ballstát, bhí sciar na foghlama seachfhoirmiúla os cionn 80 %, agus is dhá thrían nó ní ba lú ná sin a bhí i gceist i 5 Bhallstát eile. Is sa Bhulgáir agus sa Ghréig amháin a bhí sciar na foghlama seachfhoirmiúla níos lú ná leath na ngníomhaíochtaí foghlama iomlána¹⁴⁸.

Tar éis dífhostaíocht i measc na hóige a bheith dulta i bhfeabhas sa téarnamh eacnamaíoch tar éis COVID-19, bhí an dífhostaíocht sin cobhsaithe faoi bhun leibhéil a breathnaíodh roimhe, ach tá sé fós ard, ar bhonn coibhneasta, i mórán Ballstát. Tar éis an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim a shroicheadh, is é sin 14,4 % in R2-2022, agus é tagtha aniar ó bhuaic ráta 19,1 % in R3-2020, d'fhan ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24) mórán mar a bhí san Aontas Eorpach in R2-2023 (féach Fíor 2.2.8). Chuaigh an ráta i laghad in 15 Bhallstát i gcomparáid le R2-2022, agus bhí an laghdú de bhreis agus 5 phointe céatadáin suntasach sa Ghréig, san Eastóin, agus sa Laitvia, ach tháinig méadú suntasach air san Ungáir (3,8 pointe céatadáin), sa tSeicia (3,7 pointe céatadáin), agus san Fhionlainn (3,5 pointe céatadáin). Tá dífhostaíocht i measc na hóige fós beagnach trí oiread níos airde ná mar atá i gcás an daonra fhoriomláin atá in aois oibre san Aontas. Tá an ráta sin idir leibhéil atá os cionn 20 % sa Spáinn, sa Ghréig, san Iodáil, sa Rómáin agus sa tSualainn, agus an ráta is ísle (5,9 %) sa Ghearmáin. Is gá iarrachtaí marthanacha chun na dúshláin struchtúracha a shárú a choimeádann daoine óga siar ar an margadh saothair, go háirithe i gcomhthéacs na nganntanas saothair agus scileanna forleithne, agus chun éifeachtaí diúltacha fadmarthanacha féideartha ar a n-ionchais ghairme a chomhrac chomh maith.

¹⁴⁸ Eurostat [[trng_lfs_09](#)], SFS an Aontais.

Fíor 2.2.8: Tháinig feabhas ar an dífhostaíocht i measc na hóige i gcomhréir le téarnamh eacnamaíoch láidir, ach tá an staid fós deacair i mBallstáit áirithe

Ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24 bliana d'aois, % den daonra gníomhach) le haghaidh R4-2019 (roimh an ngéarchéim), R3-2020 (buaic na géarchéime) agus R2-2022 (i ndiaidh na géarchéime), R2-2023



Tabhair faoi deara: Sonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu. Tá iontaofacht íseal ann i gcás EE, HR, LU, MT, agus SI in R4-2019 agus R3-2020, agus i gcás LU, MT, agus SI in R2-2022 agus R2-2023. Tá difríocht sa sainmhíniú idir FR agus ES in R2-2022 agus R2-2023.

Foinse: Eurostat [une_rt_q], SFS an Aontais.


Sa téarnamh ó ghéarchéim COVID-19, tháinig laghdú suntasach ar sciar na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) go dtí leibhéal a bhí faoi bhun na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, ach tá dúshlán fós ann. Tar éis buaic shonrach le linn ghéarchéim COVID-19 ag 13,9 % in 2020, leanadh den laghdú ar ráta NEET (15-29 mbliana d'aois) san Aontas ó 13,1 % in 2021 go dtí 11,7 % in 2022. Sa Rómáin (ina bhfuil an ráta is airde ag 19,8 %), sa Ghréig agus sa Chipir, tá cás daoine óga NEET ‘criticiúil’ dá ainneoin sin, i ngeall ar leibhéal atá ard ar bhonn marthanach agus ar fheabhsuithe nach bhfuil sách ard i gcás NEETanna eile (féach Fíor 2.2.9). Sa Chróit, sa Spáinn, sa tSeicia agus san Fhionlainn, is é cás ‘le breathnú orthu’ atá ann. Na ‘gníomhaithe is fearr’ san Aontas, ba iad sin Málta agus an tSualainn, inar taifeadadh leibhéal ísle agus feabhsuithe a bhí fós suntasach. I dtromlach na mBallstát, is féidir difríochtaí réigiúnacha i a fheiceáil i rátaí NEET freisin (féach Fíor 2 in Iarscríbhinn 5). Cé gur tháinig feabhas suntasach ar an ráta dífhostaíochta NEET, ag dul i laghad 0,7 pointe céatadáin ó 2021 go dtí 4,3 % in 2022, agus go bhfuil sé cuid mhaith faoi bhun an leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim (4,9 % in 2019),¹⁴⁹ tá sciar níos mó de NEETanna (7,4 % in 2022, anuas ó 7,8 % in 2019) fós lasmuigh den lucht saothair, rud ar a dtugtar léiriú níos mionsonraithe i mBosca Cholún tiomnaithe 3¹⁵⁰. Chun an uaillmhian a bhaint amach go mbeidh ráta NEET 9 % ann faoi 2030, rud a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, is gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh, a chuirfidh le feabhsuithe a tharla le déanaí.

¹⁴⁹ Eurostat [edat_lfse_20].

¹⁵⁰ Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2022 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2022]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

Fíor 2.2.9: Bhí laghdú suntasach ag teacht ar rátaí NEET ach tá dúshlán fós ann

Ráta NEET (aois 15-29 mbliana), leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [[lfsi_neet_a](#)], SFS an Aontais.

Is iad mná agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo go háirithe atá le feiceáil i measc NEETanna. Cé gur tháinig feabhas air ó 2021 go dtí 2022, bhí sciar na mban nach raibh i bhfostaíocht, oideachas, ná oiliúint san Aontas (13 %) fós 2,5 pointe céatadán níos airde ná sciar na bhfear (10,5 %) (féach Fíor 2.2.10). Bhí an bhearna os cionn 10 bpointe céatadán sa tSeicia agus sa Rómáin. Is san Eastóin, san Fhionlainn, i Lucsamburg agus sa Bheilg amháin a bhí ráta NEET le haghaidh na bhfear níos airde ná ráta na mban. San am céanna, i measc na bhfear NEET, níor mhinice ach de bheagán í an neamhghníomhaíocht i gcomparáid leis an dífhostaíocht (5,7 % i gcomparáid le 4,8 %), agus i measc na mban NEET, bhí an sciar díobh a bhí neamhghníomhach cuid mhaith níos airde (9,2 % i gcomparáid le 3,8 %). Ar deireadh, bhí sciar na ndaoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas, ar NEET iad, cuid mhaith níos airde in 2022 i gcomparáid le daoine óga a rugadh san Aontas, go háirithe i measc na mban. Is féidir leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg cuidiú le spriocdhíriú ar NEETanna agus poist ardcháilíochta, breisoideachas, printíseachtaí, nó cúrsaí oiliúna d'ardchaighdeán a thairiscint laistigh de 4 mhí ón tráth a thagann duine chun bheith dífhostaithe nó a fhágann siad an t-oideachas foirmiúil¹⁵¹. Chun é sin a chomhlánú, cuidíonn an tionscnamh Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh (ALMA) le NEETanna faoi mhíbhuntáiste taithí ghairmiúil a fháil ar an gcoigríoch, lena n-áirítear dianoiliúint shaincheaptha ina dtír bhaile le linn na céime ullmhúcháin, agus tacaíocht leanúnach chun fostaíocht nó breisoideachas a fháil ina dtír bhaile le linn na céime leantail¹⁵².

Fíor 2.2.10: Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar an mbearna idir na hinscní ar an iomlán ó thaobh NEETanna de, tá an bhearna sin fós substaintiúil

Rátaí NEET na mban agus na bhfear (15-29, %, 2022)



Tabhair faoi deara: Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [[lfsi_neet_a](#)], SFS an Aontais.

¹⁵¹ Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus lena n-ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.


¹⁵² Tuilleadh faisnéise ar fáil ag ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach ([europa.eu](#)).

Bosca Cholún 3: An bhearna dheise a dhúnadh le haghaidh daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna

Is foinse thallainne agus nuálaíochta nach dtapaítear iad daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEETanna) agus, má thugtar aghaidh ar an bhfoinse sin, is féidir leo rannchuidiú leis na claochluithe glasa agus digiteacha agus an dinimiceas eacnamaíoch agus shóisialta a fheabhsú. Is de rithábacht é lánpháirtiú leordhóthanach agus tráthúil na ndaoine óga sa mhargadh saothair, nó sna córais oideachais agus oiliúna, chun ‘éifeachtaí díobhálacha’ níos fadtéarmaí a sheachaint. Is féidir leis an gcás sin díobháil a dhéanamh d’ionchais ghairme agus don chumas tuillimh amach anseo agus d’fhéadfadh baol níos mó a bheith i gceist leo freisin ó thaobh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta de, nó fadhbanna sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte i gcásanna níos measa chomh maith¹⁵³. Leis na claochluithe móra atá amach romhainn agus a bhaineann le glasú agus le digitiú ár ngeilleagar, méadaítear an gá lena áirithiú go mbeidh glúine na ndaoine óga lánpháirtithe sa mhargadh saothair agus sa tsochaí go maith, agus go mbeidh siad in ann gabháil le hathruithe agus na haistrithe atá amach romhainn a stiúradh. Cé gur chuidigh idirghabháil bheartais thapa ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát chun an ráta NEET a thabhairt anuas (15-29 mbliana d’aois) óna bhuaic de 16,4 % san Aontas in 2013 go dtí 12,8 % in 2019,¹⁵⁴ agus ansin go dtí ceann de na rátaí ba lú riamh, is é sin, 11,7 % in 2022, tá 8,3 milliún de NEETanna óga fós ina ndúshlán suntasach don Aontas. Tá aghaidh le tabhairt ar an dúshlán sin i gcomhréir le Prionsabal 4 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), rud lena gcuirtear i dtábhacht an ceart atá ag daoine óga ar an oideachas leanúnach, agus ar phrintíseachtaí, ar chúrsaí oiliúna nó tairiscintí poist a thairgtear go mear¹⁵⁵.

Éagsúlacht i gcás NEETanna san Aontas rud a fhágann gur gá meascán cineálacha difriúla cur chuige beartais

Catagóirí NEETanna óga de réir cúiseanna gan páirt a ghlacadh i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint



Foinse: Ríomhanna Eurofound bunaithe ar mhicreashonraí an tSuirbhé ar an bhFórsa Saothair.

¹⁵³ An Coimisiún Eorpach, *Addressing labour shortages and skills gaps in the EU, Employment and Social Developments in Europe (ESDE), Annual review [Aghaidh a Thabhairt ar Easpa Lucht Saothair agus ar Bhearnaí i Scileanna san Aontas Eorpach, Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip, Athbhreithniú bliantúil]*. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

¹⁵⁴ Seoladh an [Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg \(TFAO\)](#) in 2013 chun tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga a chónaíonn i réigiúin mar arbh airde ná 25 % an dífhostaíocht i measc na hóige.

¹⁵⁵ Leis an [bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta](#), moladh laghdú ar an ráta NEET in éineacht le sprioc 78 % an Aontais maidir leis an ráta fostaíochta faoi 2030.

Daonra iontach ilchineálach atá in NEETanna óga, rud a éilíonn cineálacha saincheaptha cur chuige beartais lena aghaidh. In 2022, san Aontas, cé gurb é 4,3 % an ráta NEETanna dífhostaithe a bhí ann, bhí an sciar NEETanna neamhghníomhacha cuid mhaith ní b'airde, ráta 7,4 %. Go sonrach, is sa Rómáin (14,2 %), san Iodáil (12,7 %), agus sa Bhulgáir (11,9 %), a taifeadh na rátaí ab airde de NEETanna neamhghníomhacha san Aontas. Bhí bearna nach beag ann idir na hinscín sa Rómáin freisin maidir leis an staitistic sin, agus ráta 13,3 pointe céatadán ní b'airde ann do mhná ná mar ab amhlaidh d'fhir, agus an Bhulgáir (5,9 pointe céatadán) agus an Iodáil (3,8 pointe céatadán) ina diaidh. De réir thaighde Eurofound, d'fhéadfadh daoine óga a bheith ina NEETanna neamhghníomhacha ar chúiseanna mar shampla freagrachtaí teaghlaigh, breoiteacht nó míchumas (féach Fíor). D'fhéadfadh daoine óga eile a bheith dispreagtha toisc nach bhfuil siad in ann teacht ar phost oiriúnach, agus bacainní breise orthu le himeacht ama. Tuiscint a fháil ar na cúiseanna taobh thiar de neamhghníomhaíocht eacnamaíoch NEETanna óga i ngach tír, baineann príomhthábhacht leis sin chun idirghabhálacha beartais spriocdhírithe a dhearadh, arbh iad bearta infhostaitheachta agus cúnamh cúraim agus sóisialta a d'fhéadfadh a bheith i gceist leo¹⁵⁶. Baineann tábhacht níos mó fós fiú le cuidiú le NEETanna a mbealach isteach sa mhargadh saothair a aimsiú i bhfianaise na nganntanas nach beag atá roimh an Aontas ó thaobh saothair agus scileanna de.

Cé nach bhfuil aon chur chuige ann a oireann do chách, baineann tábhacht i gcoitinne le bearta for-rochtana agus gníomhachtaithe, forbairt scileanna, agus cúram inacmhainne ardchaighdeán agus seirbhísí sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán NEETanna óga. Leis an Straitéis um Bealaí chun Oibre 2021-2025 a ghlac Éire, leagtar amach cláir um ghníomhachtú mhargadh saothair, uas-scilithe agus athscilithe mar aon le fóirdheontais d'fhostóirí chun rannpháirtíocht NEETanna óga sa mhargadh saothair a dhreasú. Sa **Rómáin**, leis an tionscadal 'STONE' díritear ar scileanna NEETanna a láidriú. Tacaíonn Ballstáit eile le NEETanna leis an uas-sciliú digiteach, mar shampla **an Iodáil** ('*Crescere in Digitale*'), **an Spáinn** ('*Empleando Digital*') agus **an Bheilg** ('*BeCode*' agus '*MolenGeek*').

¹⁵⁶ Foinsí: Eurofound, *Impact of COVID-19 on young people in the EU [Tionchar COVID-19 ar dhaoine óga san Aontas]*, agus Eurofound (2016), *Exploring the diversity of NEETs [Ag féachaint ar éagsúlacht NEETanna]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021. Tá ríomhanna bunaithe ar [mhicreashonraí SFS an Aontais](#). Ar 'athiontrálaithe' áirítear daoine ar scor sealadach agus daoine a fostaíodh nó a cláraíodh in oideachas agus oiliúint le fiordhéanaí.

Tá daoine scothaosta níos gníomhaí sa mhargadh saothair ná mar a bhí riamh roimhe, ach d'fhéadfaí tuilleadh feabhsuithe a bhaint amach fós, go háirithe a mhéid a bhaineann le mná scothaosta. In 2022, bhí leath dhaonra an Aontais ní ba shine ná 44,4 bliain d'aois agus réamh-mheastar go rachaidh an mheánaois 4,4 bliain in airde chun 48,8 bliain d'aois a shroicheadh in 2100¹⁵⁷. Chuaigh ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta (55-64) in airde go maith ó 44,7 % in 2010 go 62,3 % in 2020, tar éis méadú a bheith tagtha ar a ráta rannpháirtíochta ó 48 % go dtí 65,4 %. In 2022, bhí ráta fostaíochta na mban scothaosta, ag 56,2 %, 12,5 pointe céatadán ní b'ísle dá ainneoin sin ná ráta fostaíochta na bhfear, ag 68,7 %, cé gur cúngaíodh an bhearna sin (3,5 pointe céatadán) ó bhí 2010 ann. I gcomparáid le haoisghrúpaí eile, bíonn cobhsaíocht phoist níos airde ag oibrithe scothaosta go hiondúil, rud a léirítear ina ráta dífhostaíochta atá íseal, ar bhonn coibhneasta. In 2022, bhí ráta dífhostaíochta na n-oibrithe scothaosta (55-74), ag 4,6 %, 1,6 pointe céatadán ní b'ísle ná an ráta foriomlán, ag 6,2 %. Mar sin féin, nuair a tharlaíonn cailleadh poist, is féidir leis a bheith ina údar le damáiste níos mó agus an duine níos scothaosta, toisc go mbíonn deacrachtaí níos mó ag oibrithe scothaosta freisin chun a scileanna a choinneáil cothrom le dáta. In 2022, bhí 51,1 % de dhaoine dífhostaithe idir 55 agus 64 bliana d'aois ag lorg poist ar feadh tréimhse ab fhaide ná bliain (i gcomparáid le 35,3 % i gcás an daonra iomláin). I gcomhthéacs ganntanais saothair agus scileanna a bheith forleathan ar fud an Aontais agus na dtreochtaí déimeagrafacha diúltacha, tá ról tábhachtach ag saol oibre níos faide chun tacú le soláthair an tsaothair chun inbhuanaitheacht fhioscach na gcóras cosanta sóisialta a áirithiú, agus an comhtháthú sóisialta, an dlúthpháirtíocht agus aistrithe eolais idir na glúine a ráthú san am céanna. Ós rud é go bhféadfadh oibrithe scothaosta a bheith i mbaol níos mó go mbeidh a scileanna dífheidhmeach, agus baineann tábhacht ar leith le hoiliúint agus beartais foghlama ar feadh an tsaoil, chun scileanna digiteacha leordhóthanacha a áirithiú freisin, chun infhostaitheacht na n-oibrithe scothaosta a chaomhnú agus an t-aosú gníomhach a chothú.

¹⁵⁷ Féach Eurostat, *Population structure and ageing, Statistics explained* [Struchtúr agus aosú an daonra: Miniú ar Staitisticí], 2023.


Tá neamhionannais inscne sa mhargadh saothair fós marthanach, tá difríochtaí móra ó Bhallstát go chéile agus níl aon chomhartha ann go bhfuil cóineasú aníos ag tarlú. In 2022, ba é 80 % ráta fostaíochta na bhfear san Aontas, agus ba é 69,3 % an ráta i gcás na mban, rud a d'fhág go bhfuil bearna fostaíochta 10,7 pointe céatadáin ann idir na hinscní. Maidir leis an mbearna sin cúngaíodh de bheagán le blianta beaga anuas í (ó 11,1 pointe céatadáin in 2020 agus 10,9 pointe céatadáin in 2021). Na bearnaí fostaíochta ba leithne idir na hinscní, is sa Ghréig agus san Iodáil a breathnaíodh iad, mar a raibh beagán os cionn leath na mban fostaíthe (55,9 % agus 55 % faoi seach), i gcomparáid le thart ar thrí cheathrú d'fhir (76,9 % agus 74,7 %, faoi seach), rud a léiríonn 'cás criticiúil' (féach Fíor 2.2.11). Is amhlaidh an cás le haghaidh na Seicia freisin, mar ar tháinig feabhas éigin ar an mbearna, ach mar a bhfuil sí fós leathan, ag 14,9 pointe céatadáin. Is é cás 'le breathnú orthu' atá sa Pholainn, sa Chipir agus in Éirinn; tháinig méadú suntasach in Éirinn ó luach 2021 (+ 1.3 pointe céatadáin) tar éis dó titim na bliana roimhe sin. Os a choinne sin, taifeadadh na bearnaí fostaíochta ba lú idir na hinscní in 2022 sa Liotuáin (0,8 pointe céatadáin), san Fhionlainn (1,2 pointe céatadáin), san Eastóin (2,9 pointe céatadáin) agus sa Laitvia (3,1 pointe céatadáin), arbh iad 'na gníomhaithe ab fhearr' iad uile. D'fhéadfaí éagsúlacht shuntasach a fheiceáil sa ráta fostaíochta idir na hinscní ó réigiún go chéile i mBallstáit áirithe, san Ostair, sa Ghearmáin agus sa Spáinn mar shampla (féach Fíor 3 in Iarscríbhinn 5). Chun sprioc 2030 don ráta fostaíochta a bhaint amach mar a leagadh amach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, déanann na Ballstáit a ndícheall an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad faoi 2030. Chun é sin a bhaint amach, is gá tuilleadh gníomhaíocht bheartais chun dul i ngleic le bacainní atá ar rannpháirtíocht agus lánpháirtiú na mban sa mhargadh saothair, i gcomhréir le Straitéis um Chomhionannas Inscne an Aontais 2020-25¹⁵⁸.

¹⁵⁸

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach An Coimisiún Eorpach, [2023 report on gender equality in the EU \[Tuarascáil 2023 maidir leis an gcomhionannas inscne san Aontas\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Fíor 2.2.11: Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní cúngaithe i dtromlach na dtíortha ach is suntasach fós í gan aon chomhartha ann go bhfuil an cóineasú aníos ag tarlú ó Bhallstát go chéile

Bearna fostaíochta idir na hinscní (20-64 bliana d'aois), leibhéal 2022 agus athrú ón mbliain roimhe sin (pointí céatadán, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscibhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [tesem060], SFS an Aontais.

Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní níos leithne agus fostaíocht de choibhéis lánaimseartha (FTE) á meas, toisc gur minice a oibríonn mná go páirtaimseartha. In 2022, bhí sciar na mban a bhí i mbun obair pháirtaimseartha cuid mhaith ní b'airde ná mar ab amhlaidh i gcás na bhfear (28,4 % i gcomparáid le 8,2 %), cé go bhfuil an bhearna idir na hinscní ó thaobh na fostaíochta páirtaimseartha de ag cúngú le blianta beaga anuas (ó 21,1 pointe céatadáin in 2020 go 20,2 pointe céatadáin in 2022). Agus an fhostaíocht choibhéise lánaimseartha á meas, ba é 16 phointe céatadáin in 2022 san Aontas an bhearna fostaíochta idir na hinscní san aoisghrúpa 20-64 bliana d'aois, ráta a bhí cuid mhaith os cionn na bearna ag 10,7 pointe céatadáin nuair nach bhfuil FTE á mheas.¹⁵⁹ Is é a mhalairt de thionchar a bhí ag an tuismíocht ar fhostú na n-aithreacha agus na máithreacha. In 2022, cé go raibh an ráta fostaíochta i gcás na mban idir 25-54 bliana d'aois ag a raibh leanaí san Aontas 5 phointe céatadáin ní b'isle i gcomparáid lena bpiaraí gan leanaí, bhí an ráta d'fhir ag a raibh leanaí 8,5 pointe céatadáin ní b'airde ná an ráta d'fhir gan leanaí¹⁶⁰. Shroich an bhearna fostaíochta idir na hinscní 17,3 pointe céatadáin do dhaoine ag a raibh leanaí, agus is é 3,8 pointe céatadáin a bhí ann dóibh siúd nach raibh leanaí acu. I measc mná fostaíthe ag a raibh leanaí, shroich sciar na fostaíochta páirtaimseartha 31,5 %, i gcomparáid le 4,9 % d'fhir. I bhformhór na dtíortha, léirítear tionchar na tuismíochta i rátaí fostaíochta níos ísle agus sciarta níos airde d'fhostaíocht pháirtaimseartha do mhná – is amhlaidh an cás go háirithe i dtíortha mar shampla an Ghearmáin, an Ostair, agus Éire. Bhí bearnaí pá idir na hinscní ag cúngú le deacáid anuas, ach tá siad fós leathan i bhformhór na dtíortha, mar a mhionsonraítear i mBosca Cholún tiomnaithe 1¹⁶¹.

¹⁵⁹ Le ráta fostaíochta FTE, cuirtear difríochtaí idir grúpaí i gcomparáid le chéile maidir le líon na n-uaireanta a oibríodh ar an meán. Ríomhtar ráta fostaíochta FTE trí iomlán na n-uaireanta a oibríodh sa gheilleagar (an chéad phost, an dara post, etc.) a roinnt ar mheánlíon na n-uaireanta i sceideal lánaimseartha (thart ar 40) agus ar an líon daoine idir 20-64 bliana d'aois. Foinse: Joint Assessment Framework (JAF) [Comhchreat Measúnúcháin], ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat.

¹⁶⁰ Eurostat [[lfst_hheredy](#)].

¹⁶¹ Eurostat [[tesem189](#)].

Feabhas a chur ar sholáthar agus inrochtaineacht oideachas agus chúram na luath-óige d'ardchaighdeán agus atá inacmhainne, baineann príomhthábhacht leis sin chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a mhéadú agus ar mhaithe le forbairt leanaí; mar sin féin, tá rannpháirtíocht in ECEC ag laghdú¹⁶². Tar éis 37,9 % a shroicheadh in 2021 san Aontas, maidir le rannpháirtíocht na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois in ECEC foirmiúil, tháinig laghdú suntasach (2,2 pointe céatadáin) uirthi in 2022 go dtí 35,7 %, agus tá difríochtaí tábhachtacha fós ann ó Bhallstát go chéile. Maidir le spriocanna athbhreithnithe Barcelona, níor bhain ach naoi mBallstát a sprioc athbhreithnithe 45 % amach le haghaidh 2030, rud a chomhlánaíonn anailís an Scórchláir Shóisialta gur gá gníomhaíocht beartais sa réimse sin a chur chun cinn¹⁶³. In 2022, bhí an ráta rannpháirtíochta faoi bhun 15 % fiú sa tSlóvaic, sa tSeicia, sa Rómáin, agus san Ungáir, rud a fhágann gur 'cás criticiúil' atá sna Ballstáit sin (féach Fíor 2.2.12). Sa Pholainn, sa Bhulgáir, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ostair, sa Ghearmáin, sa Chipir agus sa Chróit, níor ghlac ach idir 15 agus 28 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois páirt in ECEC, ar nós 'le breathnú orthu' atá i gceist sna Ballstáit sin. Ba iad an Danmhairg, an Ísiltír, an Fhrainc agus an tSualainn 'na gníomhaithe ab fhearr' san Aontas, mar ar ghlac breis agus 50 % de leanaí páirt, agus fiú breis agus 70 % de leanaí sa Danmhairg agus san Ísiltír. Bacainní airgeadais, cultúir agus teanga mar aon le neamhionannais réigiúnacha, is féidir leo uile a bheith ina gconstaicí roimh an rannpháirtíocht in ECEC foirmiúil a fhágann gur gá freagairtí beartais oiriúnacha a thabhairt orthu¹⁶⁴. Ina theannta sin, bíonn tionchar ag na beartais náisiúnta ar na rátaí rannpháirtíochta freisin maidir le saoire agus líuntais do thuismitheoirí nó cearta dlíthiúla ar chúram lae leanaí ó aois áirithe, mar shampla. Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil údar le tuilleadh gníomhaíocht bheartais i gcomhréir leis an Rátháíocht Eorpach do Leanaí, an Straitéis Eorpach um Chúram agus an Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige.


¹⁶² Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023 [Fostaíocht agus forbairt sóisialta san Eoraip 2023]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

¹⁶³ In 2002, leag an Chomhairle Eorpach in Barcelona spriocanna síos maidir leis an gcúram leanaí a bhí le baint amach faoi 2010, mar a bhí, chun ECEC a sholáthar do 33 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus do 90 % le haghaidh leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois scoile éigeantaí. De réir mar a sroicheadh na spriocanna sin, i mí na Samhna 2022, rinneadh athbhreithniú orthu leis an [Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige](#), tar éis an togra ón gCoimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2022 le haghaidh Straitéis Eorpach um Chúram. Leis an moladh, leagtar amach spriocanna nua ar oideachas agus cúram na luath-óige, rud lena ndéantar aithris ar na spriocanna a leagadh amach i dtionscnamh an Limistéir Eorpaigh Oideachais. Faoi 2030, ba cheart 45 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus 96 % de leanaí idir aois 3 bliana agus aois tosaithe an bhunoideachais éigeantaigh a bheith in ECEC. Na Ballstáit sin a raibh a meán-rannpháirtíocht sa tréimhse 2017-21 faoi bhun 20 %, beidh orthu í a mhéadú go dtí 90 %, agus na Ballstáit sin arbh é 20-33 % a meán-rannpháirtíocht, beidh orthu méadú 45 % a dhéanamh, agus 45 % mar theorainn.

¹⁶⁴ An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2022 [Fostaíocht agus forbairt sóisialta san Eoraip 2022, Athbhreithniú Bliantúil 2023]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Fíor 2.2.12: Chuaigh an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige i laghad i bhformhór na mBallstát

Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois sa chúram leanaí oifigiúil agus athrú bliantúil, leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (%), Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU.

Foinse: Eurostat [[tepsr_sp210](#)], EU-SILC.

Is toisc eile é cúram a thabhairt do dhaoine ag a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh lena ndéantar difear diúltach do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Cé go raibh sciar na mban agus na bhfear a raibh cúram fadtéarmach á sholáthar acu comhchosúil in 2022 (22 % de mhná agus 21 % d’fhir), rinne 17 % de mhná a n-am oibre a laghdú i ngeall ar fhreagrachtaí cúraim, lena n-áirítear cúram neamhfhoirmiúil, nó i ngeall ar chúram a bheith á sholáthar acu dá leanaí féin nó do leanaí eile, i gcomparáid le 12 % d’fhir. Míniú a d’fhéadfadh a bheith leis is ea déine níos airde na hoibre cúraim do mhná. Cé go bhfaigheann 73 % de na fir a mbíonn cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil á sholáthar acu tacaíocht ó sheirbhísí cúraim eile a úsáideann a bhfaighteoir cúraim, ní hamhlaidh é sin ach i gcás sciar 61 % de mhná¹⁶⁵. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, cuirtear i dtábhacht an gá chun tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla trí oiliúint, comhairleoireacht, tacaíocht shíceolaíoch, cúram faoisimh, bearta cothromaíochta oibre is saoil, rochtain ar chosaint shóisialta agus/nó tacaíocht airgeadais leordhóthanach. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht leis an Moladh an gá atá ann do na Ballstáit tairiscint na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a ailíniú leis na riachtanais chúraim, agus meascán cothrom roghanna á sholáthar san am céanna. Thairis sin, ba cheart a áirithiú leis an gcosaint shóisialta leordhóthanach le haghaidh cúram fadtéarmach go mbeidh seirbhísí tráthúil, cuimsitheach agus inacmhainne¹⁶⁶.

¹⁶⁵ An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscene, *Gender gaps in the use of time: impacts on care and work-life balance* [Bearnaí idir na hinscní san úsáid ama: tionchair ar chúram agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil] (le teacht).

¹⁶⁶ Chun sonraí a fháil, féach [MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán \(2022/C 476/01\)](#).

Le dearadh an chánachais, is féidir comhionannas inscne níos mó a chur chun cinn sa mhargadh saothair, trí dheireadh a chur leis an gcomhchánachas chomh maith, toisc i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, is mná 78 % de na daoine sin san Aontas. Is féidir tionchar diúltach a bheith ag córais chomhchánach fhorchéimnitheacha ar an dul isteach san fhostaíocht i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus ar líon na n-uaireanta a oibrítear, trí ualach ard cánach imeallaí a chruthú¹⁶⁷. Le méid an chomhchánachais ar an ioncam comhcheangailte ag lánúin (lena n-áirítear creidmheasanna inaistrithe cánach) agus le dearadh chóras na sochar (e.g. aistarraingt na sochar faoi thástáil acmhainní) déantar difear do leibhéal na sáinne neamhghníomhaíochta i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. In 2015, léiríonn meastacháin nach raibh ach thart ar an tríú cuid de chomhioncam lánúine i gceist le hioncam na mban ar an meán¹⁶⁸. Tairbhíonn tuilleamh lánúnacha de chánacha níos ísle trí chomhchomhdú na gcánacha (éigeantach nó deonach), ach is rud é sin lena méadaítear rátaí cánach imeallacha an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh freisin, rud a ghníomhaíonn mar dhíspreagadh dóibh chun dul i mbun na fostaíochta¹⁶⁹¹⁷⁰. Go deimhin, léiríonn taighde a rinneadh le déanaí go méadófaí soláthar saothair na mban go mór trí dheireadh a chur leis na heilimintí uile den chomhchánachas¹⁷¹. Is airde na sáinne neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh sa Danmhairg, sa Liotuáin, sa tSlóivéin, sa Bheilg agus sa Ghearmáin agus chuir an cánachas go suntasach leis an ngaiste sin i bhformhór na mBallstát (féach Fíor 2.2.13). Mar shampla, má ghlacann céile neamhghníomhach ag a bhfuil beirt leanaí le post ag 67 % den mheánphá sa Danmhairg, chaillfí níos mó ná 65 % dá tuilleamh i gcánacha breise agus i sochair a tharraingeofaí siar. I gcodarsnacht leis sin, is lú ná 25 % an tsáinn sin sa tSualainn, sa Spáinn, sa Ghréig, agus san Eastóin, agus is lú ná 20 % í sa Chipir. Is suntasaí ranníocaíocht an chánachais sa Bheilg, sa Ghearmáin agus sa Rómáin, rud is cúis le breis agus 40 % de chaillteanas féideartha an ioncaim le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a fhaigheann 67 % den mheánphá nuair a théann sé nó sí i mbun fostaíocht íoctha.

¹⁶⁷ Chun mionsonraí faoin gcánachas saothair a fháil, féach an Coimisiún Eorpach, *Annual Report on Taxation [Tuarascáil bhliantúil maidir le Cánachas] 2023*, Roinn 2.1.3.

¹⁶⁸ An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Rastrigina, O., Verashchagina, A., *Secondary earners and fiscal policies in Europe, [Saothraithe tánaisteacha agus beartais fhioscacha san Eoraip]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015.


¹⁶⁹ Leis an gcomhchomhdú i gcás lánúineacha ina bhfuil duine amháin nó beirt ag tuilleamh, is féidir a n-ualach foriomlán cánach a íslú i gcomparáid leis an gcomhdú ar leithligh i gcás ina bhfuil leithdháileadh éagothrom ar thuilleamh idir na páirtithe. I mBallstáit áirithe i gcás ina bhfuil an rogha ann, is féidir le lánúnacha roghnú gan comhchomhdú a dhéanamh.

¹⁷⁰ Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: Chen, Q. et al., *The Role of Structural Fiscal Policy on Female Labor Force Participation*, Páipéir Oibre CAI 23/186, Washington D.C., an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, 2023.

¹⁷¹ Féach Bick, Alexander, and Nicola Fuchs-Schündeln, *Quantifying the Disincentive Effects of Joint Taxation on Married Women's Labor Supply*. American Economic Review, 107 (5): 100-104., 2017 agus Bachmann, Ronald, Jäger, Philipp agus Jessen, Robin. *A Split Decision: Welche Auswirkungen hätte die Abschaffung des Ehegattensplittings auf das Arbeitsangebot und die Einkommensverteilung?* Zeitschrift für Wirtschaftspolitik, Iml. 70 Uimh. 2, lgh. 105-131, 2021

Fíor 2.2.13: Is féidir le cánachas a bheith ina dhíspreagadh láidir chun tabhairt faoi obair íoctha i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh

Sáinn neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (% , 2022)




Tabhair faoi deara: Tá na sonraí le haghaidh an dara saothraí ar 67 % den mheánphá i dteaghlach beirte saothraí ag a bhfuil beirt leanaí; tá an príomhshaothraí ar an meánphá. Tagraítear le ‘Ranníocaíocht an chánachais (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta)’ do chéatadán an ollioncaim breise as a mbaintear cáin de bharr an chánachais agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta (gnéithe eile a rannchuidíonn le sáinn an phá ísil is ea sochair dhífhostaíochta tarraingthe siar, cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).

Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí an Mhárta 2023).

Is féidir le ‘sáinn an phá ísil’ difear díréireach a dhéanamh do mhná má mhéadaítear cánacha agus má tharraingítear sochair siar róthapa nuair a théann tuilleamh in airde. Don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, bíonn príomhról ag cánachas chun déine sháinn an phá ísil a chinneadh i bhformhór na mBallstát. Léiríonn Fíor 2.2.14 an céatadán de thuilleamh breise a bhaintear le cáin nuair a thagann méadú ar thuilleamh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ó aon trian amháin go dtí dhá thrían den mheánphá, má dhéanann sé nó sí méadú ar líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear. Ar an meán, cailleann an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh timpeall ar aon trian amháin (34,2 %) dá thuilleamh incriminteach nó dá thuilleamh incriminteach a ar fud an Aontais. Is airde é éifeacht an chánachais sa tsáinn sin sa Bheilg, agus breis agus 60 % i gceist, agus Lucsamburg dá héis sin. Mar atá thuas, infhaighteacht seirbhísí cúraim atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, mar aon le raon leathan de bheartais dhea-dheartha maidir leis an gcothromaíocht oibre is saoil, is féidir tionchar a bheith acu sin ar chinntí daoine maidir le huaireanta oibre níos faide a dhéanamh.

Fíor 2.2.14: I mórán Ballstát, is é an cánachas a sholáthraíonn díspreagadh do shaothraithe ar phá íseal chun uaireanta an chloig níos faide a oibriú

Sáinn an phá ísil le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (% , 2022)



Tabhair faoi deara: Sáinn an phá ísil nuair a thagann méadú ó 33 % go 66 % ar phá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus an príomhshaothraí ag tuilleamh 100 % den mheánphá, a bhfuil beirt leanaí acu.

Foinse: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail cánach sochair ECFE.


D'ainneoin feabhsuithe le déanaí, bíonn rátaí fostaíochta níos ísle ag daoine faoi mhíchumas, gan aon chomhartha a bheith ann go bhfuil cóineasú aníos ag tarlú ó Bhallstát go chéile.

In 2022, bhí an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas idir daoine faoi mhíchumas agus daoine gan mhíchumais ag 21,4 pointe céatadán san Aontas, tar éis don bhearna sin dul i laghad 1,7 pointe céatadán ó bhí 2021 ann. Léirítear ar phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta éagsúlacht leathan i gcásanna na mBallstát (féach Fíor 2.2.15 agus Bosca Cholún 4 tiomnaithe freisin). Rud a léiríonn go bhfuil ‘cás criticiúil’ ann, is leithne an bhearna in Éirinn, sa Chróit, sa Bheilg, agus sa Liotuáin (timpeall 35 phointe céatadán nó os a chionn) agus san Ungáir (ag 32,4 pointe céatadán). Sa Bhulgáir, san Eastóin, sa tSualainn, i Málta, sa Pholainn, agus sa Rómáin, is é cas ‘le breathnú orthu’ atá ann i ngeall ar mhéaduithe móra nó ar bhearnaí atá níos airde ná an meánleibhéal, ar bhonn coibhneasta. B’íse an bhearna i Lucsamburg, sa Danmhairg, sa Phortaingéil, san Iodáil, agus sa Spáinn (faoi bhun 15 phointe céatadán), mar ‘na gníomhaithe is fearr’ san Aontas. I gcomhréir le Straitéis 2021-2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, is gá tuilleadh iarrachtaí beartais agus beart spriocdhírithe, ar a dtugtar tuairisc sa Phacáiste Fostaíochta

le haghaidh daoine faoi mhíchumas¹⁷², chun feabhas a chur ar chás na ndaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair.

Fíor 2.2.15: Tá bearna dhífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas fós ard, agus is suntasach an treocht i dtreo na héagsúlachta i measc Ballstát

An bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (20-64 bliana d'aois), leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%), Príomhtháscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.

Foinse: Eurostat [[tepsr_sp200](#)], EU-SILC.

¹⁷² Féach [Pacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas chun torthaí mhargadh saothair a fheabhsú le haghaidh daoine faoi mhíchumas - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#).

Bosca Cholún 4. Imeascadh daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a láidriú

Baineann príomhthábhacht le feabhas a chur ar thorthaí na ndaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair chun an comhionannas a fheabhsú agus is féidir leis sin a bheith ina rannchuidiú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair freisin, i gcomhréir le prionsabail 3 (maidir le comhionannas deiseanna) agus 17 (maidir le cuimsiú na ndaoine faoi mhíchumas) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. An Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, a d'fhógair an Coimisiún Eorpach i mí Mheán Fómhair 2022, tá sé ar cheann de sheacht bpríomhthionscnamh Straitéis 2021-2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas. Tá sé d'aidhm ag an Straitéis deiseanna fostaíochta a láidriú do dhaoine faoi mhíchumas trí threoraíocht a sholáthar do na Ballstáit, d'fhostóirí agus d'údaráis, lena gcumhdaítear céimeanna uile na fostaíochta, ón earcaíocht chuig coinneáil fostaithe agus an filleadh ar an obair. Chun lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a láidriú, baineann príomhthábhacht le hacmhainneachtaí na seirbhísí fostaíochta agus lánpháirtiú a threisiú, an frúiliú a chur chun cinn agus steiréitíopaí a chomhrac, agus freastal réasúnta ag an obair a áirithiú, ag brath ar a riachtanais, chun fionnadh gur féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh san fhostaíocht.


D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha ó na Ballstáit le deacáid anuas, tá bacainní suntasacha ar dhaoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair fós. In 2022, dhearbhaigh thart ar 47 milliún duine (thart ar 17 %) den daonra atá in aois oibre go raibh míchumas orthu san Aontas. Bíonn a dtorthaí sa mhargadh saothair cuid mhaith níos ísle ná mar is amhlaidh don chuid eile den daonra go hiondúil. Cé gur tháinig méadú ar ráta fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas ó 48,7 % in 2014 (in AE-28) go dtí 50,7 % in 2020 (in AE-27, ar fostaíocht lánaimseartha aon trian den fhostaíocht sin), bhí an bearna idir daoine faoi mhíchumas agus daoine gan míchumas fós leathan ag 21,4 pointe céatadáin in 2022, agus gan ach 1,3 pointe céatadáin de chúngú déanta ar an mbearna sin le 10 mbliana anuas¹⁷³. I mBallstáit áirithe, cúngaíodh an bearna ach chuaigh an bearna i leithne i mBallstáit eile (féach an graf). Thairis sin, in 2020, bhí ráta dífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas an-ard, ag 17,1 % (i gcomparáid le 9,7 % do dhaoine gan mhíchumas). Chomh maith leis sin, ní ghlacann mórán daoine faoi mhíchumas páirt sa mhargadh saothair, mar a léirítear i ráta gníomhaíochta de 60,7 % (i gcomparáid le 83,4 % do dhaoine gan mhíchumas). I gcásanna áirithe, fostaítear daoine faoi mhíchumas i suíomhanna leithscartha mar shampla ceardlanna dídeanacha, nach bhféadfadh dálaí oibre leormhaithe a bheith á n-áirithiú iontu i gcónaí, ná cearta oiriúnacha a bhaineann le saothar, ná an t-aistriú chuig an margadh saothair oscailte a chur chun cinn.

¹⁷³

Tá na sonraí a chuirtear i láthair sa roinn seo bunaithe ar shuirbhé [EU-SILC](#), lena n-úsáidtear stádas fostaíochta féinsainithe, agus a thugann rátaí fostaíochta 1,5 pointe céatadáin faoi bhun tháscaire SFS (bunaithe ar shainmhíniú EIS) ó bhí 2009 ann, cé go bhfuil sé comhghaolaithe go mór leis. Féach an Coimisiún Eorpach: [European Comparative data on Europe 2020 \[Sonraí comparáideacha Eorpacha faoin Eoraip\]](#) 2021, agus Saineolas Eorpach um Míchumas, (EDE), *The Employment of Persons with Disabilities* [Fostú Daoine faoi Mhíchumas], 2023 (nár foilsíodh go fóill).

Bearna fostaíochta nach beag le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus an-chuid éagsúlachta ó Bhallstát go chéile

Difríocht idir rátaí fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas agus ráta na ndaoine gan mhíchumas (20-64 bliana d'aois, pointí céatadán)



Tabhair faoi deara: Sonraí le haghaidh EU-27. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU in 2022 agus sonraí sealadacha le haghaidh FR in 2022.

Foinse: Eurostat [[hlth_dlm200](#)], EU-SILC.

Soláthraíonn na Ballstáit uile tacaíocht áirithe chun fostú daoine faoi mhíchumas a éascú.

Áirítear leo sin iad seo a leanas: faoiseamh cánach, laghduithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta nó íocaíochtaí árachais sláinte éigeantacha, fóirdheontais phá nó fóirdheontais eile, deontais, múscailt feasachta agus faisnéis, oiliúint, nó comhairle. Mar shampla, in 2022, chuir **Éire** tús le cur chuige luath-rannpháirtíochta a rolladh amach, ar cur chuige é a raibh sé d'aidhm aige feabhas a chur ar an tseirbhís fostaíochta a chuirtear ar fáil trí na seirbhísí poiblí fostaíochta do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas, trí sheirbhísí agus tacaíocht fostaíochta a thairiscint agus a sholáthar go gníomhach a luaithe is féidir. Sa **Liotuáin**, le hathchóiriú a rinneadh in 2023, leathnaíodh infheidhmeacht bhearta agus sheirbhísí sóisialta ALMP do dhaoine faoi mhíchumas chun iad a éascú le dul isteach sa mhargadh saothair oscailte agus cuirtear deireadh le tacaíocht d'fhiontair shóisialta a chruthaigh áiteanna oibre leithscartha. In 2022, thug **an Ísiltír** roinnt bearta isteach chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas. Tugadh an coincheap *'proefplaats'* isteach, i measc nithe eile, lena gceadaítear tréimhse thrialach 2 mhí do dhaoine faoi mhíchumas ar tréimhse neamhíochta í ach lena gcoinnítear a gcearta chun sochair dhífhostaíochta agus lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta éagsúla.

Cé go bhfuil an ráta fostaíochta do shaoránaigh den Aontas a chónaíonn i mBallstát eile níos airde ná mar atá do na náisiúnaigh, bíonn ró-ionadaíocht i slite beatha neamhoilte i gceist lena bhfostaíocht go hiondúil. Tar éis laghdú suntasach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, d'fhill an ráta fostaíochta do shaoránaigh den Aontas a bhí in aois oibre agus ina gcónaí i mBallstát eile ar 77,1 % in 2022¹⁷⁴, i.e. 1,7 pointe céatadáin ní b'airde ná meánráta fostaíochta na náisiúnach (75,4 %), agus 15,2 pointe céatadáin ní b'airde ná meánráta fostaíochta náisiúnaigh tríú tír. Maidir le saoránaigh den Aontas a bhí ina gcónaí i mBallstát eile agus le náisiúnaigh tríú tír, bhain ró-ionadaíocht leo i gcoibhneas le náisiúnaigh i slite beatha neamhoilte, mar shampla oibrithe seirbhíse agus díolachán, agus sa cheardaíocht agus i gceirdeanna gaolmhara¹⁷⁵. Maidir le hoibrithe soghluaiste gearrthéarmacha, mar shampla oibrithe séasúracha, bíonn siad i mbail ar leith go hiondúil go mbeidh drochdhálaí oibre acu agus go ndéanfar iad a dhúshaothrú toisc go gcruthaítear deacrachtaí maidir le cearta comhionanna a fhorfheidhmiú i ngeall ar an tír chónaithe agus oibre a bheith difriúil¹⁷⁶. Ar an foriomlán, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar lánpháirtiú daoine nár rugadh san Aontas sa mhargadh saothair, is cosúil gur gá tuilleadh iarrachtaí. Tháinig méadú ar ráta fostaíochta daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach (20-64) ó 63,4 % in 2021 go dtí 65,9 % in 2022, agus chuaigh an bearna idir a ráta fostaíochta agus ráta fostaíochta daoine a rugadh sa Bhallstát céanna ina n-oibríonn siad i laghad ó 10,7 pointe céatadáin in 2021 go dtí 9,7 pointe céatadáin in 2022. Ba leithne an bearna sa Bhulgáir (breis agus 20 pointe céatadáin), san Ísiltír, sa tSualainn, sa Bheilg, agus sa Ghearmáin (breis agus 16 phointe céatadáin), agus is bearna dhiúltach fiú sa Rómáin, sa tSeicia, sa Pholainn, i Málta agus sa tSlóvaic.

¹⁷⁴ Níl aon sonraí ar fáil in 2022 le haghaidh BG, PL, ná RO. Féach Eurostat [[lfsa_ergaeden](#)], SFS.

¹⁷⁵ An Coimisiún Eorpach, *Annual report on intra-EU labour mobility* [Tuarascáil Bhliantúil maidir le Soghluaisteacht Saothair laistigh den Aontas Eorpach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023 (le teacht).

¹⁷⁶ An Coimisiún Eorpach, *Report on seasonal workers and intra-EU labour mobility* [Tuarascáil maidir le hoibrithe séasúracha agus soghluaisteacht saothair laistigh den Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Bíonn staid mhargadh saothair na ndaoine a rugadh ar an gcoigríoch éagsúlach, ag brath ar a leibhéal oideachais agus ar a dtír bhreithe. Ar an meán san Aontas, bhí 77 % de dhaoine a rugadh i mBallstát eile fostaithe, in aghaidh 75,6 % de dhaoine a rugadh ina mBallstát cónaithe. I measc na ndaoine sin ag a raibh oideachas meánscoile íochtaráí nó níos lú, ba é 57,3 % ráta fostaíochta na ndaoine a rugadh lasmuigh den Aontas, i.e. 1 phointe céatadáin ní b'airde ná iad siúd a rugadh sa tír chónaithe, agus taifeadadh ráta fostaíochta 68,3 % do dhaoine ar bheagán oiliúna a rugadh i mBallstát eile, i.e. 11 phointe céatadáin ní b'airde ná daoine a rugadh sa tír chónaithe. I measc na ndaoine sin ag a raibh oideachas treasach, is i gcás an daonra a rugadh sa tír chónaithe a taifeadadh an ráta fostaíochta ab airde in 2022, ag 87,3 %, i gcomparáid le 85,7 % ina measc sin a rugadh i mBallstát eile agus 74,5 % ina measc sin a rugadh lasmuigh den Aontas. Tá an neamhréir idir an leibhéal cáilíochta agus fostaíochta cuid mhaith níos airde do dhaoine nach saoránaigh den Aontas Eorpach iad, rud a fhágann ráta ró-cháilíochta 39,4 % in 2022 in aghaidh 21,1 % do na saoránaigh den Aontas Eorpach¹⁷⁷.

¹⁷⁷ Foinse: Eurostat [[lfsa_eoqgan](#)].

2.2.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Leanann na Ballstáit den rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige (ECEC) a fheabhsú, agus iad ag díriú go háirithe ar leanaí faoi mhíbhuntáiste, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), gheall 15 Bhallstát athchóirithe agus infheistíochtaí móra a dhéanamh sa réimse beartais sin, agus luach beagnach EUR 8 mbilliún i gceist. Ón mbliain acadúil 2023-24 ar aghaidh, thug **an Bhulgáir** réamhscoil éigeantach 3 bliana isteach ó 4 bliana d’aois agus an beartas á chur chun feidhme de réir a chéile faoin gCreat Straitéiseach um Fhorbairt an Oideachais, na hOiliúna agus na Foghlama 2021-30 dá cuid. **Sa tSlóvaic**, bunaíodh teidlíocht dhlíthiúil le leasú reachtach nua ar áit i naíscoil do leanaí in aois 4 bliana ó mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh, agus do leanaí in aois 3 bliana ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh. Ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh, tá teaghlaigh a bhfuil an t-oideachas agus cúram leanaí luath-óige á rochtain acu **in Éirinn** incháilithe chun fóirdheontas méadaithe in aghaidh na huaire a fháil tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS). **Sa tSualainn**, ní mór do bardais áit in ECEC a thairiscint do leanaí a bhí ina gcónaí sa tSualainn ar feadh tréimhse ghearr, fiú murar chuir a dtuismitheoirí ná a gcaomhnaithe dlíthiúla isteach uirthi. **Sa tSlóvaic**, tacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) le bearta spriocdhírithe chun rannpháirtíocht leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a mhéadú, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas agus leanaí Romacha In 2023, leathnaigh **an Phortaingéil** ECEC saor in aisce chun leanaí faoi 3 bliana d’aois a bheith san áireamh. Baineann sé seo le gach leanbh atá ag dul isteach sa chéad bhliain den naíolann agus ag dul ar aghaidh go dtí an dara bliain, lena n-áirítear iad siúd atá cláraithe i naíolanna príobháideacha nuair nach bhfuil aon tairiscint ó eagraíochtaí neamhbhrabúis. Ó 2024 i leith, beidh gach leanbh suas le 3 bliana d’aois i dteideal freastal ar ECEC saor in aisce, ach ní leor fós an méid naíolann atá ar fáil. **Sa Chróit**, táthar ag féachaint ar na socrúithe maoiniúcháin idir an stát agus na bardais chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an bhonneagair nua agus chun comhdheiseanna a áirithiú. **San Ostair**, le leasú nua maidir le maoiniú na naíolann, soláthraítear EUR 200 milliún san iomlán in aghaidh na bliana i bhfóirdheontais sainchuspóra ón rialtas feidearálach chuig na stáit feidearálacha le haghaidh na mblianta 2022-23 go 2026-27 chun leathnú na seirbhísí bunoidreachais cúraim leanaí a chur chun cinn, i dteannta bearta chun feabhas a chur ar an rochtain ar ECEC ina plean téarnaimh agus athléimneachta.

Sa Bheilg, measann Réigiún na Vallúine cistiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun bonneagar cúraim leanaí luath-óige a chruthú agus a athchóiriú chun feabhas a chur ar an gcumhdach. Díreofar ar shuíomhanna ina bhfuil cumhdach íseal cúraim leanaí in éineacht le rátaí fostaíochta ísle na mban, sciar ard tuismitheoirí aonair agus ioncam íseal per capita. Tá **an Ungáir** ag tapú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh a pleananna áiteanna nua ECEC a chruthú le haghaidh leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois chun 60 000 áit a shroicheadh faoi dheireadh 2026 agus déanfar measúnú ar riachtanais in 2026. Is é is aidhm leis sin áiteanna nua a thógáil i lonnaíochtaí (go háirithe i lonnaíochtaí atá faoi mhíbhuntáiste) i gcás nach raibh naíolann ann roimhe. **Sa Rómáin**, beidh an t-oideachas réamhscoile ó 3 bliana d’aois éigeantach ó thús na bliana acadúla 2030-2031, agus mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá infheistíochtaí á ndéanamh i dtógáil, feistiú agus oibríochtú 110 naíolann agus 412 sheirbhís chomhlántacha do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Tá fócas méadaithe i mbeartais ar cháilíocht na seirbhísí ECEC a fhorbairt, i bhfianaise ghanntanas na foirne cáilithe freisin. Go déanach in 2022, d’ardaigh **Éire** an pá do níos mó ná 70 % d’oibríthe cúraim leanaí, rud a bhaineann le thart ar 27 000 ball foirne, agus thacaigh sí le gairmiúlú oibríthe cúraim leanaí trí rátaí íosta pá earnáilsonracha a thabhairt isteach, atá ceangailte le ról éagsúla agus le leibhéil éagsúla cháilithe. **Sa Danmhairg**, rachaidh dlí nua maidir le híoschaighdeán i dtaca le cóimheasa idir leanaí agus foireann i bhfeidhm ó thús 2024. Leanann **an Ghearmáin** dá tacaíocht do na *Länder* trí sholáthar seirbhísí ardcháilíochta a mhéadú, rud lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, réimsí mar shampla an cóimheas idir foireann agus leanaí, foireann cháilithe a earcú agus a choinneáil, ceannaireacht, oideachas teanga. Is é is aidhm **don Eastóin** córas ECEC comhtháite a fhorbairt ina mbeidh caighdeán cháilíochta choiteanna, lena n-áirítear curaclam coiteann. **Sa Liotuáin**, glacadh treoirlínte nua maidir le hábhar na glár oideachais réamhscoile, mar a beartaíodh ina plean téarnaimh agus athléimneachta. **Sa Ghréig**, treisíodh forbairt ghairmiúil leanúnach na bhfoirne ECEC. In éineacht le tacaíocht an Aontais faoin Ionstraim Tacaíochta Teicniúla (STI), **sa tSeicia**, tá córas faireacháin agus meastóireachta á fhorbairt le haghaidh cháilíocht ECEC, rud lena dtreorófar agus lena dtacófar leis an leathnú atá á dhéanamh faoi láthair ar an earnáil, rud atá á mhaoiniú tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí an bheartais chomhtháite. **Sa Bheilg**, infheistíodh an réigiún Pléimeannach EUR 270 milliún breise in ECEC chun 5 000 áit bhreise a chruthú agus chun an cóimheas leanaí/foirne a laghdú. I mí Iúil 2023, sheol **Málta** an ‘Creat um Dhearbhu Cáilíochta san Oideachas (0-16 bliana)’ agus ‘Caighdeán Náisiúnta Cháilíochta san Oideachas (3-16 bliana)’ chun uirlisí a chur ar fáil d’oideoirí chun machnamh a dhéanamh ar cheannaireacht, ar theagasc agus ar éiteas scoile.

Tá sé indéanta iarrachtaí a threisiú chun tarraingteacht na gairme teagaisc a mhéadú, go háirithe trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre i bhfianaise ganntanas. Cuireadh raon leathan beart chun feidhme le blianta beaga anuas, ach tá a dtionchar fós le feiceáil i bhformhór na dtíortha.

Sa Bhulgáir, tar éis méaduithe móra tuarastail ó bhí 2016 ann (bliain ina ndearnadh méadú de bhreis agus dúbailt ar thuarastail tosaigh), rinneadh méadú 24,5 % ar an líon mac léinn i gcláir bhaitisiléara san oideachas, mar aon le méadú 40 % ar na cláir mháistreachta ábhartha idir 2018 agus 2022. Ghlac **an Ísiltír** agus **an Eastóin** pleananna gníomhaíochta teagaisc le déanaí, lena dtugtar aghaidh inter alia ar thuarastail múinteoirí, mar aon lena ndálaí oibre, deiseanna gairme agus oiliúna, agus bealaí malartacha chun dul isteach sa ghairm, chomh maith le comhar níos láidre i measc páirtithe leasmhara agus scoileanna difriúla. Chuaigh tíortha áirithe ina bhfuil tuarastail múinteoirí an-íseal i mbun méaduithe móra, agus spriocanna á leagan síos acu i gcomparáid leis an meánphá náisiúnta. Is é sin an cás le haghaidh **na Liotuáine, na Seicia, na Bulgáire agus na hEastóine**, mar shampla. I mí an Mheithimh 2023, chinn **an Rómáin** méadú 25 % ar an meán a dhéanamh ar thuarastail múinteoirí. I dteannta arduithe pá ginearálta, tugadh tuilleadh dreasachtaí airgeadais isteach freisin. Mar shampla, sheol **an Ísiltír** liúntas ar a dtugtar ‘liúntas margaidh saothair’ (*arbeidsmarkttoelage*) le haghaidh múinteoirí a bhíonn ag teagasc i scoileanna faoi mhíbhuntáiste. **Sa tSualainn**, is féidir le soláthraithe scoile deontais bhreise a fháil chun múinteoirí cáilithe a cheapadh agus a chúiteamh. Faigheann scoileanna ina bhfuil go leor daltaí faoi mhíbhuntáiste níos mó maoinithe. Bhí tíortha áirithe ag díriú ar dhálaí oibre agus ar dheiseanna gairme. **Sa Ghréig**, tá creat gairme náisiúnta forbartha agus meastóireacht múinteoirí tugtha isteach. Thug **an tSualainn** agus **an Ísiltír** beartais isteach a dhírítear ar an ualach oibre a laghdú, rud a fhágann, mar shampla, gur féidir cúntóirí teagaisc breise a fhostú. **Sa Bheilg, sa tSeicia, sa Rómáin agus sa tSlóvaic** tá cláir mheantóireachta á bhforbairt le fócas speisialta ar mhúinteoirí núíosacha. Chuir **Málta** roinnt beart i bhfeidhm maidir le dul chun cinn tuarastail do mhúinteoirí i gcomhréir leis an gcomhaontú comhchoiteann atá ann faoi láthair, lena n-áirítear méadú ar thuarastail agus ar liúntas ranga, an fhéidearthacht atá ann dul chun cinn brostaithe a dhéanamh, laghdú ar an ualach teagaisc a bheith ann mar aon le daonra ranga daltaí níos lú chun díriú ar mhúinteoirí a choinneáil.

Tá sé d'aidhm ag na **Ballstáit tuilleadh iarrthóirí a mhealladh chuig gairm na múinteoireachta ar bhonn struchtúrach, agus bearta á gcur i bhfeidhm láithreach acu freisin chun ganntanais a leigheas**. Chun aghaidh a thabhairt ar ghéarghanntanais múinteoirí, is mó atá na Ballstát ag brath ar mhúinteoirí ionadacha nó neamhcháilithe, agus d'fhéadfadh impleachtaí maidir le cáilíocht an oideachais a bheith i gceist leis sin. **Sa tSlóivéin**, déantar foráil le reachtaíocht nua maidir le daoine gan cháilíocht a fhostú le haghaidh cúraimí teagaisc go sealadach, agus tá an nós imeachta earcaíochta á shimpliú. **Sa Bheilg**, baineadh triail phíolótach as ardáin agus as comhthiomsuithe múinteoirí ionadacha i scoilbhliain 2022-23 chun ganntanais múinteoirí a chomhrac. **In Éirinn**, fógraíodh scéim píolótach chun múinteoirí a chomhroinnt idir scoileanna. Ar an gcaoi chéanna, leis an dlí réamh-ollscolaíochta nua **sa Rómáin**, beartaítear an fhéidearthacht go gcomhroinnfear acmhainní, lena n-áirítear múinteoirí. **San Ísiltír**, cheadaigh an Aireacht Oideachais do scoileanna triallacha a bhaint as sceidil sheachtainiúla sna cúig chathair is mó. Féadfaidh scoileanna an t-oideachas a eagrú ar bhealach difriúil ar feadh 1 lá amháin sa tseachtain, mar shampla, trí iarraidh ar ghairmithe seachtracha ranganna a thabhairt le haghaidh sciar beag den churaclam, agus féadfaidh siad a chinneadh cén uair a thógfaidh siad laethanta saoire i gcaitheamh an turgnaimh. Ar an iomlán, tá conairí malartacha i dtreo na gairme cruthaithe cheana féin ag thart faoi dhá thrían de na Ballstáit. Le fiordhéanaí, thug **an Laitvia** isteach tionscnaimh mheara nua chun cáilíochtaí múinteoireachta a fháil le haghaidh gairmithe óga, go háirithe le haghaidh na ngairmithe sin ó réimsí ETIM, agus cruthaíodh deiseanna do mhúinteoirí chun a gcáilíochtaí i réimsí ábhair eile a leathnú. Tá triail phíolótach á baint as oideachas oideolaíoch forlíontach nua atá níos gaire **sa tSualainn** chun rochtain níos tapúla ar an ngairm mhúinteoireachta a thabhairt. **San Ostair**, is féidir le múinteoirí a gcéim mháistreachta a chur i gcrích agus iad ag obair mar mhúinteoirí cheana féin. **Sa tSeicia**, céimithe ag a bhfuil céimeanna máistreachta atá comhfhreagrach d'ábhair scoile, is féidir leo dul isteach sa ghairm ar feadh tréimhse 3 bliana ar a mhéad, agus ní mór dóibh na cáilíochtaí a cheanglaítear a fháil lena linn sin. **Sa Liotuáin**, chun iontráil chliathánach sa ghairm a spreagadh, rinneadh ceanglais níos solúbtha de na ceanglais cáilíochta do mhúinteoirí. **Sa Bheilg**, aithnítear 10 mbliana sinsearachta dóibh siúd a thagann isteach sa ghairm ón earnáil phríobháideach chun tuilleadh iarrthóirí a mhealladh chun na múinteoireachta (moladh le déanaí é a choigeartú chuig 15 bliana i bhFlóndras, rud a bhfuil ceadú parlaiminte ar feitheamh lena aghaidh). Tá suíomhanna staidéir breise san oideachas teagaisc á gcruthú **san Eastóin, san Fhionlainn, in Éirinn, agus i Lucsamburg**, agus tá scoláireachtaí tugtha isteach **sa Bhulgáir, sa Chróit, san Eastóin, sa Liotuáin**, agus **sa tSlóivéin** chun daoine óga a spreagadh i dtreo céim theagaisc.

Leanann na Ballstáit de bhearta a chur chun feidhme chun srian a chur le luathfhágáil na scoile agus na hoiliúna agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais san oideachas. Mar shampla, in 2022, sheol **an Rómáin** Clár Náisiúnta chun Fágáil na Scoile a Laghdú, in éineacht le tacaíocht airgeadais mhór ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus CSE+ (ó 2024 ar aghaidh). Tá deontais faighte ag sciar 37 % de bhunscoileanna agus de mheánscoileanna íochtaracha ón uair sin chun an fhágáil scoile a laghdú agus a chosc, trí thacaíocht oideolaíoch, bearta tacaíochta sóisialta agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim breise freisin. Leis an dlí oideachais nua, beartaítear leanúint na n-iarrachtaí sin trí roinnt clár náisiúnta. **Sa Spáinn**, an Clár um Threoraíocht, Dul Chun Cinn agus Saibhriú Oideachasúil i Lárionaid Chastachta Oideachasúla Speisialta (PROA+) 2021-23, atá á chistiú trí CSE+ agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, is aidhm dó feabhas a chur ar an rathúlacht scoile trí thacaíocht spriocdhírthe a sholáthar do mhic léinn. Tá na lárionaid i limistéir ina bhfuil sciar ard daoine faoi mhíbhuntáiste agus daoine óga leochaileacha, daoine óga ag a bhfuil deacrachtaí foghlama nó aon riocht eile a d'fhéadfadh bac a cur ar an rathúlacht oideachasúil. I **Lucsamburg**, rinneadh méadú ar an aois scoile éigeantaí ó 16 go dtí 18 mbliana d'aois i mí Iúil 2023 chun laghdú a dhéanamh ar luathfhágáil na scoile agus ar an difhostaíocht i measc na hóige. Tiocfaidh an dlí i bhfeidhm ó 2026-27 ar aghaidh. In 2023 **sa tSlóvaic**, beidh líonra de thart faoi 160 saoráid chomhairleoireachta agus choisc bunaithe, a rachaidh i gcomhar leis na foirne um chuimsiú scoile. Cuideoidh siad sin le múinteoirí agus le baill foirne eile tacaíocht speisialaithe a sholáthar inter alia le haghaidh leanaí ar a bhfuil uathachas nó míchumais. Ar an gcaoi chéanna, **sa Pholainn**, tá 23 lárionad tacaíochta oideachais ionchuimsithí cruthaithe agus tá fostú foirne ionchuimsitheacha leathnaithe i scoileanna, rud a thacóidh le cuimsiú daltaí faoi mhíchumas a chuimsiú freisin. Ó mhí Aibreáin 2023 ar aghaidh, tá dlús á chur ag **an tSualainn** le tacaíocht airgeadais le haghaidh múinteoirí oideachais speisialta agus seirbhísí sláinte na ndaltaí. In 2023, d'fhoilsigh **Málta** straitéis athbhreithnithe maidir leis an luathfhágáil ón oideachas agus oiliúint bunaithe ar an gcosc, idirghabháil, agus cúiteamh. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir **Éire** síneadh lena clár tacaíochta do scoileanna in áiteanna faoi mhíbhuntáiste (DEIS). Bhain 361 scoil tairbhe as sin. Fuair na scoileanna sin acmhainní breise ar nós tacaíocht airgeadais agus soláthar foirne breise. Tá breis agus 1,200 scoil páirteach sa chlár anois agus tacaíonn sé le thart ar 240 000 daltaí. D'fhormheas **an Phortaingéil** plean Escola+ 21|23 arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí na ndaltaí agus ar na neamhshiméadrachtaí sóisialta agus oideachais a d'eascair as dúnadh na scoileanna agus dálaí na paidéime.

Sealbhú scileanna a threisiú agus aistriú chuig an teagasc agus foghlaim atá bunaithe ar inniúlacht, is príomhthosaíocht fós an méid sin. Chuaigh roinnt Ballstát i mbun mórathruithe curaclaim le blianta beaga anuas, rud a d'fhéadfadh cuidiú le treocht na dtorthaí foghlama a bheith ag meath a aisiompú. Chun sealbhú príomhinniúlachtaí a chothú, tá athchóiriú curaclaim cuimsitheach curtha i bhfeidhm de réir a chéile ag **an tSlóvaic** le haghaidh bunscoileanna a dtacaítear leo faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. Is ar bhorradh a chur faoi scileanna digiteacha, smaointeoireacht chriticiúil agus cruthaitheacht le haghaidh foghlaimeoirí, ionchuimsitheacht an oideachais a láidriú agus feabhas a chur ar an meantóireacht le haghaidh múinteoirí a dhírítear leis an athchóiriú. Ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh, tá **an Ísiltír** ag tacú le thart faoi 2 200 scoil agus le 650 000 daltaí ón oideachas luath-óige ar aghaidh go dtí an t-oideachas meánscoile agus gairmoideachas faoina 'plean máistreachta um bunscoileanna'. Leis an bplean, cuirtear chun cinn scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta, matamaitic, oideachas saoránachta agus litearthacht dhigiteach na hÍsiltíre. I scoilbhliain 2023-24, tá **an Fhrainc** ag tabhairt isteach uair an chloig amháin in aghaidh na seachtaine de theagasc difreáilte sa Fhraincis agus sa mhatamaitic do na daltaí uile, tá scéim tacaíochta á leathnú ag an bhFrainc chun na scoileanna uile a chuimsiú (*'Devoirs faits'*) agus treoraíocht oideolaíochta á soláthar do mhúinteoirí. Tar éis athchóirithe curaclaim ar leibhéal mheánscoile, d'fhoilsigh **Éire** creat curaclaim nua bunscoile i mí an Mhárta 2023, lena gcuirtear béim níos mó ar réimsí ETIM, na folláine, agus ar theagasc na dteangacha iasachta ón leibhéal bunscoile ar aghaidh. I mí na Samhna 2022, sheol **an tSlóivéin** glao ar thograí tionscadail faoina plean téarnaimh agus athléimneachta chun oiliúint ar mhórscaála a chur chun feidhme le haghaidh gairmithe oideachasúla i scileanna digiteacha, inniúlachtaí ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus litearthacht airgeadais, agus é d'aidhm ag an tír oiliúint a chur ar bhreis agus 20 000 múinteoir agus príomhoide faoi mhí an Mheithimh 2026. I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac **an Liotuáin** plean sonrach chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais in ábhair ETIM. Tacaíonn an tír leis an oideachas ETIM freisin trí lárionaid nuachruthaithe atá feistithe le saotharlanna. Tá **an Chróit** i mbun ullmhúcháin chun athchóiriú a dhéanamh ar lá iomlán na scoile in 2023, lena méadófaí an líon uaireanta teagaisc le haghaidh ábhair na mbunscoileanna uile. Tá na ranganna cúitimh leathnaithe ag **Málta** don samhradh agus don gheimhreadh, a ceapadh chun tacaíocht acadúil bhreise a chur ar fáil do mhic léinn leochaileacha.

Bhí luas chlaohlú digiteach na gcóras oideachais ag géarú. Tar éis na paindéime, cuireadh borradh mór faoi athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-oideachas digiteach a chur chun cinn, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus EUR 29 mbilliún leithdháilte san iomlán d’infheistíochtaí i gcaipiteal daonna agus sa digitiú. I roinnt Ballstát, tá aghaidh á tabhairt ar chlaohlú digiteach an oideachais trí straitéisí éagsúla maidir le digitiú an oideachais agus scileanna digiteacha. Mar shampla, ghlac **an Fhrainc** Straitéis nua um an Oideachas Digiteach (2023-27), arb é is aidhm di an comhar idir gníomhaithe náisiúnta agus áitiúla a láidriú, scileanna digiteacha na ndaltaí a fhorbairt agus acmhainní digiteacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí. Ghlac **an Ostair** creat straitéiseach ‘Na hOllscoileanna agus an Claohlú Digiteach 2030’ lena sainítear tacar prionsabal le haghaidh ollscoileanna agus sraith gníomhaíochtaí chun digitiú an ardoideachais a chur chun cinn. I gcomhthéacs na scoileanna, seoladh plean 8 bpointe don oideachas digiteach (2020-2024), lena n-áirítear tionscnaimh oideolaíocha agus bearta bonneagair araon. Chuir Pobal Pléimeannach **na Beilge** an Ciste um Dhul Chun Cinn an Ardoideachais, in éineacht le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, a bhfuil sé d’aidhm aige an t-ardoideachas a dhéanamh slán i bhfad na haimsire agus a dhigitiú agus an fhoghlaím ar feadh an tsaoil in Institiúidí Ardoideachais (HEI) a threisiú. Ina theannta sin, tá foráil á déanamh ag trí phobal uile na Beilge chun úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun trealamh digiteach agus bonneagar TF a sholáthar do scoileanna. **Sa Rómáin**, tá an creat reachtach um dhigitiú na bpróiseas agus an ábhair oideachais, lena leagtar amach an phróifíl i dtaca le hinniúlachtaí digiteacha le haghaidh múinteoirí, formheasta. **Sa Liotuáin**, tá sé d’aidhm ag tionscadal EdTech institiúidí oideachais ar na leibhéil uile a fheistiú le huirli sí digiteacha, réitigh nuálacha le haghaidh na foghlama digití agus oiliúint scileanna digiteacha ar líne a thástáil, ar réitigh agus oiliúint iad atá deartha de réir chreata digiteacha an Aontais. Faoi 2024, beidh an cúrsa maidir le hinniúlachtaí TF curtha i gcrích ag 3 000 múinteoir agus foireann acadúil agus beidh céim mháistreachta sa TFC faighte ag 500 múinteoir ar a laghad mar atá beartaithe sa Phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Déanann na Ballstáit bearta chun treisiú a dhéanamh ar an rannchuidiú a thugtar leis an ardoideachas ó thaobh scileanna atá ábhartha don mhargadh saothair de agus chun an nuálaíocht a spreagadh. Tá cláir shonracha seolta ag formhór na mBallstát chun an oiliúint atá á tairiscint acu a athnuachan agus chun feabhas a chur ar ábharthacht na hoiliúna sin don mhargadh saothair, agus tá mórán díobh ag díriú ar claochlú digiteach an ardoideachais agus ar mhicridhintiúir a thabhairt isteach. Cuireann Ballstáit eile athchóirithe cuimsitheacha chun feidhme, lena n-áirítear athruithe móra ar shocrúithe rialachais, creidiúnú, agus sásra um dhearbhu cáilíochta, taighde a bhreiseiú agus an t-idirnáisiúnú a chur chun cinn. Mar shampla, tá clár mórscála á chur chun feidhme **ag an mBulgáir** chun an córas ardoideachais a nuachóiriú, in éineacht le comhchistiú ó CSE. Is é aidhm an chlár samhail inniúlachta a thabhairt isteach, tacú le forbairt na gelár ollscoile comhpháirteach, forbairt na scileanna idirdhisciplíneacha a éascú, agus feabhas a chur ar inniúlachtaí na foirne teagaisc. Thairis sin, tabharfar na curaclaim cothrom le dáta le tacaíocht ó CSE+ chun an fócas ar inniúlachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais a threiseiú. Faoi bPlean Náisiúnta um Fhorbairt an Chórais Oideachais 2021-27, a glacadh i mí an Mhárta 2023, tá a córas ardoideachais á athchóiriú **ag an gCróit** chun sármhaitheas a chur chun cinn, feabhas a chur ar an ábharthacht don mhargadh saothair agus ar an idirnáisiúnú, faoina plean téarnaimh agus athléimneachta go páirteach. Tá comhaontuithe feidhmíochta tugtha isteach ag an gCróit agus athbhreithniú déanta ar mhodhanna um dhearbhu inmheánach na cáilíochta agus mheastóireacht sheachtrach na n-institiúidí ardoideachais (HEInna), mar aon le nósanna imeachta creidiúnaithe le haghaidh HEInna agus cláir staidéir nua. Shínigh **an Rómáin** 61 chonradh deontais le hOllscoileanna chun bearta comhtháite a mhaoiniú a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar an mbonneagar digiteach agus inniúlachtaí digiteacha na mac léinn a fhorbairt, in éineacht le scileanna digiteacha na foirne teagaisc agus taighde a fhorbairt trí rannpháirtíocht i dtionscadail taighde agus cleachtais. Ar athchóirithe **sa Ghréig** le déanaí, áirítear neamhspleáchas níos mó a dheonú do HEInna, feabhas a chur ar fheidhmiú na nInstitiúidí Ardoideachais, cuspóirí agus critéir feidhmíochta a thabhairt isteach a bhaineann le maoiniú, agus an cháilíocht a uasghrádú. Faoi plean téarnaimh agus athléimneachta, tá EUR 56,5 milliún infheistithe **ag an tSlóivéin** in 38 dtionscadal piolótach lena ndéanfar réitigh a thástáil ar mhaithe le hinniúlachtaí digiteacha agus forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i gcuraclaim ardoideachais agus é d'aidhm leis sin feabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair. Faoi Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, sheol **an Phortaingéil** tionscnamh STEAM na hÓige (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíon agus matamaitic) (*Impulso Jovem STEAM*) a bhfuil sé d'aidhm aige líon na ndaoine óga san ardoideachas i réimsí STEAM a mhéadú 10 % sna 5 bliana amach romhainn, i gcomhréir le riachtanais mhargadh an tsaothair. Faoi tionscnamh, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil agus cuireann institiúidí ardoideachais na tionscadail chun feidhme, i gcomhar le fiontair, le heintitis phoiblí agus le meánscoileanna. Tá stipinní méadaithe breise ag **Málta** do mhic léinn atá ag tabhairt faoi staidéar a bhaineann leis an ngeilleagar glas agus disciplíní ETIM chun staidéir bhreise a dhreasú in earnálacha criticiúla.

Córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a ailíniú le riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn, tá siad an-suntasach ar chlár oibre beartais na mBallstát. Thug pobal Fraincise na Beilge athchóiriú isteach chun an gairmoideachas agus gairmoiliúint a dhéanamh níos ábhartha le haghaidh an mhargaidh saothair, agus beidh an t-athchóiriú sin i bhfeidhm ó 2024 ar aghaidh. **Sa Bhulgáir**, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá an creat rialála le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna á leasú chun tacú leis an ngairmoideachas agus gairmoiliúint a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh saothair. Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá infheistíocht á déanamh **ag an Eastóin** i gcaighdeáin ghairmiúla nua a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt, ina sonrófar na torthaí foghlama atá nasctha le scileanna glasa, agus ina sainaithneofar réimsí agus scileanna sonracha a mbeidh an acmhainneacht is mó acu ar mhaithe leis an aistriú glas. Glacadh an beart i mí an Mheithimh 2022, agus féachtar leis glacadh le teicneolaíochtaí glasa a spreagadh trí eolas a aistriú agus tríd an ábhar a nuachóiriú agus cláir oiliúna oilteachta a eagrú san ardoideachas agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú a sholáthar. Tá a scéim ardoideachais ghairmoideachais á leathnú **ag an tSualainn**, ó thaobh méide de agus bealaí níos solúbtha le haghaidh athoiliúna agus uas-scilithe araon, agus leas á bhaint aici freisin as a scéim HVE rathúil chun gairmscoileanna do dhaoine fásta ar leibhéil níos ísle cáilíochtaí a phiolótú, i ndlúthchomhar le saol na hoibre. Ar feadh 2023 ar fad, bhí **an Spáinn** ag obair faoina plean téarnaimh agus athléimneachta ar chlaocchlú digiteach, nuálaíocht, agus idirnáisiúnú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint dhigiteach agus ghlas a chur ar mhúinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, seomraí ranga a thiontú i gcomhréir le riachtanais teicneolaíochta agus líonra de 50 lárionad sármhaitheasa a chruthú lena spreagfar taighde agus nuálaíocht, rud a chuirfear i gcrích in 2024. Faoi bhearta a glacadh i mí Aibreáin 2023, tá **an Chipir** ag díriú isteach ar dhaoine a fhostaítear i ngairmeacha beatha nó in earnálacha a bhaineann leis an ngeilleagar glas agus ar dhaoine dífhostaithe ar mian leo dul ag obair i ngairmeacha mar sin chun deiseanna athoiliúna agus uas-scilithe a sholáthar i Lárionaid Ghairmoiliúna. Bunaithe ar a plean téarnaimh agus athléimneachta, déanfaidh **an tSlóvaic** cláir oideachais agus oiliúna a thabhairt cothrom le dáta chun freagairt do riachtanais reatha mhargadh an tsaothair a bhaineann leis an aistriú glas freisin. Cuimsítear leis sin freisin curaclaim nua ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chruthú, oiliúint a chur ar na múinteoirí, trealamh nua gairmoideachais agus gairmoiliúna, agus oiliúint a chur ar fhostaithe. In 2023, bhunaigh **Málta** Stiúrthóireacht um Chláir ETIM agus Gairmoideachais agus Gairmoiliúna laistigh dá Aireacht atá freagrach as an oideachas chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a fhorbairt le riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn agus chun maoirseacht a dhéanamh ar thiomantas agus ar chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme i gcomhréir le Dearbhú Osnabruck 2020.

Tá an fhoghlaím obairbhunaithe agus printíseachtaí á gcur chun cinn ag roinnt tíortha den Aontas trí bhearta beartais nua, lena n-áirítear i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint níos mó. Sa Bheilg, tugadh isteach oiliúint sealaíochta i bhFlóndras i mí Mheán Fómhair 2022 agus tugadh isteach tacaíocht airgeadais le haghaidh gnólachtaí agus daltaí a bhíonn ag gabháil don fhoghlaím obairbhunaithe i mí Mheán Fómhair 2023. **Sa Liotuáin,** bunaíodh córas tacaíochtaí le haghaidh printíseachtaí faoina plean téarnaimh agus athléimneachta ina ndírítear go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide tar éis ghlacadh na scéime printíseachta i mí Mheán Fómhair 2022. Tairbhíonn an clár de thacaíocht ón Aontas, agus cuimsítear ann aisíocaíocht chostais na bhfostóirí agus tuarastail phrintíseachta a chómhaoiniú. Ó bhí mí Mheán Fómhair 2022 ann, tá tús curtha **ag an Ostair** lena ‘Acadamh Sealaíochta’ faoina soláthraítear foghlaim obairbhunaithe mar aon le hoideachas ag scoil ghairmoideachais, agus tréimhse éigeantach soghluaisteachta ar an gcoigríoch, faoina mbaintear amach cáilíocht ghairmoideachais agus ghairmoiliúna níos airde. I mí Mheán Fómhair 2022, leathnaigh **an Rómáin** an oiliúint sealaíochta isteach san ardoideachas (teicniúil) faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, agus beidh feidhm leis i mbliain acadúil 2024-25. Mar thoradh air sin, beidh bealach sealaíochta iomlán ar fáil ón oideachas meánscoile sinsearach go dtí an t-ardoideachas. Thairis sin, rinne **an Ghearmáin** a tionscnamh ‘Sármhaitheas le haghaidh an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna’ a thabhairt cothrom le dáta i bhfómhar-geimhreadh 2022, agus tá an tionscnamh sin ar cheann de ghnéithe a straitéise ‘Lucht saothair oilte’. Baineann na bearta le trí réimse gníomhaíochta: 1) deiseanna a chur chun cinn le haghaidh buanna sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, 2) tírdhreach mealltach nuálach gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhunú, agus 3) ionduchtú idirnáisiúnta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a leathnú. Áirítear leis na gnéithe nua: deiseanna feabhsaithe tacaíochta le haghaidh daoine ardfeidhmíochta faoi oiliúint, ionduchtú gairme a leathnú chun formáidí digiteacha a chumhdach, feachtas chun cur le hinfheictheacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, coincheapa nuálacha breise a fhorbairt agus a thástáil le haghaidh an cháilíocht san oiliúint idir cuideachtaí a ardú, forbairt tairsí nua lena gcuirfear tairiscintí cáilíochta le haghaidh múinteoirí agus oiliúnóirí ar fáil go trédhearcach, agus dreasachtaí le gur féidir le daoine faoi oiliúint agus fostaithe óga dul ar an gcoigríoch le haghaidh gairmoiliúna agus gairmfhoghlama. Ina theannta sin, déanfaidh an tAcht um Scileanna (*Aus- und Weiterbildungsgesetz*) tuilleadh forbartha ar ionstraimí maoinithe bheartas mhargadh an tsaothair agus leathnóidh sé iad do chuardaitheoirí oiliúna, d’fhonn dífhostaíocht de dheasca athrú struchtúrach a sheachaint, chun oiliúint a chur ar oibrithe oilte a bhfuil géarghá leo agus chun oibrithe oilte a choinneáil.

Tá córais agus samhlacha nua chun bheith ag coinne le riachtanais scileanna agus oiliúna amach anseo á gcur in úsáid sna Ballstáit. Tar éis leasú ar an nGníomh um Sheirbhísí Fostaíochta i mí na Nollag 2022, úsáidfidh **an tSlóvaic** cistiú CSE+ chun comhar a neartú leis na Comhairlí Eanála maidir leis an gcoinne leis an éileamh ar eolas agus ar scileanna. Laistigh de Chomhghuaillíocht na gComhairlí Eanála, beidh de dhualgas ar na comhlachtaí sin an córas foghlama ar feadh an tsaoil a ailíniú le riachtanais shonracha mhargadh an tsaothair. In 2023, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá córas réamhaisnéise le haghaidh riachtanais saothair agus inniúlachta á fhorbairt **san Fhionlainn**. Áireofar leis an tsamhail réamhaisnéisiú ar an éileamh meántéarmach ar riachtanais saothair, oideachais agus scileanna. Áirítear leis sin an líon cáilíochtaí a chuirtear i gcrích ar leibhéal éagsúla oideachais a thuar, measúnú a dhéanamh ar aistrithe gairme, agus ar acmhainneacht saothair daoine dífhostaithe agus daoine atá lasmuigh den lucht saothair.

Tugadh isteach bearta chun scileanna digiteacha aosach a neartú i roinnt mhaith tíortha chun tacú leis an aistriú digiteach brostaithe. Sa Bheilg, ghlac an Vallúin creat chun bunscileanna digiteacha a sholáthar faoi dhlí Vallúnach maidir le bunoiúint dhigiteach i mí Lúnasa 2022. Ó mhí Feabhra 2023, thug **an tSeicia** Liúntas Cúrsa Oiliúna Digití isteach, mar bheart beartais nua maidir le fostaíocht ghníomhach, lena gcumhdaítear 82 % de chostas cúrsaí chun scileanna digiteacha a shealbhú mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta. D'oibrigh **an Eastóin** ar athchóiriú le haghaidh claochlú digiteach gnólachtaí faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, inar díriodh ar a n-acmhainneacht a neartú ar leibhéal bainistíochta chun an t-aistriú digiteach a stiúradh agus a chothú, chomh maith le hinfhaighteacht líon leordhóthanach gairmithe TFC a áirithiú. Glacadh an t-athchóiriú in 2022 agus mairfidh sé go dtí 2026, agus díreann ann freisin ar dheiseanna gairme nua a thairiscint agus ar chur le rannpháirtíocht na mban in oiliúint agus i ngairmeacha TFC.

In 2023, rinne **an Chipir** infheistíocht i dtairseach ghréasáin d'Acadamh Saoránach Digiteach lena n-áirítear uirlis chun cabhrú le daoine measúnú a dhéanamh ar a leibhéal scileanna digiteacha agus riachtanas, plean a cheapadh le haghaidh a bhforbartha, agus rogha shaor cúrsaí a thairiscint. Thairis sin, rinne an Chipir infheistíocht i gcláir oiliúna chun scileanna digiteacha a shealbhú i Lárionaid Ghairmoiliúna faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. Chuimsigh **an Laitvia** roinnt beart a bhaineann le neartú scileanna digiteacha faoina plean téarnaimh agus athléimneachta. Áirítear leis sin tacú le riachtanais oiliúna a shainaithint agus a phleanáil ar bhonn measúnú coiteann ar bhunscileanna digiteacha. Tá roinnt mhaith de na bearta sin i gcomhréir le forálacha an chreata Eorpaigh inniúlachta digití. I mí Feabhra 2023, chuir **an Pholainn** Clár Forbartha Inniúlachtaí Digiteacha nua i láthair chun cur le leibhéal inniúlachtaí digiteacha an phobail trí chéile agus speisialtóirí TFC. Chun dul i ngleic le bearnaí san inniúlacht dhigiteach, i mí na Nollag 2022 ghlac **an tSlóvaic** Straitéis Náisiúnta um Scileanna Digiteacha agus Plean Gníomhaíochta lena gcumhdaítear bearta éagsúla ina ndírítear ar speisialtóirí TFC, mná in TFC, múinteoirí ar gach leibhéal oideachais, fostaithe, cuardaitheoirí poist, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, chomh maith le seanóirí. In 2023, d'fhorbair **an Bhulgáir** modúil leictreonacha chun dearbháin oiliúna a chur isteach agus a sholáthar agus chun scileanna digiteacha a scrúdú agus a dheimhniú i dtimpeallacht leictreonach. Is i mí na Nollag 2023 a cuireadh tús le dearbháin leictreonacha a sholáthar le haghaidh oiliúint do dhaoine fostaithe agus do dhaoine dífhostaithe chun bunscileanna digiteacha agus scileanna digiteacha idirmheánacha a shealbhú agus cuirfear an oiliúint féin ar fáil go luath in 2024. I mí na Nollag 2022, thug **an Phortaingéil** Acadamh Digiteach na Portaingéile isteach arb é is aidhm dó inniúlachtaí digiteacha a thabhairt do chách, infheistíocht a dhéanamh sa chuimsiú agus sa litearthacht dhigiteach, oideachas a chur ar na glúine nua, cáilíocht an phobail ghníomhaigh, ardoiliúint agus oiliúint speisialaithe na foirne sinsearaí agus an taighde. Faoi scéim Portugal Emprego+ Digital 2025, tá oiliúint dhigiteach saor in aisce á cur ar fáil ag an bPortaingéil d'oibrithe, bainisteoirí agus stiúrthóirí cuideachtaí, eintitis an gheilleagair shóisialta agus oiliúnóirí.

Thug roinnt tíortha san Aontas bearta isteach chun forbairt scileanna a neartú trí mhicridhintiúir. I **Málta**, le beart straitéiseach laistigh den Straitéis Náisiúnta Foghlama ar Feadh an tSaoil 2023-30, tugtar isteach micridhintiúir chun rochtain ar chlár oideachais chúiteacha a áirithiú. **San Ungáir**, le leasú ar an Dlí um Oiliúint Daoine Fásta a rinneadh in 2023, tugadh isteach sainmhíniú dlíthiúil ar phríomhthéarmaí agus nósanna imeachta maidir le soláthar gearrchúrsaí (ar líne den chuid is mó) agus lena ndeimhniú. I samhradh 2023, seoladh IUTT **san Ungáir** lenar tacaíodh le creat dlíthiúil uileghabhálach agus bunachar sonraí le haghaidh micridhintiúir lena gcuimsítear gach leibhéal oideachais agus oiliúna. Nuair a bheidh an creat sin i bhfeidhm, úsáidfear cistiú STA agus CSE+ chun forbairt agus úsáid micridhintiúir a spreagadh. **San Eastóin**, tá leasú á dhéanamh ar an nGníomh um Oideachas Aosach chun gnéithe den dearbhú cáilíochta a chuimsiú sa soláthar micreacháilíochtaí. Úsáidfear cistiú ón Aontas (CSE+, STA, CUAC) chun tacú leis an gcur chun feidhme. Is í **Éire** an chéad tír a bhfuil Creat Náisiúnta comhleanúnach bunaithe aici le haghaidh micridhintiúir cháilíochta atá deimhnithe agus creidiúnaithe. Tá sé seo á dhéanamh trí MicroCreds, tionscadal 5 bliana EUR12.3 milliún Tionscnaimh Caipitil Dhaonna (2020-25) faoi stiúir Chumann Ollscoileanna Éireann i gcomhpháirtíocht le roinnt ollscoileanna, ag obair go dlúth le fiontair. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. **Sa Spáinn**, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, cuirfear Catalóg Náisiúnta Caighdeán Cáilíochta nua in ionad na Catalóige Náisiúnta Cáilíochtaí Gairmiúla atá ann faoi láthair, lena gcumasófar miocroiliúint agus micridhintiúir i gcomhréir le Dlí Orgánach 2022 maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint. Tá micridhintiúir ollscoile á gcur chun cinn ag an Spáinn freisin trí phlean gníomhaíochta tiomnaithe, faoina gcruthófar thart ar 1 000 cúrsa nua agus faoina mbronnfar 60 000 micridhintiúir 15 ECTS in aghaidh na bliana.

Cuspóir atá á shaothrú ag gach Ballstát is ea cur le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim, faoina n-éilítear gníomhaíocht bheartais phráinneach i roinnt tíortha den Aontas ina bhfuil na rátaí rannpháirtíochta réasúnta íseal i gcónaí. Ceanglaítear le príomhsprioc an Aontais maidir leis an bhfoghlaim aosach go mbeidh 60 % d'aoisigh, ar a laghad, rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain san Aontas faoi 2030. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim, bhí sé ar cheann de phríomhchuspóirí an Mholta ón gComhairle freisin maidir le cuntais foghlama aonair a bhfuil tús curtha ag 15 Bhallstát go dtí seo lena gcur chun feidhme, trí ghníomhaíochtaí atá á gcistiú ag CSE+ agus STA freisin¹⁷⁸. Tá cur chuige cuimsitheach á chur i bhfeidhm **sa Bheilg**, faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, lena gcuimsítear forbairt córais faisnéise thiomnaithe agus coigeartuithe dlí sonracha. Sa chreat sin, thug an rialtas feidearálach isteach, ó 2023, ceart maidir le 4 lá (5 lá ó 2024) de shaoire oiliúna íoctha in aghaidh na bliana d'oibrithe i gcuideachtaí ina bhfuil 20 fostaí ar a laghad. Ina theannta sin, ba cheart do chuideachtaí mar sin deiseanna oiliúna a shainaithint le haghaidh a bhfostaithe. In 2023, thug trí Bhallstát tionscadail chun críche d'fhonn an bealach a réiteach lena straitéisí maidir le scileanna a sheoladh nó a leasú, le cúnamh teicniúil ó ECFE, a chómhaoinítear trí IUTT. I measc na dtosaíochtaí do **Lucsamburg**, tá deiseanna do dhaoine fásta chun scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a fhorbairt, treoraíocht níos fearr, agus coinneáil tallann eachtrach. Sheol **Éire** a straitéis scileanna náisiúnta in 2016 ina raibh cuspóirí le haghaidh 2025, ónar sainaithníodh gníomhaíochtaí tosaíochta breise i meastóireachtaí, lena n-áirítear an gá atá le soláthar scileanna níos cothroime agus níos éagsúlaithe agus an gá le húsáid níos fearr a bhaint as scileanna chun an nuálaíocht a chothú. Chuir Éire bailchríoch ar athbhreithniú ar a straitéis scileanna in 2023, athbhreithniú a rinneadh i gcomhpháirtíocht le ECFE. Ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2022 ann, ghluais **an Bhulgáir** i dtreo plean gníomhaíochta maidir le scileanna (le tacaíocht IUTT) ina dtéitear i ngleic le riachtanais scileanna do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, chomh maith leis an ngá chun úsáid níos fearr a bhaint as na scileanna atá ar fáil.

¹⁷⁸ Is iad sin BE, BG, CY, CZ, EE, EL, FR, HR, HU, LT, LV, PL, PT, RO, SK.

Leanann an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg d'infhostaitheacht na hóige a chothú. I measc na mbeart a rinne na Ballstáit le déanaí faoin Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg le tacaíocht ó CSE+, tá **an Spáinn** ag obair ar leasú maidir le rialáil an chórais náisiúnta Ráthaíochta don Aos Óg arb é is aidhm dó dul i ngleic le heasnamh i nósanna imeachta clárúcháin NEETanna óga faoin Ráthaíocht don Aos Óg. I mí Dheireadh Fómhair 2022, ghlac **an tSlóvaic** a Plean Náisiúnta Ráthaíochta don Aos Óg, lena neartófar an tacaíocht leis an obair don óige, comhairleoireacht phearsantaithe, meantóireacht, feachtas faisnéise, uirlisí chun cuardaitheoirí poist óga a phróifiliú, breisoideachas agus forbairt agus measúnú scileanna (go háirithe scileanna digiteacha, glasa agus fiontraíochta), tacaíocht le haghaidh cruthú fostaíochta, tréimhsí oiliúna le haghaidh céimithe, agus féinfhostaíocht. Mar chuid dá Plean Náisiúnta Ráthaíochta don Aos Óg, ghlac **an Ghréig** ‘an Straitéis Náisiúnta maidir le Fostaíocht don Aos Óg, 2021-27’ lena rachfar i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na hóige ach rochtain daoine óga ar mhargadh an tsaothair a éascú trína scileanna agus a n-infhostaitheacht a fheabhsú, le tacaíocht ó CSE+ agus STA freisin. I mí an Mheithimh 2022, ghlac **an Bhulgáir** an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg+ le tacaíocht ó CSE+, agus is é is aidhm dó cur le hinfhostaitheacht daoine óga agus a n-aistriú ón oideachas go dtí margadh an tsaothair a éascú, trí thréimhsí oiliúna, oiliúint san ionad oibre, agus níos ginearálta trí shealbhú scileanna inaistrithe agus bogscileanna i measc nithe eile. Is é is aidhm don tionscadal tacú le 15 200 duine neamhghníomhach agus dífhostaithe, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach ina measc. Faoi Chlár Trajetos, tá sé d'aidhm **ag an bPortaingéil** rochtain a bhíonn ar oideachas, oiliúint, fostaíocht agus deiseanna fiontraíochta a chur chun cinn do dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna.

Féachann na Ballstáit le feabhas a chur ar aistriú daoine óga ón oideachas go margadh an tsaothair, le tacaíocht ó STA go minic. Chuir **an Spáinn** an ‘Infheistíocht ar Dhífhostaíocht an Aosa Óig’ ina plean téarnaimh agus athléimneachta, ina bhfuil trí chlár. Is é is aidhm don chlár ‘Tandem’ inniúlacht ghairmiúil a bhaint amach trí oiliúint i gcomhar le fostaíocht, le 25 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 25 % dírithe ar scileanna digiteacha. Is é an dara ceann an clár ‘*First Experience*’ lena n-éascaítear an chéad taithí oibre, le 20 % ar a laghad den chlár tiomnaithe do scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 20 % do scileanna digiteacha. Ar deireadh, an clár ‘*Investigo*’ a sholáthraíonn obair atá nasctha le forbairt tionscadail taighde. **Sa Chipir**, tá sé beartaithe ag an Aireacht Oideachais, Spóirt agus Óige an sásra rianaithe píolótach do chéimithe a leathnú chuig gach institiúid ardoideachais faoi 2023. Ina theannta sin, glacadh dhá athchóiriú i mí na Bealtaine 2023, lena n-éilítear liúntas promhaidh míosúil le linn na tréimhse promhaidh nach lú ná 80 % den phá íosta reachtúil agus lena gceadaítear do mhic léinn óga atá ag obair (faoi bhun 27 mbliana d’aois) liúntas teaghlaigh agus deontais staidéir a charnadh lena dtuarastal. Ar deireadh, tá dhá thionscnamh seolta ag **an tSualainn**, arb staidéar é an chéad cheann acu ina ndéantar iniúchadh ar bhealaí chun saol oibre a bhaint amach do dhaoine óga san oideachas meánscoile uachtaraí, atá le teacht in 2024. Faoi dara tionscnamh, in 2023, is féidir le bardais a bhfuil ráta ard dífhostaíochta acu rochtain a fháil ar SEK 150 milliún (thart ar EUR 12.8 milliún) i bhfoirm deontas le haghaidh bearta cruthaithe post do dhaoine óga agus le haghaidh poist shealadacha samhraidh.

Tá roinnt Ballstát tar éis tionscnaimh a sheoladh agus a leathnú chun feabhas a chur ar lánpháirtiú oibrithe scothaosta i margadh an tsaothair, tionscnaimh atá ceaptha cabhrú le dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le haosú an daonra agus leis an nganntanas mór saothair agus scileanna atá ann faoi láthair. I **Lucsamburg**, leathnaíodh dlí i mí an Mhárta 2023 lena maolaítear na rialacha lena gcuirtear srian ar fhostaíocht ar íocaíocht do dhaoine a chuaigh ar luathscor chun an gá atá le baill foirne in earnálacha difriúla, go háirithe san earnáil cúraim sláinte, a chumhdach i bhfianaise na nganntanas ó thaobh baill foirne cháilithe de. Tháinig leasú reachtach i bhfeidhm **san Fhionlainn** i mí Eanáir 2023 arb é is aidhm dó fostaíocht daoine atá os cionn 55 bliana d’aois a mhéadú le 10 000 duine faoi 2029, deireadh a chur le laethanta breise sochair dhífhostaíochta, agus cosaint coigeartaithe spriocdhírith nua a thabhairt isteach do dhaoine os cionn 55 bliana d’aois.

Ghlac na Ballstáit bearta chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht oibre is saoil, i roinnt mhaith cásanna chun an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a thrasú. Mar shampla, sa Rómáin, cuireadh síneadh leis an tsaoire atharthachta i mí Mheán Fómhair 2022 ó 5 go 10 lá oibre (agus le 5 lá bhreise le haghaidh aithreacha a fuair deimhniú gur chríochnaigh siad an cúrsa cúraim leanaí). Tugadh isteach rialacha nua freisin maidir leis an oibleagáid atá ar fhostóirí saoire atharthachta a fhormheas, cosc ar an oibrí a bhriseadh as a phost le linn na saoire atharthachta, chomh maith le pionóis i gcás neamhchomhlíontachta. **Sa tSlóivéin,** tiocfaidh leasuithe ar an nGníomh um Chosaint Tuismitheoirí agus Sochair Theaghlaigh i bhfeidhm i mí Aibreáin 2024 agus bainfidh siad leis an gceart chun saoire tuismitheora (anois, tá gach tuismitheoir i dteideal 160 lá de shaoire tuismitheora i gcomparáid le 130 lá roimhe seo, agus tá 60 lá neamh-inaistrithe ag gach tuismitheoir), chun saoire atharthachta, cúiteamh íocaíochta/tuarastail le linn saoire mar sin, agus socruithe oibre solúbtha. **San Fhionlainn,** ó bhí Meán Fómhair 2022 ann, faigheann an bheirt tuismitheoirí cuóta níos airde de 160 lá liúntais tuismitheora agus is féidir 63 lá díobh sin ar a mhéad a aistriú. **Sa Pholainn,** áirítear le leasú nua ar an gCód Saothair agus ar ghníomhartha eile ó mhí Aibreáin 2023 forálacha a bhaineann le saoire cúramóra (suas le 5 lá sa bhliain), saoire tuismitheora is gá a chomhroinnt idir tuismitheoirí, saoire atharthachta, agus am saor ón obair ar fhoras *force majeure*. I mí Aibreáin 2023, thug **an Phortaingéil** isteach athruithe ar an gcód saothair lenar cuireadh síneadh le saoire atharthachta eisiach go 28 lá, in ionad 20 lá mar atá ann faoi láthair, chomh maith leis an bhféidearthacht saoire tuismitheora a ghlacadh ar bhonn páirtaimseartha. Sa Dlí Buiséid in 2023, thug **an Iodáil** mí bhreise saoire máithreachais roghnaí nó, de rogha air sin, saoire atharthachta, a íoctar ar ráta 80 %, suas go dtí an séú bliain de shaol an linbh. I mí na Nollag 2022, thug **an Chipir** isteach sa reachtaíocht náisiúnta an ceart chun saoire tuismitheora ar íocaíocht, chun saoire tuismitheora a ghlacadh ar bhealach solúbtha, chun saoire cúramóra, chomh maith leis an gceart do thuismitheoirí atá ag obair (ag a bhfuil leanaí suas le 8 mbliana d’aois) agus do ‘chúramóirí’ chun socruithe oibre solúbtha a iarraidh. Tá ceart aonair ag gach tuismitheoir atá ag obair ag a bhfuil leanbh suas le 8 mbliana d’aois chun saoire tuismitheora 18 seachtaine a ghlacadh. **Sa Spáinn,** leathnaíodh cearta saoire chun lánúineacha nach bhfuil pósta a chumhdach i mí an Mheithimh 2023, rud a rannchuidíonn le trasú Threoir an Aontais maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí. Baineann siad seo le: (i) saoire i ngeall ar thimpiste thromchúiseach nó ar bhreoteacht; (ii) saoire i ngeall ar bhás; (iii) ceart chun uaireanta oibre laghdaithe nó oiriúnaithe; (iv) saoire i ngeall ar chlárú na páirtnéireachta; agus (v) saoirí pearsanta (*excedencias*) chun críche cúraim.

Thug na Ballstáit bearta isteach chun tacú le fostaíocht na mban agus chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní. San Eastóin, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, forbraíodh fréamhshamhail uirlise maidir leis an mbearna phá idir na hinscní ar a dtugtar ‘Scáthán Pá’ san Aireacht Gnóthaí Sóisialta i gcomhar le hOllscoil Thaillinn agus le Staidreamh na hEastóine. Cuirfear an uirlis i bhfeidhm faoin 31 Márta 2024 lena gcuirfear bealach éasca ar fáil d’fhostóirí sonraí agus faisnéis a fháil faoin mbearna phá idir na hinscní agus cúiseanna féideartha atá leis an mbearna sin ina n-eagraíocht agus anailís a dhéanamh ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis sin, rud a thacóidh leo cinntí feasacha a dhéanamh agus beart éifeachtach a dhéanamh chun prionsabal an phá chomhionann ar obair ar comhionann a luach a chur chun feidhme. **Sa Spáinn,** tiomnófar cistiú RRF chun tacú le fostaíocht na mban trí thrí phríomhréimse: (a) oiliúint maidir le cúram digiteach, cúram glas, cúram fadtéarmach, fiontraíocht agus an gilleagar sóisialta; (b) bealaí lánpháirtithe d’íospartaigh an fhoréigin nó na gáinneála ar mná iad; agus (c) príomhshruthú inscne i ngach gné de phleananna fostaíochta bliantúla SPFanna. Sheol **an Ostair** gairm ar thionscadail le haghaidh bearta maidir le cumhachtú cailíní agus ban sa saol digiteach, agus éagsúlú conairí oideachais agus gairme le béim ar réimse ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic). **Sa Fhrainc,** le dlí nua atá beartaithe, tiocfaidh ardú go 50 % ar chuóta éigeantach na mban le haghaidh ceapacháin nua do phoist shinsearacha agus feidhmiúcháin san earnáil phoiblí ó bhí mí Iúil 2023 ann. Tugtar isteach leis freisin innéacs comhionannais ghairmiúil idir fir agus mná sna seirbhísí poiblí, bunaithe ar an earnáil phríobháideach agus atá infheidhme maidir le húdaráis a bhfuil níos mó ná 50 gníomhaire acu. **Sa Bheilg,** sheol an rialtas feidearálach an tionscadal ‘Arán agus Rósanna’ i mí Aibreáin 2023 ina ndírítear ar fhostaíocht na mban, go háirithe mná i staideanna leochaileacha. **Sa Ghearmáin,** tríd an gelár ‘Cúrsa lánpháirtíochta le Leanbh: Bloic thógála le haghaidh na todhchaí’ (*Integrationskurs mit Kind – Bausteine für die Zukunft*), soláthraíonn an Rialtas Cónaidhme tacaíocht cúraim leanaí do rannpháirtithe ar chúrsaí lánpháirtíochta le leanaí faoin aois éigeantach scoile murab ann do ghnáthsheirbhísí cúraim leanaí bardasacha leordhóthanacha. **Sa tSualainn,** tháinig an rialtas agus Comhlachas na Sualainne d’Údaráis Áitiúla agus Réigiúin ar chomhaontú maidir le tionscnamh comhpháirteach chun tacú le mná a rugadh thar lear a bhfuil leanaí 0-6 bliana d’aois acu. Díreach faoi bhun SEK 20 milliún (thart ar EUR 1,7 milliún) a chumhdaítear leis an gcomhaontú a bhaineann leis an tréimhse 2023-25. I **Málta,** sheol an Coimisiún Náisiúnta um Chur Chun Cinn an Chomhionannais a Uirlis Pá Chomhionann i mí na Samhna 2023. Déanann an uirlis seo seiceáil ar ‘pá comhionann as obair ar comhionann a luach’ na heagraíochta idir mná agus fir (in eagraíochtaí a bhfuil níos mó ná 50 oibreoir acu), lena sainaithnítear aon neamhréitigh i dtuarastail nó liúntais fostaithe nach bhfuil inchosanta.

Tá bearta á nglacadh ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar chuimsitheacht a gcóras oideachais agus chun feabhas a chur ar an rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine faoi mhíchumas. In Éirinn, cuirfidh tionscadal píolótach le hacmhainneacht scoileanna chun soláthar speisialaithe a dhearadh agus a chur chun feidhme chun tacú leis an oideachas cuimsitheach i suíomhanna príomhshrutha, uas-sciliú múinteoirí chun oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a áirithiú, chomh maith le feasacht páirtithe leasmhara ar an oideachas cuimsitheach a chur chun cinn. Tacaíonn IUTT leis an tionscadal agus beidh sé ar siúl ar feadh 2 bhliain scoile agus tiocfaidh deireadh leis i mí an Mheithimh 2025. Ina theannta sin, leanfaidh an 4^ú plean rochtana náisiúnta le haghaidh an ardoideachais de rochtain agus críochnú rathúil a éascú i measc grúpaí leochaileacha, mic léinn faoi mhíchumas ina measc. Ghlac **an Bheilg** le dlí feidearálach nua in 2022 lena mbunaítear an oibleagáid ar fhostóirí 20 duine nó níos mó plean oiliúna cuideachta a dhréachtú gach bliain, i gcomhar leis an gcomhairle ionadaíochta oibrithe, le hionadaíocht an cheardchumainn nó leis na hoibrithe, ina sainítear na spriocghrúpaí i measc na n-oibrithe. Dhíreofaí leis go háirithe ar ghrúpaí atá i mbaol mar a shainítear i gcomhaontuithe comhchoiteanna (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas) agus ar phróifílí poist atá gann. Rith **an Fhrainc** dlí lena bhféachtar le feabhas a chur ar dhálaí oibre na mball foirne tacaíochta le haghaidh daltaí faoi mhíchumas agus cúntóirí oideachais trí fheabhas a chur ar an rochtain ar chonarthaí go ceann tréimhse éiginnte. Sheol **Málta** athchóiriú faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta chun feabhas a chur ar chonairí oideachais i dtreo oideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán.

Ghlac roinnt Ballstát bearta chun imeascadh daoine easáitithe ón Úcráin i margadh an tsaothair a éascú. Ó mhí an Mhárta 2022 go mí Aibreáin 2024, tá **an Ostair** ag cur ar a gcumas do mhúinteoirí ón Úcráin dul i mbun fostaíochta trí chonradh speisialta bunaithe ar a gcáilíochtaí, lena gcuirtear ar fionraí go sealadach an ceanglas go mbeadh bunscileanna Gearmáinise ar a laghad ag múinteoirí. Thug **an Bhulgáir** isteach tacaíocht spriocdhírithe EUR 6,9 milliún ó acmhainní REACT-EU chun imeascadh tapa breis is 3 220 dídeanaí ón Úcráin i margadh an tsaothair a chur chun cinn. **Sa tSualainn**, ó bhí Márta 2023 ann, is féidir le bardais SEK 100 milliún (thart ar EUR 8,5 milliún) i ndeontais stáit a rochtain chun oideachas aosach bardasach sa tSualainnis a thairiscint do dhaoine a chosnaítear leis an treoir um chosaint shealadach. Ó bhí Meitheamh 2022 ann, dídeanaithe ón Úcráin a chuir isteach ar chead cónaithe **sa Ghearmáin** faoin treoir um chosaint shealadach agus nár aimsigh post, tá siad i dteideal gnáthchúnamh sóisialta agus sochair cuardaitheora poist, lena n-áirítear rochtain ar chúrsaí imeasctha agus teanga, tairiscintí poist, agus tacaíocht chun cúram leanaí a eagrú.

2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 7, ina moltar do Bhallstáit feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta. Cumhdaítear inti, i measc nithe eile, cothromaíocht a bhaint amach idir solúbthacht agus slándáil i mbeartais an mhargaidh saothair, cosc a chur ar dheighilt sa mhargadh saothair agus an t-aistriú chuig conarthaí neamhiata a chothú, chomh maith le héifeachtacht na mbeartas gníomhach sa mhargadh saothair a áirithiú. Tá na spriocanna sin i gcomhréir le prionsabal 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), prionsabal 5 (fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe), prionsabal 7 (eolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe), prionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe), prionsabal 10 (timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí) agus prionsabal 13 (sochair dhífhostaíochta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Pléitear tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann, idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin. Tuairiscítear i Roinn 2.3.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

2.3.1 Príomhtháscairí

Cé go bhfreastalaíonn socruithe conarthacha difriúla ar roghanna agus ar riachtanais aonaracha éagsúla, rud a chuireann solúbthacht níos mó ar fáil, tá deighilt mhargadh an tsaothair fós ar cheann de na cúiseanna iomadúla leis an neamhionannas. Is amhlaidh go háirithe i gcás nach céim i dtreo poist bhuana iad na conarthaí sealadacha. Na conarthaí sin (agus go háirithe na conarthaí lena mbaineann fad an-ghearr), is minic a bhíonn siad bainteach le dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna, gan an oiread dreasachtaí iontu chun teacht ar an oideachas leanúnach agus oiliúint a bhaineann go sonrach le post ná infheistiú ann ná inti, agus le bearnaí sa chosaint shóisialta i gcomparáid le fostaíocht bhuan¹⁷⁹. Is airde i gcoitinne freisin na rioscaí go mbainfidh éiginnteacht fostaíochta le hoibrithe féinfhostaithe gan fostaithe (ar a dtugtar oibrithe féinchuntais freisin) agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an fhéinfhostaíocht caidreamh fostaíochta spleách a cheilt (féinfhostaíocht 'bhréagach'), le cois a bheith nasctha le bearnaí marthanacha sa chumhdach cosanta sóisialta¹⁸⁰. Ar bhonn níos leithne, ar úsáid fhorleathan a bhaint as foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha is féidir leis sin a fhágáil nach mbíonn earnálacha agus gairmeacha chomh tarraingteach céanna d'oibrithe agus cur le ganntanais saothair a spreagadh dá réir sin¹⁸¹. Is gá rogha leathan de shocruithe conarthacha a bheith ann in éineacht le rochtain leormhaith ar an gcosaint shóisialta agus ar dheiseanna foghlama agus forbartha, rud a dhéanann oibrithe a ullmhú le haghaidh na gclaochluithe atá amach romhainn freisin. Ach cosc a chur ar chaidreamh fostaíochta a mbíonn cinnteacht poist níos ísle agus éiginnteacht níos mó ina dtoradh air agus ar mhí-úsáid conartha neamhthipiciúil, rannchuideofar le cur chun feidhme phrionsabal 5 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe.

¹⁷⁹ Eurofound, *Labour market segmentation, Observatory* [Deighilt mhargadh an tsaothair], Faireachlann, 2019.


¹⁸⁰ Féach an tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mholadh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta, [COM\(2023\) 43 final](#).

¹⁸¹ An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023* [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Athbhreithniú Bliantúil 2023, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

An méadú seasta ar an bhfostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19, níl méadú ar an sciar oibrithe sealadacha san Aontas ina thoradh air. Céatadán na ndaoine fostaithe ar chonarthaí sealadacha san Aontas i measc na bhfostaithe go léir idir 20-64 bliana d’aois, bhí sé cobhsaí a bheag nó a mhór ag 12,9 % in 2022, 1,3 pointe céatadáin faoina bhuaic in 2019¹⁸². Mar sin féin, is ann d’éagsúlachtaí suntasacha ó Bhallstát go chéile, le bearna 22 phointe céatadáin idir an sciar is airde agus an sciar is ísle. Cé go bhfuil sciar fostaíochta sealadaí thart ar 15 % nó os a chionn san Ísiltír, sa Spáinn, san Iodáil, sa Phortaingéil, sa Pholainn agus san Fhionlainn, is ísle ná 4 % na figiúirí sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Laitvia, sa Rómáin agus sa Liotuáin (féach Fíor 2.3.1). I dtéarmaí na bhfigiúirí ráithiúla is déanaí, áfach, bhí sciar na bhfostaithe sealadacha (20-64; arna gcoigeartú go ráithiúil) ag 12,3 % in R2-2023 san Aontas, 1 phointe céatadáin amháin níos ísle ná mar a bhí in R2-2022. Idir R2-2020 agus R2-2023, tháinig laghdú mór ar sciar na bhfostaithe sealadacha sa Spáinn agus sa Pholainn (laghdú 5,2 pointe céatadáin agus 3,9 pointe céatadáin faoi seach) agus tháinig méadú (os cionn 2 phointe céatadáin) ar an sciar sa Fhrainc agus san Iodáil.

Fíor 2.3.1: Fostaíocht shealadach faoi bhun na leibhéal réamh-ghéarchéime, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha le sonrú ó Bhallstát go chéile

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20-64, %, sonraí bliantúla)



Tabhair faoi deara: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2021 agus 2022 (féach na meiteashonraí).

Foinse: Eurostat, [lfsi_pt_a], SFS an Aontais.


¹⁸² Sainmhínítear é sin mar shocrú oibre neamhchaighdeánach (mar shampla conarthaí solúbtha, sealadacha, ar glao-dhualgas agus gan íosmhéid uaireanta), conradh le gníomhaireacht fostaíochta sealadaí, nó a bheith ag obair go páirtaimseartha (táscairí Eurostat [lfsi_pt_a] agus [lfsi_pt_q])

Is ann do sciar ard fostaíochta sealadaí mar aon le rátaí ísle aistrithe go conarthaí buana i roinnt Ballstát, rud a chruthaíonn dúshlán do mhargaí saothair cuimsitheacha a fheidhmíonn go maith.

Ba ann do ráta ard conarthaí sealadacha sa Spáinn agus san Iodáil in 2022 (os cionn 15 %, agus os cionn 20 % sa Spáinn fiú) mar aon le rátaí aistrithe ísle (faoi bhun 30 %), (is iad 12,9 % agus 28,7 % meánrátaí an Aontais le haghaidh an dá staitistic faoi seach – féach Fíor 2.3.2). Bhí rátaí fostaíochta sealadaí os cionn mheán an Aontais ag Ballstáit eile mar shampla an Ísiltír, an Phortaingéil, an Pholainn, an Fhionlainn, an Fhrainc agus an Chróit, ach ba ann do rátaí réasúnta ard aistrithe go conarthaí buana (idir 32 % agus 50 %) freisin. Os a choinne sin, bhí sciar íseal conarthaí sealadacha (faoi bhun 4 %) sa Laitvia, sa Rómáin agus san Eastóin, mar aon le rátaí aistrithe an-ard (gar do 50 % nó os a chionn).

Fíor 2.3.2: I gcásanna áirithe, bíonn poist bhuana ina dtoradh ar chonarthaí sealadacha i dteannta rátaí aistrithe ísle

Céatadán na bhfostaithe sealadacha mar chéatadán de líon iomlán na bhfostaithe (20-64) in 2022 agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (15-64) (meánluach le haghaidh 2020, 2021 agus 2022).



Tabhair faoi deara: Breithnítear an cohórt aoise níos forleithne 15-64 bliana d’aois le haghaidh rátaí aistrithe ó chonarthaí sealadacha go conarthaí buana. Tagraíonn an ráta aistrithe saothair le haghaidh DE, FR, LT, AT, PT agus meán AE-27 do 2020; tagraíonn luachanna le haghaidh IE, SK agus SE do 2021. Úsáidtear cohórt aoise 20-64 bliana d’aois le haghaidh fostaíocht shealadach, i gcomhréir le príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta maidir le fostaíocht agus anailís ghaolmhar sa roinn. Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2022.

Foinse: Eurostat, [lfsa_etpgan] EU LFS agus [ilc_lvhl32] EU-SILC.

Tá roinnt fostaithe ar chonarthaí sealadacha mar ní féidir leo post buan a aimsiú, nó níl an post ar fáil ach faoin gcineál conartha sin amháin, le héagsúlacht mhór trasna tíortha an Aontais. Tá an sciar oibrithe sealadacha ainneonacha ina tháscaire tábhachtach maidir le deighilt mhargadh an tsaothair nach gcomhfhreagraíonn do roghanna le haghaidh solúbthacht níos mó ar thaobh an fhostaí. Ba é 7,3 % céatadán na bhfostaithe (20-64 bliana d’aois) atá ar chonarthaí sealadacha go hainneonach san Aontas in 2022, figiúr atá 0,6 pointe céatadán níos ísle ná mar a bhí in 2021. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha fós ann ar fud na mBallstát, agus figiúirí ó 10 % sa Spáinn, san Iodáil, sa Phortaingéil, san Fhionlainn agus sa Chipir, go 3 % nó níos lú san Ostair, sa Bhulgáir, sa Danmhairg, san Ungáir, sa Rómáin agus sa Liotuáin¹⁸³. Is iondúil go mbíonn sciar na fostaíochta sealadaí ainneonaí níos airde i measc na mban fostaithe (cé is moite de roinnt eisceachtaí, an Bhulgáir, an Liotuáin agus Lucsamburg san áireamh) cé go bhfuil an bhearna sách cúng ar an iomlán (faoi bhun 1.5 pointe céatadán), seachas an Chipir, an Ghréig, an Spáinn agus an Fhionlainn áit a bhfuil sí níos mó ná 4 phointe céatadán.

Tá sciar na n-oibrithe i bhfostaíocht shealadach mór i gcónaí i measc daoine óga, ban agus imirceach. In 2022, baineadh amach buaic 50 % i measc daoine óga (idir 15-24 bliana d’aois) san Aontas (méadú 1 phointe céatadán i gcomparáid le 2021). Tá an figiúr sin 39,1 pointe céatadán os cionn daoine 25-59 mbliana d’aois. In 2022, tuairiscíodh na sciartha ab airde daoine óga ag a raibh conarthaí sealadacha le haghaidh na hÍsiltíre, na Slóivéine, na Portaingéile, na hIodáile agus na Spáinne (thart ar 60 % nó os a chionn a bhí siad go léir), agus ba sa Rómáin agus sa Liotuáin na sciartha ab ísle (faoi 10 %, féach Fíor 2.3.3). Ba é 14 % sciar na mban fostaithe (20-64 bliana d’aois) ar chonarthaí sealadacha san Aontas, gan athrú mór ó 2021. Tháinig méadú ar an mbearna idir na hinscní ó 1,5 pointe céatadán in 2021 go 2 phointe céatadán in 2022, agus is ann do dhifríochtaí móra ó Bhallstát go chéile. San Ísiltír, sa Spáinn, san Fhionlainn agus san Iodáil a chonacthas na sciartha ba mhó fostaithe sealadacha i measc na mban (thart ar 18 % nó os a chionn), agus ina ndiaidh bhí an Chróit, an Phortaingéil, an Pholainn, an Fhrainc, an Chipir agus an tSualainn (a bhí uile os cionn mheán an Aontais). Thart ar 4 % nó faoina bhun a bhí an céatadán sa Rómáin, sa Liotuáin, san Eastóin, sa Laitvia agus sa Bhulgáir. In 2021, bhí duine as gach cúigear imirceach fostaithe ar chonradh sealadach, i gcomparáid le thart ar dhuine as gach ochtar oibrithe dúchasacha¹⁸⁴. Ar an iomlán in 2022, bhí baol bochtaineachta níos mó ag baint le hoibrithe i bhfostaíocht shealadach (12,2 %, bunaithe ar ioncaim 2021) i gcomparáid leo siúd ar chonarthaí buana (5,2 %)¹⁸⁵.


¹⁸³ Eurostat [[lfsa_etgar](#)]. Iontaofacht íseal le haghaidh EE, LV agus SK in 2022. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

¹⁸⁴ An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2023* [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Athbhreithniú Bliantúil 2023, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

¹⁸⁵ Eurostat [[ilc_iw05](#)].

Fíor 2.3.3: Is ann d'éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile i dtéarmaí fhorleithne na fostaíochta sealadaí le haghaidh daoine óga agus ban

Sciar fostaithe sealadacha i measc na mban fostaithe uile (% , 2022, ais ar dheis) agus sciar fostaithe sealadacha óga (15-24 bliana d'aois) i measc na bhfostaithe go léir sa chohórt aoise sin (% , 2022, ais ar dheis).



Tabhair faoi deara: Ní ann do shonraí le haghaidh LV.

- Foinse: Eurostat [[lfsi_pt_a](#)], SFS an Aontais.

Lean an meath mall seasmhach ar an sciar d'fhostaíocht pháirtaimseartha in 2022 san Aontas, bíodh is gurb ann do chomhpháirt ainneonach nach beag i gcónaí i roinnt


Ballstát. D'oibrigh thart ar 32,8 milliún duine féinfhostaithe (20-64 bliana d'aois) go páirtaimseartha san Aontas in 2022, líon atá 2,7 milliún níos ísle ná mar a bhí in 2019. Bhí an líon sin ar aon dul le sciar 17 % in 2022 (1,7 pointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí in 2019).

D'fhéadfadh an treocht anuas sin rannchuidiú ar bhealach tábhachtach, go pointe áirithe ar a laghad, le dul i ngleic leis na ganntanais mhóra saothair agus scileanna san Aontas. Is ann do dhifríochtaí tábhachtacha ó Bhallstát go chéile mar sin féin. Thairfead an Ísiltír, an Ostair, an Ghearmáin, an Bheilg agus an Danmhairg sciartha oibrithe páirtaimseartha os cionn 20 %, agus faoi bhun 5 % a bhí an Bhulgáir, an tSlóvaic, an Rómáin, an Ungáir agus an Chróit (féach Fíor 2.3.4). Tháinig laghdú 2,5 pointe céatadáin go 21,5 % ar sciar na hoibre páirtaimseartha ainneonaí in iomlán na fostaíochta páirtaimseartha in 2022 san Aontas, agus ba ann do dhifríochtaí móra ó thír go chéile arís¹⁸⁶. Thuairiscigh an Rómáin, an Iodáil, an Spáinn, an Chipir, an Ghréig agus an Bhulgáir figiúirí thart ar 50 % nó os a chionn sin, agus thairfead an Ísiltír, an Ostair, an Ghearmáin, an Danmhairg, Málta agus an tSlóivéin luachanna faoi bhun 10 %.

¹⁸⁶ Eurostat [[lfsa_eppgai](#)], SFS an Aontais.

Fíor 2.3.4: Tá meath mall ar an sciar den fhostaíocht pháirtaimseartha i gcónaí, agus is ann do dhifríochtaí móra sa chomhpháirt ainneonach ó Bhallstát go chéile

An sciar fostaíochta páirtaimseartha den fhostaíocht iomlán (20-64 bliana) agus an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonáí mar chéatadán den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (20-64 bliana), (% sonraí bliantúla).



● Fostaíocht pháirtaimseartha (2022) (tlc) ◇ Fostaíocht pháirtaimseartha ainneonach (2022) (tld)

Tabhair faoi deara: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2021 agus 2022 (féach na meiteashonraí).

Foinse: Eurostat, [lfsi_pt_a] agus [lfsa_eppgai], EU LFS.

Tá an sciar de dhaoine féinfhostaithe aonair réasúnta ard i roinnt Ballstát, agus is minic a bhíonn an óige ag brath níos mó ar aon phríomhchliant nó cliant aonair amháin. In 2022, oibrithe féinfhostaithe gan fostaíthe (i.e. daoine féinfhostaithe aonair) a bhí i gceist le 9 % den fhostaíocht iomlán san Aontas (le haghaidh an aoisghrúpa 20-64 bliana d’aois), agus thart ar 17,5 milliún duine atá ann¹⁸⁷. Tar éis an laghdaithe mhóir in 2020, níor éirigh leis an sciar teacht ar ais go dtí an leibhéal mar a bhí roimh an ngéarchéim (9,4 % in 2019). Sa Ghréig, sa Pholainn agus san Iodáil atá na rátaí is airde (os cionn 14 %), agus an tSeicia, an Ísiltír, an tSlóvaic, Málta, an Bheilg, an Liotuáin agus an Rómáin ina ndiaidh (os cionn 10 %). Os a choinne sin, le haghaidh na Gearmáine, na Danmhairge, na Sualainne agus Lucsamburg a thuairiscítear na sciartha is ísle (faoi bhun 6 %). In 2022, thart ar 770 000 duine féinfhostaithe gan fostaíthe san Aontas (nó thart ar 4 % den líon iomlán daoine dífhostaithe gan fostaíthe) a bhí i mbaol ‘féinfhostaíocht spleách’ mar a thugtar air (i.e. a bhí ag obair le linn an 12 mhí seo a chuaigh thart le haghaidh aon chliant amháin nó le haghaidh aon chliant cheannasaigh amháin, agus gurb é an cliant sin a chinn a n-uaireanta oibre). Léirítear i dtuarascáil ón Údarás Eorpach Saothair go bhféadfadh saintréithe na fostaíochta spleáiche sin a bheith le sonrú níos minice i measc daoine féinfhostaithe óga (sciar 6 % díobh sin atá 15-34 bliana d’aois). I dtéarmaí cineálacha gairme, is minice na saintréithe sin de spleáchas eacnamaíoch agus eagraíochtúil i gcás oibreoirí gléasra agus meaisín, cóimeálaithe, agus daoine atá ag gabháil do shlíte beatha neamhoilte (9,8 %), i réimsí an oideachais agus na sláinte agus sa réimse sóisialta (5,8 %) agus i ngníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, airgeadais agus árachais agus réadmhaoine (4,1 %) ¹⁸⁸.

¹⁸⁷ Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 maidir leis an táscaire sin do na Ballstáit go léir mar gheall [ar theacht i bhfeidhm an chreata rialála nua maidir le Staidreamh Sóisialta Eorpach](#). Eurostat [[lfsa_esgais](#)] agus [[lfsa_egaps](#)], EU LFS. Féach freisin Milasi, Santo, et al., *Solo self-employment and lack of paid employment: an occupational perspective across EU countries*, 2022. [Féinfhostaíocht agus easpa fostaíochta íoctha: peirspictíocht ghairme ar fud thíortha an Aontais].


¹⁸⁸ D’fhéadfadh sé nach mbeadh na figiúirí sin ag teacht leis na sainmhínithe a úsáidtear sa reachtaíocht náisiúnta agus ba cheart, dá bhrí sin, a bheith faichilleach leo. Féach: Williams, C., *et al.*, [Extent of dependent self-employment in the European Union](#) [Fairsinge na féinfhostaíochta spleáiche san Aontas Eorpach]. An tÚdarás Eorpach Saothair: Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hObair Neamhdhearbhaíthe, 2023.

Leis an teacht aniar i margai saothair an Aontais, neartaíodh ról an gheilleagair ardán, rud a rannchuidíonn le deiseanna sa mhargadh saothair a chruthú, cé go bhféadfadh dúshlán a bheith i gceist leis ó thaobh dálaí oibre agus na cosanta sóisialta de. Ar an meán, thuairiscigh 2,4 % de fhreagróirí san Aontas gur sholáthair siad obair trí ardáin dhigiteacha ar líne in 2022, agus sholáthair 1,9 % díobh obair trí ardáin dhigiteacha ar an láthair¹⁸⁹. Léirítear i bhFíor 2.3.5 difríochtaí móra ó thír go chéile maidir le sciar na bhfreagróirí a dhearbhaigh gur sholáthair siad obair trí ardáin saothair dhigiteacha, le suas le 8,5 % i Málta agus 7,5 % sa tSlóvaic agus sa Phortaingéil, i gcomparáid le 2,5 % san Ísiltír agus 1,4 % sa Danmhairg. Cé go bhfuil cion na bhfear agus cion na mban a rinne obair ar ardáin mórán ar aon dul le chéile, is ann do dhifríochtaí ó thaobh inscne de maidir le spreagadh na bhfear agus na mban faoi seach gabháil d'obair mar sin (i.e. úsáideann mná obair ardáin chun ioncam sa bhreis agus solúbthacht a fháil chun freastal ar ghealltanais teaghlaigh, agus bíonn fir á mealladh ag an obair ardáin mar gheall ar na deiseanna atá ann ó thaobh obair dhomhanda de agus chun cur lena mbonn cliant)¹⁹⁰. Ar an iomlán, na dúshlán a bhaineann le hobair ardáin, tagraíonn siad do dhoiléire córas bainistithe algartamaigh (AM) agus dá dtionchar ar leithdháileadh na gcúraimí, agus ar thuilleamh dá réir sin, le haghaidh oibrithe ardáin (déantar anailís mhionsonraithe air sin i mBosca Cholún 5 atá tiomnaithe don cheist sin), agus don mhí-aicmiú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar stádas fostaíochta na n-oibrithe sin (a bhféadfaí iad a lipéadú go bréagach mar oibrithe féinfhostaithe, rud a d'fhágfaidh nach mbeidís i dteideal cearta agus cosaintí fostaíthe). Thairis sin, tá an rochtain ar ionadaíocht choiteann agus ar chómhargáil teoranta i gcónaí i gcomhthéacs na hoibre ardáin go dtí seo¹⁹¹.

-
- ¹⁸⁹ Samplaí cineálacha ardán ar leith is ea ardáin ar líne agus ardáin ar an láthair. Áirítear i liosta neamh-uileghabhálach d'ardáin dhigiteacha ar líne Upwork, Freelancer, Clickworker, agus Peopleperhour; Is samplaí iad Uber, Deliveroo, Handy agus TaskRabbit d'ardáin ar an láthair. Féach: Fernandez Macias, E., *et al.*, [The platformisation of work](#) [An obair á cur ar ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh; agus [Bunachar sonraí Eurofound maidir leis an nGeilleagar Ardán](#), 2023.
- ¹⁹⁰ Féach: Eurofound, [Gender differences in motivation to engage in platform work](#) [Difríochtaí ó thaobh inscne maidir le spreagadh chun gabháil d'obair ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.
- ¹⁹¹ An Coimisiún Eorpach, *Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, 2023* – Mar a ghlac an Chomhairle an 13 Márta 2023, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, <https://data.europa.eu/doi/10.2767/372552>.

Fíor 2.3.5: Déine dhifriúil na hoibre trí ardáin saothair dhigiteacha ó Bhallstát go chéile

Sciar na bhfreagróirí a sholáthair obair roimhe seo trí ardáin saothair dhigiteacha san Aontas, Meitheamh 2023.



Foinse: Eurofound, Ríomhshuirbhé, 2023.

Léirítear le staidéir ar an intleacht shaorga (IS) go bhféadfadh tionchar láidir a bheith ag an meaisínfhoghlaím ar mhargáí saothair, agus tá coinne leis gur mó difear a dhéanfar d’oibrithe an bhóna bháin agus do ghairmeacha cruthaitheacha i gcomparáid le forbairtí teicneolaíochta roimhe seo. De réir ECFE, ar an iomlán, bhí 26,7 % den lucht saothair sna Ballstáit i bpoist a bhí i mbaol mór a n-uathoibrithe in 2019, agus bhí an Ungáir, an tSlóvaic, an tSeicia agus an Pholainn ar na tíortha is mó dá ndéantar difear ar leibhéal comhiomlán san Aontas toisc go mbaineann thart ar 35 % den fhostaíocht iontu le gairmeacha mar sin (féach Fíor 2.3.6)¹⁹². Tá an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil rithábhachtach sa chomhthéacs sin chun cur chuige rannpháirteach a áirithiú i leith athruithe i ngeall ar fhorbairtí teicneolaíochta a bhainistiú, agus go dtabharfar aghaidh ar nithe a d’fhéadfadh a bheith ina n-údair imní (i.e. nithe a bhaineann le caillteanais post féideartha, dífheidhmeacht scileanna nó oiriúnú poist laghdaithe), agus oiriúnú na n-oibrithe a chothú san am céanna (lena n-áirítear trí sholáthar scileanna). Ina theannta sin, tá beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir le margadh an tsaothair, lena n-áirítear córais uas-scilithe agus athscilithe, agus seirbhísí fostaíochta rithábhachtacha chun a bheith ag gabháil leis na hathruithe sin agus gnóthachain fhorleathana don tsochaí ina hiomláine á n-áirithiú ag an am céanna, a bhuí freisin le tacaíocht éifeachtach d’aistrithe ó phost go post i gcás inar gá. A mhéid a bhaineann le IS giniúnach, de réir Eurofound, is rud dearfach ar an iomlán é úsáid na meaisínfhoghlaíma dar leis na hoibrithe a d’fhreagair an suirbhé, toisc go bhféadfadh sé am a shaoradh ó ghnáthchúraimí agus ligean dóibh díriú a thuilleadh ar chúraimí lena mbaineann breisluach níos airde¹⁹³. D’fhéadfadh an intleacht shaorga tacú freisin le daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair trí thimpeallachtaí níos cuimsithí agus níos cóiríochta a chruthú¹⁹⁴.

¹⁹² ECFE, *Léargas ECFE ar an bhFostaíocht 2023: Artificial Intelligence and the Labour Market* [An Intleacht Shaorga agus an Margadh Saothair], OECD Publishing, 2023 agus Gmyrek, P., *et al.*, *Generative AI and Jobs: A global analysis of potential effects on job quantity and quality*, Páipéar oibre EIS 96, 2023.


¹⁹³ Eurofound, *Ethical digitalisation at work: from theory to practice* [An digitiú eiticíúil san áit oibre: ón teoiric go cleachtas], 2023; Eurofound, *Ethics in the digital workplace* [An Eitic san áit oibre dhigiteach], 2022; agus Eurofound, *Digitisation in the workplace* [An Digitiú san áit oibre], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

¹⁹⁴ Touzet, C., *Using AI to support people with disability in the labour market*: [Ag baint úsáid as an intleacht shaorga chun tacú le daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair]: *Opportunities and challenges, OECD Artificial Intelligence Papers*, [Deiseanna agus dúshláin, Páipéir ECFE maidir leis an Intleacht Shaorga] Uimh. 7, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, 2023.

Ar an iomlán, cé go mbíonn deiseanna móra ag baint leis an intleacht shaorga agus samhlacha meaisínfhoghlama, go háirithe na samhlacha sin atá bunaithe ar chlaohladáin ghiniúnacha réamhoilte (ar nós ChatGPT), d’fhéadfadh tionchar láidir a bheith acu ar oibrithe an bhóna bháin amach anseo¹⁹⁵, agus d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do ghairmeacha cruthaitheacha fiú¹⁹⁶. Fágann an dul chun cinn mear sna teicneolaíochtaí sin gur gá formhaoirseacht airdeallach a dhéanamh orthu chun leas a bhaint as a dtairbhí agus coinne a bheith le tionchair dhiúltacha fhéideartha agus freagairtí beartais leormhaithe a cheapadh, lena n-áirítear freagairtí beartais a bhaineann le margaí saothair agus le rannpháirtíocht leormhaith na n-oibrithe i ngnóthachain na táirgiúlachta arna nginiúint le IS. Sa chomhthéacs sin, baineann dúshlán le IS i dtéarmaí na trédhearcachta, na cuntasachta, agus an tionchair a d’fhéadfadh a bheith aige ar chearta agus ar ioncaim na n-oibrithe. Mar shampla, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga atá beartaithe, ainmnítear córais IS a úsáidtear san earcaíocht agus i mbainistíocht oibrithe mar chórais ardriosca, lena bhforchuirtear ceanglais maidir leis an trédhearcacht, sábháilteacht, cruinneas agus formhaoirseacht dhaonna.

Fíor 2.3.6: Tuairiscítear difríochtaí ó thír go chéile i dtionchar an uathoibrithe a bhfuil coinne leis ar an bhfostaíocht

Sciar na fostaíochta i ngairmeacha is mó atá i mbaol an uathoibrithe; %, 2019.



Tabhair faoi deara: Bunaítear na torthaí ar shuirbhé i measc saineolaithe a rinne meastóireacht ar a mhéid is féidir scileanna agus cumais áirithe de réir gairme a uathoibriú. Tíortha ECFE ar cuid de AE-27 iad.

Foinse: ECFE, *OECD Employment Outlook 2023* [Ionchas Fostaíochta ECFE, 2023], OECD Publishing, 2023.

¹⁹⁵ Gmyrek, P., Berg, J., Bescond, D. 2023. *Generative AI and Jobs: A global analysis of potential effects on job quantity and quality*, [An Intleacht Shaorga Ghiniúnach agus Poist: Anailís dhomhanda ar éifeachtaí féideartha ar líon na bpost agus ar a gcáilíocht] Páipéar oibre EIS 96 (An Ghinéiv, EIS), <https://doi.org/10.54394/FHEM8239>.

¹⁹⁶ Féach, mar shampla, an comhaontú idir Cuallacht Scríbhneoirí Mheiriceá agus Comhghuaillíocht na Léiritheoirí Scannánaíochta agus Teilifíse chun aghaidh a thabhairt ar údair inní atá ann cheana maidir le tionchar IS ar thionscal na scannán. Tá rialacháin sa chonradh nua maidir le húsáid IS i dtionscadail scannáin agus teilifíse, agus baineadh amach an conradh sin tar éis deireadh a bheith curtha le ceann de na stailceanna ab fhaide dá raibh ann in Hollywood.

Bosca Chólún 5: Tionchar an bhainistithe algartamaigh san áit oibre, lena n-áirítear i gcomhthéacs ardáin saothair dhigiteacha

Tá sé ríthábhachtach dálaí oibre córa agus áiteanna oibre cuimsitheacha a chur chun cinn, go háirithe i bhfianaise na húsáide brostaithe algartam agus intleachta saorga. Tagraíonn an bainistiú algartamach (AM) d'úsáid algartam agus teicnící intleachta saorga (IS) (i.e. an mheaisínfhoghlaím agus modhanna ríomhaireachta eile). Cé gur bhain sé leis an ngeilleagar ardán ó thús, tá tóir níos mó ar an mbainistíocht algartamach in earnálacha eacnamaíocha traidisiúnta, mar shampla earnáil an airgeadais, na miondíola, nó na lóistíochta. Comhordú agus bainistíocht ionchuir saothair is príomhchúram di, mar shampla tuartha a dhéanamh agus cinntí gnó a bharrfheabhsú, mar shampla leithdháileadh acmhainní, sannadh cúraimí, sceidealú agus meastóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar oibrithe. Cuid de phrionsabail Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta, tá siad tábhachtach go háirithe chun teicnící na bainistíochta algartamaí agus IS a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach duine-lárnach, trédhearcach agus freagrach. Mar shampla, cuirtear i dtábhacht le Prionsabal 10 a thábhachtaí atá timpeallacht oibre atá sláintiúil, sábháilte agus dea-oiriúnaithe, lena n-áirítear cearta na n-oibrithe ó thaobh príobháideachas, bainistíocht sonraí agus cosaint sonraí de. Is é is aidhm do Phrionsabal 3 cosc a chur ar an idirdhealú ach an ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna a bhunú, ó thaobh na fostaíochta de i measc nithe eile, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn algartaim in úsáid.

Tá coinne leis go rannchuideoidh an bainistiú algartamach leis an éifeachtúlacht a fheabhsú agus le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán na seirbhíse sa gheilleagar ardán. Úsáidtear córais faireacháin agus cinnteoireachta uathoibrithe ar ardáin saothair dhigiteacha, a chumhachtaítear le halgartaim agus le teicneolaíochtaí sonraí-bhunaithe, chun an sannadh cúraimí d'oibrithe a chomhordú agus a bharrfheabhsú¹⁹⁷. Cuirtear san áireamh leis na halgartaim sin tosca mar shampla suíomh, infhaighteacht, scileanna, agus sonraí ar an bhfeidhmíocht roimhe sin chun cúraimí a mheaitseáil leis na hoibrithe is oiriúnaí i bhfíor-am, rud a chuireann feabhas ar an éifeachtúlacht. Leis an bhfaireachán ar fheidhmíocht oibrithe in AM trí rátálacha agus méadrachtaí eile, soláthraítear aiseolas fíor-ama ar féidir é a úsáid chun caighdeán na n-ardán a fhorfheidhmiú. Praghsáil dhinimiciúil agus dreasachtaí (i.e. bónaís) na bainistíochta algartamaí, is féidir leo cur ar a gcumas d'ardáin oibrithe a mhealladh le linn tréimhsí buaicéilimh.


An tráth céanna, cuireann an bainistiú de réir algartam dúshlán áirithe roimh oibrithe, lena n-áirítear breithnithe eiticíúla agus impleachtaí le haghaidh dálaí oibre. D'fhéadfadh sé go mbeadh ina thoradh ar ghlacadh an bhainistithe de réir algartam ag cuideachtaí nochtadh níos mó d'fhaireachas agus do mheasúnú, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don cheart chun folláine atá ag oibrithe. Mar shampla, an chumhacht chinnteoireachta algartaim in ardáin dhigiteacha mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear an cumas deireadh a chur le conarthaí, d'fhéadfadh sí dochar a dhéanamh d'oibrithe. Baineann riosca le lánpháirtíú córas intleachta saorga laistigh de bhainistiú de réir algartam go ndéanfar claontachtaí agus cleachtais idirdhealaitheacha atá ann cheana a threisiú. Mar thoradh ar a mhéid a bhraitheann AM ar phróiseáil sonraí agus ar stóráil, nochtar oibrithe do shárúithe sonraí sa bhreis. Sa chomhthéacs sin, is fíor-riachtanach iad cosaintí agus bearta maolaithe riosca chun dul i ngleic le hiarmhairtí sárúithe féideartha agus chun daoine aonair a chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh sásraí rialála uathoibrithe AM srian a chur le neamhspleáchas oibrithe, rud a chuirfeadh teorainn lena n-údarás cinnteoireachta agus a rialú ar a gcúraimí oibre, agus ar deireadh, rud a dhéanadh difear dá dtorthaí síceasóisialta agus sláinte.

¹⁹⁷ Rinneadh an 3^ú heagrán de COLLEEM a leathnú agus a athbhrandáil mar [AMPWork: Algorithmic Management and Platform Work Survey](#) [AMPWork: Suirbhé ar an mbainistiú algartamach agus ar Obair Ardáin]. Leis na [suirbhéanna COLLEEM \(I agus II\)](#) roimhe seo, soláthraíodh comhfhogasú cainníochtúil maidir le leitheadúlacht agus dálaí na hoibre ardáin san Eoraip.

Is coincheap réasúnta nua é an bainistiú algartamach san ionad oibre, agus tá an fhianaise bheartais ó Bhallstát go chéile agus ó thionscal go chéile cuibheasach teoranta i gcónaí. I staidéar a rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh le déanaí, soláthraítear léargais ar ghlacadh agus ar leitheadúlacht uirlisí uathoibrithe faireacháin agus cinnteoireachta sa Ghearmáin agus sa Spáinn¹⁹⁸. Léiríodh ann gur nochtadh thart ar 20 % agus 35 % d'oibrithe sa Ghearmáin agus sa Spáinn faoi seach d'aon cheann amháin de na córais uathoibrithe chinnteoireachta ar a laghad. Cumhdaítear leo sin algartaim a úsáid chun sannadh cúraimí a uathoibriú, teoracha a sholáthar nó measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht trí ranguithe uathoibrithe (féach samplaí agus leitheadúlacht cineálacha faireacháin dhigitigh sa ghraf). Léiríodh sa taighde freisin nach raibh ach 5 % agus 15 % d'oibrithe sa Ghearmáin agus sa Spáinn faoi seach ar an eolas faoi bheartas a n-eagraíochta maidir leis an bhfaisnéis dhigiteach a bhailítear orthu nó ar a ngníomhaíochtaí oibre.

Tuairiscíonn thart ar leath na n-oibrithe a ndearnadh suirbhé orthu sa Ghearmáin agus sa Spáinn go mbíonn uaireanta oibre á rianú

Úsáid cineálacha uirlisí digiteacha chun faireachán agus faireachas a dhéanamh ar an obair, % na bhfreagróirí a luann gach cineál.



Foinse: Fernández-Macías, E., *et al.*, The platformisation of work [An obair á cur ar ardáin]. Fianaise ó JRC.

Níor ghlac ach beagán Ballstát bearta beartais go dtí seo chun a áirithiú go gcuirtear feabhas ar an éifeachtúlacht san ionad oibre leis an mbainistiú algartamach gan dochar a dhéanamh d'fholláine na bhfostaithe. Sa Phortaingéil, ceanglaítear le Dlí Uimh. 13/2023 go dtugtar faisnéis d'fhostaithe faoi pharaiméadair algartam a théann i gcion ar chinntí an fhostóra. Ar an gcaoi chéanna, **sa Spáinn,** le Dlí 12/2021, tugtar an ceart d'ionadaithe na n-oibrithe go gcuirtear ar an eolas iad maidir le paraiméadair, rialacha agus teoracha algartam a théann i gcion ar dhálaí oibre. Leis an Treoir atá beartaithe maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú, déanfar na guaiseacha a mhaolú a d'fhéadfadh a bheith bainteach le halgartaim do dhaoine aonair atá i mbun oibre le hardáin saothair dhigitigh. Leagann an Treoir cearta faisnéise comhchoiteanna síos freisin le haghaidh ionadaithe oibrithe. Ní hamháin go bhfeabhsóidh na cearta nua sin trédhearcacht na gcórais uathoibrithe d'oibrithe ardáin ach ceanglófar leo freisin ar ardáin saothair dhigiteacha measúnú córasach a dhéanamh ar thionchar na gcórais sin ar dhálaí oibre. Thairis sin, áiritheoidh na cearta sin go mbeidh cinntí suntasacha uathoibrithe faoi réir athbhreithniú daonna i gcomhthéacs na hoibre ardáin.

¹⁹⁸ Fernandez Macias, E., et al., *The platformisation of work* [An obair á cur ar ardáin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

Tá gach cosúlacht air go bhfuil laghdú ag teacht ar an obair neamhdhearbhaithe san Aontas, bíodh is gurb ann do dhifríochtaí móra ó thír go chéile. Léirítear leis na meastacháin¹⁹⁹ is déanaí nár dearbhaíodh 9,7 % den ionchur iomlán saothair san earnáil phríobháideach san Aontas in 2019 (i gcomparáid le 10,2 % in 2013). 14,6 % d’oll-bhreislúach san earnáil phríobháideach san Aontas in 2019 a bhí i gceist leis an obair neamhdhearbhaithe i gcomparáid le 14,9 % in 2013. Is cosúil gur tháinig laghdú ar an obair neamhdhearbhaithe idir 2013 agus 2019 in 19 mBallstát (as 26 Bhallstát toisc nach bhfuil fáil ar mheastacháin le haghaidh Mhálta in 2013), agus ba iad an Bhulgáir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír agus an Rómáin na heisceachtaí. D’fhéadfadh sé gur léiriú é sin ar an dul chun cinn a rinneadh maidir dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, i measc nithe eile, athruithe ar dhlíthe an tsaothair, méadú ar acmhainní le haghaidh cigireachtaí saothair, chomh maith le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus comhlíontacht a áirithiú (féach Roinn 2.3.2). De réir Eurofound,²⁰⁰ is fíor gur tháinig méadú ar na hacmhainní a leithdháileadh ar institiúidí forfheidhmiúcháin le deich mbliana anuas san Aontas i bhformhór de thíortha an Aontais. Mar sin féin, i roinnt mhaith de na Ballstáit, b’íslle an líon cigirí ná an líon molta cigirí in aghaidh 10 000 duine fostaithe in 2021. An tArdán Eorpach a théann i ngleic leis an obair neamhdhearbhaithe, tacaíonn sé le comhroinnt dea-chleachtas idir tíortha an Aontais, lena n-áirítear dearadh eochair tháscairí feidhmíochta (KPIInna) agus faireachán a dhéanamh orthu, chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá cigireachtaí saothair²⁰¹.

-
- ¹⁹⁹ Ní mór a bheith faichilleach le meastacháin ar mhéid iarbhir an gheilleagair neamhdhearbhaithe. Féach Franic, J., *Extent of undeclared work in the European Union* [Fairsinge na hoibre neamhdhearbhaithe san Aontas Eorpach]. An tÚdarás Eorpach Saothair: Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hObair Neamhdhearbhaithe, 2023.
- ²⁰⁰ Líonra Chomhfhreagrach Eorpach Eurofound. Féach: Eurofound, *Pá íosta: Non-compliance and enforcement across the EU* [Tuarastail íosta: Neamhchomhlíontacht agus forfheidhmiú ar fud an Aontais], 2023 (le teacht).
- ²⁰¹ Williams, C., et al., *Key Performance Indicators measuring the effectiveness of labour inspectorates* [Eochairtháscairí feidhmíochta lena ndéantar a éifeachtaí atá cigireachtaí saothair a thomhas]. An tÚdarás Eorpach Saothair: Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hObair Neamhdhearbhaithe, 2023.


Tháinig laghdú ar an dífhostaíocht fadtéarmach de bharr an téarnaimh tar éis COVID-19, bíodh is go bhfuil dúshlán mhóra roimh Bhallstáit áirithe go fóill. 2,4 % an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí san Aontas in 2022, ráta atá 0,4 pointe céatadán níos ísle ná an bhliain roimhe, agus tháinig laghdú air sna Ballstáit uile nach mór (féach Fíor 2.3.7). An difríocht idir na rátaí ab airde agus na rátaí ab ísle i dtíortha an Aontais, tháinig laghdú uirthi ó 8,4 pointe céatadán in 2021 go 7,2 pointe céatadán in 2022, agus is léiriú é sin ar an gcóineasú aníos, toisc gur taifeadadh na feabhsuithe bliantúla ba mhó sna Ballstáit ag a raibh na rátaí ab airde in 2022. Is iad sin an Ghréig (-1,5 pointe céatadán go 7,7 %), an Spáinn (-1,2 pointe céatadán go 5 %) agus an Iodáil (-0,8 pointe céatadán go 4,6 %). Bhí laghdú suntasach ann san Ostair freisin (-0,8 pointe céatadán), ach ar leibhéal réasúnta íseal (1,2 % in 2022). Ar an taobh eile, tháinig méadú ar na rátaí dífhostaíochta fadtéarmacha sa tSlóvaic, agus anois i ‘gcás criticiúil’, an Rómáin atá anois ‘faire’, agus Málta atá ‘go maith ach le faireachán a dhéanamh’. Os a choinne sin, ‘níos fearr ná an meán’ atá an Danmhairg, an Ostair, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír agus an Pholainn, mar rátaí ísle a raibh laghdú orthu go ginearálta a bhí iontu in 2022. B’íseal an bhearna idir na hinscní sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí (faoi bhun 0.5 pointe céatadán) in 2022 i bhformhór na mBallstát, cé is moite den Ghréig, den Spáinn agus den Laitvia (5 phointe céatadán, 2 phointe céatadán agus 1.2 pointe céatadán faoi seach). Is ann d’éagothromaíochtaí réigiúnacha móra freisin (féach Fíor 7 in Iarscríbhinn 5), agus ba san Ostair (79,7 %), san Iodáil (69,9 %), sa Bhulgáir (67,9 %) agus sa Bheilg (64,1 %) a bhí na hinathraitheachtaí ab airde sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí ar leibhéal NUTS-II²⁰². Dul chun cinn na mBallstát chun an Moladh ón gComhairle ó 2016 maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur chun feidhme, tá sé ríthábhachtach i gcónaí chun dul i ngleic leis an dúshlán²⁰³.

²⁰² Eurostat [[lfst_r_lmdltu](#)].

²⁰³ [COM\(2019\) 169 final](#) i dtaca leis an meastóireacht ar an Moladh ón gComhairle maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach isteach sa mhargadh saothair.

Fíor 2.3.7: Meath ar rátaí difhostaíochta fadtéarmaí sna Ballstáit uile nach mór, agus go háirithe iontu siúd lena mbaineann na leibhéil is airde

Ráta difhostaíochta fadtéarmaí, leibhéil 2022 agus athruithe ó bhí 2021 ann (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

Foinse: Eurostat [tesem130], SFS an Aontais.

Tá na rátaí rannpháirtíochta i mbearta gníomhachtaithe éagsúil ó Bhallstát go chéile, fiú nuair a chuirtear san áireamh difríochtaí idir tíortha ar rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí. In 2021, bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir leis an sciar de dhaoine dífhostaithe a bhí toilteanach obair a dhéanamh a ghlac páirt i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair. Ar thaobh amháin, bhí figiúirí faoi bhun 10 % ag tíortha mar shampla an Ghréig, an Rómáin, an Chipir, an Laitvia agus an Chróit. Ar an taobh eile, beagnach 90 % an céatadán a bhí in Éirinn, agus os cionn 70 % san Ungáir, san Ísiltír agus sa Spáinn. I roinnt tíortha (Lucsamburg, an Iodáil, an Eastóin, an Bheilg, Málta), is suntasach na difríochtaí ó thaobh inscne de (i.e. cothrom le 15 phointe céatadáin nó os a chionn, féach Fíor 2.3.8)²⁰⁴. I mBallstáit ina bhfuil rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí atá réasúnta ard ach atá ag feabhsú, is tábhachtach i gcónaí é faireachán níos géire a dhéanamh ar an rannpháirtíocht i mbearta gníomhachtaithe agus measúnú ar cháilíocht agus ar éifeachtacht idirghabhálacha, lena n-áirítear na naisc leis an gcosaint shóisialta, chun dul i ngleic leis an dúshlán.

Fíor 2.3.8: Rátaí rannpháirtíochta éagsúla i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair ó Bhallstát go chéile, agus bearnaí móra idir na hinscní i mBallstáit áirithe

Rannpháirtithe in idirghabhálacha tráthrialta i mbeartais maidir leis an margadh saothair (catagóir 2-7) in aghaidh gach 100 duine dífhostaithe ar mian leo a bheith ag obair, aicme aoise iomlán, torthaí de réir inscne, 2021



Tabhair faoi deara: Níl amshraith ar fáil le haghaidh CZ. Sonraí is déanaí atá ar fáil le haghaidh na mban in IE, NL, PT, PL (2019). Meastar na hamshraitheanna le haghaidh DK, EL, NL agus SE. Tá iontaofacht íseal ag baint le sonraí le haghaidh LT. Níl miondealú ó thaobh inscne de le fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Léireofaí le figiúirí os cionn 100 % go gcláraíonn daoine níos mó ná uair amháin sa tacar sonraí Bheartas Gníomhach maidir leis an Margadh Saothair mar chuid dá rannpháirtíocht i gcatagóirí éagsúla beart nó go bhfuil daoine rannpháirteach ann nach bhfuil cláraithe mar chuardaitheoirí poist.

Foinse: Eurostat [[lmp_ind_actsup](#)].

²⁰⁴ Áirítear ar bhearta beartais maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2-7), i measc nithe eile, soláthar na hoiliúna (2), dreasachtaí fostaíochta (4), fostaíocht agus athshlánú a dtacaítear leo (5), cruthú díreach post (6) agus dreasachtaí le haghaidh gnóilachtaí nuathionscanta (7). Ba cheart an táscaire sin a léirmhíniú go cúramach mar sin féin, óir ní thomhaistear leis ach rannpháirtíocht i mbeartais maidir leis an margadh saothair (seachas a n-éifeachtacht).

Ceann de na príomhchuspóirí den Mholadh ón gComhairle maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach isteach sa mhargadh saothair is ea Comhaontuithe maidir le hImeascadh i bPost a sholáthar dóibh siúd go léir atá cláraithe le haghaidh 18 mí ar a laghad. In 2021, d'fhill 54,4 % de na daoine uile atá dífhostaithe go fadtéarmach san Aontas Eorpach ar an margadh saothair ar tairgeadh comhaontú maidir le himeascadh i bpost (JIA) saintiomanta dóibh. Tagann méadú ar an bhfigiúr sin go 61,1 % maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus atá rannpháirteach i bpleananna gníomhaíochta indibhidiúlaithe (IAPanna) lena mbaineann measúnú domhain. Mar sin féin, b'ísle an cion daoine dífhostaithe go fadtéarmach in IAPanna tráthrialta a raibh fostaíocht ina toradh orthu, ag 47,7 %, faoi bhun mheán 2021 de 49,9 %. Cé gur éirigh le leath de na Ballstáit cumhdach 95 % ar a laghad a bhaint amach in 2021, ba ann do naoi dtír nach raibh JIA ag duine amháin ar a laghad as gach triúr dífhostaithe go fadtéarmach a bhí cláraithe ar feadh 18 mí nó níos mó 7 mbliana tar éis ghlacadh an Mholta ón gComhairle. Leagann sé sin béim ar a thábhachtaí atá sé dlús a chur le hiarrachtaí spriocdhírthe sna Ballstáit lena mbaineann²⁰⁵.


Tá príomhról ag beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair chun rátaí fostaíochta a ardú, tacú le haistrithe gairmiúla agus dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna san Aontas, le héagsúlacht mhór sa chaiteachas ó Bhallstát go chéile. An anailís ar chaiteachas ar bhearta maidir le margadh an tsaothair mar chéatadán de OTI, is féidir é a úsáid mar athróg ionadach le haghaidh iarrachtaí na mBallstát chun dul i ngleic lena ndúshlán ó thaobh imeascadh i margadh an tsaothair de, go háirithe nuair a fhéachtar orthu i gcomhar le rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí²⁰⁶. Mar shampla, in 2021, chaith an Spáinn níos mó, go coibhneasta, ar idirghabhálacha beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair (i.e. 0,8 % de OTI), toisc go bhfuil ráta dífhostaíochta fadtéarmaí réasúnta ard ann, os coinne 6 % (féach Fíor 2.3.9). Os a choinne sin, sa Ghréig, san Iodáil agus sa tSlóvaic, tíortha ina bhfuil rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí os cionn mheán an Aontais iontu go léir (os cionn 9 %, 5 % agus thart ar 4 % faoi seach), ba réasúnta íseal an caiteachas ar bhearta mhargadh an tsaothair (i.e. ag 0,2 % de OTI nó thart air). San Ísiltír, in Éirinn agus sa Danmhairg, ba réasúnta ard an caiteachas ar bhearta mhargadh an tsaothair, ag 1,2 % de OTI nó os a chionn in 2021, ach bhí sciartartha ísle de dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach iontu (i.e. faoi bhun 2 %). Ar deireadh, i dtíortha mar shampla an Phortaingéil, an Chróit agus an Bheilg, bhí an leibhéal caiteachais ag teacht leis an meán san Aontais, a bheag nó a mhór, mar aon lena rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí faoi seach.

²⁰⁵ An Coimisiún Eorpach, *Data collection for monitoring of the LTU Recommendation*: [Bailiú sonraí le faireachán a dhéanamh ar Mholadh maidir le Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach]: 2021, 2022.

²⁰⁶ Maidir le héifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair arna maoiniú ag CSE, léirítear leis an meitea-anailís le déanaí ar mheastóireachtaí tionchair frithfhíorasacha CSE go bhfuil tionchar dearfach acu, ar an meán, ar an dóchúlacht go n-éireodh leis na rannpháirtithe post a fháil.

Fíor 2.3.9: Is ann d'éagsúlacht mhór idir na Ballstáit i dtéarmaí an chaiteachais ar an ngníomhachtú

Caiteachas ar idirghabhálacha beartas gníomhach maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2-7, mar chéatadán de OTI, 2021) agus dífhostaíocht fhadtéarmach mar chéatadán den daonra (15-74 bliana d'aois) sa lucht saothair (% , 2021)



Tabhair faoi deara: Sonraí maidir le caiteachas bheartas mhargadh an tsaothair a mheastar le haghaidh DK, DE, EL, HR, NL, PL agus SE. Ní hionann sainmhíniú na Spáinne agus na Fraince ar ‘dífhostaíocht fadtéarmach’.

Foinse: Eurostat [Imp_expsumm], Bunachar sonraí bheartas maidir leis an margadh saothair agus [tesem130], SFS an Aontais.

Rinne seirbhísí poiblí fostaíochta (SPF) digitiú breise ar a sheirbhísí agus neartaigh siad

an comhar le fostóirí. Tar éis phaindéim COVID-19, rinne SPF forbairt de réir a chéile ar a seirbhísí (i.e. clárú, próifiliú, meaitseáil poist, agus soláthar comhairleoireachta agus oiliúna) trí ardáin dhigiteacha. Rinne siad úsáid uirlisí faisnéise scileanna a lánpháirtíú a thuilleadh ina gcuid oibre freisin²⁰⁷. Chuir SPF lena gcomhar le fostóirí, lena n-áirítear i gcásanna áirithe trí sheirbhísí fostóirí nua a fhorbairt maidir le brandáil, caidreamh poiblí, agus bainistíocht acmhainní daonna. Neartaíodh an comhar tríd is tríd le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, mar shampla i gcásanna ina bhfuiltear ag déileáil le grúpaí leochaileacha. Tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí ról fíorthábhachtach ag SPF chun tacú le himeascadh daoine easáitithe ón Úcráin i margadh an tsaothair. I mí Aibreáin 2023, 344 000 díobh ar fad a bhí cláraithe le SPF. Léirítear le figiúirí a thuairiscigh 19 SPF go bhfuil thart ar 1.5 milliún duine easáitithe i bhfostaíocht ina dtíortha faoi seach²⁰⁸.


²⁰⁷ Féach an Coimisiún Eorpach, *Annual Report: European Network of Public Employment Services (PES)* [Tuarascáil Bhliantúil: Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF)], 2022; An Coimisiún Eorpach, *Main outcomes of the third cycle of PES Benchlearning* [Príomhthorthaí an tríú timthriall de Thagarfhoghlaím SPF], Líonra na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, 2022; agus an Coimisiún Eorpach, Peters, M., *Assessment report on PES capacity: 2022* [Tuarascáil measúnaithe ar acmhainneacht SPF: 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

²⁰⁸ Féadfar difear a dhéanamh d'inchomparáideacht sonraí fostaíochta má úsáidtear foinsí difriúla ó thír go chéile. Ba cheart, dá bhrí sin, na staitisticí a léirmhíniú go faichilleach. Féach an Coimisiún Eorpach, DG EMPL, *PES Network questionnaire to PES* [Ceistneoir Líonra SPF ar SPF] (nuacht) agus an tÚdarás Eorpach Saothair, *Overview of the measures taken by EU and EFTA countries regarding employment and social security of*

Tháinig laghdú beag san Aontas agus sna Ballstáit ar fad nach mór ar an líon daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta in 2022. Tháinig laghdú ar a sciar ó 42,2 % in 2021 go 40 % in 2022 (féach Fíor 2.3.10)²⁰⁹. Ceiltar leis sin difríochtaí móra ó Bhallstát go chéile. Bhí na laghduithe ba mhó le sonrú sa Liotuáin (-9,9 pointe céatadán), san Ísiltír (-9,1 pointe céatadán) agus sa Phortaingéil (-9,1 pointe céatadán), ach tháinig méadú ar an gcumhdach san Iodáil (3,9 pointe céatadán) agus sa Chróit (2,8 pointe céatadán). In 2022, bhí na rátaí cumhdaigh ba mhó le sonrú sa Ghearmáin (90 %) agus san Fhionlainn (os cionn 50 %), agus bhí figiúirí ní b'isle sa Fhrainc, sa Bheilg, sa Liotuáin agus san Eastóin ag 40 % nó os a chionn. Ar an taobh eile, taifeadadh an cumhdach is lú sa Rómáin, sa Pholainn agus sa Chipir (faoi bhun 15 %). In 2022, fuair 35 % de na daoine dífhostaithe a cláraíodh ar feadh níos lú ná 1 bhliain amháin sochair nó cúnamh san Aontas i gcoinne 37,8 % in 2021.

Fíor 02/03/2010: Meath beag ar rátaí cumhdaigh sochar dífhostaíochta sna Ballstáit ar fad nach mór ach difríochtaí ann i gcónaí

Cumhdach sochar dífhostaíochta le haghaidh daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach (níos lú ná 12 mhí, 15-64 bliana d'aois, %)



Tabhair faoi deara: Níl sonraí le haghaidh 2021 ar fáil i gcomhair IE agus MT. Níl sonraí le haghaidh 2022 ar fáil i gcomhair AT agus MT.

Foinse: Eurostat [[lfsa_ugadra](#)], EU LFS.


[displaced persons from Ukraine](#) [Forbhreathnú ar na bearta a rinne tíortha an Aontais agus CSTE maidir le fostaíocht agus slándáil shóisialta daoine easáitithe ón Úcráin], Feabhra 2023.

²⁰⁹ Is éard is daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach ann daoine atá dífhostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí.

D’fhan an tréimhse cháilitheach le haghaidh sochair dhífhostaíochta cuibheasach cobhsaí in 2023, chomh maith leis an uastréimhse éilimh²¹⁰. D’fhan an tréimhse cháilitheach cobhsaí sna Ballstáit uile nach mór, a bhí idir 13 seachtaine de ranníocaíochtaí árachais san Iodáil go dtí 104 seachtaine sa tSlóvaic (féach Fíor 2.3.11). Sa Fhrainc, laghdaíodh uasfhad na sochar in 2023 ó 104 seachtain go 78 seachtain agus d’fhéadfadh 26 seachtain bhreise a bheith ann faoi dhálaí eacnamaíocha a bheith ag dul in olcas, agus sa Laitvia laghdaíodh é ó 39 go 35 seachtain in 2020. Níor tháinig aon athrú ar an tréimhse le 5 bliana anuas i gcás na mBallstát eile ar fad, agus is ann do dhifríochtaí móra i gcónaí ó Bhallstát go chéile (féach Fíor 2.3.12). Ar an iomlán, in 16 thír den Aontas, is féidir sochair a éileamh go ceann 6 mhí (24 seachtaine) ar a mhéad le haghaidh daoine dífhostaithe a bhfuil stair fostaíochta 1 bhliana acu. Tá an t-athsholáthar ioncaim nasctha go dlúth le fad na tréimhse dífhostaíochta i gcónaí. Le Fíor 2.3.13, cuirtear na glanrátaí athsholáthair i gcomparáid a chéile i gcás daoine a thuilleann pá íseal (ag 67 % den mheánioncam náisiúnta) a bhfuil stair fostaíochta ghairid acu (12 mhí de ranníocaíochtaí slándála sóisialta) ar fud an Aontais, ag an dara mí agus an dara mí dhéag den seal dífhostaíochta. Na glanrátaí athsholáthair sa dara mí, tá siad idir 7,9 % den (ghlan)tuilleamh roimhe sin san Ungáir agus 90 % sa Bheilg. I Lucsamburg, sa Danmhairg, sa Fhrainc agus san Fhionlainn, fanann an ráta athsholáthair (os cionn 60 % do na tíortha sin ar fad, agus i bhfad níos airde i roinnt tíortha) mar an gcéanna ag an dara mí dhéag den seal dífhostaíochta.

Fíor 02/03/2011: Cé is moite de líon an-bheag eisceachtaí, bhí an tréimhse ranníocaíochta le bheith incháilithe do shochair dhífhostaíochta cobhsaí sna 5 bliana seo a chuaigh thart

An fad tréimhse cáilithe is gá (líon seachtainí, 2023 agus 2018)




Tabhair faoi deara: I Málta (2018 agus 2023), ní mór 50 ranníocaíocht sheachtainiúil ar a laghad, ar íocadh nó ar creidiúnaíodh 20 ranníocaíocht díobh ar a laghad sa 2 bhliain féilire seo a chuaigh thart, a bheith íoctha ó thosaigh an duine ag obair den chéad uair; in Éirinn (2018 agus 2023), ní mór 104 ranníocaíocht sheachtainiúla ar a laghad a bheith íoctha ó thosaigh an duine ag obair den chéad uair; san Ostair (2023), ní mór 52 ranníocaíocht sheachtainiúla ar a laghad a bheith íoctha le haghaidh iarratais chéaduaire, agus ní mór 28 ranníocaíocht sheachtainiúla a bheith íoctha le haghaidh iarratais ina dhiaidh sin.

Foinse: [Bunachar sonraí MISSOC](#) (Eanáir 2018 agus Eanáir 2023).

²¹⁰ San anailís seo, tagraítear do shochair dhífhostaíochta a thugtar go ginearálta do dhaoine aonair a chláraíonn nach dá ndeasca féin a tháinig siad chun bheith dífhostaithe, gan scéimeanna de chineál sealadach a áireamh a d’fhéadfadh a bheith arna nglacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.

Fíor 02/03/2012: Sa chuid is mó de na Ballstáit, is féidir sochair dhífhostaíochta a éileamh go ceann 6 mhí ar a mhéad agus stair oibre 1 bhliana amháin ann

An uastréimhse sochar i líon seachtainí agus stair oibre 1 bhliana amháin ann (seachtainí, 2023 agus 2018)




Tabhair faoi deara: Sa Bheilg, níl aon teorainn le tréimhse na sochar. Sa Chipir, ríomhtar seachtainí ar bhonn 6 lá oibre in aghaidh na seachtaine. In Éirinn, ní íoctar sochar go ceann 39 seachtaine (234 lá) ach amháin le haghaidh daoine a d'íoc 260 ranníocaíocht sheachtainiúil ÁSPC nó níos mó. Sa tSlóvaic, ní féidir le duine a bhfuil taifead 1 bhliana amháin aige cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta (éilítear 2 bhliain ar a laghad de ranníocaíochtaí árachais dífhostaíochta le 4 bliana anuas). Sa Pholainn, braitheann an tréimhse ar leibhéal an ráta dífhostaíochta sa réigiún i gcoibhneas leis an meán náisiúnta.

Foinse: [Bunachar sonraí MISSOC](#) (mí Eanáir 2018 agus mí Eanáir 2023) agus reachtaíocht náisiúnta.

Fíor 02/03/2013: Is airde ná 60 % rátaí athsholáthair sochar dífhostaíochta ag an dara mí den dífhostaíocht i dtromlach na mBallstát

Glanráta athsholáthair sochar dífhostaíochta ar 67 % den mheánphá, ag an dara mí agus an dara mí dhéag den dífhostaíocht (2022)



Tabhair faoi deara: Ríomhtar an táscaire i gcás duine aonair gan leanaí a bhfuil stair oibre ghairid aige (1 bhliain amháin) agus atá 20 bliain d'aois. Áirítear leis comhpháirteanna difriúla ioncaim, sochar dífhostaíochta agus sochar eile (mar shampla cúnaimh sóisialta agus sochair thithíochta).

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin Eorpigh, bunaithe ar Shamhail Cánach Sochair ECFE.

Ar an iomlán, bhí figiúirí maidir le soghluaisteacht laistigh den Aontas cobhsaí i gcónaí idir 2016 agus 2022, agus bhí comhdhéanamh na sreabh de réir saoránachta cobhsaí freisin. In 2021, ón bPolainn a taifeadadh na glan-eis-sreabha de shaoránaigh den Aontas in aghaidh na bliana, agus bhí an Ghearmáin agus an Iodáil ina diaidh. I gcás na mBallstát eile go léir, bhí na sreabha de shaoránaigh den Aontas isteach chucu agus amach uathu cothromúil go maith. D’ainneoin mhéadú 8 % ar shoghluaisteacht trasteorann oibrithe san Aontas idir 2021 agus 2022, níor tháinig mórán athrú ar threo na sreabh soghluaisteachta trasteorann. Ar an iomlán, bíonn sé ar siúl idir réigiúin den Aontas atá suite in aice a chéile agus áit inar feiceálaí na difríochtaí ar leibhéal an mheánphá agus ar dhálaí oibre²¹¹.

Tá príomhról ag comhpháirtithe sóisialta maidir le hathchóirithe agus le beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta a thacóidh leis an bhfostaíocht, le cáilíocht na bpost, forbairt na scileanna agus na cosanta sóisialta. Léirítear i bhFíor 2.3.14 rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta in 440 cás inar rith rialtais reachtaíocht nó inar chuir siad chun feidhme téacsanna (neamhcheangailteacha) eile chomh maith le comhaontuithe trípháirteacha idir míonna Eanáir 2022 agus Iúil 2023²¹². Athraíonn méid tuairiscithe na rannpháirtíochta de réir réimse téamach, fiú laistigh den tír chéanna. I réimse na cosanta agus na coinneála fostaíochta a bhí an méid ba mhó rannpháirtíochta i measc comhpháirtithe sóisialta, agus ina dhiaidh sin bhí cosaint ioncaim agus tacú le gnólachtaí fanacht i mbun gnó. Ar an iomlán, sna Ballstáit ina bhfuil traidisiúin idirphlé shóisialta fhadbhunaithe, is fearr a rangáidh cáilíocht agus déine na rannpháirtíochta, faoi mar a bheifí ag súil leis, i ndáil le comhairliúcháin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh freisin. Idir an dá linn, chuir na conclúidí ó athbhreithnithe bliantúla faireachais iltaobhaigh an Choiste Fostaíochta i dtábhacht go bhfuil sé fíorthábhachtach amach is amach, cé gur leordhóthanach an creat institiúideach le haghaidh idirphlé sóisialta, go seachnófar rannpháirtíocht nach mbeidh i gceist leis ach rannpháirtíocht fhoirmiúil amháin agus go n-áiritheofar comhairliúchán tráthúil bríoch i gcaitheamh an phróisis ceaptha beartas ar fad.


²¹¹ Féach an Coimisiún Eorpach (2023), *Annual report on intra-EU labour mobility* [Tuarascáil bhliantúil ar an tsoghluaisteacht saothair laistigh den Aontas] (le teacht).

²¹² Féach Eurofound, *Involvement of social partners in the implementation of national recovery and resilience plans* [Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023. Tá na príomhbhearta le fáil i mBunachar sonraí Eurofound [EU PolicyWatch](#) [Súil ar Bheartais an Aontais].

Cuireadh i dtábhacht freisin sna hathbhreithnithe an chaoi ar féidir cáilíocht na gcomhairliúchán a fheabhsú ach iad a bhunú ar thorthaí fianaise-bhunaithe agus measúnuithe tionchair *ex ante* ar an reachtaíocht a bheartaítear²¹³. Breis agus 2 bhliain tar éis ghlacadh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tá dul chun cinn á dhéanamh i bhformhór na mBallstát ar phróisis an idirphlé shóisialta i taobh chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta²¹⁴. Agus luas difriúil chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta á chur san áireamh, creideann roinnt comhpháirtithe sóisialta go bhféadfadh feabhas a bhaint amach i roinnt Ballstát go fóill, de réir suirbhé a rinne Eurofound i mí an Mheithimh 2023²¹⁵.

Fíor 2.3.14: Éagsúlacht i méid rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe sóisialta de réir réimse téamach

Cineál rannpháirtíochta na gcomhpháirtithe sóisialta i ndearadh na mbeart beartais sa téarnamh



Tabhair faoi deara: Bearta beartais, comhaontuithe comhchoiteanna agus cleachtais chuideachta ag rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus gníomhairí eile a bailíodh idir míonna Eanáir 2022 agus Iúil 2023. Léirítear san fhiúir 440 cás de reachtaíocht nó de théacsanna neamhcheangailteacha a measadh gur bhain siad le réimse na gcomhpháirtithe sóisialta.

Foinse: Bunachar sonraí Eurofound [EU PolicyWatch](#) [Súil ar Bheartais an Aontais].

²¹³ [Tuairim 9955/23](#) ón gCoiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta.

²¹⁴ An Coimisiún Eorpach, *Tuarascáil ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta*, COM(2022) 383 final, 2022.

²¹⁵ Torthaí ó staidéar leanúnach Eurofound maidir le rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta náisiúnta i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Torthaí achoimre ar thuairimí a léirigh 174 chomhpháirtí shóisialta agus ionadaí rialtais do líonra comhfhreagraithe náisiúnta Eurofound. Féach Eurofound, *Involvement of social partners in the implementation of national recovery and resilience plans* [Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gcur chun feidhme pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023.

Tar éis an togra ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle an Moladh maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach i mí an Mheithimh 2023. Moltar ann do na Ballstáit *timpeallacht chumasúcháin* a áirithiú le haghaidh idirphlé sóisialta dépháirteach agus trípháirteach, lena n-áirítear an chómhargáil, sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ar na leibhéil uile, (i) lena n-urramaítear cearta bunúsacha na saoirse comhlachais agus na cómhargála; (ii) lena ndéantar ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí atá láidir agus neamhspleách a chur chun cinn chun idirphlé sóisialta fóna a chothú; (iii) lena n-áirítear ann bearta chun acmhainneacht ceardchumann agus eagraíochtaí fostóirí a neartú; (iv) lena n-áirithítear rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha is gá chun bheith rannpháirteach san idirphlé sóisialta; (v) lena gcuirtear chun cinn rannpháirtíocht na bpáirtithe uile san idirphlé sóisialta; (vi) lena n-oiriúnaítear don ré dhigiteach agus lena gcuirtear chun cinn an chómhargáil i saol nua na hoibre mar aon le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta; agus (vii) lena soláthraítear tacaíocht institiúideach iomchuí chun idirphlé sóisialta fóna a chothú²¹⁶. I gcomhréir leis na Treoirí Fostaíochta, 2023, iarrtar sa Mholadh ón gComhairle ar na Ballstáit ligean do chomhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach ar bhealach *fóna tráthúil*. Iarrtar sa Mholadh freisin go mbeadh comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ar bhealach *córasach* i ndearadh agus i gcur chun feidhme beartas fostaíochta agus sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, beartas eacnamaíoch agus beartas poiblí eile.

Faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ceanglaítear ar na Ballstáit ar díriodh moladh tírshonrach maidir le hidirphlé sóisialta orthu 0,25 % ar a laghad den chistiú a chaitheamh ar thacú le fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Iarrtar ar na Ballstáit eile go léir méid iomchuí acmhainní CSE+ a leithdháileadh. Léirítear i sonraí sealadacha gur chlársceidealaigh 17 mBallstát leithdháileadh os cionn 0,5 % dá gcistiú CSE+ chun tacú le fothú acmhainneachta comhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta. Meastar gur fiú EUR 1,07 billiún, nó thart ar 0,75 % den chistiú CSE+ iomlán (ar phraghsanna reatha) an leithdháileadh iomlán²¹⁷.

²¹⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an *idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistriú córa a bhainistiú* agus Moladh ón gComhairle maidir leis an *idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach*.

²¹⁷ Leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh fothú acmhainneachta mar chéatadán den chistiú iomlán CSE+ sa tír don tréimhse 2021-2027. Figiúirí a thiomasaigh DG EMPL i mí Iúil 2023 chun críoch faisnéise amháin. Tá na sonraí iarbhir faoi réir clársceidealú agus d'fhéadfaidís a bheith difriúil.

Tá comhairliúchán le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus a rannpháirtíocht ríthábhachtach chun athrú inbhuanaithe ionchuimsitheach a spreagadh. Sna Treoirlínte Fostaíochta, sainaithnítear eagraíochtaí sochaí sibhialta mar phríomh-idirghabhálaithe le haghaidh reachtaíocht ábhartha agus gníomhaíocht rialtais maidir le cúrsaí fostaíochta agus sóisialta. Cur le cleachtais agus le traidisiúin atá ann cheana, agus iarrachtaí chun rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta sa cheapadh beartas ábhartha, tá siad ríthábhachtach chun léargais luachmhara a sholáthar maidir le dúshlán atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, agus ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha beartais go coinceíteach chomh maith. Faoi mar atá i gcás na gcomhpháirtithe sóisialta, ní mór do chomhairliúcháin iomchuí a bheith fóna, trédhearcach agus tráthúil. Ar leibhéal an Aontais, téitear i gcomhairle leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le tosaíochtaí agus moltaí beartais, lena n-áirítear i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, bíonn siad rannpháirteach i gcur chun feidhme beartas agus tacaítear leo trí chlár chistiúcháin an Aontais, lena n-áirítear snáithe cistiúcháin EaSI CSE+ agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV).

2.3.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Rinne roinnt Ballstát athbhreithniú ar reachtaíocht agus rinne bearta chun dul i ngleic leis na cúiseanna le deighilt mhargadh an tsaothair. Sa Bheilg, soláthraítear le beart nua (i.e. an Beart maidir le Margadh Saothair Feidearálach) a glacadh i mí Eanáir 2023, faoi choinníollacha áirithe, scéim nua d'oibrithe le tosú ag obair i bpost nua le linn na tréimhse fógra nó a bheith rannpháirteach i mbearta gníomhachtaithe luaith i rith an tríú cuid den tréimhse fógra, agus a dtuarastal agus a sochair eile á gcoimeád. I mí na Bealtaine 2023, thug **an Iodáil** reachtaíocht cothrom le dáta chun síneadh a chur le fad conarthaí seasta, ar féidir leo anois a bheith níos faide ná 12 mhí agus suas le 24 mhí faoi choinníollacha áirithe. Ghlac **an Iodáil** le beart spriocdhírthe freisin chun díolúine a thabhairt ar feadh 2023 maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta (laistigh de theorainn EUR 8 000) do chuideachtaí a fhostaíonn daoine faoi chonarthaí buana, nó a aistríonn conarthaí sealadacha ina gconarthaí buana, le haghaidh thairbhíthe na scéime ioncaim íosta. I mí Iúil 2022, thug **an Spáinn** isteach leasuithe sna rialacha a bhaineann le baill foirne na seirbhíse sláinte reachtúla chun an fhostaíocht téarma sheasta a laghdú san earnáil sláinte poiblí. Mar chuid d'athchóiriú níos forleithne laistigh dá plean téarnaimh agus athléimneachta, thug **an Phortaingéil** isteach leasuithe ar na conarthaí seasta. Ó glacadh na forálacha nua i mí na Bealtaine 2023, is féidir conarthaí ar théarma seasta a athnuachan 4 huaire (síos ó 6 huaire roimhe sin). Ba cheart d'uastréimhse conarthaí fostaíochta sealadaí i ndiaidh a chéile leis an bhfostóir céanna a bheith níos giorra ná 4 bliana freisin, agus ba cheart iad a thiontú ina gconarthaí oscailte dá sárófaí an fad sin. Ina theannta sin, ghlac **an Phortaingéil** bearta eile maidir le foirceannadh conartha ar théarma seasta lena leagtar síos an cúiteamh ag 24 lá den bhuntuarastal in aghaidh na bliana (i gcomparáid le 18 lá roimhe sin). Tugadh isteach forálacha nua freisin chun an tréimhse thrialach a athrú le haghaidh conarthaí ar théarma seasta, ag brath ar fhad an chaidrimh oibre roimhe sin. In Aibreán 2023, ghlac **an tSeicia** leasuithe nua ar dhlí an tsaothair chun feabhas a chur ar chosaint oibrithe gníomhaireachta sealadacha go leibhéal atá ar aon dul le cosaint gnáthfhostaithe, mar shampla i gcás dócmhainneacht fostóirí. In 2023, sheol **an Ghréig** clár chun ranníocaíochtaí árachais a fhóirdheonú le haghaidh cuideachtaí san earnáil phríobháideach bunaithe ar fhorálacha áirithe, rud a d'athraigh conarthaí fostaíochta fostaithe páirtaimseartha ina gconarthaí lánaimseartha.

Tá coigeartú á dhéanamh ag Ballstáit éagsúla ar a reachtaíocht cosanta fostaíochta. Mar chuid d'athchóiriú níos fairsinge, ghlac **an Spáinn** forálacha i mí an Mheithimh 2023 chun cásanna breise de neamhniú oibiachtúil dífhostuithe i gcás fostaithe sa tsaoire tuismitheora nua nó a thairbhíonn d'oiriúnú a n-ama oibre. Chuir sí síneadh freisin go dtí an 31 Nollaig 2023 leis an gcosc ar dhífhostuithe ar fhoras oibiachtúil a bhaineann leis an méadú ar chostais fuinnimh i gcás cuideachtaí a thairbhíonn de chabhair phoiblí. I mí Feabhra 2023, ghlac **an Spáinn** rialacha nua maidir le cosaint sceithirí agus leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe ionas nach mbeidh iarmhairtí neamhfhabhracha ná dochracha ina gcaidreamh fostaíochta i ndán d'oibrithe. Ar deireadh, i mí Mheán Fómhair 2022, glacadh leasuithe ar an dlí eolaíochta náisiúnta agus é d'aidhm acu feabhas a chur ar dhálaí oibre agus ionchais ghairme níos fearr a chruthú le haghaidh pearsanra taighde (i.e. cosúil le córas 'na conaire tionachta'). I mí Feabhra 2023, ghlac **an Fhrainc** forálacha le haghaidh an chleachtais nua maidir le gairmeacha beatha liobrálacha rialáilte laistigh de chuideachta. Simplítear agus soiléirítear leo an creat dlíthiúil is infheidhme maidir leis an gcleachtas, agus tiocfaidh siad i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024. I mí Dheireadh Fómhair 2022, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, thug **an tSualainn** a cód saothair cothrom le dáta agus é d'aidhm aici cur leis an intuathacht le haghaidh fostóirí agus fostaithe, ag déanamh gnáthchleachtas caighdeánach as an obair lánaimseartha freisin. Giorraíodh an tréimhse ama lena rialaítear nuair a dhéantar fostaíocht ar théarma seasta a thiontú go buan ó 24 mhí go 12 mhí, rud a thugann rochtain níos tapúla ar fhostaíocht bhuan. I mí Mheán Fómhair 2023, thug **an Ghréig** isteach sraith forálacha maidir le tréimhsí promhaidh, fostaíocht chomhthreomhar agus fostaíocht faoi phatrúin oibre dhothuartha chun trédhearcacht agus intuathacht dálaí oibre a fheabhsú.

Tabhairt isteach beart nua agus cur chun feidhme beart atá ann cheana lena gcuirtear chun cinn timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus dea-oiriúnaithe, rinneadh dul chun cinn orthu i roinnt Ballstát. Mar chuid d'athchóiriú leathan, i mí an Mhárta 2023, ghlac **an Danmhairg** leasuithe ar an Acht um Chóir Chomhionann. Áirítear leis na forálacha nua soiléiriú ar fhreagracht an fhostóra as cionta áirithe, ciapadh ina measc. I mí an Mheithimh 2022, ghlac **an Ghearmáin** beart spriocdhírithe chun margadh saothair níos ionchuimsithí a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhartha chun cur leis an tsábháilteacht agus leis an tsláinte ceirde ar an mbealach chuig an áit oibre agus ón áit oibre, agus san áit oibre féin. I mí Lúnasa 2022, ghlac **an Ghréig** a Straitéis um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 2022-27, mar aon le Plean Gníomhaíochta 2022-23 a ghabhann leis. Ag brath ar an idirphlé sóisialta, baintear amach leis an straitéis nua rannpháirtíocht chothromúil fostaithe agus fostóirí maidir leis an tsábháilteacht agus an tsláinte ceirde. I mí am Mhárta 2023, ghlac **an Spáinn** lena Straitéis um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde, 2023-27, chun feabhas breise a chur ar dhálaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair, timpistí ag an obair a laghdú, agus a bheith ag súil le bagairtí agus rioscaí ionchasacha do shláinte agus do shábháilteacht oibre. Cuireadh an mheabhairshláinte san áireamh mar thosaíocht sa straitéis agus tugadh ábharthacht speisialta do chosc na hailse a bhaineann leis an obair den chéad uair. I mí Mheán Fómhair 2022, modhnaíodh an dlí maidir le cosc chun go n-áireofaí oibrithe tí ann. I mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí ciste cúitimh nua bunaithe cheana féin ag **an Spáinn** (á bhainistiú ag an Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta) le haghaidh íospartaigh an nochta d'aispeist ag an obair, sa bhaile nó sa timpeallacht. Ina dhiaidh sin, i mí na Bealtaine 2023, glacadh beart spriocdhírithe chun laghdú a dhéanamh ar ghuaiseacha gairme a eascraíonn as an obair amuigh faoin aer faoi dhálaí adhaimsire. Sa chomhthéacs sin, ní mór do chuideachtaí sraith beart a chur chun feidhme ag brath ar dhéine na ndálaí (e.g. teochtaí arda). Ar deireadh, d'fhoilsigh **an Pholainn** rialachán chun na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta atá ann cheana maidir le stáisiún oibre a nuashonrú le scáileáin chun sláinte agus sábháilteacht fostaithe a fheabhsú tuilleadh.

Ghlac Ballstáit éagsúla bearta chun socruithe oibre níos solúbtha a sholáthar d'fhostaithe.

I mí Eanáir 2023, ghlac **an Bheilg** athchóiriú chun solúbthacht níos mó a thabhairt isteach in uaireanta oibre agus chun tacú níos fearr leis an gcothromaíocht oibre is saoil. Áirítear leis an mbeart an ceart chun seachtain oibre 4 lá (trí níos mó uaireanta oibre a dhéanamh in aghaidh an lae), an ceart chun córas oibre athraitheach (i.e. níos mó uaireanta oibre seachtain amháin agus níos lú an tseachtain ina diaidh), agus faisnéis luath maidir le sceidil pháirtaimseartha sholúbtha.

I mí na Bealtaine 2023, ghlac **an Phortaingéil** forálacha chun íocaíocht ragoibre a rialáil dóibh siúd a dhéanann os cionn 100 uair an chloig sa bhliain. Os cionn na teorann sin, bunaítear leis an mbeart na méideanna atá le híoc in aghaidh na huaire nó cuid d'uair bunaithe ar chritéir éagsúla. Laistigh dá plean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac an Phortaingéil clár píolótach freisin i mí an Mheithimh 2023 chun seachtain oibre 4 lá a chur chun feidhme san earnáil phríobháideach.

Is é atá ann tréimhse thrialach 6 mhí ina laghdófaí na huaireanta oibre go 36, 34 nó 32 uair an chloig gan aon laghdú ar an bpá. Ag deireadh na tréimhse trialáí, beidh 1 mhí ag an gcuideachta cinneadh a dhéanamh leanúint leis an scéim nua (nó í a thréigean).

Thairis sin, ghlac roinnt Ballstát forálacha nua nó leasaigh siad reachtaíocht a bhí ann cheana maidir leis an am oibre agus leis an eagrú oibre chun treochtaí a chur san áireamh maidir leis an teilea-obair, an chianobair, agus an ceart chun dícheangail. Sa Chróit, tugadh an reachtaíocht náisiúnta cothrom le dáta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta trí leasuithe ar Acht Saothair na tíre a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2023. Anuas ar an teilea-obair thraidisiúnta, tugadh isteach leis an reachtaíocht nua go bhféadfaí cianobair a dhéanamh, faoinar féidir leis na fostaithe a n-áit oibre a chinneadh gan srianadh. **Sa Rómáin,** leasaíodh Dlí Uimh. 81/2018 maidir leis an Teilea-obair trí Reachtaanna Éigeandála Rialtais tar éis an mhéadaithe thapa ar shocruithe teilea-oibre a tháinig chun cinn le linn phaindéim COVID-19. I mí Mheán Fómhair 2022, leag **an Bheilg** síos gur gá do chuideachtaí ina bhfuil 20 fostaí nó níos mó, do chomhaontuithe comhchoiteanna nó do rialacha ginearálta an fhostóra forálacha a áireamh maidir le ceart na n-oibrithe chun dícheangail. Formheasadh forálacha comhchosúla le haghaidh na hoibre um thráthnóna agus san oíche faoi choinníollacha sonracha. I mí Aibreáin 2023, thug **an Pholainn** isteach rialacháin maidir leis an gcianobair i gcomhréir lena PTA. Áirítear leis na leasuithe ar an gCód Saothair agus ar achtanna eile sainmhíniú nua ar an gcianobair, agus dhá chineál shonracha teilea-oibre: an chianobair (d'oibrithe i ngairmeacha a mheastar a bheith incháilithe mar gheall ar a gcineál) agus teilea-obair ócáideach (i.e. suas le 24 lá sa bhliain le haghaidh gach oibrí). I mí Iúil 2023 i **Lucsamburg,** tugadh isteach an ceart chun dícheangail le dlí nua, agus **sa Rómáin,** cuirtear an teilea-obair ar fáil d'oibrithe a bhfuil leanaí acu le dlí nua. **San Iodáil,** rinneadh an 'Foraithne Saothair' a thrasú sa dlí nuair a tugadh isteach rialacha nua maidir le hobair chliste do dhaoine leochaileacha. Ceangailte le cur chun feidhme PTA, tá sé beartaithe ag **an Spáinn** forálacha forbartha rialála a ghlacadh maidir le cearta agus dálaí teilea-oibre san earnáil phoiblí. Ghlac **ag an gCipir,** laistigh dá PTA arís, bille nua i mí na Nollag 2023 chun rialáil a dhéanamh ar chearta agus oibleagáidí fostóirí agus fostaithe a bhaineann úsáid as an teilea-obair.

Rinne roinnt Ballstát bearta chun feabhas a chur ar dhálaí oibre in obair ardáin, ina ndírítear go príomha ar earnálacha iompair agus seachadta, tar éis fás nach beag sa gheilleagar ardán.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, rith **Málta** dlí nua lenar tugadh isteach toimhde gurb ann do chaidreamh fostaíochta le haghaidh oibrithe d'ardáin dhigiteacha. Áirithítear leis an reachtaíocht freisin go dtuilleann oibrithe ardáin tuarastal atá cothrom leis an bpá íosta nó os a chionn. Le tabhairt isteach an chreata chomhchoitinn in 2021 agus le cruthú údaráis um chaidreamh saothair le haghaidh ardáin dhigiteacha **sa Fhrainc**, bhíothas in ann toghcháin náisiúnta d'ionadaithe oibrithe a reáchtáil in 2022. I mí Aibreáin 2023, thángthas ar chomhaontú idir na hardáin agus ionadaithe na n-oibrithe, lenar socraíodh ioncam íosta. **Sa Spáinn**, bunaítear le 'Dlí na Rothaithe' a ritheadh in 2021 faoi PTA toimhde dhlíthiúil gurb ann do chaidreamh fostaíochta san earnáil seachadta. Tugtar an ceart d'ionadaithe na n-oibrithe freisin go gcuirtear ar an eolas iad maidir le paraiméadair algartam a dhéanann difear do dhálaí oibre. **Sa Bheilg**, tugtar isteach leis an 'mBeart Saothair' a cuireadh chun feidhme i mí Eanáir 2023 toimhde dhlíthiúil fostaíochta le haghaidh oibrithe ardáin. Tá achoimre sa dlí nua sin ar ocht gcrítéar a bhíonn in úsáid ag cúirteanna saothair chun a chinneadh cibé acu ar cheart nó nár cheart oibrí a aicmiú mar a bheith féinfhostaithe nó mar fhostaí. **Sa Chróit**, tugtar isteach le bille a tíolacadh i mí Feabhra 2023 faoi PTA dliteanas comhpháirteach le haghaidh ardáin saothair dhigiteacha agus comhbhailitheoirí a ghníomhaíonn mar idirghabhálaithe le hoibrithe ardáin. Is é an príomhchuspóir dul i ngleic le mí-aicmiú fostaíthe. Leagtar amach sa bhille tosca lena léirítear caidreamh fostaíochta le hardáin nó le comhbhailitheoirí, gan beann ar an gcineál conartha. I mí Aibreáin 2023, mhodhnaigh **an Phortaingéil** a cód saothair, agus bunaíodh toimhde maidir le caidreamh fostaíochta le haghaidh oibrithe ardáin bunaithe ar shraith sé chritéar. Chomh maith leis sin, ceanglaítear leis an dlí ar fhostóirí faisnéis agus trédhearcacht a sholáthar ar úsáid algartam nó intleachta saorga i bpróisis roghnaithe agus dífhostaithe oibrithe.

Tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe agus chun cosaint níos fearr a thabhairt do chearta oibrithe agus chun iomaíocht chóir a áirithiú.

I mí na Nollag 2022, ina PTA, ghlac **an Iodáil** plean náisiúnta le haghaidh an chomhraic in aghaidh obair neamhdhearbhaithe le treochar cur chun feidhme. Ina theannta sin, mar chuid d'athchóiriú níos forleithne faoina PTA, rith **an Chróit** dlí saothair nua maidir le hobair neamhdhearbhaithe a rianú. Glacadh an dlí nua i mí na Nollag 2022, agus sainmhínítear ann obair neamhdhearbhaithe agus gach comhartha di, soláthraítear acmhainní breise chun tacú níos fearr le cigireachtaí saothair, leagtar síos forálacha maidir le hollghníomhartha, agus rialaítear an próiseas d'oibrithe a aistriú ón obair neamhdhearbhaithe go hobair dhearbhaithe. I mí Aibreáin 2023, thug **an tSeicia** isteach leasuithe dlíthiúla lena áirithiú go dtuairiscíonn agus go gcláraíonn fostaithe eachtracha atá i dteideal cosaint shealadach. Is é an aidhm atá ann cosaint a thabhairt do dhaoine ag a bhfuil comhaontú chun obair a dhéanamh ó chleachtais mhídhleathacha ag fostóirí agus cur le héifeachtúlacht an chaithimh slándála sóisialta le haghaidh daoine atá i dteideal cosaint shealadach. Chomh maith leis sin, i mí Aibreáin 2023, leasaigh **an Phortaingéil** a Dlí Ginearálta maidir le Sáruithe Cánachais, rud a dhéanfaidh coir de mhainneachtain ligean isteach oibrithe sa tSlándáil Shóisialta a chur in iúl laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na tréimhse a sonraíodh go dlíthiúil, agus pionós príosúnachta suas le 3 bliana nó fineáil suas le 360 lá a chur air. Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá sé beartaithe ag **an Rómáin** ardán digiteach feidhmiúil a bhunú chun bainistíocht a dhéanamh ar úsáid dearbhán le haghaidh oibrithe tí agus chun idir-inoibritheacht oibríochtaí a bhaineann le dearbháin a cheadú thar bhunachair sonraí phoiblí.

Ghlac Ballstáit éagsúla bearta spriocdhírithe chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach agus chun margadh saothair níos athléimní a áirithiú. Leis an tacaíocht ó chistí an Aontais, i mí Aibreáin 2023 sheol **an Bheilg** an tionscadal *Territoires zéro chômeurs de longue durée* [Críocha gan aon duine dífhostaithe go fadtéarmach] a bhfuil sé d’aidhm aige an líon daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a laghdú agus deiseanna fostaíochta sa bhreis a sholáthar i réimsí sonracha i Réigiún na Vallúine. I mí Dheireadh Fómhair 2022, d’athsheol **an Chipir** laistigh dá SPF dearadh agus cur chun feidhme clár tacaíochta aonair 4 mhí in aghaidh an chomhairleora fostaíochta, a bhfuil 40 duine dífhostaithe leochaileach i ngach clár díobh. Bunaítear na cláir sin ar chruinnithe rialta agus ar atreoruithe, bearta leantacha, agus meastóireacht. An tráth céanna, ina PTA ó bhí mí Lúnasa 2021 ann, soláthraíonn **an Spáinn** cistiú le haghaidh tionscadail chríochacha nua ina gcuirtear chun cinn pleananna indibhidiúlaithe le haghaidh daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh na fiontraíochta agus tionscadail mhicrifhiontair. Tá sé de chúram ar na SPFanna **sa tSualainn** tosaíocht a thabhairt do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. I mí an Mhárta 2023, chuir SPFanna gníomhaíochtaí i láthair chun a gcuid oibre a neartú chun dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú trí bhéim bhreise a chur ar iarrachtaí agus ar réimsí a léiríonn an taighde agus an fhianaise a mbíonn éifeacht acu. Áirítear ar chuid de na bearta idirghabhálacha níos tiomanta nó tá sé d’aidhm acu acmhainneacht SPF a neartú.

Leasaigh roinnt Ballstát na creataí a bhí acu cheana um beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair chun cur lena n-éifeachtacht i dtaobh cuardaitheoirí poist a cheangal le deiseanna atá ar fáil. I mí Iúil 2022, ghlac **an Bheilg** athchóiriú spriocdhírithé chun gníomhachtú daoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha agus aistriú oibrithe i réigiún Fhlóndras a neartú. Tagann an beart i ndiaidh comhaontú idir an rialtas réigiúnach agus na comhpháirtithe sóisialta Pléimeannacha. I mí Lúnasa 2022, ghlac **an Ghréig**, ina plean téarnaimh agus athléimneachta, a Straitéis Náisiúnta um Beartais Ghníomhacha maidir leis an Margadh Saothair, 2022-30. Cur chuige iomlánaíoch atá sa Straitéis maidir le forbairt agus cur chun feidhme beart gníomhachtaithe i gcomhar le beartais eile. Faoi PTA agus CSE+ a chistítear na bearta faoin straitéis freisin. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, i mí Iúil 2022 bhunaigh **an Liotuáin** stádas ar leithligh de dhuine atá ag ullmhú le haghaidh mhargadh an tsaothair. Is é an cuspóir atá ann daoine aonair a bhfuil dúshlán rompu maidir leis an rochtain ar fhostaíocht a shainaithint agus tacú leo. Trí chomhairliúcháin aonair, lena n-áirítear seirbhísí comhairleoireachta síceolaíochta agus dlí, rannchuidíonn an tSeirbhís Fostaíochta le himthosca a chuireann bac ar fhostaíocht a mhaolú, agus le hullmhú do mhargadh an tsaothair. Ó mhí Eanáir 2023 i leith, rinne an Liotuáin, mar chuid dá PTA, an creat a bhí ann cheana a leathnú chun gníomhachtú daoine i staideanna leochaileacha agus a n-aistriú isteach san fhostaíocht a éascú. Déantar é sin trí mholadh do gach bardas cláir fostaíochta bhargasacha a chur chun feidhme trí sheirbhísí a chur ar fáil do dhaoine aonair bunaithe ar chur chuige bainistithe cásanna. Leis sin, cuirtear le chéile, *inter alia*, an soláthar treorach fostaíochta agus comhairliúcháin éagsúla le tacaíocht ioncaim dhíreach i gcomhar leis na seirbhísí sóisialta. Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, tá **an Spáinn** chun líonra 20 lárionad ionduchtaithe, fiontraíochta agus nuálaíochta a chruthú le haghaidh na fostaíochta faoi dheireadh 2024. Meastar go mbeidh na lárionaid sin scaipthe ar fud na críche (i.e. lárionad amháin ar leibhéal an rialtais láir agus ceann eile i ngach réigiún) agus é d'aidhm acu feabhas a chur ar an gcomhordú thar SPFanna réigiúnacha. Mar chuid d'athchóiriú níos forleithne, tá sé beartaithe **ag an bhFrainc** a córas SPF *Pôle Emploi* a atheagrú chun feabhas breise a chur ar an gcomhordú idir páirtithe leasmhara agus feabhas a chur ar an treoraíocht agus ar an tacaíocht a sholáthraítear do chuardaitheoirí poist. Tugtar isteach leis an mbille 'maidir le lánfhostaíocht' freisin coinníollacha níos déine chun tacaíocht ioncaim íosta a fháil, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seachtainiúla éigeantacha. Mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta **na Laitvia** tá sé beartaithe a creat beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair a leasú agus an tairiscint uas-scilithe agus athscilithe a thabhairt cothrom le dáta chun an bhéim ar scileanna digiteacha a neartú. Tá sé d'aidhm **ag an gCipir**, i gcomhthéacs na Straitése nua maidir le Beartais Ghníomhacha Mhargadh an tSaothair 2023-25, feabhas a chur ar rannpháirtíocht i mbearta gníomhachtaithe, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha, agus ar éifeachtúlacht riaracháin agus acmhainneacht fhadtéarmach na SPFanna.

Thug roinnt Ballstát bearta isteach a bhaineann le seirbhísí poiblí fostaíochta (SPFanna) chun iad a dhéanamh níos inrochtana agus níos éifeachtaí, agus i bhfianaise riachtanais athraitheacha mhargadh an tsaothair agus scileanna. Sa Bheilg, tugann clár trialach poist ag SPF na Vallúine (Forem) deis do cuardaitheoirí poist atá cláraithe rochtain a fháil ar phoist éagsúla sula gcinntí siad cén fhostaíocht nó oiliúint is ceart a roghnú, rud a chabhraíonn le riosca an ró-cháilíochta a laghdú²¹⁸. In 2022, chuir **an Ostair** lena ranníocaíocht airgeadais chun tacú le gníomhachtú na mban i margadh an tsaothair (le 4 % i gcomparáid le 2021). Leis an iarracht sin, cuireadh ar a gcumas do thart ar 239 000 bean páirt a ghlacadh i mbearta tacaíochta fostaíochta, agus bhain 137 000 díobh leis an sciliú. **Sa Fhrainc,** leis an gclár ‘Bíonn cuideachtaí rannpháirteach’ (*Les Entreprises s’engagent*), tairgtear comhéadan anois inar féidir le fostóirí a iarraidh go ndéanfaí teagmháil leo maidir le nósanna imeachta chun daoine easáitithe ón Úcráin a fhostú.²¹⁸ Laistigh dá PTA, rinne **an Fhionlainn** a samhail Nordach a thabhairt cothrom le dáta, lena mbunaítear spriocanna éagsúla le haghaidh tacaíocht indibhidiúlaithe le haghaidh cuardaitheoirí poist (i.e. líon bliantúil agallamh chun post a chuardach). In 2022, rinne **an tSualainn** a sannadh do SPF a thabhairt cothrom le dáta agus tá coinne leis anois go neartófaí na naisc le fostóirí, go dtacófaí níos mó le cuardaitheoirí poist atá i bhfad ó mhargadh an tsaothair, agus go gcuirfi leis na hiarrachtaí chun cur leis an líon rannpháirtithe i socrúcháin phoist, oiliúint, agus scéimeanna fostaíochta fóirdheonaithe. I mí Lúnasa 2022, mar chuid dá PTA, thug **an Liotuáin** isteach forálacha nua chun a córas gairmthreorach a athchóiriú, lena leagtar síos creat, bainistíocht agus dearbhú cáilíochta an chórais gairmthreorach. Leagtar amach ann feidhmeanna agus buncheanglais inniúlachta gairmithe gairme agus na hinstitiúidí atá páirteach, na comhpháirtithe sóisialta ina measc. I mí na Nollag 2022, ina PTA, bhunaigh **an Ghréig** Clárlann Dhigiteach le haghaidh DYPA (SPF na Gréige) agus é d’aidhm aige feabhas a chur ar thaifid cuardaitheoirí poist agus rochtain níos fearr a sholáthar dóibh ar shochair agus ar sheirbhísí sóisialta trí chóras idir-inoibritheach. Thug **an Ghréig** a creat oibleagáide frithpháirtí chun dáta freisin idir DYPA agus cuardaitheoirí poist cláraithe chun oibleagáidí gach páirtí a rianú agus a fhorfheidhmiú níos fearr. Ina theannta sin, tá athchóirithe ar uirlis phróifílithe na SPFanna, forbairt creata meastóireachta feidhmíocht bhunaithe do sholáthraithe gairmoideachais agus sochar dífhostaíochta ar siúl faoi láthair.

²¹⁸ Samplaí de dhea-chleachtais a bhailigh Líonra na SPFanna i gcomhthéacs tagarfhoghlaim na SPFanna. Féach [Lárionad Eolais SPF](#) chun tuilleadh faisnéise a fháil.

I mí Feabhra 2023, ina plean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Spáinn** reachtaíocht nua chun a córas fostaíochta a neartú. Áirítear leis bearta chun borradh a chur faoi rannpháirtíocht eintiteas príobháideach agus áitiúil, feabhas a chur ar an gcreat meastóireachta, agus catalóg nua seirbhísí ráthaithe le haghaidh fostóirí agus cuardaitheoirí poist araon. Tá coinne leis go ndéanfaidh an tír an nuachóiriú (i.e. córais inmheánacha bhainistíochta agus digitithe) ar a SPF láir a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2023. I mí an Mhárta 2023, leasaigh **an Danmhairg** an creat a bhí ann cheana chun na próisis riaracháin a laghdú in ionaid fostaíochta trí úsáid uirlisí digiteacha a leathnú agus nósanna imeachta leantacha a shimpliú, i measc nithe eile. I mí an Mheithimh 2023, ghlac **an Danmhairg** beart spriocdhírithe freisin a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024 chun freagracht níos mó a thabhairt do SPFanna teagmháil a dhéanamh le faighteoirí sochar dífhostaíochta sna chéad 3 mhí den chlár. I mí Iúil 2023, ghlac **Éire** leis an straitéis Bealaí chun Oibre, 2021-25. Ar cheann de bhunchuspóirí na straitéise, tá feabhas a chur ar Intreo (SPF na hÉireann) trí fhorbairt a dhéanamh ar a acmhainneacht agus a chur chuige i dtaca le díriú ar chustaiméirí. Áirítear ann bearta a dtacaíonn na pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus CSE+ leo. Tá **an Laitvia**, leis an tacaíocht ó TSI, ag déanamh nuachóiriú ar a seirbhísí SPF, ag tabhairt isteach uirlisí digiteacha nua do chliaint SPF agus ag cur feabhas ar an gcóras próifílithe.

Tá comhar idir seirbhísí poiblí fostaíochta agus seirbhísí sóisialta an-tábhachtach le haghaidh beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair. I mí Eanáir 2023, cheap **an tSualainn** imscrúdú inmheánach in Oifig an Rialtais chun anailís a dhéanamh ar an malartú faisnéise idir SPF agus bardais na tíre agus chun feabhsuithe orthu a mholadh chun dul i ngleic leis an riosca d'eisiamh ó mhargadh an tsaothair agus chun an t-aistriú ón dífhostaíocht go hoideachas aosach a éascú. I mí an Mheithimh 2023, ghlac **an Danmhairg** beart sealadach chun an ceart chun oiliúna nó uas-scilithe a thabhairt isteach arís le ráta sochair dífhostaíochta níos mó de 110 % i ngairmeacha ina bhfuil ganntanais lucht saothair. Tá sé i gceist leis an mbeart sineirgí breise a chruthú idir an treoraíocht a sholáthraítear sna hionaid fostaíochta do dhaoine dífhostaithe agus bearta tacaíochta a ghabhann léi i rith an uas-scilithe.

Ghlac Ballstáit roinnt bearta spriocdhírithe chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú agus chun tallann eachtrach a mhealladh do ghairmeacha beatha a bhfuil ganntanas iontu.

I mí na Samhna 2022, ghlac **an Bheilg** an ‘Beart maidir le Margadh Saothair Feidearálach’ faoinar cuireadh de chúram ar choiste earnála éagsúla de chomhpháirtithe sóisialta liosta a dhéanamh de gach próifil phoist ina raibh ganntanas, anailís a dhéanamh ar na cúiseanna leis sin agus moltaí a dhéanamh. Tá coinne leis go dtreoróidh sé sin iarrachtaí chun cur le tarraingteacht post áirithe, lena n-áirítear i dtéarmaí dálaí oibre. I mí Iúil 2023, rinne seirbhís phoiblí fostaíochta (Forem) **na Beilge** (réigiún na Vallúine) an liosta gairmeacha beatha ina bhfuil ganntanas a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear mar shampla 56 phróifil in earnáil na tógála, agus an tionscal ina dhiaidh sin.

Cabhróidh sé sin le daoine dífhostaithe a threorú chun na bpróifílí sin agus dreasachtaí airgeadais éagsúla a dhíriú níos fearr. Ar an gcaoi chéanna, i mí Feabhra 2023, rinne an réigiún Pléimeannach a liosta gairmeacha beatha ina bhfuil ganntanas a thabhairt cothrom le dáta, agus úsáideadh modheolaíocht ar leith chun trí chúis fhéideartha leis an nganntanas a léiriú – tosca cainníochtúla, cáilíochtúla agus/nó tosca sonracha saothair. 234 ghairm bheatha ar an iomlán ina bhfuil ganntanas atá ar an liosta, agus is iad gairmeacha tionsclaíocha agus ceardaíochta atá sa tríú cuid díobh.

I mí an Mheithimh 2023, rinne **an Ghearmáin** a creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta chun imirce saothair oilte ó thríú tíortha a éascú, lena n-áirítear gan aitheantas roimh ré ar scileanna agus gairmeacha neamhrialáilte. I mí Iúil 2022, ghlac **an Spáinn** bearta chun a conairí i dtreo imirce dhleathach a neartú agus chun feabhas a chur ar bhainistíocht nósanna imeachta imirce. Leathnaigh an Spáinn an córas dlíthiúil freisin le haghaidh imircigh ardoilte chun daoine a bhfuil ardchéim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna acu a chumhdach agus baineadh amach ceanglais áirithe ar fhiontair fostaithe eachtracha a fhostú. I bhfianaise ganntanais lucht saothair níos mó i seirbhísí cúraim sláinte agus seirbhísí sóisialta, rinne **an tSlóivéin** bearta chun nósanna imeachta a shimpliú chun oibríthe eachtracha a fhostú, lena n-áirítear go bhféadfaidh siad gabháil le malairt fostaíochta níos éasca, agus ar an gcaoi sin soláthraítear solúbthacht níos mó agus dálaí oibre níos córa.

Sa chéad leath de 2023, rinne roinnt Ballstát bearta chun a gcórais sochair dhífhostaíochta a oiriúnú níos fearr don chomhthéacs socheacnamaíoch. I mí na Samhna 2022, chinn **an Bheilg** an sochar íosta dífhostaíochta a mhéadú de 1,3 pointe céatadáin, anuas ar an innéacsú uathoibríoch le haghaidh an bhoilscithe. I mí na Nollag 2022, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, chuir **an Eastóin** síneadh le fad a hárachais dífhostaíochta ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh. I mí na Nollag 2022, ghlac **an Fhrainc** laghdú sealadach i bhfad sochar dífhostaíochta (go dtí mí na Nollag 2023) agus deireadh na rochtana ar shochair dhífhostaíochta i gcás tréigean poist nó diúltú do chonradh oscailte. Is é is aidhm don bheart dlús a chur le filleadh ar an bhfostaíocht i gcomhthéacs comhghabhálaí fabhracha agus ganntanas saothair I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac **an Spáinn** leasuithe nua chun an ceart chun sochar dífhostaíochta ranníocach a sholáthar d'oibrithe tí agus, ó bhí mí Iúil 2023 ann, tugtar sochair dhífhostaíochta speisialta d'ealaíontóirí ann. I mí an Mheithimh 2023, leasaigh **an tSualainn** a hacht um árachas dífhostaíochta, lenar éascaíodh na ceanglais chun sochair dhífhostaíochta a rochtain (i.e. ó 80 uair an chloig go 60 uair an chloig ar a laghad, le linn 6 mhí ar a laghad i bhfráma ama 12 mhí). Laghdaíodh an tréimhse cháilitheach go sealadach freisin, ó 6 lá go 2 lá. I mí na Nollag 2023, tá sé beartaithe ag **an gCróit** ina plean téarnaimh agus athléimneachta acht nua a ghlacadh lena leasaítear an tAcht um Margadh an tSaothair, lena méadaítear méid na sochar dífhostaíochta agus lena gcuirtear lena bhfad, lena maolaítear ceanglais ar oibrithe i gcásanna leochaileacha, agus lena ndigitítear an próiseas iarratais le haghaidh sochair dhífhostaíochta. D'fhógair **an Fhionlainn** athruithe ar an gcóras sochar dífhostaíochta chun dreasachtaí chun dul i mbun oibre a fheabhsú, go háirithe trí thréimhse cháilitheach níos déine a fhorchur. Tá coinne le hathruithe freisin ar an gceart chun liúntais laethúil le haghaidh daoine dífhostaithe. Na coinníollacha chun sochair a éileamh, cinnfear iad le coinníollacha nua maidir le teorainn ioncaim agus tá coinne leis freisin go ndéanfar méid na sochar dífhostaíochta a chéimniú ón leibhéal reatha go dtí 80 faoin gcéad den leibhéal tosaigh tar éis 8 seachtaine de dhífhostaíocht, agus go dtí 75 faoin gcéad tar éis 34 seachtaine de dhífhostaíocht. Ag tosú i mí Eanáir 2024, thug **Málta** rátaí níos airde sochar dífhostaíochta isteach. Íocfar sochair ar feadh 26 seachtaine ar a mhéad agus déanfar na rátaí íocaíochta a laghdú ar 60 % de thuarastal na fostaíochta a bhí ag an duine roimhe sin don chéad 6 seachtaine, ag 55 % do na 10 seachtaine ina dhiaidh sin, agus ag 50 % sna 10 seachtaine deireanacha. Bunófar an t-uasráta iníoctha ar 175 % den Phá Íosta Náisiúnta.

Tá bearta á ndéanamh ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta agus ar an gcomhar le comhpháirtithe sóisialta agus beartais a bhaineann leis an bhfostaíocht á gceapadh. I mí na Nollag 2022, ghlac **an Rómáin**, laistigh dá plean téarnaimh agus athléimneachta, dlí nua maidir le hidirphlé sóisialta chun dul i ngleic le heasnamh sa phróiseas idirphlé shóisialta, i gcomhréir leis na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle agus moladh EIS. Áirítear sa dlí nua freisin roinnt athbhreithnithe ar an sainmhíniú ar na hearnálacha eacnamaíocha mar bhunús le comhaontuithe comhchoiteanna breise ar leibhéal earnála. I mí na Bealtaine 2023, bhunaigh **an Ungáir** (mar chuid de na coinníollacha cumasúcháin faoi chistiú an bheartais comhtháthaithe) coiste ad hoc den fhóram trípháirteach (i.e. an Fóram Comhairliúcháin Buan) lena áirithiú go ndéantar an dearadh, an faireachán agus an t-athbhreithniú ar an gcreat straitéiseach le haghaidh beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Meastar go gcuirfear le minicíocht agus le doimhneacht an phlé mar thoradh ar an bhfochoiste sin a bhunú.

2.4: Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac


Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 8, ina moltar do Bhallstáit comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomhréir le Prionsabail 2 (maidir le comhionannas inscne), 3 (maidir le comhdheiseanna), 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), 12 (maidir le cosaint shóisialta), 14 (maidir le hioncam íosta), 15 (maidir le hioncam seanaoise agus pinsin), 16 (maidir le cúram sláinte), 17 (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas), 18 (maidir le cúram fadtéarmach), 19 (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean) agus 20 (maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha) den Chólún. Soláthraítear anailís ar phríomhtháscairí i Roinn 2.4.1, agus tuairiscítear i roinn 2.4.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit.

2.4.1 Príomhtháscairí

Tháinig laghdú beag ar an bhfás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus bhí sé cobhsaí ar an bhforiomlán sna Ballstáit in 2022 le linn moilliú ar an ngeilleagar de réir a chéile. Sa Chróit a sonraíodh an méadú ba mhó, agus tuairiscíodh méaduithe níos lú, ach a bhí substaintiúil mar sin féin, san Ostair, san Ungáir, sa Ghréig agus sa Danmhairg (féach Fíor 2.4.1). Is sa Pholainn, san Ungáir agus i Málta atá bhí an fheidhmíocht ab fhearr mar thoradh ar leibhéil arda in 2022, ag breis is 140-130 % de leibhéal 2008. San Eastóin a bhí an laghdú ba mhó, agus bhí an Liotuáin, an tSeicia agus an Spáinn ina diaidh, agus choinnigh siad go léir leibhéal ard ioncaim réadaigh cé is moite den Spáinn. Mar a léirítear i roinn 1.2, tugtar leis na hathruithe sin léiriú ar an éifeacht chomhcheangailte a bhain le fás pá réadaigh a laghdú agus éabhlóid comhpháirteanna eile de GDHI, lena n-áirítear laghdú breise ar bhearta sealadacha tacaíochta ioncaim tar éis an téarnaimh iar-COVID agus cobhsú ina dhiaidh sin. Bunaithe ar fheidhmíocht in 2022 agus ar an athrú ó bhí 2021 ann, bhí an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn i ‘gcásanna criticiúla’ i ngeall ar leibhéil an-íseal agus meascán de leibhéil ísle agus meathluithe an tráth céanna, faoi seach. Is amhlaidh an scéal, a bheag nó a mhór, sa Chipir agus sa Bheilg, inarb airde na leibhéil ach inarb ann do mheathluithe, agus sa tSeicia freisin inarb airde an leibhéal agus an meathlú. Tá na trí thír sin luaite mar ‘le breathnú orthu’.

Fíor 2.4.1: Bhí an fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) per capita cobhsaí a bheag nó a mhór i bhformhór na mBallstát in 2022

Fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh réadach (GDHI) per capita, leibhéal 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (2008=100, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí ar fáil le haghaidh BG, IE ná RO.


Foinse: Eurostat [tepsr_wc310], Cuntais eanála Eorpaí.

Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROE) fós cuibheasach cobhsaí san Aontas agus tháinig laghdú air nó bhí sé cobhsaí i gcónaí i bhformhór na mBallstát in 2022, a bhuí le gníomhaíocht bheartais a rinneadh le linn ghéarchéimeanna COVID agus an fhuinnimh. Tá an cás ‘criticiúil’ sa Rómáin, sa Bhulgáir agus sa Laitvia, nár tháinig feabhas ar na leibhéil réasúnta ard iontu (ag 34,4 %, 32,2 % agus 26 % faoi seach, féach Fíor 2.4.2). Tá an Fhrainc, an tSualainn, an Iodáil, an Liotuáin agus an Eastóin luaite mar ‘le breathnú orthu’, agus méaduithe móra (idir 1 agus 3 phointe céatadáin) iontu go léir seachas an Iodáil, agus cuid mhaith os cionn mheán an Aontais i gcás na hEastóine agus na Liotuáine. Sa Ghréig, sa Spáinn agus san Iodáil, bhí leibhéil AROPE os cionn mheán an Aontais (21,6 %) ach tháinig meath orthu mar sin féin. Bhí meathluithe ar leibhéil AROPE le sonrú i bhformhór na dtíortha atá cáilithe mar a bheith ‘níos fearr ná an meán’, agus ba sa Phortaingéil agus i Lucsamburg a bhí na feabhsuithe ba mhó le sonrú (2,3 agus 1,7 pointe céatadáin faoi seach). Is sa tSlóivéin agus sa tSeicia a bhí an fheidhmíocht ab fhearr leis na leibhéil AROPE ab ísle (13,3 % agus 11,8 % faoi seach), biodh is go raibh méadú le sonrú sa tSeicia. Ó tharla gur tháinig feabhas níos mó ná an meán i mBallstáit áirithe ina raibh leibhéil thart ar mheán an Aontais nó os a chionn, is ann do chomharthaí áirithe cóineasaithe ach is ann do dhifríochothaí móra ó Bhallstát go chéile i gcónaí. Is ann do dhifríochothaí móra ó thaobh AROPE de ó réigiún go chéile san Aontas freisin, lena n-airítear laistigh de Bhallstáit, mar shampla san Iodáil, sa Pholainn, san Ungáir, sa Spáinn agus sa Bheilg (féach Fíor 8 in Iarscríbhinn 5). Tá sé ríthábhachtach measúnú leanúnach a dhéanamh ar thionchar dáileach athchóirithe agus infheistíochtaí²¹⁹ chun a n-éifeachtacht a áirithiú ó thaobh laghdú na bochtaineachta de, rud a rannchuidíonn le príomhspríoc an Aontais de 15 mhilliún duine a thógáil amach as an mbochtaineacht faoi 2030.

²¹⁹ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát ([COM\(2022\) 494 final](#)).

Fíor 2.4.2: Tá an sciar daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí go foriomlán san Aontas, agus bhí comharthaí áirithe cóineasaithe le sonrú ó Bhallstát go chéile

Sciar an daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéal 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR, LU agus FI. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], EU-SILC.


Bochtaineacht airgeadaíochta, géardhíth ábharach agus shóisialta, agus an sciar daoine ag maireachtáil i dteaghlach gan duine fostaithe, nó teaghlach gar-dhífhostaithe, bhí siad cobhsaí a bheag nó a mhór i bhformhór na mBallstát. D’ainneoin praghsanna níos airde ar fhuinneamh agus an chostais mhaireachtála sa téarnamh tar éis COVID-19, mar shampla le haghaidh AROPE, léirítear leis an treocht sin éifeachtaí na bhfreagairtí beartais a dhéantar ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát le linn na ngéarchéimeanna le déanaí. In 2022 (ag tagairt d’ioncaim 2021), ba sa tSeicia, agus ansin sa tSlóivéin, san Ungáir, sa Danmhairg agus san Fhionlainn, a bhí na rátaí ab ísle ó thaobh riosca na bochtaineachta (AROP) de san Aontas, cé gur tháinig méadú ar an ráta i gcás na Seicia agus na Fionlainne (féach an painéal ag barr Fhíor 2.4.3). Os a choinne sin, ba sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Laitvia agus sa Rómáin a bhí sna sciartha ab airde, agus taifeadadh méaduithe freisin sa Bhulgáir agus san Eastóin. De réir thobmheastacháin Eurostat ina dtagraítear d’ioncaim 2022, bhí rátaí AROP cobhsaí i bhformhór na mBallstát, tháinig méadú orthu sa Ghréig agus sa Chróit, agus tháinig laghdú orthu san Iodáil, san Eastóin, sa Bhulgáir agus sa Rómáin²²⁰. Forbairtí dearfacha maidir leis an ngné sin, eascraíonn siad freisin as beart tacaíochta ioncaim a rinneadh lenar maolaíodh tionchar an bhoilscithe aird ar na daoine is leochailí. An méadú ar an gcostas mairachtála, áfach, déanann sé difear d’ioncaim réadacha, mar a léirítear i ráta AROP *a fréamhaíodh ag 2021* a meastar gur tháinig méadú air i dtuairim is leath de na Ballstáit, seachas léiriú a thabhairt ar mheathluithe ar chaighdeán mhaireachtála²²¹. An sciar de dhaoine i ngéardhíth ábharach agus shóisialta, bhí sé cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas in 2022, ach bhí éagsúlachtaí móra ann ó Bhallstát go chéile, ó 1,4 % sa tSlóivéin go 24,3 % sa Rómáin (féach an painéal láir d’Fhíor 2.4.3). Tháinig laghdú os cionn 1 phointe céatadáin ar an ráta san Iodáil agus san Ungáir, agus bhí sé cobhsaí a bheag nó a mhór i bhformhór na dtíortha eile, agus tháinig méadú air i líon beag tíortha eile mar shampla an Rómáin, an Laitvia, an Eastóin, an Fhrainc agus an Ghearmáin. Rud a léiríonn dinimic dhearfach mhargadh an tsaothair i gcéim an téarnaimh, tháinig laghdú ar an sciar daoine ag maireachtáil i dteaghlach gan duine fostaithe, nó teaghlach gar-dhífhostaithe, in 2022 (bunaithe ar ghníomhaíocht 2021) i bhformhór na mBallstát, agus go háirithe le 2 phointe céatadáin nó os a chionn sin i Lucsamburg (ina raibh an leibhéal ab ísle freisin, ag 3,5 %), sa Spáinn, sa Ghréig agus in Éirinn (féach an painéal láir d’Fhíor 2.4.3). Mar sin féin, tá Éire agus an Ghréig i measc na mBallstát lena mbaineann na rátaí is airde (i.e. os cionn 9 %), mar aon leis an mBeilg, leis an nGearmáin, leis an Iodáil, leis an bhFrainc, agus leis an bhFionlainn. Ina measc siúd, ba san Fhionlainn amháin a tháinig méadú ar an ráta.

²²⁰ Féach [Torthaí turgnamhacha ar thobmheastacháin](#) atá le fáil ar [leathanach gréasáin tiomnaithe Eurostat](#).

²²¹ Is é atá i gceist le daoine atá i mbun bochtaineachta fréamhaithe ag 2021 na daoine sin ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta a ríomhadh in 2021, arna choigeartú leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna (HICP) idir 2021 agus 2022. Féach an t-[alt tiomnaithe ó Eurostat](#).

Fíor 2.4.3: Rioscaí bochtaineachta (AROP), géardhíth ábharach agus shóisialta, agus teaghlaigh gan duine fostaithe, nó teaghlaigh ghar-dhífhostaithe, bhí siad cobhsaí a bheag nó a mhór nó tháinig laghdú orthu i bhformhór na mBallstát

Comhpháirteanna de phríomhtháscaire an ráta riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta (% 2015, 2021, 2022)



Tabhair faoi deara: Tabhair do d'aire go rangaítear táscairí de réir rátaí AROPE in 2022. Is sonraí sealadacha iad na sonraí maidir le FR. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU maidir leis na trí chomhpháirt go léir agus le haghaidh FI freisin le haghaidh teaghlach gan duine fostaithe (nó teaghlach ar gar dó a bheith gan duine fostaithe), i.e. teaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoríseal.


Foinse: Eurostat [tessi010], [tepsr_lm420], [tepsr_lm430], EU-SILC.

Tháinig méadú beag ar an sciar leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2022²²². 24,7 % an meán san Aontas, i gcomparáid le 24,4 % in 2021. Bhí na rátaí ab ísle sa tSlóivéin, sa tSeicia, sa Danmhairg, san Ísiltír agus san Fhionlainn (agus ní raibh méadú ann ach le haghaidh na Fionlainne amháin), agus ba iontu sin go léir a bhí an fheidhmíocht ab fhearr (féach Fíor 2.4.4). Os a choinne sin, sa Rómáin, sa Bhulgáir agus sa Spáinn a bhí na sciartha ab airde, agus bhí siad go léir i ‘gcásanna criticiúla’, le ráta tarlaithe ag dul i méid i gcás na Bulgáire agus gan aon fheabhas substaintiúil i gcás na Rómáine agus na Spáinne. Bhí méaduithe móra sa tSlóvaic agus sa Fhrainc, agus ba i Lucsamburg, san Ungáir, sa Ghréig agus sa Phortaingéil a bhí na laghduithe ba mhó. Bhí an bhochtaineacht airgeadaíochta leanaí (AROP) in 2022 (lena dtagraítear d’ioncaim 2021) ag 19,3 %, agus ag dul i laghad in 21 Bhallstát, ach bhí méadú mór uirthi sa Fhrainc agus sa tSlóvaic. Léirítear le tobmheastacháin Eurostat le haghaidh ioncaim 2022 cobhsaíocht fhoriomlán ar an mbochtaineacht leanaí le haghaidh fhormhór na dtíortha (agus bhí laghduithe le sonrú sa Ghréig agus in Éirinn mar aon le méadú sa tSeicia). Cé gur tháinig méadú ó 7,5 % in 2021 go 8,4 % in 2022 ar an sciar leanaí i ngéardhíth ábharach agus shóisialta ar an meán san Aontas, tháinig laghdú air i leath de na Ballstáit, agus go háirithe san Ungáir agus san Iodáil. Mar sin féin, bhí an Ungáir i measc na dtíortha sin ag a raibh na sciartha ab airde, taobh leis an Rómáin, leis an mBulgáir agus leis an nGréig. Tháinig laghdú ar an sciar leanaí ag maireachtáil i dteaghlach gan duine fostaithe, nó teaghlach gar-dhífhostaithe, nó bhí sé cobhsaí, in 20 Ballstát (bunaithe ar ghníomhaíocht 2021). B’airde é in Éirinn i gcónaí, agus ansin bhí an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Bhulgáir, agus bhí siad go léir os cionn 10 %.

²²² Anuas ar AROPE le haghaidh leanaí, tagraítear sa mhír seo do [Ríomhanna thobmheastacháin Eurostat](#) agus comhpháirteanna AROPE [[ilc_li02](#)], [[ilc_md11](#)] agus [[ilc_lvhl11n](#)]. Maidir le bliain tagartha ráta AROPE le haghaidh leanaí agus a chomhpháirteanna, féach fonótaí 4 agus 5 in Iarscríbhinn 2.

Fíor 2.4.4: Bhí an sciar leanaí (0-17 mbliana d'aois) atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór san Aontas in 2022, agus ní raibh aon chomhartha soiléir cóineasaithe le sonrú ó Bhallstát go chéile

Sciar an daonra i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR, LU agus FI. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [tepsr_lm412], EU-SILC.

Leanaí a fhásann aníos i mbochtaineacht nó in eisiaimh sóisialta, is lú an dóchúlacht atá ann go mbainfeadh siad lán a gcumais amach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí. Baineann sé sin go háirithe lena ndeacrachtaí chun an t-oideachas ar ardchaighdeán a rochtain agus a chríochnú agus scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a shealbhú, chomh maith le deiseanna gairme a rochtain ag céim is déanaí, rud a chuireann leis an riosca de tharchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin. Ina fhianaise sin, idirghabhálacha luatha chun an bhochtaineacht leanaí a laghdú, is cosúil go bhfuil siad an-tábhachtach. Sa chreat tagarmharcála maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí, sainaithnítear roinnt táscairí lena bhféadfar faireachán a dhéanamh ar staid leanaí ó Bhallstát go chéile²²³. In 2022 (ag tagairt do leibhéil ioncaim 2021), b'ísle go mór an tionchar aistrithe sóisialta (cé is moite de phinsin) ar an mbochtaineacht leanaí a laghdú ná an meán san Aontas (ag 42 %) i roinnt Ballstát, agus go háirithe an Spáinn, an Rómáin agus an Ghréig (21,5 % le haghaidh na Spáinne agus 24,8 % le haghaidh na Rómáine agus na Gréige araon), agus i bhfad os a chionn sin a bhí sé sna tíortha ina raibh an fheidhmíocht ab fhearr (58,1 % sa Ghearmáin, 59,9 % in Éirinn, agus 66,8 % san Fhionlainn; Féach Fíor 2.4.9 le haghaidh an táscaire chéanna a thagraíonn don phobal foriomlán)²²⁴. Thairis sin, bhí an díth ábharach leanbh-shonrach gar do 20 % nó os a chionn (in 2021) sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Chipir, san Ungáir, sa Rómáin agus sa Spáinn, i gcomparáid le meán 13 %²²⁵ san Aontas.

²²³ Tá an nóta faisnéise gaolmhar d'Fhoghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta le fáil [ar líne](#).

²²⁴ Is féidir é sin a ríomh ó ráta AROP le haghaidh leanaí tar éis aistrithe (cé is moite de phinsin) agus rompu, Eurostat [[ilc_li02](#)] agus [[ilc_li09](#)], faoi seach, cosúil leis an bpríomhtháscaire. Ní bhreithnítear aistrithe sóisialta comhchineáil, lena n-áirítear, i measc nithe eile, oideachas agus cúram luath-óige saor in aisce, oideachas, agus cúram sláinte san anailis seo. Tá briseadh san amshraith i gcás sonraí 2022 le haghaidh na Spáinne agus na Rómáine.

²²⁵ Eurostat [[ilc_chmd01](#)] – tá tuilleadh faisnéise maidir leis an táscaire seo [anseo](#). Tá díothacht a bhaineann go sonrach le leanaí bainteach le heaspa rochtana ar thrí rud as 17 mír ar a laghad atá fíor-riachtanach do leanaí, go háirithe le bheith in ann ranganna scoile a leanúint agus fás aníos go sláintiúil (e.g. leabhair oiriúnacha agus torthaí agus glasraí úra).


Tháinig laghdú ar dhoimhneacht na bochtaineachta ar an meán san Aontas agus i thart ar leath de na Ballstáit, don daonra iomlán agus do leanaí chomh maith. Déantar an doimhneacht sin a thomhas mar an bhearna idir gnáthleibhéal ioncaim na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta agus an leibhéal ioncaim faoina meastar daoine a bheith i mbaol dá leithéid. Maidir leis an daonra iomlán in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), bhí an bhearna sin, i dtéarmaí coibhneasta, 23,1 % de thairseach riosca na bochtaineachta san Aontas, i gcomparáid le 24,5 % in 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020)²²⁶. Bhí sí ar an gceann is leithne sa Rómáin (32 %), d'ainneoin gur tháinig laghdú substaintiúil uirthi (6,1 pointe céatadán), agus an Spáinn, an Laitvia, an Iodáil agus an Bhulgáir ina dhiaidh sin (27,8 %, 27,7 %, 26,1 % agus 26 % faoi seach). Tuairiscíodh na laghduithe is géire sa tSlóvaic agus san Ungáir, tar éis leibhéil faoi bhun mheán an Aontais a bhaint amach (18,4 % agus 19,4 % faoi seach). Tá an bhochtaineacht níos doimhne i measc daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe), ag thart ar 36 % san Aontas in 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020). Tá an staid ó Bhallstát go chéile mórán mar a chéile nuair atáthar ag díriú ar leanaí, a bhfuil doimhneacht na bochtaineachta níos airde ar an meán san Aontas (24,4 %) ná mar atá sa daonra i gcoitinne. I dtaca le doimhneacht na bochtaineachta do leanaí, bhí na leibhéil is airde le feiceáil sa Bhulgáir (42,8 %), áit ar mhéadaigh sí go substaintiúil freisin (9,1 pointe céatadán), agus ina dhiaidh sin an Rómáin (33,1 %), an Spáinn (31,8 %) agus an Iodáil (27,9 %), a d'fhan ard d'ainneoin meath le déanaí. Tá na figiúirí do leanaí mór freisin don Phortaingéil agus don Ísiltír (26,1 % agus 26 % faoi seach). Ar an taobh eile, thuairiscigh an Fhionlainn agus an Ungáir na rátaí ab ísle (12,3 % agus 14,5 % faoi seach).

²²⁶ Braitheann an mhír seo ar Eurostat [[ilc_li11](#)]. Ríomhtar an táscaire seo, ar a dtugtar freisin [bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta](#), mar an difríocht idir ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach daoine atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus thairseach riosca na bochtaineachta, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta (scoithphointe: 60 % den ioncam náisiúnta indiúscartha coibhéisithe airmheánach). Ríomhann Eurostat (neamhfhoilsithe) an táscaire le haghaidh daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) mar an fad idir glanioncam airmheánach coibhéisithe daoine – a bhfuil a n-ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus atá ina gcónaí i dteaghlach gan duine fostaithe (nó i dteaghlach gar-dhífhostaithe) – agus tairseach riosca na bochtaineachta í féin, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta. Tá an tairseach seo socraithe ag 60 % d'ioncam indiúscartha coibhéiseach airmheánach náisiúnta gach duine i dtír agus ní don Aontas ina iomláine.

I gcomhthéacs na dtreochtaí cobhsaí nó dearfacha don daonra foriomlán, níor tháinig ach beagán feabhas ar riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas in 2022. Tháinig laghdú ar ráta AROPE do dhaoine faoi mhíchumas ó 29,7 % in 2021 go 28,8 % in 2022 san Aontas, ach tá sé fós níos airde ná don chuid eile den daonra agus athraíonn sé go suntasach ó Bhallstát go chéile (féach Fíor 2.4.5). Agus rátaí AROPE os cionn 35 %, tá an staid thar a bheith deacair in 8 mBallstát (an Bhulgáir, an Eastóin, an Liotuáin, an Rómáin, an Laitvia, Éire, Málta agus an Chróit). I measc na dtíortha seo, níor tháinig laghdú ach sa Rómáin (1.3 pointe céatadán), agus taifeadadh méaduithe substaintiúla don Eastóin, don Liotuáin agus don Bhulgáir. Tháinig méadú substaintiúil ar ráta AROPE do dhaoine faoi mhíchumas sa tSualainn freisin, cé gur fhan an ráta i bhfad níos gaire do mheán an Aontais (30,6 %). Ar an bhforiomlán, is gnách go mbíonn riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta níos ísle do dhaoine faoi mhíchumas atá 65 bliana d’aois nó níos sine a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha, seachas an Eastóin, an Bhulgáir agus an Laitvia, a thaifead rátaí níos mó ná dhá oiread meán an Aontais don aoisghrúpa seo (61,8 %, 55,1 % agus 48,1 % faoi seach, i gcomparáid le 23,9 % mar mheán an Aontais). Tá éagsúlacht mhór trastíre freisin sa bhearna i rioscaí bochtaineachta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas. Bhí na bearnaí is cúinge ag an Iodáil agus ag an nGréig in 2022 (4 pointe céatadán), agus bhí difríochtaí sé huaire níos leithne ag an Eastóin, an Liotuáin agus Éire (28, 25.6 agus 24.6 pointe céatadán, faoi seach).

Fíor 2.4.5: Baineann riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta níos airde le daoine atá faoi mhíchumas ná mar is amhlaidh i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas

Sciarttha daoine faoi mhíchumas agus gan mhíchumas atá i mbail bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, aoisghrúpa 16 bliana d’aois agus níos sine, 2022 agus 2021 (%)



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith le haghaidh FR agus LU.

Foinse: Eurostat [hlth_dpe010], EU-SILC.

D’fhan sciar na ndaoine le cúlra imirceach i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i bhfad níos airde ná an chuid eile den daonra in 2022, rud a iarrann idirghabhálacha spriocdhírithé. I bhformhór na gcásanna bhí rátaí AROPE do dhaoine a rugadh lasmuigh den Aontas i bhfad níos airde ná dóibh siúd atá ina ndaoine dúchasacha (os cionn 20 pointe céatadáin) i roinnt Ballstát: 52,2 % i gcomparáid le 24,1 % sa Ghréig, 50,9 % i gcomparáid le 20,6 % sa Spáinn, 42,7 % i gcomparáid le 15 % sa Bheilg, 41,4 % i gcomparáid le 11,6 % san Ostair, 41,2 % i gcomparáid le 16,5 % sa Fhrainc²²⁷. Ina measc sin, níor tháinig laghdú ar ráta AROPE do na daoine a rugadh lasmuigh den Aontas ach sa Spáinn (5.5 pointe céatadáin) i gcomparáid le 2021.

Leanann líon an-suntasach Romach de bheith i mbaol na bochtaineachta i dtíortha an Aontais. Cuireann sé seo a thuilleadh, ar a seal, le hidirdhealú a spreagadh. Ar an meán, in 2021, bhí 80 % de na Romaigh i mbaol bochtaineachta sna Ballstáit a ndearna FRA suirbhé orthu, agus i gcás leanaí Romacha, bhí an ráta níos airde fós, ag 83 %, gan aon dul chun cinn dealraitheach idir 2016 agus 2021²²⁸. Bhí beagnach leath de dhaonra na Romach (48 %), ar an meán, ag dul i ngleic le díothacht mhór ábhartha, le sciartha níos airde fós i measc daoine óga agus daoine scothaosta. Sroicheann an bhearna sa díothacht ábhartha idir leanaí Romacha agus leanaí eile 47 %. I gcomparáid le 2016, tháinig feabhas ar an staid i sé cinn de na naoi dtír a bhfuil sonraí inchomparáide ar fáil ina leith, áfach. I gCreat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-30 a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2020, iarrtar ar na Ballstáit an bhearna bhochtaineachta idir na Romaigh agus an daonra i gcoitinne, lena n-áirítear leanaí, a laghdú faoi leath ar a laghad agus a áirithiú go n-éalóidh tromlach na Romach ón mbochtaineacht faoi 2030. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, a glacadh i mí an Mhárta 2021²²⁹, gheall na Ballstáit ráta fíor-ard riosca na bochtaineachta agus an díothacht ábhartha agus shóisialta i measc na Romach a chomhrac, chun tacaíocht éifeachtach a sholáthar do chomhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

²²⁷ Mar a léiríonn táscaire Eurostat [[ile_peps06n](#)], agus comparáid á déanamh idir iad siúd a rugadh i dtír nach tír de chuid AE-27 í agus iad siúd a rugadh sa tír thuairiscithe; daoine atá 18 mbliana d’aois nó os a chionn. Níl sonraí i gcomhair 2022 ar fáil le haghaidh na Rómáine.

²²⁸ Tagann na sonraí a bhaineann leis na Romaigh ó [Shuirbhé FRA Romach 2021](#). Is iad BG, CZ, EL, ES, HR, HU, PT, RO agus SK na tíortha a ndearnadh suirbhé orthu. Mar gheall ar mhéideanna agus saintréithe éagsúla an tsampla, ba cheart a bheith cúramach agus comparáid á déanamh le heagráin roimhe seo den Suirbhé (i.e., 2016). Féach tuarascáil Shuirbhé FRA (lgh. 10-11) chun aitheantas críochnúil a fháil ar na srianta a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hanailís a dhéanamh ar na treochtaí. Reáchtálfar an chéad suirbhé FRA Romach eile in 2024, bunaithe ar shuirbhé 2021.


²²⁹ Glacadh an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach i mí an Mhárta 2021. [OJ C 93, 19.3.2021, p. 1–14](#)

Leis an measúnú ar chreataí straitéiseacha náisiúnta athnuaithe i ndáil leis na Romaigh, iarrtar ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na réimsí atá le feabhsú a sainaithníodh agus a gcreata a athnuachan agus a leasú chomh maith, lena n-áirítear iad a dhéanamh níos uailmhianai²³⁰. Ghlac an Chomhairle an 9 Deireadh Fómhair 2023 Conclúidí maidir le rochtain chomhionann a áirithiú do na Romaigh ar thithíocht leordhóthanach agus dhídheighilte, agus chun aghaidh a thabhairt ar lonnaíochtaí deighilte, lena tugadh cuireadh do na Ballstáit an cistiú uile atá ar fáil chun na críche sin a shainaithint agus a úsáid.

Mhéadaigh bochtaineacht fuinnimh ar fud an Aontais in 2022, rud a léiríonn tionchar tosaigh na géarchéime fuinnimh freisin. Tá sciar na ndaoine nach bhfuil in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor ar cheann de na príomhtháscairí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar bhochtaineacht fuinnimh san Aontas²³¹. Léiríonn figiúirí 2022 an tionchar a bhí ag an méadú a tháinig ar phraghsanna fuinnimh a thosaigh sa dara leath de 2021 agus a chuaigh in olcas in 2022. Sa chomhthéacs seo, tháinig méadú 2,4 pointe céatadáin ar sciar na ndaoine nach raibh in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor san Aontas, ag sroicheadh 9,3 % in 2022. Bhreis sé seo treocht AE de mheath leanúnach le linn na tréimhse 2015-21 (ó 9,6 % go 6,9 %). Mar a d'fhéadfaí a bheith ag súil, mhéadaigh sciar na ndaoine sa chás seo i measc na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta níos tapúla ná mar ab amhlaidh i gcás an daonra ginearálta in 2022 (3,8 pointe céatadáin), agus shroich sé figiúr níos mó ná dhá oiread meán foriomlán an Aontais (20,2 % in 2022). Bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile maidir le ráta tarlaithe na neamhábaltachta chun an áit chónaithe a choimeád te go leor sa daonra, idir 1,4 % san Fhionlainn in 2022 agus 22,5 % sa Bhulgáir (féach Fíor 2.4.6). I gcás na mBallstát uile bhí sé níos airde i measc daoine a bhí i mbaol bochtaineachta, ó 3,9 % san Fhionlainn go 50,6 % sa Chipir. Tháinig na méaduithe is mó don daonra iomlán sa Rómáin, sa Fhrainc, in Éirinn agus sa Ghearmáin, agus bhí na méaduithe is mó ag an bPortaingéil, an Rómáin, an Fhrainc, an Laitvia, an tSlóvaic, an Ghearmáin agus an Ísiltír do dhaoine i mbaol bochtaineachta.

Fíor 2.4.6: Bhí an bhochtaineacht fuinnimh ag dul i méid san Aontas agus i bhformhór na mBallstát in 2022

Daoine nach raibh in ann an áit chónaithe a choimeád te go leor, daonra iomlán agus daonra i mbaol bochtaineachta, 2021 agus 2022 (%)



Tabhair faoi deara: Briseadh san amsraith le haghaidh FR agus LU.

Foinse: Eurostat [ilc_md01], EU-SILC.

²³⁰ Féach COM/2023/7 final don mheasúnú.

²³¹ Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach Comhad Foghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC-ISG) maidir leis na táscairí bochtaineachta fuinnimh atá ar fáil ar leibhéal an Aontais.

Bosca Cholún 6: Rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas

Comhlíonann seirbhísí fíor-riachtanacha bunriachtanais an duine, tá siad ríthábhachtach don fholláine agus tacaíonn siad le rochtain ar earraí agus seirbhísí cumasúcháin chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú sa tsochaí agus sa mhargadh saothair. Luaitear i bPrionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag cách chun rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor-riachtanacha²³² dea-cháilíochta agus iarrtar tacaíocht ina leith sin dóibh siúd atá i ngátar, rud atá tábhachtach chun an dul chun cinn a chothú maidir le sprioc an Aontais chun an bhochtaineacht a laghdú faoi 2030. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaíodh le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha trí reachtaíocht earnálach, oibleagáidí seirbhíse uilíche agus poiblí, cosaint tomhaltóirí agus cistiú. Áirítear sa reachtaíocht earnálach a glacadh nó a athbhreithníodh ó glacadh an Colún forálacha chun daoine gan rochtain a shainaithint ar bhealach níos fearr, na cúiseanna leis sin a mheasúnú agus na bearta is gá a ghlacadh²³³. Iarrann na moltaí ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta agus maidir le hioncam íosta a áirithiú freisin ar na Ballstáit tacú le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha²³⁴. I mí an Mheithimh 2023, d'eisigh an Coimisiún a chéad tuarascáil ar rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas²³⁵.

Cé go bhfuil rochtain ag formhór de dhaonra an Aontais ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, bíonn bacainní suntasacha ar dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta agus ar na daoine is leochailí. Is féidir le hinacmhainneacht a bheith ina bacainn thábhachtach. Ina leith sin, ní bhíonn 9,3 % de dhaonra an Aontais in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor, níl sé d'acmhainn ar 2,4 % nasc idirlín a bheith acu le haghaidh úsáid phearsanta sa bhaile, níl sé d'acmhainn ar 2,4 % úsáid a bhaint as iompar poiblí go tráthrialta, agus tá 1,5 % ina gcónaí i dteaghlaigh gan folcadán, cithfholcadán nó leithreas is féidir a shruthlú, agus tá éagsúlacht nach beag ann ar fud na dtíortha²³⁶. Caitheann teaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta thart ar 60 % níos mó dá mbuiséad ar sheirbhísí fíor-riachtanacha agus, dá bhrí sin, bíonn siad níos leochailí i leith méaduithe praghsanna (féach graf). Baineann dúshlán bhreise leis an infhaighteacht agus leis an inrochtaineacht freisin, rud a bhíonn nasctha le diminsin eile uaireanta, mar shampla easpa scileanna nó tosca geografacha (deighilt uirbeach/tuaithe, réigiúin iargúlta agus oileánda eile).

²³² Áirítear le 'seirbhísí fíor-riachtanacha' uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach. Is éard is seirbhísí cumasúcháin ann oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas agus oiliúint, cúram sláinte, cúram fadtéarmach, chomh maith le seirbhísí cuimsithe sóisialta.

²³³ E.g. Treoir (AE) 2018/1972 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (athmhúnlú); Treoir (AE) 2020/2184 maidir le cáilíocht uisce a ceapadh lena chaitheamh ag an duine (athmhúnlú) agus an Togra le haghaidh Treorach maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (athmhúnlú) (COM(2022) 541 final).


²³⁴ Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (2022/C 243/04) agus Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (2023/C 41/01), faoi seach.

²³⁵ *Commission Report on access to essential services in the EU* [Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas], SWD(2023) 213 final/2.

²³⁶ Eurostat, EU-SILC [ilc_md01], [ilc_mddu07a], sonraí le haghaidh 2022, [ilc_md013a], sonraí le haghaidh 2014 (i modúl ad hoc ar dhíothacht ábhartha, tá coinne leis go mbeidh fianaise nua ann in 2024 tríd an modúl 6 bliana ar rochtain ar sheirbhísí) agus [ilc_mdho05], sonraí le haghaidh 2020, faoi seach.

Caiteachas na dteaghlach ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, AROPE agus neamh-AROPE

Sciar airmheánach na seirbhísí fíor-riachtanacha in ioncam indiúscartha na dteaghlach, AROPE agus neamh-AROPE, 2015 (%)



• *Tabhair faoi deara:* Ní áirítear CY agus IT i meán ualaithe an Aontais. Sean-sainmhíniú ar AROPE do straitéis EU2020 a úsáideadh.

Foinse: Eurostat [icw_aff_03], HBS.


Tá éagsúlacht shuntasach le sonrú ó Bhallstát go chéile maidir leis an gcaoi a dtacaítear le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha do ghrúpaí leochaileacha. Sa Ghearmáin agus san Fhionlainn, soláthraítear tacaíocht mar chuid den chóras sochair ioncaim íosta, le méideanna a chuireann costais na seirbhísí fíor-riachtanacha san áireamh go sainráite. Sa tSualainn, soláthraítear tacaíocht indíreach, mar go gcuirtear costais do roinnt seirbhísí fíor-riachtanacha san áireamh sa chíos agus mar sin i ríomh an tsochair airgid. I Málta, tá teaghlaigh ar ioncam íseal i dteideal an ‘sochair fuinnimh’, a chumhdaíonn uisce, leictreachas agus gás. Sa Liotuáin agus sa Rómáin, cumhdaíonn bardais na costais uile nó cuid de na costais a bhaineann le teaghlaigh ar ioncam íseal a nascadh leis an gcóras uisce agus séarachais. Sa Chipir, soláthraítear ticéid bus scoile saor in aisce, lascaine 50 % ar tháille taistil do gach sealbhóir cárta shóisialta agus iompar saor in aisce do gach faighteoir cúnamh agus do dhaoine ar phinsin íseal. Áirithíonn ceithre Bhallstát (an Ghearmáin, an Liotuáin, an Phortaingéil, agus an Fhionlainn) soláthar bunúsach nó nach mbeidh aon bhriseadh ar sholáthar nascachta digití do theaghlaigh sa bhaile agus, an tráth céanna, tá dhá dhlí teileachumarsáide tugtha cothrom le dáta le déanaí ag péire eile (an Bheilg agus an Phortaingéil) chun taraifí sóisialta a leathnú chuig rochtain idirlín leathanbhanda soghluaiste a sholáthar. I roinnt Ballstát (an Liotuáin, Éire, an Spáinn, agus an Fhionlainn), tá straitéisí á bhforbairt chun a áirithiú gur féidir airgead tirim a tharraingt siar trí UMBanna gar go réasúnta i gcónaí.

Tháinig laghdú ar an neamhionannas ioncaim san Aontas ar an meán in 2022, agus chonacthas cásanna éagsúla ó Bhallstát go chéile. Tháinig laghdú ar mheán an Aontais ó 4,99 in 2021 go 4,74 in 2022 (bliain ioncaim 2020 agus 2021, faoi seach), le treochtaí éagsúla ó Bhallstát go chéile (féach Fíor 2.4.7). Bhí an laghdú ar an gceann is mó sa Rómáin (1,14), a bhfuil ceann de na leibhéil is airde (6) fòs aici, mar sin féin, agus atá ‘lag ach ag feabhsú’ anois. Chláraigh an Spáinn agus an Ghréig lagduithe i bhfad níos lú de thart ar 0,5, ag tosú freisin ó leibhéil réasúnta ard, rud a chiallaíonn, dá réir sin, go bhfuil siad ‘lag ach ag feabhsú’ freisin. Taifeadadh ‘cásanna criticiúla’ sa Bhulgáir agus sa Laitvia, le leibhéil neamhionannais ioncaim atá i measc na gcinn is airde san Aontas, d’ainneoin lagduithe measartha beaga in 2022, agus chonaic an Liotuáin, atá i ‘gcás criticiúil’ freisin, méadú breise fiú. Chláraigh an Eastóin agus an tSualainn na méaduithe is mó agus tá siad ‘le breathnú’, mar an Iodáil, a léirigh laghdú beag os a choinne sin ach ó leibhéal níos airde. Ba iad an tSlóvaic, an tSlóivéin, an tSeicia agus an Bheilg na ‘gníomhaithe ab fhearr’ in 2022, agus leibhéil réasúnta íseal acu ar fad. I roinnt Ballstát, mar shampla an Ungáir, an Iodáil agus an tSualainn, athraíonn leibhéal an neamhionannais ioncaim de réir réigiún (féach Fíor 4 in Iarscríbhinn 5). De réir réamh-mheastacháin Eurostat, d’fhan neamhionannais ioncaim cobhsaí nó laghdaigh siad (e.g. sa Rómáin) in 2022 (bliain ioncaim) freisin, rud a léiríonn an fhreagairt thapa bheartais a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun gníomhú in aghaidh thionchar diúltach an bhoilscithe²³⁷, go háirithe ar theaghlaigh ar ioncam íseal. Tá tábhacht ar leith ag baint le measúnuithe tionchair dáileacháin córasacha ar bhearta beartais chun a dtionchar ar neamhionannas ioncaim a chur san áireamh agus chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais ex ante.

²³⁷ Féach [Torthaí turgnamhacha ar thobmheastacháin](#) lch. 11.

Fíor 2.4.7: Ar an meán, tá laghdú tagtha ar neamhionannas ioncaim san Aontas, le cásanna éagsúla ar leibhéal na tíre

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).


Foinse: Eurostat [[ilc_md01](#)], EU-SILC.

Is iad forbairtí ag an gceann íochtair den dáileadh ioncaim is mó a spreag an laghdú meánach i ndáil le neamhionannas ioncaim san Aontas. Ar an meán, ba iad méaduithe ag an gceann íochtair den dáileadh ioncaim go luath sna 2010í (mar atá léirithe ag táscaire S50/S20 - féach Fíor 2.4.8) is mó a spreag méaduithe i ndáil le neamhionannas ioncaim. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an laghdú foriomlán le blianta beaga anuas, ó 2016, laghdú den chuid is mó ag an gceann sin den dáileadh ioncaim. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhí neamhionannas níos airde ag na Ballstáit a raibh taithí acu ar neamhionannas ioncaim foriomlán níos airde (mar a thomhaistear sa táscaire S80/S20) in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021) ag an gceann níos ísle agus níos airde den dáileadh ioncaim araon, mar a d'eascair as an anailís ar tháscairí S50/S20 agus S80/S50. Gan ach roinnt eisceachtaí (i.e. an Bhulgáir, an Liotuáin, an Phortaingéil agus Málta), bhí neamhionannas níos mó fós ag Ballstáit a raibh neamhionannas ioncaim os cionn mheán an Aontais acu ag an

gceann íochtair ná ag an gceann uachtair den dáileadh ioncaim, mar sin féin. Tá sé seo níos suntasaí i gcás tíortha ar nós na Rómáine, na Spáinne agus na Laitvia.

Fíor 2.4.8: Tháinig laghdú ar neamhionannais ioncaim san Aontas, go príomha mar gheall ar mhéaduithe ag an gceann níos ísle den dáileadh ioncaim

Cóimheasa idir cúigilí S80/S20 (ais chlé), S80/S50 (ais dheis) agus S50/S20 (ais dheis), 2010-2022



Tabhair faoi deara: Briseadh sa tsraith in 2020, measta le haghaidh 2014-2019.

Foinse: Eurostat [tessi180], [ilc_di11d], [ilc_di11e], EU-SILC.

Léiríonn meastacháin luatha ar chaiteachais leasa cosanta sóisialta (mar sciar de OTI) laghdú leanúnach in 2022. Bhí an sciar caiteachais sin den OTI ag 27,2 % in 2022 (díreach beagán os cionn an leibhéil roimh ghéarchéim COVID-19 in 2019, i.e. 26,8 %), 3 phointe céatadáin agus 1,5 pointe céatadáin níos ísle ná in 2020 agus 2021, faoi seach²³⁸. Ar an bhforiomlán, d'ainneoin roinnt cóineasaithe i leibhéil chaiteachais le linn 2020 agus 2021 (mar gheall ar an bhfreagairt bheartais ar ghéarchéim COVID-19), bhí éagsúlachtaí móra fós ann in 2022 ar fud an Aontais i sciar an chaiteachais (sochar cosanta sóisialta) mar chéatadán de OTI, agus bhí na leibhéil thart ar nó níos airde ná 30 % i 5 Bhallstát, agus faoi bhun 20 % de OTI in 8 mBallstát eile. Ar fud an Aontais, tháinig laghdú géar ar chaiteachais in 2022 i gcás sochair dhífhostaíochta (-25,2 %) agus mhéadaigh siad i gcás sochair theaghlaigh (+6,1 %), sochair mhíchumais (+4,9 %), sochair sheanaoise agus mharthanóra (+4,9 %), sochair bhreiteachta agus cúraim sláinte (+3,5 %), sochair um eisiaimh sóisialta (+1,4 %) agus sochair thithíochta (+1,2 %). Ar an bhforiomlán, bhí sochair sheanaoise agus mharthanóra fós ar an bpríomhchatagóir caiteachais ar shochair in 2022 (46,3 % ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, i gcomparáid le 45,3 % in 2021), agus mhéadaigh a sciar i mbeagnach na Ballstáit uile (21 as 24).

²³⁸ Eurostat, Meastacháin luatha - Cosaint shóisialta (nuashonrú deireanach ar an 31/10/2023), lena gcumhdaítear na Ballstáit uile seachas EL, NL agus RO ach lena n-áirítear meastachán ar chomhiomlán AE-27.


Is iad cúram sláinte agus breoiteacht an dara catagóir is airde caiteachais ar shochair (30,0 % ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, i gcomparáid le 29,7 % in 2021) cé gur tháinig laghdú ar a sciar foriomlán in 12 Bhallstát. Chuimsigh sochair theaghlaigh 8,6 % de chaiteachais ar shochair in 2022 (ardú ó 8,3 % in 2021), agus chuimsigh sochair mhíchumais 7,0 % (i gcomparáid le 6,9 % in 2021). Tháinig laghdú ar sciar na sochar dífhostaíochta ar fud an Aontais ó 5,9 % in 2021 go 4,3 % in 2022 (23 as 24 Bhallstát). Ar deireadh, d'fhan sciar an eisiaimh shóisialta (2,6 % in 2022) agus na sochar tithíochta (1,3 %) cobhsaí i gcomparáid le 2021 (2,6 % agus 1,3 % faoi seach).

Tháinig laghdú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin san áireamh) ar laghdú na bochtaineachta in 2022, mar gheall freisin ar chéimniú amach na mbeart tacaíochta eisceachtúla a glacadh le linn na géarchéime COVID-19. Breathnaíodh an treocht seo ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus i dtromlach mór na mBallstát idir 2021 agus 2022 (ag tagairt do bhlianta ioncaim 2020 agus 2021, faoi seach; féach Fíor 2.4.9)²³⁹. Bhí difríochtaí suntasacha i gcónaí ó Bhallstát go chéile ó thaobh leibhéil agus athruithe araon de. In 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta sa raon ó 16,5 % sa Rómáin go 56,4 % in Éirinn. Le leibhéil ísle thart ar nó faoi bhun 20 %, bhí an Rómáin, an Chróit agus an Ghréig ar fad i 'gcásanna criticiúla'. Bhí oiread agus ocht dtír 'le breathnú' (an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSlóivéin – gach ceann acu le luachanna ag meán an Aontais nó os cionn mheán an Aontais ach le laghduithe an-mhór – chomh maith leis an mBulgáir, an Iodáil, an Spáinn, an Eastóin agus Málta -gach ceann acu le luachanna faoi bhun nó i bhfad faoi bhun mheán an Aontais agus le laghduithe breise do gach ceann acu seachas Málta). Ar an taobh eile den speictream, bhí na leibhéil ab airde (thart ar 50 % nó os a chionn) mar 'na gníomhaithe is fearr' ag Éirinn, ag an Danmhairg agus ag an mBeilg, cé go raibh laghduithe tagtha ar gach ceann díobh. Chláraigh an Fhionlainn, as measc na leibhéil is airde freisin, laghdú suntasach, mar sin féin, ar éifeachtaí laghdaithe bochtaineachta a haistrithe sóisialta, rud a d'fhág go raibh an scéal 'go maith ach go raibh faireachán le déanamh air'. Níor léirigh ach an Phortaingéil, an Pholainn, an Ghearmáin agus an Laitvia méaduithe ar éifeachtacht a n-aistrithe sóisialta, agus bhí na laghduithe is mó san Ungáir agus sa tSlóvaic (le laghduithe níos mó ná 9 bpointe céatadáin). Bhí difríochtaí móra freisin i dtaca le tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta ar fud réigiúin an Aontais, go háirithe san Iodáil, san Ungáir agus sa Pholainn (féach Fíor 9 in Iarscríbhinn 5).

²³⁹ Cé go bhfuil briseadh sa tsraith ann le haghaidh an táscaire sin in 2022 i ngach Ballstát seachas FI i ngeall ar athrú modheolaíochta, léiríonn luachanna táscairí (neamhfhoilsithe) arna ríomh ag Eurostat bunaithe ar an tseanmhodheolaíocht titim chomhchosúil in 2022, rud a thugann an measúnú foriomlán céanna a bheag nó a mhór.

Fíor 2.4.9: Laghdaigh tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta i bhformhór na mBallstát in 2022

Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith i gcás na mBallstát uile seachas FI. Foinse : Eurostat [[tespm050](#)], EU-SILC.

Leanann cosaint shóisialta de ról tábhachtach a bheith aici i dtéarmaí rioscaí bochtaineachta a laghdú do dhaoine i bhfoirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha; tá bochtaineacht airgeadaíochta níos airde fós dóibh ná d'oibrithe eile. Bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta in 2022 san Aontas i bhfad níos airde d'oibrithe i bhfoirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, mar shampla fostaithe ar chonarthaí sealadacha²⁴⁰ (27,3 %), agus fostaithe páirtaimseartha (24,8 %), chomh maith le daoine féinfhostaithe (26,7 %) ná don ghnáthfhostaí (12,5 %). In ainneoin thionchar níos airde na n-aistrithe sóisialta ar na hoibrithe sin, in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), bhí bochtaineacht airgeadaíochta níos airde ina measc i bhformhór na mBallstát. Ar leibhéal an Aontais go foriomlán, ba é 15,9 % ráta riosca na bochtaineachta i measc oibrithe ar chonradh sealadach, 14,6 % i measc oibrithe páirtaimseartha agus 21 % i measc oibrithe féinfhostaithe²⁴¹, i gcomparáid le 6,6 % i measc na bhfostaithe uile ar an meán. Bhí bochtaineacht airgeadaíochta d'oibrithe ar chonarthaí sealadacha fiú 20 % nó níos airde i naoi mBallstát, os cionn mheán an Aontais do cheithre cinn de na tíortha sin (an Iodáil, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn). I measc na ndaoine féinfhostaithe, bhí an ráta bochtaineachta níos airde ná meán an Aontais in ocht mBallstát, agus chomh hard le 30,9 % agus 55,8 % san Eastóin agus sa Rómáin faoi seach²⁴². Tá bearnaí sa chosaint shóisialta le feiceáil freisin dóibh siúd nach bhfuil post acu, mar atá léirithe ag na rátaí arda bochtaineachta i measc na ndaoine dífhostaithe, ag 46,2 % don Aontas in 2022, agus ag sroicheadh níos mó ná 50 % i dtíortha mar an Bhulgáir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír agus an tSlóvaic.

-
- ²⁴⁰ De bharr srianta ar infhaighteacht sonraí, sainaithnítear fostaithe a bhfuil conarthaí sealadacha acu mar fhostaithe a oibríonn faoin stádas sin i dtréimhse tagartha an agallaimh, agus déantar a staid shóisialta (ioncam, etc.) a thomhas le linn na bliana tagartha ioncaim (n-1).
- ²⁴¹ Mar sin féin, tá sé deacair ioncam do dhaoine féinfhostaithe a mheas agus léiríonn an táscaire ráta díothachta ábhartha agus sóisialta leibhéal comhchosúil do dhaoine féinfhostaithe agus atá i measc fostaithe (8,5 % agus 8,2 % san Aontas-27 in 2022 faoi seach). Níl difríochtaí substaintiúla ann (i.e., le díothacht níos airde do dhaoine féinfhostaithe) ach i dtrí Bhallstát amháin (CY, EL, agus RO).
- ²⁴² Is iad LV, LU, EL, ES, PT, PL, EE, agus RO na hocht mBallstát atá i gceist, agus tá sciar níos airde ná an meán de dhaoine féinfhostaithe ina lucht saothair ag an gcuid is mó acu.

Tá éagsúlacht leathan i gcumhdach na sochar sóisialta ó Bhallstát go chéile agus i gcás catagóirí éagsúla oibrithe, agus de réir stádais fostaíochta chomh maith. Ar an meán san Aontas in 2022 (ag tagairt d'ioncaim 2021), bhí sciar na ndaoine in aois oibre (16-64) a bhí i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta agus ag fáil sochair shóisialta²⁴³ níos airde i measc oibrithe ar conradh sealadach (44,9 %) agus oibrithe páirtaimseartha (36,1 %) ná i measc na bhfostaithe ar fad (35,6 %). Mar sin féin, bhí seacht mBallstát ann (Lucsamburg, an Ungáir, an Eastóin, an Chipir, an Bheilg, an Laitvia agus an Bhulgáir) inar lú an seans go bhfaigheadh fostaithe ar conradh sealadach sochair ná iad siúd faoi chonarthaí buana, agus i sé Bhallstát (Lucsamburg, an Spáinn, an Liotuáin, Málta, an tSlóivéin agus an Bhulgáir) ba lú an seans go bhfaigheadh oibrithe páirtaimseartha sochair ná na hoibrithe lánaimseartha. Ar an bhforiomlán, i 5 thír (an Chróit, an Ghréig, Lucsamburg, an Pholainn agus an Rómáin), bhí níos lú ná 10 % díobh siúd a bhí fostaithe agus i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta ag fáil sochair shóisialta. Daoine féinfhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe, ba lú an seans go bhfaighidís sochair shóisialta, le cumhdach 16,5 % in 2022 in AE-27, síos ó 29 % in 2021, rud a léiríonn céimniú amach na mbeart tacaíochta eisceachtúla arna nglacadh mar fhreagairt don phaindéim COVID-19²⁴⁴. Bhí an sciar sin fiú faoi bhun 5 % i seacht mBallstát (an Chróit, an Ghréig, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin). Ar deireadh, cé go bhfuair thart ar leath (54,2 %) de na daoine dífhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta sochair shóisialta ar an meán san Aontas in 2022, bhí an sciar sin i bhfad níos ísle, faoi bhun 20 %, i gcúig Bhallstát (an Chróit, an Ghréig, an Ísiltír, an Pholainn, agus an tSlóvaic).

²⁴³ De réir an táscaire ar 'rochtain éifeachtach' a d'fhorghuinigh an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) in 2020 i gcomhthéacs an chreata faireacháin um rochtain ar chosaint shóisialta. Is ionann an spriocphobal agus iad siúd atá i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta. Is ionann sochair shóisialta a chumhdaítear sa táscaire agus iad siúd a fhaightear ag leibhéal an duine aonair, gan pinsin seanaoise agus mharthanóra a áireamh.

²⁴⁴ Féach freisin an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, [COM/2023/43 final](#).

Tá rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach fós éagsúil ó Bhallstát go chéile, d’ainneoin roinnt feabhsuithe le cúpla bliain anuas²⁴⁵. Maidir le cumhdach foirmiúil, in earrach 2022 bhí bearnaí fós i 17 mBallstát maidir le grúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad i mbrainse amháin de chosaint shóisialta ar a laghad, arbh iad sochair dhífhostaíochta, bhreoteachta agus mháithreachais ba mhinice a bhí iontu²⁴⁶. Thairis sin, i 13 Bhallstát bhí rochtain ar bhrainse cosanta sóisialta amháin ar a laghad deonach do ghrúpa amháin oibrithe neamhchaighdeánacha ar a laghad, is minice i ndáil le sochair sheanaoise agus dhífhostaíochta. Maidir le daoine féinfhostaithe, chuaigh siad i ngleic le bearnaí foirmiúla cumhdaigh i mbrainse amháin de chosaint shóisialta nó níos mó i 19 mBallstát, is minice i ndáil le sochair dhífhostaíochta agus sochair le haghaidh timpistí ag an obair agus galair cheirde. Thairis sin, in 18 mBallstát bhí a gcuid cumhdach deonach, is minice maidir le sochair bhreoteachta, sochair sheanaoise agus sochair mháithreachais.

Bosca Cholún 7: Todhchaí na cosanta sóisialta

Tá príomhról ag córais cosanta sóisialta sna Ballstáit maidir leis an gcomhtháthú sóisialta agus an tslándáil ioncaim in aghaidh rioscaí, agus an cobhsú maicreacnamaíoch, a áirithiú, agus dá réir sin, is gá iad a dhéanamh oiriúnach do dhúshlán na todhchaí. Cuimsíonn caiteachas ar chosaint shóisialta agus thart ar 30 % de OTI an Aontais, le héagsúlachtaí leathana ar fud na dtíortha. Ar an bhforiomlán, tá a n-éifeachtacht cruthaithe ag córais cosanta sóisialta maidir le tacú le hathléimneacht shocheacnamaíoch le linn na paindéime COVID agus na géarchéime fuinnimh is déanaí. Mar sin féin, tá cumas na gcóras cosanta sóisialta chun leanúint de bheith leordhóthanach agus inbhuanaithe go fíoscach faoi bhrú méadaitheach mar gheall ar aosú an daonra, athruithe struchtúracha ar shaol na hoibre, agus na haistrithe glasa agus digiteacha atá ag athmhúnlú ár ngeilleagair agus ár sochaithe. Beidh impleachtaí ag na forbairtí sin ar dhearadh agus raon feidhme na gcóras cosanta sóisialta agus ar a maoiniú. I dtéarmaí praiticiúla, tugann sé seo le tuiscint go bhfuil gá le rátaí rannpháirtíochta níos airde i bpoist ardcháilíochta ar fud na ngrúpaí daonra, saolta oibre níos faide, freagairtí leordhóthanacha ar bhochtaineacht a fhulaingíonn daoine fostaithe agus sciar méadaitheach foirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha²⁴⁷, eagrú níos fearr agus éifeachtúlacht seachadta seirbhíse, agus freagairt bheartais shóisialta ar athrú aeráide agus ar an aistriú glas. Tá roinnt tionscnamh de chuid an Aontais ag cuidiú le córais cosanta sóisialta a dhéanamh slán i bhfad na haimsire ach tá gá le céimeanna breise²⁴⁸.

²⁴⁵ Féach an tuarascáil ón gCoimisiún ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, [COM/2023/43 final](#) agus an [Creat faireacháin](#) a formhuiníodh in 2020 agus an [nuashonrú páirteach \(2022\)](#) a foilsíodh i mí Iúil 2023.

²⁴⁶ Ciallaíonn cumhdach foirmiúil grúpa go luaitear sa reachtaíocht nó sa chomhaontú comhchoiteann atá ann faoi láthair maidir le brainse sonrach cosanta sóisialta (e.g. seanaois, cosaint dífhostaíochta, máithreachas nó atharthacht) go bhfuil na daoine aonair sa ghrúpa i dteideal páirt a ghlacadh i scéim cosanta sóisialta a chumhdaíonn brainse sonrach.

²⁴⁷ Féach freisin an *tuarascáil ón gCoimisiún ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe*, [COM/2023/43 final](#)

²⁴⁸ Mar shampla na Moltaí ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (2019), maidir le cúram fadtéarmach (2022), maidir le haistriú cothrom i dtreo na aeráidneodrachta (2022) agus maidir le hioncam íosta leordhóthanach le haghaidh cuimsiú gníomhach (2023) chomh maith leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach.

Agus na meigithreochtaí leanúnacha mar chúlra, ba cheart tabhairt faoi bheartais leasa sa pheirspictíocht tús go deireadh saoil, ó bhreith go seanaois. Fuarthas amach go bhfuil trí fheidhm rithábachtach ina leith seo:²⁴⁹ (1) rialáil an mhargaidh saothair (go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sa mhargadh saothair, cáilíocht poist agus idirphlé sóisialta a chothú); (2) cosaint shóisialta (dírithe ar chosaint ioncaim in aghaidh rioscaí agus ar chobhsú); agus (3) beartais shóisialta ghníomhacha agus choisctheacha, lena n-áirítear tacaíocht fostaíochta, oideachas, uas-sciliú agus athsciliú, sláinte, seirbhísí sóisialta agus cúraim a sholáthar chun rannpháirtíocht iomlán sa gheilleagar agus sa tsochaí a chumasú²⁵⁰. D'fhéadfadh 'díbhinn dhúbailte' a bheith mar thoradh ar bheartais shóisialta ghníomhacha agus choisctheacha ag céimeanna éagsúla den saol, ag laghdú caiteachais ar chosaint ioncaim amach anseo de bharr gnóthachain fostaíochta, folláine agus sláinte, agus an tráth céanna ag tacú le fás uilechuimsitheach agus ag méadú an bonn cánach. Léiríonn an léaráid na torthaí ar bheartais shóisialta ghníomhacha agus choisctheacha feadh an tsaoil.

Beartais shóisialta ghníomhacha agus choisctheacha: torthaí sochaíocha agus i leith daoine aonair



Foinse: Atáirgeadh Fhíor 2 in A. Hemerijck, S. Ronchi, I. Plavgo, *Social investment as a conceptual framework for analysing well-being returns and reforms in 21st century welfare states*, *Socio-Economic Review*, 2022.

Tá samhlacha maoinithe na cosanta sóisialta le cur in oiriúint don réaltacht nua freisin. Tá sé seo ag teastáil chun freastal ar na riachtanais airgeadais mhéadaitheacha de bharr aosú an daonra agus chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha, ag cur san áireamh freisin an tionchar ar acmhainneacht cánachais na mBallstát, agus cothroime agus tacaíocht leathan a áirithiú do na claochlaithé atá le teacht an tráth céanna. D'fhéadfadh go mbeadh gá le ról na ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus an chánachais ghinearálta a athchothromú agus foinsí an mhaoinithe a aistriú ó chánachas saothair, go háirithe i dtreo cánacha glasa agus cánacha ar rachmas agus ar chaipiteal, agus an tráth céanna éifeachtúlacht agus cothroime an mhaoinithe a fheabhsú.

²⁴⁹ Mar chuid den phlean gníomhaíochta (2021) do Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta, bhunaigh an Coimisiún Grúpa Ardleibhéil (HLG) maidir le Todhchaí na Cosanta Sóisialta agus an Stáit Leasa san Aontas, ar eisíodh a thuarascáil go luath in 2023. Féach an [tuarascáil](#) iomlán agus an [ghrafaic faisnéise](#), lena n-áirítear na 21 phríomh-mholadh.

²⁵⁰ EUI, Achoimre ar bheartas, *Learning from adversity: towards a European Union of social investment welfare states* [Ag foghlaim ón angar: i dtreo Aontas Eorpach de stáit leasa shóisialaigh a dhéanann infheistíocht shóisialta], Lárionad Robert Schuman, 2023.

Tá machnaimh agus athchóirithe fadtéarmacha seolta ag roinnt Ballstát ar a gcórais cosanta sóisialta chun iad a oiriúnú do na réaltachtaí nua. Mar shampla, sheol **an Fhionlainn** athchóiriú fadtéarmach ar a córas slándála sóisialta trí Choiste parlaiminteach, a mholann claochluithe a bhfuil gá leo faoi 2027. Ghlac **an Phortaingéil** Leabhar Glas ar Thodhchaí na hOibre arb é is aidhm aige an líontán sábháilteachta sóisialta (lena n-áirítear le haghaidh oibrithe neamhchaighdeánacha) agus íoschaighdeán saothair a fheabhsú, agus inbhuanaitheacht an chórais chosanta sóisialta a áirithiú trína fhoinsí cistithe a éagsúlú an tráth céanna. Trína plean náisiúnta maidir le rochtain ar chosaint shóisialta, thug **an Bheilg** tiomantas do chothroime agus éifeachtúlacht a chórais cosanta sóisialta a neartú, bearnaí i gcumhdach foirmiúil agus leordhóthanacht a dhúnadh, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe cothrománacha mar shampla an deighilt dhigiteach agus neamhghlacadh ceart.

Tá leordhóthanacht na scéimeanna ioncaim íosta cobhsaí i bhformhór de Bhallstáit an


Aontais. Trí chomparáid a dhéanamh idir ioncam tairbhíthe ioncaim íosta (MI) leis an tairseach náisiúnta bochtaineachta agus le hioncam fostaí ar phá íseal,²⁵¹ is féidir tionchar laghdaithe bochtaineachta a bhaineann leis na scéimeanna sin a mheasúnú, i dteannta na ndreasachtaí a sholáthraíonn siad do rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Cé gur tháinig feabhas ar leordhóthanacht MI in 2021 i roinnt tíortha, mar shampla an Liotuáin, an Laitvia agus an Spáinn, i gcomparáid le 2020 (blianta ioncaim), go háirithe i gcomparáid le hioncam fostaí ar phá íseal, in dhá thrían de thíortha an Aontais, tugadh faoi deara laghduithe beaga (go háirithe i Málta, i Lucsamburg, sa Pholainn, sa tSlóivéin, san Ísiltír, in Éirinn, sa Ghréig, san Iodáil, sa Chróit, sa Chipir agus san Eastóin, áit a raibh an laghdú idir 3 agus 5 phointe céatadáin). D’fhan leordhóthanacht ioncaim íosta os cionn 80 % den tairseach riosca na bochtaineachta san Ísiltír, in Éirinn, sa Danmhairg, san Iodáil agus sa Chipir, agus í faoi bhun aon trian den tairseach sa Rómáin, sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic.

²⁵¹ De réir na modheolaíochta a socraíodh sa chreat tagarmharcála ar íosioncam, féach na Tuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht ó 2019.

Níor tháinig mórán athrú ar an gcumhdach ioncaim íosta, arna shloinneadh ag an ráta faighteora sochair, ar an meán san Aontas, in ainneoin athruithe substaintiúla i roinnt Ballstát. In 2022, i gcomparáid le 2021 (blianta ioncaim 2021 agus 2020, faoi seach), tháinig laghduithe substaintiúla ar a rátaí cumhdaigh sa Ghréig, san Ungáir agus sa Bhulgáir (os cionn 4 phointe céatadáin; féach Fíor 2.4.10). Bhí an feabhas is mó, os a choinne sin, sa Rómáin (18 bpointe céatadáin), cé gur fhan an ráta faoi bhun mheán an Aontais (81,1 %). Tuairiscíodh feabhsuithe substaintiúla fós (os cionn 4 phointe céatadáin) sa tSlóvaic, i Málta, sa Spáinn agus sa Chróit (arbh é an Ballstát a raibh an ráta cumhdaithe is ísle fós é, áfach). Bhí rátaí faighteoirí sochair gar do 100 % sa Danmhairg, in Éirinn, sa Fhrainc agus sa Fhionlainn. Léiríonn fianaise ó shonraí riaracháin go bhfuil éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile, ó thart ar 6 % go thart ar 50 %²⁵², ar an ráta scoir i gcomparáid leis an ráta fostaíochta in aghaidh na bliana d'fhaighteoirí ioncaim íosta a thairbhíonn de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. Féadfaidh na difríochtaí sin leibhéal éagsúla éifeachtúlachta foriomláine a léiriú. Thairis sin, cé go bhféadfadh go mbeadh comhordú leordhóthanach idir na seirbhísí sóisialta agus na seirbhísí fostaíochta poiblí, is minic a bhíonn na próisis seachadta sochair shóisialta agus na próisis imeasctha i margadh an tsaothair scartha óna chéile. I Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach a áirithíonn cuimsiú gníomhach, leagtar amach go tábhachtach na réimsí le haghaidh nuachóiriú breise a dhéanamh ar scéimeanna ioncaim íosta feadh an chur chuige um chuimsiú gníomhach²⁵³.

Fíor 2.4.10: Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) ar shochair shóisialta cobhsaí a bheag nó a mhór ar an bhforiomlán

Ráta faighteora sochair do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta idir 18-64 bliana d'aois agus atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe) (%), bliain suirbhé 2021 agus 2022, bliain ioncaim 2020 agus 2021 faoi seach)



Tabhair faoi deara: Is sonraí sealadacha iad na sonraí maidir le FR. Tá briseadh sa tsraith in 2022 le haghaidh FR agus LU, agus in 2021 le haghaidh LU.

Foinse : Eurostat [[ilc_li70](#)], EU SILC.

²⁵² Féach *The 2022 Minimum Income Report* [Tuarascáil 2022 ar Ioncam Íosta].

²⁵³ Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (2023/C 41/01).


Tá dúshlán na hinacmhainneachta tithíochta ag méadú san Aontas. In 2022, bhí 9,1 % de dhaonra foriomlán an Aontais ina gcónaí i dteaghlach a raibh costais iomlána tithíochta níos mó ná 40 % den ioncam indiúscartha iomlán ann. Léiríonn an ráta ró-ualaithe costais tithíochta sin méadú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh ó 8,9 % in 2021 agus 7,8 % in 2020. Tá an Ghréig ‘lag ach ag feabhsú’ faoin ngné seo, ag clárú an ráta is airde (26,7 %) ach le laghdú i gcomparáid le 2021 (agus ó bhí 2015 ann nuair a bhí sé 45,5 %). Bhí an dara ráta ró-ualaithe costais tithíochta is airde ag Lucsamburg, le méadú 5.5 pointe céatadáin ó 2021, agus tá sé i ‘gcás criticiúil’, mar aon leis an mBulgáir agus an Danmhairg. Bhí na rátaí ró-ualaithe costais tithíochta ab ísle sa tSlóvaic agus sa Chipir, arbh iad na ‘gníomhaithe is fearr’ iad, agus i Málta (féach Fíor 2.4.11). I gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta, bhí an ráta ró-ualach costais tithíochta i bhfad níos airde ná mar a bhí don chuid eile den daonra ar leibhéal an Aontais (33,1 %, i.e. 29,2 pointe céatadáin níos airde), le hilchineálacht áirithe ó Bhallstát go chéile²⁵⁴. Bhí na rátaí ró-ualaithe costais is airde don daonra atá i mbaol na bochtaineachta sa Ghréig, sa Danmhairg agus sa Bhulgáir (84,5 % - méadú 7,8 pointe céatadáin, 70,7 % - laghdú 1,4 pointe céatadáin agus 50,1 % - méadú 12,9 pointe céatadáin), agus bhí na rátaí ab ísle (faoi bhun 15 %) sa Chipir, i Málta, sa Liotuáin agus sa tSlóvaic (tar éis titim ghéar de 18,5 pointe céatadáin). Go ginearálta, ar fud na mBallstát, bhí claonadh i bhfad níos mó ag tionóntaí sa mhargadh cíosa príobháideach a bheith buailte ag dúshlán inacmhainneachta tithíochta ná úinéirí, a raibh nó nach raibh morgáiste acu, agus tionóntaí a fuair praghas laghdaithe nó a raibh cíos saor in aisce acu²⁵⁵.

²⁵⁴ Eurostat [[ilc_lvho07a](#)], EU SILC.

²⁵⁵ Eurostat [[ilc_lvho07c](#)], EU SILC.

Fíor 2.4.11: Tháinig méadú beag ar an ráta ró-ualaithe costais tithíochta, rud a léirigh comharthaí láidre dibhéirseachta ó Bhallstát go chéile

Sciar na ndaoine ina gcónaí i dteaghlaigh ag a bhfuil ró-ualach maidir le costas tithíochta, leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU. Déantar athruithe atá suntasach ó thaobh staidrimh de a mharcáil le réalta (*).

Foinse: Eurostat [tespm140], EU-SILC.

Is dóichí go mbeidh deacrachtaí móra tithíochta ag teaghlaigh aontuismitheora agus teaghlaigh le leanaí²⁵⁶. Rinne díothacht thromchúiseach tithíochta difear do 7,6 % de theaghlaigh aontuismitheora in 2020, agus ba mhó an seans freisin go mbeadh ró-ualach costais tithíochta orthu (ráta 16,2 % don Aontas, beagnach dhá oiread an mheáin). Tháinig laghdú ar sciar na leanaí a raibh cónaí orthu i dteaghlaigh a raibh orthu dul i ngleic le ró-ualach costais tithíochta san Aontas ó 7,8 % in 2021 go 7,1 % in 2022. Tháinig méadú substaintiúil air, áfach, i Lucsamburg, sa Bhulgáir agus san Ísiltír (12,1, 4,6, agus 4,1 pointe céatadáin, faoi seach), agus laghdaigh sé sa tSlóvaic agus sa Ghréig (7 agus 5,7 pointe céatadáin, faoi seach). Mar sin féin, ba sa Ghréig fós féin a bhí an ráta ab airde (30 %), agus ina diaidh bhí Lucsamburg (16 %), an Bhulgáir (14,3 %), an Spáinn (11,5 %) agus an Ghearmáin (9,4 %).

Le 10 mbliana anuas, is beag dul chun cinn atá déanta maidir leis an líon daoine gan dídean ar fud Bhallstáit an Aontais a laghdú. Toisc nach bhfuil sainiú agus modheolaíocht choiteann staitistiúil ann chun daoine atá gan dídean a chomhaireamh, níl na sonraí inchomparáide ar fud na mBallstát, agus is deacair an feiniméan a chainníochtú go beacht ar leibhéal an Aontais. In 2023, áfach, mheas FEANTSA agus Fondúireacht Abbé Pierre gur 895 000 ar a laghad san Aontas an líon daoine gan dídean a chodail amuigh nó i gcóiríocht shealadach/éigeandála ar aon oíche ar leith, bunaithe ar shonraí eachtarshuite ó áirimh ag am ar leith déanta idir 2017 agus 2022²⁵⁷. De réir sonraí náisiúnta, nuair atá siad ar fáil, tá an staid imithe in olcas i bhformhór na mBallstát, cé is moite d'eisceachtaí suntasacha na Fionlainne, na Danmhairge agus na hÍsiltíre. Rinneadh na cúiseanna atá leis an easpa díidine agus staid mhaireachtála na dteaghlach is díothaí níos measa mar gheall ar an gcomhthéacs eacnamaíoch reatha, arb é is saintréith dó go bhfuil an costas maireachtála ag dul i méid.

²⁵⁶ Tá an mhír seo bunaithe ar Eurostat [[ilc_mdho06a](#)], [[ilc_mdho06b](#)], [[ilc_lvho07e](#)] agus [[ilc_lvho07a](#)], EU-SILC. Tá briseadh san amshraith le haghaidh an dara ceann in 2022 le haghaidh Lucsamburg.


²⁵⁷ Féach *Fondation Abbé Pierre – FEANTSA: Eight overview of housing exclusion in Europe, 2023* [[Ocht bhforbhreathnú ar eisiaimh tithíochta san Eoraip, 2023](#)].

Bosca Cholún 8: Rochtain ar thithíocht inacmhainne agus cúnamh tithíochta a fheabhsú dóibh siúd atá i ngátar san Aontas

Is ceart bunúsach é rochtain ar thithíocht agus cúnamh tithíochta leordhóthanach²⁵⁸ agus tá sé ríthábhachtach d'fholláine daoine aonair agus do chomhtháthú sóisialta. Chuir géarchéim COVID-19 i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le tithíocht inrochtana, inacmhainne agus ardcháilíochta chun tacú le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus torthaí oideachais níos fearr. Iarrtar in Airteagal 31 de Chairt Shóisialta na hEorpa agus i bPrionsabal 19 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar na Ballstáit rochtain a sholáthar ar thithíocht shóisialta agus ar chúnamh tithíochta, díshealbhuíthe éigeantacha a chosc, agus cuimsiú sóisialta a áirithiú do dhaoine leochaileacha agus do dhaoine gan dídean.

Cuimsíonn costas tithíochta sciar ard den ioncam indiúscartha, go háirithe dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta, a laghdaigh go mall agus go míchothrom ó Bhallstát go chéile. Is gealltanais iad costais tithíochta nach féidir déanamh dá n-uireasa gan cáilíocht saoil a chur go mór i mbaol nó dul i mbaol cruatan airgeadais. In 2022, ba é 34,2 % sciar na ndaoine i mbaol bochtaineachta (AROP) a raibh ró-ualach costais tithíochta orthu san Aontas, sciar atá níos mó ná trí oiread níos airde ná sa daonra iomlán (9,1 %). Eascraíonn sé seo as dul chun cinn mall (laghdú 5,6 pointe céatadáin amháin) ar leibhéal an Aontais ó bhí 2012 ann, agus difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit. Rinneadh dul chun cinn maith sa tSlóvaic agus sa Liotuáin, áit ar tháinig laghdú níos mó ná a leath ar an ráta ró-ualaithe, agus ina dhiaidh sin tháinig laghdú os cionn 40 % san Eastóin, sa Laitvia agus sa Rómáin. An tráth céanna, bhí ardú sa ráta ró-ualaithe don Ísiltír agus Lucsamburg a bhí sa bhreis ar 50 %, agus ina dhiaidh sin don Fhionlainn agus don Fhrainc le méadú os cionn 10 %. Níl aon phatrún cóineasaithe ná dibhéirseachta le feiceáil ó Bhallstát go chéile san fhadtréimhse.

Ráta ró-ualaithe costais tithíochta na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta in 2012 agus 2022
Sciar na ndaoine i mbaol bochtaineachta a raibh cónaí orthu i dteaghlaigh a raibh ró-ualach costais tithíochta orthu, 2012 agus 2022 (% , leibhéil agus athrú céatadáin)



Foinse: Eurostat [[ilc_lvho07a](#)]. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU in 2022.

²⁵⁸ Féach Airteagal 25.1 de [Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine](#) agus Airteagal 34 de [Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais](#).

Is réamhriachtanais do cháilíocht na tithíochta iad caighdeáin reachta ábhartha a chomhlíonadh, inrochtaineacht fhisiciúil do dhaoine faoi mhíchumas agus cruthú comharsanachtaí ionchuimsitheacha. Is minic a dhéantar neamhdhóthanacht thromchúiseach tithíochta, lena n-áirítear i dtéarmaí méide, a chatagóiríú mar chineál easpa dídine²⁵⁹. Ina theannta sin, is minic go dtéann pobail atá faoi ghannionadaíocht nó atá imeallaithe i ngleic le deighilt tithíochta, mar shampla na Romaigh (i.e. rochtain mhíchothrom ar thithíocht príomhshrutha, ionchuimsitheach agus ardcháilíochta, agus ar sheirbhísí gaolmhara). Tá scéimeanna tithíochta sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo éagsúil ar fud an Aontais i dtéarmaí cuspóirí, ceanglas, agus coinníollacha teidlíochta, ach acmhainní airgeadais freisin (tacaíocht chomhchineáil nó liúntais airgid thirim)²⁶⁰. Is féidir leis an infheistiú sa tithíocht shóisialta feabhas a chur ar an inrochtaineacht agus ar inacmhainneacht na tithíochta le haghaidh grúpaí leochaileacha agus ar ioncam íseal, lena n-áirítear daoine gan dídean.

Is féidir éifeachtaí dearfacha a bheith ag beartais an Aontais ar inacmhainneacht, infhaighteacht, agus ar leordhóthanacht na tithíochta, go háirithe dóibh siúd atá i ngátar. Cé gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as tithíocht agus as cúnamh tithíochta, is féidir le cistiú ón Aontas (tríd an CFRE, CSE+, STA agus cláir InvestEU) agus lena bheartais tacú le hiarrachtaí na n-údarás poiblí náisiúnta agus fo-náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, i réimsí na mbeartais comhtháthaithe agus forbartha uirbí, fostaíochta agus cosanta sóisialta, tionsclaíochta agus fuinnimh, mar shampla. Seachas sin, tionscnaimh den Aontas mar shampla an Bauhaus Eorpach Nua agus an Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne, is féidir leo cur leis an inbhuanaitheacht agus leis an gcuimsitheacht tithíochta a mhéadú²⁶¹.

Tá áit thábhachtach ag rochtain ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta ar an gclár oibre polaitiúil, reachtach agus airgeadais i mórán Ballstát. Áirítear orthu seo go háirithe **an tSeicia, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, agus an tSlóvaic**. Mar shampla, mar chuid dá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta, chuir **an Laitvia** tús le forbairt na Straitéise Tithíochta Inacmhainne chun tacaíocht leordhóthanach a bhunú do gach grúpa ioncaim. Ghlac **an Fhrainc** bearta sonracha um rialáil cíosa agus tá scéim liúntas curtha i bhfeidhm ag **an bPortaingéil** chun tacú le teaghlaigh cíosanna agus morgaistí a íoc (cuid de phacáiste dlí fairsing Mais Habitação) mar aon le bearta breise chun tionchar rátaí úis ar iasachtaí tithíochta atá ag ardú a mhaolú. D'fhorbair **an Ghréig** clár iasachta agus cúnaimh tithíochta sa chomhthéacs áitiúil, agus sholáthair sí freisin liúntas méadaithe um shochar tithíochta do mhic léinn, agus d'fhorbair **Málta** clár tacaíochta do cheannaitheoirí céaduaire le soláthar 10,000 deontas. Glac **an Pholainn** bille maidir le comharchumainn tithíochta agus ghlac **an Spáinn** bille maidir le tithíochta. Ar deireadh, chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an mhéadaithe ar phraghas fuinnimh, forbraíodh liúntais shonracha **san Iodáil** agus **sa Laitvia**.

²⁵⁹ Abbé Pierre Foundation - FEANTSA, *Third overview of housing exclusion in Europe*, [An 3ú Forléargas ar an Eisiamh Tithíochta san Eoraip], 2018.

²⁶⁰ ECFE, *Building for a better tomorrow: Policies to make housing more affordable* [Tógáil do thodhchaí níos fearr: Beartais chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne] 2021, Páras.


²⁶¹ Féach [New European Bauhaus: beautiful, sustainable, together](#). [Bauhaus Eorpach Nua: álainn, inbhuanaithe, le chéile.]([europa.eu](#)) agus [Tionscnamh um Thithíocht Inacmhainne](#).

Tar éis laghdú beag idir 2020 agus 2021, tháinig méadú ar ráta AROPE i measc daoine

65 bliana d'aois nó níos sine in 2022. Ó bhí 2015 ann, bhí an ráta sin méadaithe ó 18 % go 20,2 %, agus bearna leanúnach idir mná agus fir (22,9 % agus 16,7 % faoi seach). Ba é an méadú ar bhochtaineacht airgeadaíochta sa ghrúpa daonra seo, ó 16,8 % in 2021 go 17,3 % in 2022, a spreag an treocht fhoriomlán seo. I bhformhór na dtíortha, tá riosca na bochtaineachta sa tseanaois níos airde ná don daonra atá in aois oibre (18-64 bliana), cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an difríocht idir an dá ghrúpa ó Bhallstát go chéile (féach an painéal ar bharr Fhíor 2.4.12). Léiríonn an ráta dian-díothachta ábhartha nó sóisialta laghdú leanúnach, cé go bhfuil méadú beag ann idir 2021 agus 2022 (ó 7,4 % in 2015 go 5,3 % in 2021 agus 5,5 % in 2022). Tá an ráta sin níos ísle ná i measc an daonra atá in aois oibre ar leibhéal an Aontais (6,6 % in 2022) agus i dtromlach na mBallstát (féach an painéal ag bun Fhíor 2.4.12).

Fíor 2.4.12: Bíonn riosca na bochtaineachta níos airde ag daoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine ná an daonra atá in aois oibre, ach ní bhuailtear chomh minic sin leis an ngéardhíth ábharach agus shóisialta iad

Rátaí riosca na bochtaineachta (painéal ar bharr) agus rátaí um ghéardhíth ábharach agus shóisialta (painéal ag bun) de réir aoisghrúpaí (% , 2022)



Tabhair faoi deara: Ar thaobh na láimhe clé, tá an barra 18-64 bliana ann sa bhreis ar an mbarra 65 bliana+; ar thaobh na láimhe deise, tá an barra 65 bliana+ ann sa bhreis ar an mbarra 18-64 bliana. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU.

Foinse: Eurostat [ilc_li02] and [ilc_mdsl11], EU-SILC.

Cuimsíonn pinsin thart ar thrí chúigiú d'ioncam gairmréime deiridh san Aontas, ar an meán. D'fhan meánphínsean na ndaoine idir 65-74 bliana d'aois ag 0,58 d'ioncam oibre na ndaoine idir 50-59 mbliana d'aois in 2022²⁶². Tá an cóimheas athsholáthair comhiomlán seo ag méadú go mall ó 0,54 in 2012. I roinnt tíortha (mar shampla Lucsamburg, an Spáinn, an Iodáil agus an Ghréig), tá sé os cionn 0,70 %. Sna Ballstáit sin is gnách go mbíonn rátaí bochtaineachta seanaoise níos ísle i gcomparáid leis an aois oibre freisin. Ar an taobh eile, in 12 Bhallstát tá an cóimheas athsholáthair faoi bhun 0,50 agus fiú faoi bhun 0,40 i gceithre cinn díobh (an Liotuáin, Éire, an Bhulgáir agus an Chróit), agus sa Rómáin mhéadaigh sé ó 0,38 in 2021 go 0,52 in 2022. In 2022, bhí an cóimheas níos ísle i measc na mban i bhformhór na mBallstát²⁶³.


In 2022, d'fhan an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú cobhsaí a bheag nó a mhór ar an meán ach bhí éagsúlacht mhór ó Bhallstát go chéile. Cé nár mhéadaigh meán an Aontais ach go measartha, ó 2 % in 2021 go 2,2 % in 2022, tá éagsúlacht mhór i gcónaí ar fud na dtíortha, ó 0,1 % sa Chipir go 9,1 % san Eastóin (féach Fíor 2.4.13), le patrún éagsúil soiléir. I dtaca leis an ngá atá le cúram leighis nár riaradh, tuairiscíodh na leibhéil is airde san Eastóin, sa Ghréig, sa Fhionlainn agus sa Laitvia, atá ar fad i 'gcásanna criticiúla', agus sa Rómáin chomh maith, atá 'le breathnú orthu'. Tar éis leibhéil a bheith laghdaithe go ginearálta le 10 mbliana anuas, tá na figiúirí ag ardú arís do na tíortha seo. Go sonrach, thuairiscigh an Ghréig (go príomha toisc go raibh cúram leighis 'róchostasach') agus an Fhionlainn (go príomha ar chúiseanna a bhaineann leis an 'liosta feithimh') méaduithe os cionn 2 phointe céatadáin in 2022. Tuairiscíodh na leibhéil is ísle i dtaca leis an ngá sin nár riaradh (le luachanna faoi bhun 1 %) don Chipir, an 'gníomhaí is fearr' sa réimse seo, chomh maith leis an Ísiltír, an tSeicia, an Ghearmáin, Málta, Lucsamburg agus an Ostair, iad ar fad 'níos fearr ná an meán' (mar aon leis an mBeilg, an Bhulgáir, an Spáinn agus an Chróit). Is dóichí go dtuairisceoidh daoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal gá le cúram leighis nach riartar, cé go bhfuil leithead na bearna eatarthu agus an daonra foriomlán difriúil ar fud na mBallstát. Tuairiscíodh na difríochtaí is mó idir na cúigilí ioncaim is ísle agus is airde don Ghréig (11 phointe céatadáin), an Laitvia, an Rómáin (8,4 pointe céatadáin araon), an Fhionlainn (7,6 pointe céatadáin) agus an Phortaingéil (6,1 pointe céatadáin). Tá difríochtaí réigiúnacha le sonrú freisin i dtaca leis an ngá sin nár riaradh arna thuairisciú, mar shampla don Ungáir, don Rómáin agus don Pholainn (féach Fíor 10 in Iarscríbhinn 5).

²⁶² Mar atá léirithe ag an gcóimheas athsholáthair comhiomlán (ARR), Eurostat [[ilc_pnp3](#)], EU-SILC, a shainítear mar an cóimheas idir ollphínsean airmheánach an duine aonair san aoisghrúpa 65-74 bliana i gcoibhneas le holltuilleamh airmheánach an duine aonair san aoisghrúpa 50-59 mbliana, gan sochair shóisialta eile a áireamh.

²⁶³ Soláthraítear tuilleadh faisnéise ar phríomhghnéithe na gcóras pinsin sa [chreat tagarmharcála](#) um leordhóthanacht na bpinsean, arna fhorbairt i gcomhpháirt ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus ag an gCoimisiún Eorpach. Tá an creat le cur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hanailíse níos iomláine sa Tuarascáil ar Leordhóthanacht Pinsin.

Fíor 2.4.13: Taifeadadh éagsúlacht mhór sa ghá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú ó Bhallstát go chéile

Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, leibhéil 2022 agus athruithe ón mbliain roimhe (% , príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)



Tabhair faoi deara: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Briseadh sa tsraith le haghaidh FR agus LU.

Foinse: Eurostat, [tespm_110], EU-SILC.

Tá forbairtí déimeagrafacha, go háirithe ionchas saoil a réamh-mheastar a bheidh níos airde amach anseo, ag cur méadú ar an ngá féideartha le cúram fadtéarmach (LTC) as seo ar aghaidh. Meastar go n-ardóidh an líon daoine a bhféadfadh cúram fadtéarmach a bheith ag teastáil uathu ó 30,8 milliún in 2019 go 33,7 milliún in 2030 san Aontas agus go dtí 38,1 milliún in 2050²⁶⁴. De réir sonraí 2019, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 26,6 % de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine san Aontas agus a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha, le difríochtaí suntasacha de réir inscne (32,1 % de mhná i gcomparáid le 19,2 % d'fhir)²⁶⁵. De réir na micrea-ionsamhlúcháin is déanaí ó JRC fuarthas amach, seachas tosca déimeagrafacha, gur príomhfhachtóirí iad oideachas agus cur chun cinn sláinte agus iarrachtaí um ghalair a chosc a imríonn tionchar ar an ngá réamh-mheasta le haghaidh cúram fadtéarmach²⁶⁶.

Is minic nach mbíonn ach rochtain theoranta ag teaghlaigh a mbíonn cúram fadtéarmach de dhíth orthu ar sheirbhísí foirmiúla cúraim bhaile toisc nach bhfuil siad inacmhainne dóibh, nach bhfuil fáil orthu nó go bhfuil siad de cháilíocht neamh-leormhaith. In 2019, thuairiscigh 46,5 % de dhaoine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí san Aontas go raibh riachtanas ar chuidiú acu nár sásaíodh maidir leis na gníomhaíochtaí sin. Bhí sé sin i bhfad ní ba shuntasáí dóibh sin sa chúigil ioncaim ab ísle (51,2 %) i gcomparáid leo siúd sa chúigil ioncaim ab airde (39,9 %). Is féidir le heaspa rochtana ar chúram foirmiúil gá le cúram nár riaradh nó ualach ar chúramóirí neamhfhoirmiúla a chruthú. Déantar dúshlán ó thaobh na hinrochtaineachta de níos measa de thoradh ganntanais saothair agus scileanna shuntasacha san earnáil chúraim. Meastar go gcaithfí sciar an chúraim fhadtéarmaigh den fhostaíocht iomlán a mhéadú 32 %, nó 0,6 pointe céatadán, ar an meán i dtíortha ECFE i gcaitheamh na 10 mbliana atá romhainn, chun freastal ar an méadú réamh-mheasta ar an éileamh²⁶⁷. Ní mór don earnáil freisin dálaí oibre a fheabhsú chun an fhoireann a choinneáil agus oibríthe leis na scileanna cearta a mhealladh. D'ardófaí cáilíocht an chúraim a sholáthraítear freisin trí dhálaí oibre níos fearr mar aon le hoideachas agus oiliúint níos fearr agus ullmhúchán á dhéanamh do ghairmeacha san earnáil. Chun doimhneacht na cosanta sóisialta do chúram fadtéarmach sa tseanaois a thomhas agus í a chur i gcomparáid ar fud na dtíortha, d'fhorbair ECFE, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, sraith de chásanna tipiciúla de riachtanais chúraim fhadtéarmaigh²⁶⁸. Tugann an anailís le fios, fiú tar éis sochair cúraim fhadtéarmaigh a fháil, is féidir le costais neamh-in-aisíochta cúraim a bheith an-ard i mBallstáit áirithe, go háirithe do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh thromchúiseacha acu a fhaigheann cúram baile (féach Fíor 2.4.14).

²⁶⁴ An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, *The 2021 Ageing Report - Economic and budgetary projections for the EU Member States (2019-2070)* [An Tuarascáil um Aosú 2021 - Réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2019-2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

²⁶⁵ Eurostat [[hlth_ehis_tadle](#)], EHIS. Ní áiríonn an beart seo atá bunaithe ar shuirbhé ach daoine i dteaghlaigh phríobháideacha ach ní chuimsítear iad siúd atá i gcúram cónaitheach.


²⁶⁶ Airmheán Comhpháirteach Taighde, *Demographic microsimulation of long-term care needs in the European Union* [Micrea-ionsamhlúchán déimeagrafach ar riachtanais chúraim fhadtéarmaigh san Aontas Eorpach], 2023.

²⁶⁷ ECFE, *Beyond Applause? Improving Working Conditions in Long-Term Care*, [Feabhas a Chur ar Dhálaí Oibre i gCúram Fadtéarmach], 2023.

²⁶⁸ Cravo Oliveira Hashiguchi, T. and Llana-Nozal, A., *The Effectiveness of Social Protection for Long-term Care in Old Age: Is social protection reducing the risk of poverty associated with care needs?*, [Eifeachtacht na cosanta sóisialta do chúram fadtéarmach sa tseanaois: An bhfuil an chosaint shóisialta ag laghdú bhaol na bochtaineachta a bhaineann le riachtanais chúraim] OECD Health Working Papers No 117, OECD Publishing, Paris, 2021.

Fíor 2.4.14: Is féidir le costais neamh-in-aisíochta cúraim a bheith an-ard go háirithe do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh tromchúiseacha acu a fhaigheann cúram baile

Costais neamh-in-aisíochta a bhaineann le cúram baile mar sciar d'ioncam seanaoise (tar éis tacaíocht phoiblí), le haghaidh faighteoirí cúraim a bhfuil ioncam airmheánach á dtuilleamh acu agus gan aon ghlanrachmas acu, de réir leibhéal déine, 2022



Tabhair faoi deara: Tagraíonn EE do Thailinn san Eastóin, tagraíonn IT do Alto Adige (an Tioróil Theas) san Iodáil, tagraíonn AT do Vín san Ostair, tagraíonn BE do Fhlóndras sa Bheilg.

Foinse: Anailísí ECFE bunaithe ar cheistneoir cosanta sóisialta ECFE um chúram fadtéarmach, Bunachar Sonraí Dáilte Ioncaim ECFE agus Bunachar Sonraí Dáilte Saibhris ECFE

2.4.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

Chuir beagnach na Ballstát uile bearta tacaíochta chun feidhme chun cuidiú le daoine dul i ngleic leis an gcostas maireachtála níos airde. Mhéadaigh formhór na mBallstát (**an Bheilg, an Chipir, an Spáinn, an Fhionlainn, an Liotuáin, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin**) sochair mar shampla ioncam íosta, sochair theaghlaigh agus leanaí, sochair dhífhostaíochta, agus pinsin. Tá **an tSlóivéin** ar cheann den bheagán tíortha a choigeartaigh sochair thithíochta freisin. Roghnaigh **an Ghréig** agus **an tSlóvaic** íocaíochtaí breise aonuaire agus tráthchodanna breise le haghaidh sochair ioncaim íosta agus sochair theaghlaigh/leanaí le linn 2022. Ar deireadh, sholáthar **an tSualainn** suim bhreise i dtéarmaí sochair thithíochta do theaghlaigh le leanaí ó bhí an phaindéim ann agus mhéadaigh siad an tsuim sin tuilleadh i mí an Mheithimh 2023 mar fhreagairt ar na costais arda mhaireachtála²⁶⁹.

²⁶⁹ Is féidir teacht ar mhapáil níos fairsinge ar na bearta arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun déileáil leis an ardú i bpraghsanna fuinnimh agus leis an ardchostas maireachtála i dTuarascáil Bhliantúil 2023 an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC).

Chun tacú le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, agus go háirithe fuinneamh, i gcomhthéacs na bpraghsanna méadaithe, ghlac na Ballstáit bearta éigeandála substaintiúla, a bhí sealadach ach nach raibh spriocdhírith go minic²⁷⁰. Mar shampla, chuir **an Bheilg dhá phacáiste ranníocaíochta chun feidhme i gcaitheamh an gheimhridh 2022-23, ag soláthar tacaíochta do gach teaghlach i bhfoirm asbhaintí uathoibríocha ar bhillí leictreachais agus gáis. Leithdháil **Éire** EUR 1,2 billiún le haghaidh tacaíochtaí fuinnimh trí chreidmheas a íoc chun cuidiú le tomhaltóirí a mbillí leictreachais a laghdú. Thug **an Fhrainc** isteach dearbhán fuinnimh eisceachtúil mar thacaíocht bhreise aonuaire do na teaghlaigh is leochailí agus d’achtaigh an **tSeicia** caidhp shealadach ar phraghsanna fuinnimh. Thug **an Phortaingéil** dearbhán isteach do theaghlaigh leochaileacha chun an bhochtaineacht fuinnimh i dtithíocht a mhaolú (‘Vale Eficiência’) agus laghdaigh sí CBL ar leictreachas go 6 % do chustaiméirí baile agus/nó ísealvoltais a bhfuil cumhachtaí conarthacha suas le 6,9 kVA acu. Sholáthair **an Bhulgáir** agus **an Rómáin** tacaíocht shealadach trí scéim dearbháin do na teaghlaigh is leochailí ag baint leas as cistiú CSE - REACT-EU, mar chuid de thionscnamh SAFE. Tá síneadh curtha ag **an Spáinn** go dtí an 31 Nollaig 2023 beart a ráthaíonn soláthairtí bunúsacha uisce, gáis, leictreachais agus teileachumarsáide. Thug **an Iodáil** ciste EUR 112 mhilliún isteach chun dearbhán spriocdhírith a mhaoiniú chun costais iompair do dhaoine aonair ar ioncam íseal a chumhdach. Rinne **Málta** iompar poiblí saor in aisce do gach cónaitheoir ag a bhfuil cárta iompair pearsanta ó mhí Dheireadh Fómhair 2022. Rinne **an tSlóivéin** praghsanna leictreachais agus gáis teaghlaigh a chaidhpeáil. Laghdaigh sí an ráta CBL go sealadach (ó 22 % go 9,5 %) agus laghdaigh sí na dleachtanna máil ar leictreachas agus gáis faoina leath. Thug **an tSlóvaic** uasteorainneacha praghsanna ar ghás, ar théamh agus ar leictreachas isteach do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Glacadh freisin le roinnt íocaíochtaí aonuaire do na daoine is mó a ndéanann praghsanna arda fuinnimh difear dóibh.**

²⁷⁰ Maidir leis na bearta seo, féach freisin [Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Choiste um Chosaint Shóisialta \(SPC\)](#).

Dhírigh roinnt Ballstát ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na bochtaineachta agus iad a chosc trí fheabhsuithe ar leordhóthanacht agus ar chumhdach na sochar ioncaim íosta agus an chúnaimh shóisialta. Ghlac an Laitvia athchóiriú ar ioncam íosta a chuimsigh le haghaidh 2023 agus 2024 méadú ar na haistrithe uile a bhaineann le hioncaim íosta agus a nascann tairseacha éagsúla na mbeart ioncaim íosta, na bpinsin agus na tacaíochta sóisialta amach anseo le hioncam airmheánach, rud a shamhlaíonn innéacsú bliantúil. Thug **an Pholainn** agus **an Ungáir** bearta isteach a bhí spriocdhírithé ar aoisghrúpaí nó ar limistéir faoi leith. I gcomhréir lena hathchóiriú ar shochar ioncaim íosta, thug **an Bhulgáir** isteach leasuithe dlíthiúla ar an liúntas téimh chun na spriocghrúpaí a chuíchóiriú, agus chun an tairseach ioncaim agus cumhdach an liúntais a mhéadú. Mhéadaigh **an tSeicia** an ‘íosmhéid maireachtála’ agus ‘íosmhéid cothabhála’ thart ar 5 %, agus úsáidtear an dá cheann acu chun liúntais eile a ríomh.

Glacadh céimeanna i roinnt Ballstát chun ioncam íosta agus cúnamh sóisialta a nuachóiriú.

Thug **an Ghearmáin** isteach athchóiriú mór ar a soláthar ioncaim íosta leis an nGníomh um Shochar Saoránach (*Bürgergeld-Gesetz*). Rinneadh athchóiriú dá réir ar thacaíocht bhunúsach ioncaim do chuardaitheoirí poist. Lasmuigh de choigeartú na rátaí riachtanas caighdeánach (leibhéal sochair), is é is aidhm don Gníomh tacaíocht a sholáthar d'éilítitheoirí atá in ann obair a dhéanamh chun deiseanna nua a thapú. Spreagann an Gníomh forbairt scileanna, trí shochar leanúnach oideachais agus oiliúna (*Weiterbildungsgeld*), bónas sochair saoránach (*Bürgergeldbonus*), agus bónas buan oideachais agus oiliúna (*Weiterbildungsprämie*). Cuireadh deireadh leis an tosaíocht do shocrúchán poist i Leabhar II den Chód Sóisialta, rud a réitíonn an bealach do níos mó daoine dul i mbun oiliúna tosaigh agus leanúnaí. **San Fhionlainn**, tá de chúram ar Choiste Slándála Sóisialta na Parlaiminte, a bhfuil sainordú 7 mbliana aige (2020-2027), córas slándála sóisialta na Fionlainne a athchóiriú, rud a laghdóidh a chastacht. Leagtar amach i dtuarascáil eatramhach bealaí malartacha chun slándáil shóisialta agus tograí le haghaidh athchóirithe a eagrú, lena n-áirítear treoirilínte beartais le haghaidh táscairí agus uirlisí chun dul chun cinn a mheasúnú. **Sa Phortaingéil**, dhírigh iarrachtaí ar an gcóras leasa shóisialta a nuachóiriú agus a shimpliú agus ar an líon daoine a ghlacann le sochair a mhéadú tríd an 'Aistriú Digiteach Slándála Sóisialta'. Cé go bhfuil sé fós ag an réamhchéim, tá céimeanna glactha sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a athbhreithníodh le déanaí i dtreo sochar sóisialta aonair a bhunú, atá beartaithe teacht in ionad sraith sochar neamhranníocach. Leanann **an Spáinn** lena cuid iarrachtaí chun a hathchóiriú ar ioncam íosta a chur chun feidhme, go háirithe ag forbairt mol chun conairí lánpháirtithe a chruthú d'fhaighteoirí ioncaim íosta. Tar éis na tionscadail phíolótacha arna dtacú ag STA a thabhairt chun críche, déanfar measúnú ar chumhdach, éifeachtacht agus tosca ratha le meastóireacht. Thairis sin, ón 1 Eanáir 2023, is féidir le tairbhíthe ioncaim íosta tairbhiú de dhreasacht oibre: má fhaigheann siad post nó má mhéadaíonn siad a n-uaireanta oibre, ní laghdófar méid an tsochair ag an ráta céanna le méadú ar ioncam ón obair. Rinne **an Rómáin** athbhreithniú ar a cuid reachtaíochta maidir le hioncam íosta chun cúnamh sóisialta a fheabhsú. Is é is aidhm don athchóiriú bochtaineacht a laghdú, fostaíocht a spreagadh trí bhearta gníomhachaithe agus gnóthachtáil oideachais a mhéadú, agus an t-ualach riaracháin ar an lucht riaracháin agus ar na tairbhíthe a laghdú an tráth céanna. Sholáthair **an tSlóvaic** liúntas cobhsaíochta d'oibrithe cúraim sláinte agus d'fhostaithe eile sna saoráidí cosanta sóisialta le haghaidh leanaí.

Tá seirbhísí sóisialta athléimneacha fíor-riachtanach, mar atá léirithe ag an bpaindéim COVID-19. Ghlac **an Chipir** athchóiriú arb é is aidhm dó seirbhísí sóisialta a athstruchtúró agus a nuachóiriú chun freagairt go pras do riachtanais daoine leochaileacha. **Sa Laitvia**, leagann dearbhú an rialtais nua an cuspóir maidir le bascaed íosta seirbhísí sóisialta a thabhairt isteach a sholáthrófar ar bhonn éigeantach ar an leibhéal áitiúil. Ar an gcaoi chéanna, rithfidh **an Spáinn** faoina plean téarnaimh agus athléimneachta athchóiriú a ráthóidh punann íosta um sheirbhís choiteann agus caighdeán choiteanna do sholáthar seirbhísí sóisialta ar fud na tíre. Tá sé beartaithe ag **an mBulgáir** mapáil náisiúnta de sheirbhísí sóisialta a fhorbairt faoi dheireadh 2023, faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, a shainaithneoidh na bearnaí sa soláthar agus a chuideoidh le riachtanais infheistíochta a chinneadh.

In 2022-23, tugadh isteach roinnt athchóirithe i ndáil le córais sochar dífhostaíochta²⁷¹.

I bhfianaise na staide eacnamaíche neamhchinnte, chinn **an tSualainn** i mí an Mheithimh 2023 rochtain níos éasca ar shochair dhífhostaíochta a choinneáil ar bun, go háirithe maidir le tréimhse cháilitheach, stair fostaíochta agus rochtain fhéideartha d'fhiontraithe (i gcás go gcuirfí isteach arís agus arís eile ar ghníomhaíochtaí gnó). Ghlac **an Eastóin**, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, athchóiriú ar na sochair árachais dífhostaíochta i mí na Nollag 2022 a fhágann go bhfuil an tréimhse shochair ag brath ar an timthriall eacnamaíoch ó dheireadh mhí an Mheithimh 2023. Is é is aidhm dó sin cosaint shóisialta na ndaoine dífhostaithe a fheabhsú i ndálaí níos deacra sa mhargadh saothair, agus tacú le filleadh níos gasta ar phost nuair a thagann feabhas ar an scéal. **Sa Fhrainc**, laghdaigh an t-athchóiriú ar árachas dífhostaíochta a glacadh i mí na Nollag 2022 fad na sochar dífhostaíochta agus cuireadh deireadh leis an rochtain ar shochair dhífhostaíochta i gcás tréigean post. D'fhógair **an Fhionlainn** athchóiriú chun breis dreasachtaí oibre a sholáthar a mhéadóidh fad na hoibre roimhe seo agus a fhágfaidh go mbeidh méid na sochar ag brath ar thuilleamh roimhe seo agus laghdóidh an ráta athsholáthair le himeacht ama.

²⁷¹ Féach freisin an tuarascáil ón gCoimisiún ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta, [COM/2023/43 final](#), a glacadh i mí Eanáir 2023.

Bearta arna nglacadh ag roinnt Ballstát atá dírithe ar rochtain ar chosaint shóisialta a neartú do ghrúpaí sonracha, mar shampla daoine féinhostaithe. Sa Liotuáin, mhol an rialtas i mí an Mheithimh 2023, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, athchóiriú ar árachas dífhostaíochta chun fad na ranníocaíochtaí íosta riachtanacha a laghdú (ó 12 go 9 mí, le 30 mí anuas), chomh maith le daoine féinhostaithe a chur san áireamh. **Sa Spáinn**, bhunaigh athchóiriú Iúil 2022 córas ranníocaíochta nua do dhaoine féinhostaithe, agus chuir sé feabhas ar an gcosaint i gcás go gcuirfí deireadh le gníomhaíocht. Rialaigh an Spáinn freisin sochar nua d'oibrithe féinhostaithe a oibríonn in earnáil a ndéanann leagan as foirne ar bhonn sealadach den 'Sásra RED' timthriallach maidir le solúbthacht agus cobhsaíocht fostaíochta difear di. Ina theannta sin, thug an t-athchóiriú ar stádas ealaíontóirí sochair dhífhostaíochta speisialta isteach dóibh ó mhí Iúil 2023. I mí Mheán Fómhair 2023, thug **an tSeicia** roinnt athruithe isteach d'oibrithe faoi na 'comhaontuithe chun obair a dhéanamh' d'fhonn cothroime iomaíochta a bheith ann, go páirteach ar a laghad, leis na conarthaí fostaíochta clasaiceacha (tabhairt isteach saoire le pá agus pá breise le haghaidh an deiridh seachtaine, oícheanta nó laethanta saoire). **Sa Bheilg**, rinne rialacháin nua a formheasadh i mí na Nollag 2022 an dlí um chosaint shóisialta a oiriúnú do chás sonracha fostaíochta agus caidreamh saothair ealaíontóirí agus teicneoirí, rud a chruthaigh stádas nua 'd'oibrithe ealaíne'. Ina theannta sin, leathnaigh an 'sochar um shaothar ealaíne' nua (ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2022 ann) na catagóirí oibrithe ealaíne a chumhdaítear agus chuir sé feabhas ar a rochtain ar chineál speisialta sochar dífhostaíochta.

Éascaíodh rochtain ar shochair bhreiteachta trí bhearta éagsúla. In Éirinn, thug an Gníomh um Shaoire Breiteachta 2022 isteach ó mhí Eanáir 2023 ceart reachtúil chun pá breiteachta, ag soláthar an ceart d'fhostaithe (go háirithe iad siúd ar phá íseal agus gan teidlíocht do scéim chuideachta um phá breiteachta) chun tréimhse íosta shaoire le pá má éiríonn siad breoite nó má bhaineann gortú dóibh a fhágann nach bhfuil siad in ann obair a dhéanamh. Méadófar fad na saoire breiteachta íochta de réir a chéile i gcaitheamh na 3 bliana amach romhainn ionas nach gcuirfear ró-ualach airgeadais ar fhostóirí. Thug **an Spáinn** isteach trí chás neamh-cheirde mar fhoras nua le haghaidh saoire bhreiteachta i mí an Mheithimh 2023, gan gá le haon tréimhse íosta ranníocaíochta. Sheol **an Chipir**, mar chuid dá beartas chun cumarsáid na saoránach leis an gCóras Árachais Shóisialaigh (SIS) a dhigitiú agus a nuachóiriú, i mí Feabhra 2023 an t-ardán leictreonach chun iarratais ar shochair bhreiteachta a chur isteach.

Rinne roinnt Ballstát sochair theaghlaigh agus cúram leanaí a atreisiú, mar fhreagairt ar an gcostas maireachtála níos airde freisin. **San Ostair, leithdháileadh EUR 200 milliún san iomlán in aghaidh na bliana i bhfóirdheontais sainchuspóra ón rialtas feidearálach chuig na stáit feidearálacha sna scoilbhlianta 2022-23 go 2026-27 chun leathnú na seirbhísí bunoidreachais cúraim leanaí a chur chun cinn. **Sa Bhulgáir**, leathnaíodh na sochair rollaithe scoile de BGN 300 (EUR 154), a deonaíodh ar dtús do dhaltáí ag tosú ar ghráid 1 agus 8, chuig na daltaí a bhí ag tosú ar ghráid 2, 3, agus 4 freisin. **Sa Chipir**, déantar seirbhísí cúraim do leanaí suas le 4 bliana d’aois a fhóirdheonú trí íocaíochtaí díreacha chuig naíolanna. Féadfaidh an fóirdheontas suas le 80 % den chostas míosúil cúraim leanaí a shroicheadh, agus uasmhéid ag brath ar an leibhéal ioncaim. **Sa tSeicia**, deonaíodh liúntas aonuaire de CZK 5000 (EUR 200) do thuismitheoirí a bhfuil ioncam bliantúil níos lú ná CZK 1 mhilliún (EUR 40 000) acu. **San Eastóin**, ardaíodh na liúntais teaghlaigh do theaghlaigh ina bhfuil triúr leanaí nó níos mó. **Sa Ghearmáin**, ó mhí Eanáir 2023, socraíodh an sochar linbh ag EUR 250 in aghaidh an linbh in aghaidh na míosa, le méadú don chéad agus don dara leanbh agus méadú beagán níos ísle don tríú leanbh. Tugtar tacaíocht do theaghlaigh ar ioncam íseal le liúntais leanaí bhreise. **Sa Ghréig**, tairgeadh tacaíocht airgeadais do 50 cuideachta mheánmhéide agus 70 cuideachta mhór chun saoráidí cúraim leanaí a chruthú do leanaí idir 6 mhí agus 2.5 bliana. Mar chuid de chlár píolótach, dáiltear dearbháin ar thuismitheoirí a bhfuil leanaí suas le 2.5 bliain d’aois acu chun cuid de sheirbhísí cúraim leanaí a sholáthraíonn cúramóirí deimhnithe a chumhdach. In **Éirinn**, leithdháileadh EUR 121 mhilliún breise ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. **San Ísiltír**, níl an aisíocaíocht pháirteach agus ioncam-spleách ar chostais cúraim leanaí ag brath a thuilleadh ar an líon uaireanta iarbhair a oibríonn tuismitheoirí. **Sa Pholainn**, leithdháileadh gar do EUR 704 mhilliún de CSE+ agus 380 milliún de STA chun níos mó ná 100 000 áit nua cúram leanaí a chruthú idir 2022 agus 2029, lena n-áirítear iad siúd a cuireadh in oiriúint do riachtanais leanaí faoi mhíchumas nó a dteastaíonn cúram speisialta uathu. **Sa Phortaingéil**, tugadh isteach sochar Ráthaíochta Leanaí de réir tástála acmhainne, a íoctar sa bhreis ar an liúntas teaghlaigh. Tugadh cothrom le dáta méideanna an liúntais teaghlaigh freisin agus, ó mhí Eanáir 2023, tá leanaí a rugadh ón 1 Meán Fómhair 2021 (an dáta sin san áireamh) i dteideal freastal ar chúram leanaí saor in aisce. **Sa tSlóvaic**, méadaíodh an liúntas tuismitheora. Is féidir le tuismitheoirí fostaithe an liúntas sin a úsáid le haghaidh costais a bhaineann le cúram leanaí suas go dtí 3 bliana d’aois, nó suas go dtí 6 bliana d’aois i gcás riocht sláinte díobhálach fadtéarmach.**

Sa tSlóivéin, fuair faighteoirí cúnaimh airgeadais sóisialta agus tacaíochta ioncaim liúntas fuinnimh breise aonuaire, le méid ag brath ar mhéid an teaghlaigh, ag tosú ag EUR 200. Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair, i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2022, fuair teaghlaigh breisiú ar na sochair leanaí atá ann cheana, idir EUR 21 agus EUR 123. **Sa Spáinn**, leathnaíodh sochair chúraim leanaí EUR 100 in aghaidh na míosa in aghaidh an linbh faoi bhun 3 bliana d'aois chun mná a fhaigheann sochair dhífhostaíochta ranníocacha nó neamhranníocacha a chumhdach, chomh maith le máithreacha atá ag obair.

Ghlac na Ballstáit bearta i gcomhréir le Moladh 2021 ón gComhairle lena mbunaítear an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Cé go bhfuil roinnt Ballstát fós ag obair ar a bpleananna gníomhaíochta chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme, glacadh roinnt beart beartais arb é is aidhm dóibh, mar shampla, cuimsiú sóisialta leanaí leochaileacha a fheabhsú, mar shampla dí-institiúidiú cúraim mhalartaigh **sa Ghréig**, agus béilí scoile saor in aisce **sa Chróit** agus i **Lucsamburg**. **Sa Spáinn**, spreag cur chun feidhme na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí sraith athchóirithe níos leithne, agus tá 11 ghníomh reachtacha le glacadh idir 2021 agus 2023, lena n-áirítear, faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, nuachóiriú na seirbhísí sóisialta agus neartú an chórais oideachais d'fhonn oideachas ionchuimsitheach a áirithiú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá córas rialachais il-leibhéil bunaithe freisin le comhordaitheoirí ar an leibhéal réigiúnach chun an ráthaíocht a chur chun feidhme.

Ghlac roinnt Ballstát bearta chun a gcuid sochar míchumais nó tacaíocht airgeadais a neartú do theaghlaigh agus do chúramóirí ball teaghlaigh cleithiúnaí faoi mhíchumas. Thug roinnt tíortha isteach athruithe reachtacha a sholáthraíonn cosaint níos fearr agus tacaíocht airgeadais do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, e.g., trí chearta nua a sholáthar do thuismitheoirí linbh faoi mhíchumas (an **Fhrainc**), sochair nua do bhaill teaghlaigh atá ag tabhairt aire do ghaol faoi mhíchumas (an **tSlóvaic**), ag laghdú bacainní ar rochtain ar liúntais chúramóirí do dhaoine a chónaíonn le chéile, nó trí chreidmheasanna cánach do thuismitheoirí leanaí faoi mhíchumas (**Málta**). Tá **Málta** agus **an Chróit** ag forbairt scéimeanna do chúnamh pearsanta freisin leis an gcuspóir tacú le saol neamhspleách na ndaoine faoi mhíchumas agus feabhas a chur ar a rannpháirtíocht san oideachas, san fhostaíocht agus sa tsochaí. Tá tuilleadh infheistíochta á dhéanamh ag roinnt Ballstát i seirbhísí sóisialta agus cúram baile a fheabhsú chun tacú le daoine faoi mhíchumas leanúint ar aghaidh ag maireachtáil sa bhaile, lena n-áirítear i gcomhthéacs athchóirithe ar a gcórais chúraim fhadtéarmaigh (e.g. **an Bhulgáir**, **an tSlóivéin**).

Tá áit thábhachtach ag rochtain ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta ar an glár oibre polaitiúil, reachtach agus airgeadais i mórán Ballstát. Mar shampla, mar chuid dá PTA, chuir **an Laitvia** tús le forbairt na Straitéise Tithíochta Inacmhainne chun tacaíocht leordhóthanach a bhunú, lena n-áirítear do theaghlaigh leochaileacha, trí thithíocht shóisialta agus tithíocht chathrach ar cíós íseal. Ghlac **an Fhrainc** bearta sonracha um rialáil cíosa agus tá scéim liúntas curtha i bhfeidhm ag an **bPortaingéil** chun tacú le teaghlaigh cíosanna agus morgáistí a íoc (cuid de phacáiste dlí *Mais Habitação*), mar aon le bearta breise chun tionchar rátaí úis ar iasachtaí tithíochta atá ag ardú a mhaolú. Chinn **an Ghréig** díriú ar mhic léinn trí liúntas méadaithe do shochar tithíochta a sholáthar. Chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an mhéadaithe ar phraghas an fhuinnimh, d'fhorbair an **Iodáil** agus an **Laitvia** liúntais shonracha. Chun rochtain ar thithíocht agus inacmhainneacht tithíochta a éascú, thug **an Ghréig** clár cúnaimh iasachta agus tithíochta isteach sa chomhthéacs áitiúil, agus rinne **Málta** clár tacaíochta do cheannaitheoirí céaduaire a fhorbairt an tráth céanna. Glac **an Pholainn** bille maidir le comharchumainn tithíochta.

Glacadh bearta i ndáil le pinsin, arbh é is aidhm dóibh na córais a dhéanamh níos athléimní agus níos cothroime. Áiríodh orthu seo go háirithe tabhairt cothrom le dáta na bpinsean (**an Bhulgáir**), athbhreithniú a dhéanamh ar shásraí innéacsaithe na bpinsean (**an Eastóin** agus **an Iodáil**) agus rátaí fabhraithe le fócas ar rochtain ar bhunsochair sheanaoise a chur chun cinn, leibhéal na bpinsean íosta a mhéadú (**an Bheilg**, **an Chróit**, **an Laitvia**), chomh maith leis an ualach cánach a laghdú dóibh siúd ar phinsin ísle (**an Ghearmáin**, **Málta**, **an Eastóin**, **an Iodáil**). Mar chuid dá PTA, chinn **an Spáinn** méadú a dhéanamh de réir a chéile ar na bunanna ranníocaíochta pinsin uasta agus ar na pinsin uasta agus thug sí isteach conair fabhraithe nua do phinsin íosta agus neamh-ranníocacha, rud a méadóidh i gcomhréir le héabhlóid an phá íosta. Ina theannta sin, glacadh bearta éagsúla i mí an Mhárta 2023 chun an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú, lena n-áirítear cumhdach gairme níos fearr, agus an comhlánú i dtaca leis an mbearna phinsin idir na hinscní a mhéadú. Ar deireadh, le hathchóiriú na Spáinne in 2023 ar an gcóras pinsean soláthraítear cóir chomhionann idir oibrithe páirtaimseartha agus lánaimseartha agus iad ag ríomh na dtréimhsí ranníocaíochta le haghaidh incháilitheachta pinsin scoir; ina theannta sin, socraíodh go ndéanfaí na ranníocaíochtaí slándála sóisialta ó dhaoine féinfhostaithe a chomhionannú de réir a chéile le córas oibrithe ar thuarastal. Tugadh isteach méaduithe eisceachtúla pinsin agus tacaíocht do phinsin ísle **sa Fhrainc**, **sa Phortaingéil** agus **sa Danmhairg**, agus méadaíodh pinsin phoiblí **san Ísiltír** agus **sa Liotuáin**.

Maolaíodh an fhlaithiúlacht agus na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar phinsin marthanóirí **sa Chróit** agus i **Málta**, agus glacadh bearta chun feabhas a chur ar chás na ndaoine sin a raibh cumas oibre laghdaithe acu **sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin**, agus i **Málta. Sa Bheilg**, áiríodh le hathchóiriú Iúil 2023 tuismíocht, saoire a bhaineann le cúram, agus dífhostaíocht shealadach sna tréimhsí ranníocacha chun rochtain a fháil ar an bpinsean íosta. Socraíodh freisin méaduithe pinsin agus creidmheasanna ranníocaíochta do thógáil leanaí **sa tSeicia** agus i **Málta**. Ar deireadh, chinn **an Iodáil** go síneofaí go sealadach in 2023 an Réamhíocaíocht Pinsin Shóisialta (APE Sociale) dóibh siúd atá 63 bliana d'aois ar a laghad, nach bhfuil i dteideal pinsin, a bhfuil cúraimí troma déanta acu, nó atá faoi mhíchumas de 74 % ar a laghad, mar aon le daoine dífhostaithe a bhfuil a gcuid sochar dífhostaíochta ídithe acu, agus cúramóirí. Tháinig an méadú breise ar phinsin **sa tSlóvaic** i bhfeidhm ó mhí Iúil 2023, agus laghdaíodh an tráth céanna na critéir chun pinsean míchumais a dheonú agus méadaíodh an méid. Tháinig méadú ar phinsin íosta ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 go dtí leibhéal tosaigh 145 % den íosmhéid cothaithe (EUR 389.90).

Bhí na hathchóirithe a bhain leis an aois scoir agus saolta oibre níos faide spreagtha ag breithnithe inbhuanaitheachta agus leormhaithe fioscacha araon. Díríodh ar shaol oibre níos faide a chur chun cinn **sa Bheilg, sa tSeicia**, agus **san Fhionlainn**, agus obair a chomhcheangal le scor trí dhreasachtaí dearfacha agus solúbthachta níos mó, mar a rinneadh **sa Danmhairg, sa Ghearmáin** agus **sa Chróit**. Is beag beart a díríodh ar an aois scoir a ardú, mar a rinneadh **sa Fhrainc** agus **sa tSeicia**, agus chun luathscor a dhéanamh níos doichte sa tSeicia. Leis an athchóiriú pinsin a ritheadh in **Éirinn** i mí Mheán Fómhair 2022, soláthraíodh an fhéidearthacht oibriú go dtí 70 bliain d'aois i gcomaoin pinsin níos airde, agus aistriú céimnithe i gcaitheamh roinnt blianta chuig 'Cur Chuige maidir le Ranníocaíochtaí Iomlána', trína nascfar rátaí pinsin le ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh ar feadh shaol oibre an duine. Gheobhaidh cúramóirí fadtéarmacha aitheantas freisin sa chóras pinsin don am a chaith siad i mbun cúraim. Chuir **an Iodáil** síneadh breise le forálacha luathscor do dhaoine a bhfuil slite beatha fada nó stádais oibre shonracha acu, agus rinne sí critéir incháilitheachta níos doichte an tráth céanna.

Ar deireadh, d'éirigh an treocht i dtreo ról na scéimeanna pinsean cistithe a fheabhsú agus teidlíochtaí aonair a chothú níos suntasaí. I gcásanna áirithe, bhain sé seo le feabhas a chur ar chearta comhchoiteanna ar phinsin ghairme, mar a rinneadh **sa Danmhairg**, agus i gcásanna eile neartaíodh cearta an duine aonair, is é sin sna scéimeanna pinsin arna gcistiú go reachtúil.

San Ísiltír, go háirithe, ba é an aidhm a bhí ag an athchóiriú leathan i mí an Mheithimh 2023 an dara colún a dhéanamh níos trédhearcaí, níos cothroime, níos athléimní ó thaobh turraingí de, agus níos oiriúnaí do mhargadh saothair dinimiciúil. **Sa Rómáin**, glacadh bearta chun inbhuanaitheacht an dara colún a áirithiú. Faoi STA, ghlac **an tSlóvaic** athchóiriú pinsin in 2022, a nascann an aois scoir leis an ionchas saoil.

Ghlac na Ballstáit bearta chun comhtháthú cúraim príomhúil agus altrama a neartú, chomh maith le rochtain. I mí an Mheithimh 2022, ghlac **an Iodáil** dlí chun tacú le samhlacha agus caighdeán nua do chúram príomhúil. **Sa Liotuáin**, d'fhorpheas an Pharlaimint i mí Iúil 2022 athchóiriú ar líonra na n-institiúidí cúraim sláinte, arb é is aidhm dó lárionaid chúraim sláinte a chruthú chun cúram príomhúil a neartú. Rinne an tír na huaschostais neamh-in-aisíochta bhliantúla le haghaidh táirgí íocshláinte d'othair sheachtracha níos doichte freisin ó lár 2023. **San Ungáir**, is é is aidhm d'athchóiriú a glacadh i mí na Nollag 2022 tacú le cleachtais ghrúpa ildisciplíneacha. I mí an Mhárta 2023, rinne **an Chróit** a Gníomh um Chúram sláinte a leasú chun cleachtais chúraim chomhtháite a chothú, le fócas ar chúram príomhúil. **Sa Bheilg**, tá plan nua idir-fheidearálach ar chúram comhtháite ullmhaithe le haghaidh 2024, agus déantar foráil i 'socrú nua do Lia-Chleachtóirí Ginearálta agus do chleachtais lia-chleachtóirí' go bhforbrófar samhail nua maoinithe chun comhtháthú níos fearr a chothú i leith cleachtais chúraim. Chuir **an Rómáin** síneadh leis na seirbhísí atá cumhdaithe ag Lia-Chleachtóirí Ginearálta ar conradh poiblí le haghaidh 2023. Ar an gcuma chéanna, tá **an Phortaingéil** ag pleanáil Aonaid Sláinte Áitiúla nua a chruthú le linn 2023 chun comhtháthú cúraim a fheabhsú. Chuir sí deireadh freisin le formhór na muirear ar othair sa chóras sláinte náisiúnta poiblí ó mhí an Mheithimh 2022. I mí Eanáir 2023, ghlac **an tSlóvaic** Straitéis Ghinearálta um Chúram Othar Seachtrach chun cúram príomhúil a neartú. D'aontaigh **an tSlóivéin** i mí an Mheithimh 2023 le méadú suntasach ar acmhainní chun cúram sláinte a dhigitiú, agus tá coinne leis go gcuirfear borradh faoi chleachtais chúraim chomhtháite. Chuir **Éire** deireadh le muirir othar cónaitheach poiblí i mí Aibreáin 2023. Rinne an 2023 leasú ar a gníomh cúraim sláinte i mí na Samhna 2022 chun uas-amanna feithimh do chúram othar seachtrach neamh-phráinneach i gcúram príomhúil poiblí a laghdú.

Ghlac roinnt Ballstát bearta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair i gcúram sláinte agus a áirithiú go gcoimeádtar foireann sláinte, agus chun rialachas san earnáil a fheabhsú. Ghlac **Málta** creat oibre straitéiseach níos leithne maidir le lucht saothair sláinte go déanach in 2022, agus ghlac an **Rómáin** creat reachtach faoina straitéis náisiúnta in 2023. Sheol **Lucsamburg** feachtas i mí na Nollag 2022 chun mic léinn nua a mhealladh chuig gairmeacha leighis agus ghlac sé bearta chun oideachas altranais a nuachóiriú. Ghlac **an Fhrainc** dlí nua i mí Aibreáin 2023, d'fhonn gairm na n-altraí cleachtais a chur chun cinn trí chúraimí a roinnt. Faoin leasú ar a Gníomh um Chúram Sláinte (d'Aibreán 2023), ba é an aidhm a bhí ag an **gCróit** bainistíocht ospidéal ginearálta a neartú trí úinéireacht a aistriú ón leibhéal bardasach go dtí an stát. I mí na Nollag 2022, ghlac an **Ungáir** bearta chun an córas sláinte a atheagrú agus chun rialachas a lárú le haghaidh feidhmeanna mar shampla cúram príomhúil agus comhtháthú le cúram fadtéarmach. Ghlac **an Fhionlainn** athchóiriú a cuireadh chun feidhme ó mhí Eanáir 2023 chun cúram sláinte príomhúil agus speisialaithe a atheagrú trí 22 Chontae um Sheirbhísí Folláine a chruthú. Lean **an tSualainn**, le tacaíocht ó STA, lena tionscnamh um Chúram do Dhaoine Scothaosta chun foireann altranais agus bainistíochta a oiliúint i gcúram seandaoine agus chosain sí an teideal d'altra cúnta chun an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí. Ghlac **an tSlóivéin** athruithe reachtacha a chumasaíonn fostaíocht níos tapúla náisiúnaigh tríú tír i gcúram sláinte, i gcúram sóisialta agus san oideachas. **Sa Ghearmáin**, tabharfar isteach liúntais le haghaidh staidéir altranais ó 2024 agus déanfar an oiliúint ghairmiúil a nuachóiriú a thuilleadh.

Glacadh céimeanna chun sláinte an phobail a chothú, go háirithe trí ghalair a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, agus cuireadh dlús leis an ngníomhaíocht i réimsí teiripeacha sonracha , go háirithe ailse agus meabhairshláinte. Ghlac **an Fhrainc** a Straitéis Náisiúnta um Chosc 2023-27, arb é is aidhm di rochtain ar chúram coisctheach a fheabhsú. I mí Lúnasa 2022, ghlac **an Spáinn** straitéis sláinte poiblí nua mar uirlis chun gach beartas poiblí a spreagadh chun sláinte agus cothromas sláinte a chur san áireamh. D’fhormheas **an tSlóvaic** Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Rialú Tobac le haghaidh 2023-30. Ghlac **an Rómáin** Plean Náisiúnta chun an Ailse a Chomhrac i mí na Samhna 2022 chun cur chuige comhtháite agus ildisciplíneach i leith cóireála a chur chun feidhme, ó 2023, agus ghlac **an Iodáil** a Plean Oinceolaíochta náisiúnta 2023-27, go háirithe chun an Chlárlann Náisiúnta Ailse agus an Líonra Clárlainne Ailse Réigiúnach a thabhairt i gcrích, agus ghlac **an Bhulgáir** i mí Eanáir 2023 plean náisiúnta chun ailse a chomhrac. Ghlac **an Fhrainc**, ó mhí Mheán Fómhair 2022, bearta chun rochtain ar chúram síciatrach a fheabhsú, agus rinne **an Spáinn**, ó lár na bliana 2022, a Straitéis um Mheabhairshláinte 2022-26 a rolladh amach chun seirbhísí agus tacaíocht do theaghlaigh a fheabhsú agus samhail de chúram cuimsitheach agus pobail a chur chun cinn. **Sa Phortaingéil**, tá coinne leis go dtiocfaidh Dlí nua um Meabhairshláinte i bhfeidhm in 2023, ag atreisiú na n-athchóirithe a rinneadh le déanaí chun dí-institiúidiú a chothú. Ghlac **an Ghearmáin** Comhaontú na Seirbhíse Sláinte Poiblí don tréimhse 2021-26, darb aidhm feabhas a chur ar fhostaíocht, ar phróisis dhigiteacha agus ar struchtúir nua-aimseartha sa tseirbhís sláinte poiblí.

Tá roinnt Ballstát ag saothrú athchóirithe agus infheistíochtaí sa chúram fadtéarmach, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardcháilíochta inacmhainne. Áirítear orthu sin bearta chun feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Spáinn, san Iodáil, sa Liotuáin, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa tSlóivéin, a n-inacmhainneacht san Eastóin, san Iodáil agus sa tSlóivéin, a gcáilíocht san Eastóin, sa Spáinn, sa Liotuáin, agus sa tSlóivéin chomh maith le tacaíocht don lucht saothair sa Bhulgáir agus sa Liotuáin. Tá an Bhulgáir ag baint leas as CSE agus CSE+ chun cúram baile a leathnú, lena n-áirítear oiliúint foirne chun na críche sin. Tá an Eastóin ag leanúint le hathchóiriú chun íocaíochtaí neamh-in-aisíochta i gcúram ginearálta a laghdú, seirbhísí leasa shóisialaigh a leathnú chun maireachtáil neamhspleách sa bhaile a chumasú agus tá caighdeán cháilíochta le haghaidh cúram baile agus cúram ginearálta bunaithe aici. Tá an Spáinn ag baint leas as cistiú STA chun inrochtaineacht chúraim do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú, dí-institiúidiú a phíolótú, teileachúram a fhorbairt, agus tá sí ag ullmhú chun an bonneagar cúraim a uasghrádú i gcomhréir le samhail chúraim fhadtéarmaigh atá dírithe ar chúram pobalbhunaithe. Bhunaigh an Iodáil plan chun an leibhéal íosta seirbhísí sóisialta a shainmhíniú do dhaoine scothaosta nach bhfuil neamhthuilleamaíoch agus bhunaigh sí ciste chun infheistíocht a dhéanamh i maireachtáil neamhspleách agus i bhfostú pearsanra seirbhíse sóisialta chun na pointí rochtana uathúla a chur chun feidhme. Tá an Liotuáin ag ullmhú samhail nua um chúram fadtéarmach chun an socrú riaracháin agus airgeadais a chuíchóiriú, ceanglais íosta a bhunú do sholáthraithe cúraim fhadtéarmaigh, cúram pobalbhunaithe a leathnú agus tá sé beartaithe aici STA agus Cistí Comhtháthaithe an Aontais a úsáid le haghaidh forbairt acmhainne agus chun feabhas a chur ar acmhainní daonna agus bonneagar i gcomhair cúram fadtéarmach. Ghlac an Rómáin an Straitéis Náisiúnta ar Chúram Fadtéarmach agus ar Aosú Gníomhach 2023-30, lena n-áirítear bearta chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le cúram leighis i dtaca le cúram fadtéarmach agus chun cúram pobalbhunaithe do dhaoine scothaosta a fheabhsú. Tá an tSlóivéin ag obair ar athchóiriú nua arb é is aidhm dó roghanna cúraim neamhchónaithe a leathnú, caighdeán cháilíochta a bhunú agus inmharthanacht airgeadais an chórais chúraim fhadtéarmaigh a fheabhsú trí chúram fadtéarmach a bhunú mar cholún nua den tslándáil shóisialta.

CAIBIDIL 3. ANAILÍS TÍRE CHÉAD CHÉIME

Cuireann an chaibidil seo i láthair na figiúirí tíre mar chuid den anailís tíre chéad chéime, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a dhéantar cur síos orthu sna Príomhtheachtaireachtaí EMCO-SPC agus an Tuarascáil ón Meitheal EMCO-SPC gaolmhara²⁷², ag tacú freisin le príomhthorthaí cothrománacha a chuirtear i láthair i roinn 1.5 de Chaibidil 1. Ba cheart breathnú air sin mar phíolóta a ndéanfar measúnú air. Cé go mbraitheann gach comhad ar léamha an Scórchláir Shóisialta agus ar na catagóirí JER mar a thuairiscítear sa Bhosca i Roinn 1.5 agus in Iarscríbhinn 6, braitheann a struchtúr ar an gcás tírshonrach: tá ord na dtrí réimse beartais a chumhdaítear sna comhaid (fostaíocht; oideachas agus scileanna; cosaint shóisialta agus cuimsiú) treoraithe ag na forbairtí sa tír lena mbaineann, mar atá ag teacht chun cinn ó na táblaí Scórchláir Shóisialta in Iarscríbhinn 9. Ar an gcaoi chéanna, léiríonn an graf do gach tír an cheist is ábhartha nó príomhfhorbairt don tír atá i gceist.

Tá an anailís tíre chéad chéime bunaithe ar thacar iomlán phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta. Déantar grinnscrúdú ar gach ceann de na táscairí²⁷³ bunaithe ar mhodheolaíocht JER, lena gcinntear seasamh coibhneasta na mBallstát. Sloinntear an seasamh coibhneasta sin i dtéarmaí diallta caighdeánacha ó mheán dhearbh-leibhéal luach an táscaire agus an athraithe a thagann air i gcomparáid leis an mbliain roimhe chomh maith (féach Iarscríbhinn 4 chun mionsonraí níos teicniúla a fháil). Déantar achoimre ar na torthaí i gceann amháin de sheacht gcatagóir fhéideartha le haghaidh gach táscaire don tír atá i gceist ('an gníomhaí is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'ar an meán', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cás criticiúil'). Comhfhreagraíonn sé sin do scála na ndathanna, ó ghlas go dearg. Is féidir teacht ar fhorbhreathnú gairid ar na táscairí agus ar a rátáil do gach Ballstát sna táblaí in Iarscríbhinn 9.

²⁷² Bunaíodh Meitheal thiomnaithe chomhpháirteach EMCO-Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) chun an tionscnamh a phlé agus rinne sé obair ó mí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Bealtaine 2023. Bhain EMCO agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) leas as sin, agus d'ullmhaigh siad an plé aireachta ag cruinniú EPSCO i mí an Mheithimh 2023. Déantar an obair agus a cuid torthaí a dhoiciméadú sna Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach agus sa Tuarascáil gaolmhar ón Meitheal chomhpháirteach EMCO-SPC.

²⁷³ Le haghaidh sonraí teicniúla maidir le táscaire ceannlíne na bearna fostaíochta faoi mhíchumas bunaithe ar choincheap GALI, féach Iarscríbhinn 2.

Déantar measúnú ar gach príomhtháscaire den Scórchlár Sóisialta leis an modheolaíocht a mhínítear thuas, chun a shainaithint an bhfuil gá le tuilleadh anailíse mar dhara céim.

Tagraíonn an cáiliú mar ‘cás criticiúil’ do na Ballstáit a bhaineann scóir amach atá i bhfad níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonrach agus a bhfuil an cas ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas leordhóthanach ag teacht air i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

Marcáiltear cas mar ‘le breathnú air’ in dhá chás: (a) nuair a bhaineann an Ballstát scór amach atá níos measa ná meánscór an Aontais i dtaca le táscaire sonrach agus inarb amhlaidh go bhfuil an cas sa tír ag meathlú ina leith nó mura bhfuil feabhas sách tapa ag teacht air agus (b) nuair a bhíonn an scór i dtéarmaí na leibhéil i gcomhréir le meánleibhéal an Aontais ach inarb amhlaidh go bhfuil an cas ag meathlú ina leith i bhfad níos tapúla ná meánleibhéal an Aontais.

Meastar go bhfuil údar le tuilleadh anailíse i ndara céim i gcás na mBallstát lena luaitear sé phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta nó níos mó mar chásanna dearga (‘cás criticiúil’) nó flannbhuí (‘le breathnú orthu’). Cúis bhreise chun a mheas nach mór tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcás, bíonn sí i gceist nuair a chuirtear i láthair le táscaire dearg nó flannbhuí dhá mheathlú as a chéile ina chatagóirí JER. Sampla is ea athrú ó ‘ar an meán’ go ‘lag ach ag feabhsú’ in eagrán JER 2023, agus ina dhiaidh sin tháinig meath breise go ‘cás criticiúil’ in eagrán 2024). D’áireofaí é sin mar ‘bhratach’ bhreise i dtreo íostairseach na sé bhratach ar an iomlán le haghaidh na gcatagóirí. Mar shampla, más amhlaidh i mbliain ar leith n go bhfuil bratach dearg nó flannbhuí le 5 phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta ag tír, agus má chuirtear 2 bhliain as a chéile de mheathluithe i láthair i gcás 1 tír amháin i mblianta n agus n-1, meastar go bhfuil 6 bhratach ar an bhforiomlán ag an tír sa bhliain sin n (5 chomhartha dhearga/flannbhuí ó na táscairí sa bhliain ar leith + 1 de na tíortha sin ag a bhfuil dhá mheathlú as a chéile). Dá thoradh sin, bheadh sé riachtanach tuilleadh anailíse a dhéanamh air chomh maith. Cuirtear aon bhriseadh sa tsraith agus saincheisteanna i ndáil le cáilíocht sonraí agus léirmhíniú san áireamh sa mheastóireacht ar an líon iomlán bratach i dtreo na tairsí.


An Bheilg

Théarnaigh an margadh saothair sa Bheilg go tapa ó ghéarchéim COVID-19 ach leanann sé de bheith ag feidhmiú faoi bhun an mheáin. Tá na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmacha ‘ar an meán’.

Cé go bhfuil an ráta fostaíochta ag fás a bheag nó a mhór i gcomhréir le meán an Aontais ó bhí 2017 ann go dtí an leibhéal is airde riamh de 71,9 %, tá sé fós chun deiridh ar Bhallstáit eile agus tá sé ‘le breathnú’ le 3 bliana as a chéile. Is é is cúis leis sin go príomha ráta gníomhaíochta níos ísle ná an meán sa Bheilg. Cé go bhfuil an bhearna fostaíochta idir na hinscní ‘ar an meán’, ag

7.6 pointe céatadáin, tá dúshlán leanúnacha roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar an margadh saothair, rud

atá taifeadta mar ‘chás criticiúil’ le 3 bliana anuas. Tháinig ardú seasta ar bhearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas idir 2018 agus 2021 (ó 32 phointe céatadáin go 38 bpointe céatadáin) agus, d’ainneoin gur laghdaigh sí go 35.3 pointe céatadáin in 2022, tá an Bheilg fós ar cheann de na Ballstáit is measa feidhmíocht i ndáil leis seo (i gcomparáid le meán an Aontais de 21.4 pointe céatadáin). Ar deireadh, níor choinnigh an fás ar ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita suas le meán an Aontais agus tá sé ‘le breathnú’ fós.



Tabhair faoi deara: Briseadh san amshraith le haghaidh BE in 2017.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], EU LFS [[tepsr_sp200](#)], EU-SILC

Feidhmíonn an Bheilg beagán níos fearr ná an meán i réimse an oideachais agus na scileanna. Agus níos mó ná leath (52,7 %) de na leanaí ar fad faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil, feidhmíonn an Bheilg 'níos fearr ná an meán'. Thairis sin, tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint sách íseal (6,4 %) agus 'níos fearr ná an meán', tar éis feabhsú ón mbliain roimhe sin, agus tá sciar na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) 'ar an meán', ag 9,2 %. Tá cion an daonra a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha acu, a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha, 'ar an meán' freisin ag 54,2 % (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas).


Go ginearálta, bíonn beartais shóisialta éifeachtach chun rioscaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a chosc agus a mhaolú chomh maith le neamhionannais ioncaim. Tá laghdú tagtha ar sciartha an daonra iomlán agus na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó bhí 2017 ann agus tá siad i gcomhréir le meáin an Aontais go ginearálta. Thairis sin, is 'gníomhaí is fearr' í an Bheilg in dhá ghné bhreise sa réimse sóisialta: tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta atá i bhfad os cionn mheán an Aontais (48,8 % i gcomparáid le 35,3 % in 2022); agus na leibhéil ísle neamhionannais, arna dtomhas ag an gcóimheas idir cúigilí ioncaim. Tá an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, agus níor thuairiscigh ach 1 % de dhaonra na Beilge go raibh siad ina leithéid de chás in 2022, 'níos fearr ná an meán'.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an mBeilg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Bhulgáir

Tá dúshlán shuntasacha roimh an mBulgáir maidir le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta.

D’ainneoin na laghduithe le déanaí, tá sciar foriomlán na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) ag 32,2 % agus tá sé ar cheann de na sciatha is airde san Aontas (is é 21,6 % meán an Aontais), ag léiriú ‘cás criticiúil’. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú 0,9 pointe céatadán ar ráta AROPE do leanaí idir 2021 agus 2022 agus bhí sé ag 33,9 % in 2022 (i bhfad os cionn mheán an Aontais de 24,7 %) agus tá sé ‘criticiúil’ freisin. Tá rioscaí bochtaineachta ard go maith do dhaoine faoi mhíchumas, dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i limistéir thuaithe agus iargúlta, agus do dhaoine na Romach. Sa chomhthéacs seo, bhí tionchar teoranta ag aistriú sóisialta (gan pinsin a áireamh) sa Bhulgáir, rud a laghdaigh bochtaineacht faoi 24,4 % amháin



Foinse: Eurostat [[ilc_peps13n](#)], EU-SILC.

(i gcomparáid le 35,3 % san Aontas), tír atá ‘le breathnú uirthi’. Thairis sin, tá an leibhéal neamhionannais, arna thomhas ag an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, i measc na leibhéil is airde san Aontas (7.3 in aghaidh 4.7 san Aontas) agus ‘criticiúil’, d’ainneoin laghduithe beaga le 3 bliana anuas. Rinneadh an staid níos measa mar gheall ar an iliomad daoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh a bhfuil ró-ualach costais tithíochta orthu (15,1 % den daonra foriomlán), rud atá ‘criticiúil’ freisin.


D’ainneoin feabhsuithe le déanaí, tá dúshlán a bhaineann le foirmiú scileanna fós le sárú ag an mBulgáir. Tá sciar na ndaoine fásta a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha acu fós íseal (31,2 % i gcomparáid le 53,9 % san Aontas in 2021) agus is ‘cás criticiúil’ é mar sin. Is cosúil go bhfuil sé tábhachtach éadail scileanna daoine fásta a neartú, lena n-áirítear sa réimse digiteach, chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. An tráth céanna, tháinig laghdú ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus faoi láthair tá sé ag 10,5 %, os cionn ach gar do mheán an Aontais de 9,6 %. Mar sin féin, tá sé ard go maith fós i limistéir thuaithe (19,1 %). Ar deireadh, ní raibh an sciar de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ach 17,4 % in 2022 (i gcomparáid le 35,7 % san Aontas). Mar aon le dúshlán maidir le cáilíocht an tsoláthair chúraim leanaí, tá an ráta íseal seo ‘le breathnú’, toisc go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d’ionchais foghlama fadtéarmacha leanaí.

Tháinig feabhas ar mhargadh saothair na Bulgáire le déanaí, ach tá dúshlán fós ann go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas agus don óige. Tá téarnamh láidir sa mhargadh saothair léirithe ag an tír le ráta fostaíochta a bhí ard go stairiúil (75,7 % in 2022) agus laghdú seasta ar an ráta dífhostaíochta (go 4,3 % sa bhliain chéanna). Tá an dífhostaíocht fhadtéarmach ar threocht anuas freisin, agus tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní ag cúngú (go 7,7 pointe céatadán in 2022 ó 8.4 pointe céatadán an bhliain roimhe). Mar sin féin, bhí bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas fós go suntasach os cionn mheán an Aontais in 2022 (29.5 pointe céatadán i gcomparáid le 21.4 pointe céatadán) agus dá bhrí sin tá sí ‘le breathnú’. Ina theannta sin, cé go bhfuil laghdú tagtha air le cúpla bliain anuas, bhí sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna) 15,1 % in 2022, fós os cionn mheán an Aontais (11,7 %), rud as a d’eascair toradh atá ‘lag ach ag feabhsú’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 8 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an mBulgáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An tSeicia

Théarnaigh geilleagar na Seicia ó COVID-19 agus na géarchéimeanna fuinnimh ag luas measartha, ach tá torthaí dearfacha foriomlána mhargadh an tsaothair cúpláilte le ganntanais lucht saothair mhéadaitheacha agus coinníollacha níos deacra do ghrúpaí áirithe, go háirithe mná. In 2022, tá an tSeicia i measc na ngníomhaithe is fearr maidir leis na rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta (81,3 % agus 2,2 %, faoi seach). Tá an ráta íseal dífhostaíochta fadtéarmaí (0,6 % in 2022) ‘níos fearr ná an meán’ freisin. Mar sin féin, tá ráta fostaíochta na mban fós i bhfad níos ísle ná ráta na bhfear (bearna de 14,9 pointe céatadán in 2022), rud a léiríonn ‘cás criticiúil’. Cé gur tháinig feabhas 1,9 pointe céatadán ar ráta rannpháirtíochta leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil (6,8 % in 2022) i gcomparáid le 2021, tá sé fós i bhfad faoi mheán an Aontais (35,9 %). Léiríonn sé seo ‘cás criticiúil’ leanúnach a d’fhéadfadh, mar aon le dúshlán i dtéarmaí cháilíocht an tsoláthair chúraim leanaí, a bheith díobhálach d’ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus a d’fhéadfadh a bheith ina thoisce freisin do rannpháirtíocht níos ísle na mban sa mhargadh saothair. Ba é 11,4 % sciar na ndaoine óga nach raibh fostaíthe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) in 2022, rud atá ‘le breathnú’²⁷⁴. Leanann bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas, ag 22.7 pointe céatadán in 2022, de bheith ‘ar an meán’. Trí neartú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban agus na hóige sa mhargadh saothair, d’fhéadfaí cuidiú le ganntanais lucht saothair a mhaolú.



Tá feidhmíocht na Seicia i ndáil le scileanna ‘ar an meán’, ach tá deis ann chun tacú le cumas nuálaíochta níos fearr agus chun na haistrithe glasa agus digiteacha a éascú. Tháinig feabhas ar an ráta luathfhágálaithe ó oideachas agus oiliúint go dtí ‘níos fearr ná an meán’ in 2022. In 2021, bhí sciar na ndaoine fásta a raibh bunscoileanna digiteacha acu ar a laghad ‘ar an meán’ ag 59,7 %, i gcomparáid le 53,9 % san Aontas. Is féidir le foghlaim aosach agus forbairt scileanna a chur chun cinn, go háirithe maidir le scileanna digiteacha, cuidiú le tacú le treochtaí reatha i dtreo uathobriú tionsclaíoch agus róbataithe.

²⁷⁴ Briseadh san amshraith in 2021 agus 2022.

Tá córas cosanta sóisialta a fheidhmíonn go maith ag an tSeicia, rud a chruthaíonn go bhfuil sé éifeachtach chun rioscaí bochtaineachta agus neamhionannais a mhaolú. Ba é 11,8 % an riosca foriomlán bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2022, an riosca ab ísle san Aontas, rud a fhágann gurb í an tSeicia an ‘gníomhaí is fearr’, d’ainneoin méadú 1 phointe céatadáin in 2022. Leanann an staid de bheith cobhsaí a bheag nó a mhór le haghaidh leanaí. Léiríonn an tSeicia feidhmíocht shuntasach maidir leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim (3.5 in 2022). Laghdaigh fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh in aghaidh an duine (GDHI) ó 125.8 in 2021 go 121.2 in 2022 agus tá sé ‘le breathnú’. Mhéadaigh an ró-ualach foriomlán costais tithíochta beagán go 6,9 % in 2022, ag leanúint de bheith ‘ar an meán’. Mar sin féin, tá gá le dlúthfhaireachán ar inacmhainneacht tithíochta i gcathracha na Seicia le ráta ró-ualaithe costais tithíochta níos airde (10,6 %) in 2022 (ardú 0,3 pointe céatadáin i gcomparáid le 2021) i gcomparáid le limistéir thuaithe (4,0 %). Tá an tSeicia ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an ngá atá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú. Mar sin féin, cuireann aosú tapa an daonra brú ar na córais chúraim sláinte agus chúraim fhadtéarmaigh, rud a iarrann go ndéanfaí dlúthfhaireachán orthu.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSeicia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Danmhairg

Théarnaigh an margadh saothair sa Danmhairg go tapa ó ghéarchéim COVID-19 agus tá sé fós athléimneach d’ainneoin moilliú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in 2023 agus ganntanais mhéadaitheacha. Taifeadadh go

bhfuil dea-fheidhmíocht fhoriomlán ann sa réimse ‘dálaí córa oibre’. Tá na rátaí arda fostaíochta agus rátaí ísle dífhostaíochta in 2022, ag 80,1 % agus 4,5 % faoi seach, ‘níos fearr ná an meán’. Is ‘gníomhaí is fearr’ í an Danmhairg maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (a léiríonn laghdú ó 1 % in 2021 go 0,5 % in 2022). Mar sin féin, tá ganntanais lucht saothair ag an tír in earnálacha éagsúla, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an ngeilleagar glas agus digiteach. Maidir le cuideachtaí, is é 29 % an ráta earcaíochta neamhrathúla a bhí ann idir mí Feabhra 2021

agus 2022²⁷⁵. Maidir le grúpaí sonracha daonra, tá staid na ndaoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht ná in oideachas agus oiliúint (NEET) ‘níos fearr ná an meán’, cosúil leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní, a thit go suntasach in 2022 go 5,4 pointe céatadáin. D’ainneoin méadú 2 phointe céatadáin go 9,9 pointe céatadáin in 2022, is í an ‘gníomhaí is fearr’ fós í an Danmhairg maidir le bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas.



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], EU LFS.

²⁷⁵ Gníomhaireacht na Danmhairge um an Margadh Saothair agus Earcaíocht (Meitheamh 2022), [Recruitment Survey Report](#) [Tuarascáil ar an Suirbhé Earcaíochta]


Go ginearálta, tá feidhmíocht láidir ag an Danmhairg i réimse an oideachais agus na scileanna ach tá méadú ag teacht i gcónaí ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint. Cé go raibh laghdú ag teacht ar an sciar sin i roinnt Ballstát, d'ardaigh sé sa Danmhairg go 10 % in 2022, rud a bhí beagán níos airde ná meán an Aontais de 9,6 % agus atá 'le breathnú' anois. Is gá aird a thabhairt air sin i bhfianaise margadh saothair daingean agus ganntanais oibrithe oilte. Ar an taobh dearfach, tá an Danmhairg ar cheann de na 'gníomhaithe is fearr' maidir le sciar na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil agus sciar na ndaoine fásta a bhfuil ar a laghad bunscileanna digiteacha acu, rud a thacaíonn le haistrithe cothroma glasa agus digiteacha.

Tá córas cosanta sóisialta a fheidhmíonn go han-mhaith ag an Danmhairg, ach is dúshlán i gcónaí iad costais tithíochta. Sa réimse 'cosaint shóisialta agus cuimsiú', tá an Danmhairg 'níos fearr ná an meán' nó an gníomhaí is fearr, lena n-áirítear i ndáil le riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar an bhforiomlán agus le haghaidh leanaí chomh maith agus tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta. Mar sin féin, ag 14,7 %, meastar go bhfuil an sciar mór de theaghlaigh a bhfuil ró-ualach costais tithíochta orthu le 3 bliana anuas 'criticiúil' in 2022, rud a léiríonn an soláthar teoranta de thithíocht inacmhainne i gcathracha móra.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 2 tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Danmhairg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Ghearmáin

Tá dúshlán roimh an nGearmáin i réimse an oideachais agus na scileanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu go háirithe i bhfianaise na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Bhí sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (18-24 bliana d'aois) ard ag 12,2 % in 2022 (i gcomparáid le 12,5 % in 2021 agus 9,6 % san Aontas), rud a léirigh ‘cás criticiúil’ le 2 bhliain anuas. Ina theannta sin, bhí an sciar den daonra a raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad acu ag 48,9 % in 2021 (i gcomparáid le meán an Aontais de 53,9 %) agus meastar go bhfuil sé ‘le breathnú’. Bhí an bhearna le meán an Aontais i bhfad níos mó don chohórt níos óige (16-24 bliana d'aois), is é sin 13,5 pointe céatadán.



Foinse: Eurostat, [tepsr_sp410].

Théarnaigh margadh saothair na Gearmáine tar éis na géarchéime COVID-19 agus feidhmíonn sé go maith ar an bhforiomlán, cé go bhfuil fostaíocht pháirtaimseartha na mban fós an-ard agus go bhfuil a rátaí rannpháirtíochta in oideachas agus cúram na luath-óige measartha íseal. Ar an bhforiomlán, tá forbairtí sa réimse ‘dálaí córa oibre’ dearfach don Ghearmáin. Tá an ráta fostaíochta ard, ag 80,7 % in 2022, agus tá sé ag méadú i gcónaí, cé go bhfuil sé ag luas níos moille. Shroich an ráta foriomlán dífhostaíochta agus a chomhpháirt fhadtéarmach íospointí nua (3,1 % agus 1,0 % faoi seach), agus ba í an Ghearmáin ‘an gníomhaí is fearr’ den tríú bliain as a chéile mar gheall ar an gcéad cheann. I gcomhréir leis na treochtaí dearfacha ginearálta sin, tháinig laghdú freisin ar sciar na ndaoine óga nach raibh i bhfostaíocht ná in oideachas agus oiliúint (NEETanna) ó 9,5 % in 2021 go 8,6 % in 2022 agus is feidhmíocht ‘níos fearr ná an meán’ í mar sin.

Baineann an rud céanna le bearna fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas a laghdaigh ó 30,5 pointe céatadán in 2021 go 24 phointe céatadán in 2022. Ar an taobh eile, cé gur fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní ‘ar an meán’ ag thart ar 7 bpointe céatadán in 2022, bhí an bhearna idir na hinscní san fhostaíocht pháirtaimseartha fós ar cheann de na cinn is airde san Aontas, ag 36,7 pointe céatadán (i gcomparáid le 20,2 pointe céatadán san Aontas). D’fhéadfadh sé sin a bheith bainteach, i measc nithe eile, le dreasachtaí tríd an gcóras cánach agus le an sciar measartha íseal de leanaí faoi 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil (23,9 % in 2022 i gcomparáid le 35,7 % san Aontas) a mheastar, mar aon le dúshláin maidir le cáilíocht an tsoláthair chúraim leanaí, a bheith ‘le breathnú’. Ar deireadh, d’fhan an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh in aghaidh an duine (GDHI) cobhsaí a bheag nó a mhór (113,6 in 2022) agus tá sé marcáilte mar ‘ar an meán’ le 2 bhliain anuas.

Ó thaobh na gné sóisialta de, cruthaíonn an ró-ualach costais tithíochta dúshláin do roinnt mhaith teaghlach. Le 2 bhliain anuas, tá an ráta seo ag dul i méid agus meastar anois go bhfuil sé ‘le breathnú’ ag 11,8 % in 2022, i gcomparáid le 9,1 % san Aontas. Léiríonn sé seo go páirteach an gá nár riaradh le haghaidh tógálacha nua. Ar an taobh dearfach, tháinig laghdú breise ar an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ag tomhas feidhmíochta ar neamhionannais, in 2022, agus tá sé ‘níos fearr ná an meán’ anois. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta agus an sciar den daonra a thuairiscigh gá le cúram leighis nár riaradh ‘níos fearr ná an meán’, agus tá na sciartha den daonra foriomlán agus de leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, 20,9 % agus 24 % faoi seach (21,6 % agus 24,7 % san Aontas), ‘ar an meán’.

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGearmáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).


An Eastóin

Tá dúshlán roimh an Eastóin i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe. Léiríonn roinnt táscairí Scórchláir Shóisialta sa réimse seo cásanna atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú’. Mhéadaigh sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiámh shóisialta (AROPE) faoi 3 phointe céatadáin go 25,2 % in 2022, os cionn mheán an Aontais

de 21,6 %, agus tá sé ‘le breathnú’ mar sin.

Thairis sin, tá rioscaí na bochtaineachta nó an eisiámh shóisialta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas i measc na gcinn is airde san Aontas (53,1 % ag 47,8 % i gcomparáid le 20,2 % agus 28,8 % san Aontas, faoi seach), ach tá an staid i measc leanaí ‘níos fearr ná an meán’. Sa chomhthéacs seo, is fiú a thabhairt faoi deara gur laghdaigh tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ó 31,7 % in 2020 go 28,1 % in 2022, atá

i bhfad faoi bhun mheán an Aontais de 35,3 % agus atá ‘le breathnú’ dá bhrí sin. Mhéadaigh neamhionannas, arna thomhas ag an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ó 5 in 2021 go 5,4 in 2022 (‘le breathnú’ freisin) i gcomparáid le meán an Aontais de 4,7 in 2022, rud a chuir isteach ar laghdú láidir agus seasta ó bhí 2014 ann. Tá ceann de na leibhéil is airde san Aontas ag an Eastóin i ndáil leis an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (9,1 % i gcomparáid le 2,2 % in 2022), rud atá ‘criticiúil’. Is dúshlán fós é rochtain ar chúram sláinte i gcomhthéacs ganntanais mhéadaitheacha foirne cúraim sláinte, íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha arda, agus daonra atá ag aosú go tapa.




I réimse an oideachais agus na scileanna, tá raon feidhme breise ag an Eastóin chun luathfhágáil na scoile a laghdú. Tháinig méadú 1 phointe céatadáin ar sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, ag sroicheadh 10,8 % in 2022, agus tá sé ‘le breathnú’ mar sin. Tá sé tábhachtach feabhas a chur ar an ngné seo chun príomhscileanna idirdhisciplíneacha agus príomhinniúlachtaí a thabhairt don lucht saothair amach anseo. Tá rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ‘níos fearr ná an meán’ tar éis méadú suntasach de 8 bpointe céatadáin ó 25,7 % in 2021 go 33,7 % in 2022 (35,7 % san Aontas). Tá cion an daonra a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha araon, ‘ar an meán’ ag 56,4 %.

Lean margadh saothair na hEastóine ag feidhmiú go láidir in 2022 agus 2023. Taispeántar forbairtí dearfacha i bhformhór de tháscairí an Scórchláir Shóisialta faoin réimse ‘dálaí córa oibre’. Shroich an ráta fostaíochta 81,9 % in 2022, agus laghdaigh an ráta dífhostaíochta ó 6,9 % in 2020 go 5,6 % in 2022, d’ainneoin moilliú ar an ngeilleagar sa dara cuid de 2022. Tá ceann de na bearnaí fostaíochta ab ísle idir na hinscní san Aontas ag an Eastóin, agus í ar cheann ‘de na gníomhaithe is fearr’ le 3 bliana anuas. D’fhan cion na ndaoine óga nach raibh fostaithe, ná in oideachas agus oiliúint (NEET) faoi bhun mheán an Aontais freisin agus tháinig laghdú ar an líon sin in 2022. An tráth céanna, tháinig méadú mór (faoi 7.5 pointe céatadáin) ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas i gcomparáid le 2021, ráta a bhí níos mó ná meán an Aontais den chéad uair in 2022 (26,2 % i gcomparáid le 21,4 % san Aontas), agus ‘is ceart breathnú orthu’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 6 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Eastóin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

Éire

Tá margadh saothair na hÉireann ag feidhmiú go maith, ach tá grúpaí leochaileacha go fóill ar gcúl. Bhí ráta fostaíochta na hÉireann níos airde ná riamh, ag 78,2 %, in 2022, agus shroich an ráta dífhostaíochta leibhéal nach raibh chomh híseal riamh cheana ag 4,5 %, rud atá ‘níos fearr ná an meán’. Tá an rud céanna fíor maidir leis an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí. Fós féin, ach gníomhachtú agus infhostaitheacht grúpaí faoi ghannionadaíocht a neartú, mar shampla daoine faoi mhíchumas, mná, tuismitheoirí aonair agus daoine ar bheagán oiliúna, is féidir leis na rudaí sin uile cuidiú chun freagairt do ghanntanais saothair agus scileanna. D’ainneoin gur tháinig feabhas ar chúrsaí faoi 2022, tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós leathan ag 37 bpointe céatadán in aghaidh mheán an Aontais de 21,4 pointe céatadán, rud a fhágann go bhfuil Éire i measc na dtíortha is measa feidhmíocht agus ‘cás criticiúil’ á léiriú ansin.



Foinse: Eurostat [hlth_dlm200], EU-SILC

Tá sé d’aidhm trí mhodhanna nua oibre agus le cás-oibrithe oilte an bhearna sin a laghdú. Bíonn sé de nós ag líon ard daoine faoi mhíchumas an scoil a fhágáil go luath agus ní ghnóthaíonn siad chomh maith i gcúrsaí oideachais. Cé gur tháinig méadú le roinnt blianta anuas ar an ráta fostaíochta i measc na mban, leathnaigh an bhearna fostaíochta go 11,3 pointe céatadán in 2022 (sular tháinig laghdú air go 9,8 pointe céatadán in Q2-2023), i ngeall ar an bhfás níos tapúla ar an ráta fostaíochta i gcás na bhfear, agus é ‘le breathnú’ anois. Ar an taobh eile, tá an cás ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an gcion de dhaoine óga nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET), ag 8,7 %, faoi bhun mheán an Aontais de 11,7 %.

Tá Éire ag feidhmiú go láidir maidir le hoideachas agus scileanna. Tá an tír i measc na ‘ngníomhaithe is fearr’ maidir leis an sciar de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, ag 3,7 %, fiú tar éis méadú éigin in 2022. Tá an cion de dhaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ar cheann de na rátaí is airde san Aontas, ag 70,5 % (i gcomparáid le meán an Aontais de 53,9 %), rud a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha.

D'éirigh le córas cosanta sóisialta na hÉireann na rioscaí bochtaineachta a mhaolú tríd is tríd, cé go bhfuil rioscaí níos mó os comhair roinnt grúpaí go fóill, agus tuairiscítear dúshlán maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige (ECEC). Fágann tionchar foriomlán na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta (ag 56,4 % i gcomparáid le 35,3 % san Aontas) go bhfuil Éire i measc 'na ngníomhaithe is fearr'. 'Ar an meán' atá rioscaí na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta go foriomlán agus do leanaí; bíonn rioscaí níos mó os comhair grúpaí leochaileacha mar sin féin, agus go háirithe tuismitheoirí aonair, taistealaithe, agus daoine faoi mhíchumas, chomh maith le daoine scothaosta (os cionn 65 bliana d'aois). Tá rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil fós 'le breathnú', d'ainneoin feabhas 4 phointe céatadáin go dtí 19,1 %. Bhí an costas maidir le cúram agus oideachas na luath-óige a rochtain ar cheann de na cinn is airde san Aontas d'fhormhór na gcineálacha teaghlaigh in 2022 agus bhí sé ar an bpríomhchúis a bhí leis sin, ach tá sé ag dul i laghad le déanaí. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag iarrachtaí leanúnacha maidir le hinrochtaineacht agus inacmhainneacht an chúraim leanaí a fheabhsú ar rannpháirtíocht, agus ar fhostaíocht na mban freisin. Ar deireadh, tá an cion de na teaghlaigh a bhfuil ualach rómhór ag costais tithíochta orthu 'níos fearr ná an meán', mar sin féin, ní leor an soláthar tithíochta. Rud atá ríthábhachtach go háirithe is ea an easpa tithíochta shóisialta agus inacmhainneacht íseal, rud as ar tháinig easpa dídine níos airde ná riamh cheana. Tá Éire ag tabhairt aghaidh ar an tsaincheist sin le hathchóirithe rialála agus infheistíochtaí poiblí láidre san earnáil tithíochta.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe na 3 tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu'. **Níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Éirinn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Ghréig

Tháinig feabhas ar mhargadh saothair na Gréige agus léirigh sí a hathléimneach a bhí le linn ghéarchéim COVID-19 agus na ngéarchéimeanna fuinnimh, cé go bhfuil dúshlán mhóra fós le sárú ag an tír. Sa Ghréig, bhí 66,3 % den daonra oibre foriomlán fostaithe in 2022, atá 8 bpointe céatadáin níos airde ná in 2020, cé go bhfuil sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais de 74,6 %, ag léiriú gur ann do dhúshlán infhostaitheachta i measc grúpaí áirithe den daonra. Taispeánann an Scórchlár Sóisialta ‘cásanna criticiúla’ don óige agus do mhná araon. Cé gur tháinig laghdú 3,2 pointe céatadáin ar chion na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna ó 2020 go 2022, tá sé fós ard (15,3 % in 2022 i gcomparáid le 11,7 % san Aontas). D’ainneoin gur tháinig méadú 7,2 pointe céatadáin air ó 2020 go 2022, tá ráta fostaíochta na mban (55,9 %) ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas, rud a fhágann go bhfuil an bhearna fostaíochta is leithne idir na hinscní san Aontas (21,0 pointe céatadáin). Ar an taobh eile, feidhmíonn an Ghréig ‘ar an meán’ maidir leis an mbearna fostaíochta i dtaca le daoine faoi mhíchumas agus laghdaigh an cóimheas idir an ráta dífhostaíochta agus an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí de dhaoine faoi mhíchumas go dtí 12,5 % agus 7,7 %, faoi seach, in 2022. Ar deireadh, bhí an t-ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita*, ag 79,9 % in 2022, fós faoi bhun leibhéal 2008 agus ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh air sin i bhfianaise a ‘cháis chriticiúil’ agus de thairbhe thionchar an bhoilscithe aird.

Tháinig meath ar riosca na bochtaineachta agus an neamhionannais cé go bhfuil dúshlán thromchúiseacha ag baint go fóill le héifeachtacht an chórais cosanta sóisialta agus leis na riachtanais leighis nár riaradh go fóill. In 2022,

tháinig laghdú 20,3 % ar an mbochtaineacht sa Ghréig de bharr aistrithe sóisialta (seachas pinsin), sin 15 phointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais, rud a léiríonn ‘cás criticiúil’. Tháinig laghdú breise ó 28,3 % agus 32 % in 2021 go dtí 26,3 % agus 28,1 %, faoi seach, in 2022 ar chion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROE), chomh maith leis an ráta AROPE do leanaí. Tháinig feabhas sa dá chás ó ‘criticiúil’ go ‘lag ach ag feabhsú’, cé go bhfuil na luachanna go maith os cionn mheáin an Aontais faoi seach (21,6 % agus 24,7 %). Tháinig meath freisin ar neamhionannas, arna thomhas leis an



gcóimheas idir cúigilí ioncaim, ó 5,8 in 2021 go dtí 5,3 in 2022, an leibhéal céanna nach mór le 2020. Tháinig laghdú ar an gcion daoine a raibh cónaí orthu i dteaghlaigh a raibh orthu dul i ngleic le ró-ualach na gcostas tithíochta ó 33,3 % in 2020 go dtí 26,7 % in 2022 agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ dá réir sin. I bhfianaise ghéarchéim COVID, tháinig méadú ar na riachtanais ar chúram leighis nár riaradh arna bhféintuairisciú go 9 % (6,8 % os cionn mheán an Aontais), rud ar ‘cás criticiúil’ é.


I bhfianaise na n-aistrithe digiteacha agus glasa, tugann an Ghréig tosaíocht i gcónaí do dhaoine fásta ar mian leo scileanna digiteacha a bhaint amach. In 2021, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 52,5 % de dhaoine fásta, 1,4 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais. Bhí cion na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, fós go maith faoi bhun mheán an Aontais (4,1 % i gcomparáid le 9,6 % san Aontas) cé gur tháinig méadú 0,9 % air in 2022 agus tá sé ‘go maith ach le breathnú’ dá bhrí sin. Tháinig titim 3,2 pointe céatadáin go dtí 29,1 % ar an gcion leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois a bhí i gcúram leanaí foirmiúil in 2022 agus tá sé ‘ar an meán’ (35,7 % san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 5 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an nGréig maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Spáinn

Tá dúshlán mhóra le sárú ag margadh saothair na Spáinne, d'ainneoin a théarnaimh láidir.

Mhéadaigh an ráta fostaíochta go dtí 69,5 % in 2022, ag dul thar an leibhéal 68 % a bhí ann roimh an ngéarchéim (2019). Mar sin féin, tá sé fós go maith faoi bhun mheán an Aontais de 74,6 %, rud ar 'cás criticiúil' é²⁷⁶. De thoradh a dtreochta aníos, bhog an ráta dífhostaíochta agus a chomhpháirt fhadtéarmach ó 'chás criticiúil' go dtí 'lag ach ag feabhsú' in 2022, cé go bhfuil sé fós i bhfad os cionn mheán an Aontais (12,9 % i gcomparáid le 6,2 % agus 5 % i gcomparáid le 2,4 % faoi seach).¹ Tháinig feabhas ar chion na ndaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) go dtí 12,7 % in 2022 ach tá sé fós 'le breathnú'. Tá dífhostaíocht an aosa óig fós ard, ag 29,8 %, ag dul chomh hard le 52,4 % in Melilla, 44,4 % in Ceuta agus 43,9 % sa réigiún is imeallaí de na hOileáin Chanáracha, cé gur tugadh feabhas suntasach faoi deara le blianta beaga anuas. Ar bhonn níos dearfaí, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscíní 'ar an meán' agus fágann an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas go bhfuil an Spáinn i measc na 'ngníomhaithe is fearr'. An tráth céanna, tá an fás ar ollioncam indiúscartha teaghlaigh per capita fós 'criticiúil' agus fós faoi bhun leibhéal bonnlíne 2008.



Roimse: Eurostat, [lusi_emp_a], [une_ru_a], [une_ltu_a], [edat_lfse_20], EU LFS.

Tá dúshlán le sárú ag an Spáinn i ndáil le luathfhágáil ón oideachas agus ón oiliúint, ach tá ag éirí sách maith léi maidir le scileanna digiteacha. Tháinig méadú beag ar an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint in 2022, go dtí 13,9 % (in aghaidh 9,6 % san Aontas), ag dul in olcas ó 'lag ach ag feabhsú' go dtí 'cás criticiúil'. Is ann d'éagothromaíochtaí réigiúnacha i gcónaí, le hardleibhéil san oirthear agus sa deisceart agus torthaí ag dul in olcas i réigiúin an oirthir agus an iarthuaiscirt. Ar an taobh eile, feidhmíonn an Spáinn 'níos fearr ná an meán' maidir le scileanna digiteacha, agus bunscoilleana digiteacha ar a laghad ag 64,2 % den daonra fásta in 2021 (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas), rud a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú níos ginearálta an lucht saothair.

²⁷⁶ Tabhair faoi deara: tá difear idir an sainmhíniú ar ráta fostaíochta agus dífhostaíochta na Spáinne in 2021 agus 2022, toisc go gcuireann an Spáinn fostaíochta atá leagtha as go sealadach san áireamh ina sainmhíniú (féach Meiteashonraí Eurostat).


Tá dúshlán os comhair na Spáinne i ndáil le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Tá an ráta i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta foriomlán agus an cóimheas idir cúigilí ioncaim ‘lag ach ag feabhsú’, cé go bhfuil na leibhéil fós sách ard, ag 26 % agus 5,6 % in 2022, faoi seach. Thairis sin, bhí an cion leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Aontas ag 32,2 % in 2022 (7,5 pointe céatadán os cionn mheán an Aontais in 2022) agus é fós i ‘gcás criticiúil’ le 3 bliana anuas. Sa chomhthéacs seo, tá tionchar sách íseal ag tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta (ag 27,4 % i gcomparáid le 35,3 % san Aontas in 2022) agus ‘le breathnú’. Ar an taobh dearfach, leanann an Spáinn ag feidhmiú ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an ngá atá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú. Tá an cion leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil ‘go maith ach le breathnú’ i ngeall ar mhéadú mór in 2022 (ó 55,3 % go dtí 48,6 %), a bhain i bpáirt le saincheisteanna leanúnacha maidir le hinacmhainneacht.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 6 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Spáinn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Fhrainc

Tá córas láidir cosanta sóisialta ag an bhFrainc ach tá rioscaí bochtaineachta níos soiléire le sárú aici. Ar an bhforiomlán, feidhmíonn an Fhrainc ‘níos fearr ná an meán’ i ndáil le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, agus bhí an cion den daonra a bhí i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) in 2022 beagán faoi bhun mheán an Aontais (21,0 % i gcomparáid le 21,6 %). Mar sin féin, tháinig méadú 1,8 pointe céatadáin bliain ar bhliain ar an ráta AROPE, ag imeacht ón treoht maidir le daoine as an Aontas²⁷⁷. I gcomhthéacs ina bhfuil an boillsiú ag ardú, tháinig méadú mór ar an ráta AROPE a bhain le leanaí (méadú 4,7 pointe céatadáin) go dtí 27,4 % in 2022²⁷⁸, ráta atá go maith os cionn mheán an Aontais de 24,7 %. Tá an dá fhorbairt ‘le breathnú orthu’. D’fhan an fás ar ollioncam tí an teaghlaigh ag 1,1 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais in 2021. Tá an neamhionannas, arna thomhas mar an cóimheas idir cúigilí ioncaim, fós ‘ar an meán’, cé go bhfuil sé ag dul i méid ó 2018. Feidhmíonn na réigiúin is forimeallaí i bhfad níos measa ná cathair na Fraince i ngach réimse den Scórchlár Sóisialta.

Ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, iomlán agus leanaí (% den iomlán agus daonra 0-17 mbliana d'aois)



Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], EU-SILC; briseadh sa tsraith in 2022.

²⁷⁷ Briseadh sa tsraith: áirítear leis an suirbhé FR-SILC in 2022 ceithre roinn thar sáile den chéad uair (Guáin na Fraince, Réunion, Martinique agus Guadeloupe).

²⁷⁸ Is méadú mór é sin, dealraíonn sé, d’ainneoin na ranna thar sáile a luadh thuas a bheith curtha leis.

Lean feidhmíocht mhargadh saothair na Fraince ag feabhsú, d'ainneoin meath ar an ngeilleagar sa dara cuid de 2022, scrogaill soláthair a bhí ag dul i méid agus praghsanna arda fuinnimh. Idir 2021 agus 2022, thit an ráta dífhostaíochta 0,6 pointe céatadáin go dtí 7,3 % (7,2 % in R2-2023), an leibhéal is ísle ó 2008, ach is gá ‘breathnú’ air mar sin féin, toisc gur tháinig meath den dara huair ar an bhfeidhmíocht i gcoibhneas le meán an Aontais²⁷⁹. Tháinig feabhas freisin ar an dífhostaíocht i measc na n-óg agus ar an gcion díobh sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), cé go bhfuil siad fós ard sna réigiúin is forimeallaí. Tá imeascadh roinnt grúpaí leochaileacha i margadh an tsaothair fós sách dúshlánach, go háirithe dóibhsean a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine a bhfuil gnóthachtáil íseal acu san oideachas. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní ‘níos fearr ná an meán’ (5,8 pointe céatadáin in 2022 i gcomparáid le 9,1 pointe céatadáin san Aontas). Tháinig laghdú 3,3 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ó 2021 go dtí 2022 ach tá sé fós mór ag 20,8 pointe céatadáin.

Feidhmíonn an Fhrainc go maith ar an bhforiomlán i ndáil le táscairí an Scórchláir Shóisialta maidir le combhionannas deiseanna. Tá cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad chomh maith le luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ‘ar an meán’ (ag 62 % in 2021 agus 7,6 % in 2022, faoi seach). Tá an Fhrainc ar an ‘ngníomhaí is fearr’ maidir leis an gcion de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil. Mar sin féin, tá cion mór daoine sa chóras oideachais nár ghnóthaigh mórán agus tá neamhionannais arda sa chóras.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, lena n-áirítear ceann ar tháinig meath air le himeacht ama, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bhFrainc maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

²⁷⁹ Tá difear idir an sainmhíniú ar rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta na Fraince in 2021 agus 2022, toisc go gcuireann an Fhrainc fostaíthe atá leagtha amach go sealadach san áireamh (féach [Meiteashonraí Eurostat](#)).

An Chróit

Tharla téarnamh láidir sa Chróit in 2021 agus 2022, ach tá dúshlán mhóra roimhe i gcónaí maidir leis an margadh saothair.

D'ainneoin roinnt feabhsuithe ó bhí 2021 ann, bhí an ráta fostaíochta fós i bhfad níos ísle ná meán an Aontais in 2022 (69,7 % i gcomparáid le 76,4 %) agus tá sé ‘criticiúil’ anois le 2 bhliain as a chéile. Cé go bhfuil na rátaí dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí gar do mheán an Aontais (ag 7 % agus 2,4 % in 2022 faoi seach) tá an céatadán de dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) fós ‘le breathnú’, ag 13,3 % in 2022 i gcomparáid le 11,7 % san Aontas, fiú tar éis méadú beag ón mbliain roimhe. Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ‘criticiúil’, mar tá ceann de na leibhéil is airde ann (36 phointe céatadán i gcomparáid le 24,4 pointe céatadán ar an meán san Aontas) agus an treocht ag dul in olcas.



Tá roinnt dúshlán roimh an gCróit sa réimse maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Cé go bhfuil an ráta maidir le baol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta

Foinse: Eurostat, [tepsr_sp200], EU-SILC

(AROE) fós faoi bhun mheán an Aontais le haghaidh an daonra ina iomláine (19,9 % i gcomparáid le 21,6 %) agus le haghaidh leanaí (18,1 % i gcomparáid le 24,7%), bhí an tionchar a bhí ag aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta ‘criticiúil’ ó bhí 2020 ann, agus é i bhfad níos ísle (ag 20,4 %) in 2022 ná meán an Aontais (35,3 %). Déanfar faireachán grinn air sin freisin i ndáil leis an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an ardchostas maireachtála faoi láthair ar rioscaí bochtaineachta.

Feidhmíonn an Chróit sách maith maidir le luathfhágáil scoile agus scileanna digiteacha. Tá an tír fós i measc ‘na ngníomhaithe is fearr’ maidir leis an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, a bhí ag 2,3 % in 2022, i gcomparáid le meán 9,6 % an Aontais. Bhí an cion daoine fásta ag a raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad ‘os cionn an mheáin’ freisin ag 63,3 % i gcomparáid le meán an Aontais de 53,9 % in 2021, rud atá tábhachtach chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Ar an taobh eile, tháinig meath mór le déanaí ar an gcion leanaí faoi bhun 3

bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (ó 33,3 % in 2021 go dtí 27,5 % in 2022), rud a fhágann é ag 8,2 pointe céatadáin faoi bhun mheán an Aontais, mar rud atá 'le breathnú'.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 5 tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gCróit maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Iodáil

D’ainneoin téarnamh láidir san fhostaíocht, tá dúshlán thábhachtacha san Iodáil maidir leis an margadh saothair. Taispeántar ‘cás criticiúil’ i roinnt táscairí den Scórchlár Sóisialta sa réimse

‘dálaí córa oibre’. Cé gur shroich an ráta fostaíochta 64,8 % in 2022 nach bhfacthas riamh cheana, tá sé beagnach 9,8 pointe céatadán faoi bhun mheán an Aontais, rud a fhágann go bhfuil an Iodáil ar cheann de na gníomhaithe is measa san Aontas. Seasann an bhearna fostaíochta idir na hinscní ag 19,7 pointe céatadán in 2022; agus tá sé cobhsaí ó bhí 2020 ann. I gcomparáid le meán an Aontais tá sé beagnach a dhá oiread chomh hard (10,7 %), ag léiriú ‘cás criticiúil’. Ina theannta sin, tá an líon oibre páirtaimseartha ainneonaí fós ard, go háirithe do dhaoine óga agus d’fhir. Thairis sin, bhí

an fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita*, ag 94,6 % in 2021, i bhfad faoi bhun mheán an Aontais de 109,9 % i gcomparáid le 2008 agus thit sé go dtí 93,8 % in 2022 de bharr boilsciú ard, rud a léirigh ‘cás criticiúil’ freisin. Ar an taobh eile, tháinig feabhas ar fheidhmíocht na hIodáile maidir le dífhostaíocht agus a comhpháirt fhadtéarmach agus an dá tháscaire ‘lag ach ag feabhsú’ in 2022. Ar deireadh, maidir leis an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, tá an Iodáil i measc na ‘ngníomhaithe is fearr’ go leanúnach.



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], EU LFS.


Cé go bhfuil comharthaí feabhais ag teacht ar an staid do dhaoine óga, tá dúshlán fós le sárú ag córas oideachais agus oiliúna na hIodáile. Go háirithe, bhí cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad san Iodáil ag 45,6 % in 2021 agus go maith faoi bhun mheán an Aontais (53,9 %), agus é fós ‘le breathnú’ dá réir sin, lena n-áirítear i bhfianaise go bhféadfadh sé tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Tháinig beagán feabhais ar chás na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint chomh maith le daoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus tá sé ‘lag ach ag feabhsú’ anois. Mar sin féin, ag 19 %, tá ceann de na rátaí NEET is airde san Aontas ag an Iodáil (meán an Aontais: 11,7 %).

Maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, táthar in ann tuilleadh feabhais a chur ar chúrsaí d’ainneoin forbairtí le déanaí. Tá trí tháscaire sa réimse ‘cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta’ ‘le breathnú’ agus feidhmíonn na táscairí uile, ach amháin riachtanais le haghaidh cúram leighis nár riaradh arna bhféintuairisciú, níos measa ná meán an Aontais. In 2022, tháinig laghdú beag go dtí 24,4 % ar an sciar foriomlán de dhaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE), cé go bhfuil sé fós ard agus níor tháinig aon athrú as féin ar an ráta i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le 2021. Mar an gcéanna, tháinig laghdú ar an ráta AROPE do leanaí ó 29,7 % in 2021 go 28,5 % in 2022. Thairis sin, in 2022, níor tháinig ach laghdú 25,8 % ar an mbochtaineacht san Iodáil de bharr aistrithe sóisialta (i gcomparáid le 35,3 % san Aontas), agus tá a n-éifeachtacht ‘le breathnú’. Ar deireadh, léiríonn neamhionannais ioncaim, arna dtomhas leis an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, na dinimicí céanna leis an mbochtaineacht: cé gur laghdaigh siad de bheagán in 2022, tá an cóimheas (5,6 %) fós ‘le breathnú’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 8 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Iodáil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Chipir

Tá margadh saothair na Cipire ag feidhmiú go maith ar an iomlán i gcomhréir le meán an Aontais, ach tá dúshlán fós roimh roinnt grúpaí den daonra. Shroich an ráta fostaíochta 77,9 % in 2022 agus mhéadaigh sé tuilleadh go dtí 79,0 %, ráta nár chonacthas riamh cheana, nach mór, sa dara ráithe de 2023 (i gcomparáid le 75,4 % san Aontas). An tráth céanna, bhí an dífhostaíocht sách íseal, ag 6,8 % in 2022, cé go raibh sé fós beagán os cionn mheán an Aontais de 6,2 %, agus bhí a comhpháirt fhadtéarmach, ag 2,3 % i gcomhréir leis (2,4 % san Aontas), tar éis méadú beag in 2021. Tá an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas sa Chipir gar do mheán an Aontais, ag 25,7 pointe céatadán agus tháinig laghdú uirthi i gcomparáid leis an mbliain roimhe. An tráth céanna, tá imeascadh daoine óga agus ban i margadh an tsaothair fós lag. Tá cion na ndaoine óga nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) fós an-ard, ag 14,7 % (i gcomparáid le 11,7 % san Aontas), le titim a bhí i gcoibhneas le meán an Aontais i gcomparáid leis an mbliain roimhe (d'ainneoin a laghdaithe i ndearbhtéarmaí), rud lenar bogadh dá réir sin ó 'le breathnú' go dtí 'cás criticiúil'.



Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_q](#)], EU LFS.

Cé gur ardaigh rátaí fostaíochta d'fhir agus do mhná araon, tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós 'le breathnú' den dara bliain as a chéile, i ngeall ar a leibhéal sách ard agus atá ag dul i méid (12,1 pointe céatadán i gcomparáid le 10,7 pointe céatadán san Aontas). Ba é cion na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a bhí i gcúram leanaí foirmiúil ná 24,4 % sa Chipir, go maith faoi bhun mheán an Aontais (35,7 %), tar éis titim shubstaintiúil ón mbliain roimhe. Toisc go bhfuil cúram leanaí foirmiúil tábhachtach ionas go mbeidh daoine ag a bhfuil freagrachtaí cúraim rannpháirteach sa mhargadh saothair, is cás é sin atá 'le breathnú'. Ar deireadh, tá an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita* fós faoi bhun an leibhéil ag a raibh sé in 2008 tar éis meath beag ó 2021, cás atá 'le breathnú'.


Tá feabhsúcháin le feiceáil i bhforbairtí scileanna, ach is ann do roinnt dúshlán go fóill. Tháinig laghdú ar an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ó 10,2 % in 2021 go 8,1 % in 2022 agus é ‘níos fearr ná an meán’ anois. Bhí cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscoileanna digiteacha ar a laghad sách íseal ag 50,2 % in 2021 (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas), agus tá sé fós ‘le breathnú’, i réimse a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha.

Is cosúil go bhfuil an córas cosanta sóisialta éifeachtach ó thaobh tacú le dea-thorthaí sóisialta sa Chipir. Sheas an riosca bochtaineachta nó an t-eisiamh sóisialta ag 16,7 % in 2022 (i gcomparáid le 21,6 % san Aontas), lena n-áirítear do leanaí (ag 18,1 % i gcomparáid le 24,7 % san Aontas), agus tá an tír ag feidhmiú ‘níos fearr ná an meán’ faoin dá ghné sin. Léiríonn sé sin, i measc rudaí eile, tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) maidir leis an mbochtaineacht a laghdú, ar rud é atá ‘ar an meán’ (31,2 % i gcomparáid le 35,3 % san Aontas) agus an ró-ualach mar gheall ar an gcostas íseal tithíochta, dá bhfuil an Chipir ar an ‘ngníomhaí is fearr’. Tá na riachtanais maidir le cúram leighis nár riaradh arna bhféintuairisciú, ag 0,1 %, ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, rud a léiríonn an tír arís mar an ‘ngníomhaí is fearr’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 5 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an gChipir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Laitvia

Cé go bhfuil an Laitvia ag feidhmiú ar an meán i roinnt réimsí, ar an iomlán tá dúshlán mhóra os comhair na Laitvia sa réimse sóisialta. Agus feidhmíocht ar an meán ann maidir le rioscaí bochtaineachta do leanaí, bhí cion foriomlán na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE), ag 26 % in 2022, ar cheann de na rátaí ab airde san Aontas, agus é go maith os cionn mheán an Aontais de 21,6 %. Tar éis meath ar fheidhmíocht choibhneasta na tíre ina leith sin ar feadh 2 bhliain as a chéile, is ‘cás criticiúil’ é seo anois. Ina theannta sin, tá 42,6 % de dhaoine scothaosta i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, i bhfad níos mó ná mar atá sa daonra iomlán. Chomh maith leis sin, bhí neamhionannas ioncaim ‘criticiúil’ go leanúnach le 3 bliana anuas, le ceann de na cóimheasa is airde idir cúigilí ioncaim (ag 6,3 in 2022 i gcomparáid le 4,7 san Aontas). Tá an t-athchóiriú ar an ioncam íosta²⁸⁰ agus an méadú ar an bpá íosta (go dtí EUR 620 ar a laghad in 2023, agus EUR 700 ar a laghad ó 2024 ar aghaidh), tá siad beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán maidir le bochtaineacht agus neamhionannas. Mar sin féin, bhí tionchar ag na rátaí



Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], EU-SILC.

arda boilscithe, cé go bhfuil siad ag titim anois, ar éifeacht na ngníomhaíochtaí sin go dtí seo sa Laitvia sna chéad mhíonna de 2023 agus ag deireadh 2022. Tuairiscítear go bhfuil na riachtanais maidir le cúram leighis nár riaradh ag dul in olcas, rud a rinne difear do 5,4 % den daonra in 2022 (i gcomparáid le 2,2 % san Aontas), rud ar a dtugtar ‘cás criticiúil’. Leanann sé sin cas ‘lag ach ag feabhsú’ a taifeadadh in 2021, a tharla ag an am céanna le hinfheistíochtaí sealadacha breise i gcúram sláinte chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú. Tá coinne leis go soláthróidh an t-athchóiriú ar chúram sláinte atá ar feitheamh- cumhdach níos leithne agus seirbhísí reachtúla leighis ar cháilíocht níos airde don daonra agus é sin á dhéanamh ar bhealach níos struchtúrtha.

²⁸⁰

San athchóiriú, nasctar na tairseacha íos-ioncaim le haghaidh an íos-ioncam ráthaithe, sochar slándála sóisialta stáit, pinsean íosta, tacaíocht ábhartha do dhílleachtaí agus do leanaí atá fágtha gan cúram tuismitheora, agus lán-aois slánaithe acu, leis an íos-ioncam airmheánach in aghaidh an tomhaltóra choibhéisigh.

Théarnaigh margadh saothair na Laitvia go tapa ó ghéarchéim COVID-19. In 2022, d'ardaigh an rátaí fostaíochta go dtí 77,0 % (ó 75,3 % in 2021), agus é beagán faoi bhun leibhéil réamhphaindéime, 'ar an meán' go fóill. Tá an Laitvia i measc 'na ngníomhaithe is fearr' maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní agus í 'ar an meán' i ndáil le NEETanna óga. Bhí sí ar an 'ngníomhaí ab fhearr' freisin maidir leis an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas roimhe seo ach tá sí 'ar an meán' faoi láthair i ngeall ar mhéadú le déanaí, cé go bhfuil sí fós beagán faoi bhun mheán an Aontais (20,8 pointe céatadán i gcomparáid le 21,4 pointe céatadán in 2022).

Feidhmíonn an Laitvia tríd is tríd 'ar an meán' maidir le hoideachas agus scileanna. Bhí an cion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint 6,7 % in 2022 (i gcomparáid le 9,6 % san Aontas), agus é laghdaithe tuilleadh ó 7,3 % in 2021. Tá coinne leis go leanfar den treocht dhearfadh ó 2016 toisc gur tugadh athchóirithe isteach le déanaí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, rud lena n-áirítear solúbthacht mhéadaithe. Bhí cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 50,8 % (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas), agus freisin feidhmíocht 'ar an meán' i réimse a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá 'criticiúil' nó 'le breathnú orthu', lena n-áirítear ceann ar tháinig meath air le himeacht ama, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Laitvia maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Liotuáin


Tá dúshlán os comhair na Liotuáine a bhaineann le cuimsiú sóisialta agus cosaint shóisialta.

Tá leordhóthanacht an líontáin sábháilteachta sóisialta fós íseal. Maidir leis an treocht mheathlaitheach a chonacthas i gcion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) go 23,5 % in 2021, d'fhill sé le déanaí le méadú go 24,6 % in 2022, cás atá 'le breathnú'. Thairis sin, tá neamhionannas, arna thomhas ag an gcóimheas idir cúigilí ioncaim, i measc na leibhéal is airde san Aontas agus bhí sé fós 'criticiúil' le 2 bhliain anuas. In 2022, bhí ioncam an 20 % den daonra is saibhre 6 huaire níos mó ná ioncam an 20 % ba bhoichte agus é

ag dul i méid de bheagán ó 2021 le cúlra laghdaithe san Aontas. Rud dearfach, ná go bhfuil an Liotuáin i measc na 'ngníomhaithe is fearr' le haghaidh fás ar an ioncam indiúscartha teaghlaigh den tríú bliain as a chéile, comhartha go bhfuiltear ag teacht suas leis na gníomhaithe is fearr, agus bhí an ró-ualach maidir leis an gcostas tithíochta 'níos fearr ná an meán.'

Is ann do dhúshlán fós i ndáil le forbairt scileanna. Bhí cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad (48,8 % in 2021) go maith faoi bhun mheán an Aontais (53,9 %) agus 'le breathnú' dá réir sin lena n-áirítear i bhfianaise na riachtanais atá ag teacht chun cinn maidir le scileanna chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Cé gur tugadh feabhas mór faoi deara maidir le cion na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a bhí i gcúram leanaí foirmiúil idir 2020 agus 2022 (ó 16,2 % go dtí 22,8 %), tá sé fós i measc an ráta is ísle san Aontas agus faoi bhun an leibhéil 26.6 % ag a raibh sé roimh an bpaindéim (2019), i gcás atá 'le breathnú' le 3 bliana anuas. Os a choinne sin, tháinig feabhas ar fheidhmíocht na Liotuáine maidir le luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ó 'go maith ach le breathnú' in 2020 go dtí 'an gníomhaí ab fhearr' in 2022.

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)



Foinse: Eurostat [[tessi180](#)], EU LFS.

Tar éis ghéarchéim COVID-19, tháinig an margadh saothair chuige féin go láidir tríd is tríd, ach chuaigh cás na ndaoine faoi mhíchumas in olcas an tráth céanna de réir phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta. Bhí an ráta fostaíochta foriomlán ag 79,0 % in 2022 (i gcomparáid le 77,4 % in 2021), atá ‘níos fearr ná an meán’ (76,2 % san Aontas), mar an gcéanna le blianta roimhe. An tráth céanna, tháinig méadú ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ó 23,9 % in 2021 go dtí 35 phointe céatadáin (i gcomparáid le 21,4 pointe céatadáin san Aontas), an dara titim 2 bhliain as a chéile (ó ‘os cionn an mheáin’ go dtí ‘criticiúil’), gan na hiarrachtaí beartais a rinneadh le déanaí a léiriú²⁸¹. Tháinig feabhas ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí agus ar chion na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) (an ceann deiridh ó 13 % in 2020 go dtí 10,7 % in 2022), ag bogadh ó ‘le breathnú’ in 2020 go dtí ‘ar an meán’ in 2021 agus 2022. Ar deireadh, ba ghnách leis an Liotuáin a bheith mar an ‘gníomhaí is fearr’ maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscíní leis an luach táscaire ag 0,8 pointe céatadáin agus ráta fostaíochta sách ard d’fhir agus do mhná araon (79,4 % agus 78,6 % faoi seach in 2022).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 5 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, lena n-áirítear ceann a chuaigh in olcas le himeacht ama, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Liotuáin maidir le cóineasú sóisialta aníos** (féach an bosca i roinn 1.5).

²⁸¹ Léiríonn sonraí riaracháin ó Chiste Árachais Shóisialaigh an Stáit méadú 4,2 % ar líon na ndaoine fostaithe faoi mhíchumas.


Lucsamburg

Théarnaigh an margadh saothair go tapa ó ghéarchéim COVID-19 agus tá sé fós athléimneach d'ainneoin moilliú ar ghníomhaíocht eacnamaíoch le déanaí. Léirítear é sin leis an dea-fheidhmíocht fhoriomlán sa réimse ‘dálaí córa oibre’. Shroich an ráta fostaíochta ráta ard nua (74,8 %) in 2022, beagán os cionn mheán

an Aontais, agus laghdaigh an ráta dífhostaíochta go 4,6 % an tráth céanna.

Mhéadaigh an dífhostaíocht fhadtéarmach in 2020 agus 2021 ach théarnaigh sé go dtí an leibhéal íseal ag a raibh sé roimh an bpaindéim in 2022 (1,3 %) agus é ‘níos fearr ná an meán’ anois. Tá sé sin amhlaidh freisin don bhearna fostaíochta idir na hinscní, a d'éirigh i bhfad níos cúinge ó 7,4 pointe céatadán in 2021 go dtí 6,5 pointe céatadán in 2022. Thairis sin, den dara bliain, tá Lucsamburg ar cheann de na gníomhaithe is fearr maidir leis an mbearna

fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas²⁸² (8,5 pointe céatadán i gcomparáid le 21,4 pointe céatadán san Aontas). Cé go bhfuil sé fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, mhéadaigh cion na ndaoine óga nach bhfuil fostaíthe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) in 2020 agus 2021 ach laghdaigh sé go mór go dtí 6,8 % in 2022, agus é anois ‘níos fearr ná an meán’. Mar sin féin, cé go bhfuil innéacs fhíor-ollioncam indiúscartha teaghlach *per capita* ag 111,9 (2008=100) gar do mheán an Aontais (109,5), tá sé fós ‘le breathnú’ i ngeall ar an laghdú beag a tháinig air tráth ar tharla ardú i mBallstáit eile.



Foinse: Eurostat [[tepsr_sp200](#)], EU-SILC.

²⁸² Bhí briseadh sa tsraith i ngach táscaire EU-SILC-bunaithe do Lucsamburg in 2021, 2022, agus 2023.

Feidhmíonn Lucsamburg go láidir maidir le hoideachas agus scileanna. Tá an tír ‘níos fearr ná an meán’ den chuid is mó sa réimse beartais sin. Go háirithe, cé gur tháinig ardú ar an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint le linn na paidéime, tháinig laghdú mór air in 2022, agus é anois ‘níos fearr ná an meán’. In 2021, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 63,8 % de dhaoine fásta, beagnach 10 bpointe céatadáin os cionn mheán an Aontais, rud a thacaíonn leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Tá Lucsamburg freisin i measc na mBallstát ina bhfuil an cion is airde de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil cé go bhfuil sé, i ngeall ar mheath substaintiúil in 2022 (ó 62 % in 2021 go dtí 54,7 %), ‘go maith ach le breathnú’ anois.

Tá an cás sóisialta go maith tríd is tríd i Lucsamburg ach is ann do dhúshláin maidir le costais tithíochta.¹ Thairfead an tír feabhsúcháin mhóra in 2022 ar an gcion de dhaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) tríd is tríd agus go háirithe do leanaí, agus iad ag feidhmiú ‘níos fearr ná an meán’ maidir leis an dá cheann. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta agus na riachtanais féintuairiscithe atá le cúram leighis nár riaradh ‘ar an meán’ agus ‘níos fearr ná an meán’ faoi seach. Os a choinne sin, tháinig meath suntasach ar ráta ró-ualaiigh an chostais tithíochta ó ‘níos fearr ná an meán’ go dtí ‘cás criticiúil’, ag léiriú an tionchair a bhí ag méaduithe ar phraghsanna tithe a bhí an-ard.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 1 táscaire amháin atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Lucsamburg maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Ungáir

Tá dúshlán mhóra roimh an Ungáir maidir le hoideachas agus forbairt scileanna.

Go háirithe, tá cion na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil íseal (12,9 % in 2022 i gcomparáid le 35,9 % san Aontas) agus ag laghdú ó 2021, rud a léirigh 'cás criticiúil' le 2 bhliain anuas. Bhí an ráta de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint fós i gcás criticiúil freisin, ag méadú ó 12,0 % in 2021 go dtí 12,4 % in 2022, in aghaidh treocht laghdaithe san Aontas. Maidir leis na Romaigh, bhí an ráta sin sé huairé níos airde ná an chuid eile den daonra in 2022 (64,3 % i gcomparáid le 9,4 %).

Thairis sin, tá cion na ndaoine fásta san Ungáir ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad (49,1 %) níos ísle ná meán an Aontais (53,9 % in 2021) agus 'le breathnú', agus rátaí ísle go háirithe i measc daoine ar bheagán scileanna, daoine dífhostaithe agus daoine os cionn 55 bliana d'aois. Ach dul i ngleic leis na dúshlán oideachais agus scileanna sin is féidir leis cuidiú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna agus tacú leis na haistrithe córa, glasa agus digiteacha.



Tá dúshlán os comhair na hUngáire sa réimse beartais shóisialta, agus cuireann boillsciú ard leis na dúshlán sin. Déantar laghdú 36,7 % ar bhochtaineacht airgeadaíochta le haistrithe sóisialta san Ungáir, agus é sin i gcomhréir a bheag nó a mhór le meán an Aontais, ach tá an cás ‘le breathnú’ mar sin féin ag glacadh leis an titim shubstaintiúil sa táscaire i gcomparáid leis an mbliain roimhe²⁸³. Cé go bhfuil riosca na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta san Ungáir ‘ar an meán’ don daonra iomlán agus ‘níos fearr ná an meán’ do leanaí (ag 18,4 % agus 18,1 %, faoi seach), tá an ráta maidir le géardhíth ábharach agus shóisialta ar cheann de na rátaí is airde san Aontas (9,1 % in 2022). Tháinig méadú gear ar ró-ualach an chostais tithíochta ó 2,4 % in 2021 (‘níos fearr ná an meán’) go dtí 8,1 % in 2022 (‘le breathnú’), ag cur leis na costais arda maireachtála do roinnt mhaith teaghlach atá ar ioncam níos ísle.

Chuir margadh saothair na hUngáire géarchéim COVID-19 de go maith, cé go bhfuil torthaí do roinnt grúpaí leochaileacha fós ar gcúl. Théarnaigh an margadh saothair go tapa le feidhmíocht ‘níos fearr ná an meán’ sa réimse ‘dálaí córa oibre’ (nó ‘is fearr’ maidir leis an bhfás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh), agus shroich an ráta fostaíochta 80,2 % in 2022, ráta nach raibh chomh hard riamh cheana. Tá roinnt grúpaí leochaileacha a bhfuil bacainní móra fós le sárú acu áfach a mhéid a bhaineann leis an margadh saothair a rochtain agus leas a bhaint as. Cé go raibh an bhearna fostaíochta idir na hinscní ag 9,8 pointe céatadáin in 2022 agus fós ‘ar an meán’, tháinig méadú 3,6 pointe céatadáin ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas go dtí leibhéal an-ard de 32,4 pointe céatadáin (i gcomparáid le 21,4 % san Aontas), rud ar ‘cás criticiúil’ é tar éis a bheith ‘le breathnú’ roimhe seo. Thairis sin, tá na rátaí fostaíochta do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do na Romaigh i bhfad faoi bhun an mheáin (38,7 % agus 47,3 %, faoi seach, le haghaidh an aoisghrúpa 15-64 bliana d’aois, i gcomparáid le 74,4 % ar an meán in 2022).

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 6 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ungáir maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).


²⁸³ Cé go bhfuil briseadh sa tsraith ann le haghaidh an táscaire sin in 2022 i gcás na mBallstát uile seachas an Fhionlainn, lena n-áirítear an Ungáir i ngeall ar athrú modheolaíochta, léiríonn luachanna táscairí (neamhfhoilsithe) arna ríomh ag Eurostat bunaithe ar an tseanmhodheolaíocht titim chomhchosúil in 2022, rud a thugann an measúnú foriomlán céanna ‘le breathnú’ a bheag nó a mhór, agus ní athraíonn na conclúidí gaolmhara dá réir sin.

Málta

Feidhmíonn margadh saothair Mhálta go láidir tríd is tríd, ach fós tá dúshlán roimh roinnt grúpaí den daonra. Bhí an ráta fostaíochta i Málta i measc na rátaí ab airde san Aontas, ag 81,1 % in 2022 (82,7 % in Q2-2023), ag léiriú, in éineacht le forbairtí in ollioncam tí an teaghlaigh *per capita*, cás ‘níos fearr ná an meán’. Ní raibh an ráta dífhostaíochta chomh híseal riamh agus a bhí sé ag 2,9 % in 2022, agus tháinig laghdú

tobann ar chion na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná nach raibh i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) ó 9,5 % in 2021 go dtí 7,2 % in 2022 (i gcomparáid le 11,7 % san Aontas), rud a d’fhág Málta ar an ‘ngníomhaí is fearr’ sa dá réimse. Le méadú beag go dtí 1 % in 2022, tá an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ‘go maith ach le breathnú’, cé go bhfuil sé fós go maith faoi bhun mheán an Aontais (2,4 %). Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós lag

ach ag feabhsú ag 13,1 % in 2022, ag sárú meán an Aontais de 10,7 pointe céatadán, cé gur tháinig laghdú 3,3 pointe céatadán air ó 2021. Ar deireadh, bíonn dúshlán le sárú ag daoine faoi mhíchumas i dtéarmaí imeascadh i margadh an tsaothair, mar a thaispeántar leis an mbearna leathan fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, bearna atá ag leathnú, agus cás atá ‘le breathnú’. Tar éis don bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas cobhsú in 2019 ag leibhéal sách ard, lean sé ag leathnú in 2022 (le 3,1 pointe céatadán) agus shroich sé 30,1 pointe céatadán, os cionn mheán an Aontais (21,4 pointe céatadán).



Tá córas oideachais agus oiliúna Mhálta ag feidhmiú go maith tríd is tríd, ach tá roinnt dúshlán fós le sárú ag daoine óga. Bhí an líon leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil ag 43,1 % in 2022 (i gcomparáid le 35,7 % san Aontas), atá ‘níos fearr ná an meán’. Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag laghdú, ach tá sé fós beagán níos airde ná meán an Aontais (10,1 % i gcomparáid le 9,6 % in 2022) agus tá sé ‘le breathnú’, i gcodarsnacht ghéar leis an dea-fheidhmíocht maidir le ráta NEET as aosa óig. Ó 2021 ar aghaidh, bhí bunscoilleana digiteacha ar a laghad ag 61,2 % de dhaoine fásta i Málta (cé go raibh difríochtaí móra idir leibhéil na scileanna), rud atá os cionn mheán an Aontais de 53,9 % agus a thacaíonn leis na haistrithe digiteacha agus glasa.

Tá cás sóisialta Mhálta go maith ar an iomlán, cé go dtugtar dúshlán faoi deara maidir leis an tionchar a bhíonn ag aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta. Tá rioscaí bochtaineachta agus neamhionannas ioncaim ‘ar an meán’ i Málta. In 2022, bhí cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ar an iomlán agus cion na leanaí ag 20,1 % agus 23,1 %, faoi seach (i gcomparáid le 21,6 % agus 24,7 % san Aontas). Bhí Málta ‘níos fearr ná an meán’ maidir le ró-ualach an chostais tithíochta le ráta 2,9 % (i gcomparáid le 9,1 % san Aontas) agus riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh (0,3 % i gcomparáid le 2,2 % san Aontas). Mar sin féin, tá tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta íseal i Málta, ag 26,4 %, ráta atá go maith faoi bhun mheán an Aontais de 35,3 % agus ‘le breathnú’.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 3 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh Mhálta maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Ísiltír

Théarnaigh geilleagar na hÍsiltíre go tobann ó ghéarchéim COVID-19 agus leanann sé ag feidhmiú sách maith ar tháscairí uile an Scórchláir Shóisialta a bhaineann leis an margadh saothair. Shroich an ráta fostaíochta 82,9 % in 2022 (83,6 % in R2-2023), ceann de na rátaí is airde

san Aontas, agus bhí an dífhostaíocht fós an-íseal (3,5 % in 2022). Tá cion na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna fós ar cheann de na cinn is ísle san Aontas, d'ainneoin gur mhéadaigh sé go himeallach in 2022 (0,3 pointe céatadán go dtí 4,2 %) in aghaidh treocht anuas san Aontas (as ar tháinig meath ón 'ngníomhaí is fearr' go dtí 'go maith ach le breathnú'). In aghaidh an chúlra sin d'fheidhmíocht an-mhaith, chuir paidéim COVID-19 dlús leis na rioscaí go

mbeadh margadh saothair ann a bheadh thar a bheith deighilte, rud atá ar cheann de na dúshláin struchtúrtha is mó san Ísiltír. Cé gur fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní go maith faoi bhun mheán an Aontais (7,9 pointe céatadán i gcomparáid le 10,7 pointe céatadán) in 2022, tá fostaíocht pháirtaimseartha an-fhairsing, go háirithe i measc na mban. Dá bharr sin tá ceann de na bearnaí is airde idir na hinscní i bhfostaíocht pháirtaimseartha san Aontas (42,3 pointe céatadán in aghaidh mheán an Aontais de 20,4 pointe céatadán in 2022) agus bearna shubstaintiúil pinsin idir na hinscní (37,9 % i gcomparáid le 26,0 % san Aontas in 2022).



Leanann an Ísiltír ag feidhmiú go láidir i ndáil le cruthú scileanna. Leanann an ráta de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ag léiriú feidhmíochta ‘níos fearr ná an meán’ (5,6 % in 2022) d’ainneoin méadú beag ón mbliain roimhe (0,5 pointe céatadán). In 2021, bhí bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 78,9 % den daonra fásta, i measc na sciartha is airde san Aontas. Mar sin féin, tá sé fós tábhachtach dul i gcion go héifeachtach orthu siúd atá i gcás neamhfhabhrach sa mhargadh saothair (mar shampla daoine ar bheagán scileanna, daoine ag a bhfuil conarthaí solúbtha nó conarthaí sealadacha, daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas). Go háirithe, mar iarmhairt den chur chun feidhme díláraithe d’fhéadfadh sé nach bhfaigheadh grúpaí leochaileacha tacaíocht chothrom ná tacaíocht leordhóthanach i gcónaí.

Tá cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta san Ísiltír fós réasúnta cobhsaí agus go maith faoi bhun mheán an Aontais. Is ann do dhúshláin fós do ghrúpaí sonracha, mar shampla daoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus daoine faoi mhíchumas. D’ardaigh an ró-ualach maidir leis an gcostas tithíochta ó 8,3 % in 2020 go dtí 10,0 % in 2022, beagán os cionn mheán an Aontais de 9,1 %. Déantar difear do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta go háirithe, a bhfuil ráta ró-ualach costais tithíochta de 41,2 % acu.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe gan aon táscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ísiltír maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).


An Ostair

Rinne an margadh saothair san Ostair téarnamh láidir d'ainneoin comharthaí go raibh moilliú ar an ngeilleagar. In 2022, bhí an ráta fostaíochta ‘ar an meán’ ag 77,3 % tar éis feabhas teacht air ach d’fhan sé ar an leibhéal sin freisin in R2-2023, tar éis fás OTI marbhánta in R4-2022.

Thit an ráta dífhostaíochta agus a comhpháirt fhadtéarmach go tobann (go dtí 4,5 % agus 1,2 %, faoi seach), ag léiriú feidhmíocht ‘níos fearr ná an meán’. Sa chomhthéacs seo, tháinig titim bhreise

ar an ráta daoine óga nach raibh fostaíthe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) go dtí 9,1 % in 2022. Cé gur chaolaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní go dtí 7,8 pointe céatadáin in 2022, ag fanacht ‘ar an meán’, bhí ceann de na rátaí fostaíochta páirtaimseartha is airde i measc na mban ag an Ostair san Aontas, ag 50,3 % in 2022, agus ceann de na bearnaí is mó idir na hinscní ina leith sin (39,7 pointe céatadáin) agus an bhearna sin ag leathnú i gcónaí. Tháinig laghdú mór ar an gcion de leanaí faoi bhun 3 bliana i gcúram leanaí foirmiúil [une_ltu_a], [edat_lfse_20], EÚ LFS.

(le 5,5 pointe céatadáin) go dtí 23 % in 2022 (i gcomparáid le 35,9 % san Aontas) agus tá sé ‘le breathnú’ anois. Is féidir an ráta íseal sin agus an soláthar teoranta cúraim leanaí ar ardchaighdeán agus inacmhainne díobháil a dhéanamh d’ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus is toisc mhór é sin a chuireann leis an ráta ard d’obair pháirtaimseartha i measc na mban. Ar deireadh, bhí an fíor-ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita* faoi bhun an leibhéil ag a raibh sé in 2008 (ag 97,9 % in 2021) agus go maith faoi bhun mheán an Aontais (109,9). Cé go bhfuil sé ag téarnamh de bheagán ón titim a tháinig air in 2020 i ngéarchéim COVID-19, tá an tOllioncam Indiúscartha Teaghlaigh *per capita* ‘lag ach ag feabhsú’.



Tá an Ostair ag feidhmiú go láidir i gcónaí sa réimse scileanna agus oiliúna, ach is ann do dhúshlán fós do dhaoine ar bheagán scileanna agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo.

Bhí cion na ndaoine fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad ard, ag 63,3 % in 2021, agus ‘níos fearr ná an meán’ (54 % san Aontas). D’fhéadfaí scileanna a theastaíonn le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn tuilleadh áfach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais ghaolmhara. Cé gurbh ionann an cion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus 8,4 % in 2022 agus é ‘ar an meán’ dá bhrí sin, níor chuir ach thart ar 45 % de dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach iar-bhunoideachas sóisearach i gcrích san Ostair. Ach feabhas a chur ar bhunscileanna daoine faoi mhíbhuntáiste beidh siad in ann a gcumas a léiriú agus a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a fheabhsú. In 2021, bhí oideachas iar-bhunoideachais shóisearaigh ag 23,6 % de dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo agus atá 25-64 bliana d’aois agus bhí rannpháirtíocht in oideachas daoine óga idir 15-19 mbliana d’aois nár rugadh san Ostair ag 61,2 % in 2020, rud a bhí go maith faoi bhun rannpháirtíocht daoine a rugadh sa tír (80,7 %).


Feidhmíonn an Ostair sách maith i réimse na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta.

Tá cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) cobhsaí, ag 17,5 % in 2022, agus thit an ráta AROPE do leanaí go dtí 21,6 %. Mar sin féin, tháinig méadú 0,5 % ar ghéardhíth ábharach agus shóisialta go dtí 2,3 % in 2022 agus d’fhan an ráta de dhaoine i mbaol bochtaineacht airgeadaíochta (14,8 %) os cionn leibhéil réamhphaindéime. Leanann tionchar láidir na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (41,2 % in 2022 i gcomparáid le 35,3 % san Aontas) agus an leibhéal íseal de riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh, leanann siad ag léiriú cáis atá ‘níos fearr ná an meán’.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 1 táscaire amháin atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Ostair maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim (féach an bosca i roinn 1.5).

An Pholainn

Tá margadh saothair na Polainne ag feidhmiú go maith go ginearálta, ach tá dúshlán mhóra roimh mhná agus daoine faoi mhíchumas. Shroich na rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta leibhéil níos fearr ná mar a bhí ann roimh an bpaindéim agus na feidhmíochtaí is fearr á dtaifeadh acu le deich mbliana fichead anuas. Le ceann de na rátaí dífhostaíochta is ísle san Aontas ag 2,9 % in 2022, tá an Pholainn mar ‘ghníomhaí is fearr’, agus tá a ráta fostaíochta ‘ar an meán’ ag 76,7 % (i gcomparáid le 74,6 % san Aontas). An tráth céanna, tá ganntanais lucht saothair fairsing agus cuirtear leis na ganntanais sin leis an meath ar an daonra atá in aois oibre agus leis an rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair ag roinnt grúpaí daonra. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní fós ‘le breathnú’ le leibhéal 12,9 pointe céatadán (i gcomparáid le 10,7 pointe céatadán san Aontas) in 2022 agus gan iad ag feabhsú ach go mall. Ceann de na príomhchúiseanna a bhíonn le díomhaointeas na mban ná freagrachtaí cúraim maidir le leanaí agus daoine a dteastaíonn cúram fadtéarmach uathu. Léirítear é sin nuair a fheictear nach raibh ach 15,9 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois i gcúram leanaí foirmiúil, rud atá ‘le breathnú’ toisc go bhfuil sé i bhfad faoi bhun mheán an Aontais (35,7 %) agus gur tháinig meath beag air freisin in 2022, ag imeacht óna threocht suas ó bhí 2019 ann. Fágann an ráta íseal sin mar aon le dúshlán cháilíochta gur rud é atá in ann a bheith díobhálach d’ionchais foghlama fhadtéarmacha leanaí agus do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. I measc na dtosca eile a ídíonn ráta fostaíochta na mban tá minicíocht íseal na hoibre páirtaimseartha sa Pholainn i gcomparáid leis an Aontas agus aois scoir sách luath na mban. Bíonn tionchar ag rannpháirtíocht na mban óg san ardoideachas treasach i gcomparáid le fir ar a ráta fostaíochta freisin agus bíonn tionchar tairbhiúil aige sin san fhadtéarma. Tá bacainní móra fós roimh dhaoine faoi mhíchumas ar rochtain ar an margadh saothair, rud eile atá ina chúis leis an díomhaointeas²⁸⁴. D’ainneoin laghdú in 2022 i gcomparáid le 2021 (31,3 pointe céatadán i gcomparáid le 34,2 pointe céatadán), ní raibh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ag laghdú sách tapa agus tá sé fós go mór os cionn mheán an Aontais de 21,4 pointe céatadán, rud atá ‘le breathnú’.



Foinse: Eurostat [tepsr_sp200], [tesem060], [tepsr_sp210], EU-SILC

²⁸⁴ ECFE, *Regional Economic Inactivity Trends in Poland, OECD Reviews on Local Job Creation*, OECD Publishing, Páras, 2021.


Tá roinnt forbairtí maithe ag tarlú sa Pholainn i dtaca le daoine óga san oideachas, ach tá an leibhéal scileanna digiteacha fós an-íseal ann. Tá cion na ndaoine fásta a bhfuil bunscoileanna digiteacha ar a laghad acu sa Pholainn ag 42,9 %, figiúr atá i bhfad níos ísle ná meán an Aontais (53,9 % in 2021) agus is ‘cás criticiúil’ é mar sin. Ach fáil scileanna digiteacha a neartú bítear in ann tacú ansin leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Os a choinne sin, níl an cion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint ach leath de sin san Aontas (4,8 % i gcomparáid le 9,6 %) agus feidhmíonn an Pholainn ‘níos fearr ná an meán’ a mhéid a bhaineann le cion na ndaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEETanna).

Tá an cás sóisialta sách maith sa Pholainn. Tá ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (15,9 %) agus an neamhionannais ioncaim (cóimheas idir cúigilí ioncaim, 3,9 %) ‘níos fearr ná an meán’ i gcomparáid le meán an Aontais (de 21,6 % agus 4,7 %, faoi seach). D’fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar, nó cuid de ar a laghad, thionchar ‘níos fearr ná an meán’ na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta (laghdú 38,6 % ar an ráta i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le 35,3 % ar an meán san Aontas).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bPolainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An Phortaingéil

Tá córas cosanta sóisialta na Portaingéile níos éifeachtaí anois ó thaobh rioscaí bochtaineachta a mhaolú agus neamhionannais ioncaim a laghdú. Taifeadadh feabhsúcháin mhóra maidir le cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) agus an cóimheas idir cúigilí ioncaim, rud lena ndéantar an meath a tharla in 2021 a sheach-chur, agus an dá tháscaire ‘níos fearr ná an meán’ anois. Tháinig laghdú 2,3 pointe céatadáin ar an ráta AROPE ó bhí 2021 ann agus d’fhill sé faoi bhun mheán an Aontais in 2022 (20,1 % i gcomparáid le 21,6 %), agus tá an cóimheas idir cúigilí ioncaim fós beagán os cionn mheán an Aontais (5,1 i gcomparáid le 4,7). Mar sin féin, tá cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta fós an-ard sna hAsóir agus i Maidéara (30,3 % agus 30,2 % faoi seach) agus leanann sé ag dul i méid, rud a léiríonn na héagothromaíochtaí atá ag dul i méid idir mórthír na Portaingéile agus na réigiúin is forimeallaí ann. Tháinig méadú 3,7 pointe céatadáin in 2022 ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) maidir leis an mbochtaineacht a laghdú (níos mó ná in aon Bhallstát eile), ag bogadh ó ‘chriticiúil’ go dtí ‘lag ach ag feabhsú’²⁸⁵. D’ainneoin na forbartha sin le déanaí, tá feidhmíocht na Portaingéile fós go mór ar gcúl mheán an Aontais (23,7 % in aghaidh 35,3 %) agus ní mór di téarnamh a dhéanamh agus filleadh ar leibhéil réamhphaindéime.



Foinse: Eurostat [[ilc_peps01n](#)], EU-SILC.

²⁸⁵ Briseadh san amshraith in 2022.

Chuir an Phortaingéil feabhas ar chúrsaí oideachais agus scileanna. Bhí formhór na dtáscairí ar an Scórchlár Sóisialta sa réimse sin ‘níos fearr ná an meán’ in 2022. Tháinig méadú imeallach ar an ráta luathfhágáilithe ón oideachas agus ón oiliúint ó 2021 go dtí 2022 (0,1 pointe céatadáin) agus é fós ‘níos fearr ná an meán’ tar éis laghduithe móra i gcaitheamh 5 bliana anuas. Bhí cion na ndaoine fásta ag a raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ag 55,3 % in 2021 (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas), rud a d’fhág go raibh sé ‘ar an meán’. Ach inbhuanaitheacht na dtorthaí sin a áirithiú is féidir leis cuidiú leis an bPortaingéil aghaidh a thabhairt ar a dúshlán sa réimse scileanna i bhfianaise riachtanais atá ag athrú sa mhargadh saothair chomh maith leis na haistrithe glasa agus digiteacha.

Bhí margadh saothair na Portaingéile athléimneach d’ainneoin gur tháinig moill ar an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19. Tá táscairí uile an Scórchláir Shóisialta faoin réimse ‘dálaí córa oibre’ gan athrú i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus tá siad fós ‘ar an meán.’ In 2022, bhí na rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta níos fearr ná na meáin faoi seach san Aontas (77,5 % i gcomparáid le 74,6 % agus 6,0 % i gcomparáid le 6,2 %, faoi seach), agus feabhsúcháin a bhí beagán faoi bhun an mheáin ón mbliain seo caite. Tar éis méadú ó 2,3 % go dtí 2,9 % idir 2020 agus 2021, tháinig feabhas measartha ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in 2022 (2,7 %).

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe gan aon táscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bPortaingéil maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).


An Rómáin

D’ainneoin dul chun cinn mór, tá na rioscaí bochtaineachta sa Rómáin ard go leanúnach, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha agus i limistéir thuaithe. Cé gur tháinig meath ar an ráta

AROPE ó 2015 ó 44,5 % go dtí 34,4 % in 2022 tá sé fós go maith os cionn mheán an Aontais (ag 21,6 %) agus tá an scéal céanna amhlaidh maidir leis an AROPE do leanaí. Léiríonn siad sin agus tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta ‘cásanna criticiúla’. Baineann rioscaí bochtaineachta le 41,5 % de na leanaí uile, gan feabhas ar bith ann i gcomparáid le 2021. Ní raibh ach éifeachtacht theoranta ag baint leis an gcóras cosanta sóisialta agus gan ach laghdú 16,5 % ar an mbochtaineachta de bharr aistrithe sóisialta (i gcomparáid le 35,3 % san Aontas). Cé gur tháinig titim i bhfad níos mó ar an gcóimheas idir cúigilí ioncaim ná

i bhformhór na mBallstát eile idir 2021 agus 2022 (ó 7,14 go dtí 6,0), tá sé fós ar cheann de na rátaí is airde san Aontas. Bhí riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh ag 4,9 % in 2022 agus ‘le breathnú’. Tá deacrachtaí níos mó ag grúpaí leochaileacha, daoine a chónaíonn i limistéir thuaithe, agus ag pobail imeallaithe mar shampla na Romaigh ó thaobh seirbhísí riachtanacha agus sóisialta a rochtain.

Ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiamh shóisialta de réir leibhéal uirbithe (% daonra)



Foinse: Eurostat, EU-SILC [[ilc_peps13n](#)]


Cuireann dúshlán leanúnacha a bhaineann le forbairt oideachais agus scileanna an cóineasú socheacnamaíoch inbhuanaithe i mbaol. Leanann táscairí an Scórchláir Shóisialta a bhaineann le cruthú scileanna ag léiriú ‘cásanna criticiúla’. Go háirithe, tá an sciar de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (15,6 %) ar cheann de na rátaí is airde san Aontas agus ní léir gur tháinig aon fheabhas air le cúpla bliain anuas, d’ainneoin go bhfuil an ráta ag titim san Aontas. D’ainneoin feabhsúcháin le déanaí, léirítear ‘cás criticiúil’ le cion na leanaí faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil go leanúnach agus bhí sé i measc na rátaí is ísle in 2022 (12,3 % i gcomparáid le 35,7 % san Aontas). Fágann an ráta íseal sin in éineacht le dúshlán cháilíochta go bhféadfadh sé a bheith díobhálach d’ionchais foghlama fhadtéarmacha, ach freisin do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Ag 27,8 % den daonra fásta a bhí daoine aonair ag a raibh bunscoileanna digiteacha ar a laghad in 2021, go maith faoi bhun mheán an Aontais de 53,9 %, agus ‘cás criticiúil’ i gceist ansin freisin. Chun an iomaíochas a neartú agus an t-ionchas maidir le fás uilechuimsitheach a áirithiú, tá scóip ann chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht, inrochtaineacht, agus ábharthacht an mhargaidh saothair d’oideachas agus oiliúint, agus dlús a chur faoi fháil scileanna leis an bhfócas ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, i bhfianaise na nganntanas saothair agus scileanna, an dá aistriú agus na ndúshlán déimeagrafach.

Léirigh an margadh saothair athléimneacht in aghaidh ghéarchéim COVID-19, ach tá dúshlán shubstaintiúla fós le sárú aige. In 2022, bhí an ráta fostaíochta fós go maith faoi bhun mheán an Aontais (68,5 % i gcomparáid le 74,6 %) agus bhí sé fós ‘criticiúil’, rud a léirigh ar thaobh amháin na difríochtaí láidre i dtorthaí mhargadh an tsaothair ar fud grúpaí den daonra. Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (0,2 pointe céatadáin go dtí 2,2 %), in aghaidh treocht fheabhsaithe san Aontas, agus tá sé anois ‘le breathnú’. Tháinig meath ar NEETanna na n-óg go dtí 19,8 % (fós i measc na rátaí is airde san Aontas) agus é fós i ‘gcás criticiúil’ i ngeall ar luas mall na bhfeabhsuithe. Rud dearfach is ea gur bhog an bhearna fostaíochta idir na hinscní, a bhí i ‘gcás criticiúil’ níos gaire do mheán an Aontais in 2020 agus 2021 agus, le 18,6 pointe céatadáin in 2022, athraíodh é go dtí ‘lag ach ag feabhsú’. Mar an gcéanna, laghdaigh an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas in 2022 (laghdú 0,6 pointe céatadáin), ag athrú ó ‘criticiúil’ go dtí ‘le breathnú’.

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 11 táscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **tá an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an Rómáin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin beidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

An tSlóivéin

Théarnaigh margadh saothair na Slóivéine go láidir tar éis phaindéim COVID-19. In 2022, leanadh den fheabhas ar na rátaí fostaíochta, dífhostaíochta agus na rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí i gcomhréir leis an treocht fhoriomlán san Aontas agus shroich siad leibhéil arda den chéad uair riamh, agus i gcás na dífhostaíochta, shroich siad leibhéil ísle, nach bhfacthas roimhe seo (77,9 %, 4 %, agus 1,6 %, faoi seach). Bhí na táscairí uile sin maidir leis an margadh saothair ‘ar an meán’ nó ‘níos fearr ná an meán’. Mar sin féin, tá an baol ann de bharr fachtóirí struchtúrtha mar shampla aosú tobann an daonra agus neamhréireachtaí scileanna go mbeidh na ganntanais lucht saothair atá ann cheana níos measa fós.



Tá roinnt dúshlán roimh an tSlóivéin a bhaineann lena córas oideachais agus oiliúna, go háirithe

maidir le scileanna digiteacha. In 2021, bhí bunscoileanna digiteacha ar a laghad ag 49,7 % de dhaoine fásta, figiúr atá faoi bhun mheán an Aontais (53,9 %) agus ‘le breathnú’, go háirithe má táthar chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Tháinig méadú 0,9 pointe céatadán ar an gcion de luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, in aghaidh treocht fheabhsaithe i bhformhór na mBallstát. As sin tháinig titim air ón ‘ngníomhaí is fearr’ go dtí ‘go maith ach le breathnú’, cé go bhfuil ceann de na sciartha is ísle fós ag an tSlóivéin san Aontas. Ar bhonn analógach, cé gur tháinig méadú freisin ar an gcion de dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET) (méadú 1,1 pointe céatadán), ag 8,4 % in 2022, tá sé fós faoi bhun mheán an Aontais de 11,7 %, agus tá sé ‘go maith ach le breathnú’ freisin.

Foinse: Eurostat [[lfsi_emp_a](#)], [[une_rt_a](#)], [[une_ltu_a](#)], [[edat_lfse_20](#)], EU LFS

Feidhmíonn an córas cosanta go maith tríd is tríd sa tSlóivéin. Tá beagnach na dtáscairí uile sa Scórchlár Sóisialta sa réimse ‘cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta’ ‘níos fearr ná an meán’ nó cuirtear an tSlóivéin i dtábhacht mar ‘ghníomhaí is fearr’ in 2022. Mar a tharla blianta roimhe, bhí ceann de na sciartha is ísle den daonra sa tSlóivéin agus de leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, le 13,3 % agus 10,3 % faoi seach. Mar sin féin, bíonn rioscaí bochtaineachta níos airde le sárú ag roinnt grúpaí leochaileacha, go háirithe daoine ar bheagán oideachais, daoine dífhostaithe, mná scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, rud a chiallaíonn nach mór iarrachtaí beartais bhreise a dhíriú ar na grúpaí sin. Cé go raibh tionchar sách ard (‘níos fearr ná an meán’) ag aistrithe sóisialta na Slóivéine ar laghdú na bochtaineachta blianta roimhe, laghdaigh sé sin in 2022 i bhfad níos mó ná i bhformhór na mBallstát, rud atá ‘le breathnú’²⁸⁶. Go háirithe, bhí na haistrithe sóisialta ar an rogha ba lú éifeachta ó thaobh riosca na bochtaineachta a laghdú do dhaoine scothaosta (65 bliana d’aois agus níos sine), agus ráta AROPE beagnach dhá uair chomh hard (26,1 %) i measc mná a bhí 75+ in 2022 i gcomparáid leis an daonra go ginearálta. Ar deireadh, bhí na riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh fós sách ard i gcomparáid le meán an Aontais (2,2 %), d’ainneoin feabhas mór ó 4,8 % in 2021 go dtí 3,7 % in 2022.


I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 2 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSlóivéin maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

²⁸⁶ Briseadh san amshraith in 2022.

An tSlóvaic

Feidhmíonn an margadh saothair sa tSlóvaic go maith go ginearálta, ach tá dúshlán ag baint fós leis an dífhostaíocht fhadtéarmaí.

Tar éis téarnamh láidir ó ghéarchéim COVID-19, shroich an ráta fostaíochta 76,7 % nach raibh ann riamh cheana agus bhí an ráta dífhostaíochta ag 6,1 % in 2022 (níos fearr ná meáin an Aontais de 74,6 % agus 6,2 % faoi seach). Tháinig feabhas freisin ar chion na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEET), ag titim ó 14,2 % in 2021 go dtí 12,3 % in 2022. Fós féin, meastar go bhfuil an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ‘criticiúil’, toisc go ndeachaigh sé in olcas ó 3,9 % in 2021 go dtí 4,1 % in 2022 (i gcomparáid le 2,4 % san Aontas). Ina theannta sin, feictear éagothromaíochtaí móra réigiúnacha idir na réigiúin san iarthar agus san oirthear.



Ní leor an rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus cuimsítear ‘cás criticiúil’ leis. In 2022, bhí an ráta rannpháirtíochta is ísle san Aontas ag an tSlóvaic maidir le leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (2,3 % i gcomparáid le 35,7 % san Aontas). Tá an rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige i measc leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois fós ar cheann de na rátaí is ísle san Aontas (77,4 % i gcomparáid le 91,8 % san Aontas in 2021), agus gan ach 33 % de leanaí na Romach i gceist ansin (cé go bhfuil sé feabhsaithe ó 27 % in 2016). Ar an taobh eile, tá an tSlóvaic ‘ar an meán’ maidir le luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint agus cion na ndaoine óga a bhfuil bunscoileanna digiteacha ar a laghad acu.


Tá rioscaí bochtaineachta ísle tríd is tríd sa tSlóvaic agus í i measc na ‘ngníomhaithe is fearr’ maidir le neamhionannas ioncaim, ach meastar go bhfuil rioscaí bochtaineachta do leanaí ‘le breathnú’. Tá éagothromaíochtaí móra réigiúnacha sa tSlóvaic, agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta i bhfad níos géire sa chuid thoir den tír. Tá ceann de na daonraí Romach is mó san Aontas sa tír, leis na mílte daoine ina gcónaí i limistéir iargúlta gan aon rochtain acu ar sheirbhísí riachtanacha. De thoradh méadú géar a tháinig air in 2022 (go dtí 24,7 % ó 19,7 % in 2021), tá an ráta AROPE do leanaí ‘le breathnú’, agus meath á léiriú aige le 2 bhliain as a chéile anois. Tá an rud céanna amhlaidh maidir le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta²⁸⁷.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, lena n-áirítear ceann ar tháinig meath air le himeacht ama, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSlóvaic maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

²⁸⁷ Bhí briseadh sa tsraith ag an táscaire sin in 2022.

An Fhionlainn

Tháinig margadh saothair na Fionlainne chuige féin go tapa ó ghéarchéim COVID-19 agus tá sé daingean go fóill. Leanann an Fhionlainn ag feidhmiú i gcomhréir le meán an Aontais i dtaca le táscairí an Scórchláir Shóisialta sa réimse ‘dálaí córa oibre’. Tháinig feabhas ar rátaí fostaíochta agus ar rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí in 2022 agus bhí siad níos fearr ná na meáin san Aontas faoi seach (78,4 % i gcomparáid le 74,6 % agus 1,5 % i gcomparáid le 2,4 % faoi seach) i measc dálaí dochta sa mhargadh saothair. Bhí ceann de na bearnaí fostaíochta is caoile idir na hinscní san Aontas ag an bhFionlainn in 2022 (1,2 pointe céatadán i gcomparáid le 10,7 pointe céatadán do mheán an Aontais) agus tá sí fós i measc na ‘ngníomhaithe is fearr’.



Tá cion na ndaoine óga nach bhfuil fostaíthe ná i mbun oideachais ná oiliúna (NEETanna) fós faoi bhun mheán an Aontais ach d'éirigh sé níos measa in 2022 (ó 9,2 % go dtí 9,3 %) in aghaidh treocht fheabhsaithe i bhformhór na mBallstát eile, cás atá ‘le breathnú’.

Leanann an Fhionlainn ag feidhmiú go maith sa réimse oideachais agus scileanna. In 2021, bhí bunscoileanna digiteacha ar a laghad ar 79 % den daonra fásta, figiúr atá ar cheann de na cinn is airde san Aontas. Bhí an ráta luathfhágáilithe ón oideachas agus ón oiliúint ag 8,4 % in 2022 (i gcomparáid le 9,6 % san Aontas), gan aon titim mhór i gcomparáid leis an mbliain anuraidh. Ach deiseanna foghlama agus fáil scileanna a chur chun cinn i gcomhréir leis an bhfeidhmíocht láidir sin cuideoidh sé chun acmhainneacht fáis fhadtéarmach an gheilleagair a áirithiú i bhfianaise aosú an daonra, na haistrithe glasa agus digiteacha agus na nganntanas saothair oile i roinnt earnálacha, mar shampla seirbhísí sóisialta agus cúram sláinte.

Tá córas cosanta sóisialta éifeachtach agus ionchuimsitheach san Fhionlainn, córas lena soláthraítear cumhdach leordhóthanach ach lena gcuimsítear freisin roinnt bacainní dreasachta agus casachta a bhfuiltear ag dul i ngleic leo i gcomhthéacs athchóirithe chuimsithigh. Léirítear é sin sa dea-fheidhmíocht fhoriomlán le formhór na dtáscairí sa Scórchlár Sóisialta faoin réimse ‘cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta’, cé go bhfuil riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh fós ‘criticiúil’. Tá an treocht ag dul i méid go láidir don táscaire sin, le 2,1 pointe céatadáin go dtí 6,5 % in 2022, i bhfad os cionn mheán an Aontais (2,6 %). Tá na tréimhsí fada feithimh le haghaidh cúram príomhúil agus cúram speisialaithe ann den chuid is mó i ngeall ar an riaráiste cúraim ó phaindéim COVID-19 agus ganntanais i lucht pearsanra cúraim agus leighis. Mhéadaigh cion na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) 2,1 pointe céatadáin in 2022 (go dtí 16,3 %), a bhí fós go maith os cionn mheán an Aontais (24,7 %). Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta fós ard agus os cionn mheán an Aontais (49,8 % i gcomparáid le 35,3 %), d’ainneoin go bhfuair sé 7,9 pointe céatadáin níos measa ó bhí 2021 ann²⁸⁸. Sa dá chás, tá titim ar an ‘ngníomhaí is fearr’ go dtí ‘go maith ach le breathnú’²⁸⁹.

I bhfianaise thorthaí na hanailise céadchéime thuas, agus go háirithe 2 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an bhFionlainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

²⁸⁸ Briseadh san amshraith in 2022.

²⁸⁹ Maidir leis na táscairí AROPE agus AROPE do leanaí, bhí briseadh san amshraith in 2022.


An tSualainn

Théarnaigh margadh saothair na Sualainne go tapa ó ghéarchéim COVID-19, ach tá bacainní roimh roinnt grúpaí daonra fós maidir leis an imeascadh i margadh an tsaothair. Lean ráta ard

fostaíochta de 82,2 % an fás láidir fostaíochta in 2022. Tá ceann de na rátaí is ísle de dhaoine óga freisin sa tír nach bhfuil fostaíthe ná i mbun oideachais agus oiliúna (NEETanna) san Aontas. Mar sin féin, ag 7,5 % in 2022 (i gcomparáid le 6,2 % san Aontas) tá an ráta dífhostaíochta fós ‘le breathnú’ agus folaítear difríochtaí móra idir grúpaí daonra a bhaineann leis an tír bhreithe. Cé go raibh ráta dífhostaíochta daoine a rugadh sa tír ag 4,6 %, bhí ráta dífhostaíochta chomh hard le 19,2 % acu siúd a rugadh lasmuigh den Aontas. Thairis sin, tá bearna shuntasach idir ráta dífhostaíochta daoine a

rugadh lasmuigh den Aontas a mhéid a bhaineann le hinscne, ag 22,3 % in 2022 i gcás ban agus ag 16,7 % i gcás fear. Chomh maith leis sin, tá an bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ‘le breathnú’, i ngeall ar mhéadú gear de 5,8 pointe céatadáin go dtí 25,7 pointe céatadáin in 2022. An bhliain chéanna, leathnaigh an bearna fostaíochta idir na hinscní agus tá sé ‘go maith ach le breathnú’.

Rátaí dífhostaíochta agus AROPE de réir áit bhreithe
(% den daonra idir 15-74 bliana d'aois agus den daonra foriomlán sa tSualainn, faoi seach)



Foinse: Eurostat, [lfsq_urgacob], EU LFS, [ilc_peps06n], EU-SILC.

Mhéadaigh rioscaí bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta agus neamhionannais ioncaim sa tSualainn, agus tá torthaí eile sa réimse sóisialta go maith nó ar an meán. Mhéadaigh cion na ndaoine óga atá i mbaol bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) de bheagán de 1,4 pointe céatadáin, go dtí 18,6 %, in 2022 (i gcomparáid le 21,6 % san Aontas), cás atá ‘le breathnú’ anois, tar éis a bheith ‘níos fearr ná an meán’ in 2021. Mar an gcéanna, tháinig méadú géar ar an gcóimheas idir cúigilí ioncaim ó 4,0 in 2021 go dtí 4,4 in 2022, an leibhéal is airde a taifeadadh riamh sa tSualainn (i gcomparáid le 4,7 san Aontas) agus tá sé ‘le breathnú’ freisin. Mar a bhí amhlaidh i gcás torthaí mhargadh an tsaothair, tá an bhearna sna rátaí AROPE idir daoine a rugadh sa tír (13,5 % in 2022) agus daoine a rugadh lasmuigh den Aontas (37,3 %) mór. Tá tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta ‘níos fearr ná an meán’, fad agus atá torthaí a bhaineann le ró-ualach an chostais tithíochta agus riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár riaradh ‘ar an meán’.

Feidhmíonn an tSualainn go han-mhaith maidir le scileanna, ach is ann fós do neamhionannais sa chóras oideachais. Tá an tír mar ‘ghníomhaí is fearr’ i dtéarmaí chion na leanaí atá faoi bhun 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil. Mar sin féin, tá cion na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (an aoisghrúpa 18-24 bliana d’aois) ag dul i méid ó bhí 2020 ann, ag sroicheadh 8,8 % in 2022. Tá sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint dhá oiread níos airde (17,3 %) i measc daoine óga a rugadh lasmuigh den Aontas i gcomparáid le mic léinn a rugadh sa tír (6,7 %). Tá cion an daonra fásta ag a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad go leanúnach ‘níos fearr ná an meán’, ag 66,5 % in 2021 (i gcomparáid le 53,9 % san Aontas), ag tabhairt tacaíochta do na haistrithe glasa agus digiteacha.

I bhfianaise thorthaí na hanailíse céadchéime thuas, agus go háirithe 4 tháscaire atá ‘criticiúil’ nó ‘le breathnú orthu’, **níl an chuma ar an scéal go bhfuil rioscaí féideartha roimh an tSualainn maidir le cóineasú sóisialta aníos agus dá réir sin ní bheidh gá le hanailís bhreise a dhéanamh ina leith sa dara céim** (féach an bosca i roinn 1.5).

Iarscríbhinn 1: Príomhspríocanna 2030 an Aontais agus spriocanna 2030 náisiúnta de réir Ballstáit

	Fostaíocht (%)	Foghlaim aosach (%)	Laghdú na bochtaineachta (AROE, míle)
Príomhspríoc an Aontais	78,0	60,0	-15000
Gach Ballstát le chéile	78,5	57,6	-15600*
BE	80,0	60,9	-279
BG	79,0	35,4	-787
CZ	82,2	45,0	-120
DK	80,0	60,0	-30 ⁽¹⁾
DE	83,0	65,0	-1200 ⁽²⁾
EE	81,3	52,3	-39
IE	78,2	64,2	-90
EL	71,1	40,0	-860
ES	76,0	60,0	-2815
FR	78,0	65,0	-1100
HR	75,0	55,0	-298
IT	73,0	60,0	-3200
CY	80,0	61,0	-10
LV	80,0	60,0	-95
LT	80,7	53,7	-223
LU	77,6	62,5	-4
HU	85,0	60,0	-292 ⁽³⁾
MT	84,6	57,6	⁽⁴⁾
NL	82,5	62,0	-163
AT	79,9	62,0	-204
PL	78,3	51,7	-1500
PT	80,0	60,0	-765
RO	74,7	17,4	-2532
SI	79,5	60,0	-9
SK	76,5	50,0	-70
FI	80,0	60,0	-100
SE	82,0	60,0	-15

Tabhair faoi deara: () Tá comhiomlán na sprice laghdaithe bochtaineachta le haghaidh gach Ballstát cothrom le 15.6 milliún ar a laghad seachas Ballstáit nach gcuireann a spriocanna in iúl i dtéarmaí leibhéil AROPE. (1) Cuireann an Danmhairg a sprioc chun bochtaineacht náisiúnta a laghdú in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoriseal (VLWI) faoi 30 000. (2) Cuireann an Ghearmáin a sprioc chun bochtaineacht náisiúnta a laghdú in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoriseal (VLWI) faoi 1.2 milliún, agus 2020 in úsáid mar bhonnline in ionad 2019. (3) Cuireann an Ungáir a sprioc chun bochtaineacht náisiúnta a laghdú in iúl mar laghdú ar ráta díothachta ábhartha agus sóisialta na dteaghlach ag a bhfuil leanaí go dtí 13 %, agus laghdú 292 000 ar an líon daoine AROPE dá réir sin. (4) Cuireann Málta a sprioc náisiúnta chun bochtaineacht a laghdú in iúl mar laghdú sa ráta AROPE faoi 3.1 pointe céatadán.*

Iarscríbhinn 2. Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta

1. Bíonn an anailís sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 ag brath ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta arna bhformhuiniú ag an gComhairle²⁹⁰. Freagraíonn príomhtháscairí le prionsabail na barainne, na hinfhaighteachta, na hinchomparáideachta, agus na stóinseachta staidrimh. Is mar a leanas atá na táscairí, agus iad nasctha le gach ceann de thrí chaibidil an Cholúin:

- *Comhdheiseanna*
 - Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaím le 12 mhí anuas (25-64 bliana d’aois)
 - Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d’aois)
 - Sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d’aois)
 - Daoine óga nach bhfuil fostaithe ná i mbun oideachais ná oiliúna (ráta NEET) (% den daonra idir 15 agus 29 mbliana d’aois)
 - An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointe céatadán, daonra idir 20-64 bliana d’aois)
 - Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)
- *Dálaí córa oibre*
 - Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d’aois)²⁹¹
 - Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d’aois)
 - Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach atá 15-74 bliana d’aois)
 - Fás ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) *per capita* (2008=100)²⁹²

²⁹⁰ An 14 Meitheamh 2021, d’fhorghuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí tuairim an Choiste Fostaíochta (EMCO) agus an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus iad ag tuairisciú ar chomhaontú ar thángthas maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta.

²⁹¹ Ó 2021 i leith, i gcomhréir le [teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Staidreamh Sóisialta Comhtháite Eorpach](#), bailíonn Eurostat, trí institiúidí staidrimh náisiúnta na mBallstát, sonraí le haghaidh shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair (EU-LFS) de réir modheolaíocht athbhreithnithe. Is é is aidhm don athrú seo feabhas a chur ar shonraí an mhargaidh saothair, ach ní mór cloí leis agus brí a bhaint as na hathruithe sna táscairí gar do thráth an athraithe, an 1 Eanáir 2021. Ina theannta sin, bíonn tionchar aige seo ar ráta NEET an aosa óig, ar an ráta Dífhostaíochta, ar an ráta Dífhostaíochta fadtéarmaí, ar na príomhtháscairí maidir leis an mbearna fostaíochta idir na hinscní.

²⁹² Tomhaistear GDHI i dtéarmaí réadacha. De réir mar a d’éiligh an Coiste um Chosaint Shóisialta é, úsáidtear sa táscaire sin ‘ioncam neamhchoigeartaithe’ (i.e. gan aistriú sóisialta comhchineáil a áireamh) agus trí thagairt d’úsáid aonaid caighdeán cumhachta ceannaigh (pc) a fhágáil ar lár, arna úsáid sa bhunleagan den Scórchlár Sóisialta, ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na táscairí bunaithe ar EU-SILC.

- *Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta*

- An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) (% den daonra foriomlán)²⁹³
- An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (AROPE) i gcas leanaí (% den daonra idir 0-17 mbliana d'aois)²⁹⁴
- Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)²⁹⁵
- An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pc, 20-64 bliana d'aois)²⁹⁶
- Ró-ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra foriomlán)²⁹⁷

- ²⁹³ In éineacht leis na trí chomhpháirt a bhaineann leis: riosca bochtaineachta, daonra foriomlán (AROP 0+), géardhíth ábharach agus shóisialta, daonra foriomlán (SMSD 0+) agus sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh déine an-iseal oibre (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe), idir 0-64 bliana d'aois (QJ 0-64). In 2021, modhnaíodh an táscaire AROPE i bhfianaise phríomhspríoc nua an Aontais do 2030 maidir leis an líon daoine i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú. Sa chomhthéacs sin, rinneadh athbhreithniú ar dhá cheann dá chomhpháirteanna (an díth agus na teaghlaigh ghar-dhífhostaithe). Tagann comhpháirt na géardhíothachta ábhartha agus sóisialta in ionad chomhpháirte na Géardhíothachta Ábhartha. Athraíodh an aoisghrúpa tagartha do theaghlaigh gar-dhífhostaithe ó 0-59 go 0-64. Le haghaidh na dtáscairí ar fad a bhraiteann ar ioncam in EU-SILC, sainmhínítear an tréimhse tagartha ioncaim mar thréimhse 12 mhí. Dá bhrí sin, tagraíonn athróa ioncaim a úsáidtear chun táscairí AROP agus QJ a ríomh don bhliain féilire roimh bhliain an tsuirbhé ach amháin i gcás na hÉireann (12 mhí roimh fhreagairt an tsuirbhé). Níl aon athróg ioncaim ina ríomh ag an táscaire géardhíothachta ábhartha agus shóisialta; dá bhrí sin, tagraíonn na hathróa EU-SILC ar fad a úsáidtear chun é a ríomh do bhliain an tsuirbhé.
- ²⁹⁴ In éineacht leis na trí fhótháscaire a bhaineann leis: riosca bochtaineachta, leanaí (AROP 0-17), géardhíth ábharach agus shóisialta, leanaí (SMSD 0-17), agus sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine an-iseal oibre (teaghlaigh ghar-dhífhostaithe), leanaí (QJ 0-17). Is leagan modhnaithe de SMSD maidir leis an daonra foriomlán é SMSD maidir le leanaí, ina dtugtar meáchan níos ísle do mhíreanna duine fásta, d'fhonn go mbeadh an táscaire leanaí ró-íogair do dhíth daoine fásta. Tá blianta tagartha díreach mar a chéile leo sin a úsáidtear i dtáscairí don daonra iomlán.
- ²⁹⁵ Tomhaistear é sin mar an laghdú i gcéatadán, don daonra foriomlán, den ráta riosca bochtaineachta (AROP) ina dhiaidh i gcomparáid leis sin roimh aistrithe sóisialta airgeadaíochta (seachas pinsin). Ní áirítear leis aistrithe comhchineáil a bhaineann le cúram sláinte mar shampla.
- ²⁹⁶ Ríomhtar táscaire na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas le staidreamh an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála (EU-SILC) faoi láthair agus tá sé bunaithe ar an stádas míchumais mar a thugtar leis an Innéacs ar Shrian le Gníomhaíocht Iomlán (GALI). Freagróidh freagróirí an tsuirbhé na ceisteanna a leanas: (1) 'An bhfuil tú teoranta mar gheall ar fhadhb sláinte i ngníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth? An ndéarfá go bhfuil tú ... thar a bheith teoranta; teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta; nó gan a bheith teoranta ar chor ar bith?' Más é 'thar a bheith teoranta' nó 'teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta' freagra cheist (1), freagróidh freagróirí an tsuirbhé ceist (2) 'An bhfuil tú teoranta le 6 mhí anuas ar a laghad? Tá nó Níl?'. Meastar go bhfuil duine faoi mhíchumas más é 'Tá' freagra an dara ceist. Mar a ríomhtar le EU-SILC, feictear comhghaol idir leitheadúlacht an mhíchumais bunaithe ar choincheap GALI agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas atá bunaithe air sa bhliain 2022 ar fud Bhallstáit an Aontais (comhéifeacht comhghaolúcháin Pearson = -0.5).
- ²⁹⁷ Leis an táscaire, déantar sciar an daonra a chónaíonn i dteaghlaigh inarb ionann na costais tithíochta fhoriomlána agus níos mó ná 40 % d'ioncam diúscartha (iad araon 'glan' ó lamháltais tithíochta). De réir na tuairisce a thugtar in [Methodological Guidelines and Description of EU-SILC variables \(version April 2020\)](#) [Treoirilnte agus Tuairisc Mhodheolaíoch ar athróa EU-SILC (leagan mhí Aibreáin 2020)], áirítear sochair chíos agus sochair a fhaigheann úinéirí lonnaitheacha, ach seachas sochair chánach agus aistrithe caipitil, le lamháltais (ní áirítear ach lamháltais a mbaineann tástáil acmhainne leo). Leis an doiciméad, sainmhínítear costais tithíochta mar chostais mhíosúla agus costais arna n-íoc iarbhir, a bhaineann le ceart an teaghlaigh a bheith ina chónaí sa chóiríocht. Tá árachas struchtúrach (le haghaidh tionóntaí: má íoctar é), seirbhísí agus muirir (baint camrais, baint bruscair, etc. san áireamh iontu; sainordaitheach le haghaidh úinéirí, le haghaidh tionóntaí: má íoctar iad), cothabháil agus deisiúcháin thráthrialta, cánacha (le haghaidh an tionóntaí: ar an teaghais, más infheidhme) agus costas na bhfóntas (uisce, leictreachas, gás agus téamh). Le haghaidh úinéirí a bhfuil morgáiste á íoc acu, tá íocaíochtaí úis gaolmhara (aon fhaoiseamh cánach a asbhaintear, seachas sochair tithíochta nach n-asbhaintear) san áireamh. Le haghaidh tionóntaí ar phraghas an mhargaidh nó ar phraghas laghdaithe, tá íocaíocht cíosa san áireamh. Le haghaidh tionóntaí atá saor ó chíos, níor cheart sochair tithíochta a asbhaint ón gcostas tithíochta foriomlán.

- Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá idir 0-3 bliana d'aois)
- Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois)²⁹⁸

i) **Léiríonn tuairim EMCO-SPC céimeanna breise maidir leis an Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe a chur chun feidhme ina iomláine²⁹⁹.** Leis an bpríomhtháscaire ‘An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas’, baintear úsáid as Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála mar an bhfoinse staidrimh ar bhonn sealadach, ach athróidh sé go Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair chun cruinneas feabhsaithe a bhaint amach amhail ó 2022, agus chun sonraí a sholáthar in 2023. Leanann ranna an Choimisiúin, lena n-áirítear Eurostat, d’fhaireachán a dhéanamh ar a cháilíocht agus i mbun athbhreithnithe ar an táscaire de réir mar a bheidh sonraí atá bunaithe ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair ar fáil, agus tacóidh sé le tuilleadh céimeanna chun feabhas a chur ar an inchomparáideacht trastíre agus chun forbairt táscairí breise sa réimse sin a fhiosrú. Tá an príomhtháscaire ‘Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas’, leagtha amach freisin chun úsáid a bhaint as Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair ó 2022 ar aghaidh, nár bailíodh ach amháin tríd an Suirbhé ar an Oideachas Aosach roimhe sin (leis an eagrán deiridh in 2016). Tá anailís chuimsitheach á déanamh ar na sonraí ón dá shuirbhé chun dea-cháilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. Táthar ag súil go n-eiseofar na chéad sonraí maidir le foghlaim aosach ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (tréimhse thagartha 12 mhí) in Earrach 2024. Chun a chinntiú go ndéantar faireachán ar Threoirlínte Fostaíochta 6 agus 7, lena n-áirítear beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, baintear úsáid eisceachtúil as an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 4 seachtaine anuas (25-64 bliana d’aois) sa Tuarascáil Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht.

²⁹⁸ Baineann an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú leis an measúnú suibíachtúil a dhéanann duine ar an gceist an raibh scrúdú nó cóireáil de dhíth air i leith cineál sonrach cúraim sláinte ach nach ndearnadh sin nó nár lorg sé sin ar cheann de na trí chúis seo a leanas: ‘cúiseanna airgeadais’, ‘liosta feithimh’ agus ‘achar rófhada le taisteal’. Is éard is cúram leighis ann na seirbhísí sláinte aonair (scrúdú nó cóireáil leighis seachas cúram fiacra) a sholáthraíonn dochtúirí leighis nó gairmithe atá coibhéiseach leo de réir na gcóras sláinte náisiúnta nó a dhéantar faoi mhaoirseacht na ndaoine sin (sainmhíniú Eurostat). Maidir leis na fadhbanna a thuairiscíonn daoine maidir cúram a fháil nuair atá siad tinn, is féidir bacainní ar chúram a léiriú leo sin.

²⁹⁹ Féach [Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta le haghaidh Scórchlár Sóisialta athbhreithnithe](#).

Iarscríbhinn 3. Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, leibhéil

	Comhdheiseanna													
	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)			An sciar daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d'aois)		Ráta NEET an aosa óig (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)			An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadán (pc))			Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)		
Bliain	2020	2021	2022	2019	2021	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
AE27	9,9	9,8 b	9,6	:	53,9	13,8	13,1 b	11,7	11,1	10,9	10,7	4,9 b	5,0	4,7
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	4,9 b	5,0	:
EUnw	8,7	8,2 b	8,1	:	56,3	12,7	12,0 b	10,9	9,7	9,6	9,1	4,7	4,8	4,7
EAnw	8,5	7,9 b	7,8	:	58,5	12,6	11,6 b	10,5	9,0	8,8	8,4	4,7	4,7	4,7
BE	8,1	6,7 b	6,4	:	54,2	12,0	10,1 b	9,2	8,1	7,7	7,6	3,7	3,4	3,6
BG	12,8	12,2 b	10,5	:	31,2	18,1	17,6 b	15,1	8,3	8,4	7,7	8,0	7,5	7,3
CZ	7,6	6,4 b	6,2	:	59,7	11,0	10,9 b	11,4 b	15,3	15,4	14,9	3,3	3,4	3,5
DK	9,3	9,8 b	10,0	:	68,7	10,2	8,3 b	7,9	7,0	6,9	5,4	4,0 b	3,9	4,0
DE	10,1 b	12,5 b	12,2	:	48,9	9,1 b	9,5 b	8,6	7,5 b	7,4	7,8	4,9 b	5,0	4,4
EE	8,5	9,8 b	10,8	:	56,4	11,9	11,2 b	10,6	4,4	3,7	2,9	5,0	5,0	5,4
IE	5,0	3,3 b	3,7	:	70,5	14,2	9,8 b	8,7	12,7	10,0	11,3	4,1 b	3,8	4,1
EL	3,8	3,2 b	4,1	:	52,5	18,7	17,3 b	15,4	19,4	19,8	21,0	5,2	5,8	5,3
ES	16,0	13,3 b	13,9	:	64,2	17,3	14,1 bd	12,7	11,4	10,6 d	10,9 d	5,8	6,2	5,6
FR	8,0	7,8 b	7,6	:	62,0	14,0	12,8 bd	12,0	5,7	6,2 d	5,8 d	4,4 b	4,4	4,6 p
HR	2,2 u	2,4 bu	2,3 u	:	63,4	14,6	14,9 b	13,3	11,2	10,5	9,5	4,6	4,8	4,6
IT	13,1	12,7 b	11,5	:	45,6	23,3	23,1 b	19,0	19,7	19,2	19,7	5,8	5,9	5,6
CY	11,5	10,2 b	8,1	:	50,2	15,3	15,4 b	14,7	12,0	12,2	12,1	4,3	4,2	4,3 p
LV	7,2	7,3 b	6,7	:	50,8	11,9	12,1 b	11,3	3,7	4,8	3,1	6,3	6,6	6,3
LT	5,6	5,3 b	4,8	:	48,8	13,0	12,7 b	10,7	1,7	1,4	0,8	6,1	6,1	6,4
LU	8,2	9,3 b	8,2	:	63,8	7,7	8,8 b	7,4	7,1	7,4	6,5	5,0 b	4,6 b	4,7 b
HU	12,1	12,0 b	12,4	:	49,1	14,7	11,7 b	10,8	11,2	10,6	9,8	4,2	4,2	4,0
MT	12,6	10,7 b	10,1	:	61,2	9,5	9,5 b	7,2	17,8	16,4	13,1	4,7	5,0	4,8
NL	7,0	5,1 b	5,6	:	78,9	5,7	3,9 b	4,2	8,4	8,2	7,9	4,2	3,9	3,9
AT	8,1	8,0 b	8,4	:	63,3	9,5	9,4 b	9,1	8,4	8,6	7,8	4,1	4,1	4,3
PL	5,4	5,9 b	4,8	:	42,9	12,9	13,4 b	10,9	15,0	14,0	12,9	4,1	4,0	3,9
PT	8,9	5,9 b	6,0	:	55,3	11,0	9,5 b	8,4	5,7	5,9	5,6	5,0	5,7	5,1
RO	15,6	15,3 b	15,6	:	27,8	16,6	20,3 b	19,8	19,3	20,1	18,6	6,6	7,1	6,0
SI	4,1	3,1 bu	4,0	:	49,7	9,2	7,3 b	8,4	5,9	6,7	6,9	3,3	3,2	3,3
SK	7,6	7,8 b	7,4	:	55,2	15,2	14,2 b	12,3	7,3	8,5	8,1	3,0	3,2	3,1
FI	8,2	8,2 b	8,4	:	79,2	10,3	9,3 b	9,5	3,3	2,0	1,2	3,7	3,6	3,8
SE	7,7	8,4 b	8,8	:	66,5	7,2	6,0 b	5,7	5,4	5,3	5,8	4,1	4,0	4,4

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. I ngeall ar athruithe suntasacha ar shainmhíniú sciar na ndaoine ag a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach in 2021, níl luach inchomparáide le haghaidh 2019 ar fáil agus is ar luachanna 2021 amháin a bhraitheann anailís ar an táscaire sin sa tuarascáil, rud atá eisceachtúil.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 3 (ar lean). Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, leibhéil

	Dálai córa oibre											
	Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois)			Ráta difhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15- 74 bliana d'aois)			Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Fás <i>per capita</i> ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (2008=100)		
Bliain	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
AE27	71,7	73,1	74,6	7,2	7,1	6,2	2,5	2,8	2,4	107,9	109,9	109,6
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:
EUnw	73,4	74,6	76,4	7,0	6,6	5,8	2,3	2,5	2,1	114,6	116,8	116,3
EAnw	73,1	74,4	76,2	7,7	7,2	6,2	2,6	2,8	2,4	109,8	112,8	111,5
BE	69,7	70,6	71,9	5,8	6,3	5,6	2,1	2,6	2,3	103,7	105,6	102,9
BG	72,7	73,2	75,7	6,1	5,3	4,3	2,7	2,6	2,3			
CZ	79,7	80,0	81,3	2,6	2,8	2,2	0,6	0,8	0,6	120,6	125,8	121,2
DK	77,8	79,1	80,1	5,6	5,1	4,5	0,9	1,0	0,5	117,1	116,9	118,8
DE	78,2 b	79,4	80,7	3,7 b	3,7	3,1	1,1 b	1,2	1,0	113,8	113,9	113,6
EE	79,1	79,3	81,9	6,9	6,2	5,6	1,2	1,6	1,3	128,1	133,6	125,6
IE	72,1	74,9	78,2	5,9	6,2	4,5	1,4	1,8	1,3	108,5	110,8	
EL	58,3	62,6	66,3	17,6	14,7	12,5	10,5	9,2	7,7	73,3	78,5	79,9
ES	65,7	67,7 d	69,5 d	15,5	14,8 d	12,9 d	5,0	6,2 d	5,0 d	96,5	98,7	95,9
FR	72,1	73,2 d	74,0 d	8,0	7,9 d	7,3 d	1,9	2,3 d	2,0 d	106,1	108,6	108,8
HR	66,9	68,2	69,7	7,5	7,6	7,0	2,1	2,8	2,4	111,9	120,4	126,9
IT	61,9	62,7	64,8	9,3	9,5	8,1	5,1	5,4	4,6	92,4	95,7	94,4
CY	74,9	75,9	77,9	7,6	7,5	6,8	2,1	2,6	2,3	98,3	104,9	104,1
LV	76,9	75,3	77,0	8,1	7,6	6,9	2,4	2,3	2,0	120,9	126,4	123,6
LT	76,7	77,4	79,0	8,5	7,1	6,0	2,5	2,6	2,3	145,0	149,4	141,4
LU	72,1	74,1	74,8	6,8	5,3	4,6	1,7	1,8	1,3	111,9	111,2	111,2
HU	77,5	78,8	80,2	4,1	4,1	3,6	1,1	1,3	1,2	132,8	142,9	145,5
MT	77,3	79,1	81,1	4,4	3,4	2,9	1,1	0,9	1,0	130,1	133,1	133,4
NL	80,8	81,7	82,9	4,9	4,2	3,5	0,7	0,8	0,7	108,6	110,7	111,9
AT	74,8	75,6	77,3	6,0	6,2	4,8	1,7	2,0	1,2	95,7	97,2	99,4
PL	72,7	75,4	76,7	3,2	3,4	2,9	0,6	0,9	0,9	150,8	148,1	149,9
PT	74,2	75,9	77,5	7,0	6,6	6,0	2,3	2,9	2,7	105,9	109,2	109,9
RO	65,2	67,1	68,5	6,1	5,6	5,6	1,8	2,0	2,2	142,8		
SI	74,8	76,1	77,9	5,0	4,8	4,0	1,9	1,9	1,6	114,3	118,7	118,4
SK	74,6	74,6	76,7	6,7	6,8	6,1	3,7	3,9	4,1	124,1	126,9	124,4
FI	75,5	76,8	78,4	7,7	7,7	6,8	1,5	1,8	1,5	109,5	111,0	108,9
SE	80,1	80,7	82,2	8,5	8,8	7,5	1,8	2,0	1,9	118,4	122,4	121,5

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. Déantar fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh *per capita* a thomhas le ‘hioncam neamhchoigeartaithe’ (i.e. gan aistriúthé sóisialta comhchineáil a chur san áireamh) agus gan ceartú le haghaidh caighdeán cumhachta ceannaigh.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 3 (ar lean). Príomhthásairí scórchláir shóisialta, leibhéil

	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta											
	An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta (% den daonra iomlán)			An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanaí (% den daonra idir 0-17 mbliana d'aois)			Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)			An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadán)		
Bliain	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
AE27	21,6 b	21,7	21,6	24,0 b	24,4	24,7	33,2 b	37,1	35,3	24,4	23,1	21,4
EA19	:	:	:	:	:	:	33,6 b	37,7	:	23,2	22,1	:
EUnw	20,6	20,7	20,7	22,0	22,2	21,8	35,0	37,6	34,0 b	25,6	24,2	24,4
EAnw	20,3	20,5	20,5	21,8	22,1	21,7	35,2	37,6	34,2 b	24,2	23,9	23,1
BE	20,3	18,8	18,7	22,0	20,5	19,6	44,9	53,3	48,8 b	36,3	38,0	35,3
BG	33,5	31,7	32,2	35,5	33,0	33,9	20,4	29,8	24,4 b	33,0	22,1	29,5
CZ	11,5	10,8	11,8	12,9	13,7	13,4	40,6	46,6	40,0 b	25,6	25,9	22,7
DK	16,8 b	17,3	17,1	13,4 b	14,0	13,8	52,4 b	53,9	50,4 b	18,1	7,9	9,9
DE	20,4 b	21,0	20,9	22,3 b	23,7	24,0	34,6 b	40,3	42,1 b	32,4 b	30,5	24,0
EE	22,8	22,2	25,2	17,4	17,4	16,6	31,7	30,6	28,1	20,6	18,7	26,2
IE	20,1 b	20,0	20,7	23,5 b	22,8	22,7	54,0 b	60,7	56,4 b	38,8	41,3	37,0
EL	27,4	28,3	26,3	30,8	32,0	28,1	24,7	20,7	20,3 b	27,7	23,8	25,9
ES	27,0	27,8	26,0	31,6	33,4	32,2	23,4	30,5	27,4 b	21,6	15,9	14,6
FR	19,3 b	19,2	21,0 p	23,9 b	22,8	27,5 p	46,2 b	46,4	42,01 p	23,7 b	24,1	20,8 p
HR	20,5	20,9	19,9	18,4	18,6	18,1	23,1	20,7	20,4 b	32,9	28,7	36,0
IT	24,9	25,2	24,4	28,9	29,7	28,5	21,0	29,5	25,8 b	14,9	14,9	14,0
CY	17,6	17,3	16,7 p	19,0	19,2	18,1 p	34,7	37,6	30,9 p	23,5	27,0	25,7 p
LV	25,1	26,1	26,0	19,7	20,1	19,8	23,4	23,5	25,0 b	16,7	16,6	20,8
LT	24,5	23,5	24,6	23,1	21,6	22,4	29,4	35,3	30,3 b	22,7	23,9	35,0
LU	19,9 b	21,1 b	19,4 b	24,2 b	29,4 b	24,0 b	39,4 b	34,2 b	33,6 b	22,1 b	15,4 b	8,5 b
HU	19,4	19,4	18,4	21,7	23,3	18,1	44,1	50,6	36,7 b	31,2	28,8	32,4
MT	19,9	20,3	20,1	22,3	23,2	23,1	21,0	26,2	26,4 b	29,4	27,0	30,1
NL	16,0	16,6	16,5	15,8	14,9	13,9	36,8	36,6	33,8 b	25,4	25,8	25,2
AT	16,7	17,3	17,5	21,9	22,8	21,6	41,1	44,1	42,0 b	20,5	26,3	23,8
PL	17,0	16,8	15,9	16,1	16,5	16,7	36,8	35,7	38,6 b	31,3	34,2	31,3
PT	20,0	22,4	20,1	21,9	22,9	20,7	26,0	20,0	23,7 b	18,2	16,2	13,1
RO	35,6	34,5	34,4	40,7	41,7	41,5	15,8	17,9	16,5 b	30,4	32,6	32,0
SI	14,3	13,2	13,3	12,1	11,0	10,3	44,6	44,8	37,3 b	21,7	21,1	18,8
SK	13,8	15,6	16,5	18,4	19,7	24,7	40,0	43,1	33,8 b	23,6	25,3	21,0
FI	14,9	14,2	16,3 b	14,5	13,2	14,9 b	51,4	57,7	49,8	19,8	22,2	19,0
SE	17,7	17,2	18,6	20,2	19,7	19,9	42,7	44,5	39,9	28,9	19,9	25,7

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 3 (ar lean). Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, leibhéil

	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta (ar lean)								
	Ró-ualach costais tithíochta (% den daonra iomlán)			Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois)			Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra 16 bliana d'aois agus os a chionn)		
Bliain	2020	2021	2022	2020	2021	2022	2020	2021	2022
AE27	7,8	8,9	9,1	30,2e	37,9	35,7	1,9 e	2,0	2,2
EA19	8,0	8,7 e	:	:	:	:	1,8 e	1,9	:
EUnw	7,2	7,2	7,9	29,7	34,2	34,5	2,3	2,2	2,6
EAnw	6,9	6,9	7,4	32,5	36,9	37,3	2,6	2,4	2,8
BE	7,8	7,5	7,7	54,6	51,7	52,7	1,5	1,7	1,0
BG	14,4	11,6	15,1	15,0	18,7	17,4	1,4	1,0	1,0
CZ	6,5	6,2	6,9	4,8	4,9	6,8	0,4	0,3	0,2
DK	14,1 b	15,5	14,7	67,7	69,1	74,7	1,7	1,3	2,1
DE	9,0 b	11,0	11,8	16,4 b	31,4	23,9	0,1 b	0,1	0,3
EE	4,4	4,4	4,9	26,7	25,7	33,7	13,0	8,1	9,1
IE	4,5 b	2,5	3,9	19,4 b	15,1	19,1	2,0 b	2,0	2,6
EL	33,3	28,8	26,7	21,5	32,3	29,1	6,5	6,4	9,0
ES	8,2	9,9	9,2	45,5	55,3	48,6	0,4	1,1	1,2
FR	5,6 b	:	6,5 p	:	57,1	56,2 p	2,7 b	2,8	3,2 p
HR	4,2	4,5	3,8	20,4	33,3	27,5	1,5	1,7	1,3
IT	7,2	7,2	6,6	:	33,4	30,9	:	1,8	1,8
CY	1,9	2,5	2,5 p	18,5	27,4	24,4	0,4	0,1	0,1 p
LV	4,8	4,9	5,4	24,2	29,2	32,7	5,3	4,0	5,4
LT	2,7	2,7	3,5	16,2	21,4	22,8	1,7	2,4	2,9
LU	8,5 b	5,1 b	15,3 b	63,2 b	62,0	54,7 b	0,1 b	1,0 b	0,5 b
HU	4,9	2,4	8,1	10,5	13,8	12,9	0,7	1,1	1,4
MT	2,8	2,7	2,9	29,7	24,0	43,1	0,0 n	0,1	0,3
NL	8,3	8,3	10,0	67,6	74,2	72,3	0,2	0,2	0,2
AT	6,3	6,1	7,4	21,1	28,5	23,0	0,1	0,3	0,5
PL	4,9 b	5,7	5,6	11,2	17,2	15,9	1,9	2,7	2,3
PT	4,1	5,9	5,0	43,5	43,3	47,6	1,6	2,3	2,9
RO	7,1	7,6	8,5	6,8	9,5	12,3	4,7	4,4	4,9
SI	4,4	4,1	4,1	44,3	47,5	52,3	2,7	4,8	3,7
SK	3,2	7,1	2,5	4,4	2,3	2,3	3,2	2,9	2,8
FI	4,1	4,3	5,4	35,8	39,1	40,0	5,4	4,4	6,5
SE	8,3	8,5	9,1	54,1	55,8	54,4	1,5	1,3	1,8

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 4. Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, athruithe agus fad go dtí an tAontas

Bliain	Comhdheiseanna														
	Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)			An sciar daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d'aois)			Ráta NEET an aosa óig (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)			An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadáin)			Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)		
	2022			2021			2022			2022			2022		
	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas
AE27	-0,2 b	1,5	-0,1	:	-2,4	:	-1,4b	0,8	-0,3	-0,2	1,6	0,3	-0,3	0,1	-0,2
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:
EUnw	-0,1 b	0,0	0,0	:	0,0	:	-1,1b	0,0	0,0	-0,5	0,0	0,0	-0,1	0,0	0,0
EAnw	-0,1 b	-0,3	0,0	:	2,2	:	-1,1b	-0,4	0,0	-0,3	-0,6	0,1	-0,1	0,0	0,0
BE	-0,3 b	-1,7	-0,2	:	-2,1	:	-0,9 b	-1,7	0,2	-0,1	-1,5	0,4	0,2	-1,1	0,2
BG	-1,7 b	2,4	-1,6	:	-25,1	:	-2,5 b	4,2	-1,4	-0,7	-1,4	-0,2	-0,2	2,6	-0,1
CZ	-0,2 b	-1,9	-0,1	:	3,4	:	0,5 b	0,5	1,6	-0,5	5,8	0,0	0,0	-1,2	0,1
DK	0,2 b	1,9	0,3	:	12,4	:	-0,4 b	-3,0	0,7	-1,5	-3,7	-1,0	0,1	-0,6	0,2
DE	-0,3 b	4,1	-0,2	:	-7,4	:	-0,9 b	-2,3	0,2	0,4	-1,3	0,9	-0,6	-0,3	-0,5
EE	1,0 b	2,7	1,1	:	0,1	:	-0,6 b	-0,3	0,5	-0,8	-6,2	-0,3	0,4	0,7	0,5
IE	0,4 b	-4,4	0,5	:	14,2	:	-1,1 b	-2,2	0,0	1,3	2,2	1,8	0,2	-0,6	0,3
EL	0,9 b	-4,0	1,0	:	-3,8	:	-1,9 b	4,5	-0,8	1,2	11,9	1,7	-0,5	0,6	-0,4
ES	0,6 b	5,8	0,7	:	7,9	:	-1,4 bd	1,8	-0,3	0,3 d	1,8	0,8	-0,6	1,0	-0,5
FR	-0,2 b	-0,5	-0,1	:	5,7	:	-0,8 bd	1,1	0,3	-0,4 d	-3,3	0,1	0,2 p	-0,1	0,3
HR	-0,1 bu	-5,8	0,0	:	7,1	:	-1,6 b	2,4	-0,5	-1,0	0,4	-0,5	-0,2	-0,1	-0,1
IT	-1,2 b	3,4	-1,1	:	-10,7	:	-4,1 b	8,1	-3,0	0,5	10,6	1,0	-0,2	0,9	-0,1
CY	-2,1 b	0,0	-2,0	:	-6,1	:	-0,7 b	3,8	0,4	-0,1	3,0	0,4	0,1 p	-0,4	0,2
LV	-0,6 b	-1,4	-0,5	:	-5,5	:	-0,8 b	0,4	0,3	-1,7	-6,0	-1,2	-0,3	1,7	-0,2
LT	-0,5 b	-3,3	-0,4	:	-7,5	:	-2,0 b	-0,2	-0,9	-0,6	-8,3	-0,1	0,3	1,7	0,3
LU	-1,1 b	0,1	-1,0	:	7,5	:	-1,4 b	-3,5	-0,3	-0,9	-2,6	-0,4	0,1 b	0,1	0,2
HU	0,4 b	4,3	0,5	:	-7,2	:	-0,9 b	-0,1	0,2	-0,8	0,7	-0,3	-0,2	-0,7	-0,1
MT	-0,6 b	2,0	-0,5	:	4,9	:	-2,3 b	-3,7	-1,2	-3,3	4,0	-2,8	-0,3	0,1	-0,2
NL	0,5 b	-2,5	0,6	:	22,6	:	0,3 b	-6,7	1,4	-0,3	-1,2	0,2	0,1	-0,7	0,2
AT	0,4 b	0,3	0,5	:	7,0	:	-0,3 b	-1,8	0,8	-0,8	-1,3	-0,3	0,2	-0,4	0,3
PL	-1,1 b	-3,3	-1,0	:	-13,4	:	-2,5 b	0,0	-1,4	-1,1	3,8	-0,6	-0,1	-0,8	0,0
PT	0,1 b	-2,1	0,2	:	-1,0	:	-1,1 b	-2,5	0,0	-0,3	-3,5	0,2	-0,5	0,5	-0,4
RO	0,3 b	7,5	0,4	:	-28,5	:	-0,5 b	8,9	0,6	-1,5	9,5	-1,0	-1,1	1,3	-1,0
SI	1,0 bu	-4,0	1,1	:	-6,6	:	1,2 b	-2,4	2,2	0,2	-2,2	0,7	0,0	-1,4	0,1
SK	-0,4 b	-0,7	-0,3	:	-1,1	:	-1,9 b	1,4	-0,8	-0,4	-1,0	0,1	-0,1	-1,6	0,0
FI	0,2 b	0,3	0,3	:	22,9	:	0,2 b	-1,4	1,3	-0,8	-7,9	-0,3	0,2	-0,9	0,3
SE	0,4 b	0,7	0,5	:	10,2	:	-0,3 b	-5,2	0,8	0,5	-3,3	1,0	0,3	-0,3	0,4

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. Riomhtar an fad go dtí meán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe. I ngeall ar athruithe suntasacha ar shainmhíniú an táscaire maidir le sciar na ndaoine ag a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach in 2021, nil luach inchomparáide le haghaidh 2019 ar fáil. Dá bhrí sin, nil athruithe ríofa agus is ar leibhéil 2021 amháin a bhraitheann anailís ar an táscaire sin sa tuarascáil, rud atá eisceachtúil (ag glacadh leis ‘gan aon athrú ann’ i gcás na mBallstát uile, arb é meánleibhéal an Aontais é freisin).

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 4 (ar lean). Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, athruithe agus fad go dtí an tAontas

Bliain	Dálai córa oibre											
	Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois)			Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)			Fás <i>per capita</i> ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh (2008=100)		
	2022			2022			2022			2022		
	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go dtí Y-Y don Aontas
AE27	1,5	-1,8	-0,2	-0,9	0,4	0,0	-0,4	0,3	-0,1	-0,3	-6,8	0,3
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:
EUnw	1,7	0,0	0,0	-0,9	0,0	0,0	-0,3	0,0	0,0	-0,6	0,0	0,0
EAnw	1,8	-0,2	0,1	-1,0	0,4	-0,1	-0,4	0,3	-0,1	-1,1	-4,8	-0,5
BE	1,3	-4,5	-0,4	-0,7	-0,2	0,2	-0,3	0,2	0,0	-2,6	-13,4	-2,0
BG	2,5	-0,7	0,8	-1,0	-1,5	-0,1	-0,3	0,2	0,0	:	:	:
CZ	1,3	4,9	-0,4	-0,6	-3,6	0,3	-0,2	-1,5	0,1	-3,6	4,9	-3,1
DK	1,0	3,7	-0,7	-0,6	-1,3	0,3	-0,5	-1,6	-0,2	1,6	2,5	2,2
DE	1,3	4,3	-0,4	-0,6	-2,7	0,3	-0,2	-1,1	0,1	-0,2	-2,7	0,4
EE	2,6	5,5	0,9	-0,6	-0,2	0,3	-0,3	-0,8	0,0	-6,0	9,3	-5,4
IE	3,3	1,8	1,6	-1,7	-1,3	-0,8	-0,5	-0,8	-0,2	:	:	:
EL	3,7	-10,1	2,0	-2,2	6,7	-1,3	-1,5	5,6	-1,2	1,8	-36,4	2,4
ES	1,8 d	-6,9	0,1	-1,9 d	7,1	-1,0	-1,2 d	2,9	-0,9	-2,9	-20,5	-2,3
FR	0,8 d	-2,4	-0,9	-0,6 d	1,5	0,3	-0,3 d	-0,1	0,0	0,1	-7,6	0,7
HR	1,5	-6,7	-0,2	-0,6	1,2	0,3	-0,4	0,3	-0,1	5,3	10,6	5,9
IT	2,1	-11,6	0,4	-1,4	2,3	-0,5	-0,8	2,5	-0,5	-1,3	-21,9	-0,7
CY	2,0	1,5	0,3	-0,7	1,0	0,2	-0,3	0,2	0,0	-0,8	-12,2	-0,2
LV	1,7	0,6	0,0	-0,7	1,1	0,2	-0,3	-0,1	0,0	-2,2	7,3	-1,6
LT	1,6	2,6	-0,1	-1,1	0,2	-0,2	-0,3	0,2	0,0	-5,3	25,1	-4,8
LU	0,7	-1,6	-1,0	-0,7	-1,2	0,2	-0,5	-0,8	-0,2	0,0	-5,1	0,5
HU	1,4	3,8	-0,3	-0,5	-2,2	0,4	-0,1	-0,9	0,2	1,9	29,2	2,4
MT	2,0	4,7	0,3	-0,5	-2,9	0,4	0,1	-1,1	0,4	0,3	17,1	0,8
NL	1,2	6,5	-0,5	-0,7	-2,3	0,2	-0,1	-1,4	0,2	1,1	-4,4	1,7
AT	1,7	0,9	0,0	-1,4	-1,0	-0,5	-0,8	-0,9	-0,5	2,2	-16,9	2,8
PL	1,3	0,3	-0,4	-0,5	-2,9	0,4	0,0	-1,2	0,3	1,2	33,6	1,8
PT	1,6	1,1	-0,1	-0,6	0,2	0,3	-0,2	0,6	0,1	0,6	-6,4	1,2
RO	1,4	-7,9	-0,3	0,0	-0,2	0,9	0,2	0,1	0,5	:	:	:
SI	1,8	1,5	0,1	-0,8	-1,8	0,1	-0,2	-0,4	0,0	-0,2	2,1	0,3
SK	2,1	0,3	0,4	-0,7	0,3	0,2	0,2	2,0	0,5	-1,9	8,1	-1,4
FI	1,6	2,0	-0,1	-0,9	1,0	0,0	-0,3	-0,6	0,0	-1,9	-7,4	-1,3
SE	1,5	5,8	-0,2	-1,3	1,7	-0,4	-0,1	-0,2	0,2	-0,7	5,1	-0,2

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. Riomhtar an fad go dtí meán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe. Déantar fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh *per capita* a thomhas le ‘hioncam neamhchoigeartaithe’ (i.e. gan aistriú sóisialta comhchineáil a chur san áireamh) agus gan ceartú le haghaidh caighdeáin cumhachta ceannaigh.

Bratacha – b: briseadh san amshraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat, ECFE.

Iarscríbhinn 4 (ar lean). Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, athruithe agus fad go dtí an tAontas

Bliain	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta											
	An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh sóisialta (% den daonra iomlán)			An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta i gcás leanai (% den daonra idir 0-17 mbliana d'aois)			Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)			An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadáin)		
	2022			2022			2022			2022		
	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas	Athrú Y-Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas
AE27	-0,1	0,9	-0,1	0,3	2,9	0,8	-1,8	1,1	1,5	-1,7	-3,0	-1,9
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:	:
EUnw	0,0	0,0	0,0	-0,5	0,0	0,0	-3,3	0,0	0,0	0,2	0,0	0,0
EAnw	0,0	-0,1	0,0	-0,4	-0,1	0,1	-3,0	0,4	0,3	-0,8	-1,3	-1,0
BE	-0,1	-2,0	-0,1	-0,9	-2,2	-0,4	-4,5 b	14,8	-1,1	-2,7	10,9	-2,9
BG	0,5	11,5	0,5	0,9	12,1	1,4	-5,4 b	-9,6	-2,1	7,4	5,1	7,2
CZ	1,0	-8,9	1,0	-0,3	-8,4	0,2	-6,6 b	5,8	-3,2	-3,2	-1,7	-3,4
DK	-0,2	-3,6	-0,2	-0,2	-8,0	0,3	-3,5 b	16,4	-0,2	2,0	-14,5	1,8
DE	-0,1	0,2	-0,1	0,3	2,2	0,8	1,8 b	8,1	5,2	-6,5	-0,4	-6,7
EE	3,0	4,5	3,0	-0,8	-5,2	-0,3	-2,6	-6,0	0,8	7,5	1,8	7,3
IE	0,7	0,0	0,7	-0,1	0,9	0,4	-4,3 b	22,4	-1,0	-4,3	12,6	-4,5
EL	-2,0	5,6	-2,0	-3,9	6,3	-3,4	-0,3 b	-13,7	3,0	2,1	1,5	1,9
ES	-1,8	5,3	-1,8	-1,2	10,4	-0,7	-3,1 b	-6,6	0,3	-1,3	-9,8	-1,5
FR	1,8 p	0,3	1,8	4,7 p	5,6	5,2	-4,4 p	8,0	-1,1	-3,3 p	-3,6	-3,5
HR	-1,0	-0,8	-1,0	-0,5	-3,7	0,0	-0,3 b	-13,7	3,0	7,3	11,6	7,1
IT	-0,8	3,7	-0,8	-1,2	6,7	-0,7	-3,6 b	-8,2	-0,3	-0,9	-10,4	-1,1
CY	-0,6 p	-4,0	-0,6	-1,1 p	-3,7	-0,6	-6,4 p	-2,8	-3,0	-1,3 p	1,3	-1,5
LV	-0,1	5,3	-0,1	-0,3	-2,0	0,2	1,5 b	-9,0	4,8	4,2	-3,6	4,0
LT	1,1	3,9	1,1	0,8	0,6	1,3	-5,0 b	-3,7	-1,6	11,1	10,6	10,9
LU	-1,7 b	-1,3	-1,7	-5,4 b	2,2	-4,9	-0,6 b	-0,4	2,7	-6,9 b	-15,9	-7,1
HU	-1,0	-2,3	-1,0	-5,2	-3,7	-4,7	-13,9 b	2,6	-10,6	3,6	8,0	3,4
MT	-0,2	-0,6	-0,2	-0,1	1,3	0,4	0,2 b	-7,6	3,6	3,1	5,7	2,9
NL	-0,1	-4,2	-0,1	-1,0	-7,9	-0,5	-2,8 b	-0,2	0,6	-0,6	0,8	-0,8
AT	0,2	-3,2	0,2	-1,2	-0,2	-0,7	-2,2 b	7,9	1,2	-2,5	-0,6	-2,7
PL	-0,9	-4,8	-0,9	0,2	-5,1	0,7	2,9 b	4,5	6,2	-2,9	6,9	-3,1
PT	-2,3	-0,6	-2,3	-2,2	-1,1	-1,7	3,7 b	-10,3	7,0	-3,1	-11,3	-3,3
RO	-0,1	13,7	-0,1	-0,2	19,7	0,3	-1,3 b	-17,5	2,0	-0,6	7,6	-0,8
SI	0,1	-7,4	0,1	-0,7	-11,5	-0,2	-7,5 b	3,3	-4,2	-2,3	-5,6	-2,5
SK	0,9	-4,2	0,9	5,0	2,9	5,5	-9,2 b	-0,2	-5,9	-4,3	-3,4	-4,5
FI	2,1 b	-4,4	2,1	1,7 b	-6,9	2,2	-7,9	15,8	-4,5	-3,2	-5,4	-3,4
SE	1,4	-2,1	1,4	0,2	-1,9	0,7	-4,7	5,6	-1,3	5,8	1,3	5,6

Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. Ríomhtar an fad go dtí meán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe.

Bratacha – b: briseadh san amsraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí).

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 4 (ar lean). Príomhtháscairí scórchláir shóisialta, athruithe agus fad go dtí an tAontas

Bliain	Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta (ar lean)								
	Ró-ualach costais tithíochta (% den daonra iomlán)			Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois)			Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra 16 bliana d'aois agus os a chionn)		
	2022			2022			2022		
	Athrú Y- Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas	Athrú Y- Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas	Athrú Y- Y	Fad go dtí meán an Aontais	Y-Y do Bhallstát go Y-Y don Aontas
AE27	0,2	1,2	-0,6	-2,2	1,2	-2,5	0,2	-0,4	-0,1
EA19	:	:	:	:	:	:	:	:	:
EUnw	0,8	0,0	0,0	0,3	0,0	0,0	0,3	0,0	0,0
EAnw	0,5	-0,5	-0,2	0,4	2,8	0,1	0,4	0,3	0,1
BE	0,2	-0,6	-0,8	1,0	18,2	0,7	-0,7	-1,6	-1,0
BG	3,5	6,8	2,5	-1,3	-17,1	-1,6	0,0	-1,6	-0,3
CZ	0,6	-1,4	-0,4	1,9	-27,7	1,6	-0,1	-2,4	-0,4
DK	-0,8	6,4	-1,8	5,6	40,2	5,3	0,8	-0,5	0,5
DE	0,8	3,5	-0,2	-7,5	-10,6	-7,8	0,2	-2,3	-0,1
EE	0,5	-3,4	-0,5	8,0	-0,8	7,7	1,0	6,5	0,7
IE	1,4	-4,4	0,4	4,0	-15,4	3,7	0,6	0,0	0,3
EL	-2,1	18,4	-3,1	-3,2	-5,4	-3,5	2,6	6,4	2,3
ES	-0,7	0,9	-1,7	-6,7	14,1	-7,0	0,1	-1,4	-0,2
FR	:	-1,8	:	-0,9 b	21,7	-1,2	0,4 p	0,6	0,1
HR	-0,7	-4,5	-1,7	-5,8	-7,0	-6,1	-0,4	-1,3	-0,7
IT	-0,6	-1,7	-1,6	-2,5	-3,6	-2,8	0,0	-0,8	-0,3
CY	0,0 p	-5,8	-1,0	-3,0	-10,1	-3,3	0,0 p	-2,5	-0,3
LV	0,5	-2,9	-0,5	3,5	-1,8	3,2	1,4	2,8	1,1
LT	0,8	-4,8	-0,2	1,4	-11,7	1,1	0,5	0,3	0,2
LU	10,2 b	7,0	9,2	-7,3 b	20,2	-7,6	-0,5 b	-2,1	-0,8
HU	5,7	0,2	4,9	-0,9	-21,6	-1,2	0,3	-1,2	0,0
MT	0,2	-5,4	-0,8	19,1	8,6	18,8	0,2	-2,3	-0,1
NL	1,7	2,1	0,9	-1,9	37,8	-2,2	0,0	-2,4	-0,3
AT	1,3	-0,9	0,3	-5,5	-11,5	-5,8	0,2	-2,1	-0,1
PL	-0,1	-2,7	-1,1	-1,3	-18,6	-1,6	-0,4	-0,3	-0,7
PT	-0,9	-3,3	-1,9	4,3	13,1	4,0	0,6	0,3	0,3
RO	0,9	0,2	-0,1	2,8	-22,2	2,5	0,5	2,3	0,2
SI	0,0	-4,2	-1,0	4,8	17,8	4,5	-1,1	1,1	-1,4
SK	-4,6	-5,4	-5,4	0,0	-32,2	-0,3	-0,1	0,2	-0,4
FI	1,1	-2,9	0,1	0,9	5,5	0,6	2,1	3,9	1,8
SE	0,6	0,8	-0,4	-1,4	19,9	-1,7	0,5	-0,8	0,2


Tabhair faoi deara: Tagraíonn EUnw agus EAnw do na meáin neamhualaithe don Aontas agus do limistéar an euro. Ríomhtar an fad go dtí meán an Aontais bunaithe ar an meán neamhualaithe. Bratacha – b: briseadh san amsraith; d: sainmhíniú difriúil; e: measta; p: sealadach; u: iontaofacht íseal (líon beag breathnóireachtaí); n: gan a bheith difriúil go suntasach ó nialas ó thaobh staidrimh de.

Foinse: Eurostat.

Iarscríbhinn 5. Miondealú réigiúnach de tháscairí ceannlíne scórchláir shóisialta³⁰⁰

Fíor 1: Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, 2022

(%, sciar de na daoine idir 18-24 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 9,6 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Fhrainc, don Fhionlainn, don Ghearmáin agus don Phortaingéil. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg, don Chróit, d'Éirinn, don Ghréig, don Iodáil, don Liotuáin, don Ostair, don Pholainn, don Rómáin, don tSlóvaic agus don tSualainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Bhulgáir (Severen tsentralen agus Severozapaden); An Chróit (Hrvatska); An tSeicia (Praha); An Ghréig (Nisia Aigaiou, Kriti); An Ungáir (Nyugat-Dunántúl); An Ísiltír (Drenthe agus Zeeland); An Pholainn (Makroregion centralny, Makroregion południowo-zachodni, Makroregion północny, Makroregion województwo mazowieckie agus Makroregion wschodni); An tSlóivéin (Vzhodna Slovenija agus Zahodna Slovenija) agus an Spáinn (Cantabria, Ciudad de Ceuta, Ciudad de Melilla, Comunidad Foral de Navarra agus La Rioja). Briseadh san amshraith don tSlóvaic.

Foinse: Eurostat [[edat lfse 16](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

³⁰⁰ *Tabhair faoi deara:* Miondealuithe ar an leibhéal réigiúnach (NUTS 2). Mura bhfuil an miondealú réigiúnach (NUTS 2) ar fáil, cuirtear NUTS 1 nó an leibhéal náisiúnta i láthair sna léarscáileanna.

Fíor 2: Daoine óga nach bhfuil fostaithe ná in oideachas ná faoi oiliúint (NEET), 2022

(%, sciar de na daoine idir 15-29 mbliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 11,7 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Fhionlainn agus don Fhrainc. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Ghearmáin. Sonraí ar bheagán iontaofachta san Ostair (Burgenland agus Vorarlberg); An Bheilg (Cúige Brabant Wallon agus Cúige Lucsamburg (BE)); An Ghearmáin (Brandenburg, Bremen, Mecklenburg-Vorpommern, Saarland agus Thüringen); An Iodáil (Valle d'Aosta/Vallée d'Aoste); An Pholainn (Lubuskie, Opolskie agus Podlaskie); An Phortaingéil (Algarve, Região Autónoma da Madeira agus Região Autónoma dos Açores); An tSlóvaic (Bratislavský kraj); An Spáinn (Ciudad de Ceuta agus Ciudad de Melilla) agus an tSualainn (Mellersta Norrland, Småland med öarna agus Övre Norrland). Briseadh san amshraith don tSeicia agus don tSlóvaic.

Foinse: Eurostat [[edat_lfse_22](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 3: An bhearna fostaíochta idir na hinsení, 2022


(difríocht i bpointí céatadáin, ráta fostaíochta fireann lúide ráta fostaíochta baineann, bunaithe ar dhaoine 20-64 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 10,7 pointe céatadáin)



Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Níl sonraí ar fáil le haghaidh na Fraince.

Foinse: Eurostat [[tepsr_lm220](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 4: Neamhionannas ioncaim arna thomhas mar chóimheas idir cúigilí - S80/S20, 2022
(innéacs, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 4,7)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Ghearmáin, don Eastóin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Ísiltír. Briseadh san amsraith don Fhrainc agus do Lucsamburg.

Foinse: Eurostat [[ilc_d11_r](#)], EU-SILC. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 5: Ráta fostaíochta, 2022

(%, sciar de na daoine idir 20-64 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 74,6 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Fhrainc. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse).

Foinse: Eurostat [[lfst_r_lfe2emprrt](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 6: Ráta difhostaíochta, 2022

(%, sciar den lucht saothair idir 15-74 bliana d'aois, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 6,2 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Fhionlainn. Sonraí ar leibhéal NUTS 1 don Fhrainc, don Ghearmáin agus don Pholainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta sa Fhrainc (Corse); An Ghearmáin (Bremen agus Saarland); An Iodáil (Valle d'Aosta/Vallée d'Aoste); An Phortaingéil (Região Autónoma dos Açores) agus an tSlóvaic (Bratislavský kraj).

Foinse: Eurostat [[lfst_r_lfu3rt](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 7: Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (12 mhí nó níos mó), 2022

(%, sciar den daonra gníomhach, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 2,4 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Fhionlainn, don Fhrainc agus don Ghearmáin. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Danmhairg, don Iodáil, don Ungáir, don Ísiltír, don Ostair, don Pholainn, don tSlóvaic agus don tSualainn. Sonraí ar bheagán iontaofachta san Ostair (Südösterreich); An Bheilg (Cúige Brabant Wallon, Cúige Limburg (BE), Cúige Lucsamburg (BE), Cúige Oost-Vlaanderen agus Cúige West-Vlaanderen); An Chróit (Grad Zagreb agus Sjeverna Hrvatska); An tSeicia (Jihozápad, Praha agus Střední Čechy); Éire (Tuaisceart agus Iarthar); An Pholainn (Makroregion centralny, Makroregion południowo-zachodni agus Makroregion północno-zachodni); An Phortaingéil (Alentejo, Algarve, Região Autónoma da Madeira agus Região Autónoma dos Açores); An Rómáin (Nord-Vest agus Vest) agus an Spáinn (Ciudad de Melilla).

Foinse: Eurostat [[lfst_r_lfu2ltu](#)], EU LFS. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 8: Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, 2022


(%, de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 21,6 %)



Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don Chipir, don Eastóin, don Fhionlainn, don Laitvia, do Lucsamburg agus do Mhálta. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Fhrainc. Briseadh san amsraith don Fhionlainn agus do Lucsamburg.

Foinse: Eurostat [[ilc_peps11n](#)], EU-SILC. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Fíor 9: Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, 2022
 (% , de réir réigiún NUTS 2; Meán an Aontais: 35,3 %)




Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riathach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Ghearmáin, don Eastóin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Ísiltír. Briseadh san amsraith don Bheilg, don Bhulgáir, don Chipir, don Chróit, don Danmhairg, d'Éirinn, don Fhrainc, don Ghearmáin, don Ghréig, don Iodáil, don Ísiltír, don Laitvia, don Liotuáin, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Pholainn, don Phortaingéil, don Rómáin, don Spáinn, don tSeicia, don tSlóvaic, don tSlóivéin, agus don Ungáir.

Foinse: Eurostat [[tespm050_r](#)], EU-SILC. © EuroGeographics do na línte teorann riathacha.

Fíor 10: Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, 2022

(%, riachtanais nár comhlíonadh ‘ar chúiseanna airgeadais’, ‘liosta feithimh’ nó ‘achar rófhada le taisteal’ arna bhféintuairisciú, réigiúin NUTS 2; Meán an Aontais: 2,2 %)



Tabhair faoi deara: Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. Sonraí náisiúnta don tSeicia, don Eastóin, don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc, don Chipir, don Laitvia, do Lucsamburg, do Mhálta, don Ostair, don Phortaingéil agus don Fhionlainn. Sonraí leibhéal NUTS 1 don Bheilg agus don Iodáil.

Foinse: Eurostat [[hlth_silc_08_r](#)], EU-SILC. © EuroGeographics do na línte teorann riarthacha.

Iarscríbhinn 6. Nóta modheolaíochta maidir le haicmiú na mBallstát bunaithe ar an Scórchlár Sóisialta

I lár-2015, chomhaontaigh an Coimisiún Eorpach, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht Ballstát ar scórchlár na bpríomhtháscairí fostaíochta agus sóisialta. Mar chuid den chomhaontú, bhí sé d'aidhm ag an modheolaíocht aicmiú a sholáthar, maidir le gach táscaire, mar aon le cód datha trí sheasamh coibhneasta gach Ballstáit a thomhas. Cuirtear an mhodheolaíocht ghaolmhar i bhfeidhm maidir le leibhéil bliana (leibhéil) agus maidir le hathruithe 1 bhliain amháin (athruithe), agus mar sin tugtar deis measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar fheidhmíocht na mBallstát.

In 2017, chinn an Coimisiún, i gcomhaontú leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, an mhodheolaíocht a chur i bhfeidhm maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta atá ag gabháil le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.

Chun seasamh coibhneasta na mBallstát a thaifeadadh, le haghaidh gach táscaire, (I) déantar leibhéil agus athruithe ó 1 bhliain amháin go bliain eile (D) a thiontú go dtí scóir chaighdeánacha (ar a dtugtar scóir-z freisin) chun an mhéadracht chéanna a chur i bhfeidhm maidir leis na táscairí uile. Baintear sin amach trí luachanna táscaire na leibhéil agus na n-athruithe araon a chaighdeánú (I agus D, faoi seach) de réir na bhfoirmlí:

$$IS_{MS} = \frac{[I_{MS} - \text{meán}(I_{MS})]}{\text{diallas caighdeánach}(I_{MS})} \text{ agus } DS_{MS} = \frac{[D_{MS} - \text{meán}(D_{MS})]}{\text{diallas caighdeánach}(D_{MS})}$$

i gcás gurb é I_{MS} luach an táscaire i mbliain ar leith agus gurb é D_{MS} a athrú ón mbliain roimhe le haghaidh Ballstáit, agus i gcás gurb iad IS_{MS} agus DS_{MS} na scóir- z faoi seach³⁰¹. Leis an gcur chuige sin, tugtar deis an luach táscaire a chur in iúl do gach Ballstát i dtéarmaí mhéid na ndiallas caighdeánach atá ina dhiallas ón meán (neamhualaithe).

Déantar measúnú agus aicmiú ar fheidhmíocht gach Ballstáit ar bhonn na scóir-z a thagann as sin in aghaidh thacar tairseach reálmshainithe. Tar éis anailís a dhéanamh ar phríomhtháscairí an Scórchláir, aontaíodh cúig eatramh na scóir-z a shainiú trí ceithre thairseach shiméadracha a shocrú ag -1, -0,5, 0,5 agus 1, le haghaidh leibhéil agus athruithe araon³⁰². Rinneadh measúnuithe feidhmíochta i gcoibhneas le meán an Aontais a shannadh dóibh seo mar a leanas:

Luach an scóir-z	Feidhmíocht choibhneasta	
	Más luach ard é = go maith	Más luachanna ísle iad = go maith
scóir-z < -1	An-íseal	An-ard
-1 ≤ scóir-z < -0,5	Íseal	Ard
-0,5 ≤ scóir-z ≤ 0,5	Neodrach	Neodrach
0,5 < scóir-z ≤ 1	Ard	Íseal
1 < scóir-z	An-ard	An-íseal

³⁰¹ Ní úsáidtear ceartúchán le sampla beag nuair a bhíonn an diall caighdeánach á ríomh.

³⁰² Rinneadh tástálacha dáilte normalachta agus T-chruthacha agus ba é an toradh a bhí orthu sin gur diúltáíodh don hipitéis go raibh cosúlacht idir na dáiltí sin, agus dá réir sin níorbh fhéidir toimhde pharaiméadrach a dhéanamh faoi dháileadh na luachanna táscaire breathnaithe. Dá bhrí sin, is cur chuige coiteann é an cur chuige a glacadh maidir leis na tairseacha seo a shocrú, agus 'slat tomhais' in úsáid. I gcás dháileadh normalach caighdeánach, chomhfhreagróidh na scoithphointí roghnaithe a bheag nó a mhór do luachanna na feidhme dáilte charnagh ag 15 %, 30 %, 50 %, 70 % agus 85 %.

Ach an fheidhmíocht choibhneasta i dtéarmaí leibhéil agus athruithe a chur le chéile, is féidir feidhmíocht choibhneasta fhoriomlán tíre a aicmiú, faoi mar a thuairiscítear ar na leathanaigh a leanas. Maidir leis an sainmhíniú ar na seacht gcatagóir sin tá siad bunaithe ar scóir-z, fad agus a cuireadh coinníollacha breise leis le himeacht ama i dtéarmaí luachanna táscaire, chun cásanna le feidhmíocht (scór-z) choibhneasta lag ach le feidhmíocht absalóideach mhaith (luach táscaire feabhsaithe nó gan athrú) a aicmiú níos fearr i dtéarmaí athruithe. Léirítear an dathchódú comhfhreagrach san fhorbhreathnú i gCaibidil 1 agus sna scaipghraim cheannlíne i gCaibidil 2 na tuarascála. Tacaíonn an t-aicmiú freisin leis an anailís tíre chéad chéime i gCaibidil 3 bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i d[Tuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC](#).

Tugtar an t-aicmiú foriomlán sna táblaí thíos bunaithe ar fheidhmíocht choibhneasta i dtéarmaí leibhéil agus

An-íseal					

athruithe

Tabhair faoi deara: léirítear leis na limistéir atá roinnte in dhá dhath (dúghlas - gorm, glas éadrom - gorm agus bán - flannbhuí) sa cholún deiridh ('An-íseal') an éifeacht a bhíonn ag coinníollacha ar athruithe i luachanna táscaire (absalóideacha) (D) mar a mhínítear thíos.


Na gníomhaithe is fearr	<i>Leibhéal:</i> feidhmíocht an-ard; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-ard go dtí íseal. NÓ <i>Leibhéal:</i> feidhmíocht an-ard; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-íseal le luach táscaire ar a bhfuil feabhas ag teacht (↑)	Ballstáit a bhfuil leibhéil táscaire i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais, agus gan a luach táscaire ag dul in olcas an tráth céanna
Níos fearr ná an meán	<i>Leibhéal:</i> feidhmíocht ard; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-ard go dtí feidhmíocht íseal NÓ <i>Leibhéal:</i> feidhmíocht ard; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-íseal le luach táscaire ar a bhfuil feabhas ag teacht (↑). NÓ <i>Leibhéal:</i> meánfeidhmíocht; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-ard	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag feabhsú nó gan a bheith ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais, nó ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais agus gan an luach táscaire ag dul in olcas an tráth céanna
Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu	<i>Leibhéal:</i> feidhmíocht ard nó an-ard; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-íseal le luach táscaire atá ag dul in olcas nó atá gan athrú (↓)	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos fearr nó i bhfad níos fearr ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Ar an meán / neodrach	<i>Leibhéal:</i> meánfeidhmíocht; <i>Athrú:</i> feidhmíocht ard go dtí feidhmíocht íseal NÓ <i>Leibhéal:</i> meánfeidhmíocht; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-íseal le luach táscaire ar a bhfuil feabhas ag teacht (↑)	Ballstáit a bhfuil leibhéil ar an meán acu agus a bhfuil a staid gan a bheith ag feabhsú nó ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Lag ach ag feabhsú	<i>Leibhéal:</i> feidhmíocht íseal; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-ard NÓ <i>Leibhéal:</i> feidhmíocht an-íseal; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-ard.	Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa nó i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag feabhsú i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais
Le breathnú orthu	<i>Leibhéal:</i> meánfeidhmíocht; <i>Athrú:</i> feidhmíocht an-íseal le luach táscaire atá ag dul in olcas nó atá gan athrú (↓) NÓ <i>Leibhéal:</i> feidhmíocht íseal; <i>Athrú:</i> feidhmíocht ard go dtí feidhmíocht an-íseal	Grúpáiltear dhá chás dhifriúla sa chatagóir seo nuair a théann an luach táscaire in olcas: (ii) Ballstáit a bhfuil leibhéil i gcomhréir le meán an Aontais acu ach a bhfuil a staid ag dul in olcas i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais; (i) Ballstáit a bhfuil leibhéil níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa
Cásanna criticiúla	<i>Leibhéal:</i> feidhmíocht an-íseal <i>Athrú:</i> feidhmíocht ard go dtí feidhmíocht an-íseal	Ballstáit a bhfuil leibhéil i bhfad níos measa ná meán an Aontais acu agus a bhfuil a staid ag dul in olcas nó gan a bheith ag feabhsú sách tapa

Tabhair faoi deara: tugtar le fios le 'ag dul in olcas' luachanna laghdaithe le haghaidh táscairí a léiríonn luach ard luachanna arda (e.g. ráta fostaíochta) agus luachanna méadaithe dóibh sin dá léiríonn sé feidhmíocht íseal (e.g. AROPE).

		An-íseal	Íseal	Ar an meán	Ard	An-ard
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18-24 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 4,8 %	idir 4,8 % agus 6,5 %	idir 6,5 % agus 9,7 %	idir 9,7 % agus 11,3 %	níos mó ná 11,3 %
	Athruithe	níos lú ná -0,9 pc	idir -0,9 pc agus -0,5 pc	idir -0,5 pc agus 0,2 pc	idir 0,2 pc agus 0,6 pc	níos mó ná 0,6 pc
Daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra idir 16-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 44,4 %	idir 44,4 % agus 50,4 %	idir 50,4 % agus 62,2 %	idir 62,2 % agus 68,2 %	níos mó ná 68,2 %
	Athruithe	níos lú ná 0 pc	idir 0 pc agus 0 pc	idir 0 pc agus 0 pc	idir 0 pc agus 0 pc	níos mó ná 0 pc
An t-aos óg NEET (% den daonra idir 15-29 mbliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 7,3 %	idir 7,3 % agus 9,1 %	idir 9,1 % agus 12,7 %	idir 12,7 % agus 14,5 %	níos mó ná 14,5 %
	Athruithe	níos lú ná -2,1 pc	idir -2,1 pc agus -1,6 pc	idir -1,6 pc agus -0,5 pc	idir -0,5 pc agus 0 pc	níos mó ná 0 pc
An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadáin)	Leibhéil	níos lú ná 4 pc	idir 4 pc agus 6,5 pc	idir 6,5 pc agus 11,6 pc	idir 11,6 pc agus 14,2 pc	níos mó ná 14,2 pc
	Athruithe	níos lú ná -1,4 pc	idir -1,4 pc agus -0,9 pc	idir -0,9 pc agus 0 pc	idir 0 pc agus 0,4 pc	níos mó ná 0,4 pc
Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)	Leibhéil	níos lú ná 3,7	idir 3,7 agus 4,2	idir 4,2 agus 5,2	idir 5,2 agus 5,7	níos mó ná 5,7
	Athruithe	níos lú ná -0,4	idir -0,4 agus -0,2	idir -0,2 agus 0,1	idir 0,1 agus 0,2	níos mó ná 0,2
Ráta fostaíochta (% den daonra idir 20-64 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 71,5 %	idir 71,5 % agus 73,9 %	idir 73,9 % agus 78,8 %	idir 78,8 % agus 81,2 %	níos mó ná 81,2 %
	Athruithe	níos lú ná 1,1 pc	idir 1,1 pc agus 1,4 pc	idir 1,4 pc agus 2,1 pc	idir 2,1 pc agus 2,4 pc	níos mó ná 2,4 pc
Ráta difhostaíochta (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 3,3 %	idir 3,3 % agus 4,5 %	idir 4,5 % agus 7 %	idir 7 % agus 8,3 %	níos mó ná 8,3 %
	Athruithe	níos lú ná -1,4 pc	idir -1,4 pc agus -1,1 pc	idir -1,1 pc agus -0,6 pc	idir -0,6 pc agus -0,4 pc	níos mó ná -0,4 pc
Ráta difhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 0,6 %	idir 0,6 % agus 1,4 %	idir 1,4 % agus 2,9 %	idir 2,9 % agus 3,7 %	níos mó ná 3,7 %
	Athruithe	níos lú ná -0,7 pc	idir -0,7 pc agus -0,5 pc	idir -0,5 pc agus -0,2 pc	idir -0,2 pc agus 0 pc	níos mó ná 0 pc
Fíor-Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i> (2008 = 100)	Leibhéil	níos lú ná 100,1	idir 100,1 agus 108,2	idir 108,2 agus 124,4	idir 124,4 agus 132,6	níos mó ná 132,6
	Athruithe	níos lú ná -3 pc	idir -3 pc agus -1,8 pc	idir -1,8 pc agus 0,7 pc	idir 0,7 pc agus 1,9 pc	níos mó ná 1,9 pc
An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta (% den daonra iomlán)	Leibhéil	níos lú ná 15,5 %	idir 15,5 % agus 18,1 %	idir 18,1 % agus 23,3 %	idir 23,3 % agus 25,9 %	níos mó ná 25,9 %
	Athruithe	níos lú ná -1,3 pc	idir -1,3 pc agus -0,6 pc	idir -0,6 pc agus 0,6 pc	idir 0,6 pc agus 1,2 pc	níos mó ná 1,2 pc
An ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh	Leibhéil	níos lú ná 14,9 %	idir 14,9 % agus 18,4 %	idir 18,4 % agus 25,2 %	idir 25,2 % agus 28,6 %	níos mó ná 28,6 %

shóisialta i gcás leanaí (% den daonra iomlán)	Athruithe	níos lú ná -2,7 pc	idir -2,7 pc agus -1,6 pc	idir -1,6 pc agus 0,6 pc	idir 0,6 pc agus 1,7 pc	níos mó ná 1,7 pc
Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)	Leibhéil	níos lú ná 24,2 %	idir 24,2 % agus 29,2 %	idir 29,2 % agus 39,3 %	idir 39,3 % agus 44,3 %	níos mó ná 44,3 %
	Athruithe	níos lú ná -7,2 pc	idir -7,2 pc agus -5,3 pc	idir -5,3 pc agus -1,4 pc	idir -1,4 pc agus 0,5 pc	níos mó ná 0,5 pc
Bearna i ráta fostaíochta dhaoine faoi mhíchumas (pointí céatadáin)	Leibhéil	níos lú ná 16,5 pc	idir 16,5 pc agus 20,5 pc	idir 20,5 pc agus 28,3 pc	idir 28,3 pc agus 32,2 pc	níos lú ná 16,5 pc
	Athruithe	níos lú ná -4,4 pc	idir -4,4 pc agus -2,1 pc	idir -2,1 pc agus 2,5 pc	idir 2,5 pc agus 4,7 pc	níos mó ná 4,7 pc
Ró-ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra iomlán)	Leibhéil	níos lú ná 2,7 %	idir 2,7 % agus 5,3 %	idir 5,3 % agus 10,5 %	idir 10,5 % agus 13,1 %	níos mó ná 13,1 %
	Athruithe	níos lú ná -1,8 pc	idir -1,8 pc agus -0,5 pc	idir -0,5 pc agus 2 pc	idir 2 pc agus 3,3 pc	níos mó ná 3,3 pc
Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 15,6 %	idir 15,6 % agus 25 %	idir 25 % agus 44 %	idir 44 % agus 53,4 %	níos mó ná 53,4 %
	Athruithe	níos lú ná -5,1 pc	idir -5,1 pc agus -2,4 pc	idir -2,4 pc agus 3 pc	idir 3 pc agus 5,7 pc	níos mó ná 5,7 pc
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois)	Leibhéil	níos lú ná 0,1 %	idir 0,1 % agus 1,3 %	idir 1,3 % agus 3,8 %	idir 3,8 % agus 5 %	níos mó ná 5 %
	Athruithe	níos lú ná -0,5 pc	idir -0,5 pc agus -0,1 pc	idir -0,1 pc agus 0,7 pc	idir 0,7 pc agus 1,1 pc	níos mó ná 1,1 pc


Iarscríbhinn 7: Forbhreathnú achomair ar na ‘treochtaí fostaíochta le breathnú orthu’ agus an méid Ballstát atá ag dul in olcas nó ag feabhsú mar a shainaithin an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023



Tabhair faoi deara: Athruithe 2021-2022, seachas 2020-2021 maidir le ráta na ndaoine dífhostaithe atá i mbaoil bochtaineachta, ráta folúntas poist (ar an meán thar 3 bliana), an bhearna phá idir na hinscní

Foinse: An Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023.

Iarscríbhinn 8: Forbhreathnú achomair ar an líon Ballstát atá ag meath ('treochtaí sóisialta le breathnú orthu') nó i bhfeabhas le linn 2021-2022 (nó an bhliain is déanaí dá bhfuil ar fáil) mar a sainithníodh le nuashonrú mhí Iúil 2023 de chuid an Mhonatóra ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta



Tabhair faoi deara: Tagraíonn na hathruithe go ginearálta d'athruithe táscaire le haghaidh 2021-2022 (cé go dtagraíonn na hathruithe iarbhir d'athrú 2020-2021 le haghaidh táscairí déine ioncaim agus obair teaghlaigh). Is comhpháirteanna den táscaire Ráta Riosca na Bochtaineachta nó Ráta an Eisiaimh Shóisialta (AROP) iad ráta riosca na bochtaineachta (AROP), an ráta géardhiathachta ábhartha agus sóisialta (SMSD) agus sciar an daonra i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar-dhífhostaithe). Le figiúirí le haghaidh ráta marthanach riosca na bochtaineachta, beatha shláintiúil ag 65 bliana d'aois agus fíorathrú ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh, tagraítear do 2021 agus don athrú do 2020-2021 toisc nach bhfuil aon fhigiúr le haghaidh 2022 ar fáil.

Foinse: An Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta 2023.

Iarscibhinn 9: Rioscaí féideartha arna sainaithint tríd an Scórchlár Sóisialta in eagrán agus in áirimh JER éagsúla de chásanna atá ‘criticiúil’/ar cheart breathnú orthu’ do Bhallstáit san anailís tíre chéad chéime bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	BE				BG				CZ				DK				DE			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón ollúint				0				0				0				1				1
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				0				1				0				0				1
Ráta NEET an aosa óig				0				0				1				0				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				0				0				1				0				0
Cóimheas idir cúigili ioncaim				0				1				0				0				0
Ráta fostaíochta				1				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta				0				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0				0				0				0
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				1				0				1				0				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				0				1				0				0				0
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				1				0				0				0
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				0				1				0				0				0
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				1				1				0				0				0
Ró-ualach costais tithíochta				0				1				0				1				1
Leanaí níos óige ná 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				0				1				1				0				1
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				0				0				0				0				0
Áirimh iomlána				3				8				4				2				4

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	EE				IE				EL				ES				FR			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón ollúint				1				0				0				1				0
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				0				0				0				0				0
Ráta NEET an aosa óig				0				0				1				1				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				0				1				1				0				0
Cóimheas idir cúigili ioncaim				1				0				0				0				0
Ráta fostaíochta				0				0				0				1				0
Ráta dífhostaíochta				0				0				0				0				2
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0				0				0				0
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				0				0				1				1				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				1				0				0				0				1
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				0				0				1				1
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				1				0				1				1				0
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				1				1				0				0				0
Ró-ualach costais tithíochta				0				0				0				0				0
Leanaí níos óige ná 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				0				1				0				0				0
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				1				0				1				0				0
Áirimh iomlána				6				3				5				6				4

Tabhair faoi deara: Tar éis comhaontú sa Mheitheal Oibre EMCO-SPC, ríomhtar catagóirí JER ag úsáid an Scórchláir Shóisialta mar rud a fheictear sna heagrán JER faoi seach agus sonraí ar fáil ar dháta scoithphointe na sonraí don eagrán is déanaí den JER. I gcás nárbh fhéidir é sin a dhéanamh i ngeall ar chatagóiriú ar iarraidh ach go raibh ceann roimhe sin ar fáil laistigh de na heagrán JER faoi bhreithniú, a úsáidtear chun an catagóiriú ar iarraidh a líonadh isteach (marcáilte i ndath dearg sa chúinne bairr ar dheis den cheall). Léiríonn cealla scáthaithe catagóiriú JER nárbh fhéidir a ríomh ná a líonadh isteach faoi mar a léiríodh anois.

Iarscríbhinn 9 (ar lean): Rioscaí féideartha arna sainathint tríd an Scórchlár Sóisialta in eagráin agus in áirimh JER éagsúla de chásanna atá ‘criticiúil’/ar cheart breathnú orthu’ do Bhallstáit san anailís tíre chéad chéime bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPC

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	HR				IT				CY				LV				LT			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágáilaithe ón oideachas agus ón oiliúint				0				0				0				0				0
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				0				1				1				0				1
Ráta NEET an aosa óig				1				0				1				0				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				0				1				1				0				0
Cóimheas idir cúigilí ioncaim				0				1				0				1				1
Ráta fostaíochta				1				1				0				0				0
Ráta dífhostaíochta				0				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0				0				0				0
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				0				1				1				0				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				0				1				0				2				1
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				1				0				0				0
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				1				1				0				0				0
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				1				0				0				0				2
Ró-ualach costais tithíochta				0				0				0				0				0
Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				1				0				1				0				1
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				0				0				0				1				0
Áirimh iomlána				5				8				5				4				6

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	LU				HU				MT				NL				AT			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágáilaithe ón oideachas agus ón oiliúint				0				1				1				0				0
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				0				1				0				0				0
Ráta NEET an aosa óig				0				0				0				0				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				0				0				0				0				0
Cóimheas idir cúigilí ioncaim				0				0				0				0				0
Ráta fostaíochta				0				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta				0				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0				0				0				0
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				0				0				0				0				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				0				0				0				0				0
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				0				0				0				0
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				0				1				1				0				0
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				0				1				1				0				0
Ró-ualach costais tithíochta				1				1				0				0				0
Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				0				1				0				0				1
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				0				0				0				0				0
Áirimh iomlána				1				6				3				0				1

Tabhair faoi deara: Tar éis comhaontú sa Mheitheal Oibre EMCO-SPC, ríomhtar catagóirí JER ag úsáid an Scórchláir Shóisialta mar rud a fheictear sna heagráin JER faoi seach agus sonraí ar fáil ar dháta scoithphointe na sonraí don eagrán is déanaí den JER. I gcás nárbh fhéidir é sin a dhéanamh i ngeall ar chatagóiriú ar iarraidh ach go raibh ceann roimhe sin ar fáil laistigh de na heagráin JER faoi bhreithniú, a úsáidtear chun an catagóiriú ar iarraidh a líonadh isteach (marcáilte i ndath dearg sa chúinne bairr ar dheis den cheall). Léiríonn cealla scáthaithe catagóiriú JER nárbh fhéidir a ríomh ná a líonadh isteach faoi mar a léiríodh anois.

Iarscríbhinn 9 (ar lean): Rioscaí féideartha arna sainaithint tríd an Scórchlár Sóisialta in eagráin agus in áirimh JER éagsúla de chásanna atá ‘criticiúil’/ar cheart breathnú orthu’ do Bhallstáit san anailís tíre chéad chéime bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta (SCF), mar a thuairiscítear i bPríomhtheachtaireachtaí gaolmhara EMCO-SPC agus i dTuarascáil fholuiteach Mheitheal Chomhpháirteach EMCO-SPCD.

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	PL				PT				RO				SI				SK			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint				0				0				1				0				0
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				1				0				1				1				0
Ráta NEET an aosa óig				0				0				1				0				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				1				0				0				0				0
Cóimheas idir cúigillí ioncaim				0				0				0				0				0
Ráta fostaíochta				0				0				1				0				0
Ráta dífhostaíochta				0				0				0				0				0
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0				1				0				1
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				0				0				0				0				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				0				0				1				0				0
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				0				1				0				2
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				0				0				1				1				1
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				1				0				1				0				0
Ró-ualach costais tithíochta				0				0				0				0				0
Leanaí níos óige ná 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				1				0				1				0				1
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				0				0				1				0				0
Áirimh iomlána				4				0				11				2				5

Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta	FI				SE			
	2022	2023	2024	Áirimh	2022	2023	2024	Áirimh
Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint				0				0
Leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine aonair				0				0
Ráta NEET an aosa óig				1				0
An bhearna fostaíochta idir na hinscní				0				0
Cóimheas idir cúigillí ioncaim				0				1
Ráta fostaíochta				0				0
Ráta dífhostaíochta				0				1
Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí				0				0
Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh <i>per capita</i>				0				0
An ráta riosca bochtaineachta nó an ráta eisiaimh shóisialta				0				1
An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta				0				0
Tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta				0				0
An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas				0				1
Ró-ualach costais tithíochta				0				0
Leanaí níos óige ná 3 bliana d’aois atá i gcúram leanaí foirmiúil				0				0
Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú				1				0
Áirimh iomlána				2				4

Tabhair faoi deara: Tar éis comhaontú sa Mheitheal Oibre EMCO-SPC, riomhtar catagóirí JER ag úsáid an Scórchláir Shóisialta mar rud a fheictear sna heagráin JER faoi seach agus sonraí ar fáil ar dháta scoithphointe na sonraí don eagrán is déanaí den JER. I gcás nárbh fhéidir é sin a dhéanamh i ngeall ar chatagóirí ar iarraidh ach go raibh ceann roimhe sin ar fáil laistigh de na heagráin JER faoi bhreithniú, a úsáidtear chun an catagóirí ar iarraidh a líonadh isteach (marcáilte i ndath dearg sa chúinne bairr ar dheis den cheall). Léiríonn cealla scáthaithe catagóirí JER nárbh fhéidir a ríomh ná a líonadh isteach faoi mar a léiríodh anois.